

Saintréithe de Thraidisiún Béil na mBan agus Léiriú na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna

Michelle Dunne B.A., M.A.

Thesis submitted for the award of PhD

Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)

Stiúrthóirí: An Dr Úna Bhreathnach, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU


An Dr Críostóir Mac Cárthaigh, Cnuasach Bhéaloideas Éireann,

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Eanáir 2023

Dearbhú

Dearbhaím leis seo gurb é mo shaothar féin amháin an t-ábhar seo atá á leagan isteach agam i gcomhair measúnaithe ar an gclár staidéir le haghaidh na dámhachtana Dochtúireacht san Fhealsúnacht, agus go bhfuil gach cúram réasúnach glactha agam a dheimhniú, ar feadh m'eolais, gur saothar bunaidh é seo nach sáraíonn aon dlí cóipchirt, agus nár baineadh as saothar aon duine eile é ach amháin agus a mhéid go luaitear agus go n-aithnítear an saothar sin laistigh de théacs mo shaothairse.

Sínithe:  (Michelle Dunne)

Uimhir Aitheantais: 18212847.

Dáta: 04/01/2023

Focal Buíochais

Tá mo bhuíochas ag dul sa chéad áit do mo phríomhstiúrthóir, an Dr Úna Bhreathnach, agus do mo stiúrthóir seachtrach, an Dr Críostóir Mac Cárthaigh, a stiúraigh mo chuid oibre ó thús go deireadh. Chuir sibh ag machnamh mé le ceisteanna agus go raibh míle maith agaibh as ucht na comhairle a thug sibh dom leis na blianta. Rachaidh an oiliúint sin chun sochair dom amach anseo.

Táim buíoch den Dr Éadaoin Ní Mhuircheartaigh as an ról mar bhall painéil neamhspleách a ghlacadh don togra taighde seo, den Dr Pádraig Ó Liatháin as bróga Éadaoin a líonadh fad is a bhí sí ar shaoire mháithreachais agus den Dr Síle Denvir a d'fheidhmigh mar scrúdaitheoir inmheánach don chruinniú PGR3 leath slí tríd an dochtúireacht. Chuir bhur moltaí go mór leis an tráchtas seo freisin. Míle buíochas!

Gabhaim buíochas le mo chuid (iar)-c(h)omhghleacaithe ar fad in Fiontar & Scoil na Gaeilge, go háirithe an Ceann Scoile, an Dr Ciarán Mac an Bhaird, iar-Cheann na Scoile, an tOll. Ciarán Mac Murchaidh, iar-riarthóir na dtionscadal Clare Coughlan, an Dr Katie Ní Loingsigh, an Dr Conchúr Mag Eacháin, an Dr Micheál Ó Meachair agus an Dr Brian Ó Raghallaigh a phléigh ceisteanna, cúrsaí teicniúla agus moltaí leabhar liom. Caithfidh mé na scoláirí taighde eile a bhain le foireann gaois.ie a lua go speisialta: an Dr Justin Ó Gliasáin, Jamie Murphy, Aindí Mac Giolla Chomhghaill agus Orlaith Hickey. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na rúnaithe Sally Mhic Dhomhnaill, Margaret Quinn, Ursula Mhic Cárthaigh agus Aoife Curtis chomh maith.

Caithfidh mé buíochas a thabhairt d'fhoireann Chnuasach Bhéaloideas Éireann a chuidigh go mór liom agus mé i mbun taighde le ceithre bliana anuas: Claire Doohan, Jonny Dillon, Anna Bale agus Ailbe Van Der Heide. Mo bhuíochas go deo libh as gach rud a rinne sibh agus as an bhfáilte chroúil a chuir sibh romham gach uair a thug mé cuairt ar an gcartlann.

Glacaim buíochas le foireann na leabharlainne, le foireann na hOifige Staidéir Iarchéime agus le foireann ISS in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, go háirithe Victoria Smyth, Eilís O'Neill, Noel Jackson, an Dr Stephen Carroll agus an tOll. Joseph Stokes. Tá buíochas ag dul d'fhoirne na leabharlann agus na gcartlann éagsúil in Éirinn agus i Meiriceá a cheadaigh dom foinsí a scrúdú agus a chuir ábhar chugam: Ellen Scaife, Cartlannaí le Comhairle Chontae an Chláir; an Cartlann Náisiúnta Antraipeolaíoch, Institiúid Smithsonian, agus Cartlanna Ollscoil Harvard, Ollscoil Harvard. Is mian liom buíochas a thabhairt do Peter Beirne, cartlannaí san Ionad Staidéar Áitiúil in Inis, Co. an Chláir, as bheith foighneach tuisceanach agus cabhrach liom i gcónaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Carmel O'Connor in Oifig na Scoile i Scoil Chaitríona chomh maith as grianghraif agus eolas a roinnt liom faoin Máthair Treasa. Tá buíochas ag dul do Jenny Ní Mhaoileoin agus Conchúr Caomhánach ón gCoiste Téarmaíochta as téarmaí a bhaineann le Transkribus agus leis na teoiricí a threoraigh an taighde seo a aistriú go Gaeilge dom.

Ní raibh ó na scoláirí seo a leanas ach lámh chúnta a thabhairt dom i rith mo chuid taighde: an Dr Aengus Ó Fionnagáin, an Dr Ailbhe Nic Giolla Chomhaill, an Dr Aisling

Ní Churraighín, an Dr Amy Mitchell, an Dr Andrea Palandri, an tOll. Anne Byrne, an tOll. Angela Bourke, Aoiffe Kenny, an Dr Barbara Hillers, an Dr Brian Ó Catháin, Bríd Uí Chonghaile, an Dr Brigittine French, an Dr Deirdre Ní Chonghaile, an Dr Jeana Jorgensen, an Dr Kathryn Chadbourne, an Dr Kay McKeogh, an Dr Kevin Griffin, an Dr Liam Ó hAisibéil, an tOll. Lillis Ó Laoire, Martina Hynan, Mary Hasset, an Dr Nessa Cronin, an Dr Pádraig Ó Cearbhaill, an tOll. Pádraig Ó Héalaí, an tOll. Patricia Lysaght, Pól Breathnach, an tOll. Ríonach Uí Ógáin, Rónán Doherty, an Dr Ronan Foley, an tOll. Ruairí Ó hUiginn, an Dr Seaghan Mac an tSionnaigh, an Dr Stiofán Seoighe, Séamus Mac Gabhann, Seamus O'Brien, an Dr Síle de Cléir, an Dr Sonya Agnew, an Dr Sorcha Mhic Lochlainn, an Dr Susan Hegarty, an Dr Tomás Mac Conmara agus Ultan Lally. Gabhaim buíochas leo uilig.

Táim go mór faoi chomaoin ag muintir an Luaigh Thuaidh agus ag muintir an Chláir as a gcabhair agus as a gcuid cuimhní cinn a roinnt liom go toilteanach: Helen Browne, Margaret agus John-Michael Carey, Olive Carey, Fr. Denis Crosby, Maureen Comber, Fr. Conor Cunningham, PJ Curtis, Susan Daly (née O'Connor), Pat Dowling, Paddy Dunne, Jackie Elger, Rev. Pat Flanagan, Sara Foust, Caitríona Garrahy, Joe Garrihy, Geraldine Greene, Mary Guerin, Paddy Guerin, Jane Halloran-Ryan, Tony Kirby, Frances Madigan, Nora Madigan, Austin 'Gussie' McMahan (cailleadh é ar an 30 Deireadh Fómhair 2020. Suaimhneas síoraí dá anam), Breda agus Ann Meehan, Fr. Robert McNamara, Críona Ní Gháirbhí, Carmel O'Connor, Seán O'Connor, Frances O'Gorman, Frank Whelan agus lucht na n-eagraíochtaí seo a leanas: An Clár as Gaeilge, Cuimhneamh an Chláir/Clare Memories, Ireland Reaching Out, Oidhreacht an Chláir, Old Kilfarboy Society agus Shannon Archaeological & Historical Society. Bhí dorais a dtithe ar lánoscailt dom agus/nó rinne siad gach iarracht chun cabhrú liom.

Is mian liom focal buíochais ar leith a thabhairt do Thomás Bairéid/Thomas Barrett (garnia Sheáin Mhic Mhathúna) as spreagadh a thabhairt dom tabhairt faoin taighde seo agus as tacú liom ón tús agus don 'Barrett Family Foundation' as an taighde seo a mhaoiniú. Tá súil agam go gcoinneofar cuimhne agus saothar Mhic Mhathúna mar dhlúthchuid d'oidhreacht an Luaigh Thuaidh, agus na daoine a chabhraigh leis, go buan mar thoradh ar an taighde seo. Gabhaim buíochas le Paul Barrett, deartháir Tom, as a shaineolas ar ghinealas Mhic Mhathúna a roinnt liom go flaitiúil.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo thuismitheoirí agus mo bheirt deirfiúracha as an ngrá, spreagadh agus tacaíocht leanúnach a thug siad dom le linn mo chuid staidéir agus le linn mo shaoil. Chuir siad suim san obair i gcónaí agus chothaigh siad muinín ionam. Mhúin mo mháthair dom nach aon ualach í an fhoghlaim. Mhúscail mo sheanathair, Seán (nach maireann), an paisean ionam sa traidisiún béil agus i gcaomhnú an tseanchais áitiúil in Éirinn. Táim faoi chomaoin go héag ag mo mhuintir as gach rud a rinne siad dom. Gabhaim buíochas le Marie as cóip a hathar d'Fhoclóir Uí Dhuinnín a thabhairt dom. Níor cheart dearmad a dhéanamh ar na cairde a chabhraigh liom leis na blianta, go háirithe Alma, Amy, Helle, Joy, Mary agus Sorcha. Bíodh carad na mban agat agus ní baoghal duit.¹

Tugaim buíochas do gach duine a chabhraigh ar bhealach ar bith leis an tionscadal taighde seo nach bhfuil luaite agam anseo cheana féin.

¹ CBÉ 41: 208.

Tiomnú

Tiomnaím an tráchtas dochtúireachta seo do mo mháthair.
'Cé a dhíol fiacha an ghrá go hiomlán lena m[h]áthair?' (CBÉ 39: 354).

Clár

Dearbhú	iii
Focal Buíochais	v
Tiomnú	vii
Clár	viii
Giorrúcháin	x
Liosta na dTáblaí	xi
Liosta na bhFigiúirí	xii
Achoimre	xiii
Réamhrá	1
R.1 Brollach	1
R.2 Cúlra an Taighde	2
R.3 Na Ceisteanna Taighde agus Aidhmeanna agus Cuspóirí an Taighde	6
R.3.1 Na Ceisteanna Taighde	6
R.3.2 Aidhmeanna & Cuspóirí	6
R.4 Struchtúr an Tráchtais	7
Caibidil 1: "Is binn linn an obair ina mbíonn ár gcroíthe": saol agus saothar Sheáin Mhic Mhathúna	9
1.1. Brollach	9
1.2 An Bailitheoir féin	9
1.3 Tairiscint Poist agus na Blianta Tosaigh (Lúnasa 1929- Meitheamh 1935)	16
1.4 Cúraimí agus Obair an Bhailitheora (1935 - 1945)	27
1.5 Deireadh a Shaoil (1945-1949)	42
1.6 Cnuasach Mhic Mhathúna	45
1.7 Conclúid	46
Caibidil 2: Staidéar ar Cheist na mBan i gComhthéacs an Bhailithe agus Chnuasach Mhic Mhathúna	51
2.1 Brollach	51
2.2 Sainmhínte	52
2.3 Ról na mBan i mBailiú an Bhéaloidis in Éirinn	57
2.4 Comhthéacs Sóisialta Bhéaloideas na mBan	73
2.5 Cúlra Teoiriciúil: feidhmeanna an bhéaloidis do mhná agus i leith na mban	81
2.6 Achoimre ar Ról agus ar an mBéaloideas a Bhaineann le Mná i gComhthéacs Chnuasach Mhic Mhathúna	94
Caibidil 3: Modheolaíocht	97
3.1 Brollach	97
3.2 Cur Chuige Feimineach	97
3.3 Innéacsú & tras-scríobh Ábhair	98
3.4 Bailiú Eolais	103
3.5 Modh Eagarthóireachta	107

3.6 Anailís Ábhair.....	120
3.7 Conclúid.....	123
Caibidil 4: 'Bhí lá cruaidh acu ach bhíodar go maith': saol na mban á léiriú sa chorpas	124
4.1 Brollach.....	124
4.2 An Éigse Bhéil.....	125
4.3 An Seanchas áitiúil.....	136
4.4 Conclúid.....	160
Caibidil 5: Cuma na Mná orthu: íomhánna den bhanúlacht sa chorpas	162
5.1 Brollach.....	162
5.2 Feidhmeanna an Bhéaloidis sa Chorpas.....	162
5.3 Conclúid: béaloideas na comhthuisceana nó béaloideas na hiomarbhá?.....	193
Caibidil 6: 'Slán anois leat, a leabhar': coimriú agus conclúidí	196
6.1 Brollach.....	196
6.2 Achoimre.....	196
6.3 Tábhacht an Taighde.....	206
6.4 Srianta leis an Taighde agus Moltaí le haghaidh Tuilleadh Taighde.....	208
6.5 Conclúid.....	208
Foinsí agus Tagairtí	211
Príomhfhoinsí Cartlainne.....	211
Agallaimh agus Cumarsáid phearsanta.....	212
Foinsí tánaisteacha.....	212
Aguisín A: Catalóg den Ábhar Béaloidis i gCnuasach Mhic Mhathúna	1
Aguisín B: Corpas na mBan: amhráin agus scéalta curtha in eagar	174
B.1 Brollach.....	174
B.2 Filí áitiúla.....	174
B.3 Scéalaíocht.....	194
B.4 Stairsheanchas & Nóta an Bhailitheora.....	243
Aguisín C: Faisnéiseoirí Mhic Mhathúna: leaganacha na n-ainmneacha	245
C.1 Brollach.....	245

Giorrúcháin

ATU: Innéacs Aarne Thompson Uther (Uther, H.J. (2004))

BÁC: Baile Átha Cliath

Bl.: Bliain

CBÉ: Cnuasach Bhéaloideas Éireann

CBÉG: An Bailiúchán Grianghraf, Cnuasach Bhéaloideas Éireann

CO: *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (2017)

DCU: Dublin City University

Eag.: Eagarthóir

Eagí: Eagarthóirí

FGB: *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Ó Dónaill, 1977)

Iml.: Imleabhar

Lch: Leathanach

Lgh: Leathanaigh

UCD: University College Dublin

Uimh.: Uimhir

Liosta na dTáblái

<i>Tábla 1: Dáileadh geografach na bhFaisnéiseoirí.....</i>	29
<i>Tábla 2: Príomh-bhanfhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna: na míreanna béaloidis</i>	47
<i>Tábla 3: Príomh-bhanfhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna: méid na leathanach</i>	48
<i>Tábla 4: Na Príomhfhaisnéiseoirí Fireanna: na míreanna béaloidis.....</i>	49
<i>Tábla 5: Na Príomhfhaisnéiseoirí Fireanna: méid na leathanach.....</i>	49
<i>Tábla 6: Na Scéalta sa Chorpas.....</i>	126

Liosta na bhFigiúirí

<i>Figiúr 1: Seán Mac Mathúna, 1930 (CBÉG M001.19.00002)</i>	10
<i>Figiúr 2: An Mháthair Treasa (ó Chaitríona Garrahy)</i>	17
<i>Figiúr 3: Seán Carún agus a bhean chéile, Caitríona, 1930 (CBÉG M001.19.00100)</i>	19
<i>Figiúr 4: Teach Mhuintir Charúin c.1929 (ó Margaret Carey)</i>	19
<i>Figiúr 5: Léarscáil an Cheantair 1</i>	25
<i>Figiúr 6: Léarscáil an Cheantair 2</i>	25
<i>Figiúr 7: Struchtúr an Choimisiúin in 1935 (Briody, 2008: 232, 323-324)</i>	26
<i>Figiúr 8: Seán Mac Mathúna agus a Neacht, Síle, 1949 (ó Paul Barrett)</i>	42
<i>Figiúr 9: Uaigh Mhic Mhathúna ag Daibhich Bhríde, Lios Ceannúir, 1 Feabhra 1993 (CBÉG A066.19.00010)</i>	45
<i>Figiúr 10: Iontráil don Mhír 'Paidir an Tobac' i gCóras Ardán (CBÉ 38: 62a-63)</i>	98
<i>Figiúr 11: Iontráil do Bhríd Uí Dhanachair sa Bhunachar Daoine (Ardán)</i>	99
<i>Figiúr 12: Ceartúcháin (CBÉ 38: 112)</i>	102

Achoimre

Saintréithe de Thraidisiún Béil na mBan agus Léiriú na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna

Michelle Dunne

Is é príomhaidhm an tionscadail taighde seo eagarthóireacht agus anailís a dhéanamh ar chnuasach béaloidis a bhailigh an bailitheoir béaloidis páirtaimseartha, Seán Mac Mathúna (1876-1949), ó mhná agus faoi mhná i gceantar an Luaigh Thuaidh, Co. an Chláir chun ról agus léiriú na mban mar a rinneadh cur síos orthu san ábhar béaloidis a iniúchadh. Tá tuiscint theoranta ag béaloideasaithe ar rannpháirtíocht na mban agus ar a gcuid béaloidis sa cheantar seo. Léiríonn seanfhocal áitiúil gné de dhearcadh diúltach na ndaoine i leith na mban i lár na fichiú haoise: '[t]ráthaire circe nó fiannaí mná' (Ó Duilearga & Ó hÓgáin, 1981). Is fiú aird a tharraingt ar léiriú na mban chun faillí na mblianta a réiteach.

Tugtar cuntas ar shaol agus ar shaothar an bhailitheora. Rinneadh innéacsú ar an gCnuasach chun lámhscríbhinní Mhic Mhathúna a ullmhú don fhoilsiú ar líne ar Dúchas.ie ar mhaithe le caomhnú agus comhroinnt an eolais a bhailigh sé ar ardán digiteach idirghníomhach. Baineadh leas as agallaimh le faisnéiseoirí in iarthuaisceart an Chláir agus as saothar na n-antraipeolaithe Conrad Arensberg agus Solon Kimball chun cúlra stairiúil an Chnuasaigh a mheas i gcomhthéacs shaol na mban sna tríochaidí agus sna daichidí.

Déantar staidéar feimineach/feidhmiúlach ar an mbunábhar a bhaineann le mná i gCnuasach Mhic Mhathúna bunaithe ar theoiricí William R. Bascom (1954), Joan Radner agus Susan Lanser (1987) agus Aili Nenola (1999) maidir le feidhmeanna an bhéaloidis agus na teachtaireachtaí (feimineacha) códaithe a nochtann dearcadh na ndaoine, idir fhir agus mhná, i leith na mban. Léiríodh peirspictíocht na mban trí chomparáid a dhéanamh idir samplaí den ábhar béaloidis a bailíodh ó mhná agus ó fhir a léiríonn saol agus taithí na mban iontu. Faightear tuiscint nua ar ról (traidisiúnta) na mban sa cheantar agus ar an meon i leith na banúlachta 'idéalaí' sa tráchtas seo.

Réamhrá

In Ainm Dé tosnaím ar an bpáipéar gléageal seo do bhreacadh le scéalta, nósanna agus amhráin ón tseansaol, ... agus tá súil agam, a léitheoir mhín, go mbainfidh tusa féin aoibhneas agus áthas as cuid des na rudaí atá ina gcodladh ins an leabhar beag seo. ... Tá an méid sin ráite is anois chuig na hoibre. Tá bóithre fada bristecroidheach amach roimh mo sheanchosa ins an obair seo, ach má tá Dia liom ní baoghal dom (CBÉ 41: 312-313).

R.1 Brollach

Seo mar a chuir an bailitheoir béaloidis páirtaimseartha, Seán Mac Mathúna (1876-1949), tús le ceann de na cóipleabhair a líon sé le béaloideas óna áit dhúchais c.1934. Scrúdaítear an meon i leith na mban agus léiriú na mban san ábhar béaloidis a bhailigh Mac Mathúna ó mhná áitiúla agus faoi mhná sa cheantar thart faoin Luach Thuaidh sa tráchtas seo. Is é an tráchtas seo an chéad saothar acadúil a dhéanann mionscrúdú ar ról agus ar léiriú mhná an cheantair ar an gcaoi seo. Ullmhaítear an bunábhar ar fad as Cnuasach Mhic Mhathúna don fhoilsiú ar líne freisin.

Oibrí feirme ab ea Mac Mathúna agus bhí cónaí air ar imeall an Atlantaigh ar an Luach Thuaidh, Dúlainn, gar do na haille is cáiliúla in Éirinn, Aillte an Mhothair. Bhí seanchas áitiúil á thiomsú aige do lucht Institiúid Bhéaloideas Éireann ó casadh Séamus Ó Duilearga (1899-1980), Stiúrthóir Choimisiún Béaloideas Éireann, den chéad uair air sa bhliain 1929 i dteach Sheáin Charúin (c.1857-1952) ar an Luach Thuaidh chomh maith. Ba idir na blianta 1935 agus 1947 a d'oibrigh sé mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha ag Coimisiún Béaloideas Éireann in iarthuaisceart an Chláir.

Tugtar gearrchuntas thíos ar chúlra agus ar chuspóirí an tionscadail seo agus ar na ceisteanna taighde sula ndéantar cur síos ar leagan amach na gcaibidlí. Pléitear scóip an taighde sa réamhrá seo ach tugtar cuntas cuimsitheach ar staid na litríochta agus ar an modheolaíocht i gCaibidlí 2 agus 3 thíos.

R.2 Cúlra an Taighde

Ní dhearnadh mionstaidéar ar bhéaloideas an cheantair thart faoin Luach Thuaidh i gcomhthéacs ról agus léiriú na mban go dtí seo. Foilsíodh scéalta agus paidreacha a bhailigh Séamus Ó Duilearga ó fhaisnéiseoirí² cosúil le Seán Carún, Pádraig 'Cárta' Mac Mathúna, Stiofán Ó hEalaoire agus Seán Mac Mathúna é féin in iris Chumann Béaloideas Éireann, *Béaloideas*, ó 1930 go dtí 1964.³ Níl ábhar béaloidis ó mhná i measc an ábhair fhoilsithe seo ach amháin gur airigh Seán Mac Mathúna dhá scéal ó bhean chomharsan ar an Luach Thuaidh darbh ainm Bríd Leathín (c.1827-c.1917) agus gur fhoghlaim Seán Carún scéal amháin óna mháthair, Súsanna Ní Chonchúir⁴ (Ó Duilearga, 1930: 424-429; Ó Duilearga, 1947: 175-185; Gan údar, 1930a: 380). Mhúscaíl sé sin spéis an údair seo faoi thaighde a dhéanamh ar bhéaloideas na mban agus ar léiriú na mban i gCnuasach Mhic Mhathúna.

Tá go leor le foghlaim fós faoi shaibhreas agus ilghnéitheacht na n-ábhar a bailíodh ó mhná agus faoi mhná sa cheantar seo agus ar oileán na hÉireann. Is cnuasach den scoth é Cnuasach Mhic Mhathúna don chineál oibre seo mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- ba dhuine de mhuintir an cheantair é Mac Mathúna agus d'aithin sé cérbh iad na daoine - idir fhir agus mhná - a raibh saineolas acu ar an mbéaloideas áitiúil.

² Bailíodh an t-ábhar béaloidis seo idir Lúnasa 1929 agus 24 Iúil 1941.

³ Ainmneacha na bhFaisnéiseoirí: Patrick 'Paddy' She(a)rlock as Inis Díomáin, Stiofán Ó hEalaoire as Dún na gCorr, Seán Carún as An Luach Theas; Tomás Ó hÚir as Muiriúch Tuaithe Thuaidh, Seán Carley as Baile na Leacan ó dhúchas, Peatsín Ó Flanagáin as Dún na gCorr, Seán Mac Mathúna as an Luach Thuaidh, Pádraig 'Cárta' Mac Mathúna as an Luach Thuaidh, Máirtín Ó Súilleabháin as Cionn Eilte, Micheál Ó Tiarnaigh as an Luach Tuaidh, Seán Habha as Ballycotteen North, Séamus Ó Malúin as Barrachurra, Tomás Mac Conmara as Sráid na nIascairí, Séamus Ó Cilltreáin as Baile Bháire agus Diarmuid Ó Gríofa as Baile Bháire. Féach Gan údar, 1930a: 380; Gan údar, 1930b: 393; Gan údar, 1931: 120; Gan údar, 1932: 362; Gan údar, 1939a: 218; Gan údar, 1939b: 229; Mac Mathghamhna *et al.*, 1941: 126-142; Ó Duilearga, 1930: 424-429; Ó Duilearga, 1931: 85-95; Ó Duilearga, 1933: 214-227; Ó Duilearga, 1935e: 24-27; Ó Duilearga, 1941: 150-177; Ó Duilearga, 1942b: 139-164; Ó Duilearga, 1944a: 248-255; Ó Duilearga, 1944b: 113-124; Ó Duilearga, 1947: 175-185; Ó Duilearga, 1948a: 59-70; Ó Duilearga, 1948b: 128-141; Ó Duilearga, 1950: 167-176; Ó Duilearga, 1960: 21-49; Ó Duilearga, 1962: 1-75; Ó Duilearga, 1964: 43-70.

⁴ Rugadh mac, Micheál, le Seán Carún agus Súsanna Ní Chonchúir i gCnoc Aoibhinn, An Luach Theas ar an 12 Eanáir 1866 de réir na dtaifead sibhialta agus is cosúil gur deartháir Sheáin Charúin (.i. an scéalaí) é.

- bhí dlúthchaidreamh aige lena mhná muinteartha féin agus thug sé léargas ar an gcineál saoil a bhí acu ag an am.
- thiomsaigh sé 'ceann dosna bailiúcháin is fearr agus is il-ghnéithí a rinneadh riamh i n-Éirinn', dar le Séamus Ó Duilearga, agus faightear tuiscint níos fearr agus níos cuimsithí ar bhéaloideas an cheantair ann ná mar a bhí ag béaloideasaithe roimhe seo (Ó Duilearga, 1947: 185).

Is mór an trua é nach raibh fáil ag an bpobal sa cheantar inar bailíodh an t-ábhar seo ná ag an bpobal i gcoitinne in Éirinn agus thar lear ar Chnuasach Mhic Mhathúna ina iomláine go dtí seo. Scríobh Ó Duilearga sa bhliain 1933 go raibh cuimhne mhaith ag scéalaithe an cheantair ar na scéalta a d'fhoghlaim siad i rith a saoil, go raibh páirt lárnach ag Mac Mathúna i gcaomhnú an bhéaloidis chomh maith agus go raibh ábhar béaloidis de gach cineál á bhailiú ag Mac Mathúna:

From Seán Carún and from about a dozen other storytellers in the Dubhlinn district I have written down or recorded on the Ediphone machine about 450 tales. Another friend of mine, Seán Mac Mathúna (53) of Lúch has written down some 150-200 other tales, songs and various pieces of traditional lore (1933: 227).

Tá alt bunaithe ar chomhfhreagras Mhic Mhathúna ag Ríonach Uí Ógáin agus tá scrúdú déanta ag Pádraig Ó Héalaí ar dhialanna Mhic Mhathúna san eagrán céanna den iris, *Béaloideas*, sa bhliain 2000 (Uí Ógáin, 2000; Ó Héalaí, 2000). Níl ach scéal amháin⁵ as Cnuasach Mhic Mhathúna curtha i gcló cheana san iris chéanna (Ó Briain, 2001). Cuireadh amhráin a bhailigh Mac Mathúna ó fhaisnéiseoirí ar nós Mháire Mhic Consaidín agus Bhríd Uí Dhanachair i gcló sa leabhar *A Chomharsain Éistigí agus Amhráin eile as Co. an Chláir* (Gunn, 1984: 1-4, mar shampla). Scríobhadh dhá thráchtas neamhfhoilsithe M.A. go dáta faoi ghnéithe áirithe de Chnuasach Mhic Mhathúna ach baineann siad le fir agus le hobair na bhfear den chuid is mó (Ní Bheacháin, 2000; Ní Chomhraí, 2002). Rinne Ní Bheacháin iniúchadh ar chúrsaí talún i gCnuasach Mhic Mhathúna agus chuir Ní Chomhraí an t-ábhar béaloidis neamhfhoilsithe a thiomsaigh na bailitheoirí béaloidis Seán Mac Mathúna,⁶ Brian Mac Lú agus an Br. Pádraig T. Ó Riain ó Stiofán Ó hEalaoire in eagar ina tráchtas féin (Ní Bheacháin, 2000; Ní Chomhraí, 2002).

⁵ CBÉ 41: 317-318.

⁶ Chruinnigh Mac Mathúna an chuid is mó den ábhar seo (Ní Chomhraí, 2002: 3).

Rinneadh sa tréimhse 1929-1949 neamhaird go rómhínic ar an seanchas a bhí de ghlanmheabhair ag mná (ní hamháin sa cheantar seo) ach ní raibh an locht ar bhailitheoirí an Choimisiúin amháin. Léiriú air seo nár thug an scéalaí iomráiteach, Stiofán Ó hEalaoire, ón gceantar seo sa Chlár aitheantas do bhua scéalaíochta a mháthar, Cáit Ní Dhanachair. Is ceart go bhfuil Stiofán i mbéal an phobail fós. Tá an stór béaloidis a thiomsaigh Séamus Ó Duilearga uaidh curtha in eagar sa leabhar tábhachtach *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* agus is é seo an chéad agus an t-aon díolaim béaloidis ó scéalaí as an gceantar atá foilsithe i bhfoirm leabhair go dáta (Ó Duilearga & Ó hÓgáin, 1981). Míníodh sa leabhar gur fiannaí ab ea a athair, Micheál Ó hEalaoire, ach fuair Micheál bás nuair a bhí Stiofán trí bliana d'aois. Scéalaí ab ea a mháthair freisin ach níl cáil uirthi. D'fhoghlaim Stiofán scéalta óna mháthair, mar shampla, dhá scéal chráifeacha (Uimh. 42 agus Uimh. 51) i *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* agus 'An Corp Craphtha' i gCnuasach Mhic Mhathúna (Ó Duilearga & Ó hÓgáin, 1981: 342; CBÉ 1043: 183-184). Dar le Máire Mac Néill 'from his traditional dislike of women storytellers ... it is unlikely that any of his longer tales came from her [i. Cáit] although she must have heard many of them' (1982: 165). Níl cuntas beacht tugtha faoin tionchar a bhí ag Cáit ar a mac, áfach (féach 2.4.1 thíos). An creideamh traidisiúnta go raibh mí-ádh ag baint le scéalaíocht na mban ba chúis leis an dímheas seo ar bhanscéalaithe sa cheantar seo. Léirigh Stiofán ina chuntas ar an scéalaíocht ina cheantar dúchais an drochmheas⁷ a bhí ar fhiannaithe mná ann: '[n]a mrá a bhíodh ag inseacht na scéalta fiannaíocht' ní bhíodh aon fhonn orainn-ne a bheith ag éisteacht leóthu, mar bhíodh sae ráite ná raibh aon rathúnas muar thímpeall orthu' (Ó Duilearga & Ó hÓgáin, 1981: 7). Ní hamháin sin ach ní raibh aon mheas ar mhná a d'inis scéalta i rith an lae ach an oiread: '[t]á sé ráite ná fuil sé oiliúnach a bheith ag inseacht scéalta insa lá. Ach nuair a chasfaí an bhean seo leat, ba chuma léithi ce hucu lá nú oíh' é - neósadh saí a scéal féin duit!' (Ó Duilearga & Ó hÓgáin, 1981: 7).

Níor tugadh mórán aird ar bhéaloideas na mban thar na blianta in Éirinn agus i dtíortha eile thar lear. Ach is amhlaidh is córa tabhairt faoi chaomhnú agus staidéar ar an méid

⁷ Dar leis an Duileargach, ba nós logánta é seo i gCo. an Chláir: '[t]here seems to have been a strong feeling—I have noticed this particularly in Clare—against the *fiannaí* mná, the woman reciter of the tales and poetry of the Finn cycle. This is an interesting point about which more information is desirable' (1942: 43). Tá an Dr Natasha Sumner ag súil le tuilleadh taighde a dhéanamh faoin gcosc seo ar fhiannaithe mná: '[p]reliminary data that I have compiled suggests that far more women may have related Fenian folklore than is currently recognized in an academic climate ... I intend to explore this subject in detail in a future project' (2015: 239).

atá bailithe, an méid atá tagtha slán agus aird a tharraingt ar na mná a roinn a gcuid scéalta agus cuimhní cinn le bailitheoirí cosúil le Mac Mathúna. Tá borradh faoin taighde seo in Éirinn le roinnt blianta anuas. Tháinig an scoláireacht fheimineach chun cinn i réimse an bhéaloidis in Éirinn sna hochtóidí. D'aithin béaloideasaithe ar nós Angela Bourke agus Anne O'Connor go raibh gort neamhshaothraithe ann maidir le béaloideas na mban i gCnuasach Bhéaloidis Éireann agus thug siad faoi thaighde ceannródaíoch ina leith (Féach Partridge, 1983; O'Connor, 1991). Thagair Jordan agus de Caro don treocht nua seo:

Coming at a time when there has also been a rising awareness [of] women's issues and women's studies, this shift has meant that folklorists have begun to look at women performers - their tastes, their repertoires, their use of folklore - and at the meaning of women's folklore in the context of women's lives and circumstances (1986: 517-518).

Is iomaí díolaim scéalta ó mhná atá curtha i gcló anois, le daoine mar Annie Bhán Mac Grianna, Mairéad Ní Mhionacháin, Cáit 'An Bhab' Feiritéar agus Peig Sayers ina measc (MacLennan, 1997; Ó Murchú & Verling, 1999; Almqvist & Ó Cathasaigh, 2002 & 2010; Almqvist & Ó Héalaí, 2009 & 2020;). Léirítear sa léirbhreithniú litríochta go raibh tionchar ag an teoiric fheimineach a d'eascair as an ngluaiseacht fheimineach sna Stáit Aontaithe ar scoláirí ar nós Radner agus Nenola. Ó shin i leith, bantaighdeoirí den chuid is mó atá ag plé le béaloideas na mban in Éirinn agus thar lear ag tarraingt ar theoiric an chódaithe ach go háirithe. Rinne taighdeoirí cosúil leis an Oll. Angela Bourke, Dr Anne O'Connor, Dr Stiofán Ó Cadhla, an Oll. Lillis Ó Laoire agus an Dr Ailbhe Nic Giolla Chomhaill iarrachtaí le déanaí chun an t-eolas faoi mhná agus ó mhná sa traidisiún béil a thuiscint i gceart (Bourke, 1993; Bourke, 1998; O'Connor, 2005; Ó Cadhla, 2011; Nic Giolla Chomhaill, 2016; Ó Laoire 2016; O'Connor, 2017; Ó Laoire, 2017; Nic Giolla Chomhaill, 2018; Ó Laoire, 2020, mar shampla).

Is é sin príomhchuspóir an tionscadail taighde seo: aird a tharraingt ar ról na mbanscéalaithe i gcaomhnú an bhéaloidis i gceantar an Luaigh Thuaidh agus ar léiriú na mban san ábhar béaloidis a bhailigh Seán Mac Mathúna chun an t-aitheantas cuí a thabhairt do mhná an cheantair.

R.3 Na Ceisteanna Taighde agus Aidhmeanna agus Cuspóirí an Taighde

Léirítear na ceisteanna taighde agus mínítear aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail seo thíos.

R.3.1 Na Ceisteanna Taighde

Bhí cúig phríomhcheist taighde le freagairt sa tráchtas seo:

Ceist 1. Conas ab fhéidir Cnuasach Mhic Mhathúna a chaomhnú agus a chomhroinnt sa ré dhigiteach seo?

Ceist 2. Cérbh é Seán Mac Mathúna agus conas a chomhlíon sé a chuid dualgais mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha? Cén sórt caidrimh a bhí aige le mná an cheantair?

Ceist 3. Cad is béaloideas na mban ann? Cén sórt ró(i)l a bhí ag mná i mbailiú agus i gcaomhnú bhéaloideas na hÉireann sa cheantar taighde?

Ceist 4. Cad a léirítear faoi shaol na mban san ábhar béaloidis a bailíodh uathu agus fúthu i gCnuasach Mhic Mhathúna?

Ceist 5. Cad iad na feidhmeanna a bhí le béaloideas na mban agus leis an mbéaloideas faoi mhná in Éirinn agus sa cheantar seo in iarthar an Chláir?

R.3.2 Aidhmeanna & Cuspóirí

1. Innéacsú a dhéanamh ar chnuasach béaloidis a thionsaigh Seán Mac Mathúna chun an bunábhar ar fad a fhoilsiú ar líne ar Dúchas.ie ar mhaithe le caomhnú agus comhroinnt an eolais ar ardán digiteach idirghníomhach.
2. An bunábhar ar fad a thras-scríobh chun é a dhéanamh inchoardaithe.
3. An bunábhar ar fad a rangú chun catalóg de chatagóirí an bhéaloidis sa Chnuasach a chur ar fáil.
4. Agallaimh a dhéanamh le faisnéiseoirí in iarthuaisceart an Chláir agus saothar an antraipeolaí Arensberg a scrúdú chun léargas a thabhairt ar shaol an bhailitheora agus comhthéacs cultúrtha an chnuasaigh a mhíniú.

5. Tuiscint nua a thabhairt ar bhéaloideas na mban agus ar an mbéaloideas a bhaineann le mná i gceantar an Luaigh Thuaidh agus sa litríocht go dáta in Éirinn sa léirbhreithniú litríochta.
6. Aitheantas a thabhairt do thaithí agus do léiriú na mban i gCnuasach Mhic Mhathúna trí na tagairtí ar fad do mhná i measc an ábhair bhéaloidis sa Chnuasach a aimsiú agus a bhailiú le chéile i gcorpas na mban.
7. Anailís a dhéanamh ar fheidhmeanna an bhéaloidis i leith na mban agus saol na mban sa cheantar a iniúchadh.
8. Eagar a chur ar shamplaí ionadaíocha den ábhar béaloidis i gcorpas na mban ionas go dtuigfidh an gnáthléitheoir Gaeilge iad.

R.4 Struchtúr an Tráchtais

Mínítear cúlra an taighde agus tugtar cuntas gineáralta ar chuspóirí an tionscadail, ar na ceisteanna taighde agus ar leagan amach an tráchtais sa réamhrá.

Tugtar léargas croineolaíoch ar shaol agus ar shaothar Mhic Mhathúna sa chéad chaibidil. Faightear tuiscint níos fearr ar mhodh bailithe agus ar dhearcadh an bhailitheora i leith na mban ó chomhfhreagras agus ó dhialanna Mhic Mhathúna féin. Léirítear áit chónaithe na bhfaisnéiseoirí ar bhailigh Mac Mathúna béaloideas uathu i bhFigiúr 5. Is féidir siúlta an bhailitheora a mheas ón léarscáil seo mar gur shiúil sé go dtí tithe na bhfaisnéiseoirí. Is íomhá gar-amhairc é an dara léarscáil (Figiúr 6). Léiríonn sé croílár an bhailithe .i. na háiteanna thart faoina bhaile dúchais féin, an Luach Thuaidh, inar bhailigh Mac Mathúna an chuid is mó de bhéaloideas an cheantair.

Scrúdaítear stair agus staid na litríochta maidir le ról na mban i mbailiú agus i gcaomhnú an bhéaloidis in Éirinn agus an cúlra teoiriciúil sa léirbhreithniú litríochta i gCaibidil 2.

Leagtar amach scafall na modheolaíochta agus mínítear an modh eagarthóireachta a úsáidtear i gCaibidil 3.

Léirítear na cineálacha béaloidis a bhaineann le mná i gcorpas na mban sa cheathrú chaibidil. Faightear tuiscint níos fearr ar shaol na mban sna tríochaidí agus sna daichidí ó scríbhinní Mhic Mhathúna agus ón mbéaloideas a thiomsaigh sé ó mhná agus faoi mhná. Rinne Conrad Arensberg agus Solon Kimball suirbhé antraipeolaíoch timpeall an cheantair chéanna sna tríochaidí. Foilsíodh a gcuid torthaí in dá leabhar (Arensberg 1968; Arensberg & Kimball 1968). Úsáidtear na leabhair agus dialanna Arensberg chun scrúdú a dhéanamh ar chúlra an ábhair a thiomsaigh Mac Mathúna maidir le mná (Arensberg, 1933 (a-d)).

Déantar anailís ar fheidhmeanna an bhéaloidis i gcorpas na mban sa Chnuasach agus scrúdaítear gnéithe inspéise den bhanúlacht idéalach agus chlaonaíoch chun meon na ndaoine i leith na mban sa cheantar a mheas i gCaibidil 5.

I gCaibidil 6, coimrítear conclúidí agus príomhthorthaí an taighde. Tugtar spleáchadh ar mholtaí taighde a d'eascair as an tionscadal seo i réimse an bhéaloidis in Éirinn.

Léirítear na foinsí ar fad a ceadaíodh le linn an staidéir (Foinsí agus Tagairtí).

Cuirtear aguisíní éagsúla a chuirfidh le tuiscint an léitheora ag deireadh an tráchtais seo. Léadh go mion an bunábhar a thiomsaigh Mac Mathúna, rinneadh innéacsú ar an ábhar ar fad agus cláraíodh é de réir uimhreacha na lámhscríbhinní (Aguisín A). Cuireadh na samplaí ionadaíocha as corpas na mban de chineálacha éagsúla amhráin agus scéalta ó scéalaithe an cheantair a bhaineann le mná agus a luadh i gCaibidil 5 in eagar in Aguisín B thíos. Rinneadh caighdeánú ar ainmneacha na bhfaisnéiseoirí sa tráchtas seo agus leagtar amach leaganacha an eagarthóra agus bunleaganacha na lámhscríbhinní in Aguisín C.

Caibidil 1: 'Is binn linn an obair ina mbíonn ár gcroíthe':⁸ saol agus saothar Sheáin Mhic Mhathúna


1.1. Brollach

Tugtar cuntas croineolaíoch ar shaol an bhailitheora, Seán Mac Mathúna, sa chaibidil seo. Pléitear cúlra mhuintir Mhic Mhathúna agus an obair bhailithe a rinne Séamus Ó Duilearga agus Mac Mathúna sa cheantar roimh agus i ndiaidh bhunú Choimisiún Béaloideas Éireann sa bhliain 1935. Tugtar léargas ar fhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna, idir fhir agus mhná, agus scrúdaítear an modh oibre ar bhain sé leas as le linn a ghairme. Cíortar ceist an chaidrimh a bhí aige le mná an cheantair tríd síos mar go bhfuil an tráchtas seo dírithe ar léiriú na mban sa cheantar a thabhairt chun solais. Is trí dhialanna, litreacha agus scríbhinní Mhic Mhathúna féin agus agallaimh le muintir an cheantair a nochtáitear a bheatha agus a phearsa. Cuireadh agallaimh ar chúigear duine as ceantar an Luaigh Thuaidh. Is col ceathracha le Peadar Bairéid iad na siblíní, Paddy agus Mary Guerin. Bhí aithne acu ar Mhac Mathúna agus ar mhuintir Bhairéid mar gur chaith siad go leor ama leo le linn a n-óige. Ba chomharsa de chuid Mhic Mhathúna agus de mhuintir Bairéid é Austin 'Gussie' McMahan ar an Luach Theas agus ba mhac cleamhnais é le Seán Óg Carún. Is gariníon í Caitriona Garrahy le Micheál Ó Flannagáin, iarmháistir scoile i nDúlainn. Fuair Ó Duilearga lóistín leis nuair a tháinig sé go Dúlainn ar dtús. Is í Margaret Carey bean chéile John Michael Carey (nár cuireadh faoi agallamh), garmhac Sheáin Charúin, ar an Luach Theas.

1.2 An Bailitheoir féin

Oibrí feirme ab ea Seán Mac Mathúna (nó Seán/Johnny Mháirtín mar a bhí aithne air ina cheantar dúchais) ar feadh fhormhór a shaoil sa bhaile fearainn iargúlta, an Luach Thuaidh.

⁸ Mac Néill, 1937. Is éard atá i gceist le tagairtí den chineál seo ná an comhfhreagras a bhí ag Mac Mathúna le lucht an Choimisiúin.



Figiúr 1: Seán Mac Mathúna, 1930 (CBÉG M001.19.00002).

Suite i bparóiste dlí Chill Aidhleach i mbarúntacht Chorca Mrua, tá an Luach Thuaidh ina luí idir an Luach Theas san iarthar agus Dún na gCorr agus Baile Choitín Thuaidh san oirthear. Roinneadh an baile fearainn seo i sé fho-roinn (an Luach Thiar, an Bhinn, an Luach Thíos/Luach na bhFlannagánach, an Pháirc, an *Freehold* agus Cnoc Aoibhinn) agus baineadh úsáid as na hainmneacha sin le linn shaol Mhic Mhathúna (CBÉ 519: 56-57).⁹

Rugadh an Mathúnach in Inis Díomáin in Iúil 1876 do Mháirtín Mac Mathúna agus a bhean chéile, Mairéad Ní Mhaoilchaoine. Tá éiginnteacht áirithe ann maidir lena dháta breithe. Baisteadh é ar an 14 Iúil 1876 de réir chlár paróiste Chill Mhainchín ('Joannes McMahon', 1876) ach rugadh é ar an 18 Iúil 1876 de réir na dtaifead sibhialta ('John McMahon', 1876).¹⁰ Scríobh Mac Mathúna cuntas dialainne ar a bhreithlá ar an 24 Iúil 1939, áfach: '[b]hí mé ina trí agus trí fichid inniubh' (CBÉ 639: 288-289).

Is cosúil gur as an Luach Thuaidh a shinsir ó dhúchas, cé go bhfuil na taifid sibhialta gann ina leith. Ba thionónta ar fheirm 30 acra ar an Luach Thuaidh é a sheanathair

⁹ Léiríonn a chuid lámhscríbhinní - na dialanna go háirithe - gnéithe de shaol Mhic Mhathúna.

¹⁰ Glacadh leis an dáta breithe seo sa tráchtas seo.

Dáithí Mac Mathúna (c.1810-c.1882) de réir Luacháil Uí Ghríofa sa bhliain 1855 (Barrett, 2022: 5).

Phós Dáithí, an seanathair, bean áitiúil, Mairéad Ní Dhanachair (c.1816-c.1870), iníon le Pádraig Ó Danachair (bhí feirm aige in aice le talamh Mhic Mhathúna) thart faoi 1836 agus rugadh beirt mhac agus iníon amháin dóibh: Tomás (1837-c.1926), Máirtín (1844-1903) agus Sinéad (1851-1934). D'fhág Máirtín a theach áitribh i ndiaidh a phósta le Mairéad Ní Mhaolchaoine (1850-c.1911) ar an 2 Samhain 1872. Chuaigh an lánúin nuaphósta go hInis Díomáin, an baile mór is giorra don Luach Thuaidh. Cheannaigh Máirtín siopa/teach tábhairne ansin ach bhí a lán tithe óil sa bhaile mór ag an am sin. Ba le teaghlaigh Mhic Mhathúna eile sé cinn acu! (Madigan, 2019). Bheadh sé deacair do Mháirtín teach tábhairne a bhainistiú sa timpeallacht ghnó iomaíoch seo agus theip ar a chuid iarrachtaí sa deireadh. Saolaíodh triúr páistí in Inis Díomáin do Mháirtín agus do Mháiréad: Máire Áine (16 Lúnasa 1873-1942), Seán (18 Iúil 1876-18 Nollaig 1949) agus Eibhlín (8 Eanáir 1879-3 Samhain 1932).

Bhí brú ar Mháirtín post a fháil nó slí bheatha nua a bhaint amach mar gheall ar a dhualgais mar athair agus mar fhear céile. Bhí feirm a athar i seilbh a dhearthár, Tomás (an mac ba shine), agus a dhearthár chéile, Micheál 'Nasty' Ó Cilltreáin, ón mbliain 1882 (Barrett, 2012: 10). Is cosúil gur éag an patrarc, Dáithí, sa bhliain chéanna. Ní raibh Máirtín in ann filleadh ar fheirm a athar, mar sin, ach d'fhill an teaghlach ar an Luach Thuaidh ar an 26 Nollaig 1884 nuair a bhí Seán Mac Mathúna ocht mbliana d'aois (CBÉ 874: 27-28). D'éirigh le Máirtín feirm mhuintir Uí Aichir a fháil ar cíós sa bhliain 1885. Feictear go raibh gréasán tacaíochta láidir ag an teaghlach óg idir a gcuid teaghlach sínte (aintín Mhic Mhathúna) agus muintir an Luaigh Thuaidh chomh maith. Is breá an pictiúr seo den fháilte a cuireadh rompu a d'fhan in aigne Mhic Mhathúna: '[b]hí mé le cois mo mháthair agus m'*aunt* nuair do sheasaíodar i mbéal dorais bothán na ba bainne. ... Agus nuair a tháinig sinn isteach ins an seanchistin bhí cruinniú daoine láithreach, bhíodar ann idir óg agus aosta' (CBÉ 874: 28-29).

Chaith Mac Mathúna an chuid eile dá shaol ó 1885 go 1947 in dhá theach ar an bhfeirm seo. Is beag atá ar eolas againn faoi thosach a shaoil ach d'fhéadfaí cnámha an scéil a chur le céile óna scríbhinní féin. Bhí an Ghaeilge le cloisteáil aige ar bhonn laethúil i measc a mhuintire agus na ndaoine in Inis Díomáin ach 'tá mé cinnte don méid seo ná

raibh aon fhocal Gaeilge agam an t-am sin' (CBÉ 842: 299). Leagadh níos mó béime ar an mBéarla ar scoil agus sa bhaile chun cabhrú leis na daoine óga sa todhchaí a bhí i ndán don chuid is mó acu: imirce go Meiriceá. Labhair tuismitheoirí Mhic Mhathúna Gaeilge agus Béarla ach ba í an Ghaeilge a labhair siad go hiondúil (CBÉ 842: 300). Léigh a athair na nuachtáin Béarla agus b'fhearr le Mac Mathúna a bheith ag léamh ceann de na nuachtáin sin 'ná bheith ag éisteacht leis na fiannaithe [.i. na scéalaithe] cliste do thagadh chugainn anois agus aríst' (CBÉ 842: 313-314). Ba chúis náire dó féin é gur chlaon sé leis an mBéarla agus é ina leaid óg (CBÉ 842: 314).

Tugann Mac Mathúna cur síos an-spéisiúil ar na daoine a mhúscail a spéis sa chanúint áitiúil, Gaeilge Luaigh, idir 1886 agus 1890: 'is ins an mbaile do lasadh an chéad spré bheag lag don Gaedhilge ionam' (CBÉ 842: 300). Ba óna athair féin a d'fhoghlaim Mac Mathúna an Ghaeilge ar dtús ina óige:

Bhí togha Gaedhilge ag m'athair agus ag na haithreacha do tháinig roimhe. Agus bhí cuir amach cainte mar bhuadh aige, buadh ná raibh riamh agamsa. Bhí [m']athair ina fhiannaí ainmiúil, agus mar a bhfuil mé meallta bhí a bheag nó a mhór do féith na filíochta i nduine nár shín i bhfad uaidh (CBÉ 842: 300).

Thug an t-aistriú tí ó Inis Díomáin níos mó deiseanna do thuismitheoirí a mháthar teacht ar cuairt chucu ó Mhaigh Mór Thuaidh: '[b]hí m'athair críonna agus mo mháthair críonna (Seán Ó Maoilchaoine agus a bhean Peig Nic Giolla Luachra) ... ina dtogha Gaedhilgeoirí' (CBÉ 842: 308).

Phioc Mac Mathúna a chuid Gaeilge suas ó na comharsana ar an Luach Thuaidh chomh maith (CBÉ 842: 301-312). Bhí Gaeilge an Chláir acu ón gliabhán agus ní raibh focal Béarla ag cuid acu. '[I]s ag an ndream sin do bhí an Gaedhilge ba bríoghmhaire agus ba cliste' (CBÉ 842: 300-301). Chuir Mac Mathúna a shuim sa Ghaeilge síos do thionchar na ndaoine seo a leanas chomh maith:

- Bríd Leathín. Bhí sí pósta le fear de na Flannagánaigh. Chónaigh sí 'cúpla páirc soir' ó theaghlach Mhic Mhathúna ar an Luach Thuaidh (CBÉ 842: 304).
- Pádraig Carthy agus a theaghlach (a bhean, triúr mac agus beirt iníon). Chónaigh siad i dteach mhuintir Charúin ar an Luach Thuaidh (CBÉ 842: 306).

- Seán Cróil agus a bhean chéile, Neans Ryan. Chónaigh na custaiméirí seo a bhí ag athair Mhic Mhathúna in Inis Díomáin '[r]ud beag níos giorra' do mhuintir Mhic Mhathúna (CBÉ 842: 311).

Thaitin Gaeilge na mban go mór le Mac Mathúna freisin:

Sé mo thuairim féin go mba binne agus go mba mhilse ... Gaedhilge na mná Gaedhealach do casadh orm ná na fearaibh Gaedhealach. I nós éicint, nach féidir liom inseacht is fearr aríst do thagann an seanteanga de sna mná ná de sna fearaibh. B'fhéidir gur i nguth bog ceolmhar na mban atá an deifir sin le fáil (CBÉ 842: 304).

D'fhreastail Mac Mathúna ar scoil na mBráithre Críostaí in Inis Díomáin ar feadh tamaill agus chuaigh sé go dtí an scoil náisiúnta i nDúlainn idir 1886 agus 1890 (CBÉ 842: 299; CBÉ 874: 430-431). As an léann a fáisceadh é dar le daoine áitiúla. Fuair sé oideachas maith ar scoil agus bhí bunús maith aige sna *three r's* (McMahon, 2019). 'The McMahons and the Barretts were very bright. Very intelligent people. They had a great love for books and learning' (Guerin, 2019b). Dúirt 'old Connole' as Baile Choitín Thuaidh le Conrad Arensberg 'that Sean McMahon was a very intelligent person and [his parents] had to keep him from school he was so bright' (Arensberg, 1933 (4): 312). Ba chuimhin le Mary Guerin an chéad uair a bhuaill sí le Mac Mathúna agus bhí ionadh uirthi faoin gcumas a bhí aige sa Bhéarla:

I remember being very shy when I first met him. To help me get over my shyness, he asked me to spell words in English. I remember he asked me how to spell kettle so I said 'K-E-T-T-L-E' and pronounced it 'Kittle'. He said 'No, it's 'kettle', not 'kittle'. I remember being very surprised that he knew it was kettle and not kittle. It shows how knowledgeable he was. I remember he went to Ennistymon to collect his pension then and he brought home sweets to me. He was such a kind, thoughtful man (2019a).

Scríobh Ó Duilearga le teann measa ar a chlisteacht chomh maith: 'He [.i. Mac Mathúna] told me once in Irish that 'he had a thirst for learning but had little chance of quenching it', that 'he was fond of reading, but that a country lad interested in books when he was young was not encouraged by his fellows'' (Ó Duilearga, 1965: 138).

D'imigh a dheirfiúr, Máire Áine, ar imirce go dtí an Astráil c.1898, dar le scríbhinní Mhic Mhathúna. Scríobh sé ar an 23 Nollaig 1938 go raibh gaol láidir aige léi fós daichead bliain i ndiaidh dóibh scarúint lena chéile in Inis Díomáin: 'd'ainneoin na blianta sin go léir scríobhann sí fós chugam, agus tá mé ina cuimhne fós a deir sí liom mar do bhí mé

an lá a scar mé léithe thíos in Inis Díomáin' (CBÉ 604: 126). Ní raibh ach Seán, Eibhlín agus a dtuismitheoirí fágtha sa teach ar an Luach Thuaidh faoin mbliain 1901 inar tógadh an Daonáireamh. Chónaigh siad i dteach den tríú grád a raibh trí sheomra inti faoi cheann tuí, dhá fhuinneog ar aghaidh an tí agus bhí na ballaí tógtha le clocha ('John McMahon', 1901). Chuaigh Bean Mhic Mhathúna ar shlí na fírinne in 1911. Fuair Seán Mac Mathúna an fheirm ar bhás a athar in 1903 ach níor fhan sé rófhada i gceannas uirthi. Phós Eibhlín Peadar Bairéid, oibrí cairéil as Caherbarnagh ó dhúchas, sa bhliain chéanna. Thug Mac Mathúna an fheirm suas dá dheartháir céile. Dar le garnianna Mhic Mhathúna, ní raibh sé chun pósadh¹¹ agus bhí sé ag smaoineamh ar chlann a dheirféar nuair a rinne sé an cinneadh (Barrett, 2018 & Barrett, 2019). Cláraíodh Peadar Bairéid mar thionónta ar na taifid luachála sa bhliain 1905 (Barrett, 2019). Rinneadh úinéir de faoin Acht Talún 1913 (Barrett, 2019).

Teach den tríú grád a bhí acu de réir Dhaonáireamh 1911, teach le ballaí adhmaid nó ballaí dóibe seachas ballaí cloiche (rud atá fóraisteach mar bhí ballaí cloiche luaite i nDaonáireamh 1901) agus bhí cúig nó sé sheomra ann ('John McMahon', 1911). Ní raibh ach trí sheomra sa teach in 1901 (féach thuas). Bhí an teaghlach go maith as de réir Dhaonáireamh 1911 freisin. Bhí stábla, cró beithíoch, cró laogh, bothán bainne, cró muc, cró cearc agus scioból acu. Ní raibh an méid sin foirgnimh feirme ag aon líon tí eile sa bhaile fearainn ag an am. Ba mhór an chabhair iad na capaill dóibh ar an bhfeirm. Bhí neart bia dá tháirgeadh acu idir bainne, feoil agus uibheacha chomh maith. Roinn siad bia go fial flaithiúil leis na comharsana mar gurb é an nós coitianta sa cheantar é:

Johnny and the Barretts were extremely generous, good, Christian people and indeed the neighbours would say they did a lot for them. Of course in those days, everyone shared with their neighbours, especially those who had very little. Some people were struggling to rear big families but the neighbours always made sure they had something to eat (Guerin, 2019a).

¹¹ Ba ábhar magaidh é Mac Mathúna i measc na gcomharsan toisc nár phós sé, uaireanta, ach ní raibh siad gránna leis. Seo mar a dhéanann Mac Mathúna cur síos air agus é ar cuairt chuig Dáithí Ó Conchúir, mar shampla:

Bíonn paiste do ardmhagadh aige fúm féin nuair a théim i ragairne chuige, toisc gur sheasaigh mé suas gan pósadh: rud ná creideann sé ann in aon chor. Agus chun an spórt do dhéanamh níos fearr is minic a deir sé liom go raibh aithint aige féin ar bhean le siopa a ghlacfadh lem féin dá mbeadh an meisneach agam glacadh léithe!!! (CBÉ 672: 313).

Thóg Peadar teach nua dá theaghlach c.1929 agus bhog Mac Mathúna isteach ann leo (Barrett, 2019). I mí Eanáir 1940, leagadh an seanteach agus tógadh claí ar an bhfeirm leis na clocha. Chuir an tasc seo cumha ar Mhac Mathúna:

Ní bheinn i bhfad ón gceart dá n'abrainn gur mór dom shaoghal atá fuinte fuighte le clocha an seanchabhaill do bhí mé ag leibhéaladh an lá seo. Tá gach uile chúinne dhe greamaithe istigh im chuímhne, agus im aigne mar is ins an teith beag sin do cuireadh suas, isteach agus amach le dhá chéad bliain ó shoin, a d'imigh na blianta do b'fhearr dom shaoghal tharam (CBÉ 874: 46-47).

Fad is a bhí na blianta ag sleamhnú thart, d'fhéadfá a rá go raibh Mac Mathúna an-sásta. Rinne sé gach cineál oibre ar an bhfeirm in éineacht le Peadar agus chabhraigh sé leis na páistí freisin (Guerin, 2019a; Guerin 2019b). Bhí sé thar a bheith bródúil as a ról mar uncail. Rugadh 14 clainne ag a dheirfiúr agus ag Peadar ach fuair triúr iníonacha acu bás ina bpáistí, Nóra, Caitriona agus Nóra eile. Faoin am ar thosaigh Mac Mathúna ag bailiú béaloidis, ní raibh ach seisear acu ina gcónaí sa bhaile fós: Séamus, Tomás, Súsanna, Léana, Treasa agus P.J. D'imigh na páistí is sine ar imirce go Meiriceá agus iad óg.

Dar leis na daoine a raibh aithne acu air, ba fhear an-ard é Mac Mathúna, gar do shé through ar airde. Tá cuimhne cheanúil air sa dúiche fós. Is mar chomharsa mhaith, mar fhear ciúin diaganta díograiseach intleachtúil agus ionraic is fearr atá cuimhne air.

He was a big, strong man. About six foot tall anyway. Well built. He was a gentle and devout person. He was quiet, not like a person who worked the land. He worked on Barrett's farm, in the garden. It was unheard of at the time for anybody to collect old stories (Guerin, 2019b).

Uncle Johnny, as he was known in Barrett's, was a very kind, gentle man. He was a gentleman. He had a pleasant face. He was very tall, a big man. He had broad shoulders. This was unusual at the time because the Barretts and most other people were smaller in those days. He didn't have a loud voice like most farming folk did, he was very quiet and refined. He always dressed very well, very respectable and neat. He always carried himself well too (Guerin, 2019a).

He was tall, a fine cut of a man. Up on 6 feet. He was a very smart man, a gentleman, a holy man and a wonderful neighbour. He was well respected and well liked by everyone. He was offered a job by the university in Galway¹² but turned it down (McMahon, 2019).

¹² Ní raibh an t-údar seo in ann an ráiteas seo a dheimhniú. Is cosúil gur thaisteal Mac Mathúna go dtí an Ollscoil i nGaillimh le Séamus Ó Duilearga agus/nó le scéalaithe ón gceantar ar nós Sheáin Charúin a d'inis scéalta ar an eideafón don togra taighde a bhí ar siúl ag Tomás Ó Máille ann nó b'fhéidir nár ghlac

1.3 Tairiscint Poist agus na Blianta Tosaigh (Lúnasa 1929-Meitheamh 1935)

Thiomsaigh daoine éagsúla, idir ársaitheoirí, amaitéaraigh, antraipeolaithe, eolaithe agus bailitheoirí béaloidis ábhar béaloidis i gcontae dúchais Mhic Mhathúna ó dheireadh an 18ú haois ar aghaidh. Ina measc siúd bhí George Petrie (1790-1866), Eoghan Ó Comhraí (1794-1862), an Bhantiarna Augusta Gregory (1852-1932) agus Thomas Johnston Westropp (1860-1922). Bailíodh agus foilsíodh an chuid is mó de bhéaloideas an Chláir ón luaththréimhse seo i mBéarla. Thit tasc bailithe béaloidis Gaeilge an Chláir ar ghuailí an Duileargaigh óig.

Ar an 11 Eanáir 1927, bunaíodh an Cumann le Béaloideas Éireann a raibh bailiú agus scaipeadh bhéaloideas na hÉireann mar phríomhsprioc aige. Dhá bhliain roimhe sin, rinne Séamus Ó Duilearga (1899-1980) agus Fionán Mac Coluim (1875-1966) iarracht an Cumann a bhunú ach theip orthu (Ó Muimhneacháin, 1977-1979: 1). Ag an gcéad chruinniú seo, bheartaigh lucht stiúrtha an Chumainn iris a sholáthar chun an t-ábhar béaloidis a bailíodh mar chuid d'obair an Chumainn a fhoilsiú gach bliain agus ba é an Duileargach céad eagarthóir na hirise seo. Faoi Mheitheamh 1927, tháinig an chéad eagrán den iris, *Béaloideas*, amach (Ó Muimhneacháin, 1977-1979: 2). Mhínigh Fionán Mac Coluim go raibh géarghá leis an gCumann seo a bhunú mar 'nár bh aon obair é gnó seo an bhéaloidis a gcuirfeadh an Rialtas suim ann nó go mbeadh obair déanta ag cumann éigin a chuirfeadh a thábhacht in iúl' (Ó Muimhneacháin, 1977-1979: 3).

Chaith Ó Duilearga tréimhsí idir na blianta 1923 agus 1929 ag bailiú béaloidis in iarthar Uíbh Ráthaigh i gCiarraí agus chreid sé go raibh an méid céanna béaloidis ar fáil sa Chlár freisin (Ó hÓgáin & Ó Duilearga, 1981: xv-xvi). Ba dhúiche fhíorshaibhir é Dúlainn agus toghroinn Chill Aidhleach ó thaobh traidisiúin agus scéalta de agus cé go raibh an Ghaeilge ag meath go mear, bhí an teanga dhúchais ar a dtail ag daoine fásta sa cheantar. Thuig Ó Duilearga an phráinn a bhain leis an mbailiúchán mar go raibh an

Mac Mathúna leis an gcuireadh. Luaigh Seán Ó Cilltreáin le Conrad Arensberg go raibh sé féin ar choláiste: '...which meant that he had been taken by Delargy up to Galway College to record folklore' (Arensberg, 1933a: 50).

teanga Ghaelach agus gach ar ghabh léi ag fáil bháis leis na seanchainteoirí dúchasacha deireanacha, sna ceantair Ghaeltachta in iarthar an chontae ach go háirithe.

Threoraigh Éilís 'Lizzie' Ní Fhlannagáin (nó an Mháthair Treasa Ní Fhlannagáin) (1889-1975), iníon leis an iar-sheanmháistir scoile i nDúlainn, Micheál Ó Flannagáin (1852-1941), agus a bhean chéile, Cáit, iarmhúinteoir scoile freisin, Ó Duilearga go Dúlainn sa chéad dul síos. 'Before leaving Dublin, he was encouraged to seek out An Mháthair Treasa, a Dominican nun at the recently founded Scoil Chaitríona, on Eccles Street' (Ó hÍde, 2020: 16). Bhí aithne acu ar a chéile i mBaile Átha Cliath agus mhair a gcairdeas ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin, dar lena neacht (Garrahy, 2019).

My mother's sister, Éilís, was approached by Delargy when he was seeking places to visit to collect folklore. She told him all about Doolin, Luogh, the surrounding areas and advised him to visit her family in Doolin who could tell him where to find the storytellers. She was a Dominican nun, Sr. Teresa, and saw the need for an Irish-medium school and founded Scoil Chaitríona at No. 22 Eccles Street in Dublin in 1928. It was the first all-Irish secondary school for girls in Ireland. I suppose it was her love of Irish that cemented her friendship with Delargy but she was a very intelligent and remarkable woman (Garrahy, 2019).

Ghlac an Duileargach lena comhairle.



Figiúr 2: An Mháthair Treasa (ó Chaitríona Garrahy).

Sular thug sé aghaidh ar an gClár, bhuail sé le hÉamon de Valera chun teistiméireacht a fháil uaidh:

I was shy but determined. De Valera seemed to me very friendly, expressed his interest in my proposed visit [to Clare], said that he would write a letter 'To all concerned' & this he did. With this passport to the strange and suspicious land beyond the world I knew in my pocket I felt a bit more easy in my mind (sliocht as Dialann an Duileargaigh, luaite in Ó Catháin, 2005: 93).

Chuaigh sé go Dúlainn den chéad uair ar an 3 Lúnasa 1929 agus ba eachtrach a chéad chúpla lá ann.

An Mháthair Treasa ... arranged for Ó Duilearga to gain an entrance into her County Clare home territory ... Ó Duilearga's stay with the parents of An Mháthair Treasa, however, was soon after interrupted by the visit of her brother and his family who lived in Árainn [i. an bailitheoir béaloidis, Seosamh Ó Flannagáin [(1894-1939)], a bhean chéile, Nóra Ní Riain, agus a gclann]. Their visit displaced Ó Duilearga to a neighbour [i. Seán Carún] for the rest of his 3 August to 5 September trip to North Clare (Ó hÍde, 2020: 16).

Labhair an Duileargach le Peaitsín Ó Flannagáin chun lóistín eile a fháil: '[w]ithout further ado he put on his coat and hat and guided me across the sodden fields and through the whirling fog-eddies to the high road and up the muddy *bóithrín* to the neat slated house of Johnny Carey' (Ó Duilearga, 1965, 136-137; bunbhéim). Mhínigh Peaitsín do Chonrad Arensberg an fáth leis seo: '[h]e knew there would be a lot more Irish up in the mountain [i. ar an Luach Thuaidh] than here in Doolin' (Arensberg, 1933a: 39-40). Chónaigh Seán, ceann an tí (c.1857-1952), a bhean chéile, Caitríona Ní Fhlaitheartaigh (c.1879-1965), a mhac, Seán Óg (c.1893-1978) agus bean chéile Sheáin Óig, Bríd Ní Shearraigh (c.1900-1952) sa teach beag tuaithe seo. Cainteoirí dúchasacha Gaeilge ab ead iad agus ba as Inis Oírr í Caitríona. Tháinig sí i ndiaidh bhás na chéad mhná, Onóra Ní Chonchúir, chun aire a thabhairt don chlann nuair a bhí sí ina déagóir. Bhí ceathrar clainne ag Seán agus Onóra ach cailleadh duine amháin acu roimh 1911 ('John Carey agus Honoria O'Connor' 1891; 'John Carey' 1911). Pósadh Sean agus Caitríona c.1899. Ba le muintir Charúin a chuir Ó Duilearga faoi gach uair a tháinig sé go dtí an ceantar ina dhiaidh sin.



Figiúr 3: Seán Carún agus a bhean chéile, Cairtriona, 1930 (CBÉG M001.19.00100).



Figiúr 4: Teach Mhuintir Charúin c.1929 (ó Margaret Carey).

Tháinig na daoine áitiúla ar cuairt go dtí teach Charúin go minic agus ba sheanchaí den scoth é Seán Carún féin. Bhí an Duileargach lánsásta fanacht anseo le mhuintir Charúin mar gur éirigh leis éisteacht le blas na canúna ó mhaidin go hoíche ón teaghlach féin agus ó na comharsana a chruinnigh le chéile ansin le haghaidh oícheanta scéalaíochta. Thug sé sin deis luachmhar dó bualadh le scoth na seanchaithe ón gceantar máguaird. D'éirigh thar barr leis cé nach raibh sé ródhóchasach faoin bhfiontar ar dtús: 'I was the

first to visit the area in search of folk-tales. The Irish language was spoken only by old or middle-aged people; storytelling was but a memory; the best-informed people in the district could not recommend more than one or two likely informants' (Delargy, 1945: 14).

I rith na chéad chuairte seo, bhuail Ó Duilearga le Mac Mathúna i dteach Sheáin Charúin ar an Luach Theas. Fear an-chiúin ab ea Mac Mathúna agus cé nár inis sé scéalta ag na hoícheanta seo, thug Ó Duilearga faoi deara é (Ó Duilearga, 1965: 137-8). Fuair sé amach go raibh gaol ag Mac Mathúna leis an bhfile, Donncha an Chairn Mac Mathúna (c.1776): '[h]e came of an ancient and gifted family, one of his ancestors being a poet, Donncha an Chairn, who kept a school near Ennis towards the end of the 18th century' (Ó Duilearga, 1965: 138). Bhí dlúthbhaint ag Donncha le caomhnú an tseanchais agus le cúrsaí litríochta an cheantair.

Bhí cúraimí eile ag an Duileargach i mBaile Átha Cliath agus ní raibh ar a chumas go leor ama a chaitheamh i gCo. an Chláir mar gheall ar chostais, lóistín agus an t-eideafón a bhí le hiompar ó áit go háit: 'there was so little money available, and the time-factor was all-important - all this work in Clare was done on my vacation' (Ó Duilearga, 1965: 141). Bheadh duine iontaofa ag teastáil chun obair an Duileargaigh a leanúint ar aghaidh sa chaoi is go sábhálfaí béaloideas Chorca Mrua ón mbliain 1929 ar aghaidh.

D'aithin Ó Duilearga na cáilíochtaí bunúsacha riachtanacha seo a theastaigh ó bhailitheoir béaloidis i Mac Mathúna: líofacht sa Ghaeilge, cur amach aige ar an gceantar, aithne aige ar na seandaoine agus ar na seanchaithe agus bhí aithne acusan air. B'éisteoir maith é agus bhí grá thar cuimse aige don Ghaeilge. Bhí líofacht aige sa Bhéarla chomh maith agus bhí sé liteartha sa dá theanga (rud thar a bheith neamhghnách i measc mhuintir na tuaithe ag an am). D'iarr an Duileargach ar Mhac Mathúna cabhrú leis le bailiú an bhéaloidis i gceantar an Luaigh Thuaidh agus mhínigh sé dó céard a bheadh i gceist. Chuir Mac Mathúna an chéad chóipleabhar a líon sé le béaloideas an cheantair chuig Pádraig Ó Siochfhrada ar an 22 Eanáir 1930 (CBÉ 38: 145).

Fuair an t-ochtair a ceapadh chun an Institiúid Bhéaloidis Éireann (1930-1935) a reáchtáil deontas beag rialtais de £500 ar an 25 Bealtaine 1930 'de dhroim a raibh

déanta ag an gCumann [le Béaloideas Éireann] sa chúig bhliain tosaigh' (Ó Catháin, 2005: 89; Ó Muimhneacháin, 1977-1979: 3). Is díol spéise é gur caitheadh níos mó ná leath de bhuiséad na hInstitiúide ina chéad bhliain ar fhoilseacháin agus fágadh '£30 le haghaidh béaloideas a bhailiú agus leabhair a cheannach do leabharlann na hInstitiúide' (Ó Catháin, 2005: 91). Ag aois trí bliana déag is dhá scór, thosaigh Mac Mathúna ag bailiú béaloidis don Institiúid in 1930. Chuir sé an dara cóipleabhar chuig Ó Duilearga é féin ar an 6 Samhain 1930 (CBÉ 38: 154). D'oibrigh bailitheoirí eile Choimisiún Béaloideas Éireann don Institiúid freisin ar nós Sheáin Uí Dhubhda, Thaidhg Uí Mhurchú agus Liam Mhic Coisdeala (Briody, 2008: 101).

Níor chreid Mac Mathúna ann féin, áfach, mar gheall ar chúis spéisiúil de réir na litreach seo (7 Samhain 1930):

tá sórt amhras agam orm féin nach mé an duine is oiriúnaí don obair seo. ... tá fhios agam go bhfuil mé ró-scrupallach ar faid i gcéad rud, agus ní leigfeadh scrupall dom rudaí a chuir síos i scéalta má saoilim go bhfuil dada ionta a dhéanfadh dochar d'aoinne a léifeadh iad. Ins an áit a chlos mé dada garbh i scéal d'fhág mé as ar fad é nó chuir mé focaile níos míne isteach, ach thug mé aire mhaith gan snátha an scéil do bhriseadh (CBÉ 38: 157).

Is díol spéise gur thug Mac Mathúna féin an tréith seo faoi deara agus is tréith é a sheasann amach le linn a chuid gairme. Dhiúltaigh sé focail ghraosta a bhreacadh síos, mar shampla, i leagan den seanscéal ATU 756B 'The Devil's Contract' dar teideal 'Guirtín an Chrúca': '[i]ns an scéal seo bhí rud beag ná leigfeadh mo choinsias dom do chuir síos' (CBÉ 41: 261). Ní scríobhfadh sé an focal 'diabhal' amach ('d_____l', mar shampla) (CBÉ 519: 54). Thug Uí Ógáin cineálacha difriúla cur chuige maidir le bailiú an amhráin 'Cailín Deas Crúite na mBó'¹³ faoi deara:

One version of the song - that given to Clare collector Seán Mac Mathúna - is entirely religious in tone and content [CBÉ 39: 143a-147]. Mac Mathúna was a very devout individual, a trait that runs like a *leitmotiv*, through his writings and it is difficult to imagine that had he known the bawdy version of this song he would not have shied away from writing it down. On the other hand, the bawdy version of the song was taken down by collector Séamus Ennis as part of his fieldwork' (2013: 120-121, bunbhéim).

Ar an 18 Feabhra 1931, léirigh Mac Mathúna i litir chuig Ó Duilearga agus é ag cur an tríú cóipleabhar chuige gur athraigh an bailitheoir cuid de chaint na scéalaithe áitiúla

¹³ Féach 5.2.2 thíos.

mar nach raibh ‘an Ghaedhilge go róbhlasta ná sothuisceanach ag mo scéalaithe, agus tá roinnt dom chaint féin i gcuid acu, gan aistriú ar an scéal ... féachaim go dian le caint do dhéanamh mar do dhéanadh seandaoine na háite seo é nuair do bhí an Ghaedhilge ina neart agus ina brígh’ (CBÉ 39: 7). Thagair sé don chaoi a roinn na scéalaithe seo a leanas a gcuid stór béaloidis leis: ‘[f]uair mé congnadh an dá lámh gach cuairt a thug mé ortha ag bailiú na scéalta seo óm dhuine muinteartha dílis Seán Ó Laoi, Ballyconnoe North, Mártan Mac Eoghain (73 bl.), Caherbarnagh, Dáithí Ó Conchúir, An Luach Thuaidh, agus beirt nó triúr eile’ (CBÉ 39: 7). Is díol spéise é gur chláraigh Mac Mathúna an dáta ar thosaigh sé ag scríobh sa chóipleabhar seo chomh maith: 18 Samhain 1931 (CBÉ 39: 8). Ciallaíonn sé sin gur chuir sé an cóipleabhar ar ais chuig lucht an Choimisiúin taobh istigh de thrí mhí agus go raibh sé i mbun bailithe i rith an gheimhridh.

I litir ar an 11 Deireadh Fómhair 1932, luaigh sé tionchar thinneas a dheirféar ar a chuid oibre: ‘[a]r feadh i bhfad bhí brón an tsaoghail comh dian sin orm nár chuir mé síos oiread agus aon fhocal amháin’ (CBÉ 39: 296). Thug sé achoimre ar na cineálacha béaloidis a bhí bailithe aige sa chóipleabhar sin: ‘scéalta fada agus scéilíní gearra ... seanamhráin bhreaghacha agus togha na seanphaidreacha ... Níl aon bhlúire seanaimsireacht dár fhéad mé theacht suas leis nár chuir mé ar lámhsábhála anseo. Mar an gcéanna le seanabairtí agus seanfhocaile’ (CBÉ 39: 296, 296a). Rinne sé iarracht an Ghaeilge a chur síos ‘díreach mar a labharadh an seandream Gaedhlach ins an gceantar seo’ ‘i ngach líne dár scríobh mé as mo cheann féin’ chomh maith (CBÉ 39: 296a).

Fuair a dheirfiúr, Eibhlín, bás ar an 3 Samhain 1932 in aois 53. Ghoill a bás go mór ar Mhac Mathúna. Scríobh sé an cuntas seo ar an mbrón agus ar an uaigneas a bhraith sé go fóill i ndiaidh a dheirféar sa chéad imleabhar eile dá chuid:

Nuair do thosainn mé ar an leabhar seo do bhreacadh le Béaloideas agus Seanaimsireacht na háite seo ní raibh croidhe ná meisneach agam chun scéal do soláthar ná do chuir síos anseo. Cúpla mí roimhe sin leagadh síos ins an uair bheannaithe ag Tobar Bríd Naomhtha an chara do b’fhearr do bhí agam ar an saoghal seo: bhí an bás duairc dorcha neamhtrócaireach tar éis solas mo shaoghail do scuabadh uaim. Nuair a dhein mé iarracht ar an leabhar seo, ní fuair an ghaoth a séideann ar cnoic seo an Luaigh lá coscartha an sneachta ná fuacht an bhuaidhreamh a bhí istigh i lár mo chroidhe. Níl an gearradh agus an goin sin cneasaithe fós, ná ní bheidh fad is beo mo lá, ach ar Lámh Dé bíodh sin (CBÉ 40: 9).

Bhí sé de nós aige am a chaitheamh ag guí ag a huaigh i Lios Ceannúir, gach uair a bhí sé sa cheantar: '[a]g Daibhich Bhríde chuaigh mé i measc na mairbh agus dúirt mé beagán urnaithe os cheann uaigh mo dhriféara' (CBÉ 729: 80).

Labhair Bean Charúin le Conrad Arensberg faoina cairdeas le hEibhlín chomh maith ar an 28 Meitheamh 1933: 'Mrs Carey had told me how very fond she was with Mrs Barrett ... sister of Sean Mhairtin [sic]. They were great friends and Mrs Carey was sick and had to go to bed she felt so bad when she died etc. ... She thought Sean Mhairtin [sic] would collapse under it he was so cut up by his sister's death' (Arensberg, 1933d: 300).

Ghlac Mac Mathúna lena chuid cúraimí mar uncail i ndáiríre ina dhiaidh sin agus thug sé aire do na páistí ab óige, ach go háirithe. Ghabh Súsanna, a neacht, chuici ról an chúramora sa teach agus ní raibh sí ach sé bliana déag d'aois ag an am. Thug sí aire mhaith do gach duine sa teaghlach agus chabhraigh Mac Mathúna léi chomh fada agus ab fhéidir leis. Bhí siad an-cheanúil ar a chéile agus d'fhoghlaim Súsanna go leor rudaí óna uncail.

Johnny may have been a great mentor to Susan and the others who didn't go away to school. Susan also accompanied Johnny or her father occasionally when they visited neighbours in Luogh and this was highly unusual for a young woman in those days. Susan was extremely well-liked, chatty and cheerful and the neighbours would have enjoyed her company (Guerin, 2019a).

Is féidir glacadh leis gur luaigh Ó Duilearga le Mac Mathúna go raibh an t-antraipeolaí Conrad Maynardier Arensberg (1910–1997) le teacht go dtí an Luach Thuaidh. Bhí Arensberg i dteagmháil leis an Duileargach agus mhol sé dó fanacht le muintir Charúin ar an Luach Thuaidh. Shroich Arensberg an teach ar an 14 Márta 1933 agus tháinig Mac Mathúna ar cuairt an oíche chéanna. Seo mar a rinne Arensberg cur síos air ina dhialann:

My meal finished, I heard voices in the "kitchen" and went out to it. A neighbor John McMahon, Seán Mhairtin [sic] McMahon was there. Friend of Delargy's, Iracion¹⁴, and competes in Feiseanna, said to be very well read, and very devout ("very religious") unmarried, lived with Barrott's [sic], two house [sic] up ... Knows all the ruins, raths, forts, and histories of the parishes round. He spoke: after I had explained that I was

¹⁴ 'Irish-speaker' an míniú atá ag Arensberg (1933: 209). 'an 'Ireeshian', the common local word for a Gaedhilgeoir', dar le Ó Duilearga (1965: 136-137).

looking for the "old customs." (Some academic tone, rather good English) (Arensberg, 1933a: L11-L12).

Bhuail Arensberg le Mac Mathúna arís an lá dár gcionn agus nótaíl sé go raibh Bean Charúin ag iarraidh ar Mhac Mathúna amhrán a chanadh dóibh: 'he sang several Irish things and several English' (Arensberg, 1933a: 28-29). Chonaic siad a chéile arís ag Aifreann Lá 'le Pádraig: 'Sean Mac Mahon seemed very devout' (Arensberg, 1933a: 48).

Ar an 6 Samhain 1933, scríobh Mac Mathúna chuig an Duileargach ag iarraidh go n-aisíocfaí a chuid costas taistil leis mar gur thaisteal sé tríocha míle chun béaloideas a bhailiú (Mac Mathúna, 1933). Is cosúil nár thuig sé na deacrachtaí airgeadais a bhí ag an Institiúid ag an am.

Ba mhór an chabhair é do Mhac Mathúna go raibh aithne aige ar scéalaithe i measc a ghaolta agus a chairde mar go raibh sé deacair dó teacht ar fhaisnéiseoirí lasmuigh dá chiorcal sóisialta, go háirithe agus é ag tosú amach mar bhailitheoir béaloidis ó fhianaise a chuid litreacha. Chreid sé go mbeadh air airgead a thabhairt do dhaoine mar spreagadh chun a gcuid scéalta a roinnt leis (Mac Mathúna, 1935c). Mhínigh sé don Duileargach gur chuir sé am amú ag iarraidh teacht ar scéalaí amháin nach raibh sa bhaile gach uair a thug sé cuairt air sa litir chéanna (Mac Mathúna, 1935c). Ba ar an Domhnach (.i. an t-aon lá saoire a bhí aige i rith na seachtaine) a chuaigh Mac Mathúna ar thóir an bhéaloidis agus dhírigh sé ar bheith ag bailiú béaloidis ó sheandaoine den chuid is mó sa tréimhse seo (Mac Mathúna, 1935c).¹⁵


Ba mhian leis an Duileargach rothar a cheannach do Mhac Mathúna chun cabhrú leis ina chuid oibre ar fud Cho. an Chláir. D'iarr sé ar Mhac Mathúna leanúint ar aghaidh leis an mbailiúchán nuair a bhí sé féin ag teacht ar réiteach dó (Ó Duilearga, 1935c). Is cosúil nár éirigh leis rothar a fháil dó mar gur shiúil Mac Mathúna gach áit de réir fhianaise a chuid scríbhinní féin.¹⁶

¹⁵ Bhailigh Mac Mathúna béaloideas ó dhaoine meánaosta agus óga freisin, mar shampla, Bean Sheáin Mhic Dháibhéid (46 bl.), Pádraig Ó Cilltreáin (24 bl.) (féach Aguisín A thíos).

¹⁶ Thug sé 'circuit an bhacaigh' ar a chuid siúlta (CBÉ 672: 491).



Figiúr 5: Léarscáil an Cheantair 1




Figiúr 6: Léarscáil an Cheantair 2

Bhailigh Mac Mathúna scéalta ó fhaisnéiseoirí an Duileargaigh chomh maith, mar shampla, Stiofán Ó hEalaoire agus muintir Uí Dhuilleáin. D'iarr Ó Duilearga ar Mhac Mathúna bailiú ó fhaisnéiseoirí áirithe ar mhaithe leis an ábhar a bhailigh sé féin uathu a dheimhniú, a chríochnú agus a shaibhriú:

I hope that you have gone to Stephen Helery to write down from him the account he has to give of the story-tellers he knew, because, as I explained to you, the record on which that information is supplied is faulty ... would it be possible for you to record folk-tales from the Dillons of Cnoc Aoibhinn[?] I have been going over the records then from them in 1929-30 and I find that for various reasons they are not satisfactory (Ó Duilearga, 1935c).

Léirigh Mac Mathúna do lucht na hInstitiúide an stór scéalta a bhí ag daoine áirithe sa cheantar le bheith cinnte go raibh tairbhe le baint as an eideafón a chur chuig an gceantar chun scéalaithe faoi leith a thaifeadh (Ó Duilearga, 1935b).

Is léir go raibh Ó Duilearga lánsásta le caighdeán na hoibre a rinne Mac Mathúna ar son na hInstitiúide. Ó Mhárta 1935, mí roimh an gcéad chruinniú de bhaill Choimisiúin Bhéaloideas Éireann ar an 2 Aibreán 1935, bhí an Duileargach ag iarraidh misneach a thabhairt do Mhac Mathúna glacadh le post mar bhailitheoir lánaimseartha ag Coimisiún Béaloideas Éireann (1935-1971) (Mac Mathúna, 1935b & Briody, 2010: 185). Ceapadh Ó Duilearga ina stiúrthóir oinigh ar an gCoimisiún. Earcaíodh líon beag bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha agus foireann oifige.



Figiúr 7: Structúr an Choimisiúin in 1935 (Briody, 2008: 232, 323-324).

Bhí drogall ar Mhac Mathúna an ról a ghlacadh ar dtús mar go raibh sé gnóthach ar an bhfeirm lena dheartháir céile, bhí dualgais breise aige ó cailleadh a dheirfiúr in 1932 ar

fud an tí agus i dtógáil chlann a dheirféar agus is cosúil nár chreid sé ann féin. D'éirigh leis an Duileargach a mheon a athrú, áfach.

Bhuail Mac Mathúna le Ó Duilearga ag 11 r.n. in Óstán an Chrúisigh, Luimneach ar an 6 Meitheamh 1935 agus is léir go raibh ar an Duileargach spreagadh a thabhairt dó arís chun an post a thógáil (Ó Duilearga, 1935b & 1935d). Ghlac Mac Mathúna le tuarastal don obair mar bhailitheoir páirtaimseartha seachas post lánaimseartha toisc na dualgais a bhí aige ar fheirm Bhairéid. Íocadh é ag deireadh gach mí de réir an líon focal iomlán a scríobh sé i ngach cóipleabhar a chuir sé chuig an gCoimisiún (Ó Súilleabháin, 1935a). Choimeád sé an post seo go cumasach go dtí 1947, dhá bhliain sular éag sé i dteach altranais i gCorcaigh in 1949.

1.4 Cúraimí agus Obair an Bhailitheora (1935 - 1945)

Ní shásódh lagiarracht cairde Mhic Mhathúna i gceanncheathrú an Choimisiúin sa phríomhchathair agus bhí Mac Mathúna ag iarraidh dul i bhfeidhm orthu. Bhí an béaloideas ceangailte le seandaoine in intinn Mhic Mhathúna agus smaoinigh sé ar bhealach thart ar an easpa eolais a bhí ag cuid acu ar bhéaloideas na háite - scéal a bheatha a scríobh síos ó sheandúine i ngach baile fearainn sa pharóiste (Ó Duilearga, 1935a & Mac Mathúna, 1935d). Níor chuir sé an smaoinemh sin i bhfeidhm ach i gcorrchás, áfach. Míníonn sé do lucht an Choimisiúin nach raibh sé in ann teacht ar eolas ar bith maidir le béaloideas sa cheantar idir Cinn Mhara agus Baile Uí Bheacháin idir an dá linn (Mac Mathúna, 1935d).

1.4.1 Faisnéiseoirí Mhic Mhathúna

Ní mór léargas a thabhairt ar fhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna agus ar thábhacht an líonra scéalaithe thart faoin Luach Thuaidh dó ina chuid oibre. Is léir ón tábla seo a leanas gurbh iad a ghaolta féin, gaolta Pheadair Bairéid agus a chomharsana a roinn béaloideas le Mac Mathúna go príomha mar gur bhailigh sé mórchuid an bhéaloidis sna bailte fearainn ina raibh cónaí ar na daoine seo.

Baile Fearainn	Líon na bhFaisnéiseoirí a Chónaigh ann
An Luach Thuaidh	22
Sráid na nIascairí	12
An Luach Theas	10
Cionn Eilte	5
Dún na gCorr	5
Ballyfaudeen	3
Ballyconnoe North	3
Inis Díomáin	3
Caherbarnagh	3
Beaghy	2
Ballycotteen North	2
Crumlin	2
Baile Uí Bháire	2
Cnoc na Sceach	2
Dúlainn	2
Formaoil Thiar	1
Lios Ceannúir	1
Carnaun	1
Baile na Leacan	1
An Cheathrú Dhubh	1
Maigh Mór Thuaidh	1
Baile Uí Choileáin	1
Cahermackirilla	1
Baile Stiabhna	1
Ballyconnoe South	1
Fánóir Mhór	1
Muiríúch Tuaithe Theas	1

Achadh an Ghlinne Thuaidh	1
Knockavoarheen	1
Tromráth Thiar	1
Tulaigh	1
Sliabh na gCnocán	1
Lios Dúin Bhearna	1
Fánóir Bheag	1
Freaghcastle	1
Cathair Seircín	1
Poll an Mhuilinn	1
Rinneen	1
An Leacht	1
Béal Átha Laighean	1
Ardnacraa	1
Fíonaigh Bheara	1

Tábla 1: Dáileadh geografach na bhFaisnéiseoirí

Pléitear an t-ábhar a bhailigh sé ó mhuintir a mháthar anseo. Luaigh sé go raibh 'mórchuid amhráin idir cinnibh Gaedhilge agus cinnibh Béarla ag mo mháthair chríonna, [i. Peig Nic Giolla Luachra] agus bhíodh sí dhá ngabhail go minic gach uair do thagadh sí chugainn' ach bhí sí cailte le fada nuair a thosaigh Mac Mathúna ag bailiú béaloidis ar iarratas an Duileargaigh (CBÉ 842: 308). Ghlac a chol ceathrair, Donncha Mac Mathúna, mac le deirfiúr mháthair Sheáin, páirt sna Feiseanna céanna le Mac Mathúna agus bhuaigh Donncha duaiseanna ag gach aon cheann acu (CBÉ 567: 158-160, 173, mar shampla).¹⁷ Chruinnigh Mac Mathúna trí bhlúire béaloidis déag ó Dhonncha (mar shampla, CBÉ 38: 64-67; féach Aguisín A thíos). D'fhoghlaim Donncha an t-amhrán diaganta, 'Lá an Bhreithiúnais', óna fhear muinteartha, Micheál Mac Giolla Luachra, ón gCeathrú Dubh chomh maith (CBÉ 41: 239-240). Ní léir cén gaol a bhí ag Donncha le Micheál ach ba bhean de mhuintir Mhic Giolla Luachra í a sheanmháthair,

¹⁷ Thaisteal cailín comharsan, Peig Ní Fhlannagáin (12 bl.), agus a máthair le Mac Mathúna agus le Donncha chuig Feiseanna áirithe mar gur ghlac Peig páirt sna comórtais (CBÉ 567: 140-141).

Mairéad (Peig), agus ba é Micheál Mac Giolla Luachra a sheas le haintín Dhonncha agus Mhic Mhathúna, Cáit Ní Mhaoilchaoine, chomh maith de réir chlár paróiste Lios Ceannúir ar an 9 Márta 1862 ('Kate Mulqueeny', 1862, gan lch). Thiomsaigh Mac Mathúna na hamhráin seo a leanas óna aintín ar thaobh a mháthar, Cáit Uí Ghallchóir (Ní Mhaoilchaoine), i Liagard Thuaidh, gar do Shráid na Cathrach: 'Píosa den Ghliobach', 'Smut d'Abhrán: Caoineadh Dheirfiúr an Ghabha' agus 'Cailín ón Sliabh' (CBÉ 38: 140a-144, mar shampla). Thug sé cuairt ar Cháit go minic de réir a chuid dialann: 'bhí uaim dul siar go dtí Sráid na Cathrach go mbainfinn lán mo shúil as bean mhuinteartha dhom féin agus as a bhfuil in aontigh léithe mar níor airigh mé ó éinne acu le fada' (CBÉ 397: 40-41, mar shampla).

Bhí scéalaíocht i muintir Mhic Mhathúna ó dhúchas agus bhí bua na scéalaíochta aige féin. Ghlac Mac Mathúna páirt i bhFeiseanna ar fud an Chláir agus bhuaigh sé duaiseanna mar gheall ar a chuid aithriseoireachta (CBÉ 38: 156). Mar a luadh i réamhrá an tráchtais seo, dheachtaigh sé 17 scéal don Duileargach ar an eideafón i rith na Nollag 1929 i dteach Sheáin Charúin agus foilsíodh scéal amháin eile uaidh san iris *Béaloides* chomh maith (Ó Duilearga, 1947: 185; Ó Duilearga, 1930: 424-429). Scríobh Mac Mathúna go raibh bua na scéalaíochta agus bua na cainte ag a athair féin, Máirtín (CBÉ 842: 300). Thiomsaigh Mac Mathúna scéalta óna aintín, Sinéad Nic Mhathúna, agus óna fear céile, Micheál Ó Cilltreáin (CBÉ 38: 274-275; CBÉ 38: 213).

Bhailigh Mac Mathúna dhá scéal óna chol ceathrair, Pádraig 'Cárta' Mac Mathúna, mac le Tomás Mac Mathúna:¹⁸ 'Seán 'aic Séamuis' agus 'Fian agus Cian Mhic a' Bhradáin' (CBÉ 1043: 199-202; CBÉ 1060: 97-120). Chuaigh Pádraig go Ceantar na Lochanna¹⁹ i Sasana ag tús na fichiú haoise chun oiliúint a fháil ar cheird an tsaoir chloiche mar a mhínigh Kevin Griffin, mac leis an seanchaí Diarmuid Ó Gríofa as Baile Uí Bháire (2020: 43, 85-86). Scríobh Séamus Ó Duilearga an cuntas seo faoi Phádraig:

Next door to Seán Carún lived Pádraig Mac Mahon whose father had been a famous story-teller in the district. Mac Mahon gave me a number of tales, badly told and half-remembered, all that was to be got of the rich traditions of his father [i. Tomás] (1945: 14).

¹⁸ D'airigh duine de na fir ba sheanda sa cheantar, Dáithí Ó Conchúir, scéal ó Thomás agus thiomsaigh Seán Mac Mathúna é ó Dháithí (CBÉ 39: 73-74).

¹⁹ Ní dheachaigh Seán Mac Mathúna thar lear riamh (CBÉ 40: 135a).

D'aithin Ó Duilearga go raibh fiúntas le scéalaíocht Phádraig Mhic Mhathúna, áfach, agus rinne sé taifead ar scéal i mBéarla, 'The Plover Green Bawn', ó Phádraig ar an 9 Eanáir 1930 ar an eideafón (Ó Duilearga, 1964: 43-49). D'fhoghlaim Pádraig an scéal seo ó fhear paca as Co. Ros Comáin a d'inis an scéal i mBéarla dó. Ba chainteoir dúchais Gaeilge é Pádraig²⁰ agus d'inis sé go leor scéalta i nGaeilge do Shéamus Ó Duilearga freisin (Ó Duilearga, 1964: 70).

Ba scéalaí é seanathair Mhic Mhathúna, Dáithí. D'fhoghlaim fear comharsan ar an Luach Thuaidh, Micheál Ó Tiarnaigh, leagan de scéal idirnáisiúnta (ATU 650A) ó Dháithí c.1878, 55 bliain sular bhailigh Seán Mac Mathúna an scéal céanna uaidh (CBÉ 40: 78a-92). Thagair Ó Duilearga agus Ó hÓgáin do Dháithí mar shárscéalaí áitiúil i gcomhthéacs an tslí inar fhoghlaim Stiofán Ó hEalaoire a chuid scéalta: '[t]ellers of long heroic tales among his neighbours included Briartach Ó Flannagáin, Dáith Mac Mathúna agus Seán Ó Maoldhomhnaigh' (1981: 342). Luaigh Ó hEalaoire Dáithí i gcuntas ar an scéalaíocht áitiúil freisin:

Do bhí fear eile insa chórsantacht - Dáith 'ac Mathúna - agus do bhí sé i n-a fhiannaí cho mór lé héinn' acu. ... D'airi me [sic] mo mháthair féin²¹ dá reá gur mó oíhe a chath Dath 'ac Mathúna agus Briartach Ó Flannagáin agus m'athair ó thiteam oíhe go heighrí lae ag a' dteah agum héin, agus ná beadh acu ach scéal a' duin' acu, agus ná beidís críochnaithe ar eighrí an lae ar maidin (Ó Duilearga & Ó hÓgáin, 1981: 7, 9).

Mhínigh Peaitsín Ó Flannagáin do Conrad Arensberg go raibh bua na scéalaíochta ag muintir Uí Dhanachair:

Said of Stephen Hilary that its [sic] in the breed, the whole family was intelligent and given to talk and memories for stories etc. ... Hillary's mother was a Danaher, same as the nephew of Careys [sic] and also Sean Mhairtin [sic] McMahon at the Barretts was a Danaher (Arensberg, 1933c: 204-205).

²⁰ Thaifead daoine i Scoil an Léinn Cheiltigh san Institiúid Árd-Léinn i mBaile Átha Cliath cainteoirí dúchais Gaeilge ag labhairt Gaeilge nó ag insint scéalta idir 1949 agus 1969. Tugtar GLÓR ar an gcnuasach seo de thaifeadaí cartlainne. Bhí fear as an Luach Thuaidh, Pádraig Mac Mathghamhna, i measc na gcainteoirí agus thaifead siad scéalta uaidh. Is cosúil gurb é seo an fear céanna mar gur labhair sé faoi Shéamus Ó Duilearga freisin. D'inis sé dhá scéal: 'An Draoi Dubh' agus 'Tiarna Talún ó Chiarraí' (Mac Mathghamhna, 1958a & 1958c). Labhair sé faoin oíche a chaith sé le Séamus Ó Duilearga, Tomás Ó Máille agus Seosamh Ó Flannagáin (.i. an bailitheoir béaloidis) i dteach Sheáin Charúin chomh maith (1958b). Ní fios cé a bhailigh an t-ábhar seo uaidh agus tá an dáta 10 Eanáir 1958 luaite leis. Tá buíochas ag dul don Oll. Ruairí Ó hUiginn agus don Dr Andrea Palandri as an t-ábhar seo a roinnt.

²¹ .i. Cáit Ní Dhanachair.

Ba chol ceathrair é Stiofán Ó hEalaoire le Mac Mathúna agus ba é an príomhfhaisnéiseoir a bhí aige freisin:

nuair do chuir mé féin ... spéis ins an mBéaloideas do bhí in áth le bheith imithe uainn, agus do chrom mé ar a bheith ag breacadh síos gach a m'fhéidir liom do sholáthar de sna scéalta, agus gach a ngabhann leis an mBéaloideas, ba dhé mo chol ceathrair Stiofán an fear san mbearna agam (CBÉ 1043: 252).

Chaith sé go leor ama le Stiofán agus le col ceathrair Stiofáin, Pádraig Ó Dábhoireann, ag foghlaim focal agus frásaí nua Gaeilge uathu (CBÉ 729: 197-200, mar shampla). Chónaigh siad le siblí Phádraig, Cosnaí Ó Dábhoireann agus Janey Hayes i dteach Janey i nDún na gCorr (Griffin & Griffin, 20: 88). Bhíodh iomaíocht agus díospóireacht ar siúl idir an bheirt sheanfhear faoi na focail agus a gcialla. Níor chuala Mac Mathúna cuid mhaith de na focail riamh roimh na hoícheanta seo agus b'aoibhinn leis teacht orthu sa chaoi seo. Scríobh Mac Mathúna liostaí focal agus thug sé brí na bhfocal i lúibíní nó ag deireadh an leathanaigh chomh maith ach n'fheadar cé mhéad focal a phléigh sé leis na seanóirí i nDún na gCorr atá caomhnaithe ina Chnuasach mar nach bhfuil faisnéiseoir luaite leis na liostaí seo go hiondúil ann. Cheistigh Mac Mathúna deirfiúr Phádraig, Janey Hayes, maidir leis na nósanna a bhain le Naomh Bríd sa cheantar chomh maith (CBÉ 875: 393-396).

Chuir Mac Mathúna aithne ar uncailí Stiofáin, Micheál agus Donncha Ó Danachair, nuair a bhog sé go dtí an Luach Thuaidh ina óige agus ba scéalaí é an Micheál siúd freisin. Chónaigh sé gar do mhuintir Mhic Mhathúna sa Luach agus chaith Mac Mathúna óg go leor ama ina chuideachta ag éisteacht lena chuid scéalta agus ag foghlaim faoin seansaol uaidh (CBÉ 842: 301-304; CBÉ 1043: 480-498). D'fhoghlaim Mac Mathúna stairsheanchas ó Dhonncha: '[n]í raibh na scéalta ag Donncha mar do bhí ag Micheál, ach bhí sé lán don seanaimsireacht ... agus mar a mbíodh ábhar seanchais aige san méid sin ní lá go fóill é' (CBÉ 842: 304).

I ndiaidh Aifreann an Domhnaigh, thugadh Mac Mathúna cuairt ar bheirt bhan mhuinteartha leis i Sráid na nIascairí, Bríd Bean Uí Dhanachair agus a dheirfiúr,²² go rialta (CBÉ 397: 19, 21-22, mar shampla). Dar le Pól Bairéid, chuimhnigh a uncail, P.J.

²² Ní raibh an t-údar seo in ann a hainm a dheimhniú sna taifid shibhialta nó ó na hagallaimh le muintir an cheantair sa bhliain 2019.

Bairéid, nia le Mac Mathúna, bheith ag tabhairt cuairte ar Bhríd i Sráid na nIascairí sna tríochaidí lena mháthair, Eibhlín (Barrett, 2022: 14). Phós Bríd Micheál Ó Danachair, col ceathrair le hathair Mhic Mhathúna, agus d'imigh siad ar imirce go Meiriceá bliain i ndiaidh bhreith a mic, Pádraig, sa bhliain 1885 (Holmer, 1962: 14). De réir Dhaonáireamh na Stát Aontaithe 1910, bhí teach ar cíos acu in Worcester, Massachusetts agus bhí Béarla acu ('Bridget Danaher', 1910).²³ D'fhill siad go Sráid na nIascairí in 1913 (Holmer, 1962: 14). D'fhoghlaim Mac Mathúna focail Ghaeilge ó Bhríd agus a deirfiúr freisin nó cheistigh sé iad i dtaobh brí na bhfocal (CBÉ 697: 447). Bhuail Conrad Arensberg léi uair amháin i siopa Mhic Consaidín in Áth an Bhóthair: '[a]n old Mrs Danaher come in, Irish speaking little black woman she kidded Stiofán [Ó hEalaoire] in Irish for smoking a cigarette. Etc. She was 25 years out in the United States!' (Arensberg, 1933c: 239).

Bhailigh Mac Mathúna béaloideas óna dheartháir céile, Peadar Bairéid agus ó ghaolta Pheadair chomh maith (CBÉ 811: 263-267). Phós Máire Bairéid, deirfiúr Pheadair, Micheál Mac Donncha agus bhailigh Mac Mathúna ábhar uaidh (CBÉ 39: 59-61). Dar le Mary agus Paddy Guerin, ba í deirfiúr eile Pheadair, Cáit Bairéid/Bean Mhichíl Uí Dhónaill a d'inis an scéal 'Long Síúil' dó mar nach raibh gaolta eile aige i Lios Ceannúir seachas an bhean seo agus mar gur bhailigh sé an scéal 'An Tógtha a Bhí sí?' óna fear céile, Micheál (Guerin, 2019a; Guerin, 2019b; CBÉ 39: 61a-62; CBÉ 39: 60-61). Thiomsaigh Mac Mathúna roinnt ábhar ó chol ceathracha Pheadair, Séamus Ó Cearrúcháin agus Seán agus Peadar Ó Lionnáin (CBÉ 41: 348a-366; CBÉ 40: 60a-66; CBÉ 40: 50a-54).

Dar le Dáithí de Mórdha, ní raibh ann ach iarsma den Ghaeltacht ag an am ar an Luach Thuaidh agus bhí na seanchaithe ag cailliúint a gcuid scéalta agus seanchais (2015: 170-172). Ní raibh iontu ach daoine aonaracha a chuir Oisín i ndiaidh na Féinne i gcuimhne dó. Tugann de Mórdha Bab Feiritéar mar shampla de scéalaí i measc líonra scéalaithe fairsing ach is léir go raibh líonra scéalaithe beo ar an Luach Thuaidh freisin cé nach raibh sé chomh gníomhach is a bhí sé sna glúnta a chuaigh roimh Mhac Mathúna agus a chomhaoisigh. D'fhoghlaim na seanchaithe a gcuid scéalta agus

²³ Is cosúil go raibh tionchar ag an tréimhse a chaith Bríd i Meiriceá ar an teanga a labhair sí sa bhaile mar gur luaigh Mac Mathúna go raibh sé de nós aici labhairt i mBéarla uaireanta (CBÉ 639: 31-32, 226-227).

seanchas óna céile. Ba bhuntáiste é cóngarach na dtithe dá chéile don bhothántaíocht: 'the neighbours in Lough ... were forever calling into each other's houses both day and night. Of course the houses were quite near each other which wouldn't have been the case with a lot of farms' (Guerin, 2019a). Ba iarsmaí iad na hoícheanta scéalaíochta i dteach Sheáin Charúin den traidisiún beo bríomhar a bhí i réim sa cheantar, cinnte, ach is fianaise iad den líonra scéalaithe láidir a bhí ann.

Pé áit a ndeachaigh Mac Mathúna, cuireadh fáilte agus béile roimhe. Ba bhéas do Mhac Mathúna peann luaidhe agus leabhar nótaí a thabhairt leis agus scríobhfadh sé 'comh beacht agus do b'fhéidir liom é, an chaint a bhí tar éis theacht as bhéal an scéalaí' ag baint úsáide as córas giorrúcháin a chruthaigh sé dó féin: 'ní scríobhainn cuid des na focail iomlánach, mar bhí a fhios agam go gcuimhneoinn ar iomlán an fhocail nuair a bheinn ag cuir an scéal san cóipleabhar mór' (CBÉ 118: 253; CBÉ 426: 110). Bhí sé ag brath go hiomlán ar na nótaí seo agus ar a chuimhne féin le linn dó a bheith ag bailiú béaloidis sa cheantar mar nach raibh gléas taifeadta ar nós an eideafóin aige. Níor nós le Mac Mathúna coinne a dhéanamh lena chuid faisnéiseoirí. Ba mhinic a bhí cuairteoirí eile roimhe i dteach an scéalaí: '[u]aireanta bhíodh iomarca cuideachta romham nuair a théinn go dtí teith an scéalaí, agus leis an gcaint thar timpeall orm, agus leis an scáth sin a bhfuil a beag nó a mhór de ar gach aoinne níorbh fhuirist dom gach uile fhocal do chuir síos' (CBÉ 118: 253). Fadhb eile dó in amanna ab ea bodhaire an scéalaí ach chabhraigh daoine eile leis sna cásanna sin: '[g]o deimhin féin marach go raibh fear conganta liom a bhí ábalta ar a ghuth a chuir i gcluas an fhir bhodhair ní fheadar cad a dhéanainn' (CBÉ 118: 49). Bhí cleas ag Mac Mathúna le heolas a bhí uaidh a bhailiú óna chuid faisnéiseoirí. Léadh sé blúire seanchais don scéalaí lena c(h)uimhne a mhúscailt nó le spreagadh a thabhairt dó nó di a leagan féin den scéal a insint dó (CBÉ 501: 121, 123-4).

1.4.2 Dualgais an Bhailitheora

Chaith Mac Mathúna oícheanta fada fuara ag scríobh amach seanchas na háite óna leabhair nótaí féin i leabhair nótaí ón gCoimisiún ina sheomra leaba féin ar an Luach Thuaidh. Ní fios cén sórt athraithe a rinne Mac Mathúna ar fhocail an scéalaí mar go bhfuil a chuid leabhair nótaí féin cailte le himeacht ama. Bhí ar bhailitheoirí an

Choimisiúin ainmneacha na bhfaisnéiseoirí agus sonraí suntasacha eile (aois, áit chónaithe an scéalaí, mar shampla) a chur leis an eolas a fuarthas uathu ach ní dhearna Mac Mathúna amhlaidh. Nuair a scríobh sé aistí fada ar ábhair éagsúla nó nuair a d'fhreagair sé ceistneoirí, ní dhearna sé tagairt dá chuid faisnéiseoirí go minic (CBÉ 519: 56-84, cuir i gcás). Bhí sé thar a bheith cúramach faoi dhátaí a chur leis an gcuid is mó de na scéalta sna himleabhair luatha agus ó 1937 ar aghaidh, leis na hiontrálacha dialainne a scríobh sé ach níl dátaí ar roinnt mhaith den ábhar béaloidis a scríobh sé sna cóipleabhair ó 1940 ar aghaidh cé go bhfuil stampaí an Choimisiúin orthu mar threoir ar chathain a scríobhadh iad. Ní léir go dtabharfadh Mac Mathúna dáta bailithe an scéil nó dáta athscríofa an scéil sna leabhair nótaí.

Bhí bord aige sa seomra agus las sé coinneal nó lampa ola mar fhoinsé solais. Dar le Mary Guerin bhí seomra Mhic Mhathúna an-fhuar i gcónaí (Guerin, 2019a). Ní dhearna Ó Duilearga dearmad ar fhuacht an cheantair ach an oiread: 'I had a heavy overcoat, a thick rug around my knees, two thick pairs of woollen stockings - useless against that bitter searing cold that found out the remote corners in the marrow of one's bones - and stayed there!' (Ó Duilearga, 1965, 142). Ba mhinic a bhí lá gnóthach caite ag Mac Mathúna ar an bhfeirm sular thug sé aghaidh ar an obair seo. Ní i gcónaí a fuair Mac Mathúna deis tabhairt faoin obair seo ar an lá céanna a thug sé cuairt ar an seanchaí agus bhí air an scríbhneoireacht a chur ar an méar fhada go minic.

Nuair a bhí ciúnas agus compord ag teastáil uaidh uaireanta, théadh Mac Mathúna amach go dtí an bothán agus scríobhfadh sé a oiread agus ba mhian leis ansin. Thit braonta den súiche fliuch anuas tráth ó dhíon an bhotháin ar an lámhscríbhinn (Ó Duilearga, 1965: 139). Seo cuntas breá ó Mhac Mathúna faoi dheis a fuair sé suí cois tine:

Tharraing mé chugam mo leabhar mór, mo pheann, agus mo dhubh, agus ba róghearr go raibh mé go dian dícheallach ag breacadh síos an t-eolas do theastaigh uaim. Nuair ná raibh éinne chun a bheith ag brú choncais orm bhí mé ag scríobh san gcistin in aice na teine. Bhí mé comh luighte sin liom ghnó go bhféadadh robálaí cliste teacht isteach, píos don mhuc do bhí san mbarraile d'ardú leis, agus ní móide go bhfeicinn é, ná an t-aer os a cheann (CBÉ 729: 36).

Ba sa chló Rómhánach a scríobh Mac Mathúna mar gur mhúin sé dó féin conas an Ghaeilge a scríobh 'agus sí an litriú Rómhánach do b'fusa do tháinig liom an t-am sin' (CBÉ 729: 37-38). Nuair a líonfadh Mac Mathúna leabhar nótaí isteach, thabharfadh sé

é d'fhear an phoist, Pádraig Ó Conchúir, nó 'Paddy the Post' mar a thug muintir na háite air.

Chuir Seán Ó Súilleabháin (1903-1996), Cartlannaí an Choimisiúin, teoracha chuig Mac Mathúna chun cabhrú leis ina chuid oibre mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha ach níl cóip den liosta sin i measc an chomhfhreagrais (Ó Súilleabháin, 1935b). Mí ina dhiaidh sin, chuir Mac Mathúna in iúl gur mhaith leis dul chomh fada leis an Dún Beag chun béaloideas a bhailiú ansin ach ní raibh bealach ar bith taistil aige dul ann (Mac Mathúna, 1935a). Mheabhraigh sé do lucht an Choimisiúin gur mhaith leis cuntas ar shaol na scéalaithe a scríobh agus bhí sé i gceist aige dul go dtí an Carn ag tús na bliana 1936 cé nach raibh aithne aige ar na scéalaithe sa cheantar sin. Is léir ón méid eolais seo go raibh Mac Mathúna ag iarraidh lucht an Choimisiúin a shásamh (Comhfhreagras 13 Deireadh Fómhair 1935). Thart faoin am seo, scríobh sé an chéad dá chuntas faoi na scéalaithe áitiúla, Stiofán Ó hEalaoire agus Seán Clárach (CBÉ 118: 153-203; CBÉ 133: 285-315).

Chuaigh obair Mhic Mhathúna i bhfeidhm ar Sheán Ó Súilleabháin i bhFeabhra 1936 nuair a léigh sé an cuntas a bhreac Mac Mathúna síos faoin bhfoireann leapa²⁴ a fuair an bhean nuaphósta i ndiaidh a pósta ós rud é nach bhfuair siad cuntas ar an nós sin ó bhailitheoir ar bith eile. Luaigh sé gurb é Mac Mathúna an t-aon duine amháin a bhí ag bailiú béaloidis sa Chlár ag an am sin freisin (Ó Súilleabháin, 1936c). Idir sin agus Aibreán 1936, thosaigh Mac Mathúna ag scríobh liostaí de nathanna cainte agus d'fhocail Gaeilge ón gceantar síos (Mac Mathúna, 1936). Mhol Ó Súilleabháin dó leanúint ar aghaidh leis an obair seo agus le cuntais a scríobh ar obair na bliana ar an bhfeirm thart faoin Luach Thuaidh (Ó Súilleabháin, 1936b).

D'iarr Fionán Mac Coluim ar an múinteoir, Brian Mac Lú, as ceantar Lios Dúin Bhearna a bheith ina bhailitheoir páirtaimseartha in iarthuaisceart an Chláir in 1936. Thug Seán Ó Súilleabháin comhairle do Mhac Mathúna labhairt le Brian Mac Lú faoin méid béaloidis a bhí bailithe ag Mac Mathúna ó dhaoine áirithe cheana féin chun aon éiginnteacht a sheachaint. Bhí Ó Súilleabháin buartha go mbaileodh Mac Lú cuid den ábhar céanna ó na faisnéiseoirí céanna (Ó Súilleabháin, 1936a).

²⁴ Féach 4.3.3 thíos.

Bhí Mac Mathúna ina ionadaí ag an gCoimisiún nuair a threoraigh siad cuairteoirí agus scoláirí a raibh spéis acu i mbéaloideas agus i gcultúr na hÉireann chuige ar an Luach Thuaidh. Chuir sé fáilte rompu go léir. Chuir Ó Duilearga iriseoir Gearmánach, Loyse, chomh fada leis an Luach Thuaidh chun bualadh le Mac Mathúna in 1936 (Ó Duilearga, 1936a). Bhí spéis ag Loyse i mbéaloideas na tíre agus thuig an Duileargach go mbeadh Mac Mathúna in ann roinnt de na scéalaithe a chur in aithne dó, Seán Carún, Peaitsín Ó Flannagáin agus Stiofán Ó hEalaoire ina measc (Ó Duilearga, 1936a). Bhreac sé cuimhní cinn an scéalaí, Pádraig Ó Madagáin, síos am éigin idir seo agus deireadh na bliana 1936 (CBÉ 222: 371-373).

Cé go raibh trí chuntas faoi scéalaithe an cheantair scríofa ag Mac Mathúna faoin am sin, níor mhínigh Ó Súilleabháin do Mhac Mathúna gur mhaith le lucht an Choimisiúin go mbaileodh sé eolas faoi na scéalaithe go dtí Meitheamh 1937 agus go gcuirfeadh sé cóipleabhar speisialta chuige dó (Ó Súilleabháin, 1937c). Ní dhearna Mac Mathúna amhlaidh, áfach. Scríobh sé na cuntais seo i measc an ábhair bhéaloidis eile i gcóipleabhair éagsúla agus níor bhreac sé an chéad cheann eile síos maidir le saol Thomáis Mhic Ghearailt go dtí 1939 (CBÉ 646: 99 - 101). Is cosúil go raibh aird Mhic Mhathúna dírithe ar rudaí eile idir an dá linn: a shláinte féin agus sláinte a neachta, Treasa Bairéid. Rinneadh obráid uirthi i Meitheamh 1936 i mBaile Átha Cliath (Ó Súilleabháin, 1937c).

Thug Mac Mathúna cuairt ar shiopa éadaí in Inis Díomáin go speisialta coicís sula ndeachaigh Léana, deirfiúr Threasa, sna mná rialta chun bríste nua a cheannach don lá mór ar an 16 Lúnasa 1937. Bhí Mac Mathúna buartha fúithi agus bhí sé ag súil leis go mbeadh Léana sásta ina saol nua cé nár cuireadh aon bhrú uirthi dul sa treo sin (CBÉ 397: 175 -179). Ba é a rogha féin é.

Ba rud thar a bheith eisceachtúil é gur iarr an Duileargach ar Mhac Mathúna dialann a choimeád mar gur nós é sin do na bailitheoirí lánaimseartha amháin: '[p]ossibly because of the copious and informative correspondence he maintained with Head Office, in 1937, Ó Duilearga asked him to keep a diary, as he believed it would be of great value' (Briody, 2008: 250). Thuig an Duileargach go raibh Mac Mathúna faoi bhrú lena chuid oibre agus chuideodh an dialann leis chun a shaol a dhéanamh níos éasca: '[n]í bheidh an duadh céadna ort i mbun na h-oibre seo agus a bhíodh go dtí seo ag

taisteal agus ag bailiú' (Ó Súilleabháin, 1937a). Thug Seán Ó Súilleabháin treoir éigin do Mhac Mathúna faoi dhialann a scríobh. Ba cheart dó scríobh faoi ghnáthimeachtaí an lae ina shaol féin agus faoi rudaí a tharla sa cheantar nó sa chontae (Ó Súilleabháin, 1937a).

Scríobh Mac Mathúna faoina shaol gairmiúil agus faoina shaol príobháideach sna dialanna. Thug sé cuntas ar ábhar na ndialann i litir chuig Ó Súilleabháin:

Aon rud, gur fiú áireamh do thuiteas amach im lá féin do chuir síos go ffrinneach, agus na smaointe do thagann chugam ina dtaobh comh maith. Tabharfaidh mé mo bhreitheamhnas féin ar na ceisteanna seo, atá ag suaitheadh an saoghal thar timpeall orm. Beidh mé cúramach ar an seanGhaedhilge, comh maith is atá sí agam d'fhí isteach san gcaint. Dúiseoidh mé ón dtrom suan atá ortha anois seanfhocaille a d'airigh mé fadó, fadó (Mac Mathúna, 1937).

Rinne Mac Mathúna idirdhealú idir na cóipleabhair a líon sé le béaloideas an cheantair agus na cóipleabhair a d'úsáid sé mar dhialanna. Thug sé an leabhar mór ar an ndialann agus an leabhar beag ar an gceann a bhain leis an mbéaloideas a thiomsaigh sé (Mac Mathúna, 1938c). Bhí sé iontach tógtha leis an dialann a choimeád. D'iarr sé ar Ó Súilleabháin cóipleabhair nua a chur chuige i mbeagnach gach litir a scríobh sé ó thosaigh sé ag scríobh cuntais dialainne dóibh (Mac Mathúna, 1939a).

Thug Ó Duilearga cuireadh do Mhac Mathúna cuairt a thabhairt air i mBaile Átha Cliath in 1938 agus arís sa bhliain 1946 ach ní dheachaigh Mac Mathúna go dtí an phríomhchathair riamh (Mac Mathúna, 1938c & 1946b).

D'athraigh a mhodh oibre beagáinín in 1938 nuair a fuair sé an chomhairle seo ón Súilleabhánach:

Iarraim ort go speisialta, a Sheáin, gan dul i bhfad ó bhaile ag bailiú feasta, ach súidhe síos chun búird sa bhaile agus dul tríd an Láimhleabhar Béaloideas ó phoinnte go pointe agus a bhfuil d'eolas agat féin id' cheann féin i dtaobh gach phoinnte dhíobh do chur síos. Tá na mílte blúirí eolais id' cheann agat fós gan cur síos, ach cuirfidh an Láimhleabhar i gcumhne dhuit iad (Ó Súilleabháin, 1938a).

Thug Mac Mathúna faoin tasc seo go gairid ina dhiaidh sin agus bhí Ó Súilleabháin thar a bheith sásta le torthaí na hoibre (Mac Mathúna, 1938a & Ó Súilleabháin, 1938b). Leag Mac Mathúna béim ar leith ar sheanchas a scríobh síos bunaithe ar cheistneoirí áirithe a scaip an Coimisiún go rialta ar bhailitheoirí nó ceisteanna sa leabhar *A Handbook of*

Irish Folklore a fhreagairt, mar shampla (ceistneoir faoi Lá 'le Márta: CBÉ 675: 202-215; cuntas faoin Luach Thuaidh: CBÉ 519: 56-60). Baineann 43% (642 mír) den ábhar seo ó Mhac Mathúna le Gaeilge an Chláir. Is éard atá i gceist leis seo ná liostaí focal, fráasaí, nathanna cainte nó seanfhocal ar bhain muintir an cheantair úsáid astu ina ngnáthshaol laethúil nó ag ócáidí áirithe, mar shampla, liostaí focal a bhaineann le cúrsaí dlí, caithimh aimsire cosúil le himirt cártaí agus cúrsaí talmhaíochta (CBÉ 118: 459-499; CBÉ 39: 420, mar shampla).

Is é an dara catagóir is mó ó chuimhne an bhailitheora ná stairsheanchas, go háirithe eolas faoin gceantar c.1880. Ní dóigh go raibh cuimhne rómhaith aige féin ar an tréimhse seo toisc nach raibh sé ach ina ghasúr óg ag an am. Is ó sheandaoine anaithnide a fuair sé an t-eolas seo nuair a luann sé faisnéiseoir ar bith ina chuid scríbhinní ach den chuid is mó, ní thugann Mac Mathúna foinse an eolais le fios sna haistí seo. Bhí fios a chúraim aige, áfach, agus facthas thuas go raibh muinín ag Seán Ó Súilleabháin as chomh maith. Bhí dúil ag Mac Mathúna i stair a pharóiste agus a chontae féin. Feictear a spéis sa stair áitiúil sa mhéid eolais a bhí aige i dtaobh na rudaí seo. Ní haon ionadh é go bhfuil an oiread sin ábhair a bhaineann le húinéireacht na talún agus obair feirme scríofa síos aige ach an oiread ós rud é gur oibrigh sé ar fheirm a athar agus ar fheirm a dhearthár chéile ar feadh a shaoil.

Tá go leor ábhair faoi chúrsaí leighis i measc an ábhair bhéaloidis seo toisc gur fhreagair Mac Mathúna an ceistneoir 'Bás agus Breoiteacht'. Ba fhear diaganta é agus feictear é seo sa mhéid eolais atá scríofa aige faoi chleachtadh an chreidimh freisin, eolas faoi shagart paróiste nó faoi thurais a thug sé féin ar thoibreacha beannaithe ar fud na dúiche, cuir i gcás (CBÉ 1042: 180-181; CBÉ 1044: 475-479). Chláraigh sé amhráin agus dánta nó cuntais faoi fhilí áitiúla ar nós Sheáin de hÓra (CBÉ 38: 185a-189; CBÉ 41: 278-280). Déantar cur síos ar chaithimh aimsire na bpáistí, na mban agus na bhfear sa cheantar (CBÉ 38: 17-20, mar shampla). Cuireann ábhar Mhic Mhathúna féin leis na míreanna a bhailigh sé óna chuid faisnéiseoirí. Tugtar tús áite do chúraimí agus d'obair na bhfear ó thaobh na gcuntas ar chúrsaí oibre a scríobhadh síos ach tagann pictiúr níos iomláine faoi shaol na mban chun solais trí na tagairtí do mhná san ábhar ar fad a léamh (féach Caibidil 4 thíos).

Níor fhág sé lucht an Choimisiúin ar an trá fholamh maidir lena thiomantas chun an béaloideas a bhailiú. Nuair a threoraigh Ó Duilearga an grianghrafadóir, Metcalfe, chuig Mac Mathúna i Meitheamh 1939, chabhraigh sé leis. Ghlac Metcalfe grianghraif de mheithleacha sa cheantar, de thithe agus de bhaint na móna agus ghlac sé grianghraf de Mhac Mathúna freisin (Ó Súilleabháin, 1939 & Mac Mathúna, 1939b). Thaitin an chuairt go mór le Mac Mathúna freisin: '[b]hí Mr Metcalfe anseo agam agus scaramair go baoch beannachtach lena chéile' (CBÉ 616: 390).

Le bliain roimhe sin bhí Mac Mathúna ag tagairt ina chomhfhreagras agus ina dhialann do thinneas a neachta, Treasa, go minic (Mac Mathúna, 1938b). Bhí fuil sróine uirthi agus níorbh fholáir í a chur san ospidéal i Meitheamh 1939 (CBÉ 639: 193). Ba léir an imní a bhí ar Mhac Mathúna. Ní raibh sé chun a bheith sásta go dtí go bhfaca sé Treasa: '[b]hí mo dhuine muinteartha roinnt níos fearr ná mar a bhí sí nuair a d'fhág sí an baile agus ba mhaith liom sin' (CBÉ 639: 200).

Trí bliana i ndiaidh di dul sna mná rialta, bheartaigh Mac Mathúna ar chuairt a thabhairt ar an gclochar i dTeampall Mór chun a neacht, Léana, a fheiceáil i Meitheamh 1940 (CBÉ 729: 87-100). Is léir go raibh an-chion aige uirthi mar go ndeachaigh sé isteach sa siopa 'Woolworths' i gcathair Luimnigh chun féiríní a cheannach di (CBÉ 729: 94).

Chabhraigh Mac Mathúna leis an Athair Seóirse Mac Clúin (1894-1949) agus é ag cur *Caint an Chláir* (1940) le chéile. Rinne sé a bheag de thábhacht a chabhrach: '[n]í raibh ionam, ná ins an gcuid eile do ghlaigh an t-Athair Seóirse thimpeall air ach mar an luch ins an scéal do thug cabhair don leomhan' (CBÉ 730: 31). Chaith sé cúig sheachtain déag leis thíos i gCora Chaitlín ag obair go dlúth leis chun cabhrú leis an obair thábhachtach seo ó sheachtain na Cásca 1934 go dtí Feabhra 1935 (CBÉ 730: 31-32). Chuidigh beirt eile leis an tAthair Mac Clúin freisin arbh ainm dóibh Pádraig Ó Catháin agus Tomás Ó Loinsigh (CBÉ 730: 33). Chuir an tAthair Mac Clúin cóip den dá imleabhar chuig Mac Mathúna (CBÉ 730: 31) agus thaispeáin a mhuintir na leabhair do chuariteoirí chuig an teach (CBÉ 730: 71). Thagair Mac Mathúna féin don bhrú seo: 'Ní fhanainn thíos aon uair thar coicíós nó mar sin mar ní bhínn socair im aigne ansúd, agus bhíodh an obair anseo ag déanamh buaidhreamh dom' (CBÉ 730: 32).

Chuaigh bás Threasa go smior ann go gairid ina dhiaidh sin (CBÉ 730: 88-102). Fuair sí bás in aois 21 ar an 16 Samhain 1940. Thug an teaghlach aire di sa bhaile agus níor fágadh í ina haonar riamh. D'fhoghlaim sí paidreacha Gaeilge ó Mhac Mathúna agus d'inis sí ceann díobh, paidir le haghaidh dea-bháis, do na mná rialta a tháinig ar cuairt chuici go gairid sular imigh sí ar shlí na fírinne (CBÉ 730: 71).

Tugadh cuireadh do Mhac Mathúna bualadh leis an scoláire Donn Sigerson Piatt (1905-1970) ar an 27 Lúnasa 1941 in óstán i Lios Dúin Bhearna 'mar go raibh ó Donn Piatt staidéar éicint do dhéanamh ar na canúintí atá le fáil ar an dtaobh seo don Chlár' (CBÉ 875: 12-13, 15). Ba mhaith le Piatt blaiseadh de Ghaeilge Luaigh a chloisteáil ó Mhac Mathúna agus bhí Mac Mathúna cabhrach agus toilteanach (CBÉ 875: 22-23).

Ag tús na bliana 1942, bhí Ó Duilearga ag súil le cuntas faoi shaol na scéalaithe sa cheantar a fháil ó Mhac Mathúna (Ó Duilearga, 1942a). Chuir Ó Súilleabháin liosta amhrán chuige an mhí dár gcionn ach bhí Mac Mathúna den tuairim gur chuir sé gach a raibh ar eolas ag a chuid faisnéiseoirí maidir le hamhráin an cheantair chuig Ó Súilleabháin cheana féin sna cóipleabhair eile (Mac Mathúna, 1942). Moladh dó amhráin i mBéarla a chur chucu (Ó Súilleabháin, 1942a). Ar an 20 Feabhra, iarradh air gan dialann eile a scríobh agus cé go raibh díomá air faoi seo, ghlac sé leis an gcomhairle. Cuireadh cóip den *Handbook of Irish Folklore* le Seán Ó Súilleabháin (1942b) chuige chun cabhrú leis ina chuid oibre (Ó Súilleabháin, 1943).

Bhí níos mó deacrachtaí ag Mac Mathúna in Aimsir na hÉigeandála i rith an Dara Cogadh Domhanda ná riamh ina shaol gairmiúil mar bhailitheoir béaloidis (Mac Mathúna, 1943). Ghoil ár an Dara Cogadh Domhanda go mór air: 'cén dúthchas é seo atá tagtha ar na náisiúin go bhfuil siad ag déanamh ár agus léirscios ar a chéile' (CBÉ 729: 46-7). Labhair na daoine áitiúla go tromchúiseach faoin nuacht ba dhéanaí a fuair siad faoin gcogadh agus bhí scanradh an domhain orthu go sroichfeadh sé a dtír dúchais féin (CBÉ 730: 17-29). Is cosúil nár chabhraigh an easpa solais leis agus é ag scríobh ina aonar sa dorchadas agus go ndearna sé damáiste éigin dá shúile dá bharr. 'Chreid mé, nú ná creid is san ndorchadas do scríobh mé paistí [den chóipleabhar]. Ní raibh ola ná coinneall agam' (CBÉ 1043: 1a).

Cé gur thuig Mac Mathúna tábhacht na gcoinnle dó féin agus d'fhir an cheantair agus iad ag déanamh friothála ar bhó ná ar chapall san oíche, bhí géarghá ag mná dóibh, dar leis. 'Go gnách is ins an oidhche do dheineann na mná tuaithe a gcuid bÁCáil, agus mórchuid dá gcuid cócaireacht, agus dá gcuid beiriúchán, gan trácht ar an méid fuála agus criotáil do dheineann siad. Bheadh gach bean ina bambairne ceart dá bhfágtáí gan solas í' (CBÉ 874: 469). Lá amháin agus Mac Mathúna ar cuairt chuig a mhná muinteartha i Sráid na nIascairí, tháinig fear muinteartha ón gceantar isteach agus thug sé dhá bhloc de chéir phairifín dó mar ábhar solais mar gur thuig sé an deacracht a bhí ag Mac Mathúna a leithéid a fháil: '[ó], bhí mé baoch de agus dúirt mé *Amen* dúthrachtach leis an nguí a dúirt an seanbhean a raibh mé ar cuairt aici ... "Go raibh coinneall in do lámh ar uair do bháis' (CBÉ 875: 74-75).

I Márta 1945, iarradh ar Mhac Mathúna leanúint ar aghaidh leis an obair bhailithe agus le dialann a choimeád ach níor scríobh sé aon iontráil dialainne eile agus ba léir go raibh a chuid sláinte ag dul in olcas faoin am seo (Ó Súilleabháin, 1945a). Líon an méid oibre a rinne sé idir 1945 agus 1947 dhá imleabhar (CBÉ 1044 & CBÉ 1060).

1.5 Deireadh a Shaoil (1945-1949)



Figiúr 8: Seán Mac Mathúna agus a Neacht, Síle, 1949 (ó Paul Barrett).

Ábhar mór buartha é do Mhac Mathúna go raibh a shláinte ag dul in olcas sa bhliain 1945 (Ó Súilleabháin, 1945b). Thug sé cuairt ar dhochtúir mar go raibh pian ina shúile. Fuair sé tuairim eile ó dhochtúir eile agus bhí air a chuid scríbhneoireachta a thabhairt suas ar feadh tamaillín chun sos iomlán a thabhairt dá shúile tinne. Is léir nár thaitin an briseadh beag le Mac Mathúna cé go raibh scíth ag teastáil óna shúile. I ndiaidh na Nollag, scríobh Mac Mathúna chuig Ó Súilleabháin. Bhraith sé an obair uaidh go géar agus d'iarr sé ar an Súilleabhánach leabhar nótaí a chur chuige gan mhoill. Chuir sé Ó Súilleabháin ar a shuaimhneas faoin bplean agus mhínigh sé dó cé chomh tábhachtach is a bhí an obair dá mheabharshláinte (Mac Mathúna, 1946c). Mhínigh sé dó níos déanaí sa bhliain chéanna go raibh sé beartaithe aige scéalta a bhailiú ó Sheán Carún nuair a d'fheabhsódh sláinte a sheancharad (Mac Mathúna, 1946a). D'áitigh Mac Mathúna go diongbháilte nach stopfadh sé ag bailiú béaloidis go fóill. Ar scoláirí iomráiteacha eile a thug cuairt air, bhailigh Nils M. Holmer (1904-1994) ábhar teangeolaíochta ó Mhac Mathúna, ó Pheadar Bairéid agus ó Bhríd Bean Uí Dhanachair freisin sa bhliain 1946 agus tá sé ar fáil sa saothar *The Dialects of Co. Clare* (1962: 14-15).

Ar an 11 Meitheamh 1947, scríobh Súsanna Bairéid, neacht Mhic Mhathúna, chuig Ó Duilearga maidir leis an bpráinn a bhain le leaba a fháil do Mhac Mathúna san ospidéal i mBaile Átha Cliath. Scríobh sí faoin bpian uafásach a raibh Mac Mathúna ag fulaingt leis. 'I do recall a lot of conversations and I guess stress at the time of Seán's illness and how he was not inclined to go to hospital though he really needed to go' (Guerin, 2019a).

Mhínigh Mac Mathúna i litir go raibh an tsláinte ag teip air (Mac Mathúna, 1947). Bhí sé ag fulaingt ó thinnis cinn ar feadh tamaill agus i mí Bealtaine, bhí sé amuigh ag obair ar na sléibhte agus d'éirigh a shúil dheis an-phianmhar. Chaill sé an radharc sa tsúil sin agus bhí an radharc ag dul in olcas sa tsúil chlé chomh maith. Ar an 18 Meitheamh, chuaigh sé go dtí an tOspidéal i gCorcaigh agus tháinig sé abhaile ar an 19 Iúil. Bhí na dochtúirí ag iarraidh an tsúil chlé a shábháil ach ní raibh siad in ann radharc na súile deise a thabhairt ar ais. D'fhág Mac Mathúna slán lena chomráidí sa Choimisiún agus ghabh sé buíochas leo as gach rud a rinne siad dó sa litir chéanna (Mac Mathúna, 1947).

Ag deireadh mhí na Samhna, chuaigh Mac Mathúna isteach san ospidéal CSS i gCorcaigh (Mac Mathúna, 1948a). Bhí sé buartha go mbeadh air dul go dtí teach altránais do

dhaoine dalla. Bhog sé isteach i dteach altranais ('St. Mary's') a stiúraigh Siúir na mBocht i Montenotte i mí Eanáir 1948. Bhí cumha i ndiaidh an bhaile air ach bhí sé buíoch den Duileargach as cuairteoirí a chur chuige (Mac Mathúna, 1948b).

Beagnach bliain i ndiaidh dó aistriú chuig an teach altranais, bhí Mac Mathúna ar a shuaimhneas ann (Mac Mathúna, 1948c). Bhí a chuid sláinte go maith agus bhí sé níos buartha faoin Duileargach féin mar gur chuala sé óna chuairoteoirí, na deartháireacha Uí Dhonnchú, Éamonn agus Tórna (.i. Tadhg), nach raibh sláinte an Duileargaigh go maith. Choinnigh Éamonn lucht an Choimisiúin ar an eolas faoi shláinte Mhic Mhathúna agus léiríonn ceann dá chuid litreacha gur chum Mac Mathúna dán Béarla do dhuine de na Siúracha a thug aire mhaith dó: 'Francach ab ea í agus bhí an-chúram ar fad tugtha aici do Sheán, i dtreo gur spreag a cineáltas é chun filíochta' (Uí Ógáin, 2000: 154). Bhí Nollaig mhór mhaith aige sa teach altranais agus bhí sé sásta fanacht ansin go deireadh a shaoil (Mac Mathúna, 1948d).

Críochnaíonn scéal Mhic Mhathúna i gcartlann an Choimisiúin le litir bhrónach ó Denis O'Leary, mac léinn i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, a thug cuairt ar Mhac Mathúna go minic ar iarratas an Duileargaigh (O'Leary, 1949). Scríobh sé chuig Ó Duilearga le hinsint dó go bhfuair Mac Mathúna bás ar maidin ar an 18 Nollaig 1949. Sular éag sé, chuala Mac Mathúna go raibh cuid den ábhar béaloidis a bhailigh sé i gcló san eagrán ba dhéanaí den iris *Béaloidias*. Léigh O'Leary é dó agus thug Mac Mathúna a bharúil ar ghnéithe den alt. Bhreac O'Leary a phointí síos agus bhí sé ag súil le hiad a thabhairt don Duileargach.

Cuireadh Mac Mathúna lena dheirfiúr, Eibhlín, agus lena neacht, Treasa Bhairéid, ag Daibhich Bhríde, Lios Ceannúir.



Figiúr 9: Uaigh Mhic Mhathúna ag Daibhich Bhríde, Lios Ceannúir, 1 Feabhra 1993 (CBÉG A066.19.00010).

1.6 Cnuasach Mhic Mhathúna

Chuir Mac Mathúna 51 imleabhar le chéile, ábhar béaloidis ina bhformhór, idir na blianta 1930 agus 1947 (féach Aguisín A thíos). Cuimsíonn an Cnuasach seo 2,099 samplaí éagsúla de bhéaloideas na háite ar an iomlán (7,275 lch).²⁵ Bhreac Mac Mathúna síos 1,491 blúire béaloidis (4,621 lch) óna chuimhne féin. Bhailigh sé 104 sampla den ábhar béaloidis ó mhná (297 lch) agus 494 ó fhir (2,299 lch). Tagann an deich sampla dheireanacha (58 lch) ó mhná agus ó fhir araon mar gur bhailigh Mac Mathúna an t-eolas seo ó fhaisnéiseoirí éagsúla, mar shampla, lánúineacha pósta. Cuimsíonn an cnuasach 57 litir (comhfhreagras a bhí ag Mac Mathúna leis an gCartlannaí Seán Ó Súilleabháin agus le Séamus Ó Duilearga idir na blianta 1930 agus 1948) agus c.4,000 leathanach de dhialanna as beagnach 11,000 leathanach san iomlán. Tá 209 litir eile a bhaineann leis i gCartlann Bhéaloideas Éireann ón mbliain 1933 go dtí 1949 ach níor cuireadh iad lena bhunlámhscríbhinní. Pléitear rudaí níos

²⁵ Tá an figiúr seo bunaithe ar líon iomlán na leathanaigh ar Ardán. Ós rud é gur scríobh Mac Mathúna níos mó ná blúire béaloidis amháin ar an leathanach céanna uaireanta, ciallaíonn sé seo go bhfuil an leathanach sin comhairthe faoi dhó nó faoi thrí in amanna.

príobháidí sa dara bhaisc seo, mar shampla, sláinte Mhic Mhathúna agus a phá nó cúrsaí riaracháin na Príomhoifige.

Sna blianta ina raibh Mac Mathúna ag bailiú béaloidis, chuir sé 'cnuasach cumasach' chuig Coimisiún Béaloideas Éireann agus mhol Ó Duilearga é mar 'c[h]eann dosna bailiúcháin is fearr agus is il-ghnéithí a rinneadh riamh i n-Éirinn' (Ó Duilearga, 1947: 185). Bhailigh Mac Mathúna béaloideas na háite i nGaeilge go príomha ach thiomsaigh sé béaloideas i mBéarla chomh maith (110 lch i mBéarla amháin ina Chnuasach iomlán), mar shampla, '*A Folktale in English*' ó Cháit Ní Fhlannagáin, An Luach Thuaidh (CBÉ 708: 507-509).²⁶

I bhfoirm aistí atá an chuid is mó den ábhar scríofa ag Mac Mathúna agus tá roinnt leathanach breac le nótaí mínithe nó ceartúcháin bheaga uaidh chomh maith. Bhraith sé uaireanta ar an gcineál ábhair a bhí faoi chaibidil ag Mac Mathúna, ach scríobh sé ar gach leathanach i roinnt de na himleabhair agus scríobhann sé ar gach ré leathanach in imleabhair eile. Is taisce iad na nótaí ag deireadh scéil faoin bhfaisnéiseoir nó faoin turas go teach an scéalaí agus nocht Mac Mathúna a dhearcadh féin ar an ábhar chomh maith sna nótaí seo (CBÉ 445: 119 - 120, cuir i gcás).

1.7 Conclúid

Léiríodh saol pearsanta agus saol poiblí an bhailitheora, Seán Mac Mathúna, sa chaibidil seo ina chuid focal féin agus ó chuimhní cinn na ndaoine a raibh aithne acu air agus iad ag féachaint siar ar bhóithrín na smaointe. Rinneadh cur síos ar an gcaidreamh a bhí ag Mac Mathúna leis na scéalaithe agus le muintir an pharóiste agus ar an bhfosc oibre a bhí air sna blianta ina raibh sé gníomhach mar bhailitheoir.

Ba dhíol práinne é an t-ábhar béaloidis a bhailiú i bparóiste Chill Aidhleach agus d'oir ról an bhailitheora bhéaloidis go maith do Mhac Mathúna. Cé gurbh fhear ciúin cúthail

²⁶ Rinne sé aistriúchán Gaeilge ar ábhar béaloidis i mBéarla a bhailigh sé chomh maith (74 lch): An Bhó agus na Daoine Maithe: CBÉ 39: 94a-96; An Doras Oscailte - An Doras Nach bhFéadfí a Dhúnadh: CBÉ 39: 179-183; An Peidléir agus an Scoláire Bocht: CBÉ 39: 223a-230; Seán na Scuab agus a Thriúr Mac - Mac Sheán na Scuab - Seán na Scuab: CBÉ 40: 13-46; Bhí sé Neamhspleách leo: CBÉ 811: 197; An Bhó sa Lios: CBÉ 842: 332-335; Na Triúr Fathach a Bhí i Sliabh na gCaorach: CBÉ 40: 208-215; An Fear do Bhí ar Thóir Duine Macánta: CBÉ 41: 337a-341; Ceannaigh Gé dom, Athair: CBÉ 757: 215-217; Bó na Leasa: CBÉ 708: 517-521.

ab ea Mac Mathúna, sheas sé amach mar iarrthóir cumasach do Shéamus Ó Duilearga agus bhí an Duileargach sásta brath air. Léiríodh cineál an chaidrimh a bhí ag an mbailitheoir le lucht an Choimisiúin, go háirithe le Séamus Ó Duilearga agus Seán Ó Súilleabháin óna chomhfhreagras leo. Rinneadh iniúchadh ar mhodhanna oibre Mhic Mhathúna freisin agus ar a fhorbairt mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha. Roinn scoth na scéalaithe a gcuid scéalta agus seanchas leis agus bhailigh sé an t-ábhar ó fhaisnéiseoirí éagsúla idir fhir agus mhná. Is iad Stiofán Ó hEalaoire, Seán Clárach, Auguistín Ó Dioláin, Máire Mhic Consaidín agus Bríd Uí Dhanachair na daoine is mó a luaitear sa bhailiúchán (féach Táblaí 2-5 thíos). Cíoradh tábhacht an líonra scéalaithe thart faoin Luach Thuaidh do Mhac Mathúna agus é ag roghnú a chuid faisnéiseoirí féin. Léiríodh ilghnéitheacht an ábhar béaloidis i gCnuasach Mhic Mhathúna tríd síos.

Ainm an Fhaisnéiseora	Líon na Míreanna a Bailíodh uaithe
Bríd Uí Dhanachair	27
Máire Mhic Consaidín	21
Cáit Uí Ghallchóir	6
Cailín comharsan	4
Bean Sheáin Mhic Dhaibhéid	4
Cáit Ní Fhlannagáin	3
Bean Mhichíl Uí Fhlannagáin	3
Bean Thomáis Mhic Conmara	3
Siobhán Uí Loingsigh	3
Mrs. Conlon	2
Mairéad Nic Fhlannchaidh	2
Nóra Uí Thiarnaigh	1

Tábla 2: Príomh-bhanfhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna: na míreanna béaloidis

Ainm an Fhaisnéiseora	Líon na Leathanach
Bríd Uí Dhanachair	78
Máire Mhic Consaidín	58
Mairéad Nic Fhlannchaidh	17
Cáit Uí Ghallchóir	15
Bean Sheáin Mhic Dhaibhéid	13
Bean Mhichíl Uí Fhlannagáin	9
Cailín comharsan	9
Cáit Ní Fhlannagáin	8
Nóra Uí Thiarnaigh	7
Bean Thomáis Mhic Conmara	6
Siobhán Uí Loingsigh	5
Mrs. Conlon	5

Tábla 3: Príomh-bhanfhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna: méid na leathanach

Ainm an Fhaisnéiseora	Líon na Míreanna a Bailíodh uaidh
Stiofán Ó hEalaoire	79
Seán Clárach	35
Auguistín Ó Duilleáin	23
Mártan Mac Eoghain	18
Seán Ó Laoi	18
Dáithí Ó Conchúir	14
Micheál Ó Tiarnaigh	14
Pádraig Ó Dábhoireann	13
Donncha Mac Mathúna	13
Peadar Ó Lionnáin	12
Pádraig 'Peaitsín' Ó Flannagáin	12
Pádraig 'Patty' Ó Flannagáin	10

Tábla 4: Na Príomhfhaisnéiseoirí Fireanna: na míreanna béaloidis

Ainm an Fhaisnéiseora	Líon na Leathanach
Auguistín Ó Duilleáin	223
Stiofán Ó hEalaoire	211
Seán Ó Laoi	206
Seán Clárach	152
Pádraig Ó Callanáin	105
Micheál Mac Coineoil	82
Dáithí Ó Conchúir	63
Pádraig Ó Catháin	71
Pádraig 'Patsy' Ó Cinnéir	64
Micheál Ó Tiarnaigh	57
Tomás Mac Conmara	48
Liam Ó Duilleáin	47

Tábla 5: Na Príomhfhaisnéiseoirí Fireanna: méid na leathanach

Ós rud é go raibh caidreamh láidir ag Mac Mathúna le fir eile agus é ag obair ar an bhfeirm nó mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha, is éasca dearmad a dhéanamh ar a chaidrimh le mná. Léiríodh scéal na gcaidreamh is suntasaí a bhí aige lena mhná muinteartha sa chaibidil seo, idir chaidreamh idirghlúine agus teaghlaigh. Ó fhianaise a chuid scríbhinní féin agus ó chuimhní cinn na bhfaisnéiseoirí thart faoin Luach Thuaidh, réitigh sé go han-mhaith le mná agus le cailíní le linn a shaoil. In ainneoin an dea-chaidrimh a bhí ag Mac Mathúna le mná, ní chuimsíonn mná ach líon an-bheag dá gcuid faisnéiseoirí. Pléitear an caidreamh a bhí ag Mac Mathúna lena bhanfhaisnéiseoirí i gCaibidil 2 thíos agus déantar mionscrúdú ar an litríocht go dáta a bhaineann le béaloideas na mban in Éirinn fad is a bhí Mac Mathúna gníomhach mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha.

Caibidil 2: Staidéar ar Cheist na mBan i gComhthéacs an Bhailithe agus Chnuasach Mhic Mhathúna

2.1 Brollach

Tá borradh tagtha ar réimse taighde bhéaloideas na mban agus béaloideas faoi mhná ar fud an domhain ó foilsíodh an chéad leabharliosta ina leith sa bhliain 1899 i Meiriceá (Cushman Chamberlain, 1899: 32-37). Déantar scagadh sa chaibidil seo ar an litríocht a bhaineann le mná agus cúrsaí béaloidis in Éirinn, go háirithe i rith na mblianta ina raibh Mac Mathúna gníomhach mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha, is é sin, luathbhlianta Choimisiún Béaloideas Éireann (1929-1947).

Pléitear béaloideas na mban in Éirinn agus thar lear i rogha suntasach foinsí. Cuirtear roinnt saothar idirnáisiúnta mór le rá san áireamh anseo ach is é an cúlra Éireannach príomhfócas na caibidle. Baintear úsáid as dhá phríomhchineál foinsí:

1. Príomhfoinsí: ailt phiarmheasúnaithe, Cnuasach Mhic Mhathúna, (mion)tráchtas.
2. Foinsí Tánaisteacha: ciclipéidí, cnuasaigh bhéaloidis atá curtha in eagar, foclóirí, leabharliostaí, léirmheasanna.

Scríobhadh iad i nGaeilge, i mBéarla na hÉireann agus i mBéarla Mheiriceá.

Mínítear béaloideas na mban agus téarmaí tábhachtacha eile a bhaineann le hábhar ar dtús. Scrúdaítear ról na mban i mbailiú agus i seachadadh an traidisiún béil sa tír seo mar aon leis an gcineál aitheantais a tugadh do mhná. Pléitear léiriú agus rannpháirtíocht na mban ar bhealaí éagsúla i gcomhthéacs an bhailithe.

Cuirtear an chaoi a léirítear peirspictíocht na mban agus meon na ndaoine i leith na mban san ábhar béaloidis a bailíodh uathu i mbéaloideas na hÉireann agus na hAlban in iúl. Tugtar samplaí de bhéaloideas na mban agus de bhéaloideas faoi mhná mar a léirítear é i gCnuasach Mhic Mhathúna tríd síos agus cuirtear an t-ábhar seo i gcomparáid le staidéir eile a rinneadh go dáta. Déantar iniúchadh ar na teoiricí a

d'úsáid scoláirí eile chun an tráchtairacht seo a threorú. Cíortar torthaí an léirbhreithnithe seo mar chonclúid.

2.2 Sainmhíithe

2.2.1 Béaloideas

Seo a leanas roinnt sainmhíithe ar an téarma 'béaloideas' mar atá foilsithe le tamall anuas i bhfoclóirí ar líne:

Folklore	The traditional beliefs, legends, and customs, current among the common people; the study of these (Gan údar, 2020a, s.v. folklore).
Folklore	Folklore is the traditional stories, customs, and habits of a particular community or nation (Gan údar, 2020b, s.v. folklore).
Folklore	The traditional stories, customs etc [sic] of a particular area or country (Gan údar, 2020c, s.v. folklore).
Béaloideas	Oral tradition, folklore (Ó Dónaill, 1977b, s.v. béaloideas).
Béaloideas	Eolas a thagann anuas chugainn ó bhéal go béal (Ó Dónaill & Ua Maoileoin, 1991b, s.v. béaloideas).

Cumadh an téarma nua 'Folk-Lore' in 1846 i litir a scríobh an t-ársaitheoir William John Thoms (1803-1885) faoina ainm cleite, Ambrose Merton, chuig eagarthóir na hirise, *Athenæum*. Rinne Thoms cur síos air mar 'the Lore of the People' agus 'the manners, customs, observances, superstitions, ballads, proverbs, &c., of the olden time' (Thoms, 1846, gan lch luaite i Winick, 2014a, gan lch). Chuir sé finscéalta, traidisiúin áitiúla agus rannta do pháistí san áireamh sa litir chéanna. Cáineadh é as a dhearcadh ársa

rómánsach ar an gcosmhuintir agus a gcuid cultúr: '[i]t is not the happiest of terms ... savouring as it does of the mental slumming of a Victorian savant, with "lore" as something less than learning and the "folk" as the common people, the "lower classes"' (Ó Danachair, 1983: 5). Rud éigin ní ba spésiúla don údar seo ná gur aithin Thoms tábhacht na mban do léann an bhéaloidis: '[l]adies should be specially invited to take part in the work, who, in their kindly ministrations in the cottages of their poorer neighbours, must often come across traces of old world customs and beliefs' (Winick, 2014a, gan lch).

Cad faoin bhfocal 'béaloideas' é féin? Tá sé níos sine ná a mhacasamhail Béarla 'folklore.' Dar le Stiofán Ó Cadhla, '[b]hí "seanchas" sa Ghaeilge riamh ach d'fhan sé faoi scáth an nuabhéaloidis a d'ainmnigh Thoms ...b'fhocal nua ar shean-choincheap é [folklore]' (2011a: 36-37). Ba é Seathrún Céitinn (c.1580-c.1644) a d'úsáid an focal 'béaloideas' den chéad uair (Ó hÓgáin, 2002: 84, 88; Ó Cadhla, 2011a: 37). Roghnaigh lucht an Chumainn le Béaloideas Éireann é mar fhocal chun cur síos a dhéanamh ar an ábhar a bhaileofaí agus a chaomhnófaí (.i. na traidisiúin béil, go háirithe as ceantair Gaeltachta) sa bhliain 1927 (Bourke, 2002a: 1193).

B'fhiú léargas ar an mbéaloideas a fháil ó lucht an Choimisiúin ag an staid seo. Míníonn Ó Súilleabháin é mar théarma cuimsitheach chun na traidisiúin bhéil de gach cine ar domhan a thabhairt le tuiscint: '[i]t embraces not only their popular beliefs and customs, but also their traditional tales, legends, songs, proverbs, prayers, charms and riddles – in fact, any type of oral literature which has a more or less set form. It also includes local social history or seanchas' (1967: 8). Tagraíonn Almqvist don leabhar *A Handbook of Irish Folklore* a chuir Ó Súilleabháin le chéile mar chúnaimh don bhailitheoir béaloidis in Éirinn ina shainmhíniú gonta féin: '[a]ll such things as are mentioned and enquired about in *A Handbook of Irish Folklore*' (1977: 11; bunbhéim). Níl an iarracht sin fóna amach is amach mar go bhfuil bearnaí sa leabhar sin, go háirithe maidir le hábhar a bhaineann le mná (féach 2.3.2 thíos). Déanann Caoimhín Ó Danachair cur síos ar bhéaloideas mar '[a]ny item handed on by word of mouth or by example from the older to the younger people is folk tradition. Anything learned through formal education or the printed word, or more recently through the cinema, the radio and the television, is not' (1983: 9).

Tugann Pádraig Ó Héalaí 'tuiscint réasúnta sásúil' le fios ar an gcineál ábhar a chuimsítear faoin téarma 'béaloideas' in Éirinn:

an chuid thraidisiúnta de chultúr an duine, idir fhocail thraidisiúnta (e.g. scéalta, seanfhocail, paidreacha, mallachtaí, tomhaiseanna, srl), smaointe traidisiúnta (e.g. gur rud mí-ámharach é scáthán a bhriseadh, nó bean rua a chasadh ar iascaire; nó gur tuar báis é giorria a theacht i gcóngar an tí, nó éan a bhualadh i gcoinne na fuinneoige srl) agus ghníomhartha traidisiúnta (e.g. turas an tobair a thabhairt, cros Bhríde a dhéanamh, an drúcht a shiúl maidin lá Bealtaine, an madra a chur amach le linn tintrí srl.) (1991, gan lch).

Tugtar leid dúinn sa chomhfhocal béaloideas go bhfuil eolas a bhaineann leis an mbéal i gceist mar go gciallaíonn sé 'oral teaching' (Bourke, 2002a: 1193). Sa tráchtas seo is éard atá le tuiscint le **béaloideas** ná an ealaín bhéil, na cineálacha béaloidis ar fad idir scéalaíocht agus sheanchas, a cuireadh i láthair ó bhéal do bhailitheoirí an Choimisiúin ar nós Sheáin Mhic Mhathúna, agus atá luaite sa leabhar *A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942b).

2.2.2 Béaloideas na mBan

Foilsíodh ciclipéid ar bhéaloideas na mban agus ar ghnéithe de shaol na tuaithe a bhaineann le mná ar fud an domhain sa bhliain 2008 (Locke, Vaughan & Greenhill, 2008). Mínítear béaloideas na mban ann mar

[t]he discourses women create, communicate and negotiate ... about ourselves and about others ... not relate[d] exclusively to domestic life - motherhood, children, and food - the conventional domain of women (Locke, Vaughan & Greenhill, 2008, xxiii-xxiv).

Is éard atá i gceist le béaloideas na mban mar sin ná an t-ábhar béaloidis a chum mná, a bhí ar eolas acu, a d'inis siad agus a bailíodh uathu. Tugann Almqvist agus Ó Cathasaigh 'béaloideas agus léann na mban' agus 'scéalaíocht na mban' air agus tá an méid a tiomsaíodh ó bhanscéalaithe cosúil le Cáit 'An Bhab' Feiritéar, Peig Sayers agus Máire agus Cáit Ruiséal i gceist acu (2002: 41). Cuimsítear réimse leathan eolais ann nach mbaineann le saol agus taithí laethúil na mban amháin.

Meastar go bhfuil dlúthbhaint ag béaloideas na mban le teachtaireachtaí códaithe a cheilt san ábhar béaloidis mar a léiríonn na tréithe seo a leanas: 'multiplicity of

meaning as evidenced in feminist coding, as well as ambivalence about and resistance to patriarchy' (Locke, Vaughan & Greenhill, 2008: xxiii-xxiv; féach 2.5 thíos maidir le teoiric an chódaithe a d'fhorbair Radner & Lanser, 1987 agus 1993). Tugtar 'folklore of subversion' ar na teicnící seo ina gcuirtear gaol stádais leatromach as a riocht agus ina gcuirtear eolas, pearsantacht agus taithí na mban in iúl i saothar Locke, Vaughan & Greenhill (2008: xlviii). Glaonn Aili Nenola 'folklore of contestation' air .i. béaloideas na hiomarbhá (1999, 21-42; féach 2.5 thíos). Ní foláir nádúr treascrach bhéaloideas na mban a aithint ach ba chóir cuimhneamh nach raibh sé treascrach i gcónaí:

Folkways may communicate messages regarding how women should conform to their social roles and sometimes warn about the repercussions of violating cultural norms. However, clearly, throughout the world, women articulate their resistance to male dominance, present alternative social interpretations, and offer practical knowledge through folkways and cultural expressive traditions that are specific to various collectivities of women (Locke, Vaughan & Greenhill, 2008: 1).

Pléitear teoiric an chódaithe agus príomhfheidhm bhéaloideas na mban in Éirinn ag 2.4.3 thíos.

Aithnítear miondifríochtaí ó thaobh na téarmaíochta de maidir le béaloideas na mban. Ina alt i mBéarla faoin seanchas a chruinnigh sí ó mhná maidir le nósanna breithe, tugann O'Connor 'women's folklore' ar bhéaloideas den chineál seo (2014: 264). Déanann Nic Giolla Chomhaill iniúchadh ar an gcineál béaloidis a bhailigh an bailitheoir béaloidis lánaimseartha, Proinnsias de Búrca, ó mhná i nDúiche Sheoigheach in iarthar na Gaillimhe. Déanann sí cur síos ar an ábhar seo mar 'bhéaloideas na mban', 'chultúir béil na mban' agus 'thraidisiún béil na mban' (2018: 43-44). Tagraíonn an bailitheoir béaloidis lánaimseartha, Seán Ó hEochaidh, do sheanchas na mban mar mhionsheanchas agus é ag bailiú ó Chlann Uí Bheirn i dTeileann freisin: 'tharraing mé ar Mháire Uí Bheirn (an ghréasaidhe) go h-Iomaire Mhuireanáin. Sin an seanchaidhe mionseanchais comh maith agus atá astoigh i dTeilíonn ins an am i láthair measaim fhéin' (Ó hEochaidh, 1945: 522). Déanann Mac Aoidh trácht ar na scéalta a bailíodh ó mhná mar 'scéalaíocht na mban' (2020: 90). Úsáidtear an téarma uilechuimsitheach **béaloideas na mban** sa tráchtas seo.

Léiríonn Locke, Vaughan agus Greenhill go bhfuil fadhb ann maidir le béaloideas na mban a mheas, áfach:

there is no way of telling how much of the cultural materials ... folklorists have purportedly collected from men—almost always the presumed experts—were actually gathered from women. ... Often women's influences are difficult, if not impossible, to separate from the texts and performances of [men]' (2008: xxiv).

Mar a luadh i gCaibidil 1 thuas, scríobh Mac Mathúna ábhar béaloidis óna chuimhne féin agus níor luaigh sé faisnéiseoir ar bith don ábhar seo ar fad (féach 1.4 thuas). Baineann cuid den ábhar seo le nósanna breithe ar nós an choisreacain ach ní léir cár fhoghlaim Mac Mathúna an t-eolas seo óir nár thug sé aitheantas d'aon fhaisnéiseoir (CBÉ 1042: 374-378). Ní hamháin sin, ach cé gur fhreagair Sinéad Uí Aodha, deirfiúr le Pádraig Ó Dábhoireann, ceisteanna Mhic Mhathúna maidir le hOíche Fhéile Bríde sa cheantar chomh maith le Stiofán Ó hEalaoire agus Pádraig é féin de réir a dhialainne, níor luaigh sé í ná an bheirt fhear mar fhaisnéiseoirí ina chóipleabhar nuair a scríobh sé an cuntas síos (CBÉ 875: 393-396; CBÉ 1042: 430-432). Luaigh an teangeolaí Jennifer Coates gur tugadh aitheantas do sheanfhear áirithe mar phríomhfhaisnéiseoir in atlas teangeolaíochta sa Pholainn seachas dá iníon chéile 'who replied to most of the questions': '[h]ow often a female relative gave the responses which are credited to a man, we cannot tell' (Coates 1993: 53 luaite i Locke, Vaughan & Greenhill, 2008: xxiv).

2.2.3 Béaloideas faoi Mhná

Léiríonn Bourke cad atá i gceist le béaloideas faoi mhná go gonta san abairt seo a leanas: '[w]hen women are the subjects of oral narrative, song, or other genre, the performer may be either a man or a woman, the representation sympathetic or not' (2002a: 1195).

Deir Locke, Vaughan & Greenhill níos mó faoin téarma:

Women are the subject of a great many traditional and popular ideas, beliefs and practices. ... Women and men alike create folklore about women that accurately and significantly interprets women's experiences, knowledge, and understanding about the world. Yet women and men also create folklore about women that demeans, misrepresents, and pathologizes women and their lives. Folklore about women then, remains almost as complex as its subjects (2008: xxxv - xxxvi).

Tá tuairim ann 'that folklore about women serves to accentuate gender differences', sé sin na difríochtaí idir fir agus mná, mar shampla ó thaobh na tréithe a bhaineann le mná agus le fir go traidisiúnta (Locke, Vaughan & Greenhill, 2008: xliv, xlvi).

Maíonn Joan R. Freedman agus Ríonach Uí Ógáin go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis na hamhráin a bailíodh ó fhir faoi mhná nó a léiríonn peirspictíocht na mban in Albain agus in Éirinn a chur san áireamh i staidéir ar léiriú na mban i réimse an bhéaloidis:

...it is impossible to know who composed ballads about women and whether these compositions were intended as realistic, idealized, or didactic representations. Nonetheless, there is a certain amount of evidence suggesting that the ballads (and particularly ... unwed pregnancy ballads) are, in part at least, a woman's genre. This evidence must, of course, be speculative, but it is worth taking into consideration (Freedman, 1991: 7; bunbhéim).

...songs have also been included which were recorded from men but which indicate a possible female composer or a female point of view. Others offer representations of the female in the song text. Although each song is an independent unit, it ... may illustrate a particular aspect of women's lives as expressed through the singing tradition (Uí Ógáin, 2002: 1312).

Ciallaíonn **béaloideas faoi mhná** an t-ábhar béaloidis a bailíodh ó fhir, a d'fhoghlaim fir ó mhná nó a scríobh Mac Mathúna síos óna chuimhne féin faoi mhná agus/nó ina léirítear gnéithe de pheirspictíocht, saol nó taithí na mban sa tráchtas seo. Tá an t-ábhar a bailíodh ó mhná faoi mhná curtha san áireamh i mbéaloideas na mban.

2.3 Ról na mBan i mBailiú an Bhéaloidis in Éirinn

Scrúdaítear ról na mban i mbailiú an bhéaloidis in Éirinn mar bhailitheoirí páirtaimseartha agus mar fhaisnéiseoirí thíos. Ní phléitear na scoláirí béaloidis ar nós Mháire Mhic Néill agus Bhríd Nic Mhathúna, na poist eile a bhí ag mná i bPríomh-Oifig an Choimisiúin mar chlósscríobhaithe, chatalógaithe nó rúnaithe ná na mná a bhailigh ábhar béaloidis mar chuid de Scéim Bhailiúcháin na Scol (1937-1939) mar nach raibh baint ag Seán Mac Mathúna le hobair den chineál seo. Cé gur fhreagair Mac Mathúna ceistneoirí uaireanta, ba bhailitheoir páirtaimseartha é seachas freagróir ceistneoirí amháin agus ní chíortar rannpháirtíocht na mban san obair sin ach an oiread. Chabhraigh mná éagsúla ar fud na tíre le tiomsú an bhéaloidis de réir na litríochta.

Cíortar easpa banbhailitheoirí lánaimseartha agus na cúiseanna a bhí leis, chomh maith le tionchar an imeallaithe seo ar obair an bhailithe. Tugtar léargas ar na banfhaisnéiseoirí iad féin agus ar an gcaidreamh a bhí ag bailitheoirí an Choimisiúin le mná agus iad i mbun bailithe.

2.3.1 Bailitheoirí Béaloidis

Tagraíonn Micheál Briody agus Ríonach Uí Ógáin don fhíric nár fhostaigh an Coimisiún bean ar bith mar bhailitheoir lánaimseartha (Briody, 2008: 58; Uí Ógáin, 2014: 34). Seo roinnt de na cúinsí agus na fadhbanna a bhain leis seo:

- Bheadh ar bhean nuaphósta a post mar bhailitheoir lánaimseartha sa Choimisiún a fhágáil i ndiaidh lá a pósta mar gheall ar an gcosc ar mhná pósta bheith ag obair sa tseirbhís phoiblí (Briody, 2008: 57-58).
- Bhí obair chrua i gceist le post an bhailitheora lánaimseartha idir trealamh an eideafóin a iompar thar thír-raon garbh, taisteal chuig agus trí cheantair iargúlta, bheith amuigh déanach san oíche agus bheith ag obair le fir a chónaigh ina n-aonar (Briody, 2008: 461). Creideann Briody go raibh cúis inní ann maidir le sábháilteacht na mban agus iad i mbun dhualgais an phoist dá bhfostófaí iad mar bhailitheoirí lánaimseartha (2008: 462).
- Dar le Margarita Veronica O'Donoghue, 'the employment of women in a project of national and international importance [i.e. obair an Choimisiúin] would not have been socially acceptable or desirable in a nation still smarting from the ravages of a war of Independence followed by a bitter Civil War' (2016: 74). Níor ceapadh aon bhean ar Bhord an Choimisiúin ach an oiread: 'Ó Duilearga and his male colleagues on the Commission were products of their time and appear to have felt no need of a female perspective in supervising the running of the Commission' (Briody, 2008: 58).

Bhí stádas íseal ag mná in Éirinn sa tréimhse seo mar go raibh an t-údarás ag an gceann tí, sé sin, fear céile nó athair na mná. Is deacair scríobh faoi stádas na mban in Éirinn sna tríochaidí agus sna daichidí gan saothar Arensberg agus Kimball in iarthuaisceart

an Chláir a lua. Phléigh siad an bhearna mhór sa tsochaí phatrarcach in Éirinn idir fir agus mná agus na difríochtaí in obair agus i ról na mban agus na bhfear. Ní hamháin sin ach nótáladh deighiltí éagsúla i measc na mban iad féin. Ceann de na deighiltí is mó atá aitheanta acu idir mná fásta ná an difríocht idir 'bean' agus 'cailín'. Luann Arensberg nár tugadh stádas fásta do mhná neamhphósta, is cuma cén aois a bhí orthu. Ag caoga bliain d'aois, bheadh bean shingil fós ina 'cailín' i measc a pobail féin cé go dtabharfadh 'bean' ar a deirfiúr céile pósta nach raibh ach leath a haois ag fiche bliain is cúig (1937: 66, 216). Bhain neamhspleáchas eacnamaíoch le pósadh do mhná chomh maith: thuill bean chéile feirmeora tuarastal di féin as uibheacha agus im a dhíol mar go raibh sise freagrach as aire a thabhairt do na héin feirme agus as im a dhéanamh (Bourke, 1998: 113). Dar le Georges Zimmerman, '[w]omen tended to be excluded from public life, whatever influence they may have had at home', áfach (2001: 360). Bhí an pobal anuas ar mháithreacha aonair agus bhí daoine áirithe, mná agus fir araon, drochmheasúil faoi mhná pósta gan chlann (Nic Shuibhne, 1992: 13). Ba í an íomhá idéalach den mháthair phósta umhal a bhí i réim. Scríobh Bourke faoi thionchar íomhá na Maighdine Muire 'ar an meon a leag Bunreacht na hÉireann amach' i leith na mban freisin (1998: 107). Níor chloígh gach bean le gnásanna na sochaí mar a léirigh Brigittine M. French ina staidéar ar chaint agus ar thaithí na mban sna cúirteanna i gCo. an Chláir:

the discursive actions of these women from the laboring class, who were employed or were the wives of laborers and small farmers, often went against the imagined nationalist ideal of womanhood in the Free State. Women's multiple forms of direct discourse in the public space of the court challenged the early post-colonial notion that Irish women remained confined to private, domestic concerns (2018: 35).

Leag Arensberg béim ar idéal shaol na tuaithe agus ar aontacht na ndaoine ina leabhar *The Irish Countryman* (1968). Thacaigh an íomhá rómánsúil seo leis an bhfís a bhí ag de Valera do náisiún na hÉireann (French, 2018: 22). Is fiú a lua go raibh na hantraipeolaithe agus béaloideasaithe an Choimisiúin ag brath ar thacaíocht an Rialtais sna tríochaidí (French 2018: 22; féach 1.3. thuas).

Cé nár fostaíodh mná mar bhailitheoirí lánaimseartha, chabhraigh mná céile na mbailitheoirí lánaimseartha leo ina gcuid oibre: '[t]he influence of collectors' wives should not be overlooked in relation to a female influence on the material in the [National Folklore Collection]' (Folsom, 2015: 256-257). Chuaigh Máire, bean Thaidhg Uí Mhurchú leis ar thurais agus é ag bailiú béaloidis, mar shampla, in iardheisceart an

Chláir (Lysaght, 2007a: 113). B'as clann mhór scéalaíochta í Anna Nic Gabhann, bean chéile Sheáin Uí Eochaidh, agus chabhraigh Alice lena fear céile, Michael J. Murphy, chun ábhar íogair a bhailiú ó mhná i gCúige Uladh (Folsom, 2015: 256-257; O'Connor, 2017: 268). Bhailigh Michael agus Alice 'folk-honey' ó mhná i dtaobh an 'delicate thread of sex' idir 1949 agus 1959 i dTír Eoghain (O'Connor, 2017: 268). Níor scrúdaíodh tionchar a mná céile ar na bailitheoirí lánaimseartha go mion sa litríocht, áfach.

Bhí ról láidir tacaíochta ag mná éagsúla i mbailiú an bhéaloidis in Éirinn, mar shampla, mná ósta nó mná céile na scéalaithe fireanna. Mar a deir Ó Laoire: '[m]anaging the folklorist's visit falls to the woman as hostess, to be smoothly accommodated with other jobs ... though it was ... a special occasion which the woman was happy to organize' (2017: 128).

Chonacthas gur threoraigh an Mháthair Treasa Ní Fhlannagáin Ó Duilearga go Dúlainn sa chéad dul síos agus go bhfuair sé lóistín lena muintir ann (féach 1.3 thuas). D'éascaigh mná jab an bhailitheora trí choinneall nó lampa a lasadh chun solas a thabhairt dó agus é ag scríobh síos scéalta nó béaloideas eile ó bhéalaithris an scéalaí, cosúil le Méiní do Robin Flower: '[s]o Méiní lit a candle at my elbow to throw light on my book' (Flower, 1944: 63). Chabhraigh mná le hobair Mhic Mhathúna chomh maith. Thug Bríd, Bean Sheáin Chlárach, béile breá dó nuair a tháinig sé ar cuairt chuici agus chuig a fear céile: '[a]ch nach é fialmhaireacht agus duineamhlacht an tseansaoghail do bhí ag briseadh amach ins an seanmhnaoi bhocht nuair a bhí sí ag tafant agus ag síortafant orm breis don bhiadh agus don dighe a chaitheamh ar a bord' (CBÉ 604: 244). Chiúnaigh Bríd na páistí agus fear eile a bhí i láthair ionas go mbeadh Mac Mathúna in ann bailiú ó Sheán gan aon duine ag cur isteach air: '[m]arach an nós a mbíodh ag an seanmhnaoi ag d'iarradh é a cheansú ní dhéanfainn aon talamh [leis an scéalaí Seán Clárach]' (CBÉ 604: 244-245). Ghlan bean tí eile spéaclaí Mhic Mhathúna dó sular thosaigh sé ag scríobh: 'agus pé ceó do bhí ortha baineadh astu é' (CBÉ 426: 299). Chabhraigh neacht Mhic Mhathúna leis nuair nach raibh peann ná páipéar aige chun an t-amhrán 'Mickey Reilly' a scríobh síos óna chuid nótaí bunaithe ar bhéalaithris an scéalaí Tomás Mac Conamara as Inis Díomáin. 'Nuair a chonaic an cailín beag an cruachás a raibh mé ann fuair sí smut de bhilleog páipéar litreach agus smut beag do *pencil dom*' (CBÉ 875: 257).

Fostaíodh mná i measc na mbailitheoirí páirtaimseartha. Luann Briody na mná seo: Bairbre Ní Chonaire (Gaillimh), Bríd Ní Ghamhnáin (Sligeach), Áine Ní Chróinín (Corcaigh), Máire Bhreathnach (Ciarraí), Eibhlín Ní Shé (Ciarraí), Áine Uí Chiarmhaic (Laois), Nora Wheeler (An Iarmhí), Mary Dunphy (Loch Garman), Jeanne Cooper Foster (Aontroim agus Doire) agus Áine Nic an Leagha (Dún na nGall) (Briody, 2008: 527). D'fhéadfaí a thuiscint ón liosta seo go raibh banbhailitheoirí páirtaimseartha ag obair sa cheithre chúige i rith na dtríochaidí agus na ndaichidí agus go raibh spéis ag mná a bheith páirteach i mbailiú an bhéaloidis go gairmiúil ar bhonn páirtaimseartha ar a laghad.

Rinne Ríonach Uí Ógáin an t-aon iniúchadh go dáta ar shaothar banbhailitheora pháirtaimseartha in Éirinn (2014: 33-47). 'Given the lack of full-time female collectors, the work of women employed in other capacities needs to be considered ... Only by drawing attention to the activities of female, part-time collectors can the significance of their ethnographic fieldwork be appreciated' (Uí Ógáin, 2014: 34). Tugann sí léargas breá ar an obair a rinne Bríd Ní Ghamhnáin as Sligeach don Choimisiún ó fhianaise a comhfhreagrais le Seán Ó Súilleabháin. Mar a deir Uí Ógáin, dhírigh scoláirí a n-aird ar shaothar na mbailitheoirí lánaimseartha ach bhailigh beagnach 400 duine eile, idir fhir agus mhná, ábhar béaloidis don Choimisiún mar bhailitheoirí páirtaimseartha, mar rannpháirithe deonacha agus mar fhreagróirí ceistneoirí, gan Bailiúchán na Scol a chur san áireamh. Bhailigh Ní Ghamhnáin ábhar ó fhir agus ó mhná ó c.1936 ach ní raibh Uí Ógáin in ann teacht ar dháta tosaithe beacht di mar go bhfuil roinnt bearnaí san eolas i gCnuasach Bhéaloidis Éireann maidir le Ní Ghamhnáin. Ós rud é nach bhfuil staidéir eile déanta ar bhanbhailitheoirí páirtaimseartha, ní féidir a rá an cas eisceachtúil é seo nó arbh é an rud seo an nós coitianta i dtaobh na mban. Luaitear 'feilméara' agus 'bean tíos' mar shlite beatha na bhfaisnéiseoirí (Uí Ógáin, 2014: 39). Ní thugann Uí Ógáin an cóimheas fir is mná le fios ach bhí sí ag plé le comhfhreagras an bhailitheora amháin san alt seo. Bhailigh Ní Ghamhnáin dhá mhíle leathanach d'ábhar béaloidis éagsúla óna cuid faisnéiseoirí i dtrí chontae (Sligeach, Port Láirge agus Maigh Eo), mar shampla, cuntas ar thithe móna, stairsheanchas agus sísheanchas. Dar le Uí Ógáin, thug Ní Ghamhnáin eolas comhthéacsúil a léirigh tábhacht an bhéaloidis a bhailigh sí, mar shampla, fianaise go raibh scéal áirithe á scaipeadh sa cheantar caoga bliain sular bhailigh sí é. Bhí dúil mhór ag Ní Ghamhnáin san obair agus d'aithin lucht an Choimisiúin an tuiscint iomasach a bhí aici do bhailiú an bhéaloidis. Chuir Ó

Súilleabháin in iúl di go minic ina litreacha chuici go raibh an-mheas aige uirthi. D'iarr sé uirthi cabhrú leis le ceisteanna sainiúla agus chuir sé ceistneoirí chuici freisin: '[t]hese questionnaires were not routinely circulated to all part-time collectors, suggesting that her work was valued within the Commission' (Uí Ógáin, 2014: 37). Chuir sí freagraí ar ais chuig Ó Súilleabháin maidir le conas súpán a dhéanamh (Mí na Nollag 1937) agus faoi bhataí scóir. Thagair Seán Ó Súilleabháin do 'particular qualities of material collected by a female collector' i mbailiúchán Ní Ghamhnáin (Uí Ógáin, 2014: 43). Mhol sé an cuntas uaithi ar arán: '[n]í dóigh liom go bhféadfadh éinne ach bean an t-eolas san ar an arán a chur síos chomh cruinn' (Uí Ógáin, 2014: 44).

Mar chodarsnacht ar seo, áitíonn Marguarita Veronica O'Donoghue nár tugadh spreagadh nó misneach do mhná (óga) bheith páirteach i mbailiú an bhéaloidis i gceantair Iorrais, Co. Mhaigh Eo:

[m]y findings, however, do highlight that women were not considered suitable collectors, except in rare circumstances or as teacher-respondents to questionnaires. Those [younger] women who did contribute were summarily dismissed when and as their work was deemed to be of a low standard. This may have been done politely but also with an air of finality that indicated 'women need not apply' (2016: 91).

Bhí cinntí deacra le déanamh ag lucht an Choimisiúin agus ag mná iad féin, áfach, i gcásanna áirithe. Míníonn O'Donoghue gur inis Seán Ó Súilleabháin do bhean óg, Éilís Ní Dheagánaigh, a chuir cóipleabhar chucu nach gcuirfeadh sé 'aon c[h]óipleabhar eile chút óir tá easba airgid orainn fé láthair' (CBÉ 1355: 108 luaite in O'Donoghue, 2016: 67). Ní rún é go raibh deacrachtaí airgeadais ag an gCoimisiún. Feictear é seo i gcomhfhreagras Mhic Mhathúna le foireann an Choimisiúin chomh maith. Rinne sé gearán leo óir ní bhfuair sé ach 'deich [scilling] agus raol' uathu seachas an gnáthphá don chóipleabhar a chuir sé chucu (Mac Mathúna, 1941). Léirigh Éilís í féin ina litir go raibh dua ag baint le bailiú an bhéaloidis di. Ní raibh sí in ann ceann de na cóipleabhar a líonadh isteach go hiomlán, fuair beirt dá cuid faisnéiseoirí bás agus bhí post faighte aici sa mhonarcha cniotála chomh maith (CBÉ 743: 377 luaite in O'Donoghue, 2016: 63). Admhaíonn O'Donoghue '[that] the work of collecting folklore, although undoubtedly, such work alleviated the effects of poverty ... might not have been regarded by [Éilís] ... as a viable economic option' (2016: 63).

2.3.2 Banfhaisnéiseoirí

Ón méid atá pléite thuas maidir le ról na mban mar bhailitheoirí, ní haon ionadh é go raibh tuairim sheanbhunaithe ann sa litríocht go ndearnadh faillí i mbailiú ó mhná i rith aimsir an Choimsiúin (1935-1970). Dar le Nic Suibhne, bhí tionchar ag líon beag na mbanbhailitheoirí páirtaimseartha agus an easpa banbhailitheoirí lánaimseartha ar an méid ábhar a bailíodh ó mhná: '[w]ith male collectors outnumbering female ones, it is not surprising to find that only about one sixth, or 6,000, of the 40,000 informants were female, and that the material comprising the archive thus reflects a particularly male perspective' (1992: 12).

Bréagnaíonn Briody figiúirí Nic Suibhne maidir le líon na mban agus líon na bhfear in innéacs na bhfaisnéiseoirí i gcartlann Chnuasach Bhéaloideas Éireann (2008: 465-467). Tá sé den tuairim go raibh Éilís Ní Dhuibhne níos giorra don fhírinne leis an ráiteas go gcuimsíonn mná trian nó ceathrú de líon iomlán na bhfaisnéiseoirí (2002: 1217).

Mar a luann Briody, ní leor féachaint ar mhéid an ábhair a bailíodh ó mhná i gcomparáid le méid an ábhair a tiomsaíodh ó fhir, áfach (2008: 469). Ní cúis mhór iontais é go bhfuil níos mó leathanaigh ó fhir sa Phríomhbhailiúchán i gCnuasach Bhéaloideas Éireann toisc gur bailíodh scéalta fada uathu i gcomparáid leis na scéalta gearra a tiomsaíodh ó mhná áirithe de ghnáth. Molann Briody '[c]onsequently, it would be better to contrast the number of individual items of tradition collected from men and women' (2008: 469).

Ní raibh scoláirí ar nós Anne O'Connor ag maíomh 'that Irish national folkore is absent of women' mar a deir Seaghan Mac an tSionnaigh (2018: 132). An chomhairle a bhí aici ná aird a tharraingt ar na mná éagsúla agus ar an méid a chuir siad leis an bPríomhbhailiúchán (O'Connor, 1986/1987: 304). Dar le Lillis Ó Laoire, 'recent work continues to highlight the inequality experienced by women with regard to their contribution to Irish folklore studies' (2017: 123). Ach cháin Bo Almqvist agus Roibeard Ó Cathasaigh an dearcadh:

gur deineadh faillí bailiú a dhéanamh ó mhná in Éirinn toisc gurb fir ar fad iad bailitheoirí lánaimseartha Choimisiún Béaloideas Éireann. Tharlódh, mar sin féin, gur

gá maolú a dhéanamh ar thuairimíocht dá shórt i bhfianaise a bhfuil d'ábhar bailithe ó Pheig Sayers, ó Mháire agus ó Cháit Ruiséal, agus ó scéalaithe ban eile (Almqvist & Ó Cathasaigh, 2002: 41).

Léirítear thíos gur éirigh le go leor fir bailiú ó mhná.

Chruinnigh bailitheoirí an Choimisiúin ábhar béaloidis ó mhná i gceantair éagsúla. Ní fhágann Ó Duilearga mná ar lár ina léacht ar an scéalaí Gaelach agus ar scéalaíocht thraidisiúnta na hÉireann. Maíonn sé go luath ann go raibh mná agus fir araon freagrach as caomhnú an bhéaloidis in Éirinn: 'the men and women who preserved through the centuries the oral literature of the people' agus arís '[t]he men and women who have given so many thousands of tales and songs to our collectors have done so without question - *le croí mór maith amach*' (1945: 5, 23; bunbhéim). Luann sé go raibh banfhiannaithe ann ar nós Eibhlín Ní Loingsigh agus Mrs. Griffin as Ciarraí a d'inis scéalta faoi Fhionn Mac Cumhaill agus an bhuíon laochra, na Fianna (1945: 7).

Thug Tadhg Ó Murchú cuntas ar na 'scéalaithe mná' ar thiomsaigh sé béaloideas uathu, mar shampla: Eibhlín Ní Loingsigh nó Bean Uí Churráin, Nóra Joe nó Bean de Búrc, Máirín Joe (deirfiúr le Nóra Joe) nó Bean Thaidhg Phaidí Uí Chonchobhair, Máire nó Bean Uí Ghriffín, Bríd Bean Mhichíl Uí Choisdealbha, Máire nó Bean Sheáin Uí Ailíosa, Nóra de Róiste nó Bean Sheáin Uí Fhiannachtaigh, Máire Ní Mhodhráin nó Bean Shéamuis Uí Sheochrú (1948: 41-43).

Chaith Ó Murchú go leor ama ag bailiú béaloidis ó Bhríd Bean Uí Choisdealbha, baintreach as Cill Bheathach, Co. an Chláir sna blianta 1942, 1943 agus 1950. Thug Lysaght léacht ar an 8 Feabhra 2021 faoin obair a rinne Ó Murchú agus é ag bailiú béaloidis in iardheisceart an Chláir agus luaigh sí nach raibh scanradh ar Bhríd faoin eideafón, cé nach raibh sí in ann an gléas taifeadta a fheiceáil toisc go raibh sí ina dall (Lysaght, 2021, gan lch). Is léir go raibh an-fhonn uirthi a scéalta agus a seanchas a roinnt: '[Ó Murchú] set up the Ediphone and she narrated into it without any difficulty - indeed, she filled five cylinders before setting the 'horn' (mouthpiece) aside' (Lysaght, 2007a: 122). Thiomsaigh Ó Murchú réimse leathan ábhar ó Bhríd: 'he collected material which amounted to two hundred and eighty two hand-written pages when transcribed, and which included versions of eleven international tales [in 1942]' agus 'he recorded one hundred and twelve hand-written pages of material from her in the

course of his 1943 trip, which included six international tales' (Lysaght, 2007a: 124-125). Ba í Bríd an t-aon bhean amháin ar bhailigh Ó Murchú uaithi go forleathan ach chruinnigh sé ábhar béaloidis ó mhná eile sa cheantar máguaird: Bean Thomáis Uí Chatháin (máistreasc scoile), Carraig an Chabhaltaigh; Bríde Bean Phádraig Uí Chatháin (siopadóir), Cill Chloichir agus Mary McMahon (baintreach), Lake Street,²⁷ gar don Chuaisín.

I measc an ábhair a chruinnigh Ó Murchú ón mbanscéalaí, Máiréad Ní Mhionacháin as Goirtín ar leithinis Bhéarra, Co. Chorcaí idir 1950 agus 1952, tá stairsheanchas, leigheasanna na ndaoine agus eolas faoi fhéilte na bliana, piseoga, caitheamh aimsire agus slite beatha na ndaoine. Chuir Verling eagrán de chuid den bhéaloideas a bhailigh sé uaithi i gcló in 1999:

Tá sé soiléir go raibh ana-mheas [ag Ó Murchú] ar an seana-eolas a bhí aici sin, ar a dearcadh ar an saol agus ar a creidiúintí, agus, dá bhrí sin, gur thug sí sin dó a cuid seanchais le dúil, agus gur ghlac sí go fonnmhar leis an seans chun ana-chuid de na tuiscintí ar an saol a bhí aici a roinnt air (1999: 18).

Léiríonn Éilís Ní Dhuibhne agus Dáithí de Mórdha go raibh Seosamh Ó Dálaigh ar a chompond ag bailiú ó mhná freisin (Ní Dhuibhne, 2002: 1217; de Mórdha, 2015: 157).

During his first year, 1936-7, Seosamh Ó Dálaigh collected extensively from Máire Ruiséal, from her sister Cáit, and from Méiní Uí Dhuinnlé, to mention but a few of the women narrators in his collections. He was later responsible for recording from Peig Sayers the largest body of oral narrative ever collected from any Irish storyteller (Ní Dhuibhne, 2002: 1217).

I mBaile Ícín, chaith Ó Dálaigh oícheanta ag éisteacht le ceathrar ban, Cáit agus Máire Ruiséal, Méiní Céitinn Uí Dhuinnshléibhe agus a hiníon, Méin, 'agus na scéalta go rábach acu ar fad':

aon rud a dh'fhéadfaidís a dhéanamh dom dhéanfaidís dom é go deimhin. Is dócha ná raibh a leithéidí in aon áit. Ach ina dhiaidh sin a fuair amach é, ar fhaid mo bhlianta go léir ag bailiú, gur dócha go seasódh sé amach ina scéal ann fhéin go mbeadh ceathrar ban ansan ar aon tinteán amháin ar gach re scéal ar feadh mórán oícheanta, ar feadh mórán seachtainí (Tyers, 1999: 18 luaite in de Mórdha, 2015: 157).

²⁷ Níl an logainm seo i mBunachar Logainmneacha na hÉireann.

Mar a luann de Mórdha, scéalta fada den chuid is mó a bhí ag Máire Ruiséal ach bhí cuid mhaith seanchais i bhfoirm scéalta nó paidreacha ag a deirfiúr Cáit (2015: 157-8). Thiomsaigh Ó Dálaigh, Mícheál Ó Gaoithín (mac Pheig Sayers), Máire Ní Ghuithín agus Leslie Matson scéalta agus seanchas ó Mhéiní Uí Dhuinnshléibhe (de Mórdha, 2015: 138).

Bhí fonn ar mhná áirithe a gcuid scéalta agus seanchas a roinnt le bailitheoirí an Choimisiúin freisin. Léirítear sa sliocht seo a leanas ó dhialann Mhic Mhathúna an chaoi a shníomh Bríd Uí Dhanachair i Sráid na nIascairí amhrán isteach ina gcuid cainte:

Bhí cur síos fada againn ar cúrsaí an saoghal beag inár dtimpeall agus ba bheag an mhoill ar uair an chloig nó dhó imtheacht tharainn go pléisiúrtha. I gceann tamaill chrom duine de sna seanmná ag aithris na smuit do seanamhráin do tháinig chuici i gcúrsa a saoghail. Measaim go bhfuil na seanrudaí seo i leabhartha le fada riamh ach measaim ná fuil siad ins na leabhartha mar atá siad ag mo bhean mhuinteartha (CBÉ 639: 184-185).

Tháinig Anna Nic an Luain ar cuairt chuig an teach ina raibh an t-eideafón ag an mbailitheoir béaloidis Liam Mac Meanman:

agus a cuid criotail leihí le scéaltaí a chur isteach ar a mheaisín. Labhrann sí amach go h-árd, soileir, agus tá sí toilteanach achan rud a ínnse. Bhí me ag cur scéaltaí i gcuimhne duihí agus chuir sí isteach iad fada agus goirigh (CBÉ 295: 69).

Cúpla lá i ndiaidh na cuairte seo, tháinig Anna ar ais chun scéalta a aithris arís do Mhac Meanman sula raibh na scéalaithe fireanna réidh don seisiún scéalaíochta:

[a]g tuitim na h-oíche thanaic Anna Nic Luain isteach. Tá scéal beag ngumsa agus cuirfe mé isteach e sul a dtig na fir isteach a Liam' ar sise. Chuir sí trí cinn isteach. Sgríobh me amhrán annsin uaihi. Thanic [na] fir isteach annsin. 'Scríobhfa muid amhrán eile anois go mbeidh a piopa caithte ag na fir' ar sise. Tá fonn uirthi na reathannai a thóirt uaihi' (CBÉ 295: 73).

Chaith Seán Ó hEochaidh dhá bhliain i gceantar na gCruacha Gorma agus dar leis féin, chaith sé bliain amháin den dá bhliain seo ag bailiú béaloidis ón mbean chéanna:

Chaith mé dhá bhliain ag obair ins a'cheanntar, agus ar feadh bliana de'n am sin, féadaim a rádh gur chaith mé an t-am uilig a' scríob' ó Anna. ... Scríobh mé corradh le dhá chéad abhrán uaithe, agus i dtaca le scéalta, seanchas, paidreacha, agus mioneolas eile de, níl áireamh air ar scríobh mé uaithe (1949: 6).

Sa bhliain 1938 amháin, thug Ó hEochaidh cuairt ar sheisear banscéalaithe (Ní Dhuibhne, 2002: 1217).

Ní gan dua a thiomsaigh bailitheoirí scéalta agus seanchas ó mhná agus ó fhir araon, áfach. Tugann Ó Laoire faoi deara '[a]lthough he [i.e. Seán Ó hEochaidh] collected very successfully from individual women, it seems that women as a group could be a cause of some stress for him' (2017: 124). Chuaigh a thaithí le bean óg a bhí fós ag déanamh bróin i bhfeidhm go mór air ach níos tábhachtaí fós, '[i]t... dramatically shows how women, in facilitating storytelling, were central to achieving success in recording it' (Ó Laoire, 2017: 125). Cheap an bhean óg go raibh a fear céile ag baint sult as an seisiún taifeadta agus nár chóir dó páirt a ghlacadh sa spórt seo toisc go bhfuair a mac bás le déanaí (2017: 126-127). Níor cheil sí a brón agus chuir sí míshuaimhneas agus fearg ar Ó hEochaidh mar go raibh air deireadh a chur leis an seisiún le fear céile na mná dá bharr.

Chuaigh tionchar daoine eile i gcoinne obair Mhic Mhathúna i gcás aonair amháin. Bhailigh sé cúpla seanamhrán ó scéalaí áirithe (ní thugann sé ainm an fhir le fios). Ina thuairim féin, d'inis daoine ón gceantar don scéalaí agus dá bhean 'go raibh buadhachtáil maith agam féin as na hamhráin agus as na scéalta do bhí mé ag bailiú, agus nár cheart oiread is focal do thabhairt dom gan díolaíocht' (CBÉ 842: 440). Nuair a thug Mac Mathúna cuairt orthu arís, míníonn sé go raibh bean an scéalaí suite taobh thiar de faoin lampa ar an mballa agus go raibh an seanfhear suite os a chomhair. Níor éirigh leis aon rud a bhailiú:

thug mé fé an aire scáile lámh an duine ag rince go bagrach ins an mballa amach os mo chomhair. Thuig mé láithreach go raibh an bhean ag bagairt ar an seandúine gan dada do thabhairt uaidh. Agus thuig an seandúine an bagairt... Níor chuaigh mé ina ghoire níos mó, agus thug mo dhuine muinteartha a chuid amhráin san talamh leis (CBÉ 842: 440-441).

Bhí ar Mhac Mathúna a bhean mhuinteartha i Sráid na nIascairí, Bríd Uí Dhanachair, a mhealladh chun véarsaí de sheanamhrán a roinnt leis cé gurb í Bríd féin a d'fhiafraigh de ar thug sí an t-amhrán sin dó go fóill. Nuair a d'iarr Mac Mathúna uirthi é a thabhairt dó ar an spota, d'inis sí dó gan bacadh leis go dtí a chéad chuairt eile chuici mar 'go raibh sé ródhéanach ins an oidhche' (CBÉ 875: 244). Is díol spéise é go meallann Mac Mathúna na véarsaí uathí trí gheallúint di go mairfidh a cuimhne: '[b]hí mé ag bladar

léithe ar mo dhian dhíchilt. Dúras go mbeadh a hainm leis na véarsaí sin agus go mbeadh daoine ag guídheamh lena hanam nuair a bheadh sí imithe. Do ghéill sí fé dheireadh' (CBÉ 875: 244-245).

Níor lig Bríd do Mhac Mathúna a leagan den scéal 'An Táilliúir agus an Sagart' a scríobh síos uaithi ach an oiread agus bhí air é a bhreacadh síos óna chuimhne féin 'tamall maith' ina dhiaidh sin gan cúnadh ó nótaí ar bith mar gur thaitin an scéal leis.

pé aisteamhlacht a bhí ag gabháil di ní dóigh go leigfeadh sí dhom é a thógaint ar páipéar. ... Ach ní fhéadfainn scéilín comh suairc leis a fhágaint uaim agus dhein mé mo dhíchilt é a thógaint comh gairid don inseacht a d'airigh mé air, is do b'fhéidir liom (CBÉ 445: 144).

Fiú nuair a bhí ábhar béaloidis bailithe acu ó mhná eile, d'éiligh bailitheoirí an Choimisiúin go raibh sé thar a bheith deacair dóibh aon rud a bhailiú ó mhná mar go raibh siad sáite ina gcuid oibre ar fud an tí: '[c]ollectors' memories and diaries indicate that it was difficult to collect from women: they were always jumping up to do something in the kitchen' (Ní Dhuibhne, 2002: 1218). Léiríonn Mac Mathúna nár fhan Bríd Bean Uí Dhanachair ina suí fad is a bhí Mac Mathúna ag bailiú uaithi:

[n]for bhris sí an t-arán an bhean eile is córa, ná is nádúrtha ná an bhean do thug na véarsaí sin domhsa, ach, dálda formhór, nó pér domhan é, go leor de sna seandaoine a raibh scéal nó amhrán acu níorbh bhfuirist léithe suí síos fad do bheadh duine le peann nó le *pencil* ag tóg[aint] síos uathu (CBÉ 875: 246).

Grinníonn Ailbhe Nic Giolla Chomhaill ceist na mban i gcomhthéacs an bhailithe a rinne an bailitheoir Proinnsias de Búrca ar son Choimisiún Béaloideas Éireann i nDúiche Seoighe in iarthar na Gaillimhe (2018: 43-47). Thiomsaigh an Búrcach i bhfad níos mó ábhair ó fhir ná ó mhná sna luathbhlianta cé gur mhol Ó Duilearga dó labhairt le mná: '[r]inne de Búrca neamhaird den chomhairle seo agus níor labhair sé leis na mná a luaigh an Duileargach leis' (Nic Giolla Chomhaill, 2018: 46). Léiríonn an fhianaise seo nach raibh dearcadh frithbhanda ag Ó Duilearga. Thuig sé luach na mban mar bhanscéalaithe agus mar sheanchaithe freisin nuair a bhí aithne aige orthu, is cosúil.

Thiomsaigh de Búrca amhráin, piseoga, scéalta agus seanchas ó mhná eile, áfach, ar nós Mháire de Búrca agus Bhríd Ní Mháille, nuair a d'iarr Ó Duilearga air 'fairy tales, ghost stories, traditions about families and placenames, and information regarding the social

and economic life of the people in past times' a thiomsú (Ó Duilearga, 1936b luaite in Nic Giolla Chomhail, 2018: 47). Bhí Ó Duilearga lánsásta leis an méid a bhailigh de Búrca ó mhná sa deireadh ach theip ar de Búrca tábhacht bhéaloideas na mban a aithint ar dtús. Cheap sé nach raibh na seanscéalta fada ag mná agus nach raibh fiúntas ar bith lena gcuid seanchais. Bhí níos mó suime aige go pearsanta sna scéalta fada a d'inis fir go hiondúil. Tugann Uí Ógáin an claonadh seo faoi deara: 'ina bhailiúchán toirtiúil tá ... saibhreas iontach scéalta ann thar aon ghné eile den bhéaloideas' (1996/1997: 354). Nuair a fuair sé amach nach raibh 'scéalta' (.i. seanscéalta) ag Bríd Ní Mháille as Caisleán na hÉille, 'dúirt sí liom nach raibh aici ach cúpla scéilín faoi shíoga a thug sí do na páistí. D'fhág mé slán aici agus tháinig mé abhaile' (CBÉ 500: 189). Tugann Nic Giolla Chomhail le fios 'go dtugadh an Búrcach tús áite d'fhir seachas do mhná mar fhaisnéiseoirí nuair a bhí rogha aige idir an dá dhream', mar shampla, i gcás an cheistneora faoi bhataí scóir, cheistigh de Búrca scéalaithe fir ar dtús ach bhí cuid acu aineolach ar na bataí scóir (2018: 45). Ba ó mhná a fuair sé an t-eolas: '[i]s ó na seanmhná atá mé ag fáil céibí tuairisc atá mé ag fáil faoi na bataí scóir. Chinn sé orm aon tuairisc a fháil ó lucht na scéalta ach fuair mé roinnt ó na seanmhná i nDubhachta' (de Búrca, 1936 luaite in Nic Giolla Chomhail, 2018: 45). Mar a luann Farrer: '[t]he folk are not at fault for the suppression of half of the folklore of a particular society or area. Folklorists must acknowledge their bias' (1975: ix).

Tá codarsnacht idir dearcadh Phroinnsias de Búrca agus dearcadh Mhic Mhathúna maidir le béaloideas na mban. Níor mhol lucht an Choimisiúin do Mhac Mathúna cuairt a thabhairt ar aon bhean de réir an chomhfhreagrais eatarthu ach thug Mac Mathúna cuairt ar sheachtar banfhaisnéiseoir is fiche i rith a shaoil oibre mar bhailitheoir páirtaimseartha i gcomparáid le seachtar fear is céad. Cé gur bhailigh sé níos mó ábhair béaloidis ó fhir ná ó mhná, bhí beirt bhan, Bríd Uí Dhanachair agus Máire Mhic Consaidín, i measc na bhfaisnéiseoirí a thug formhór an bhéaloidis dó le linn a ghairme (ceithre shampla is tríocha ó Bhríd agus sampla amháin is fiche ó Máire d'ábhar béaloidis). D'aithin Mac Mathúna saineolas a chuid banfhaisnéiseoirí freisin. Fuair sé amach nach raibh na scéalta fada ag a fhaisnéiseoir Máire Mhic Consaidín ach mhol sé í as an méid béaloidis eile a bhí ar eolas aici: 'do thóg mé uaithi cúpla seanphaidir agus cúpla amhrán. Níl aon seanscéal aici ach tá na seanamhráin go binn agus go beacht agus dá thoisc sin is gairid go dtéigh' mé chuici aríst le Toil Dé' (CBÉ 39: 345). Níor bhailigh Mac Mathúna ach blúire béaloidis amháin ó bhanfhaisnéiseoirí áirithe, mar shampla,

an scéal 'Duine Soir, Duine Siar' óna aintín Sinéad Uí Chilltreáin sa bhliain 1930 ach seans nach raibh an tsláinte go maith aici óir fuair sí bás i Márta 1934 ag aois 85 (CBÉ 38: 274-275; 'Jane Shannon', 1934).

Tagraíonn Verling don tuairim choitianta go raibh sé thar a bheith deacair d'fhir béaloideas a bhailiú ó mhná ach nocht garíníon an scéalaí dó gur stop an bailitheoir béaloidis Tadhg Ó Murchú a seanmháthair agus í ag insint rudaí áirithe dó agus níor thuig sí cén fáth: 'cuireadh Tadhg cosc ar chaint na seanamhná seo uaireanta agus seans maith gurbh é a bhí i gceist leis an gcosc seo ná í a chur bunoscíonn le a bheith ag caint ar nithe a cheap Tadhg nach raibh aon tábhacht ag baint leo' (Verling, 1999: 17).

Tharla an rud céanna le banfhaisnéiseoir eile ón gceantar céanna chomh maith. Cheap Ó Murchú nach raibh an sórt eolais a bhí á lorg aige ag an tseanbhean seo ach, mar a léirigh Verling, bhí eolas eile luachmhar aici faoina taithí phearsanta ar imirce go Meiriceá (1999, 18). Thagair Angela Bourke do thaighde Hasin Diner a mhíníonn gur eisceachtaí ab ea banimircigh na hÉireann toisc go ndeachaigh siad ar imirce ina n-aonar (1998: 111-112). Ní raibh aon tairbhe le baint as cuntas ar shaol an bhanimircigh, dar le hÓ Murchú, agus rinneadh faillí ar pheirspictíocht eile de shaol na mban sa chaoi seo. Tugann Verling 'sampla eile den "tunnel vision of folklore scholarship"' air seo (1999: 18). Níor bhailigh Mac Mathúna aon rud ó mhná muinteartha leis faoina saol thar lear ach an oiread. Mar a luadh i gCaibidil 1, chuaigh Bríd Uí Dhanachair ar imirce go Meiriceá lena fear céile in 1885 agus cé gur thug sé cuairt uirthi go rialta i Sráid na nIascairí, níl cuntas tugtha i gCnuasach Mhic Mhathúna maidir lena taithí féin ar an imirce. Luaigh Mac Mathúna go raibh cuimhne shármhaith ag Nóra Uí Thiarnaigh i dtaobh na rudaí a thit amach i rith a saoil ach níor luaigh sé í mar fhaisnéiseoir ina Chnuasach, ach i gcuntas dialainne amháin. Scríobh sé gur thug sí eolas dó maidir le cairn ar thaobh an bhóthair ach bhí sé amhrasach faoi: '[b]'fhéidir go raibh sin amhlaidh ach caithfaidh mé breis tuairisc do chuir' (CBÉ 604: 180). Nuair a chuaigh Mac Mathúna ar thóir toibreacha, ba mhinic a bhuaíl sé le bean ag an tobar a bhí eolach faoi na creidimh a bhain leis. I gcás amháin, áfach, chaill sé amach ar dheis bailithe mar go raibh drogall air an bhean a cheistiú faoi na paidreacha a deirtear ag an tobar mar chuid den turas (CBÉ 639: 142-143).

Maíonn scoláirí éagsúla go mbeadh sé deacair d'fhir ábhar íogair a bhailiú ó mhná (Verling, 1999: 15, cuir i gcás). Bheadh drogall orthu labhairt le mná faoi mhíostrú nó topaicí eile ar nós gnéasachta. Mar a léiríonn Nic Suibhne, níl ach trácht amháin ar an bhfuil mhíosta sa leabhar *A Handbook of Irish Folklore* (1992: 14). Seans go raibh ar Ó Súilleabháin ábhar den chineál seo a fhágáil as an leabhar ar eagla go ndéanfadh an Bord Cinsireachta cinsireacht air (Briody, 2008: 470). Cuireann Ní Dhuibhne an cheist: dá mbeadh banbhailitheoirí lánaimseartha fostaithe ag an gCoimisiún, an mbeadh spéis acu ábhar íogair a bhailiú ó mhná ach an oiread? (2002: 1217). An mbeadh bean sásta labhairt le bean eile, stráinséar, faoi mhíostrú nó rudaí príobháideacha eile? Creideann Ríonach Uí Ógáin go bhfuair sí scéal ó Cháit Bean Uí Chaonaigh maidir le nósanna breithe agus tinneas linbh toisc gur 'woman to woman situation' a bhí ann. (2013: 121). Seo an scéal a d'airigh Cáit óna mháthair:

Cáit told of a woman who gave birth alone on the island of Cruach na Caoile ... The woman was married and was expecting her first child. Her husband had to go to the mainland and a sudden storm prevented him from returning that night. She went into labour and prayed for assistance. ... when the child was born she cut the cord and placed the child in the blanket. Something told her to place the child beneath her at the edge of the bed and she did so. She was sure it was the devil who came and spoke saying: '*Marach gur firinneach atá ar bord agat, bheadh scéal eile agat*' [If you hadn't had a boy, it would be different story] implying that he would have killed her had it been a female child (2013: 121-122; bunbhéim).

Ceapann Briody go mbeadh gá le banbhailitheoirí chun nósanna a bhain le mná amháin a thaifeadh uathu: '[i]t is quite likely that the employment of full-time female collectors would have resulted in more material being recorded from women' (Briody 2008: 471). Aontaíonn Siobhán Ní Shúilleabháin le tuairim Briody agus léiríonn sí saibhreas sheanchas na mban sa sliocht seo:

is mó rud ná luafadh seanchaí mná le fear - na nósanna a bhain le cúraimí ban, abair, m.sh. an aire a tugtaí do bhean tar éis linbh, le heagla go bhfaigheadh sí an Fiabhras Aerach, mar dhea, is gurb iad an Lucht Aerach, na síoga[sic], a bheadh ag faire ar í éalú leo isteach sa lios - [']Postnatal Depression['] an lae inniu. Thugadh na mná an-teanntaí dá chéile' (1999: 135).

Braitheann an cineál béaloidis a bailíodh ar mhianta agus ar mheon an bhailitheora féin. Ní bheifí ag súil le hábhar íogair ar bith i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna, cuir i gcás, mar a pléadh i gCaibidil 1 (féach 1.3 thuas). Admhaíonn Ní Dhuibhne nár smaoinigh sí ar an easpa béaloidis a bhain le saol na mban i gCnuasach Bhéaloideas

Éireann go dtí gur ghlac sí ballraíocht i bhFóram Léann na mBan i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath sa bhliain 1984 (2020: 271). Luann sí 'while there was absolutely no overt prejudice against women, their lives or their stories', ní raibh mórán tagairtí nó tagairt ar bith d'atáirgeadh, breith clainne ná den cholainn bhaineann ann (2020: 271). Mar mháthair, bhí sí fiosrach faoin taithí a bhí ag mná eile ar an toircheas agus den bhreith féin (2020: 272). Seo sampla den tionchar atá ag taithí phearsanta an bhailitheora ar an ábhar a bhailigh siad agus ar a modh bailithe. Bhí páistí Ríonach Uí Ógáin ar comhaois le páistí Ní Dhuibhne agus chuir an bheirt bhan agallamh ar Mháire Ní Ghuithín faoi thoircheas agus nósanna breithe (Ní Dhuibhne, 2020: 272).

Luadh cheana gur thiomsaigh Michael J. Murphy (1913-1996) ábhar íogair ó mhná le cabhair óna bhean chéile, Alice. Áitíonn Kruse: '[a] male collector would not have been able to collect such material, even from an elderly woman' (2012-2013: 49). Creidtear go raibh níos mó saoirse cainte ag seanmhná ná mar a bhí ag mná óga (Ó Laoire, 2016: 31). Dar le hAlmqvist agus Briody, bhí mná a chónaigh sna ceantair Ghaeltachta sásta labhairt go hoscailte faoi rudaí den chineál seo i gcomparáid leis na mná a chónaigh sna ceantair Galltachta (Almqvist, 2004: 45; Briody, 2008: 463). Cé go raibh dlúthchaidreamh ag Seosamh Ó Dálaigh le Peig Sayers, níor thiomsaigh sé ábhar íogair uaithe ach thiomsaigh sé scéal graosta amháin ar a laghad uaithe (Briody, 2008: 463; Almqvist, 2004: 44). Réitigh Peig go han-mhaith le Heinrich Wagner agus bhailigh seisean scéalta graosta uaithe (Almqvist, 2004: 45). Caithfimid cuimhneamh gur bean an-diaganta ab ea Peig agus seans nach mbeadh sí sásta labhairt le Ó Dálaigh faoi rudaí níos príobháidí ach an oiread. Mar a luann Almqvist:

it is obvious that Peig both understood and trusted ... [Wagner] fully, otherwise, being the considerate and wise woman she was, no matter what she thought of such stories herself, she would have been too polite to risk offending Wagner's ears and too aware of the possible negative consequences of what he might say about her to have ventured to tell such items in the first place (2004: 45).

Tagraíonn Ó Duilearga d'inní an fhaisnéiseora i gcásanna áirithe maidir leis an rud a déarfadh nó a cheapfadh a gcomharsana fúthu:

[s]ome story-tellers are shy and sensitive to the possible banter of their neighbours. Seosamh Ó Dála tells in his diaries of an old Kerry woman who insisted on having the

door of her house bolted lest any neighbours should enter while she was telling stories (1945: 17).

Deacracht eile a bhí ag Mac Mathúna agus é ag bailiú ó mhná agus ó fhir ná an díchuimhne a bhí ar sheandaoine áirithe sa cheantar, ina thuairim féin. Léiríonn an sliocht seo a leanas maidir leis an mbanscéalaí Siobhán Uí Loingsigh (74 bl.) as ceantar an Charnáin gur thapaigh Mac Mathúna an deis chun ábhar béaloidis a bhailiú ó na seandaoine seo má bhí bearnaí san eolas nó insint neamhiomlán tugtha dó:

Ní miste a rádh gur ó chraos an bháis atá an seanphaidir seo scríofa ... Mar tá cuimhne an seanmnaoi a fuair mé an phaidir seo uaithi ins an eadarsolus sin a thagann ar cuimhne formhór na ndaoine a mhaireann le aois. Is dóigh liom ná fuil an phaidir go hiomlán anois aici. Is cinnte gur fearr go mór a bhí sé ins an lámh chruinn aici bliain nó dhó ó shoin. Ach is maith an méid seo féin do bheith ar fáil an tráth seo (CBÉ 39: 317).

2.4 Comhthéacs Sóisialta Bhéaloideas na mBan

Dar le William R. Bascom, ba cheart do bhéaloideasaithe na fíricí seo a leanas a chlárú i dtaobh chomhthéacs sóisialta an bhéaloidis .i. 'its setting in actual life':

(1) when and where the various forms of folklore are told; (2) who tells them, whether or not they are privately owned, and who composes the audience; (3) dramatic devices employed by the narrator, such as gestures, facial expressions, pantomime, impersonation, or mimicry; (4) audience participation in the form of laughter, assent or other responses, running criticism or encouragement of the narrator, singing or dancing, or acting out parts in a tale; (5) categories of folklore recognized by the people themselves; and (6) attitudes of the people toward these categories (1954: 334).

Pléitear comhthéacs sóisialta bhéaloideas na mban bunaithe ar shainmhíniú Bascom agus ról na mban i seachadadh an bhéaloidis in Éirinn, go háirithe na feidhmeanna a bhain mná as an ábhar béaloidis chun a gcuid mothúchán agus a gcumhacht bhaineann a chur in iúl thíos. Tugtar cur síos ar ghnéithe de thaibhléiriú na mban agus ar na láithreacha scéalaíochta inar inis mná a gcuid scéalta agus seanchas.

2.4.1 Láithreacha Scéalaíochta

D'aithris agus chum mná amhráin, scéalta agus seanchas i láithreacha éagsúla ach ba láithreacha príobháideacha iad den chuid is mó. I gcodarsnacht leis sin, d'inis fir a gcuid

scéalta i láithreacha poiblí den chuid is mó. Bhí an chuma ar an scéal gur chuir lucht an Choimisiúin (.i. foireann na Príomh-Oifige agus na bailitheoirí béaloidis lánaimseartha) níos mó spéise sna 'gnéithe fearúla' den scéalaíocht thraidisiúnta, dar le Diarmuid Ó Giolláin mar gur fir ab ea mórchuid acu (2005: 108). Mar a luadh sa réamhrá, bhí cosc ar mhná scéalta Fiannaíochta a insint sa cheantar seo (féach lch 4 thuas). Bhí meas ar leith tuillte ag na scéalaithe fir ar nós Stiofáin Ó hEalaoire agus Seán Carún a d'inis na seanscéalta fada inar pléadh neart agus gaisce na bhfear. Cuireadh tús leis na hoícheanta fada scéalaíochta agus le himirt na gcártaí ar Oíche 'le Míchíl ar an Luach Thuaidh: '[t]á na oícheanta fada chugainn aríst agus tá an ragairneoireacht agus imirt na gcártaí againn aríst' (CBÉ 672: 249). Bhí deis ag na fir sos a thógáil óna gcuid oibre ar na feirmeacha ag an tráth seo bliana chun cruinniú le chéile i gceann de na tithe agus éisteacht le sárscéalaí i mbun scéalaíochta nó scéalta a insint. Ní raibh an tsaoirse chéanna ag mná mar nach raibh deireadh le hobair na mban ar fud an tí ag aon am den bhliain. Má bhí mná i láthair ag seisiún scéalaíochta: '[they] were likely to be those living in the house, and their children could listen but were tolerated only if relatively unnoticed' (Zimmerman, 2001: 466).

Cé go dtugtar láithreacha scéalaíochta ar na cruinnithe seo, '[i]t should be stressed that the [láithreacha scéalaíochta] did not just give rise to the narration of tales: songs and lore also featured, as did all manner of news and chat' (Briody, 2015: 63).

Is léir ón litríocht gur aithris mná amhráin nó scéalta agus iad i mbun oibre ag seisiúin úcaireachta, seisiúin chardála nó campaí sníomhacháin ina dtithe féin nó i dtithe a gcomharsan. Luann Mac Mathúna go raibh túirnín lín i mbeagnach gach uile teach i gceantar an Luaigh Thuaidh nuair a bhí a bhean chomharsan, Nóra Uí Thiarnaigh, ina cailín toisc go ndearna na mná éadaí sa bhaile agus go ndeachaigh 'na cailíní ina meithleacha ar comhar go dtí na chéile' chun an obair sin a chur i gcrích (CBÉ 1044: 435).

Fuair Mac Mathúna cuntas ó Sheán Clárach agus a bhean, Bríd, maidir leis na hamhráin a chum agus/nó a chan mná agus iad i mbun na hoibre seo sa cheantar (CBÉ 445: 187-192).

Bhí amhráin do ghaibh go binn le fuaim casadh an túrna ag na mná agus na cailíní a bhí anseo, agus fad do bhí na habhraistí ann agus na scataí cailíní ag sníomhachán le chéile bhíodh oidhche rince anois agus aríst acu (188).

An t-ainm a bhí ag na hamhráin seo ná 'boberó': 'ba mhór a croidhe ar éinne a bheadh láithreach éisteacht leis an gceol binn meidhreach do thagadh as casachán an oiread sin túrnaí agus iad ag imtheacht ar boberó in aontacht' (191). Bhí spontáineacht agus spraoi ag baint le cumadh na véarsaí in amhráin den chineál seo, mar sin. Níl aon sampla de bhobaró bailithe ag Mac Mathúna, faraor.

Tugann Uí Ógáin agus Thérèse Smith cuntas ar na campaí i gceantar na gCruach inar chum mná óga cumhdachaí (cineál amhráin) agus iad i mbun oibre nó nuair a bhí a gcuid oibre déanta acu (1998: 199-216). Is é brí an fhocail 'camp' i nDún na nGall ná '[a] meeting of girls for sewing, knitting, and ending with a dance' agus tá an chiall chéanna ag an bhfocal in Albain agus i dtuaisceart Shasana freisin (1998: 200).

Thug Anna Nic an Luain cur síos ar an gcaoi a chum mná na cumhdachaí ag na hócáidí seo:

Nuair a thiocfadh an deich a chlog, stadadh an chardáil agus an sníomh, agus bhíodh tamall plé ag na cailíní [.i. mná neamhphósta, is cosúil]. Thigeadh cailíní na mbailteacha isteach in amannaí, agus amannaí nach dtigeadh. Thoisíodh na cailíní ar na cumhdachaí ansin. Bhí morán cineáil cumhdachaí ann, agus ranntaí móra ag baint leofa (CBÉ 1032: 527).

Shocraigh mná cailíní agus buachaillí i bpéirí sna liricí den chumhdach. Bhain spraoi lena gcumadh mar a léirítear sna liricí seo: 'Biddy Nic an Luain a chur sa chliabhán/ Is Padaí 'ac Daeid a cur dá bogadh' agus '[b]eidh Pádraig Eoghain Phádraig liom.../ Anna Nic an Luain leis ar a dhroim' (Uí Ógáin agus Smith, 1998: 207-208).

Ní raibh Briody in ann cuntas níos cuimsithí ná an ceann seo a leanas a aimsiú faoi scéalaíocht na mban ag seisiúin cheardaíochta:

When four, five or six young women would be together ...the woman who would have a nice, amusing story to tell ...would put aside the spinning wheel and she would sit down to tell to the other women her story about places she had been and things she had seen and heard from older women who came before her; stories about fairies and such like, and things that they had in turn heard and seen ... and the stories were going from mouth to mouth, from generation to generation until the present day. ...It was the

custom for women to narrate stories ... among themselves (CBÉ 1008: 324-325 luaite in Briody, 2015: 85).

Bhí príobháideachas ag mná sna láithreacha scéalaíochta seo. Míníonn Pádraig Ua Maoileoin as Dún Chaoin go raibh ar fhir dul ar cuairt ag teach comharsan sa chás gur tháinig mná isteach do sheisiún úcaireachta, cardála nó sníomhacháin:

Spinning was women's work, and naturally no male animal could have anything to do with such female work. This work was mostly done at night-time, for the most part in women's own homes in the presence of their families. ...The man of the house would have to escape from such female company and go house-visiting (Ua Maoileoin, 1991: 60 luaite in Briody, 2015: 84).

Is léir freisin nár thug na fir mórán airde ar scéalaíocht na mban má bhí siad i láthair agus iad ag caint agus ag insint scéalta le chéile: 'the stories that the women would tell each other a man perhaps, would not pay much attention to, unless something in the story would involve himself' (CBÉ 1008: 324-325 luaite in Briody, 2015: 86). Is cosúil go raibh tionchar ag an bpríobháideachas seo ar sheachadadh agus ar easpa sheachadta bhéaloideas na mban freisin mar is beag samplaí atá againn de sheánraí sainiúla na mban a d'aithris siad ina láithreacha scéalaíochta féin sna bailiúcháin atá foilsithe go dáta dar le Sorcha Nic Lochlainn maidir le caointe agus suantraihte (2018: 2).

Bhí ról tábhachtach ag mná i seachadadh an traidisiúin béil don chéad glúin eile sa bhaile den chuid is mó. Bhain cuid de sheanchas agus scéalaíocht na mban lena gcuid tascanna oibre ann cosúil le feighil an tí agus cúram na bpáistí .i. 'an béaloidis a bhíonn ar siúl i bpríomháideachas an teaghlaigh' (Verling, 1999: 12). Tugann Bourke agus Lysaght é seo faoi deara i gcomhthéacs na bpaidreacha a scríobh Máire Ní Ghuithín síos ina leabhar *Bean an Oileáin*:

[t]asks which had to be performed with care, such as lighting or dousing a lamp or setting a pot-oven over an open fire, were accompanied by short prayers; other prayers taught to children calmed them during such minor crises as tripping and falling, or having dust in the eye (2002d: 1405).

Bhailigh Seán Mac Mathúna paidreacha den chineál céanna óna chuid faisnéiseoirí, mar shampla, 'Paidir i gCoinne Tromluí na hOíche' a d'fhoghlaim Pádraig de Nóglá óna sheanmháthair (CBÉ 41: 256-257).

Ní haon ionadh é gur inis mná scéalta do pháistí. Ba dheacair na mná a scaradh óna gcuid páistí freisin mar a léiríonn an tuairisc seo ó cheantar an Luaigh Thuaidh: '[i]s deacair don mháthair a mbeadh beirt nó triúr páistí ar liobarna aisti mórán oibre do dhéanamh. Í dhá n-oiliúint agus iad ag stracadh as a sciorta' (CBÉ 1042: 291). Ní raibh fáilte roimh pháistí ag na seisiúin scéalaíochta ina raibh bailitheoirí an Choimisiúin ag iarraidh scéalta a thaifeadadh ach an oiread agus thagair Ó Duilearga do 'the noise and prattle of children' (CBÉ 1945: 19). I bpríobháideachas an tí, bhain páistí sult as bheith ag éisteacht le scéalta na mban mar a léiríonn na samplaí seo a leanas.

Tugann Robin Flower (1881-1946) cuntas an-spéisiúil ar an mbanscéalaí Gobnait Ní Chinnéide as an mBlascaod Mór. D'iarr Seán Eoghain Ó Duinnshléibhe uirthi scéal a insint dá ghariníon, Máirín, chun í a chur ina codladh. Bhí drogall ar Ghobnait scéal a aithris os comhair Flower ('he'd find no taste on the tale I tell to amuse the children by the fire at night') ach chuir Flower ar a suaimhneas í agus léirigh sé a spéis sa scéal a chloisteáil (1944: 61). Fad is a bhí Gobnait ag insint an scéil, bhí gúna nua á fhuáil aici do Mháirín ag an am céanna (1944: 62-63). Nuair a chríochnaigh Gobnait an scéal, 'the little girl gave a satisfied sigh and fell asleep' (1944: 62-63).

Cuireann Mac Aoidh in iúl gur chríochnaigh Sorcha Chonail Mhic Grianna scéal leis an abairt '[s]in mo sgéal-sa agus codlaighidh': 'léiríonn sé comh cleachtaithe agus a bhí sí leis an scéalaíocht do pháistí, go háirid ar ghabháil a luí daofa' (2020: 90).

Tháinig páistí áitiúla chuig teach Anna Nic an Luain chun éisteacht lena cuid scéalta agus seanchas. Nuair a bhí Ó hEochaidh ag dul thairis teach Anna oíche amháin, stop sé chun Anna a fheiceáil. Chonaic se í "na suidhe 'sa chluíid a' cniteáil, agus baicle de pháisdí na mbailte na suidhe thart fá dtaobh daoithe, agus í ag cur na dtomhasann orthu' (Ó hEochaidh, 1949: 7).

Is léir gur chaith Mac Mathúna tamall ag éisteacht le béaloideas na mban agus é ag fás aníos freisin ón méid a pléadh sa réamhrá agus i gCaibidil 1 thuas. D'fhoghlaim sé scéalta agus an Ghaeilge óna bhean chomharsan, Bríd Leathín, agus d'airigh sé a sheanmháthair, Peig Nic Giolla Luachra, ag canadh amhráin, mar shampla (féach lch 2 agus 1.2 thuas). Is ar éigean gur spreag athair Stiofáin Uí Ealaoire é chun scéalaíochta mar gur cailleadh é nuair a bhí Stiofán an-óg agus léiríodh cheana gur airigh Stiofán

scéalta áirithe óna mháthair (féach lgh 3-4 thuas). Scríobh Mac Mathúna an cuntas seo fúithi i dtuairisc iarbháis do Stiofán:

do réir gach tuairisc is óna mháthair (Cáit Ní Dhanachair) do thug sé an bua chun a bheith ábalta ar Ghaeilge gan cháim do chuir amach go slachtmhar. Dá fheabhas is do bhí an Ghaeilge ag Stiofán bhí sé cómh líomhtha ... ag an mháthair do thug chun an tsaoghail é. Deireadh cuid don seandream a bhí ag comharsantacht léithe "go mba geall le file í" toisc í bheith comh binnchainteach agus comh deischainteach is do bhí sí. Bhí an scéal agus an t-amhrán aici, ach thar gach rud eile bhí bua cur amach na cainte aici. Bhí Stiofán ina fochair i gcónaí go bhfuair sí bás in aois mhór cúig nó sé déag ar fhichid do bhlianta ó shoin' (CBÉ 1043: 245-246).

Luann faisnéiseoirí eile i gCnuasach Mhic Mhathúna gur chuala siad scéalta agus seanchas ó mhná, mar shampla:

1. 'Luí Eile ar an Phaidir Gheal': Fuair Seán Ó Fínn óna mháthair é (CBÉ 39: 9-10).
2. 'An Bhó agus na Daoine Maithe': Fuair cailín comharsan anaithnid ó bhean chomharsan é (CBÉ 39: 94a-96).
3. 'Feiscint do Fuair an Cailín ar an Athrú Beatha': D'airigh Bean Mhichíl Uí Fhlannagáin an scéal seo óna máthair chríonna (CBÉ 39: 102-103).
4. 'Amhrán Thomás Baile Mhichíl': Fuair Máirtín Ó Súilleabháin óna mháthair é (CBÉ 39: 305-6).

D'fhoghlaim Micheál Ó Gaoithín scéalta óna mháthair, Peig Sayers (Ní Dhuibhne, 2002: 1218). Tá máthair Éamon a' Búrc agus máthair Mhíchíl Mhic Dhonnchadha luaite mar fhoinsí eolais ag na scéalaithe sin freisin (Briody 2015: 67). Léiríonn an fhianaise seo an tábhacht a bhain leis an scéalaíocht sa bhaile maidir le seachadadh an traidisiún béil ó ghlúin go glúin agus go raibh mná lárnach sa phróiseas seo.

2.4.2 Taibhléiriú na mBan

Tá *insint* na scéalaíochta ag croílár an traidisiún bhéil in Éirinn: '[t]he art of the folk-tale is in its telling; it was never meant to be written, nor to be read, nor to be studied by students interested in its linguistic content — it was meant to be told' (Ó Duilearga, 1942b: 32). Ba chuid tábhachtach de thaibhléiriú na mban agus iad i mbun scéalaíochta é mothúcháin a léiriú.

Léiríonn Mac Mathúna an chaoi arbh fhéidir le Bríd Uí Dhanachair mothúcháin láidre a chur in iúl agus í ag canadh amhrán grá:

Chuir sí thairsti véarsaí d'amhrán grádh a bhí comh milis le mil na mbeach, nó le arán cruithneacht fuinte le mil na mbeach. Agus dúirt sí cuid mhaith don amhrán sin a bhfuil comhacht ann mar sé an t-abhras atá ann an t-éadóchas fiadhain, agus an fearg go léir atá ag breith greim ar an óg mhnaoi do chaill a cliú, agus nár fhéach réimpi ins an am cheart. Féach comh paisiúnta is do bhrúnn sí amach an t-éadóchas atá ag sníomh an croidhe inti (CBÉ 639: 185-186).

Tagraíonn Mac Mathúna do bheocht an amhránaí Máire Nic Giolla Luachra agus í ag casadh amhrán dó, fiú i mblianta deireanacha a saoil:

[i]ns an deireadh féin nuair a bhíonn scáth an uaigh ag cuir gruaim ar an seanfhear nó ar an seanbhean bhí Máire go meidhreach agus go spórtúil. An t-am sin féin ba deas uaithi amhrán do ghabháil go bog agus go ceolmhar, agus ní chuireadh sí suas do dhreas rince dá n'iarraí uirthi é (CBÉ 842: 450).

Déanann Mac Aoidh iniúchadh ar thaibhléiriú na mban sna suíomhanna inar inis siad scéalta (2020: 65-79). Tagraíonn sé do ghrianghraif a glacadh den scéalaí Máire Ní Dhonnagáin ina teach féin i Rann na Cille, Teileann sa bhliain 1946. Bhain Máire úsáid as geáitsíocht na lámh agus tá mothúcháin shoiléire le haithint ar a haghaidh freisin. Tharraing deirfiúr Kenneth Jackson, Christine Waddicor, sceitsí de Pheig Sayers agus í ag insint scéil dóibh. Bhí nasc idir aobh agus geáitsíocht Pheig i dtuairim Waddicor: 'Peig was such a 'compelling' person - I could almost tell what the stories were about from her expression, gestures and facial looks' (luaite in Almqvist, 2011: 41).

Ní raibh cúrsaí mar an gcéanna maidir leis an mbanscéalaí Máire Mhic a Luain as na Cruacha Gorma. Bhreathnaigh Mac Aoidh ar fhíseáin a rinneadh di agus í i mbun scéalaíochta:

is fíorbheagán geáitsíochta a bhíonn aici, diomaite de bheith ag bogadaigh siar agus aniar sa chathaoir anois agus arís agus an cloigeann a bheith ag bogadaigh rud beag ó thaobh go taobh agus suas agus síos. Bíonn a cuid lámh socair i rith an ama, iad fáiscithe ar a chéile anuas ar a cuid glún (Mac Aoidh, 2020: 75).²⁸

²⁸ I mBailiúchán Ghrainghraf Chnuasach Bhéaloideas Éireann, tá banfhainséiseoirí suite i staidiúir na scíthe freisin. Féach Anna Nic an Luain, cuir i gcás (Ó Danachair, 1949). Is í Bríd Ní Choghail an t-aon bhanfhainséiseoir amháin a léiríonn mothúcháin agus tá a cuid súile dúnta sa dá íomhá di chomh maith (Ó Danachair, 1948).

Mhínigh Leslie Matson do Dháithí de Mórdha: '[Méiní] did not act out the stories in any way - she was very modest in her bearing' (de Mórdha, 2015: 140).

Ní mór gearrchuntas a thabhairt ar rannpháirtíocht na mban sa lucht éisteachta. Dar le Eileen Moore Quinn, léirigh Ó Duilearga sa *Gaelic Storyteller* gur ghlac mná páirt ghníomhach sna seisiún scéalaíochta mar údaráis ar na scéalta féin: 'not a word of the tale escapes them' (Ó Duilearga, 1945: 7). Mhaígh mná a gcuid saineolais ar na scéalta sa chaoi seo:

to insist upon what they believed to be the more accurate or truthful transmission of oral tradition, and to countermand the misrepresentation of any aspect of the storyteller's repertoire deemed to have been delivered incorrectly (Moore Quinn, 2016: 127).

Thug Bríd Bean Clárach eolas do Mhac Mathúna faoin sníomhachán sa cheantar nuair a theip ar chuimhne a fir chéile: '[f]uair mé solas i gcorrphointe i gcúrsa an sníomhachán agus deirimse leat, a dhuine, pé méid a chaill an seanfhear don eolas ach gur thug an seanbhean suas é' (CBÉ 426: 215). Nuair a bhí Mac Mathúna ag caint leis an scéalaí, Seán Habha, maidir leis 'an seanaimsireacht', bhí bean an scéalaí 'ag éisteacht linn go haireach, agus ag cuir corrfhocail isteach' (CBÉ 875: 5). Dar le Kevin Griffin, mac leis an scéalaí, Diarmuid Ó Gríofa as Baile Uí Bháire, 'Pauric [Ó Dábhoireann] would mainly tell the stories and his sisters and brother would interject occasionally, though Janey and Katie would listen more than anything else' (2020: 89).

Léiríonn Mac Mathúna go raibh spéis ag mná sna scéalta agus meas acu ar cheird na scéalaithe, mar gur éist siad go géar leo gan cur isteach orthu freisin: '[n]uair a tháinig bean an tí isteach bhí stiall don scéal inste ach ní thúisce a d'airigh sí Stiofán [Ó hEalaoire] ag cuir de ná stad sí óna gnó agus thóg sí isteach an scéal iontach' (CBÉ 568: 60). Deir Griffin go raibh an bhean chéanna an-ghnóthach nuair a bhí oíche scéalaíochta ar siúl go hiondúil, áfach: 'she was so busy making everyone else comfortable, that she never said much, nor did she ever sit down' (2020: 91). Mar a luann Ó Laoire: 'it is obvious that men had leisure to narrate, or listen, while a woman continued to work and, if she did enjoy listening to stories, she was still always occupied with some other task as well' (2017: 128).

2.5 Cúlra Teoiriciúil: feidhmeanna an bhéaloidis do mhná agus i leith na mban

Measadh modhanna éagsúla chun léamh a thabhairt ar an ábhar béaloidis a bhaineann le mná i gCnuasach Mhic Mhathúna mar chuid den léirbhreithniú seo. Tá dhá phríomhmhodh taighde in úsáid sa litríocht in Éirinn agus thar lear maidir le béaloideas na mban agus béaloideas faoi mhná: cur chuige feidhmiúlach a bhí bunaithe ar theoiricí William Bascom (1954) i dtaobh fheidhmeanna an bhéaloidis, go háirithe nádúr treascrach an bhéaloidis, agus cur chuige iarstruchtúraíoch feimineach bunaithe ar shaothar Aili Nenola (1994) agus ar theoiric an chódaithe a d'fhorbair Joan Newton Radner agus Susan Lanser (1987).

Dealraíonn sé óna bhfuil pléite ag 2.4.1 thuas gurb é príomhról na mban ná béaloideas a insint agus a mhúineadh don chéad ghlúin eile laistigh dá gcuid tithe féin ach bhain mná agus fir úsáid as feidhmeanna éagsúla an bhéaloidis chun a gcuid mothúchán agus tuairimí a chur in iúl. Dar le Bascom, bhí ceithre phríomhfheidhm eile ag an mbéaloideas seachas siamsaíocht amháin:

1. Feidhm ídithe:

Amusement is ... an important [function] ... but ... it is apparent that ... folklore reveals man's frustrations and attempts to escape in fantasy from repressions imposed upon him by society ... the extent to which folklore contrasts with the accepted norms and offers socially acceptable forms of release through amusement or humor and through creative imagination and fantasy, ... tends to preserve the institutions from direct attack and change (1954: 343).

2. Feidhm chosanta:

validating culture, in justifying its rituals and institutions to those who perform and observe them ... when dissatisfaction with or skepticism of an accepted pattern is expressed or doubts about it arise, whether it be sacred or secular, there is usually a myth or legend to validate it; or a so-called "explanatory tale," a moral animal tale, or a proverb, to fulfill the same function (1954: 344).

3. Feidhm theagaisc:

education ... ogre tales, like our bogey-man stories, are used in the discipline of very young children, and lullabies are sung to put them in a good humor.

Somewhat later, fables or folktales incorporating morals are introduced "to inculcate general attitudes and principles, such as diligence and filial piety, and to ridicule laziness, rebelliousness, and snobbishness" (1954: 344-345).

4. Feidhm smachta:

folklore fulfills the important but often overlooked function of maintaining conformity to the accepted patterns of behavior ... it is employed against individuals who attempt to deviate from social conventions with which they are fully familiar. When this happens, a song of allusion, a proverb, a riddle or a folktale may be used to express disapproval (1954: 346).

Cé go bhfuil an teoiric seo sean anois, tá cáil ar leith air fós i réimse an bhéaloidis. Rinne Dan Ben-Amos cur síos air mar 'a "classic" of folklore scholarship' (1994: 509). Tugtar aitheantas dó fós sa litríocht maidir leis an bhfeidhm ídithe: '[e]ver since William Bascom's 1954 essay 'Four Functions of Folklore', scholars have been aware of the potential for folk tradition to provide an outlet for subversive messages' (Hillers, 2006: 39). Thug Bascom 'the paradox of folklore' ar nádúr déach an bhéaloidis: 'while it plays a vital role in transmitting and maintaining the institutions of a culture and in forcing the individual to conform to them, at the same time it provides socially approved outlets for the repressions which these same institutions impose upon him' (1954: 349). Is é seo cuid de ghnó na healaíne, dar le Bourke: 'bealach a aimsiú leis na rudaí doráite a rá' (1992: 89).²⁹

Tá Bascom féin agus Martha Sims agus Martine Stephens den tuairim gur féidir feidhmeanna an bhéaloidis, de réir ailt Bascom, a choimriú go dtí feidhm amháin .i. tacaíonn an t-ábhar béaloidis ar fad leis an *status quo* a chosaint agus leis na noirm shóisialta a chur chun cinn, an béaloideas a bhaineann leis an bhfeidhm ídithe ina measc (Bascom, 1954: 348; Sims & Stephens, 2005: 175). Admhaíonn Sims agus Stephens, áfach, go n-aithníonn cur chuige Bascom go raibh brí ag an ábhar béaloidis don phobal as ar eascraíodh é: '[h]is approach looks at folklore as a way of communicating values and information among members of the group' (2005: 175). Míbhuntáiste a bhain leis an teoiric dar leo ná clonadh an bhéaloideasáí glacadh le léamh amháin mar an t-aon bhealach chun luach an bhéaloidis a thuiscint. Mar a deir siad, ní mór cloí leis an gciall seo a leanas den fhocal 'feidhm' i rith an taighde: 'the role or purpose something or someone plays in any given setting ... to explore what the

²⁹ Pléitear samplaí de seo i gCaibidil 5 (féach 5.2.3 thíos).

object, verbal expression or practice communicates or signifies among the varying contexts in which it occurs' (2005: 177).

Aontaíonn Nenola nach leor cur chuige feidhmiúlach Bascom ina aonar: '[t]he functionalist view of folklore is not, however, the whole truth nor is it always even a possible explanation' (1999: 24). Tá béaloideas na comhthuisceana nó 'folklore of consensus' i mBéarla i gceist má leanann béaloideasaithe cur chuige feidhmiúlach Bascom de réir ailt Nenola. Míníonn sí béaloideas na comhthuisceana mar ábhar béaloidis 'used to express and reinforce acceptance of the dominant norms, concepts and power structures' (1999: 23). Is éard atá i gceist le béaloideas na hiomarbhá nó 'folklore of contestation' ná an t-ábhar béaloidis 'used to attempt to dispute the authority of predominant concepts and power holders, or in any case to present an alternative, a different sort of picture of the world' mar a léirigh Luigi Lombardi-Satriani (1974) (Nenola, 1999: 23). Is rud ar leith é béaloideas na hiomarbhá ón bhfeidhm ídithe mar a leag Bascom amach é ach pléitear gné threasrach na feidhme ídithe thíos ó fhianaise na litríochta in Éirinn agus thar lear i dtaobh bhéaloideas na mban agus bhéaloideas faoi mhná. Bhí Lombardi-Satriani ag súil le samplaí de bhéaloideas na hiomarbhá a aimsiú san Iodáil ó mhná i gcás na coimhlinte idir fir agus mná:

the relationship between the sexes where women assume the obligatory role of inferior creatures with respect to males who are the creators and depositors of values; women, therefore, constitute along with the proletariat the category of the historically oppressed (1974: 103).

Níor tháinig sé ach ar chorrshampla de, áfach (1974: 104).

Áitíonn Nenola go bhfuil samplaí de bhéaloideas na hiomarbhá ó mhná ann, mar shampla, i gcás fhéilí na mban i dtíortha éagsúla thar lear (1999: 29-33). Ina tuairim féin, tá coimhlint idir mhná níos coitianta ná teannas idir fir agus mná, áfach, mar shampla, idir bean pósta agus a máthair chéile nó a deirfiúr chéile. Luann sí an taobh eile den scéal freisin: 'but it is also clear that the majority of women's folklore reflects male values, or the so-called "general" view of the world as defined and evaluated by men' (1999: 25). Léiríonn Nenola tábhacht bhéaloideas na comhthuisceana do líonra tacaíochta na mban. Tugadh mná le chéile sa sampla seo de bhéaloideas na comhthuisceana:

negative experiences and sufferings have in some cases truly formed the basis for female solidarity and are the uniting factor in certain situations such as wedding ceremonies in which married women perform together in groups. In these situations, however, at issue is not contestation but rather the context-appropriate performance of the dominant tradition and the attempt to transfer to the bride knowledge concerning the female experiences of marriage and living under the authority of a mother-in-law (1999: 26).

Is léir óna cuid taighde go bhfuil samplaí den dá chineál béaloidis ann.

Thagair Freedman do theoiric Lombardi-Satriani i gcás bhéaloideas na hiomarbhá i mbailéid faoi thoircheas lasmuigh den phósadh in Albain (1991: 3-18). Aithníonn sí nár cheart glacadh leis an tuairim go raibh dúshlán á thabhairt do cheannas na bhfear nó d'údarás éigin i ngach mblúire béaloidis. An rud is tábhachtaí faoin mbéaloideas ina tuairim ná go léirítear peirspictíochtaí éagsúla ann agus go gcuirtear guthanna eile in iúl ann freisin seachas na daoine a bhí i gceannas amháin. Ina cuid taighde ar na bailéid, tháinig Freedman ar dhearcthaí difriúla iontu i gcás na mban a d'éirigh torrach lasmuigh de phósadh agus i gcás na ceiste sin sa tsochaí. Rinneadh ceiliúradh ar ghnéasacht na mban sa bhailéad 'Tam Lin' agus níorbh aon rud náireach é an toircheas lasmuigh de phósadh. Bhí damnú síoraí i ndán don bhean sa bhailéad 'The Cruel Mother', áfach, mar gur mharaigh sí an leanbh.

Ba ó pheirspictíocht fheimineach a d'eascair saothar Nenola mar gur chreid sí gur chóir staidéir mná-lárnach a úsáid chun cuntas tomhaiste a thabhairt ar thaithí agus ar léiriú na mban. Mar a deir sí, tá tábhacht ar leith ag an ábhar béaloidis i staidéir den chineál seo

in order to discover what women were doing while men were making history, or, what various historical and cultural periods look like when viewed in the light of contemporary women's experiences ... the advantage of oral tradition is that from it, we have information concerning the traditions produced and used by both men and women (Nenola, 1999: 36).

Tugann sí rabhadh do scoláirí nár cheart an traidisiún a chur as a riocht agus iad ag iarraidh an t-ábhar béaloidis a léamh nó a thuiscint: 'folklore as a source for researching women's cultural history, is justified so long as it is not interpreted too straightforwardly or with the expectation that it will reflect any sort of unmediated reality' (Nenola, 1999: 36).

Chuaigh scoláirí i ngleic leis an dúshlán seo trí shaothar Radner agus Lanser (1987) a úsáid i gcomhthéacs bhéaloideas na mban agus bhéaloideas faoi mhná in Éirinn agus in Albain. Bhí spéis acu

- (a) fáil amach ar aimsigh mná slite sábháilte chun a gcumhacht a léiriú sna míreanna béaloidis ar nós amhráin agus scéalta a d'aithris siad agus
- (b) meon na bhfear i leith na mban a aithint sna míreanna béaloidis a d'inis siad faoi mhná.

Tháinig an teoiric fheimineach isteach i réimse an bhéaloidis i Meiriceá sna seachtóidí ar dtús, bunaithe ar an ngluaiseacht fheimineach ag an am sin (Kousaleos, 1999: 19). Cuireann an teoiric fheimineach mná i gcroílár an staidéir: '[f]eminists challenged the study of folkloristics, calling for a redefinition of who was being studied ...as well as asserting that traditional folklore had centralized and normalized the male experience' (Milligan, 2018: 11). Mar a deir Bourke, tá a fhios ag scoláirí go maith faoi chumas feimineach an traidisiúin bhéil (2002a: 1195). Tugadh dúshlán do na dearchtaí diúltacha i leith na mban san ábhar béaloidis go minic. Mínítear thíos conas a thug mná dúshlán do cheannas na bhfear ina gcuid béaloidis.

D'aithin Radner agus Lanser go raibh gá le teoiric nua mná-lárnach chun saothar na mban a scrúdú agus a phlé (1987: 413). D'fhorbair na mná seo teoiric idirdhisciplíneach faoi sé straitéis códaithe a d'úsáid mná chun códú a dhéanamh, sé sin, teachtaireachtaí feimineacha a cheilt ina gcuid saothar. Míníonn Radner agus Lanser sé phríomhstraitéis códaithe: 'appropriation [leithghabháil], juxtaposition [neas-suíomh], distraction [seachrán airde], indirection/distancing [indíríocht/fadú], trivialization [cur chun suaraíochta], and incompetence [neamhinniúlacht]' (1987: 412).

1. Leithghabháil:

coding strategies that involve adapting to feminist purposes forms or materials normally associated with male culture or with androcentric images of the feminine (Radner & Lanser, 1993: 10).

2. Neas-suíomh:

the ironic arrangement of texts, artifacts, or performances can constitute a powerful strategy for coding. An item that in one environment seems unremarkable or unambiguous may develop quite tendentious levels of meaning in another (1993: 13).

3. Seachrán Airde:

We use the term *distraction* to describe strategies that drown out or draw attention away from the subversive power of a feminist message. Usually distraction involves creating some kind of "noise", interference, or obscurity that will keep the message from being heard except by those who listen very carefully or already suspect it is there (1993: 15; bunbhéim).

4. Indíríocht/Fadú:

may be the most common kind [of coding] of all... strategies of indirection or distancing. Here we include the many ways in which, as Emily Dickinson put it, one can "tell all the Truth but tell it slant". Since indirection is so vast a category, we want to distinguish within it at least three modes: metaphor [meafar], impersonation [díphearsanú] and hedging [seachaint] (1993: 16).

5. Cur chun Suaraíochta:

Trivialization involves the employment of a form, mode, or genre that the dominant culture considers unimportant, innocuous, or irrelevant. When a particular form is conventionally nonthreatening, the message it carries, even if it might be threatening in another context, is likely to be discounted or overlooked ... Perhaps the most frequent mode of trivialization is humour [greann], and women use it in many contexts to buffer the seriousness of what they are saying. Studies by Carol Mitchell, Nancy Walker, and Regina Barreca have shown that women interpret, select, and tell jokes differently from men and often express hostility toward men through their joke telling (1993: 19-20).

6. Neamhinniúlacht:

[i]n claiming or demonstrating incompetence at conventionally feminine activities [ar nós cniotála, cócaireachta agus fuála], women may be expressing their resistance to patriarchal expectations (1993: 20).

Tugann na straitéisí seo saoirse do mhná iad féin a chur in iúl go poiblí ach go sábháilte. Míníonn Radner agus Lanser cód mar 'a set of signals - words, forms, behaviours, signifiers of some kind - that protect the creator from the consequences of openly

expressing particular messages' (Radner & Lanser, 1993: 3). Tá trí chineál códaithe i gceist de réir na teoirice ach is é an códú intuigthe an ceann a leagann na scoláirí seo béim air (Radner & Lanser, 1987: 414). Ciallaíonn sé códú neamhbheartaithe sa chás nárbh fhéidir bheith cinnte faoi mhian an duine (Radner & Lanser, 1993: 6-10). 'we acknowledge all interpretation to be uncertain but we assume that plausible, if provisional, meanings can be inferred through an understanding of the situation in which they have been produced' (Radner & Lanser, 1993: 7). Déanann Margaret Mills cur síos ar theoiric an chódaithe mar: '[t]he strongest current work in feminist folklore theory' (1993: 179). Áitíonn M. Jane Young go bhfuil leabhar Radner³⁰ faoin gcódú (ina bhfoilsítear alt eile le Radner agus Lanser ar theoiric an chódaithe) 'especially significant in providing a framework within which to interpret women's creative practices that have conventionally gone unnoticed or have been devalued by the dominant culture' (2011: 490). Tagann cás bhéaloideas na mban in Éirinn le linn aimsir an Choimisiúin leis an teoiric seo ón méid a phléitear ag 2.3 thuas.

D'aithin Rosan A. Jordan agus Frank A. de Caro go mbaineadh fir agus mná feidhmeanna éagsúla as an mbéaloideas: 'some of these [urban] legends are especially popular with female tellers and may carry different messages for men and for women' (1986: 511). Léiríonn Radner agus Bettina Kimpton freisin gur féidir le fir agus mná dearcadh difriúil i leith na mban a chur in iúl san ábhar béaloidis a insíonn siad.

Míníonn Radner an chaoi ar úsáideadh teachtaireachtaí códaithe i mbealaí difriúla bunaithe ar thuirimí an scéalaí d'eilimintí áirithe sa scéal agus ar chúla agus inscne an scéalaí freisin trí scagadh a dhéanamh ar leagan Pheig Sayers agus ar leagan a mic, Micheál Ó Gaoithín, den scéal 'Abhras Mhná Mhicí' (ATU 425) (1989: 109-117). Sa scéal seo, d'fhág bean darbh ainm Máire a céad fear céile, Micí na Muc, nuair a dhíbir sé máthair Mháire as an teach. Fuair siad lóistín ag teach feirmeora agus bhí ar Mháire faire a choimeád sa teach úrthógtha ar feadh trí oíche. Tháinig fear óg (mac an fheirmeora) chuici ar an tríú hoíche, mhínigh sé di go gcaithfeadh sé fanacht in Ifreann mar gur úsáid sé tuarastal na n-oibreacha feirme ar fheirm a athar chun an teach nua seo a thógáil agus gheall Máire dó go bhfanfadh sí sa teach. Rugadh leanbh dóibh. Chuaigh Máire go hIfreann agus í ag caitheamh fáinne a thug an fear óg di chun a

³⁰ *Feminist Messages: Coding in Women's Folk Culture* (1993).

leannán osnádúrtha (agus athair a páiste) a shlánú. D'éirigh léi sa tasc seo ach bhí an fear óg ar tí bean eile a phósadh nuair a tháinig sí ar ais. Thaispeáin sí fáinne an fhir agus a mac dó agus d'aithin mac an fheirmeora í. Pósadh iad ansin. Léiríonn Radner idirdhealú tábhachtach sa mheon i leith na mban agus sa scáthánú a rinneadh ar chúinsí an tsaoil mar a chonaic gach scéalaí iad. Bhí dlúthcheangal idir na teachtaireachtaí códaithe faoi nádúr na mban agus claontaí na scéalaithe. Nocht leagan Pheig a dearcadh feimineach. Déanann sí beag de dhráma na gcaidreamh atá ag Máire lena fir céile i bhfabhar an chaidrimh atá aici lena máthair bhocht chríonna.

In Peig's telling, since these supernatural challenges [against ghosts and monsters] are omitted, enormous emphasis falls on the courage that it takes for women to stand by one another in a patriarchal world. Máire's refusal to abandon her mother is heroic (1989: 113).

Ní ligeann Peig carachtar na máthar i ndearmad agus insíonn sí dúinn go bhfuair máthair Mháire bás suaimhneach (1989: 114). Is díol spéise é go bhfanann cuimhne a máthar le Máire i gcónaí, fiú agus í ag fágáil Ifrinn, deir sí go bhfuil sí ag filleadh ar an teach inar fhág sí a máthair ina diaidh (1989: 114). Ar an lámh eile, áfach, bhí dearcadh frithbhanda Mhichíl le brath sa chaoi ar chuir sé Máire, an príomhcharachtar, os ár gcomhair mar bhean thoiliúil mhillte a chruthaigh deacrachtaí dá hathair, dá fear céile agus di féin toisc nach raibh smacht aici ar a cuid mothúchán. Tacaíonn sé seo le hargóint Radner gurbh fhéidir le teachtaireachtaí códaithe bheith iomlán difriúil bunaithe ar ghnéithe éagsúla cosúil le hinscne an scéalaí mar a luadh thuas. D'úsáid Peig an scéal chun an meon traidisiúnta cúng-aigeanta faoi mhná sa tsochaí a chur de dhroim seoil.

Scrúdaigh Kimpton léiriú na mban sna nósanna a bhain leis an mbean sí freisin. D'airigh sí difríochtaí sna cuntais ar an mbean sí ag brath ar inscne an scéalaí. Dar le mná, ní ábhar magaidh ar bith í an bhean sí ná na traidisúin a mhair fúithi, mar shampla. Bheadh níos mó le cailleadh ag mná sa chás go gcaillfeadh an bhean sí a loinnir sa traidisiún ina gceantair féin. Chreid mná i gcumhacht na mná sí agus bhain siad úsáid as scéalta fúithi chun a gcumhacht féin a chur in iúl go sábháilte.

Indeed, the banshee demonstrates behavior which might have been enviable by a woman in rural Irish society. She defends herself against male violence, walks alone freely at night, protests male regulation of female space by threatening to break down

the walls of the home, while at the same time commanding the respect of the community (1993: 44).

Mar a phléann Radner thuas, d'fhreastail an t-ábhar béaloidis ar mhná agus ar fhir araon. Bhain siad leas as an mbéaloideas a d'inis siad chun a gcuid mianta agus/nó tuairimí a léiriú i dteachtaireachtaí códaithe:

To a group of men, for example, an account of a violent interaction with the banshee, such as in the above-quoted version of the Comb Legend, may seem a humorous tale of heroic bravado. A woman, however, might respond with more seriousness, and with a greater level of belief in the power of the banshee. Alternatively, for a man, the telling of such a story might provide a figurative, but very real, means of controlling the threat of a deviant woman, while a woman might view it as a safe expression of her own power to resist male domination. It is thus a dual message, serving the purposes of both sexes (Kimpton, 1993: 44).

Ní chíortar an nádúr déach seo arís sa litríocht go dtí tráchtas M.A. Isla Parker sa bhliain 2022 (féach thíos). Léiríonn na scoláirí seo thíos an chaoi ar bhain mná úsáid as an bhfeidhm ídithe trí theachtairachtaí códaithe a chur in iúl i seánraí sainiúla na mban ar nós caointe agus suantraithe agus i scéalta a d'inis mná. Ní dhéantar aon chomparáid sna staidéir seo idir ábhar na bhfear agus ábhar na mban, áfach.

Léiríonn Angela Bourke gur bhain mná caointe úsáid as an straitéis códaithe 'hedging' (.i. seachaint, nochtú an fhírinne tríd an bhfoirm dhiúltach a úsáid nó leithscéal a ghabháil) chun topaicí ar nós fhoréigean baile a chur in iúl, mar shampla, '[m]y husband has stopped beating me' (Bourke, 1993: 173). Bhain an bhean chaointe úsáid as greann freisin (Bourke, 1993: 173). Gach seans ann gurb é seo an straitéis is sábháilte chun a fearg agus a hagóid a chur i láthair go poiblí. Léiríonn an greann agus jócanna pointí teannais go hiondúil. Sna línte seo a leanas, ceiliúrann an bhean chaointe bás a fir chéile toisc go raibh sé sprionlaithe foréigneach agus gur bhain sé a cearta dlisteanacha di:

'Is tú a chuireadh na cearca chun socairt/Nuair a thógthá an t-im den chuiginn,/ ... Is ná fuighinn féin teacht 'na ngoire';
'Do thugthá domhsa/ An ceann ba raimhre den mhaide,/An ceann da chrua den leaba';
'Chuirtheá an fheoil ar salainn/... Is ní bhfuighinn féin a mblaisc uait (Bourke, 1993: 173).

Chlúdaigh an bhean chaointe teachtaireachtaí códaithe go sábháilte i measc fhuaimneanna agus thorann an chaointe. Míníonn Bourke: '[t]he noise generated and the fact that so few commentators who heard keening at funerals recorded its content

make it clear that for all except those listening intently, the words spoken were less audible than the loud wailing and clapping that accompanied them' (1993: 167).

Chabhraigh mná eile leis an mbean chaointe shinseareach chun a cuid focal a cheilt trí chur leis an torann i ról tacaíochta: thóg siad an t-olagán suas agus/nó bhuail siad a mbosa agus a n-uchtanna. Bhí orthu éisteacht go géar leis an mbean chaointe shinsearach áfach chun cabhrú léi agus chun foghlaim uaithi, ar ndóigh. Chloisfeadh na mná seo agus lucht na sochraide a d'éist go haireach leis an mbean chaointe na teachtaireachtaí códaithe a nocht sí ach ní chloisfeadh daoine eile ach 'mostly noise or [they] would miss the small verbal clues that gave point to the familiar formulas' (Bourke, 1993: 168).

Is sampla maith é an tsuantraí 'A Bhean Úd Thall'³¹ de straitéis an díphearsanaithe dar le Bourke agus Barbara Hillers. Sa tsuantraí seo, canann bean a thóg na daoine maithe teachtaireacht chódaithe dá deirfiúr agus ag an am céanna, canann sí suantraí don leanbh atá á chothú aici mar go bhfuil sí ina máthair altrama do leanbh de chuid na ndaoine maithe anois. Ba chuige sin a tógadh í. Tá Bourke den tuairim gurb ionann an bhean fhuadaithe agus an bhean nua-phósta a chanann an t-amhrán agus cuirtear uaigneas na mná óige in iúl go soiléir leis an gcurfá 'seóithín seó' a athrá. 'Uaigneas i ndiaidh a muintire féin is mó a léiríonn an bhean atá ag caint [sa tsuantraí]' (Bourke, 1992: 86). Rinneadh cleamhnais idir mná óga agus fir a bhí i bhfad níos sine ná iad: 'some of the mothers who sang it would have been girls married against their will to much older men' (Bourke, 2002c: 1425). Aontaíonn Hillers leis an mbarúil seo:

[j]ust as the abducted woman in the fairy fort uses her lullaby performance as a cover to communicate her own story, the young married woman singing her song would thus be using her lullaby performance as a cover for expressing her own, unsayable, feelings (2006: 50).

Ar ndóigh is é príomhfheidhm na suantraithe ná suaimhniú linbh ach léirítear frustrachas na máthar tuirsí a bhaineann le leanbh a fhanann ina d(h)úiseacht chomh maith lena grá dá leanbh sna suantraithe, dar le Sorcha Nic Lochlainn. Déanann an mháthair bagairtí uaireanta ach níor mhaith léi aon dochar a dhéanamh don leanbh. Níl

³¹ Tugtar 'A Bhean Úd Thíos' air in alt Hillers (2006: 48).

uaithi ach bealach chun a frustrachas a chur i bhfriotal: '[s]iúd é an sionnach ag tíocht sa gcurrach/Is bainfidh sé an ceann ón dúid díot' (Nic Lochlainn, 2018, gan lch).

Áitíonn Hillers go bhfuair mná faoiseamh ó chruatán an tsaoil mar bhean tí agus mar mháthair trí shamhlú a teaghlach a thréigeadh i suantraihte na hAlban:

[t]he song ['Òran Tàlaidh An Eich-uisge'] represents the speaker's attempt to lull his child, since his wife ...has left him' ...[Most versions] point towards desertion ...the lullaby was sung by women rather than men. Did it allow women to explore the unthinkable scenario of a wife deserting not only her husband but her child? ...Could women have derived any vicarious compensatory pleasure from a mental experiment that enabled them to imagine their husbands having to cope without them? (2006: 52).

Bhain Stiofán Ó Cadhla leas as taighde Radner agus Lanser ar straitéisí códaithe i scéalta béaloidis ina mhionscrúdú ar an scéal iontais 'Grásta na Foighne' (is leagan den seanscéal ATU 706 é) a d'inis an banscéalaí Nóra (Naná) Ní Chinnéide as Rinn Ó gCuanach. Cé gur inis Nanó an scéal seo don Chanónach Micheál Ó Síocháin, d'éirigh léi a teachtaireachtaí feimineacha a chur in iúl sa scéal fós. Mar a mhíníonn Ó Cadhla, deir an bancharachtar sa scéal nach raibh inti ach 'bean bhocht' agus 'go gcuireann daoine uaisle náire uirthi' ach níl fianaise ann chun tacú leis an íomhá sin sa scéal (2011b: 198). 'Níl aon neafais sa charachtar ach a mhalairt; is bean chliste í a d'imir gach cárta in am is i dtráth' (2011b: 198). Spreag an saothar seo Lillis Ó Laoire chun tabhairt faoi léamh den chineál céanna a dhéanamh ar scéal a d'aithris an banscéalaí cáiliúil, Cáit 'An Bhab' Feiritéar.

Chíor Ó Laoire an teachtaireacht fheimineach a scaoil Bab sa scéal 'Leathscéal ag na Mná' agus an chaoi ar úsáid sí greann mar mhodh cosanta agus í ag cur a teachtaireacht fheimineach in iúl (2016: 19-36). Léiríonn Locke, Vaughan agus Greenhill an tábhacht a bhaineann le greann do mhná chomh maith:

Women discuss and joke about sex ... humour [is] important ... for the pleasure, comfort, and bonds resulting from communal laughter at shared experiences and perceptions. Women may discuss otherwise-taboo topics such as sexuality and being the subjects (not objects) of desire (2008: xlix-l).

Scrúdaíonn Ó Laoire cúlra an scéil ar dtús agus míníonn sé gur chruthaigh an tsochaí phatrarchach teannas idir fir agus mná. Bhí inní ar na fir maidir le smacht a choimeád ar iompar a gcuid ban (Ó Laoire, 2016: 24-25). Baineann Bab úsáid as meafair chun

tagairt a dhéanamh do mhídhílseacht na mná céile. Seasann daille an fhir dá 'easpa cumais i gcúrsaí gnéis' agus is tagairt ceilte é an naprún do bhroinn na mná freisin (Ó Laoire, 2016: 32). Seo achoimre ar phlota an scéil: feiceann fear dall mídhílseacht a mhná céile trí mhíorúilt a d'oibrigh Íosa. Glacann an Mhaighdean Mhuire trua don bhean mhídhílís sa scéal seo agus iarann sí ar a mhac seans a thabhairt don bhean leithscéal a thabhairt. Cumann an bhean leithscéal chun an drochscéal a leigheas: mura raibh sí mídhílís dá fear céile, ní bhfaighfeadh sé radharc na súl ar ais. Sa chás seo, críochnaíonn Bab a scéal le habairt a chaitheann anuas ar mhná: '[a]gus riamh ó shin, tá leithscéal ag na mná, agus deirtear gur giorra dhóibh leithscéal ná a n-aprún' (Ó Laoire, 2016: 20). Tríd an trócaire a lua mar thréith speisialta ag Muire, tréith a bhaineann go dluth le mná i dtíortha éagsúla dar le Ó Laoire, leagann Bab béim ar thábhacht na trócaire a thabhairt do dhaoine, go háirithe do mhná, as a gcuid 'laigí' daonna (2016: 33).

Bhain Isla Parker (2022) úsáid as teoiric an chódaithe chun anailís a dhéanamh ar dhá scéal a d'inis na banscéalaithe Albanacha Peigidh NicDhòmhnaill as Uibhist Theas agus Anna Niclain as Barra. Léiríonn Parker an tábhacht a bhaineann le cineálacha éagsúla an bhéaloidis a scrúdú chun cur leis an tuiscint atá ag béaloideasaithe maidir le ról na mban sa traidisiún béil mar gur leagadh béim ar na hamhráin a chum mná sa litríocht go dáta:

This research indicates a clear bias for song as a source for the female experience throughout history ... [and] has undeniably been fruitful in investigating the lives, attitudes, and experiences of women in Gaelic society from the nineteenth- and twentieth-century. However, as Claire Farrer argues, the genres “predetermined” to belong to women are not the only ones valid for investigation into women’s experiences and lives (2022: 20).

Rinne Parker comparáid idir leagan an scéalaí Peigidh NicDhòmhnaill den scéal 'Na Sìthichean agus an Leanabh' agus leagan a d'inis a deartháir, Aonghas Mac 'IllFhialain '[to] help to determine whether NicDhòmhnaill, as a female storyteller, recited the tale as she heard it or altered the tale to reflect her own experiences as a woman and mother' mar a rinne Peig Sayers ina leagan den scéal 'Abhras Mhná Mhicí' (2022: 51-52, féach thuas). I leagan NicDhòmhnaill, cuirtear misneach na mná in iúl agus í ag iarraidh a leanbh a fháil ar ais ó na síoga go háirithe ag buaicphointe an scéil nuair a sheasann an bhean an fód agus siúlann sí i dtreo an fhir atá ag bagairt uirthi chun

sábháilteacht a linbh a dheimhniú: 'that this action occurs at the climax of the tale indicates that the resilience and ability of women is indeed the central message of this tale' (2022: 53). Tagraíonn Mac 'IllFhialain d'amandántacht na mná ina leagan féin, áfach. Bhí ar an mbean taisteal timpeall céad míle chun a páiste a leigheas 'only to be told that [her employer] ... could have saved the child if the woman had done as [he] ... told her in the first place' (2022: 57). Dar leis, ba é iompar claonaíoch agus easumhlaíocht na mná a chruthaigh an fhadhb di. Cuireann sé seo dearcadh Mhíchíl Uí Gaoithín i gcuimhne mar a luann Parker í féin (2022: 57; féach thuas).

I gcás na hanailíse a rinne sí ar an scéal ó bhéalaithris NicIain, léiríonn sí go raibh an scéalaí ag cur béime ar chlisteacht na mná sa scéal i gcónaí:

The ... heroine's "interior monologue" ... establishes her "self-understanding" and demonstrates that she is able to actively make decisions for herself. [Her] ... determination and representation of her thoughts challenges the notion that women should passively accept their position in society (2022: 62).

Tugann Parker faoi deara go raibh féachaint na mná i gceist sa scéal seachas féachaint an fhir - ba í an bancharachtar a bhain taitneamh as bheith ag féachaint ar an 'a' fiúran àlainn maiseach' (2022: 63). Deir Parker, 'these messages ... challenge and transform traditional gender expectations, potentially providing for women an escape and avenue to express attitudes towards their position in society' (2022: 65).

Léiríonn an taighde atá pléite thuas gur fiú úsáid a bhaint as teoiric an chódaithe chun anailís chomparáideach a dhéanamh ar dhearcadh na scéalaithe, idir fhir agus mhná, i leith na mban agus chun anailís a dhéanamh ar scéal a d'inis banscéalaí freisin. Cáineann Locke, Vaughan agus Greenhill an teoiric seo ó thaobh an chódaithe intuigthe de, áfach, mar gurbh fhéidir éagsúlacht bríonna a bhaint as an ábhar béaloidis:

the multiplicity of possible interpretations raises questions about intended meanings. Feminist analyses that crack these codes may be exposing interpretations that are deliberately coded. Indeed, in several cases in which feminist folklorists have engaged in interpretive decoding, the texts' creators have denied that they intended any such significance (2008: xxvi).

Téann Radner agus Lanser i ngleic leis an bhfadhb seo trí mhíniú a thabhairt ar chomhthéacs an chódaithe seo. Dá mbeadh ansmacht agus riosca maidir le sábháilteacht na mban i gceist (mar shampla, leatrom na bhfear ar mhná) nuair a

scaoilfeadh mná a gcuid tuairimí, bheadh gá leis na teachtaireachtaí seo a chódú (Radner & Lanser, 1993: 9). Bheadh drogall ar mhná sna cásanna sin admháil go raibh códú i gceist freisin: '[h]owever, the presence of oppressive conditions, marginalization, and risk, as well as multiple communities of listeners (some sympathetic, some not) increase the likelihood that women's messages will be coded, deliberately or otherwise' (Locke, Vaughan & Greenhill, 2008: xxvi-xxvii).

Tuigtear ón méid thuas maidir le cúlra teoiriciúil an staidéir seo gur féidir le hábhar béaloidis tacú leis an *status quo* ar lámh amháin nó dúshlán a thabhairt dó. Ní mór an nádúr déach seo a iniúchadh i gcás Chnuasach Mhic Mhathúna, más ann a leithéid. Deimhneoidh cur chuige hibrídeach bunaithe ar na teoiricí thuasluaite cothromaíocht a bheith chun cinn i rith na hanailíse ar an ábhar béaloidis ionas go dtabharfar léargas ar léiriú na mban i gceantar an Luaigh Thuaidh go dtí lár na fichiú haoise.

2.6 Achoimre ar Ról agus ar an mBéaloideas a Bhaineann le Mná i gComhthéacs Chnuasach Mhic Mhathúna

Léiríodh sa chaibidil seo go raibh ról gníomhach (ach níos príobháidí i gcásanna mhná áirithe, mar shampla, mná a d'inis scéalta do pháistí ina tithe féin) ag mná i mbailiú agus i gcaomhnú an bhéaloidis in Éirinn. Cé nár fhostaigh an Coimisiún banbhailitheoirí lánaimseartha, thiomsaigh banbhailitheoirí páirtaimseartha ar nós Bhríd Ní Ghamhnáin ábhar béaloidis.

Pléadh imeallú na mban i gcomhthéacs an bhailithe chomh maith. Tugadh le fios sa chaibidil seo nach raibh dearcadh frithbhanda ag an gCoimisiún ná ag an Duileargach é féin. D'admhaigh sé go raibh mná páirteach i gcaomhnú an bhéaloidis ina léacht clúiteach *The Gaelic Storyteller*. Thug Ó Duilearga treoir do bhailitheoirí ar nós Phroinsiasa de Búrca bailiú ó mhná agus, cé nár tugadh an treoir chéanna do Mhac Mathúna, chuaigh Mac Mathúna ar thóir bhanfhaisnéiseoirí toisc gur aithin sé go raibh luach ag baint lena gcuid saineolais ar ábhar béaloidis. Tá an chuma ar an scéal nach raibh aon drogall ar bhanfhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna a gcuid saineolais a roinnt leis go hiondúil. Léiríodh thuas na cúiseanna nár bailíodh níos mó de bhéaloideas na mban, mar shampla, easpa ama, claonadh na mbailitheoirí agus roghanna pearsanta na

scéalaithe agus na seanchaithe iad féin, an t-ábhar leochaileach ar thánghas air sa seanchas áitiúil agus nádúr príobháideach bhéaloideas na mban.

Cíoradh comhthéacs sóisialta bhéaloideas na mban go mion maidir leis na láithreacha scéalaíochta inar inis mná a gcuid scéalta nó seanchais, an lucht éisteachta a bhí acu agus taibhléiriú na mbanscéalaithe freisin. Tháinig an tuairim gur inis mná béaloideas i láithreacha níos príobháidí ina dtithe féin agus do pháistí chun tosaigh sa staidéar seo. Ní féidir a shéanadh go raibh dlúthbhaint ag taibhléiriú na mban le mothúcháin a léiriú. Bhain mná áirithe úsáid as comharthaí lámhe nó geáitsíocht eile agus iad i mbun scéalaíochta freisin. Lean mná eile ar aghaidh lena gcuid oibre ar fud an tí nó d'fhan siad ina suí lena lámha ar a nglúnta agus iad ag insint scéalta. Is dóigh, mar sin, gur bhain sé seo leis an gcaoi ar shníomh mná a gcuid béaloidis isteach ina ngnáthaimh laethúla.

Pléadh feidhmeanna bhéaloideas na mban sa chuid dheireanach den chaibidil seo ag baint úsáide as alt William Bascom ina leith, as saothar Nenola agus as teoiric an chódaithe mar a leag Radner agus Lanser amach é. Míníodh na téarmaí béaloideas na comhthuisceana agus béaloideas na hiomarbhá i gcás bhéaloideas na mban go príomha. Tugadh le fios go raibh nádúr déach i gceist leis an bhfeidhm ídithe fiú, is é sin le rá, bhí ról coimeádach aige sa chás gur thacaigh sé le luachanna an phobail as ar eascraíodh é ach bhí ról treascrach aige nuair a léirigh scéalaithe nár aontaigh leis an meon coiteann a gcuid tuairimí féin freisin. Tagraíodh do nádúr príobháideach bhéaloideas na mban roimhe seo, ach díróidh aird ar a nádúr treascrach sa chuntas a tugadh ar an bhfeidhm ídithe mar a rinneadh cur síos air sa litríocht. D'úsáid mná straitéisí éagsúla (greann, cuir i gcás) chun a gcuid mothúchán, míshástacht agus agóid a chur in iúl go sábháilte gan eagla a bheith orthu. Tugann an litríocht ar bhéaloideas na mban le fios gur scaoileadh eolas faoin méid a d'fhulaing mná ina gcuid amhrán agus scéalta mar gur tugadh deis dóibh labhairt amach iontu agus a gcuid gearán a dhéanamh gan eagla.

Léiríodh go bhfuil corpas substaintiúil d'ábhar béaloidis ó pheirspictíocht na mban ar fáil i gCnuasach Bhéaloideas Éireann agus go raibh mná in ann iad féin a chur in iúl do bhailitheoirí béaloidis. Is léir gur foinse eolais an-suntasach é Cnuasach Mhic Mhathúna do bhéaloideas na mban in iarthuaisceart an Chláir. Ós rud é gur tugadh tús áite do

bhéaloideas na mban sa litríocht, tarraingíodh aird sa chaibidil seo ar thábhacht bhéaloideas do mhná toisc gur chuir siad iad féin, a ndearcadh baineann, agus a gcuid tuairimí agus mothúcháin in iúl trí na scéalta, an seanchas nó na hamhráin a d'aithris siad. Ag an am céanna, léiríodh gur cheart **béaloideas faoi mhná** a chur san áireamh freisin chun cuntas tomhaiste a thabhairt ar léiriú na mban san ábhar béaloidis. Aithníodh go raibh fir in ann a dteachtairachtaí códaithe féin a cheilt ina gcuid béaloidis freisin, teachtaireachtaí (frithbhanda) a léiríonn a meon féin i leith na mban. Ní mór cineálacha difriúla an bhéaloidis ó bhéalaithe na mban agus na bhfear a scrúdú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an meon i leith na mban agus chun feidhmeanna éagsúla an bhéaloidis mar a leag Bascom amach iad a thuiscint níos fearr. Is fíric chruthaithe é go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le taighde den chineál seo a dhéanamh do réimse an bhéaloidis i gcoitinne: '[s]tudies of women's folklore have contributed to a greater understanding, not just of the world of women, but the world of men, too, and of interrelationships between the two worlds' (Jordan agus de Caro, 1986: 518). I ndiaidh an chúlra theoiriciúil a leagan amach sa chaibidil seo, pléifear modheolaíocht an tráchtas i gCaibidil 3.

Caibidil 3: Modheolaíocht

3.1 Brollach

Déantar trácht thíos ar na modhanna taighde agus anailíse ar baineadh úsáid astu chun (i) eolas a bhailiú agus (ii) innéacsú, tras-scríobh agus anailís a dhéanamh ar Chnuasach Mhic Mhathúna le linn an taighde seo. Mínítear na cúiseanna ar roghnaíodh na modheolaíochtaí seo don staidéar seo. Pléitear na teoiricí a d'eascair as an léirbhreithniú litríochta agus a threoraigh an tionscadal seo. Déantar cur síos ar an obair innéacsaithe agus tras-scríofa ar an mbunábhar, ar na foinsí a ceadaíodh, ar ghné eiticíúil an tráchtais agus ar rangú an ábhair bhéaloidis. Leagtar amach an modh eagarthóireachta a cuireadh i bhfeidhm ar an ábhar tras-scríofa. Cuirtear céimeanna na hanailíse in iúl ar deireadh.

3.2 Cur Chuige Feimineach

Míníodh i réamhrá an tráchtais go raibh banscéalaithe an cheantair thart faoin Luach Thuaidh gan iomrá i gcomparáid le scéalaithe ar nós Stiofáin Uí Ealaoire agus Sheáin Charúin (féach lgh 2-3 thuas). Cabhróidh an tráchtas seo leis an neamhionannas seo a chur ina cheart. Tá bonn feimineach leis an taighde seo mar go bhfuil spéis ag an údar i saol na mban agus sna cuntais ar ghnéithe de atá le fáil i gCnuasach Mhic Mhathúna mar aon leis an ábhar béaloidis a ndearnadh dearmad air, sé sin, an t-ábhar béaloidis a d'inis mná anaithnide sa cheantar, a thabhairt chun solais. Tuigeadh ó thorthaí an léirbhreithnithe go nochtaítear seoda nuair a dhéantar mionscrúdú ar bhéaloideas na mban i gcomhthéacs shaol na mban agus nuair a shoiléirítear guthanna na mban agus na bhfear trí aitheantas a thabhairt dá gcuid teachtaireachtaí códaithe i gcás bhéaloideas faoi mhná. Chinntigh cur chuige feimineach an údair go raibh banfhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna agus mná an cheantair i gcroílár an tionscadail taighde seo. Fuarthas léargas níos iomláine ar léiriú na mban sa cheantar trí theoiric an chódaithe a chur i bhfeidhm ar bhéaloideas faoi mhná a bailíodh ó fhir freisin, mar a rinne scoláirí ar nós Radner, Kimpton agus Parker.

D'eascair na hipitéisí seo a leanas don anailís ó thorthaí an léirbhreithnithe:

- Cheil mná agus fir teachtaireachtaí códaithe sa seanchas a d'inis siad agus nochtadh a gcuid tuairimí pearsanta i leith iompar, ról agus saol na mban (i measc rudaí eile) iontu.
- Bhí nádúr treascrach i gceist le béaloideas na mban agus thug an fheidhm ídithe deis do mhná labhairt amach go hoscailte ar bhealach nár ceadaíodh sa tsochaí.
- Chuimsigh béaloideas na mban meascán de bhéaloideas na comhthuisceana agus de bhéaloideas na hiomarbhá.

3.3 Innéacsú & tras-scríobh Ábhair

3.3.1 Ardán

Scanadh an bunábhar ar fad (c.11,367 lch) agus d'uaslódáil an Dr Brian Ó Raghallaigh na lámhscríbhinní go hArdán.³² Chomh maith leis na cóipeanna atá stóráilte go sábháilte in Ardán, tá na híomhánna lánmhéide á stóráil go slán fadtéarmach ag Leabharlann Dhigiteach Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Baineadh leas as Ardán chun eagarthóireacht a dhéanamh ar Chnuasach Mhic Mhathúna. Is féidir logáil isteach ar Ardán (le pasfhocal) ag an nasc seo: <https://ardan.gaois.ie/cbe/>.

The screenshot displays the Ardán (Digital Library) interface. On the left, there is a search bar and a list of search results. The main content area shows the record for the manuscript 'Paidir an Tobac' (CBÉ 38: 62a-63). The record includes the following information:


- mir:** Paidir an Tobac
- Imleabhar CBÉ 0038 - Cuid 1**
- LGH:** 62a-63
- MODH:** Lámhscríofa
- SCRIPT:** Cló Rómhánach
- SUIDHMH:** Cill Aidhneach, Co. an Chláir
- BAILL:** Seán Mac Mathghamhna
- FAIS:** Bean Sheáin Mhic Déid

The right-hand side of the interface shows the 'LEATHANAIGH' (Folios) section, which includes a list of folios and their corresponding IDs and CBÉ numbers. The 'teideal' (Title) section shows the title 'Paidir an Tobac'. The 'cur síos' (Description) section includes the 'modh scríbhneoireachta' (Writing mode) as 'LÁMH' (Lámhscríofa) and the 'script' as 'LATN' (Cló Rómhánach). The 'faisnéiseoirí' (Contributors) section lists 'duine' (Person) as '315678551' (Bean Sheáin Mhic Dhaibhéid - Bean Sheáin Mhic Déid - Bean Sheáin Uí Dháid).

Figiúr 10: Iontráil don Mhír 'Paidir an Tobac' i gCóras Ardán (CBÉ 38: 62a-63).

³² Córas ríomhaireachta gréasán-bhunaithe a d'fhorbair Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun sonraí a mharcaíl agus chun meiteashonraí a chur in eagar is ea Ardán. Úsáidtear é le hábhar an tsuímh Dúchas.ie a riar.

Ionchuireadh meiteashonraí sa chóras ar nós teidil, sleachta (.i. mura raibh teideal ag an mír, scríobhadh an chéad abairt nó an chéad dá líne amach díreach mar a bhí sé sa lámhscríbhinn), dáta (.i. an dáta nó na dátaí a luadh sa lámhscríbhinn leis an mír, mar shampla, an dáta a bhreac Mac Mathúna síos an t-ábhar nó dáta eisiúnaithe nó dáta faighte an Choimisiúin (.i. stampaí an Choimisiúin)), chineál an ábhair (seanchas, cín lae, comhfhreagras nó ceistneoir), an mhodh scríbhneoireachta (.i. lámhscríofa), na scrípte (.i. cló Rómhánach i gcónaí), theanga an ábhair (Gaeilge, Béarla) agus ainmneacha na bhfaisnéiseoirí. Cuireadh logainm leis an ábhar béaloidis nuair a bhí scéal faoi logainm nó ceantar ar leith i gceist nó nuair a bhí logainm luaite sa teideal. Cláraíodh eolas beathaisnéiseach ar nós ainm, dháta breithe, ghairm agus sheoladh na bhfaisnéiseoirí sa Bhunachar Daoine³³ i gcóras Ardán freisin nuair a bhí an t-eolas sin ar fáil.



Figiúr 11: Iontráil do Bhríd Uí Dhanachair sa Bhunachar Daoine (Ardán)

Rinneadh an t-innéacsú seo ar an mbunábhar (.i. lámhscríbhinní Mhic Mhathúna) chun an bailiúchán iomlán a ullmhú don fhoilsiú ar líne ar Dúchas.ie. Cuirfear an bunábhar ar fad ar fáil ar Dúchas.ie tar éis chríoch an tráchtais seo. Leanadh polasaí eagarthóireachta Dúchas.ie ach amháin i gcásanna áirithe. Scríobh Mac Mathúna teidil éagsúla don ábhar béaloidis céanna uaireanta agus cuireadh dhá theideal leis an ábhar ar Ardán sa chás go raibh eolas breise ar fáil sna teidil dhifriúla, mar shampla 'Scéal Bróin ón bhFairrge - Taibhse an Fhir Bháite' (CBÉ 38: 201a-206). Rinneadh caighdeánú

³³ Is bunachar sonraí inchoardaithe é an Bunachar Daoine de bhailitheoirí agus d'fhaisnéiseoirí Chnuasach Bhéaloideas Éireann agus de na daoine a luaitear i ndialanna bhailitheoirí an Choimisiúin. Cláraítear meiteashonraí ar nós ainm, ghairm, inscne agus sheoladh an duine ann.

éadrom ar litriú agus ar ghramadach na dteideal ach cloíodh le leagan na lámhscríbhinne i gcorrchás óir nárbh fhéidir leagan caighdeánaithe a mholadh, mar shampla, 'Murrachaí Reanthuighe' (CBÉ 1043: 5). Sa chás go raibh ábhar leochaileach³⁴ ann, marcáladh é sin. Beidh sé sin le meas agus an t-ábhar á fhoilsiú ar Dúchas.ie.

3.3.2 Corpas na mBan

Léadh an bunábhar mar chuid den obair innéacsaithe. Tuigeadh ón mbunabhar seo go raibh ábhar béaloidis substaintiúil ann a bhain le mná. Cláraíodh an t-eolas seo i scarbhileog. Baineadh leas as an bhfocal 'corpas' chun tagairt a dhéanamh don fhochnuasach béaloidis seo laistigh de Chnuasach Mhic Mhathúna chun aon débhríocht a sheachaint mar go raibh 'cnuasach' in úsáid sa tráchtas seo cheana i gcás Chnuasach Mhic Mhathúna. Bailíodh na míreanna béaloidis sa chorpas ó fhaisnéiseoirí éagsúla nó scríobh Mac Mathúna cuid de óna chuimhne féin. Roghnaíodh 'corpas na mban' mar theideal. Cuimsíonn an corpas an t-ábhar béaloidis amhail amhráin, cuntais faoi nósanna áitiúla, filíocht, finscéalta, freagraí na gceistneoirí, grinnscéalta, seanscéalta:

- a bhailigh Mac Mathúna ó mhná (is cuma cén t-ábhar).
- a bhailigh an bailitheoir ó fhir nó a scríobh Mac Mathúna síos óna chuimhne féin sna cásanna seo a leanas:
 - Ainmneacha ban nó téarmaí a léiríonn ról nó stádas na mban (amhail 'banríon', 'iníon' nó 'máthair') luaite i dteideal an ábhair nó i dteideal nó i gcur síos an scéil in Innéacs ATU,
 - luaitear gur fhoghlaim siad an t-ábhar béaloidis ó mhná,
 - cuirtear gnéithe de shaol nó peirspictíocht na mban in iúl,
 - ábhar béaloidis a luaitear le mná go hiondúil, mar shampla, dánta beannaithe (féach 4.2.3 thíos),
 - léirítear dearcadh na bhfaisnéiseoirí i leith na mban.

³⁴ Is éard atá i gceist le hábhar leochaileach sa chomhthéas seo aon ábhar ina nochtar tuairimí diúltacha nó maslacha i leith duine áirithe nó ina gcuirtear coiriúlacht nó drochghníomh ina thaobh.

Tá 567 mír béaloidis sa chorpas ar an iomlán (2,747 lch): 104 ó mhná (297 lch), deich ó fhir agus ó mhná araon, mar shampla, lánúineacha pósta (58 lch), 142 ó fhir (929 lch) agus 311 ó chuimhne an bhailitheora (1,463 lch).

3.3.3 Transkribus

Baineadh leas as an mbogearra HTR ('Handwritten Text Recognition' nó teicneolaíocht aitheanta téacs lámhscríofa), Transkribus, chun an bunábhar ar fad a thras-scríobh go huathoibríoch ar mhaithe le hinúsáidteacht. Thiontaigh an Dr Brian Ó Raghallaigh an bunábhar as Ardán go PDFanna agus d'uaslódáil an t-údar seo na PDFanna go Transkribus. Cuireadh an modh eagarthóireachta i bhfeidhm ar chuid de na tras-scríbhinní a cruthaíodh (féach 3.5 thíos).

Chruthaigh Transkribus deacrachtaí ama don tionscadal taighde seo ar dtús. Uaslódáladh an chéad imleabhar i gCnuasach Mhic Mhathúna (CBÉ 38) go Transkribus mar eiseamláir chun tástáil a dhéanamh ar fhéidearthachtaí Transkribus. I ndiaidh céad leathanach den lámhscríbhinn sin a thras-scríobh chun múnla HTR a chruthú, tugadh faoi deara go mbeadh níos mó ábhair le tras-scríobh chun an múnla HTR a thraenáil i gceart sular cuireadh i bhfeidhm é ar an gcuid eile den lámhscríbhinn. Tras-scríobhadh 311 leathanach eile (CBÉ 38: 101-412).

Bhí go leor ceartúchán le déanamh ar na tras-scríbhinní a chruthaigh an chéad mhúnla HTR toisc go raibh 12.4% CER ('Character Error Rate' nó ráta earráidí carachtair) ar an tacar tástála .i. 87.6% cruinneas. Bheifí ag súil le CER níos fearr mar a mhíníonn Alvermann: '[a] good HTR model should recognize 95% of ... handwriting correctly, the CER is not more than 5%' (2019, gan lch).

Obair mhaslach a bhí i gceist leis na ceartúcháin. Tá na ceartúcháin a bhí le déanamh aibhsithe dearg agus na ceartúcháin a rinneadh aibhsithe glas san íomhá seo a leanas (CBÉ 38: 112).

Sgeulta ón áit seo

An toipic, bhea ighthe Nodlaic bheannuighthe
 Air an gceud gaohair gabhail amach cuirfi cuirfi, chuirfi seos síos
 tine teine bhreágh da thogha thogha na mona, móna, go
 minic chuidí chuirfi bloc múr gúis na theannta, agus is
 iarr gearr go mbíoch glaidhreach aluinn aluinn teine, aig
 ssoillsí soillsuí an bothanin, agus aig tabhairt tais teas
 aaus agus aoibhneas dá chómnuighthe, cine chómnuighthe. Teine Mhúr na
 Modlaic thugtao Nodlaic thugtaoi air an teine sin. Agus Agus, ó an
 taoibhneas t-aoibhneas a chuireach lasach lasadh na coinne air
 ióg óg agus air sean. Ceann an tigh dhinneach an
 Ina gnó sin, agus uareannta na páistí beaga. Ó, an
 slus solus a chuireach sé a sribh súilibh na páistí, agus na
 paidreacha paidreacha dúthrachtach, te ón on gcroidhe amach
 a chuirte chuirfi suas go Neamh air son gach naon
 don do'n teallach a bhí imighthe, ceoe imighthe, ceocu air slighe slighe,
 na TFáinne, nu Fírinne, nu i dtiortha Lbhifad f bhfad i geéin gcéin
 Agus Agus gach lá riamh, ríamh, i saohal death gnúid saoghal dealbh, nú í
 sroghal saoghal fairsin, dfeuchach an tuathach bocht
 simplí simplí le gréim agus biogam blogam deas a sholátharns sholáthar ins
 an "Modlaic Agus Nodlaic. Agus air shon na ná raibh aon cheann
 des na souiti soliústi deasa mar feail, raisini, mar feoil, raisini, agus
 mitseaa milseain milseáin go flúirseach aig páisi páistí na
 báite eo h-áite seo ins an teean aimsir, tsean aimsir, mar sin féin
 ba laethartha laethantha geala dóibh dhé dhá lá dheuag ni odag dheug na Nodlag

Figiúr 12: Ceartúcháin (CBÉ 38: 112).

Fágadh an obair seo ar leataobh go dtí samhradh 2021 mar go ndearna foireann Transkribus uasdátú ar an mbogearra idir an dá linn. Cruthaíodh múnla HTR nua agus traenáladh é trí 700 leathanach breise a thras-scríobh de láimh. An uair seo bhí CER de 4.77% ann (i. 95.23% ráta chruinnis) agus tras-scríobhadh an Cnuasach ar fad (81,293 focal). Bhí líon beag ceartúchán le déanamh ar na tras-scríbhinní a chruthaigh Transkribus agus shábháil an bogearra go leor ama sa deireadh. Léiríodh go raibh tairbhe le baint as chun tras-scríbhinní d'ábhar lámhscríofa i nGaeilge a chruthú. Ós rud é nach bhféadfaí na tras-scríbhinní ar fad a cheartú laistigh den tréimhse taighde, d'fhéadfaí iad a chur le Meitheal Dúchas.ie mar chuid den tionscadal slua-fhoinsithe sin chun ábhar as Cnuasach Bhéaloideas Éireann a thras-scríobh de láimh ar an suíomh.

3.4 Bailiú Eolais

3.4.1 Taighde ar Bhunfhoinsí agus ar Fhoinsí tánaisteacha

Ceadaíodh raon leathan foinsí le linn an tionscadail seo. Baineadh úsáid as Zotero (bogearra bainistíochta tagairtí) chun bunachar sonraí pearsanta d'fhoinsí a stóráil agus leabharliosta an tráchtais a chruthú.³⁵

I measc na mbunfhoinsí a ceadaíodh bhí dialanna agus comhfhreagras Mhic Mhathúna, dialanna Arensberg, nótaí na n-agallamh (féach 3.4.2 thíos), ailt nuachtáin, ailt phiarmheasúnaithe, ábhar béaloidis (idir lámhscríbhinní a bhailigh bailitheoirí eile an Choimisiúin agus grianghraif) agus clár faisnéise raidió de chuid RTÉ a craoladh in 1982 faoi shaol na ndaoine i mBaile Shearrach, Co. an Chláir.

Léadh leabhair agus ailt faoi bhailiú an bhéaloidis i gCo. an Chláir, faoi stair an cheantair agus faoi stádas na mban in Éirinn sa chéad leath den fichiú haois. Baineadh leas as Bunachar Logainmneacha na hÉireann (Logainm.ie), ailt agus leabhair faoin gceantar agus as na hagallaimh leis na faisnéiseoirí chun teacht ar eolas logainmníochta don cheantar. Fuarthas comhordanáidí na logainmneacha Gaeilge agus Béarla (sa chás nach raibh logainm Gaeilge deimhnithe go fóill ag an mBrainse Logainmneacha) ó bhunachar Logainm.ie, teorainneacha na mbailte fearainn ó data.gov.ie agus bunmhapa ó Google Maps. Cláraíodh an t-eolas seo i scarbhileog agus chruthaigh an Dr Brian Ó Raghallaigh léarscáileanna an cheantair leis i gcóras QGIS (féach figiúirí 5 & 6 thuas).

Tarraingíodh ar ghinealas mhuintir Mhic Mhathúna a scríobh garnia Mhic Mhathúna (Barrett, 2012 & Barrett, 2022). Bhí roinnt tochailte le déanamh sna taifid shibhialta (.i. clár breitheanna, póstaí agus báis na bparóistí cuí), i nDaonáirimh 1901 agus 1911 agus sna taifid eaglasta ar shuíomhanna Leabharlann Chontae an Chláir agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun teacht ar níos mó eolais faoi mhuintir Mhic Mhathúna mar nach raibh mórán eolais ag muintir Bhairéid maidir le muintir Mhic Mhathúna. Aimsíodh eolas beathaisnéisiúil faoi fhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna sna taifid seo freisin. Soláthraíodh grianghraif de mhuintir Mhic Mhathúna agus de mhuintir an cheantair i measc na bhfaisnéiseoirí agus gaolta Mhic Mhathúna.

³⁵ Féach 'Foinsí agus Tagairtí' ag deireadh an tráchtais seo.

Bhí gá le hainmneacha na bhfaisnéiseoirí (céadainmneacha agus sloinnté) a chaighdeánú ar mhaithe le leanúnachas. Ba é nós an bhailitheora leaganacha éagsúla de na hainmneacha a bhreacadh síos sna lámhscríbhinní. Rinne sé iarracht cuid de na hainmneacha a Ghaelú é féin freisin cé nach raibh sé iomlán cinnte faoi leaganacha Gaeilge na n-ainmneacha. Mhínigh sé na deacrachtaí a bhí aige i litir chuig Seán Ó Súilleabháin: '[r]ud eile ná tá roinnt ainmneacha agus sloinní thimpeall anseo atá bunoscionn leis an nós a bhfuil siad in áiteacha eile. Cá bhfaighinn leabhar a chuireann síos ar sloinní agus ainmneacha? Tá uaim an leagan atá againne ortha do chuir síos' (Mac Mathúna, 1936). Gheall an Súilleabhánach dó go gcuirfeadh sé cóip den leabhar *Sloinnté Gaedhael is Gall/Irish Names and Surnames* (Woulfe, 1923) chuige más féidir leis teacht air (Ó Súilleabháin, 1936b). Ós rud é go raibh éiginnteacht áirithe ann, rinneadh caighdeánú ar na hainmneacha tríd síos sa tráchtas seo. Léirítear leaganacha an bhailitheora agus an eagarthóra in Agusín C thíos. Baineadh leas as na foinsí seo a leanas: an Bunachar Sloinnté Gaeilge³⁶ a d'fhorbair foireann Fiontar & Scoil na Gaeilge, *The Surnames of Ireland* (McLysaght), *Sloinnté Gaedhael is Gall/Irish Names and Surnames* (Woulfe) agus *An Sloinnteoir Gaeilge agus an tAinmneoir* (Ó Droighneáin). Thug an Dr Liam Ó hAisibéil comhairle maidir leis an sloinne Kill(h)oury nó Mac Giolla Luachra freisin. Cloíodh le leagan an bhailitheora, le leagan áitiúil an ainm nó le leagan na mbéaloideasaithe i gcás na ndaoine seo a leanas, áfach, mar go n-aithnítear na leaganacha seo: Seán Carún³⁷ in ionad Seán Ó Ciara agus Seán Clárach³⁸ seachas Seán de Cléir. Sa chás go raibh an taighdeoir in ainm a thabhairt ar na faisnéiseoirí anaithnide sa bhunábhar trí thaighde a dhéanamh sna taifid shibhialta nó i nDaonáirimh 1901 & 1911 nó sa chás gur aithin faisnéiseoirí an údair seo na daoine sin ón méid eolais a thug Mac Mathúna le fios sa bhunábhar, cuireadh na hainmneacha seo leis an gCatalóg ag deireadh an tráchtais seo. Cláraíodh leagan an bhailitheora agus leagan an eagarthóra de na hainmneacha ar fad sa Bhunachar Daoine in Ardán.

Bhí peannaireacht an antraipeolaí Conrad Arensberg deacair le léamh ina chuid dialanna.³⁹ Dhírigh an Dr Deirdre Ní Chonghaile aird an údair seo ar chóipeanna tras-scríofa de na dialanna ar shuíomh Leabharlann Dhigiteach Ollscoil na Gaillimhe (Ní

³⁶ Féach <https://www.gaois.ie/ga/surnames/>.

³⁷ Féach <https://www.duchas.ie/ga/cbeg/13417>.

³⁸ Féach <https://www.duchas.ie/ga/cbes/4922371/4875098/5091244>.

³⁹ Chuir Katherine Crowe, cartlannaí i gCartlann Náisiúnta Antraipeolaíoch san Institiúid Smithsonian i Maryland, cóip scannta den ábhar chuig an údar (Crowe, 29 Aibreán 2019).

Chonghaile, 2021). Ba chuidiú mór é sin. Is áis luachmhar iad na dialanna seo, ní hamháin mar gur chónaigh Arensberg le muintir Charúin gar do theach Mhic Mhathúna ar an Luach Thuaidh sna tríochaidí ach mar gur réitigh Arensberg go han-mhaith le muintir an tí sin, go háirithe Bean Sheáin Charúin.

Tagraíodh do na foinsí tánaisteachta seo i rith an taighde: ciclipéidí, cnuasaigh bhéaloidis atá curtha in eagar, foclóirí, leabharliostaí, léirmheasanna agus (mion)tráchtas.

3.4.2 Agallaimh

Cuireadh agallaimh ar chúigear faisnéiseoirí ón gceantar (beirt fhear, triúr ban) chun comhthéacs cultúrtha an bhéaloidis i gCnuasach Mhic Mhathúna a iniúchadh agus chun teacht ar chuimhní cinn faoi shaol an bhailitheora agus faoi shaol na mban sna tríochaidí agus sna daichidí. Cuireadh iarratas eitice chuig an gCoiste um Eitic Thaighde, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus glacadh leis. Tuigeadh go mbeadh líon beag faisnéiseoirí i gceist ó bheith ag caint le garnia Mhic Mhathúna mar gur mhínigh sé nach raibh go leor daoine fós beo a raibh aithne acu ar Mhac Mathúna nó a raibh cónaí orthu sa cheantar sna tríochaidí agus sna daichidí (Barrett, 2018). Scríobhadh litreacha aitheantais chuig muintir an cheantair le cur in iúl dóibh cén sórt taighde a bhí idir lámha agus le fáil amach go beacht cé mheád duine a bheadh sásta agus in ann cuidiú leis an togra. Rinneadh liosta de na daoine seo. Tugadh cuairt orthu i mí Aibreáin agus i mí Iúil 2019 ina dtithe féin chun agallamh a chur orthu faoi mar a rinne Mac Mathúna féin. Tugadh ráiteas i bhfriotal simplí do gach faisnéiseoir, freagraíodh aon cheist a bhí acu faoin bpróiseas agus shínigh siad an fhoirm i ndáil le toiliú feasach roimh thús an agallaimh.

Ba i bhfoirm chomhráite a cuireadh na hagallaimh leath-struchtúrtha seo ar na faisnéiseoirí, stíl ar bhain Mac Mathúna leas as agus é ag bailiú béaloidis óna chuid faisnéiseoirí féin. Seo mar a mhíníonn Jan Bloomaert agus Dong Jie an próiseas seo:

If your interviews are conceived of and conducted as conversations, they will contain the features of ordinary conversations, and one of the well-known features of that is narrative. Whenever we talk, we construct our talk around stories, big and small. We call such stories ‘anecdotes’, and this suggests that they are not very important, just

scaffolding for an argument, illustrations and embellishment (or boring!). In fact anecdotes are the raw diamonds in the fieldwork interviews. They are often your best and most valued 'facts' (2010: 52).

Scríobhadh ceisteanna samplacha roimh ré agus cuireadh na ceisteanna seo go córasach. D'athraigh na ceisteanna ó theach go teach agus d'fhorbair siad mar gheall ar an bplé a bhí ar siúl ag an am leis an duine agus toisc go raibh níos mó taithí ag an údar seo tar éis gach agallaimh. Rinneadh tagairt do na léargais a thug na faisnéiseoirí ar Mhac Mathúna agus ar an gcineál saoil a bhí ag muintir an cheantair sna tríochaidí agus sna daichidí i gCaibidil 1.

Bhí inní ar na faisnéiseoirí i ngach cás i dtaobh an 'Zoom' (an gléas taifeadta). Bhí drogall orthu aon rud a rá go dtí gur gealladh dóibh nach ndéanfaí taifead orthu. Tógadh nótaí le linn an agallaimh agus clóscríobhadh amach iad ar an lá céanna, áfach. Breacadh nótaí breise síos i ndiaidh na n-agallamh, mar shampla, nótaí faoi phearsantacht an fhaisnéiseora, an fhreagairt a mhúscail na ceisteanna ón bhfaisnéiseoir, tuairimí pearsanta, achoimre ar an méid eolais a fuarthas agus bearnaí san eolas sin a aithníodh. Ní dhearnadh códú breise ar na tras-scríbhinní seo mar go raibh na freagraí eagraithe i modh sothuighthe comhtháite mar gur cuireadh na ceisteanna ar na faisnéiseoirí go córasach. Stóráladh na tras-scríbhinní go sábháilte agus de réir an chead eitice ar Thiomántán Google pearsanta an údair.

3.4.3 Rangú an Bhéaloidis

Tugtar leideanna san Interim-Chlár maidir le cineálacha an bhéaloidis i lámhscríbhinní Chnuasach Bhéaloideas Éireann ach níl eolas cuimsitheach ann. Thug an t-údar seo roinnt bearnaí faoi deara i gcás Chnuasach Mhic Mhathúna, mar shampla, 'Seacht Sólás na Maighdine' agus 'An Bhean ón Saol Eile' in Imleabhar 39 (322-325 agus 409a-410). Baineadh leas as an leabhar *A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942b) chun catalóg de na míreanna béalooidis sa Chnuasach seo a chruthú. Níl foinse níos údarásaí ná níos cuimsithí ann chun béaloideas na hÉireann a rangú. Úsáideadh catalóg rangaithe na scéalta béalooidis idirnáisiúnta (Uther, 2004) chomh maith.

3.5 Modh Eagarthóireachta⁴⁰

Cruthaíodh modh eagarthóireachta toisc go raibh raon leathan ábhair i gceist leis an tionscadal seo i measc an ábhair bhéaloidis. Rinneadh suirbhé ar (mhion)tráchtas a scríobhadh ar ghnéithe de réimse an bhéaloidis agus tháinig patrún chun cinn. Chruthaigh na taighdeoirí seo a leanas modhanna eagarthóireachta úra chun eagrán soléite d'ábhar béaloidis a chur ar fáil den chéad uair (Ó Ceannabháin, 1982; Póirtéir, 1990; Ó Caoimh, 2002; Ó Seachnasaigh, 2012; Ní Mhaoláin, 2016; Mac an tSionnaigh, 2017; Nic Giolla Chomhail, 2018). Rinne Julie Ní Chomhraí taighde ar ábhar neamhfhoilsithe a thionsaigh Mac Mathúna ó Stiofán Ó hEalaoire agus bhain sise úsáid as modh eagarthóireachta dá cruthú féin ina miontráchtas (2002).⁴¹ Scrúdaíodh na modhanna eagarthóireachta ar bhain scoláirí úsáid astu chun cnuasaigh bhéaloidis (go háirithe na cinn a bailíodh i gCo. an Chláir agus i gCúige Mumhan) a chur in eagar freisin (Ó Duilearga & Ó hÓgáin 1981; Almqvist & Ó Cathasaigh 2005; Ní Dhíoraí 2009; Almqvist & Ó Héalaí 2009; Almqvist & Ó Cathasaigh 2010; Almqvist & Ó Héalaí, 2020). Ceadaíodh foinsí éagsúla chun léargas a fháil ar Ghaeilge an Chláir agus ar Ghaeilge na Mumhan chomh maith (Holmer, 1962 & 1965; Mac Clúin, 1973; Mac Mathúna, gan dáta; Ní Gháirbhith, 2013; Ó Súilleabháin, 1994; Ó Sé, 2009). Ní staidéar canúna é seo, áfach.

Cuireadh athruithe éagsúla i bhfeidhm ar an ábhar béaloidis sna saothair a ceadaíodh. Bhain Ó Duilearga agus Ó hÓgáin úsáid as modh eagarthóireachta a chuir fuaimniú an scéalaí, Stiofán Ó hEalaoire, in iúl go soiléir (1981: 333-336, 338). Clóscríobhadh mír amháin de lámhscríbhinní Mhic Mhathúna i bPríomh-Oifig an Choimisiúin agus coimeádadh litriú na mbunlámhscríbhinní sa tras-scríbhinn (CBÉ 651: 45-46). Scríobh Mac Mathúna de réir na foghraíochta ina lámhscríbhinní chomh maith mar a pléadh i gCaibidil 1. Soláthraíodh tras-scríbhinní soléite sothuigthe ach rinneadh iarracht a bheith chomh dofheicthe agus ab fhéidir ó thaobh na heagarthóireachta de. Ligeadh don bhunábhar seasamh ina aonar chun an chanúint áitiúil a choimeád slán agus toisc gurb iad scríbhinní Mhic Mhathúna an rud is gaire atá againn d'fhocail na scéalaithe sa cheantar.

⁴⁰ Tá buíochas ag dul don Dr Gearóid Ó Cleirchín agus don Dr Éadaoin Ní Mhuircheartaigh as a gcomhairle.

⁴¹ Roinn an tOll. Brian Ó Catháin an t-eolas seo leis an údar.

Cóipeáladh agus greamaíodh na tras-scríbhinní ó Transkribus (.i. an ábhar béaloidis a bailíodh ó mhná agus faoi mhná) isteach sa phróiseálaí focal Google Docs. Cuireadh an modh eagarthóireachta i bhfeidhm ar na sleachta as Cnuasach Mhic Mhathúna a thugtar sa tráchtas seo agus cuireadh na hamhráin agus na scéalta as corpas na mban a luaitear i gCaibidil 5 in eagar in Aguisín B thíos freisin. Seo cuntas ar na hathruithe agus ar na cinntí eagarthóireachta a rinneadh ar bhunábhar Chnuasach Mhic Mhathúna. Tugtar samplaí i ngach cás.

Cuid 1: Ortagrafaíocht

C1.1 Cuireadh nósanna litrithe an CO i bhfeidhm tríd síos, mar shampla:

'sgeul' > 'scéal' (CBÉ 38: 130).

'Dúbhairt' > 'Dúirt' (CBÉ 38: 130).

'geallamhaint' > 'geallúint' (CBÉ 675: 208).

C1.1.1 Glacadh le malairtí FGB faoi 'Var.' agus i ndiaidh an chomhartha '=':

'mraoi' > 'mnaoi' (CBÉ 38: 130).

'te bainne' > 'teith bainne' (CBÉ 1043: 441).

'aig an dte' > 'ag an teith' (CBÉ 41: 368).

'eatorra' > 'eatorra' (CBÉ 1011: 318).

'air cómhacht agus air naomhthacht' > 'ar comhacht agus ar naomhthacht' (CBÉ 41: 268).

C1.1.2 Glacadh le malairtí sna foinsí seo a leanas chomh maith: Ó Duinnín (1979); Mac Clúin (1973), mar shampla:

'saibhin airreach' > 'saibhín aireach' (CBÉ 1042: 399-400, 401-404, 408; Ó Duinnín, 1979, s.v. aireach).

C1.1.3 Glacadh le litriú an bhailitheora sna cásanna seo a leanas:

- mura raibh focal nó frása áirithe ar fáil i gceann de na foinsí thuasluaite,
- sa chás gur leagan neamhchaighdeánach é,

- má bhí amhras éigin ann faoin uimhir uatha nó faoin uimhir iolra den fhocal,
- sa chás gur nós leanúnach é

'A culatha nuadh' > 'A culatha nuadh' (CBÉ 38: 142-143).

'Airthionn' > 'Aifreann' (CBÉ 39: 349).

C1.1.4 Cuireadh focail Bhéarla sa chló iodálach. Scríobhadh focail a d'aistrigh Mac Mathúna ó Bhéarla go Gaeilge sa chló iodálach agus/nó coinníodh leagan Bhéarla an fhocail ar mhaithe le soiléireacht:

'Bhí 'pony' beag ruadh ann' > 'Bhí *pony* beag ruadh ann' (CBÉ 445: 135).

'cuid mór "powltrí"' > 'cuid mór *poultry*' (CBÉ 41: 306).

'do "thriceanna" aige' > 'do *thriceanna* aige' (CBÉ 41: 306).

C1.1.5 Scríobhadh amach an briathar nó an focal iomlán sa chás gur bhain Mac Mathúna úsáid as leagan giorraithe de bhriathar nó d'fhocal áirithe:

'A's' > 'Agus' (CBÉ 38: 142).

'd--l' > 'diabhal' (CBÉ 519: 54).

C1.1.6 Rinneadh caighdeánú ar litriú foghraíochta Mhic Mhathúna:

'uaig' > 'uaidh' (CBÉ 38: 130).

C1.2 Cuireadh ceannlitreacha isteach de réir mar ba ghá leo:

'Croc aoibhinn' > 'Cnoc Aoibhinn' (CBÉ 445: 138).

C1.2.1 Cuireadh consain nó gutaí a bháitear sa chaint isteach:

'Is minic a d'airi' me' > 'Is minic a d'airigh mé' (CBÉ 568: 61).

C1.2.2 Baineadh gutaí cúnata amach:

'an seanabhean' > 'an seanbhean' (CBÉ 222: 121).

C1.2.3 Má bhí an mhír choibhneasta 'a' nó na réamhfhocail shimplí 'a', 'ag' nó 'i' báite idir dhá chonsan nó fágtha ar lár nó má bhí focal ar iarraidh a chuirfeadh le tuiscint an léitheora, cuireadh isteach iad, mar shampla,

'bhí 'na gcómhní air na bailte seo' > 'bhí ina gcónaí ar na bailte seo' (CBÉ 38: 130).

'Tá na coilig glaodhach' > 'Tá na coiligh ag glaoch' (CBÉ 38: 143).

'agus ní raibh ach leithsgeul chun iad do chuir i sáinn a mbás' > 'agus ní raibh uaithi ach leithscéal chun iad do chuir i sáinn a mbás' (CBÉ 222: 171).

C1.3 Baineadh sínte fada iomarcacha:

'séal gearr' > 'seal gearr' (CBÉ 38: 130).

C1.4 Soláthraíodh sínte fada a bhí ar iarraidh:

'do bhreugadh > 'do bhréagadh' (CBÉ 41: 421).

C1.5 Úsáideadh fleiscíní de réir nóis an lae inniu:

'Thug an tórdú sin' > 'Thug an t-ordú sin' (CBÉ 38: 281).

C1.5.1 Ruaigeadh fleiscíní a chuir Mac Mathúna ag deireadh líne nuair nach raibh spás ann don fhocal iomlán a scríobh:

'i Sráidniasg-airaí' > 'i Sráid na nIascairí' (CBÉ 1043: 71).

C1.6 Baineadh spásanna breise ó fhocail áirithe má litrítear iad mar aon fhocal amháin sa lá atá inniu ann, mar shampla:

'sean reacht' > 'seanreacht' (CBÉ 38: 130).

C1.6.1 Cuireadh spásanna isteach más gá chun litriú an lae inniu a chur in iúl nó sa chás gur scríobh Mac Mathúna dhá fhocal mar fhocal amháin:

'aduairt' > 'a dúirt' (CBÉ 1043: 437).

'bhí eagla eas meónórtha' > 'bhí eagla as meon orthu' (CBÉ 38: 132).

C1.7 Cuireadh comharthaí poncaíochta a bhí in easnamh isteach, mar shampla, lánstad nó uaschamóg:

'ag deana air an dtígh Ní raibh' > 'ag déanamh ar an tigh. Ní raibh' (CBÉ 222: 117).

'Agus sí bhí go h-aireach' > 'agus 'sí a bhí go haireach (CBÉ 1043: 437).

C1.8 Rinne Mac Mathúna dearmad uimhreacha a chur le roinnt véarsaí d'amhráin nó d'fhilíocht ina Chnuasach uaireanta. Uimhríodh na véarsaí seo:

'Ta cuachín i mbárr an tsléi' amuigh' >

'1

Tá cuachín i mbarr an tsléibhe amuigh' (CBÉ 39: 346).

C1.9 Nuair a chuir Mac Mathúna líne trí fhocail áirithe chun botún a chur in iúl, fágadh na botúin seo as na tras-scríbhinní:

'Bhí uaig a thoil féin a bheith aige ~~fiú~~ i ngach gnó ar fúid an tígh' > 'bhí uaidh a thoil féin a bheith aige i ngach gnó ar fuaid an tí' (CBÉ 38: 130).

C1.10 Má chuir Mac Mathúna líne faoi fhoca(i)l chun an bhéim a threisiú, fágadh é sa tras-scríbhinn:

'An cailín:' (CBÉ 1044: 441).

C1.11 Sa chás gur scríobh Mac Mathúna an focal céanna faoi dhó sa bhunábhar, díbríodh an t-athrá seo ón tras-scríbhinn:

'beich bheich' > 'bheadh' (CBÉ 38: 143).

C1.12 Cáilíodh consain de réir nóis an lae inniu:

'páistaí' > 'páistí' (CBÉ 1042: 418).

C1.13 Scríobhadh an focal 'agus' in ionad an chomhartha '₇' agus 'srl' in ionad '₇rl':

'sgeulta, ₇rl' > 'scéalta, srl' (CBÉ 39: 112).

'Laethanta áthais ₇ laethanta bróin' > 'Laethanta áthais agus laethanta bróin' (CBÉ 1044: 229).

C1.14 Cuireadh séimhiú ar fhocail in ionad phonc an tséimhithe:

'cuid mhaith' > 'chuid mhaith' (CBÉ 39: 102).

C1.15 Ruaigeadh consain bhreise:

'ionnam' > 'ionam' (CBÉ 1042: 228).

C1.16 Baineadh poncaíocht iomarcach:

'tháinig fear, breágh, graoíamhail isteach' > 'tháinig fear breá gnaíúil isteach' (CBÉ 38: 130).

C1.17 Soláthraíodh leaganacha caighdeánacha de na hainmneacha pearsanta, sloinnte agus logainmneacha (féach 3.4.1 thuas):

'Seanéd ní Cilltráin' > 'Sinéad Uí Chilltreáin' (CBÉ 38: 275).

'Luach' > 'An Luach Thuaidh' (CBÉ 38: 275).

C1.17.1 Cloíodh le leagan an bhailitheora mura raibh leagan Gaeilge deimhnithe ar fáil i mBunachar Logainmneacha na hÉireann de logainm áirithe:

'ins an MBeitheach' > 'ins an mBeitheach' (CBÉ 38: 7).

C1.17.2 Sa chás go raibh leagan eile den logainm céanna ag Mac Mathúna, fágadh fonóta:

'gheataí Léim anfhíadh' > 'gheataí Léim an Eich' (CBÉ 222: 177).

Cuid 2: Deilbhíocht

C2.1 An t-Ainmfhocal

C2.1.1 Cloíodh le hinscne an ainmfhocail sna lámhscríbhinní i ngach cás:

'An chú ghlas ghéur' > 'An Chú Ghlas Ghéar' (CBÉ 1011: 93).

C2.1.2 Cloíodh le hinfhilleadh an ainmfhocail mar a tugadh é sna lámhscríbhinní:

'Bean an gháiraí' > 'Bean an gháirí' (CBÉ 41: 243).

'poc ó'n ngaoith' > 'poc ón ngaoith' (CBÉ 133: 99).

'aig an dtráigh' > 'ag an dtráigh' (CBÉ 38: 27).

C2.1.3 Cloíodh le húsáid na lámhscríbhinní maidir leis an réimír threise an-:

'Bhí anamhuinuíghin aca' > 'Bhí ana-mhuinín acu' (CBÉ 1042: 149).

C2.1.4 Bhain Mac Mathúna úsáid as an bhfrása 'a mórán' go minic sa chiall 'a lán' agus cloíodh leis an nós seo:

'gan a múran céille' > 'gan a mórán céille' (CBÉ 1042: 226).

C2.2 An Aidiacht

C2.2.1 Scríobhadh aidiachtaí sealbhacha de réir an CO:

'úr mbróga' > 'bhur mbróga' (CBÉ 41: 423).

't-ordóg' > 'd'ordóg' (CBÉ 811: 209).

C2.2.2 Scríobhadh infhilleadh na haidiachta de réir na lámhscríbhinní:

'dhuisaig na briathra brónach' > 'dhúisigh na briathra brónach' (CBÉ 38: 273).

'na brogíní donn' > 'na brógíní donn' (CBÉ 757: 233).

C2.2.3 Fágadh míreanna na haidiachta (is, ní, níos, ní ba) mar a scríobh an bailitheoir síos iad:

'bhí a múrán ní ba boichte' > 'bhí a mórán ní ba boichte' (CBÉ 1060: 197).

'Nios deanaíge' > 'níos déanaí' (CBÉ 646: 136).

C2.3 An Forainm

C2.3.1 Scríobhadh forainmneacha agus forainmneacha réamhfhoclacha de réir an CO go hiondúil ach glacadh le foirmeacha neamhchaighdeánacha, mar shampla:

'réimpi' in ionad 'roimpi' an CO: 'ó sna seacht sínnsir réimpi' > 'ós na seacht sinsir réimpi' (CBÉ 842: 450).

C2.3.2 Baineadh leas as 'sinn' agus 'muid' mar fhorainmneacha neamhspleácha sa bhunábhar agus cloíodh leis an nós seo:

""Tá sinn buailte anois"" > ""Tá sinn buailte anois"" (CBÉ 38: 234).

'go mbeidh muid' > 'go mbeidh muid' (CBÉ 133: 390).

C2.3.3 Má bhí an forainm nó an forainm réamhfhoclach mícheart in úsáid ag an mbailitheoir de thimpiste, ceartaíodh é:

'Nuair a d'innis a hathair crionna dhí go raibh ón rígh seo é fheiscint' > 'Nuair a d'innis a hathair críonna dhi go raibh ón rígh seo í a fheiscint' (CBÉ 811: 209).
'cead aige a rogha trí h-ualaí do thabhairt léithe' > 'cead aici a rogha trí hualaí do thabhairt léithe' (CBÉ 811: 209).

C2.4 An Chopail

C2.4.1 Cloíodh le foirmeacha agus míreanna na copail mar a scríobh an bailitheoir síos iad:

'Ba deas an spré' (CBÉ 757: 244).

'Níor bhe sin tuairim an fhir' > 'Níor bhé sin tuairim an fhir' (CBÉ 38: 231).

'nár bhfearr air domhan an chríath' > 'nár bhfearr ar domhan an chríath' (CBÉ 38: 140).

C2.5 Na Réamhfocail

C2.5.1 Baineadh úsáid as na leaganacha caighdeánacha de na réamhfocail ar fad ach amháin sna cásanna seo a leanas:

'Ins an' seachas 'sa/san' an CO: 'ins an saoghal' > 'ins an saol' (CBÉ 811: 239).

'San' in ionad 'sa' an CO: 'san dtrucail' (CBÉ 133: 389). 'San mbailemúr' > 'san mbaile mór' (CBÉ 1044: 39).

'Fén' in áit 'faoin' an CO: 'atá anois fé'n bhfód' > 'atá anois fé'n bhfód' (CBÉ 38: 124).

'Fé's na: 'daoine aig gáirídhe fé sna mrá óga' > 'daoine ag gáirí fé's na mná óga' (CBÉ 757: 202).

'Go dtí's na: 'nior chuaig go dtí sna h-oileáin' > 'nior chuaigh go dtí's na hoileáin' (CBÉ 1043: 154).

'Ó's na: 'ós na tonnta doicheallacha' > 'ó's na tonnta doicheallacha' (CBÉ 41: 139).

'Trí's na: 'trí sna rufaí' > 'trí's na rufaí' (CBÉ 757: 224).

C2.5.1.1 Má tá na réamhfhocail forainmneacha séimhithe sa bhuntéacs, cloíodh leis an nós seo:

'cé gádh dhom' > 'cé gá dhom' (CBÉ 1043: 437).

C2.5.2 Ní raibh sé de nós ag Mac Mathúna idirdhealú a dhéanamh idir na réamhfhocail 'de' agus 'do' agus níor athraíodh an nós seo. Fágadh an fhoirm iolra 'des' mar a d'úsáid an bailitheoir é gan leasú chomh maith:

'leasamuigh do'n lios' > 'lasmuigh don lios' (CBÉ 39: 96).

'tháinig sé de mhisneach agus do thuisgint thuisgint do dhuine des na buachaillí saoghalta' > 'tháinig sé de mhisneach agus do thuiscint do dhuine des na buachaillí saolta' (CBÉ 38: 138).

C2.5.3 Glacadh le 'go dtí' mar réamhfhocail simplí sa cheantar ó fhianaise an bhailitheora:

'go dtí an dtórramh' (CBÉ 38: 242).

C2.5.4 Fágadh an t roimh s i ndiaidh na réamhfhocail:

'san tseanaimsir' > 'san tseanaimsir' (CBÉ 842: 404).

'Chuir sé den tsaoghal leis an mbuille sin í' > 'Chuir sé den tsaol leis an mbuille sin í' (CBÉ 38: 277).

C2.5.5 Ní dhearnadh aon athrú ar na leaganacha neamhchaighdeánacha de na réamhfhocail chomhshuite seo a leanas ach amháin i gcás a litrithe:

'Eas cheann' > 'as cheann' (CBÉ 1043: 69-70).

'Air fúid' > 'ar fuaid' (CBÉ 38: 130).

C2.6 An Briathar

C2.6.1 Scríobhadh deirí infhillte an bhriathair i ngach aimsir de réir an CO más rud é gur botún litrithe a bhí i gceist nó má bhí an bailitheoir ag scríobh go foghraíoch. Fágadh foirmeacha canúna, áfach, mar shampla:

'd'airígheas' > 'd'airíos' (CBÉ 445: 120).

'ní fheicamuid' > 'ní fheicfidh muid' (CBÉ 40: 286).

'ná dinach sé' > 'ná deinceadh sé' (CBÉ 40: 187).

'Táid' > 'Táid' (CBÉ 39: 109).

'Go díreach, ní dheanfad' > 'Go díreach, ní dheinfead' (CBÉ 38: 195).

'Ní chimíd anois iad' > 'Ní chímíd anois iad' (CBÉ 38: 50).

C2.6.1.1 Cloíodh leis na hathruithe tosaigh sa bhunábhar i ngach aimsir ach amháin sa chás gur botúin litrithe é:

'Is mairg a d'fágfach cailín maith' > 'Is mairg a d'fhágfadh cailín maith' (CBÉ 38: 141).

C2.6.2 Cuireadh 'f' isteach i samplaí den mhodh coinníollach agus den aimsir fháistineach má bhí sé ar iarraidh:

'go ndineach sé féin' > 'go ndeinceadh sé féin' (CBÉ 38: 130).

C2.6.3 Níor athraíodh na míreanna briathartha (go, gur, ní, níor, ná, nach, nár) a bhain Mac Mathúna leas astu:

'ná raibh a mórán laethanta' > 'ná raibh a mórán laethanta' (CBÉ 1042: 378).

'D'iarr me dhíobhtha a leigidíst leo me' > 'D'iarr mé dhíobhtha a ligfidíst leo mé' (CBÉ 38: 142).

C2.6.4 Cloíodh le 'dá mba' sa mhodh coinníollach:

'dá mba duine me' > 'dá mba duine mé' (CBÉ 757: 244).

C2.6.5 Cloíodh leis na foirmeacha den ainm briathartha agus den aidiacht bhriathartha a bhí in úsáid ag an mbailitheoir féin:

'aig fágaint' > 'ag fágaint' (CBÉ 39: 100)

'aig tosnú' > 'ag tosnú' (CBÉ 133: 307).

'le feiscint' > 'le feiscint' (CBÉ 39: 379)

C2.6.6 Baineadh leas as an rémír 'do' in áit 'a' an CO leis an aimsir caite agus leis an ainm briathartha chomh maith:

'Sin ainm ceana do bhíonn aig an máthair' > 'Sin ainm ceana do bhíonn ag an máthair' (CBÉ 1042: 226).

'chun braon tae do dheana dhi féin' > 'chun braon tae do dhéanamh dhi féin' (CBÉ 811: 67).

C2.6.7 Maidir le dobhriathra, cloíodh le nós an bhailitheora an 's' leathan a úsáid go minic:

'aig rith ansan' > 'ag rith ansan' (CBÉ 1042: 228).

'anseo agus ansúd' (CBÉ 133: 87).

C2.6.8 Cloíodh le leagan an bhailitheora maidir le húsáid na ndobhriathra 'leis', 'freisin' agus 'comh maith' sa chiall 'fosta'. Cloíodh le leagan na lámhscríbhíne i ngach cás:

'Bhí an fear na dhall agus aosta leis' > 'Bhí an fear ina dhall agus aosta leis' (CBÉ 38: 50).

'Agas air cailíní fásta cómh maith' > 'Agas ar chailíní fásta comh maith' (CBÉ 1042: 226).

C2.6.9 Glacadh le 'comh' na lámhscríbhíne in áit 'chomh' an CO:

'rud cómh amadánta sin' > 'rud comh amadánta sin' (CBÉ 1044: 499).

C2.6.10 Scríobhadh an mhír choibhneasta de réir na lámhscríbhíne:

'agus nuair a chonnaic an cailín naomhtha mar do bhí an sgeul bhúail sgrannra í' > 'agus nuair a chonaic an cailín naomhtha mar do bhí an scéal bhuaile scanradh í' (CBÉ 41: 266).

'thug sé isteach a mháthair air n-ais na cúinne féin, mar do chuir sí isteach an tar is bárr dá saoghail' > 'thug sé isteach a mháthair ar n-ais ina cúinne féin mar do chuir sí isteach an t-earr is barr dá saol' (CBÉ 39: 189).

C2.7 Na hUimhreacha

C2.7.1 Glacadh le foirmeacha an ailt, an ainmfhocail agus na haidiachta roimh/i ndiaidh na mbunuumhreacha nó na huimhreacha pearsanta agus i ndiaidh 'aon' agus 'céad':

'beirt fhear' (CBÉ 38: 128).

'seisear inghean' > 'seisear iníon' (CBÉ 39: 128).

'aon chás' (CBÉ 1043: 91).

'ceud punt' > 'céad punt' (CBÉ 1011: 217).

'air an gceud bhiadh' > 'ar an gcéad bhia' (CBÉ 670: 303).

'deich mbliana fichead' (CBÉ 519: 96).

'air a dha ghlúin' > 'ar a dhá ghlúin' (CBÉ 40: 188).

C2.8 Na hAthruithe Tosaigh

C2.8.1 Cloíodh leis na hathruithe tosaigh sna lámhscríbhinní tríd síos:

'mar ba gnáthach' > 'mar ba gnách' (CBÉ 38: 130).

'air an ghráinne' > 'ar an ghráinne' (CBÉ 38: 95).

'air an mbórd' > 'ar an mbord' (CBÉ 38: 95).

'bean cómharsain' > 'bean comharsain' (CBÉ 39: 239).

'bean mhaith' > 'bean mhaith' (CBÉ 1011: 194).

Cuid 3: Fonótaí

C3.1 Baintear úsáid as fonótaí chun nótaí mínithe a chur ar fáil de réir mar is gá.

Cuid 4: Leagan Amach na dTras-Scríbhinní

C4.1 Leagadh amach iad de réir ord a scríofa i gCnuasach Mhic Mhathúna faoi cheannteidil ábhartha atá bunaithe ar rangú an bhéaloidis (3.4.3 thuas) in Aguisín B.

C4.2 Cuireadh na sonraí seo a leanas leo: tagairtí na lámhscríbhinní, dáta(i), teideal agus eolas faoi na faisnéiseoirí. Is ionann teideal an ábhair anseo agus teideal nó sliocht an ábhair ar Ardán ar mhaithe le leanúnachas.

C4.3 Clóscríobhadh nótaí an bhailitheora amach i gcló níos lú ag deireadh gach amhráin nó gach scéil in Aguisín B le cur in iúl gurb é Mac Mathúna a bhí ag caint seachas duine dá chuid faisnéiseoirí.

3.6 Anailís Ábhair

Is éard atá i gceist leis an anailís ábhair i gcás an tionscadail taighde seo ná modh taighde cáilíochtúil a úsáideadh chun na hamhráin agus na scéalta sa chorpas a anailísiú de réir chatagóirí a roghnaigh an taighdeoir seo bunaithe ar na hipitéisí a d'eascair ón léirbhreithniú litríochta. Baineann scoláirí leas as an anailís ábhair chun tuiscint nua a fháil ar iompar, mheon, luachanna, mhothúcháin nó tuairimí as aon ábhar scríofa, labhartha nó físiúil atá ann cheana go hiondúil. Ní bhailíonn taighdeoirí an t-ábhar atá le hainailísiú nó aon eolas nua iad féin don anailís. Féadtar patrúin nó teachtaireachtaí nach dtugtar faoi deara go hiondúil a aithint agus a thaifeadadh ag baint úsáid as an anailís ábhair.

Mar a phléigh Radner agus Lanser, b'fhurasta do léitheoirí nó d'éisteoirí an bhéaloidis neamhaird a dhéanamh de na teachtaireachtaí códaithe a cheil fir agus mná ina gcuid ábhar béaloidis:

...because ambiguity is a necessary feature of every coded act, any instance of coding risks reinforcing the very ideology it is designed to critique. A ballad, however extreme its portrayal of the victimization of women, may still be heard as a pleasingly poignant old song; a joke, however pointed, can be laughed off (1993: 23).

Bhí dhá phointe shuntasacha le cur san áireamh i rith na hanailíse. Luann Jordan agus de Caro an tábhacht a bhaineann le bheith eolasach ar chomhthéacs cultúrtha an ábhair bhéaloidis nuair atá béaloideasaithe ag déanamh anailíse ar ábhar a bhailigh bailitheoir(í) eile, seachas údar an staidéir é/í féin:

these studies draw upon materials previously collected by others, and, indeed, there is a vast store of published folktales, proverbs, ballads, and the like that might lend themselves to sensitive content analysis to determine what images of women are projected therein. However, studies based on their authors' own field research have at least a potential advantage, for those authors should have a more intimate grasp of the precise connection between lore and cultural context (1986: 504).

Baineadh leas as scríbhinní an bhailitheora féin agus as saothar scoláirí ar nós Conrad Arensberg chun comhthéacs cultúrtha an bhéaloidis sa chorpas a thuiscint agus a mhíniú do léitheoirí an tráchtais seo.

Níorbh fhéidir léargas a thabhairt ar mheon na scéalaithe bunaithe ar an anailís ábhair amháin ach an oiread, mar a luann Charles Wright: '[i]t is important to remember ... that content analysis itself provides no direct data about the nature of the communicator, audience, or effects' (1986: 125-126 luaite in Berger, 2016: 391). Má chuirtear an modh anailíse seo san áireamh le teoiric Bascom maidir le feidhmeanna an bhéaloidis, le saothar Nenola i gcás bhéaloideas na comhthuisceana agus bhéaloideas na hiomarbhá agus le teoiric an chódaithe a d'fhorbair Radner agus Lanser, is féidir tuiscint as an nua a fháil ar mheon na ndaoine i leith na mban ó fhianaise an ábhair bhéaloidis.

Bhain scoláirí ar nós Riska Karina Rosliana, Hailah Abdullah Al-Khalaf, Qanitah Masykuroh agus Siti Fatimah úsáid as an anailís ábhair i staidéir feimineacha le blianta beaga anuas i mbéaloideas Indinéseach (Rosliana, 2013: 21-30; Al-Khalaf, 2019: 374-385; Masykuroh & Fatimah, 2019: 356-361). Maíonn Rosliana nach raibh aon bhonn leis an dearcadh steiréitipiciúil de mhná sna scéalta: 'Indonesian women are presented as more active and assertive compared to their European counterparts who are submissive and passive' (2013: 27-28). Léiríonn Al-Khalaf ina anailís ar thrí scéal trí theoiric an chódaithe a úsáid gur cuireadh mná cliste muiníneacha in iúl sna scéalta mar aon le fir láidre 'who displayed feminist traits', mar shampla, ghlac an fear céile

leisciúil le comhairle a mhná céile agus ba dhuine níos fearr é dá bharr (378, 383). Caitheann Masykuroh agus Fatimah súil ar an mbanúlacht idéalach agus chlaonaíoch i scéalta atá athinste i leabhair do pháistí (2019: 356-361). Tugann siad le fios go raibh na scéalta seo ag cothú deighilte traidisiúnta idir an dá rud. Cúitíodh mná as bheith múinte dea-bhéasach ach cáineadh iad as a gcuid iompair dána. Níor cuireadh aon phíonós ar mhná eile nár chlógigh leis na noirm seo mar gur léirigh siad tréith bhaineann idéalach nuair a ghabh siad a leithscéal, sé sin, géilliúlacht (360).

Díríodh aird ar an bhfeidhm ídithe amháin san obair thástála a rinneadh ar na hamhráin agus ar na scéalta a bhailigh Mac Mathúna ó mhná amháin sa chorpas ar dtús. Tugadh faoi deara go mbeadh gá le feidhmeanna eile an bhéaloidis mar a leag Bascom amach iad a chur san áireamh freisin chun cuntas níos tomhaiste a thabhairt ar chorpas na mban i gCnuasach Mhic Mhathúna mar ba léir go raibh samplaí a bhain le béaloideas na comhthuisceana sa chorpas chomh maith. Tá sé soiléir ó shaothair Bascom, Nenola agus Locke, Vaughan agus Greenhill gur thacaigh an t-ábhar béaloidis, saothar na mban ina measc, le ceannas agus cumhacht na bhfear a chur chun cinn agus gur thug sé dúshlán do na noirm shóisialta agus don *status quo* freisin (féach 2.2.2 agus 2.4.3 thuas).

Rinneadh anailís ábhair ionduchtach ar chorpas na mban chun léiriú na mban agus an meon i leith na mban sa cheantar a aithint agus a chlárú go córasach bunaithe ar an scéim chódaithe a cruthaíodh. Bhí sé aonad sa scéim chódaithe: teideal an ábhair, inscne an scéalaí (fireann, baineann nó fireann agus baineann sa chás gur thug lánúin an t-eolas don bhailitheoir, mar shampla, Seán Clárach agus a bhean, Bríd), tréithe na mbancharachtar, cineál na straitéise códaithe, cineál na feidhme agus cineál an bhéaloidis (.i. béaloideas na comhthuisceana nó béaloideas na hiomarbhá). Baineadh leas as feidhmeanna an bhéaloidis mar a leag Bascom amach iad chun cineálacha na feidhme a aithint i rith na hanailíse. Sórtáladh iad faoi scáth-théarmaí Nenola (.i. béaloideas na comhthuisceana agus béaloideas na hiomarbhá) nuair ab fhéidir. Tháinig patrúin cosúla aníos le linn na hanailíse i gcás chuid de na hamhráin agus na scéalta sa chorpas go príomha. Pléitear na torthaí seo i gCaibidil 5 thíos.

3.7 Conclúid

Tugadh cuntas sa chaibidil seo ar na modhanna taighde agus anailíse ar baineadh leas astu chun na ceisteanna taighde a fhreagairt (féach lch 6 thuas). Míníodh gnéithe de na modhanna taighde nach mbeadh ar eolas ag gnáthléitheoirí an tráchtais i gcás na hoibre innéacsaithe in Ardán. Pléadh buanna agus laigí na modhanna éagsúla, mar shampla, na deacrachtaí a tháinig aníos le Transkribus sa chéad dul síos. Léiríodh go gcuireann an cur chuige feimineach/feidhmiúlach leis an réimse taighde. Cuirtear saibhreas Chnuasach Mhic Mhathúna i dtaobh ábhair bhéaloidis a bhaineann le mná in iúl sa phlé ar chorpas na mban i gCaibidil 4.

Caibidil 4: 'Bhí lá cruaidh acu ach bhíodar go maith':⁴² saol na mban á léiriú sa chorpas

4.1 Brollach

Léirítear an t-ábhar béaloidis sa chorpas sa chaibidil seo faoi cheannteidil ábhartha (féach 3.3.2 thuas). Tugtar achoimre de chineálacha an bhéaloidis a bhailigh Mac Mathúna ó mhná agus ó fhir i leith na mban ar dtús i gcás na scéalaíochta, na filíochta agus chleachtadh an chreidimh sula dtugtar léiriú ar an seanchas a tiomsaíodh uathu nó a scríobhadh síos ó chuimhne an bhailitheora féin. Sonraítear líon na míreanna béaloidis go soiléir i ngach cás. Leagtar béim ar ghnéithe de shaol na mban a chur in iúl. Pléitear na cineálacha béaloidis is coitianta agus is suntasaí a dhéanann tagairt do shaol nó thaithí na mban. Ní phléitear na míreanna béaloidis a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht (mar shampla, 'Ag Déanamh an Fhómhair ins an tSeanaimsir', CBÉ 38: 164-169), scéalta a d'inis fir ar nós 'Eachtra Dháithí Uí Chonchúir - Scéal ón bhFairrge' (CBÉ 39: 75-76), stairsheanchas faoi phearsa stairiúil ar nós Dhónaill Uí Chónaill ('Major MacNamara agus Dónall Ó Conaill'; CBÉ 1011: 90) nó faoi chumann rúnda na *Terry Alts*, 'Na Seandaoine agus na *Terries*' (CBÉ 811: 269-278), mar shampla, mar nach mbaineann siad le mná in aon chor nó go sonrach.

Leagtar an dara cuid den phlé seo amach de réir chéimeanna sóisialaithe na mban (.i. breith, saol an pháiste, oideachas, saol oibre, pósadh, máithreachas, seanaois agus bás) sa cheantar. Cuirtear an t-ábhar béaloidis ar fad i gcomparáid leis na cuntais ar shaol na mban sna tríochaidí in iarthuaisceart an Chláir ó leabhar agus dialanna an antraipeolaí Conrad Arensberg. Baintear leas as saothar na mbéaloideasaithe chun pointí áirithe a shoiléiriú i gcásanna áirithe. Díritear aird ar chomhthéacs an ábhair bhéaloidis a shonrú sa chaoi seo. Cé go bhfuil an tráchtas seo dírithe ar mhná, tugtar léargas ar na difríochtaí suntasacha idir béaloideas na mban agus na cineálacha béaloidis a bhailigh Mac Mathúna ó fhir mar chontrárthacht. Scrúdaítear feidhmeanna an bhéaloidis seo do mhná agus d'fhir agus na teachtaireachtaí códaithe a nochtar iontu faoi mheon na ndaoine i leith na mban sa cheantar i gCaibidil 5 thíos.

⁴² CBÉ 41: 139.

4.2 An Éigse Bhéil

4.2.1 An Scéalaíocht

Tá 187 scéal sa chorpas (1,070 lch). Ina measc siúd tá:

Catagóir an Scéil	Líon an Ábhair sa Chorpas	Líon an Ábhair ó Mhná	Líon an Ábhair ó Fhir	Líon an Ábhair ón mBailitheoir	Líon an Ábhair ó Fhir agus Mhná Araon	Líon Iomlán na Leathanaigh
Scéalta Grinn	51	13	15	23		123
Scéalta Idirnáisiúnta	43	3	36	4		574
Scéalta faoi Shióga	18	6	10	2		88
Scéalta Cráifeacha	12	9	2	1		38
Scéalta faoi Thaibhsí	10	2	7	1		51
Scéalta faoin Seansaol	8	3	4	1		36
Scéalta faoi Lucht Feasa	7	2	3	2		17
Scéalta faoin nGorta Mór	6	2	2	1	1	28
Scéalta faoi Mhurúcha	4		3	1		10
Scéalta faoi na Naoimh	4		3	1		13
Scéalta Teagaisc	4		2	2		9
Scéalta faoi Dhúnmharú	3			3		8

Logainmneacha	2	2				5
Neacha Neamhshaolta	2		2			6
Iníon Céile Cruálach	2	1	1			10
Soilse Aisteacha	2	1		1		4
An Gárlach Coileánach	2	1		1		5
Iascaireacht	2	2				6
Scéal Gaisce (An Fhiannaíocht)	2		2			29
Nath Cainte	1	1				2
Aimsir	1	1				2
Cearbhall Ó Dalaigh agus Eibhlín a Rúin	1		1			6

Tábla 6: Na Scéalta sa Chorpas

Tá éagsúlacht ag baint leis na **scéalta faoin onsnádúr agus i réimse an tsísheanchais** a bailíodh ó fhir agus ó mhná ó thaobh ábhar de:

- sífhuadach ('Scéal Sí - An Cailín a Baineadh de na Daoine Maithe' ó Bhean Sheáin Uí Dhéid: CBÉ 39: 97a-101),
- na sióga agus eallaigh ('An Lao Mara' ó Cháit Ní Fhlanagáin, An Luach Thuaidh: CBÉ 708: 521-523; 'An Bhó agus an Bhean a Bhí Tógtha ag na Daoine Maithe' ó Sheán Ó Laoi, Ballyconnoe North: CBÉ 38: 231a-238),
- bualadh le sióga ('Long Síúil' ó Cháit Uí Dhónaill, Lios Ceannúir: CBÉ 39: 61a-62),
- mná ón aos sí agus fir shaolta ('Seán 'ac Séamais' ó Sheán Clárach (85 bl.), Beaghy: CBÉ 40: 147a-155),
- fir ón aos sí agus mná saolta ('An Leannán Sí' ó Stiofán Ó hEalaoire (79 bl.): CBÉ 695: 113).

Baineann an chuid is mó de na scéalta faoin aos sí le ba, mná nó páistí a fuadaíodh nó le cabhair a thabhairt do bhean an leasa trí chead a thabhairt di bainne ó bhó amháin a thabhairt dá leanbh ('An Bhó agus na Daoine Maithe' ó chailín comharsan anaithnid, An Luach Thuaidh, cuir i gcás: CBÉ 39: 94a-96). Fir a shábhálann na mná ó na daoine maithe seo go minic sna finscéalta ach feictear cumhacht na mban féin i samplaí eile díobh. Fuadaíodh fir uaireanta, mar shampla, sa scéal 'Seán 'ac Séamuis' ach leagann an scéalaí níos mó béime ar an díospóireacht idir na bancharachtair sa scéal .i. an bandia, Clíodhna, agus iníon na mná feasa, Caitlín Dubh, agus í ag sábháil an fhir óig ar thóg Clíodhna chuig a lios féin é (CBÉ 40: 147a-155). Cabhraíonn mná le mná eile chun an bua a fháil ar na sióga i líon beag de na scéalta, mar shampla, sa scéal seo a leanas a d'aithris Mairéad Nic Fhlannchaidh. Mhol bean mhuinteartha don phríomhcharachtar gan greim bia a ithe sa lios ionas go mbeadh sí in ann éalú ó na daoine maithe:

Bhí dúil an domhain ag an gcréatúir bocht ... agus bhí sí ag dul a sáith isteach ins an mbiadh nuair do bhagair bean éicint do bhí i measc an slua (bean mhuinteartha dhi féin do cheaptaí) gan an biadh ná an digh do bhlas ar aon chuntar nó go mbeadh greim san áit go brách uirthi. Thuig sí an fógra mar ní chuirfeadh a raibh san slua iallach uirthi baint lena gcuid biadh ná digh. Nuair ná híosfadh sí dada dá gcuid b'éigean de sna daoine maithe a bóthar do scaoileadh léithe (CBÉ 1011: 314-316).

Bíonn bancharachtair sna finscéalta áitiúla sa chorpas faoi thaibhsí agus faoi na sióga go minic. Tagann bansprideanna ar ais chun cabhair a thabhairt nó a lorg. Sa scéal seo a leanas, tháinig bean ar ais chun lámh thinn a mná mhuinteartha a leigheas di: '[c]heistigh sí an bhean a raibh an phian uirthi ar cad do bhí ag góil di. ... "Cuir do cheann anseo isteach féin m'oscal." Dhein an bhean amhlaidh. ... Ní túisce do dhein ná d'imigh pé pian a bhí ag déanamh tinneas di' (CBÉ 1042: 412-413). Tá samplaí ann de scéalta faoi bhansprideanna níos bagraí freisin mar a thugann Stiofán Ó hEalaoire (84 bl.) le fios. Bhí buachaill agus cailín ann uair amháin agus bhí grá acu dá chéile. Cailleadh an cailín nuair a d'imigh an fear óg ag spailpínteacht. Thaispeáin sí í féin dó go minic ina dhiaidh sin agus bhris an fhoighne air uair amháin agus bhuail sé í leis an gcorrán. Lean sí é go Meiriceá. Creideadh gurb í a mharaigh é freisin (CBÉ 1142: 65-66). Bhí eagla thar meon ag fear nár ainmníodh maidir leis an mbean níocháin ag an áth. Ba i bhfoirm mná nó chailín a fuair bás a tháinig sí go hiondúil. Má chonaic aon duine an sprid seo, sciob an bás leis iad go gairid ina dhiaidh sin (CBÉ 39: 409a-411).

Mar a míníodh i gCaibidil 2 thuas, bhí tábhacht ar leith ag baint le greann mar theicníc scéalaíochta. Baineann an chuid is mó de na **scéalta grinn** sa chorpas le saol pósta na ndaoine agus tugtar léargas ar na caidrimh idir fir agus mná iontu. Sampla is ea an scéal faoin bhfear a tháinig abhaile an-déanach ón teach tábhairne a thugann Mac Mathúna féin. Lig an fear air dá bhean chéile gur bhris sé a chos agus b'shin a chuir an mhoill mhór air. Seo an freagra a fuair sé óna bhean: '[n]í fiú biorán an méid sin, a Sheáin. Baochas le Dia nach iad do dhá chois atá briste' (CBÉ 1043: 6-7). Léiríonn Stiofán Ó hEalaoire gur bhris ar fhoighne na mná céile uaireanta:

Bhí sagart ag ceistiú garsún lá agus d'iarradh sé de, "An bhfuil fhios agat cé méid Dia ann?" "Níl fhios, Athair, agam cé méid Dia ann ach tá fhios agam cé méid diabhal ann." "Agus cén nós a bhfuair tú amach cé méid diabhal ann?" a deir an sagart. "Neosfaidh mise sin duit, Athair, níl aon oidhche nuair a thagann m'athair abhaile ar meisce ná bíonn mo mháthair ag bruíon agus ag troid leis agus sé d'abraíonn sé léithe dul san sé dhiabhal déag" (CBÉ 519: 54).

Bhí mná ag magadh faoi fhir sna scéalta grinn a d'inis siad agus a mhalairt a bhí i gceist leis na scéalta grinn a d'inis fir. Léiríonn Stiofán Ó hEalaoire an chaoi a 'thástáil' seanfhear cion a mhná dó sa scéal 'Ní Raibh inti ach Pasadóir' (CBÉ 616: 404-406). Bhí an fear tinn agus níor chreid sé focal a mhná: 'deireadh sí lena fear go m'fhearr léithe féin a bheith imithe roimhe, ná maireachtáil ina dhiaidh bhí sí comh ceanúil sin air. Bhíodh sí dhá rádh go minic, ach bhí amhras ag an bhfear a bhí ar an leaba ná raibh sí dáiríre ceart, ach ag bladar leis' (CBÉ 616: 404). D'iarr sé ar fear comharsan coileach beo a phlucáil ionas go gceapfadh an tseanbhean 'gur bé an bás do bheadh ag teacht fé na déint nuair a d'fheiceadh sí an coileach nochta ag déanamh uirthi' (CBÉ 616: 404). Nuair a chonaic sí an coileach, 'bhuaile scanradh an bháis í' agus dúirt sí, '[a]ch t-anam an diabhal tabhair é féin leat' (CBÉ 616: 404, 406). Tugann banscéalaí nár ainmníodh, as Sráid na nIascairí, le fios sa scéal 'Máire Fáil agus Beattó Malone' go raibh sé éasca an dallamullóg a chur ar fhir chomh maith (CBÉ 118: 455-457). Roimh lá a phósta, mhol buachaillí an cheantair do Bheattó: '[a]on rud a dhéarfadh an sagart leat anois nuair a bheidh sé i d'phósadh abair tusa ina dhiaidh an rud céanna' (CBÉ 188: 455). Lean Beattó a gcomhairle, rud a thug údar gáire do na buachaillí, go dtí gur chuir an sagart deireadh leis an spórt.

Tréith choitianta atá sna scéalta grinn freisin ná clisteacht agus deisbhéalaíocht na ndaoine. Tráchtar ar dhaoine cliste ag fáil an bua ar thiarna talún nó ar shagart, ar

bhean ag imirt cleas ar a mac féin chun cabhrú lena hiníon chéile agus ar bhean ag áitiú chaighdeán an bhainne a bhí á dhíol aici (CBÉ 39: 35-36; CBÉ 39: 61-62; CBÉ 646: 103-104). Pléitear an ghné seo den éigse bhéil ag 5.2.3 thíos.

Baineann an chuid is mó de na **scéalta cráifeacha** sa chorpas le gnáthdhaoine. Dírítear aird an léitheora ar chás an bhancharachtaire sna scéalta de ghnáth. Is finscéal spéisiúil é '*A Folktale in English*' (ML 1415 '*The Dead Priest's Midnight Mass*') (CBÉ 708: 507-509). Is sampla é an leagan seo den scéal i gCnuasach Mhic Mhathúna den 'B-redaction' mar a léiríonn Lysaght:

the action occurs in [at least] two stages; the priest's request for a server for his Mass is not granted at the first encounter, because the main actor is usually a woman and thus ineligible ... to grant it ... Instead the main actor brings in a supporting human being, usually a priest, who serves the Mass and thus enables the dead priest to fulfil his outstanding earthly obligation (1991: 200).

In Éirinn, is é an leagan is coitianta ná an insint ina mbíonn bean sa phríomhról ann (Lysaght, 1991: 200). Dealraíonn sé gurb iad mná a d'inis an leagan seo den scéal seachas fir mar go n-áitíonn Lysaght go raibh dúil ag banscéalaithe sa leagan seo den scéal:

[w]ith its emphasis on female characters, the B-redaction must surely also have had a special appeal to female narrators and listeners who could empathise with the various circumstances of rural women who appear as main actors in the narrative, and on whom the spotlight of life briefly shines (1991: 203).

Thiomsaigh Mac Mathúna scéalta cráifeacha faoi na naoimh ó fhir amháin, mar shampla, sa scéal faoin mbiseach a tháinig ar mháthair Cholmcille agus í tinn mar gur cúitíodh í as a creideamh láidir (CBÉ 40: 216 ó Stiofán Ó hEalaoire (76 bl.), Dún na gCorr). Bhí sé de mhí-ádh ag Naomh Cuan cosa mná óige a mholadh agus dhíbir a bhráithre é ón gceantar (CBÉ 41: 94-96 ó Phádraig Ó Catháin, Tulaigh). Luaitear bannaomh amháin, Naomh Bríd, go minic (CBÉ 41: 265-268 ó chuimhne an bhailitheora; CBÉ 41: 275-277 ó Sheán Clárach, Beaghy). Ní haon ionadh é seo toisc go raibh ómós agus meas mór ag na daoine uirthi sa cheantar máguaird agus ag a gcuid comharsan ar Inis Oírr, ar ndóigh. Is dea-eiseamláir í Bríd de chráifeacht na mban sa scéal 'Scéilíní ar Bhríd Naofa' (CBÉ 41: 265-268 ó chuimhne an bhailitheora). Cé gur thug sí neamhaird ar rialacha an mháistir nuair a roinn sí an t-im leis na daoine bochta, cúitíodh í as a carthanacht. D'athlón Dia na feircíní ime sular sheiceáil an máistir iad. Ní hamháin sin

ach tugann Naomh Bríd a guth ar ais don chailín aimsire a bhain sásamh as inní Bhríd ar dtús. Pléitear an slánú seo go mion ag 5.2.1 thíos.

Cuimsíonn an corpas 44 **scéal idirnáisiúnta** ach is díol spéise iad na 17 seanscéal fada idirnáisiúnta (bailíodh trí cinn ó mhná agus na cinn eile ó fhir) seo a leanas toisc go bhfuil ról ghníomhacha ag na bancharachtair iontu nó léirítear dearcadh na ndaoine i leith na mban go soiléir iontu:

- ATU 981* [*Wisdom of Hidden Old Man Saves Kingdom*]: 'An Stail do Bhí ar Stábla Seacht mBlíana - Mar a Thug sé Anuas an Stail' agus 'Do Charaid, do Chláirseach agus do Namhaid' ó Bhríd Uí Dhanachair (c.75 bl.) Sráid na nIascairí (CBÉ 222: 171-181).
- ATU 1678 [*The Boy who Had Never Seen a Woman*]: 'Ceannaigh Gé dom, Athair' ó chailín comharsan anaithnid, An Luach Thuaidh (CBÉ 757: 215-217).⁴³
- ATU 875 [*The Clever Peasant Girl*]: trí leagan (CBÉ 133: 337-351; CBÉ 811: 207-211; CBÉ 1043: 325-332).⁴⁴
- ATU 1455 [*The Hard-hearted Fiancée*]: dhá leagan (CBÉ 1011: 130-133; CBÉ 1044: 128-133).⁴⁵
- ATU 313 [*The Girl as Helper in the Hero's Flight*] (CBÉ 39: 10a-30; CBÉ 118: 501-543).⁴⁶
- ATU 956B [*The Clever Maiden Alone at Home Kills the Robbers*] (CBÉ 118: 257-281).⁴⁷
- ATU 707 [*The Three Golden Sons*] (CBÉ 39: 357a-368).⁴⁸
- ATU 500 [*The Name of the Helper*] (CBÉ 1144: 259-262).⁴⁹

⁴³ Dealraíonn sé gur scéal coitianta é an ceann deireanach seo sa cheantar mar gur scríobh Mac Mathúna leagan den scéal céanna síos óna chuimhne féin agus ceann eile ó Stiofán Ó hEalaoire (CBÉ 757: 163; CBÉ 118: 313-317).

⁴⁴ Faisnéiseoirí: Auguistín Ó Dioláin - Auguistín Ó Duilleáin (dhá leagan uaidh) agus Seán Mac Mathúna féin.

⁴⁵ Faisnéiseoirí: Auguistín Ó Dioláin - Auguistín Ó Duilleáin (dhá leagan uaidh).

⁴⁶ Faisnéiseoirí: Seán Ó Laoi, Auguistín Ó Dioláin - Auguistín Ó Duilleáin.

⁴⁷ Faisnéiseoir: Seán Ó Laoi.

⁴⁸ Faisnéiseoir: Seán Ó Laoi.

⁴⁹ Faisnéiseoir: Stiofán Ó hEalaoire.

- ATU 510 [*Cinderella and Cap o'Rushes*] (CBÉ 1011: 93-98).^{50 51}
- ATU 460B [*The Journey in Search of Fortune*] (CBÉ 41: 283-295).⁵²
- ATU 882 [*The Wager on the Wife's Chastity*] (CBÉ 118: 205-239).⁵³
- ATU 901 [*Taming of the Shrew*] (CBÉ 39: 164a-175).⁵⁴

Tá **aimsir an Ghorta Mhóir agus an díshealbhú i rith Chogadh na Talún** chun tosaigh i scéalta an chorpais (CBÉ 38: 11-13 ó chuimhne Mhic Mhathúna; CBÉ 1044: 274-279 ó bhean chomharsan le Mac Mathúna (90 bl.), nár ainmníodh, mar shampla). Léiríonn gníomh baothdhána an fhir sa scéal seo go raibh cúrsaí go hainnis sa cheantar i rith an Ghorta. Fuair bean 'canna beag praiseach' ó 'teach an *relief*' agus chas a fear céile léi agus í ag teacht abhaile (CBÉ 38: 12). Rinne an fear ocrach iarracht an canna a thógáil óna bhean ach '[s]heasaigh sí ...go dian ina choinne' (CBÉ 38: 13). Doirteadh an canna sa deireadh agus fágadh an lánúin gan aon bhriceasta.

Tá **scéalta faoi chuireanna agus faoi dhúnmharú** coitianta go leor sa chorpas (CBÉ 842: 472-474, mar shampla). Is minic a dhéantar tagairt don éagóir a rinneadh ar mhná sna scéalta seo (féach 5.2.3 thíos). Baineann cuid de na scéalta le dúnmharú na bhfear chomh maith, mar shampla, 'An Fear a Raibh an Léine Anairte air' (CBÉ 38: 99-101). Maraíodh fear céile na mná agus bhain an dúnmharfóir an léine anairte a chaith sé den chorp freisin. Taispeánadh leideanna don bhean i mbrionglóid trí oíche i ndiaidh a chéile chun an dúnmharfóir a ghabháil ag cúinne áirithe sa bhaile mór. Chuaigh sí ann agus bhí an fear ann. Chuir sí fios ar phóilín agus rug sé ar an bhfear. Nuair a chonaic siad go raibh sé ag caitheamh léine an fhir mhairbh, chruthaigh an bhean gurbh í féin a rinne an léine agus cúisíodh an dúnmharfóir.

⁵⁰ Faisnéiseoir: Peatsín Ó Flannagáin.

⁵¹ Is spéisiúil an ní é go bhfuil móitífeanna i gcoitinne le ATU 510 sa scéal "'Bhí fear ann fadó agus bhí buachaill aimsire aige'" faoin bhfile Cearbhall Ó Dálaigh sa Chnuasach, mar shampla, H36.1 'Slipper Test' (CBÉ 133: 367-377). Bailíodh é ó Auguistín Ó Dioláin - Auguistín Ó Duilleáin.

⁵² Faisnéiseoir: Seán Clárach.

⁵³ Faisnéiseoir: Auguistín Ó Dioláin - Auguistín Ó Duilleáin.

⁵⁴ Faisnéiseoir: Seán Ó Laoi.

4.2.2 Filíocht na nDaoine

Tá idir aislingí polaitiúla,⁵⁵ amhráin dhiaganta,⁵⁶ amhráin grá,⁵⁷ amhráin mholta,⁵⁸ amhráin pholaitiúla,⁵⁹ amhrán a bhaineann leis an mbuailteachas,⁶⁰ caointe, dánta agus véarsaí beaga sa chorpas (64 amhrán, dánta agus blúirí béaloidis a bhaineann leis an bhfilíocht nó filí áitiúla sa chorpas trí chéile: 32 ó mhná agus 32 ó fhir, Mac Mathúna féin san áireamh). Níor bhailigh Mac Mathúna aon sampla de shuantraí ó mhná nó ó fhir. Is díol spéise é gur bhailigh sé dhá chaoineadh ó mhná⁶¹ agus ceithre chaoineadh ó fhir⁶² mar is iondúil gurb iad mná a chleacht an caoineadh (féach Caibidil 2 thuas).

Tá brón an fhir le brath sa chaoineadh 'Shábháil an t-Amhrán ón gCroch é' (CBÉ 38: 276-281). Tugann Mac Mathúna cúlra an scéil dúinn. Bhí an lánúin seo an-cheanúil ar a chéile ó bhí siad ina bpáistí agus phós siad a chéile. Bhí saol sona sásta acu go dtí lá amháin nuair a d'éirigh easaontas eatarthu. Chaill an fear a mheabhair leis an bhfearg a tháinig air, dar le Mac Mathúna. Bhuail sé buille na tubaiste ar a bhean chéile agus mharaigh sé í. Ligeadh saor é, áfach, tar éis dó amhrán a chum sé faoin mbean a chanadh roimh an mbreitheamh. Mhol an fear áilleacht na mná ar dtús agus cumas na mná mar bhean tí agus mar mháthair: '[m]o ghrá do bhéilín nár 'neos riamh fós bréag dom ... Do dhá cíoch cruinne chun do leanbhaí a bhréagadh... Is mór go m'fearra liom ins an ród im dhiaidh tú/Crú mo bhólacht, nó ag gléas mo bhiadh' (CBÉ 38: 278, 279). Is léir ó na línte sin gur bean mhacánta dhíograiseach ab ea í. Léiríonn an fear chomh brónach is atá sé gan í ina shaol a thuilleadh. B'fhéarr leis a bhean a bheith ar ais leis seachas maoin an rí a bheith aige. Insíonn sé don lucht éisteachta go bhfuil a chroí briste san uaigh léi: '[a]ch 'fuil mo chroidhe istigh ina bhraonaí síos leat' (CBÉ 39: 279). Chorraigh focail an fhir croí an bhreithimh agus scaoil sé saor é.

⁵⁵ Féach CBÉ 1042: 58-61 ó Pheatsín Ó Flannagáin, Dún na gCorr.

⁵⁶ Féach CBÉ 39: 143a-147 ó Mhártan Mac Eoghain.

⁵⁷ Féach CBÉ 38: 251a-255 ó Sheán Ó Laoi, Ballyconnoe North.

⁵⁸ Féach CBÉ 445: 193-194 ó Phádraig (Peatsín) Ó Flannagáin (72 bl.), Dún na gCorr.

⁵⁹ Féach CBÉ 39: 344-345 ó Mháire Mhic Consaidín (74 bl.), Cionn Eilte.

⁶⁰ Féach CBÉ 41: 208 ó Mháire Mhic Consaidín, Cionn Eilte.

⁶¹ 'Véarsaí ó Sheanamhrán' ó Bhríd Uí Dhanachair i Sráid na nIascáirí, 'Caoineadh an Ghabha' ó Mháire Uí Ghallchóir, Liagard Thuaidh (CBÉ 708: 505-507; CBÉ 38: 142-143).

⁶² 'Lá San Seáin' ó Phádraig Ó Catháin, Knockavoarheen, 'Mickey Reilly' ó Thomás Mac Namara, Cnoc an Teampaill, Inis Díomáin, 'Éamonn Breathnach' ó Mhicheál Mac Connól - Micheál Mac Coineoil, Dún na gCorr agus 'Shábháil an t-Amhrán ón gCroch é' ó Dháithí Ó Conchúir ar an Luach Thuaidh (CBÉ 40: 156; CBÉ 811: 245-246; CBÉ 38: 249-251; CBÉ 38: 276-281).

Is díol spéise é go scríobhann Mac Mathúna faoi thábhacht na n-amhrán chun cabhrú leis an bpobal déileáil le cúrsaí an tsaoil i réamhnóta faoin amhrán 'Píosa den Ghliobach' chomh maith:

...is baolach le imtheacht na seanamhráin ó bhéal lucht na tuatha gur imthigh uainn a lán den meidhreacht, den misneach fé chrosanna an tsaoghail, agus an ghrian ins an gcroidhe a tharraing ár sinsir go breagh trí bhuaidhreamh agus brón an saoghal bhreách seo (CBÉ 38: 141).

Tá níos mó samplaí de na hamhráin seo i gCnuasach Mhic Mhathúna ná aon chineál amhráin eile. Tá na hamhráin ghrá ar cheann de na réimsí is coitianta sa traidisiún in Éirinn agus thar lear, dar le Ríonach Uí Ógáin (2002: 1313). Tagann na téamaí céanna chun cinn go minic sna hamhráin grá a bhailigh Mac Mathúna ó mhná agus ó fhir, mar shampla:

- comhrá idir an lánúin faoi chúrsaí cleamhnais ('Paddy, a Stórach' ó Mhicheál Ó Flannagáin (c.67), An Luach Thuaidh: CBÉ 38: 188a-190).
- grá gan chúiteamh ('Coinnleach Glas an Fhómhair' ó Mháire Mhic Consaidín: CBÉ 39: 415-416).

Léiríonn reacairí na n-amhrán go raibh fir agus mná ag iarraidh a gcéilí féin a roghnú. Sampla maith is ea 'Cailín ón Sliabh' ina bhfuil fear óg ag iarraidh a rogha céile féin a chur in iúl dá athair. B'fhearr leis cailín ón sliabh a phósadh agus liostálann sé na fáthanna ar cheart dó an cailín sin a phósadh (CBÉ 38: 143-144 ó Mháire Uí Ghallchóir, Liagard Thuaidh). Baineann cuid de na hamhráin eile le saol pósta na ndaoine, mar shampla, sna samplaí den amhrán 'An Gliobach' (CBÉ 811: 246). Léirítear sampla de bhean chéile mhíshlachtmhar san amhrán seo, agus mhínigh Diarmuid Mac Coineol don bhailitheoir go raibh an fear a chum an t-amhrán seo ag iarraidh drochmheas a chaitheamh ar a bhean chéile (CBÉ 41: 420a-423). Pléitear 'An Gliobach' i gcomhthéacs na feidhme teagaisc ag 5.2.1 thíos.

Tiomsaíodh samplaí d'amhráin mholta faoi mhná áirithe, mar shampla, 'Giota ó Fhile ón gClár: Máire Nic an Adhastair' ó Phádraig Ó Flannagáin (72 bl.), Dún na gCorr (CBÉ 445: 193-194). Dúradh gur chum bean an t-amhrán molta 'Dromanna' faoina áit dhúchais i ndiaidh a fuadaigh ach tugtar cuntas ar thaithí na mban a fuadaíodh sa réamhnóta a ghabhann leis an amhrán chomh maith (CBÉ 41: 80-83). Léirítear taithí

na mban in amhráin eile chomh maith, mar shampla, faightear cuntas ar an mbuailteachas ó pheirspictíocht mhná san amhrán 'Rann Beag' (CBÉ 41: 208).

4.2.3 Cleachtadh an Chreidimh

Tá 26 paidir sa chorpas (17 ó mhná, ocht gcinn ó fhir agus ceann amháin ó lánúin phósta). Cuimsíonn an corpas go leor samplaí d'amhráin dhiaganta breá, mar shampla, 'Seanphaidir ón Lá atá Imithe' (CBÉ 39: 315-317 ó Shiobhán Uí Loingsigh). Tá samplaí d'Amhráin na Páise sa chorpas: 'An Aiséirí' agus 'Seacht nDólás na Maighdine Muire' (CBÉ 39: 103a-108 ó Mhártan Mac Eoghain (c.73 bl.), Caherbarnagh; CBÉ 40: 59-60 ó Mhicheál Ó Tiarnaigh (70 bl.), An Luach Thuaidh). Ón staidéar a rinne Angela Partridge ar na hamhráin bheannaithe sa stíl 'Amhráin na Páise' agus 'Caoineadh na dTrí Muire', tuigtear go raibh tábhacht ar leith ag na hamhráin seo do mhná ar fud na hÉireann. Nasctar mná agus na deasghnátha báis le chéile i mbéaloideas na hÉireann. Luann Partridge na tuairiscí ó fhaisnéiseoirí na mbailitheoirí a d'oibrigh do Chnuasach Bhéaloideas Éireann ina luaitear gurb iad mná a d'aithris nó a chan na hamhráin nó na dánta diaganta seo. Míníonn Partridge: '[ó] tharla baint chomh dlúth a bheith ag amhráin na Páise leis an gcaointeoireacht, ní haon iontas iad a bheith á rá ar shochraidí agus ar thórraimh' (1983: 101). Tagraíonn sí do nós na hamhráin bheannaithe a rá agus duine ag saothrú an bháis freisin (1983: 102). Dar le Bean Uí Robharthaigh as Dún na nGall bhí 'seanmhná tofa ins na tithe faire fadó leis na dánta seo a cheol roimh agus i ndiaidh an phaidrín i dtólamh' (Partridge, 1983: 102). Déanann Mac Mathúna trácht ar 'Aithrí Sheáin de hÓra' i gcomhthéacs an bháis ina Chnuasach:

Is paidir i véarsa é atá fíor oileamhnach don pheacach bocht sínte ar leaba a bháis. Bhí duine muinteartha agam anseo, agus nuair a bhí sé le bás chuireadh sé fios ar seanbhean do chónaigh gairid dó chun "Aithrí Seán de hÓr" do rádh dhó' (CBÉ 842: 329).

Faraor, níor bhailigh Mac Mathúna aon leagan d'"Aithrí Sheáin de hÓr' ó mhná ná ó fhir ach is cosúil gur cheap sé go mbeadh leaganacha de bailithe ag muintir an Choimisiúin toisc go raibh sé cloiste ag beagnach gach duine, dar le Mac Mathúna (CBÉ 842: 330). Thiomsaigh sé leagan den amhrán 'An tAthair Micheál Coimín' ó Mháire Ní Chonsaidín, áfach, agus dar le Marion Gunn, tá 'macalla aithrí Sheáin de hÓra le sonrú go láidir air. Is é atá ann, cur síos ar Lá an Luain. Ó thaobh an cheoil de, ó tá línte i gcoitinne aige seo

agus 'Aithrí Sheáin de hÓra', is é is dóichí ná gurb é an fonn céanna a ghabhann leo araon' (1984: 55). Thiomsaigh Mac Mathúna 'Paidir Aithrí' ón mbanfhaisnéiseoir céanna agus tá seans ann gur inis bean éigin an phaidir seo mar chuid de na dualgais a bhí ag an lucht faire a bhí ag tabhairt aire don duine a bhí ag fáil bháis (CBÉ 39: 352-353). Tá dlúthbhaint ag an aithrí seo leis an bPaidrín Páirteach. Deasghnáth lárnach ab ea an Paidrín Páirteach ar thaobh leaba an duine tinn in iarthar an Chláir chomh maith (féach 4.6.9 thíos). Maíonn Marion Gunn go bhfuil an t-amhrán seo ar cheann 'de dhá amhrán diaga le Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin a dtugtar 'An Paidrín Páirteach' mar theideal orthu araon' agus tugann sí faoi deara go bhfuil 'gaol gairid idir an t-amhrán áirithe seo agus na dánta aithrí' (1984: 5). Dar le Partridge, faightear léargas sna dánta beannaithe ar ghnéithe de shaol na mban: '[t]á cur síos fileata iontu ar bhreith clainne agus ar chúram máthar, faoi mar a léirítear saol agus obair na bhfear i gcuid mhaith amhráin eile, mar na hamhráin bhádóireachta' (1983: 138).

Mar a luadh ag 2.4.1 thuas, shníomh mná a gcuid paidreacha isteach ina n-obair laethúil:

- (a) paidir le rá ar maidin do Mhuire chun duine a chosaint agus chun cabhrú leis nó léi (CBÉ 1044: 438),⁶³
- (b) paidir le rá agus bean an tí ag coigilt na tine (CBÉ 41: 437),⁶⁴
- (c) paidir le rá agus duine ag dul a chodladh (CBÉ 39: 50),⁶⁵
- (d) paidir le rá i gcoinne tromluí na hoíche (CBÉ 39: 349),⁶⁶
- (e) paidir le rá agus duine ag déanamh an turais ag Tobar Naomh Bríde (CBÉ 133: 307).⁶⁷

Thiomsaigh Mac Mathúna roinnt paidreacha agus dánta beannaithe ó fhir, dánta a luaitear le mná go hiondúil (féach Bourke *et al.* sa *Field Day Anthology*) ar nós 'Seacht Sólás na Maighdine' ach ní fios ar fhoghlaim na fir seo iad ó mhná (CBÉ 39: 322-325; Bourke & Lysaght, 2002c: 1399-1420). I gcás amháin, d'airigh Micheál Ó Tiarnaigh 'Seacht nDólás na Maighdine Muire' ag a athair (CBÉ 40: 59-60).

⁶³ Faisnéiseoir: Nóra Uí Thiarnaigh, An Luach Thuaidh.

⁶⁴ Faisnéiseoir: Bean Thomáis Mhic Conmara, Sráid na nIascairí.

⁶⁵ Faisnéiseoir: bean aosta nár ainmníodh (70+ bl.), Sráid na nIascairí.

⁶⁶ Faisnéiseoir: Máire Mhic Consaidín (74 bl.), Mothar.

⁶⁷ Faisnéiseoirí: seanlánúin nár ainmníodh.

Is léir go raibh baint ag creideamh na mban leis na leigheasanna a bhí ar eolas acu freisin. D'airigh faisnéiseoir anaithnid an phaidir seo chun tinnis cinn a leigheas óna mháthair: '[o]rtha é seo do chuir Dia do Cholmcille, Ortha do chuir Colmcille do Bríd, Ortha do chuir Bríd faoi theacht. Gur a slán do bheidh an corp agus an ceann a rachaidh an ortha sin faoi. In Ainm an Athar, an Mhic, agus an Sprid Naomh' (CBÉ 1043: 314). D'fhoghlaim a mháthair an ortha seo óna máthair agus dar leis an bhfear seo, 'chuir a mháthair an ortha sin ... de sluaite daoine, agus a máthair sin réimpi' (CBÉ 1043: 313).

4.3 An Seanchas áitiúil

Scríobh Mac Mathúna 255 de na 287 mír (1,452 lch) den seanchas áitiúil sa chorpas óna chuimhne féin (1,310 lch). Bailíodh seacht mblúire seanchais ó mhná (16 lch) agus 18 mblúire seanchais ó fhir (82 lch). Tionsaíodh seacht sampla eile den ábhar seo ó fhir agus ó mhná araon (44 lch). Tá an chuma ar an scéal nár cheistigh sé a bhanfhaisnéiseoirí faoina gcuimhní cinn. Tugadh le fios i gCaibidil 2 thuas nár cheistigh bailitheoirí béaloidis mná maidir lena saol féin. Níor bhailigh an bailitheoir cuimhní cinn ó mhná mar a rinne sé le roinnt de na scéalaithe ar nós Stiofáin Uí Ealaoire agus Sheáin Chláraigh, mar shampla (CBÉ 118: 159-161; CBÉ 133: 285-315). Labhair a chuid faisnéiseoirí leis faoina máithreacha, áfach. Ba chuimhin le Tomás Mac Gearailt 'lá na sealún' nuair a rinneadh tionónta nua dá mháthair i ndiaidh bhás athair Thomáis (CBÉ 646: 100). Scríobh Mac Mathúna tuairisc iarbháis do Nóra Uí Thiarnaigh ach is achoimre neamhiomlán é mar go ndíríonn sé ar a cuid buanna, mar shampla, a scileanna cniotála nó i ndéanamh éadaí agus a creideamh láidir i nDia (CBÉ 1044: 432-438). Tugtar pictiúr níos iomláine de shaol na mban agus de róil na mban i ndeasghnátha an tsaol ó bhreith go bás, mar sin féin, i measc an tseanchais san ábhar béaloidis agus i ndialann an bhailitheora, áfach. Ní hamháin sin ach nochtar meon na mban agus meon na bhfear i leith na mban iontu freisin. Tá dlúthbhaint acu leis an bhfeidhm theagaisc a phléitear ag 5.2.2 thíos. Múintear dea-iompar agus dea-thréithe na mban do mhná iontu.

Seo liosta de chatagóirí an tseanchais sa chorpas agus tugtar líon an ábhar le fios i ngach cás mar aon leis an líon leathanaigh:

- Ainmneacha agus Sloinnté na nDaoine (11: 48 lch).
- An Lucht Siúil (1: ceithre lch).
- An Teach Cónaithe (5: 60 lch).
- Bia agus Deoch (6: 41 lch).
- Caithimh Aimsire (7: 37 lch).
- Creideamh na nDaoine (5: 21 lch).
- Cuimhní Cinn na Scéalaithe (4: 51 lch).
- Cúrsaí Airgid (4: 34 lch).
- Cúrsaí Talún (1: 14 lch).
- Éadaí (33: 104 lch).
- Féilte na bliana (10: 48 lch).
- Gaeilge an Chláir (73: 274 lch).
- Iascaireacht (1: ocht lch).
- Leigheasanna (12: 88 lch).
- Logainmneacha (1: dhá lch).
- Na Bóithre (1: 25 lch).
- Nósanna agus Piseoga (11: 75 lch).
- Nósanna Báis (26: 107 lch).
- Nósanna Breithe (3: 14 lch).
- Nósanna Cleamhnais (12: 84 lch).
- Nóta ón mBailitheoir (1: aon lch amháin).
- Obair na mBan (21: 120 lch).
- An tOsnádúr (1: dhá lch).
- Seanaois (1: ocht lch).
- Seanchas faoi Lucht Feasa (1: trí lch).
- Seanfhocail (18: 60 lch).
- Seansaol (7: 61 lch).
- Sísheanchas (4: 20 lch).
- Toibreacha Beannaithe (6: 38 lch).

4.3.1 Saolú an Duine

Níor bhailigh Mac Mathúna aon rud i dtaobh nósanna breithe ó mhná agus scríobh sé síos an chuid is mó den eolas atá le fáil ina Chnuasach faoin ábhar seo óna chuimhne féin. Tugadh aire mhaith do mhná a bhí ag iompar clainne agus bhí na nósanna breithe lárnach sa ghnó ar fad. Níor ceadaíodh do na mná seo cos a leagan i reilig ar eagla go sleamhnóidís agus go ndéanfaí dochar don leanbh ná dóibh féin. Dar le Mac Mathúna, bhí an chontúirt ann go mbeadh tinneas coise ag an leanbh ar feadh a shaoil dá dtitfeadh a m(h)áthair i reilig agus tugtar 'camroilic' air seo (CBÉ 1042: 214).

Thug Mac Mathúna cuntas ar ról na mban i mbreith mar mhná cabhracha freisin. Léiríonn sé go raibh scil a ngnó acu cé nach raibh oideachas orthu mar a bhí ag dochtúirí nó altraí sna tríochaidí nó sna daichidí. Bhíodh triúr nó ceathrar acu i ngach ceantar, dar leis. Glaodh orthu ag aon am den lá, go minic i ndorchadas na hoíche, agus i ngach cineál aimsire, chun cabhrú le bean éigin. Bhí draíocht éigin ag baint le saineolas na mban cabhrach freisin. Bhí siad in ann staid na breithe a mheas ón taoide agus/nó ón ngealach chomh maith (CBÉ 842: 465-468). Léiríonn Mac Mathúna an baol a bhain le páiste a thabhairt ar an saol ag an am sa cheantar trí fhrásaí a mhíniú, mar shampla: '[t]ugann an mháthair trí thuinte an bháis ag tabhairt an leanbh chuig an saol' (CBÉ 39: 354). Baineadh úsáid as dhá fhrása chun staid na breithe a chur in iúl. Bhí gach rud ag dul ar aghaidh go breá leis an mbreith má dúradh 'tá an bhean sin in aistear clainne' ach ciallaíonn an dara frása 'tá an bhean sin in eascar/ascar clainne' nach raibh an páiste ag teacht mar ba chóir agus gur cheart fios a chur ar dhochtúir gan mhoill (CBÉ 1011: 351).

Dúradh go raibh an mháthair agus an leanbh i mbaol ar feadh tamaill tar éis na breithe agus ba ócáid cheiliúrtha é baisteadh an linbh. 'Bhí árdmheisneach agus gealáthas ar a raibh láithreach mar bhí scéal maith ag muintir an tí, bhí an mháthair agus an leanbh as baoghal agus ar seol na braiche' (CBÉ 40: 287). Ainmníodh cailín as a máthair nó a seanmháthair nó aintín léi (CBÉ 708: 563). Léirítear gur ainmníodh í as naomh dá mba rud é gur rugadh í ar lá féile an naoimh sin; mar shampla, Bríd a tugadh ar chailín a

rugadh ar Lá Fhéile Bríde (CBÉ 708: 563-565). Déantar cur síos ar an gcaoi ar athraíodh nósanna ainmniúcháin sa cheantar i gcás ainmneacha na mban, ar nós Threasa ó canóiníodh Naomh Treasa an Bhláithín Bhig (CBÉ 708: 567). D'áirigh Mac Mathúna na hainmneacha is coitianta sa cheantar do mhná: Máire, Bríd, Eibhlín, Cáit, Sinéad, Nóra, Eibhléis, Áine, Máiréad, Siobhán, Sorchá, Síle, Treasa agus Nuala (CBÉ 708: 563).

Bhí nós an choisreacain ann fós le linn shaol Mhic Mhathúna. Ba ócáid bheannaithe é, dar leis, lena linn féin nuair a bhí deis ag na máithreacha a mbuíochas a ghabháil le Dia as iad féin agus a leanaí a thabhairt slán trí dhainséar na breithe: '[b]a bhreagh an rud cinnte don mhnaoi theacht go dtí Eaglais Dé chun lánbhaochas do thabhairt don Athair Síoraí toisc gur thug sé óna contúirt í ach sin a raibh d'oibleagáid uirthi ins an gcás. Sin a raibh ann' (CBÉ 1042: 374-375). Chreid muintir na háite sna blianta roimhe sin nár cheart don bhean a teach féin a fhágáil chun dul ar Aifreann fiú go dtí go raibh sí coisreactha i ndiaidh leanbh a thabhairt ar an saol. Deirtí go 'réiteodh an Coisreacan an bóthar go dtí Flaithis Dé don bhean a d'imíodh tar éis linbh' má fuair sí é ón sagart in am. D'inis seanfhear, nár ainmníodh, scéal faoi bhean nach raibh coisreactha sula bhfuair sí bás (CBÉ 1042: 376-378). Chonaic an sagart í ar an mbóthar tar éis báis di ach thug sé neamhaird uirthi an chéad uair. Labhair sé léi an dara huair agus d'inis sí dó nárbh fhéidir léi dul sna Flaithis mar gur fhág sí an saol 'gan a bheith coisreactha tar éis linbh' (CBÉ 1042: 377). Chabhraigh an sagart léi agus léigh sé na paidreacha cuí go dtí go raibh sí coisreactha.

4.3.2 Oideachas agus Saol an Pháiste

Is féidir glacadh leis go bhfuair beagnach gach duine sa cheantar oideachas bunscoile. Luann Mac Mathúna an oiliúint a fuair cailíní i gcúrsaí creidimh ar scoil, mar shampla, i gcás an tuairisc iarbháis a scríobh sé dá bhean chomharsan, Nóra Uí Thiarnaigh (CBÉ 1044, 432-438).

D'imir daoine óga cluichí éagsúla lena chéile, ar nós an chluiche seo a leanas (CBÉ 39: 239-240): lasadh cipín tuí agus síneadh é ó dhuine go duine fad is a bhí rann á rá acu go dtí gur múchadh an cipín (.i. sé sin an uair a fhaigheann 'Brian' (.i. an lasair) bás). Pé duine a raibh an cipín ina lámh aige nó aici nuair a tharla sé sin, ba air nó uirthi a

cuireadh an pionós: '[s]in é an áit a mbíodh an stracaireacht agus an racaireacht' (CBÉ 39: 240). Léiríonn an nath cainte seo go bhféadfadh cailíní imirt go garbh lena chéile: '[t]á na cailíní beaga ag rágaíocht leothu féin ansin amuigh; é do bheith ag stracaireacht agus ag déanamh mórán gleoitha' (CBÉ 1011: 236).

Tráchtann Mac Mathúna ar na cluichí agus na comórtais a d'imir daoine óga agus daoine fásta, go háirithe na fir, sa cheantar ina Chnuasach, mar shampla, tarraingt na téide (CBÉ 842: 388-416). Tá cúpla cuntas aige maidir le cluichí fáistine a raibh cailíní páirteach iontu ar Oíche Shamhna. Ceann acu ná 'cleas an póire' ina gcuirtear péirí de dhá phóire le chéile mar lánúineacha cois tine le fáil amach cérbh iad an lánúin nó na lánúineacha a bhfanadh slán in ainneoin teas na tine nó an tsaoil (CBÉ 842: 412-413). Rinne cailíní óga iarracht fáil amach cén sórt fir a phósfadh siad chomh maith. Chuaigh siad amach le púicín ar a súile agus tharraing siad tor cabáiste: '[n]uair a bhíodh an gcabáiste díreach ba comhartha sin go mbeadh an fear do gheobhadh sí díreach dathúil, ach dá rángaíodh don stumpa gcabáiste do bheith casta cam ba mhaith an comhartha sin go mba fear garbh gránna do chuireadh fáinne an phósta ar a méir!' (CBÉ 842: 413-414). D'imir fir an chuid is mó dá gcluichí amuigh faoin aer agus d'imir mná an chuid is mó dá gcluichí sa teach de réir scríbhinní Mhic Mhathúna. Taispeántais nirse a bhí i gceist le cluichí na bhfear ach bhain cluichí na mban le cúrsaí cleamhnais nó lena gcuid oibre (féach 4.3.5 thíos).

4.3.3 Pósadh, Máithreachas & Saol Pósta

Tugtar cuntas ar na deasghnátha a bhain le pósadh i gCnuasach Mhic Mhathúna. Léirítear go raibh a róil féin ag fir agus ag mná sna nósanna pósta. D'fheidhmigh fear mar spéicéir⁶⁸ chun mian an fhir a chur in iúl do mhuintir an chailín óig .i. gur mhaith leis cleamhnas a shocrú agus an bhean seo a phósadh. Rinneadh iarracht an cleamhnas a dhéanamh roimh dheireadh na hInide. Ba iad aithreacha na lánúine óige a dheimhnigh téarmaí an chleamhnais agus a shocraigh spré na mná óige go minic ach ní i gcónaí. Thug Mac Mathúna cuntas ar mháthair a roghnaigh fear céile dá clann iníne: '[d]o réir is mar do thagaidist chun a bheith in aon phósta sé an riaghail do bhí aici gan

⁶⁸ Ba theachtair é an spéicéir idir muintir an fhir agus muintir na mná sa chás gur mhaith leo cleamhnas a dhéanamh eatarthu. D'iarr muintir an fhir ar an bhfear seo dul go dtí athair na mná chun a mac a mholadh agus gach cabhair a thabhairt dóibh chun an cleamhnas a shocrú. Chuir muintir an chailín spéicéir chuig muintir an fhir freisin i gceantar an Luaidh Thuaidh. Féach CBÉ 133: 361-365.

diúltú don chéad baitsiléir a thioctadh a d'iarradh mná uirthi. ... Ach ba bheag dá gcead a d'iarrtaí ar na cailíní bochta, cé gur dóibh is mó do bhain an scéal' (CBÉ 1042: 381-382). Ba ghnás d'fhir cuairt a thabhairt ar theach áirithe sa cheantar máguaird agus iad 'ag lorg mná': sin le rá go raibh siad ag iarraidh iníon ón teach sin a phósadh (CBÉ 1044: 162). Dúradh 'bean an dá fhiacail ag lorg fear deas' nuair a bhí seanbhean ag iarraidh fear a mhealladh chun í féin a phósadh (CBÉ 1044: 162).

Tuigtear ón gcuntas seo a leanas go raibh a gcaoi féin ag mná chun déileáil leis an díomá a bhraith siad nuair nach raibh siad geallta le fear ar bith fós tar éis na hInide ar Chéadaoin na Luaithe:

Féach a ndeintí do shult, agus do *diversion* an lá sin ag suidheamh ar na mná óga a bhí in aon phósta san n-Inid bhí tar éis imtheacht gur dheineadar bruscar des na soithí a bhí ar an mbord nuair do chuardar dá ní ar maidin toisc nár tháinig aoinne dá n-iarradh sa nInid. "Yerra, a Cháit, cé méid cupán do bhris tú ar maidin?" "Ó, a Mháire is dócha ná fuil soitheach fé mhúir an tí ná fuil ina smuit agat tar éis an lae," agus mar sin de, agus is mór go deo an méid sult agus gáirí a bhaintí as an gcaint neamhurchóideach sin fiú lá Carghaos féin (CBÉ 40: 280).

Cé go raibh an baitsiléir ag iarraidh margadh maith a dhéanamh, luaigh Mac Mathúna go ndéanadh gaolta an chailín iarracht fear maith a roghnú di. I gcás amháin, bhí meas ag muintir an chailín ar fhear a raibh cóngar bóthair, uisce agus portach aige: '[i]s aige siúd atá an áit compordach' (CBÉ 1043: 113-114). Nuair a bhí an cleamhnas déanta, d'óstáil muintir an chailín a bhí le pósadh an fear óg agus a dhaoine muinteartha ina teach féin roinnt laethanta roimh an mbainis ag cóisir ar a dtugtaí 'ag piocadh an ghandail' (CBÉ 1060: 130-131). Ainmníodh é toisc go raibh gé nó gandal mar fhéasta acu aige sin. Ar lá an phósta, ba iad a mná muinteartha a chabhraigh leis an mbean a bhí le pósadh í féin a chur i gcóir 'agus dá déanamh comh dathúil, is do b'fhéidir le éadach maiseach agus hata péacach' (CBÉ 133: 39). Ba i dteach an chailín a reáchtáladh an bhainis go hiondúil. Bhí oíche darbh ainm 'Crockery Night' i mBéarla ag an lánúin óg go gairid i ndiaidh lá na bainise. 'Thugadh na cailíní árthaí chun cuir ar an ndrésiúr leotha an oidhche sin agus mar a mbíodh oidhche suairc pléisiúrtha ag na buachaillí agus na cailíní ní lá fós é' (CBÉ 1044: 395). Nós eile a bhain le mná ná thug a muintir an fhoireann leapa (leaba agus cófra mór a bhí lán le rudaí úsáideacha don bhean chéile nua) don lánúin mar chuid de spré na mná óige idir seachtain agus coicís i ndiaidh lá an phósta (CBÉ 133: 387, 389-390). Thiomáin athair nó deartháir na mná óige an trucail agus shuigh a máthair agus beirt bhan chomharsan in aice leis na hearraí ar an

trucail.⁶⁹ Ba ócáid cheiliúrtha eile é seo, cosúil le 'lá an chuairt míosa' nuair a thug an bhean cuairt ar a muintir tar éis a céad mhíosa a chur di mar bhean chéile (CBÉ 133: 390).

An nós a bhí ag muintir an Luaigh Thuaidh ná a sloinne roimh phósadh a thabhairt ar bhean i ndiaidh a pósta fós: '[p]ósann Bríd Ní Dhónaill, Micheál Ó Conchúir agus comh fada lenár gcuidne bhí sí an Bríd Ní Dhónaill céanna í pósta is do bhí sí singil' (CBÉ 708: 587). Lean sloinne a máthar nó sloinne a seanmháthar clann ar feadh na nglúinte uaireanta chomh maith: '[t]á comharsain agam gur b'annamh riamh a hainmníodh éinne don mhuirighin ach as an sloinne do bhí ar an máthair chríonna do bhí acu' (CBÉ 708: 585).

Tugtar cuntas ar an ngaol a bhí ag an lánúin nuaphósta leis an tseanlánúin sa teach sa chorpas chomh maith. Dar le Mac Mathúna, bhí saol níos fearr ag an tseanlánúin go minic i ndiaidh dá mac nó dá n-iníon pósadh:

Ní bhíodh ar an seanfhear an obair dian marfach mar spealadóireacht nó sleadóireacht ... do dhéanamh feasta, agus ... dheineadh an seanbhean áis don lánamha óg nuair a thugadh sí aire don taobh istigh fad do bhíodh an lánamha óg ar móinfhéar nó ar portach, nó ag an mbaile mór nó ag an Airthionn (CBÉ 811: 235).

Ní hamháin sin ach thug an tseanmháthair aire do na páistí chomh maith: '[n]íos fearr ná sin nuair do thagadh clann is í an seanbhean do dheineadh iad d'oiliúint, agus ní hannamh gur mó do thrioblóid a d'fhaigheadh an bhean aosta ag tógaint na leanaí ná a máthair féin' (CBÉ 811: 235). Tá cuntas ó fhaisnéiseoir a bhí ag Arensberg ag teacht leis seo freisin ach chabhraigh an seanathair leis na páistí chomh maith, dar leis: '[s]he would ... teach her [grand-daughter] how to do things and have more patience than the mother. The grandfather would show the boy how to do things and would have more patience than the father' (1968: 90).

Ní i gcónaí a bhí an saol chomh sona sin agus is é barúil Mhic Mhathúna é gur '[t]hagadh an clampar isteach an doras ... go mórmhór nuair a bhíodh an bhochtacht san scéal' (CBÉ 811: 235). Ós rud é gur chónaigh an dá lánúin sa teach céanna, 'is beag an chúis a

⁶⁹ Tabhair faoi deara gur shuigh triúr ban in aice leis an gcónra agus é ag dul go dtí an reilig le cur freisin (féach 4.3.7 thíos).

d'iarradh daoine chun tuitim amach lena chéile nuair do bhídís cráite scólta ag an mbochtanacht agus ag an anró' (CBÉ 811: 236). Ba í an iníon a bhí freagrach as aire a thabhairt dá tuismitheoirí ina seanaois go minic freisin:

Is beag an trácht do bhí ar pinsean ná ar aon chabhair eile fén spéir mar amháin seo go mbeadh iníon leothu pósta gairid dóibh a d'fhéachadh ina ndiaidh nuair do bhíodh an lúth imithe astu. Mar ba róghnáthach go mba dílse agus go mba fírinne do bhíodh an iníon don seanathair agus máthair ná aon dár thógadar (CBÉ 811: 237-238).⁷⁰

Tá léargas le fáil ar shaol agus ar thaithí na mban agus a gcuidrimh lena fir céile, mar shampla, i bhfoirm nathanna cainte a bhí flúirseach sa cheantar. Ciallaíonn an nath cainte '[t]á suí socair ag an mbean sin ó phós sí Seán' agus go raibh sé 'i gcumas di breith bog uirthi féin' (CBÉ 1044: 457). Deirtear nár chuir fear a bhean chéile 'as ainm' nuair nár thug sé ainmneacha gránna uirthi (CBÉ 1044: 457). Ní raibh an saol pósta chomh simplí sin i gcónaí agus tá go leor seanchais agus nathanna cainte ag trácht air freisin. Cuireann an frása 'dhá cheann an tí trí theine' in iúl go raibh an lánúin phósta i dteach áirithe ag argóint lena chéile (CBÉ 1044: 250). Léirítear míshástacht na mban dá n-ólfadh a bhfir chéile an iomarca chomh maith, mar shampla: "[n]íl i Pádraig ach scéimpéir do bhuaileann a bhean pósta nuair do bhíonn a phlub ólta aige' (CBÉ 1011: 255). Bhí fear an tí ag súil le bean tí maith a phósadh agus ba mhór an díomá é dó nuair a theip uirthi sa ról sin: "'Nach orm do bhuaileadh an ball nuair do casadh Mairéad orm" do dhéarfadh an fear pósta do gheobhadh óinseach gan maitheasa' (CBÉ 1060: 40). Ceann de thréithe na mban nár thaitin le fir ar chor ar bith ná mná a bhí róchainteach: '[c]huirfadh Nóra cosa fé chearca le síorchaint ... Deirtear sin le duine a mbíonn iomarca ar fad le rádh aige nó aici' (CBÉ 1011: 282-283).

Cé gur bhain mná stádas amach sa tsochaí nuair a phós siad, d'fhéadfadh brú mór a bheith orthu. Ba rud thar a bheith tábhachtach é do lánúin phósta clann a thógáil. Ba cheist íogair é neamhthorthúlacht do mhná agus d'fhir, ar ndóigh. 'barrenness is a curse and a disgrace. ... It is a source of shame to [the husband] ... as well. He fails in preserving the continuity of his line upon the land' (Arensberg, 1968: 91). "'Níor fhás aon ghéag ar a crann," a dhéarfaí le bean pósta gan sliocht, nó mar an gcéanna le fear

⁷⁰ Léirítear é seo sa scéal 'Is Fearr ina Mhac é' ó chuimhne an bhailitheora: '[b]hí lánamha pósta ins an áit seo ins an seanaimsir i mba bhé toil rónaomhtha Dé clann mhac a chuir chucu gan aon iníon. Bhí sin ag cuir an-imní ar an máthair gan inghean a bheith aici a thabharfadh sógh agus sólás di i ndeire a saoghail' (CBÉ 38: 231).

pósta' dar le Mac Mathúna (CBÉ 811: 212). Níorbh aon rud neamhghnách é foréigean na bhfear i leith na mban toisc nach raibh páistí acu go fóill, dar le Angela Bourke: '[a]nother informant told [Arensberg] that the husband of a woman without children might feel entitled to "bounce a boot off her" now and then' (1995: 574).

Mhínigh faisnéiseoirí Arensberg go raibh an bhean chéile nua á tástáil ag muintir a fir chéile ar feadh bliana ar a laghad i ndiaidh an phósta (Arensberg, 1968: 90). Bhí Mary Guerin agus Margaret Carey den tuairim gur caitheadh go hainnis leis na mná a phós isteach sa teach go minic sa cheantar ach níl an tuairim seo ag teacht le saothar Arensberg (Guerin, 2019a; Carey, 2019). Is léir gur tugadh aire mhaith do na mná óga seo fad is a bhí siad ag tabhairt páistí ar an saol de réir dhialann an antraipeolaí. Bhí Seán Óg Carún agus a bhean, Bríd, dhá bhliain pósta nuair a fuair Arensberg lóistín sa teach. Léirítear an chaoi a raibh an bhean óg (bean chéile Sheáin Óig Charúin) scoite amach ó gach duine eile sa teach toisc gurb í a máthair chéile a bhí fós i gceannas: 'Mrs Carey [.i. Bean chéile Sheáin Charúin, leasmháthair Sheáin Óig Charúin] ... is still the woman of the house ... She cooks, ... tends the baby, cleans ... Mrs Carey ... takes charge if [the work is] inside' (Arensberg, 1933a: L9-L10). Ba ghnáthnós é sa cheantar go gcabhródh an mháthair chéile leis an mbean óg obair tí a dhéanamh (Arensberg, 1968: 90). Ba é príomhthasc na mná óige ná páistí a bheith aici agus bhraith gach rud air seo. Deirtí gur printíseacht é an chéad bhliain pósta (Arensberg, 1968: 90). Ligítí don bhean óg a scíth a ligint ar feadh seacht nó ocht mí 'and if then the old people don't see evidence of increase of young [.i. toircheas], they get angry and abuse her. But if they do, they don't let her do any work at all now and are so proud' (Arensberg, 1968: 91). Ní hionann é seo agus a rá nach raibh frustrachas nó uaigneas éigin ag baint le saol na mná óige, áfach. Bhí sí scoite amach ó gach duine eile sa teach gan cead aici aon rud a dhéanamh. A máthair chéile a dhéanfadh an chuid is mó den obair sa teach. D'fhéadfadh teannas a bheith idir an bhean óg agus an mháthair chéile: '[w]hen the new woman is brought into the house, she may have modern ideas ... about the way to do things. So the old woman and the new woman wouldn't get along' (Arensberg, 1968: 89). Is díol spéise é gur choinnigh Seán Óg Carún amach óna bhean agus óna pháiste freisin: '[k]nown as a strong steady young man. Keeps aloof from his child, the baby, and from his wife, the "young woman"' (Arensberg, 1933a: L10). Braitear easpa dínite inar thug muintir an tí 'the young woman' uirthi seachas a hainm, Bríd, chomh maith.

B'fhearr le tuismitheoirí áirithe clann mhac a bheith acu:

B'fhuirist fheiscint ar an lánamha óg gur mó go fada riamh d'fháilte a bhí acu ina gcroidhe roimh an leanbh mice do chuir Dia chuca, ná dá gur leanbh iníne do bhronnfaí ortha. ... Ach nár leigfidh Dia go ndéarfainn go mbíodh an scéal mar sin ag gach uile athair agus máthair. Go deimhin féin bhí a bhformhór lángabhach le Toil Rónaomhtha Dé agus an fháilte céanna acu roimh an iníon agus a bhíodh acu roimh an mac (CBÉ 40: 288-289).

Cé gurb iad na mná a bhí freagrach go hiondúil as an gclann a thógáil, léiríonn Mac Mathúna gur thóg na fir cúram na bpáistí orthu féin chomh maith:

Bhí fear pósta ag portaíocht go croidheamhail as cheann cliabhán a leinbh, comh binn, comh croidheamhail sin go gcuirfeadh sé gliodar ar do chroidhe. Bhí an port do bhí ar siubhal aige go gealáthasach, ag éirí amach ón gcroidhe! (CBÉ 697: 79).

Tugann Mac Mathúna le fios an bhearna mhór a d'fhág máithreacha na linne ina ndiaidh má fuair siad bás agus a gclann fós óg:

Máthair mhór sheisear páistí óga, bean nár thug ar an saoghal seo ach aon bhliain déag ar fhichid do bhí fé chlár. ... Tháinig an bás ar an mnaoi bocht go hobann... ba dúir an croidhe do bheadh gan truagh don fhear bocht, agus de sna loráin a d'fhág an bhean bhocht seo ina diaidh (CBÉ 697: 281, 283).

Má cailleadh ceachtar den lánúin phósta, tugadh 'baintreach' ar an mbean a chaill a fear céile agus 'baintreach fir' ar an bhfear a chaill a bhean. Chosain nósanna an cheantair an bhaintreach ó chruatan an tsaoil toisc go raibh a cuid comharsan flaithiúil i gcónaí léi, mar shampla, nós an Mheithil Domhnaigh:

Dá mbeadh baintreach bocht ann le cuallacht do mhuirighin lag mar a bhíonn i gcéad áit, go bhféire Dia orainn, ní bréag a rádh nach go fonnmhar a chruinníodh fearaibh láidre gnaoi an bhaile agus b'fhéidir ó leasmuigh den bhaile maidin Domhnaigh chun an gnó beag a bhíodh le déanamh ag a leithéide sin do dhéanamh. Bhí an doirnín móna le gearradh ag an ainniseoir bocht, nó iothla beag fataí le cur [mar shampla], ... ach is cuma cad do bhí le déanamh ... Bhídís ansúd i gceann na hoibre ón gcéad spíc solais, agus bhíodh an oiread sin do chongnadh ann, in éadan beagán oibre go mbídís tríd roimh am Airthionn (CBÉ 39: 421).

4.3.4 Obair agus Cúraimí na mBan

Is léir ón gcuntas seo a leanas ar obair na mban gur thacaigh mná agus fir an cheantair lena chéile chun an obair ar fad sa teach agus ar an bhfeirm a chur i gcrích. Bhí a ról féin acu. Thug Arensberg cúpla difríocht idir obair na mban agus obair na bhfear faoi deara, mar shampla, bhí obair na mban bunaithe ar an lá ach bhí obair na bhfear

bunaithe ar an mbliain. Bhí tascanna laethúla le déanamh ag mná ó éirí na gréine go dtí déanach san oíche gach lá 'in the midst of a carefully patterned regularity of habit' (1968: 58). Bhí níos mó éagsúlachta i gceist le hobair na bhfear ar an bhfeirm toisc go raibh tascanna difriúla le déanamh bunaithe ar an am den bhliain a bhí ann: '[w]ork on the 'land' beyond the haggard and the house is less restricted. It has a greater range over the farm and offers a wider variety of tasks round the year. ... each season brings a task the farmer must perform' (Arensberg, 1968: 58). An difríocht ba thábhachtaí, dar le hArensberg, ná go raibh obair na bhfear 'more arduous than woman's. ... Yet the woman's role is separate. It is auxiliary; the simpler, less arduous tasks fall to her. The heavier work and command of the enterprise rests with the men' (Arensberg, 1968: 61).

Thacaigh creidimh an phobail leis an scaradh seo chomh maith: '[t]he woman is unlucky to masculine enterprises' (Arensberg, 1968: 61). Feictear é seo sna piseoga i dtaobh na mban: '[b]híodh an scéal níos measa nuair is bean ruadh do bhíodh ins an gcás. Ba dhóigh leothu go raibh mí-ádh speisialta ag góil leis an mbean a mbíodh gruaig ruadh ar a ceann. Níor mhaith dhuit í do chastáilt ort ar an chéad dhuine' (CBÉ 1044: 501). Bhí sé seo i gceist i gcás fir ag dul chuig aonach nó ag iascaireacht.

Ceann de na cúraimí is mó a bhí ag mná tí ná tógáil clainne. Léirítear an caidreamh a bhí ag mná lena gcuid leanaí sa Chnuasach. Ghlaigh an mháthair ainmneacha ceana ar a leanbh agus í ag caint leis nó léi, mar shampla, 'Codhlaigh anois, a phortáinín' nó 'coileáinín' (CBÉ 1042: 226, 390). Bhí téarma ar leith ag muintir an Luaigh Thuaidh do bhogadh an chliabháin: 'oilíúint' (CBÉ 1011: 227). Thug mná 'claibhtíní/clabhtaí' ar 'na ceirteacha beaga' do bhí timpeall an linbh sa chliabhán agus 'babairlíní' ar éadaí an pháiste óig (CBÉ 757: 193). Gléasadh leanaí in éadaí lámhdhéanta (CBÉ 757: 192). Níor fágadh bia as an áireamh ach an oiread: '[t]á fhios ag an dtír go bhfaighinn an leanbh óg plúr agus bainne (*goody*) i bhfochair bainne chíoch a mháthair anois féin' (CBÉ 670: 305). Rinne mná brúitín de phrátaí róstaithe nó beirithe do leanaí óga chomh maith (CBÉ 607: 303). Chaith buachaill a chéad seacht mbliana i dteannta a mháthar agus chodail sé lena dheirfiúracha ach ina dhiaidh sin, dar le Arensberg: 'he leaves his mother's apron strings, and is slowly drawn into men's ways ... and takes off girl's clothing for the first time; for girl's clothing has protected him from the fairies' (1968: 64). Bhí a mháthair fós an-tábhachtach ina shaol, áfach: '[t]he Irish mother,

compassionate, indulgent, is of course a counterpoise to this stern paternity. She has an emotional role in the balance of reciprocal sentiments as indispensable to the family's existence as the economic role she plays' (Arensberg, 1968: 67). Tá a fhios againn gur fhoghlaim cailíní conas cúraimí agus tascanna na mban a dhéanamh óna máithreacha chomh maith: 'when he [.i. an athair sa teach] is getting a wife for one of his sons, he should look to a house where there has been an industrious and intelligent woman, because she has taught her daughters how to work and that is what is needed' (Arensberg, 1968: 62).

Ba iad na mná a bhí freagrach as sláinte na leanaí a chosaint de réir scríbhinní Mhic Mhathúna áit a luaitear go raibh leigheasanna ar thinnis éagsúla ar eolas ag mná. Ón am a rugadh an leanbh, bhí an mháthair ag iarraidh é nó í a chosaint ó thinnis agus ó fhórsaí osnádúrtha chomh maith. Creideadh go raibh 'aingil Dé thimpeall ar a chliabhán' ach bhí an slua sí in ann an leanbh a thógáil agus seanduine nó seanscub a fhágáil ina dhiaidh mar iarlais (CBÉ 39: 335). Chosain máithreacha a leanaí ó thinnis éagsúla, mar shampla, tugadh trí bhraon d'uisce umar na ceárta don leanbh ionas nach bhfaigheadh sé nó sí an triuch. Tugadh deoch déanta de 'shú an tsimné' do gach páiste 'chun iad do ghlanadh ó phiasta agus chun maith a dhéanamh dhá ngoile' (CBÉ 1042: 7-8).

Bhí eolas ag mná ar leigheasanna a choimeád sláinte a gcuid gaolta eile slán freisin. Chosain sú na neantóg duine ó fhiabhras (CBÉ 609: 459). Cineál athbhríoch a bhí i gceist le cúrsa den 'barradroighean'⁷¹ a thógáil san Earrach chun 'duine do bheadh an goile agus an tsláinte go holc aige do thabhairt ar n-aghaidh' (CBÉ 609: 459). Luaitear tinnis amhail casachtach, slaghdán, bruitíneach agus borrrhéist agus leigheasanna orthu. Sa chás deireanach sin, bhí ar dhuine muinteartha leis an té a raibh an bhorrhéist air dul go bean chomharsan agus iarraidh uirthi feoil a róstadh. Cuireadh an t-othar go dtí an teach ina dhiaidh sin. Dúradh go dtiocfadh an phéist amach nuair a gheobhadh sé boladh na feola agus go leigheasfaí an t-othar go gairid ina dhiaidh sin (CBÉ 133: 99, 103). Luaitear leigheasanna a bhí coitianta ar fud na hÉireann sa Chnuasach, mar shampla, leigheas an treacha. Dá bhfeicfeadh tusimitheoir an pháiste tinn fear ag marcaíocht ar chapall bán, cheisteofaí é faoi cad a leigheasfadh an triuch.

⁷¹ Níor aimsíodh an téarma seo sna foclóirí. D'fhéadfadh bláth an draighin nó an draighean dóite ('borradh') a bheith i gceist, dar leis an Dr Críostóir Mac Cárthaigh.

Thabharfaí an rud sin don pháiste agus thiocfadh biseach air nó uirthi ansin (CBÉ 842: 381). Rinneadh síoróip do chasachtach as an luibh darbh ainm meacan uilleann, siúcra rua nó liocras, gloine mhaith fuisce agus sú 'minruis' (CBÉ 1042: 148-149). Bhí saineolas ag mná ar na leigheasanna a bhí ar fáil i luibheanna éagsúla agus chreid siad gur thug Dia na buanna seo do phlandaí éagsúla (CBÉ 609: 457). Míníonn Mac Mathúna an próiseas a bhí ag mná chun leigheas a dhéanamh as luibheanna: bailíodh na luibheanna ar dtús, triomaíodh iad, tarraingíodh iad, cuireadh i mbuidéal iad agus cuireadh an buidéal faoin gcré ar feadh tamaill chun an leigheas a neartú go dtí an leibhéal ceart (CBÉ 609: 459).

Bhí mná airdeallach faoina gclann a chosaint ó fhórsaí osnádúrtha chomh maith, na sióga, cuir i gcás nó cumhacht na drochshúile. Ba gheall le comharsana iad na sióga ón gcur síos a rinne Mac Mathúna orthu: '[b]híodar ann, thar timpeall ortha i ngach uile áit uaigneach i gcnoc síúil agus i ngleann ceoch, le trá na mara, agus le taobh loch eubhair' (CBÉ 39: 335). Níorbh fhéidir leis na daoine éalú uathu agus níorbh fhéidir leo iad a fheiceáil den chuid is mó ach an oiread. Ní haon ionadh é mar sin gurb é an t-eagla is mó a bhí ortha 'go ndéanfadh na daoine maithe díoghbháil dóibh i gcaoi éicint nárbh féidir le intinn an duine a dhéanamh amach' (CBÉ 39: 335). Bhídís ag cosaint a leanaí ó na sióga ón lá a rugadh iad:

Ó an lá do leagadh an leanbh a mhullach ar an saoghal seo go mbeadh sé go socair ins an uaigh do bhí scáth dorcha na pisreoga os a cheann. Ní leigtí an leanbh bocht go dtí umar an bhaiste gan crap beag salann do chur i mbinn a chóitín chun an chomhacht na daoine maithe do choinneáil uaidh' (CBÉ 1044, 497).

Maidir le galair ar eallaigh, dúradh gur poc ón ngaoth (.i. cumhacht na ndaoine maithe) a bhí taobh thiar díobh go minic. Ní raibh leigheas ag na mná don ghalair seo agus bhí ar mhuintir na háite comhairle Bhiddy Early a lorg i gcásanna a bhain leis na daoine maithe (CBÉ 39: 335). Ní thagraítear ach do bhean feasa amháin sa Chnuasach, Bidy Early.⁷² Braitear rian an chreidimh Chaitlicigh ar chuid de na leigheasanna freisin, áfach. Ba cheart don té a raibh pian aige nó aici trí bhraon de dheoch a dhéantar as uisce agus salann a ól in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh (CBÉ 609: 427).

⁷² Bean feasa cháiliúil i gCo. an Chláir ab ea Bidy Early. Bhí cónaí uirthi i dTulaigh, dar le Mac Mathúna, agus tháinig daoine ó gach cearn de Chúige Mumhan agus Chúige Chonnacht chun leigheas a fháil ar ghalair éagsúla nó chun comhairle a fháil uaithe maidir le piseoga nó leis na sióga. Dúradh go bhfuair sí a cuid eolais trí fhéachaint trína buidéal draíochta. Féach CBÉ 38: 124-127 & <https://www.dib.ie/index.php/biography/early-biddy-a2870>.

Dar le seanbhean i Sráid na nIascairí, cuireadh caonach a fhásann ar chloch ar loit nó ar ghearradh toisc gur creideadh gurb é an ceirín a cuireadh ar loit Chríost (CBÉ 1044: 119).

Bhí mná an-eolach faoi na toibreacha beannaithe agus scéalta i dtaobh eachtraí a thit amach ag na toibreacha seo. Scríobh Mac Mathúna go ndearna níos mó ban agus cailíní an turas ag Tobar Naomh Seosamh ná fir agus buachaillí (CBÉ 639: 141). Bhailigh Mac Mathúna eolas faoin tobar, Tobar na Croiche Naoimh, ó Mhairéad Nic Fhlannchaidh agus bean eile anaithnid (CBÉ 1011: 326-331).

An dara cúram is mó a bhí ag mná ná bainistiú an tí agus bhí ceithre shruth oibre i gceist leis seo: cothabháil an tí, bainistiú airgead an teaghlaigh, cothú an teaghlaigh agus déanamh éadaí dá muintir. Moladh mná as bheith gléasta go deas slachtmhar agus iad ag obair: 'ach mar a dúirt mé go mbíodh bean glan gleoite pé obair a bhíodh idir lámha aici, agus cuma an sraoil ar bhean eile do bhíodh comh gustalach céanna. Bhíodh aprún deas *check* ar an mbean glan gleoite' (CBÉ 757: 243). Ba cheart do mhná an teach a choimeád glan slachtmhar freisin agus bhí áit stórála an-tábhachtach dó mhná. Choinnigh siad mórchuid de na hearraí ba thábhachtaí dóibh sa chófra mór ag bun an leaba (CBÉ 519: 170). Ba mhinic a chruinnigh mná dosáin chun scuab a dhéanamh sa tseanaimsir ach bhí sé de nós ag mná sna tríochaidí agus sna daichidí scuab a cheannach ó shiopa nó ó fhear díolta scuabanna. Dar le Mac Mathúna, bhí gach bean tí an-bhródúil as maisiú an pharlúis agus an tí ar fad (CBÉ 519: 173). Tugadh gearrchuntas dó faoi phatrúin éagsúla a chniotáil mná le cur san fhuinneog: 'do chniotálann cailíní [agus] mná an lae seo figiúirí do gach saghas isteach i bpíosa cruitín le haghaidh an fhuinneog nó obair don tsórt. D'airigh Stiofán [Ó hEalaoire] agus Pádraig [Ó Dábhoireann] trácht ar an "fiacal madra", "cúl gé" agus patrúin eile don sórt' (CBÉ 1143: 351-352).

Bhí smacht ag na mná ar airgead an tí. Chaith siad sparán den airgead faoina gcuid éadaí nó faoina muiníl nó choimeád siad an t-airgead i dtaisce i dtarraiceán sa chófra mór ag bun an leaba (CBÉ 1043: 414-415). Tugadh 'airgead smiortha' ar an airgead seo: 'airgead ná bíonn aon ghlaodhachanna air ach é leagtha i leataoibh' (CBÉ 519: 169; CBÉ 1011: 255). Cé nár fhreastail cuid den seandream ar scoil ar chor ar bith, ba dhaoine éirimiúla iad, go háirithe na mná maidir le hairgead a chaitheamh, dar le Mac Mathúna.

Léiríonn sé sampla de seo i scéal faoi bhean áirithe agus í ag déileáil le siopadóir. Bhí rudaí le díol aici agus thuig sí go baileach cé mhéad airgid a bhí tuillte aici (CBÉ 1043: 420-421). Dar leis an mbailitheoir bhí roinnt ban sprionlaitheach ó thaobh an airgid de chomh maith:

D'airínn trácht ar bean áirithe don tseanaimsir do chuaigh lá don tsaoghal go sráid Inis Díomáin ar intinn rud éicint éadaigh do cheannacht dá loráin (páistí) do bhí go nochta san mbaile. Do rángaigh gur urchar do nóta punt do thug sí léithe chun an ceannacht do dhéanamh. Nuair do chas sí ar an mbaile tréontha bhí sí mar an uair a d'imigh sí. Níor thug sí éadach ná ábhar éadaigh léithe. Nuair do ceistíodh í i dtaobh an faillí do bhí déanta aici, ní raibh le rádh aici ach an méid seo: "Ní gheobhainn óm chroidhe mo phunt breagh do bhriseadh" (CBÉ 1043: 421-422).

Glacadh leis gurb iad na mná a rinne an chócaireacht. Tugadh 'an *héló*' ar an gcaoi a ghlaoigh mná na fir ón bportach nó ón bpáirc chun dinnéir: 'D'aireofá leathmhíle ó bhaile an *héló* sin nuair do liúidíst amach é comh fada ard is do bhíodh ina gceann aríst agus aríst eile' (CBÉ 1011: 208). Thuill mná airgead don teaghlach trí uibheacha, bainne agus im a dhíol (CBÉ 874: 104-105; CBÉ 519: 181; CBÉ 670: 353). Tá ábhar sa Chnuasach faoin arán agus na cístí a rinne mná chomh maith, cuid acu mar fhéirín do mhná eile chun a mbuíochas a ghabháil leo (CBÉ 874: 318-319). Nuair a maraíodh an muc roimh an Nollaig, rinne mná putóga as agus úsáideadh gach cuid den mhuc (CBÉ 501: 27-29). Bhí siad freagrach as na ba a chrú agus im a dhéanamh. Níor dhiúltaigh siad na piseoga a leanúint chun a gcuid ime agus bainne a chosaint, mar shampla,

an nós do bhíodh ag corrbhean ime an tlú do chuir ins an teine fad a bheadh an t-im dá dhéanamh ins an gcuigeann. Is dócha gur chreideadar go raibh bua an tairbhe ansin féin mar bhí an rann seo acu:

"Is fearr an tlú ins an teine
Ná beirt ag an gcuigeann" (CBÉ 41: 198).

Choimeád mná cearca agus géabha agus dhíol siad na huibheacha nó roinn siad an fheoil lena gcuid comharsan (CBÉ 874: 104-105, mar shampla). Bhí mná an-chúramach maidir le cearca a ghlacadh ó mhná eile chomh maith: '[m]ar sin dá dtugfadh bean chomharsan cearc mar oibleagáid do bhean eile thabharfadh an bhean a fuair an chearc piginn uaithi i nós ná tabharfadh sí an t-ádh léithe ón mbean eile, an t-ádh a bhí ar a cuid cearca' (CBÉ 222: 295). Chnuasaigh mná an tseansaoil bia ón trá. Bhí eolas acu ar conas deoch sláintiúil a dhéanamh as an sleabhcán (cineál feamainne) nuair a bhí an bainne gann i rith an gheimhridh agus conas deoch cosúil le tae a dhéanamh i rith aimsir an éigeandála, cé nár thaitin sé go mór le Mac Mathúna (CBÉ 1042: 111). Bhí bá

ag Mac Mathúna le mná i rith aimsir na héigeandála chomh maith toisc go raibh ar mhná obair a dhéanamh sa dorchadas nuair a bhí coinnle gann (CBÉ 874: 469).

Ba iad na mná a rinne na héadaí dá gclann agus is bua iontach é sin, dar le Mac Mathúna féin. Molann sé lámha a chomharsan, Nóra Uí Thiarnaigh, go hard na spéire as a hobair dheaslámhach:

Deireadh na seandaoine go mbeadh dhá lámh óir ar an mbean sin do bheadh ábalta ar abhras mín agus garbh do shníomh, agus ina theannta sin do bheith ar fheabhas an domhain chun cniotáil, fuáil, cuilteáil, agus gach gnó eile do bhaineann le tíosaíocht maith. Ins an gciall sin bhí dhá lámh óir ar an mbean Gaedhalach seo. Go dtí an fíordheire bhí sí i ndon na rudaí sin go léir do dhéanamh, agus chuireadh sí rian a lámha ar gach a ndeineadh sí. Bhí fhios aici go beacht gach ar bhain leis an líon, ón t-am do thomhaistí stang na "ruinni" chun an síol do chuir ann, nó go ndeintí línéadach, nó canbhás, nó anairt do thoradh an síol sin. Mar go leor dá mná comharsain bhí sí comhhoilte ar an dtúrna lín is do bhí sí ar an dtúrna olainne, agus do bhí sí comhhoilte céanna ar céad gnó eile (CBÉ 1044: 434-435).

Chuala Arensberg moladh ó fhaisnéiseoir dá chuid maidir le scileanna na mban: '[t]he small farmer ... has to have an intelligent wife or he won't last long. ... You take children's clothes ... if she knows how to buy material and make the clothes she saves a lot of money, and there are a thousand ways an intelligent woman makes money' (1968: 62).

Tá cuntas ón mbailitheoir faoi na héadaí a rinne agus a chaith mná iad féin (CBÉ 646: 134-141; CBÉ 757: 188-189, 191-213, 221-245; CBÉ 811: 35). Rinneadh seálanna sa bhaile sa seansaol, dar le Mac Mathúna: '[g]an amhras dheintí seálanna do chniotáil san mbaile agus fiú d'airigh mé go ndeintí iad a fhí cois baile' (CBÉ 757: 222). D'oibrigh mná mar mhná fuála chomh maith. Thuill siad airgid as éadaí de gach cineál a dhéanamh, an chulaith phósta ina measc, mar shampla (CBÉ 757: 245). Dhíol siad éadaí lámhdhéanta ag aontaí áitiúla (CBÉ 1043: 67). Míníonn Mac Mathúna an chaoi ar chuir na héadaí a chaith siad aicme agus stádas na mban in iúl chomh maith. Chaith mná pósta agus seanmhná caidhp, mar shampla, ach chaith mná singile agus mná pósta an boinéad (CBÉ 757: 225, 243). Thuig daoine ó chineál na n-éadaí a chaith bean cén aicme ar bhain sí leis sa tsocháí: 'Ní nach iontas bhí corrbhean anseo féin do chaitheadh síodaí, nó éadach uasal, nó an caismír ... do b'fhearr, nuair a bíodh ag imtheacht ach an *bhuinsí* saor ar mná agus iníonacha feirmeoirithe agus sclábhaithe' (CBÉ 757: 243).

Roinn mná agus fir obair na feirme lena chéile, is é sin le rá, bhí a gcuid tascanna féin le déanamh ag gach duine acu. Ceapadh go raibh mná níos oilte do phiocadh na bhfataí mar shampla ach bhain siad na fataí sa seansaol le feac sluaiste chomh maith (CBÉ 1011: 273). Chabhraigh mná leis na fir chun a gcuid oibre ar an bhfeirm nó sa phortach a chur i gcrích, mar shampla, aoileach a chur ar na gairdíní (CBÉ 1043: 180). Scríobh Mac Mathúna cuntas faoi na mná a d'oibrigh ar chomhchaighdeán leis na fir ar an bportach i rith Aimsir na hÉigeandála agus cheap sé nach raibh tuarastal ceart á thabhairt ag a gcuid fostóirí dóibh as a gcuid oibre (CBÉ 874: 439-440). Thacaigh siad le hobair na bhfear trí nósanna ámharacha a chleachtadh. Chaith bean an tí seanbhróg ina dhiaidh agus a fear céile ag dul chuig aonach nó ar thuras chun é a chosaint ar an mí-ádh (CBÉ 1043: 64). Léiríonn Mac Mathúna ina dhialann féin gur tháinig a neacht amach chucu chun uisce bheannaithe a chur ar an gcapall óg agus ar an airnéis nuair a bhí na fir ag iarraidh an bromach a bhriseadh (CBÉ 697: 263).

Foinse thábhachtach seanchais ab ea seanmhná an cheantair, agus cuimhne ghlinn acu ar nósanna agus eachtraí a thit amach, mar shampla, i gcás Nóra Uí Thiarnaigh arís:

Is sí a d'inseodh go cruinn agus go cinnte dhuit céad agus míle rud do thuit amach ar na taobhanna seo nuair do bhí sí ina cailín beag, agus ba bhreagh liomsa ... uaireanta fada do chaitheamh ag éisteacht léithe agus í ag inseacht dúinn na sean-nósanna do ghaibh le breith agus bás, le póstaí agus sochraidí, le rinncí agus gach sórt eile caitheamh aimsire do dheineadh an seandream suas chun aoibhneas dóibh féin (CBÉ 1044: 436-437).

Coinníonn mná eachtraí i gcuimhne an phobail agus déantar na scéalta a bhaineann leo a sheachadadh ar aghaidh ó bhéal na mban. Léiríonn Mac Mathúna an chaoi a raibh mná freagrach as cloí le nósanna agus as seachadadh na nósanna seo don chéad ghlúin eile, mar shampla, ar chinnfhéilí. Ar Oíche Shamhna, ba í bean an tí a mhol do gach duine dul a chodladh. Réitigh sí an seomra d'anamnacha na mairbh ar eagla go dtiocfadh siad ag lorg bia nó compord cois tine (CBÉ 609: 485-487). Ar Lá Bealtaine (agus ar laethanta eile, ar ndóigh), bhí mná ar an airdeall faoina gcuid bainne agus im a chosaint (CBÉ 874: 336). Ba iad neachta Mhic Mhathúna a mhaisigh fuinneoga an tí d'Oíche Nollag ach ba é a n-athair, Peadar Bairéid, an ceann tí, a las an choinneal san fhuinneog (CBÉ 697: 35). Cé gur scríobh Mac Mathúna cuntais éagsúla ar nósanna a bhain le haimsir na Nollag, níor bhailigh sé aon rud i dtaobh Nollaig na mBan. Tugadh 'Lá Cínn an Dá Lá Dhéag' ar an 6 Eanáir sa cheantar ach cuireadh níos mó spéise san oíche roimhe sin

(oíche an 5 Eanáir) nó Oíche na dTrí Rí mar a thugtar air. Chuir bean an tí fáinne (a fáinne féin nó fáinne óir, fáinne iarainn, fáinne déanta de luachra glasa nó de thuí) isteach sa chiste a rinne sí agus pé duine a fuair an fáinne, bheadh an duine sin i gceannas ar an teach ar feadh bliana nó ba é nó í an chéad duine a phósfadh i mbliana (CBÉ 811: 284; CBÉ 501: 108).

I ndialanna Mhic Mhathúna, cruthaítear pictiúr dúinn de chuid de na slite beatha a bhí ag mná ag an am sin: bean rialta, bean ósta, bean tí an tsagairt, siopadóir agus radharceolaí (CBÉ 729: 105-107; CBÉ 501: 97; CBÉ 672: 139, 141; CBÉ 1011: 256-257, mar shampla). Tugtar cuntas ar an gcineál saoil a bhí ag cailíní aimsire chomh maith. Cé nach raibh fostóirí lácha ag roinnt de na cailíní seo, bhí 'maighistreásaí ann do bhí comh ceanúil agus comh haireach ar an gcailín beag do bhíodh ar a n-úrlár is do bhídís ar a n'iníon féin' (CBÉ 1044: 318). Tháinig athrú mór ar shaol na gcailíní aimsire, áfach, le himeacht aimsire agus le linn shaol an bhailitheora freisin: '[t]á tuarastal agus cotháil na gcáile féin acu; agus i lá seo na Saoirse tá na stocaí síoda dá gcaitheamh ag Bríd an cailín aimsire comh péacach agus do chaitheann Mór a maighistreás iad' (CBÉ 38: 195).

Bhíodh mná ag dul thart agus mionearraí (builíní, tobac agus tae) á ndíol acu óna gciseáin nó as cliabhanna a d'iompar siad ar a ndroim go dtí timpeall 1890, dar le Mac Mathúna. Ba chuimhin leis go ndeachaigh bean den dream seo darbh ainm 'Neainsín a Mhéger' thart sa cheantar le linn a shaoil (CBÉ 811: 64-67). Bhí mná de chuid an lucht siúil ag díol earraí sa cheantar chomh maith, mar shampla, an taephota stáin: '[b]híodh mná tincéara ag gabháil thimpeall na mbailte ag díol na hárthaí seo, i bhfochair na *saucepans* úd do bhíodh go háisiúil ar fuaid tí' (CBÉ 646: 107). D'fhostaigh lucht Bhord na nOibreacha Poiblí mná chun bóithre a dhéanamh i rith aimsir an Ghorta Mhóir: 'nuair ná bíodh ach raol nó tuistiún san ló mar phá agus nuair a bhéradh an bhean ar a casúr ag briseadh clocha bóthair comh maith leis a bhfear, agus ba mhaith léithe an seans a fháil' (CBÉ 519: 66).

D'imigh mná agus fir araon ar imirce agus ina measc siúd, bhí deirifúr Mhic Mhathúna féin, Máire Áine (féach 1.2 thuas). Dar le Mac Mathúna bhí réasún maith leis an imirce seo do mhná óga an cheantair:

Más cruatan saoghail, bochtanacht, pá suarach, agus biadh suarach bhí an saoghal cruaidh anróch ag na daoine bochta a bhí ins an gceantar seo go dtí le leathchéad bliain anuas. Sé sin le rádh gur thosnaigh clann na ndaoine bochta ar dul thar lear go dáiríre. Nár chruaidh an saoghal é nuair ná raibh le fáil ag togha cailín aimsire ach coróin sa ráithe, agus gan tuarastal ar bith do chuid acu ach greim a mbéil (CBÉ 39: 379).

4.3.5 Caithimh Aimsire agus Ócáidí Sóisialta

Léiríodh thuas agus i gCaibidil 2 freisin gur inis mná scéalta nó paidreacha fad is a bhí siad ag obair ar fud an tí agus gur chum siad boberó agus iad ag sníomh (féach 2.4.1 agus 4.2.3 thuas). Ní haon ionadh é seo toisc nárbh fhéidir le mná sos a thógáil ón obair san oíche fiú nuair a bhí obair na bhfear istigh: 'she may not sit idly with the men for long beside the evening's fire. Children, knitting, and baking can still be attended to; tradition and proverb demand that 'one woman in the house be always working' (Arensberg, 1968: 57).

Ní léir ar chum mná sa cheantar seo amhráin ag ócáidí sóisialta ach bhí deis acu amhráin a chanadh ag ócáidí áirithe. Thug banfhaisnéiseoir amháin, nár ainmníodh (seanbhean mhuinteartha leis an mbailitheoir), cuntas ar cheann de na hoícheanta seo a chaith sí i dteach a hathar:

Nuair a bhíodh scata do dhaoine óga cruinnithe thosnódh na hamhráin agus thosnódh comórtas idir dhá thaobh cé acu idir dhá bhaile, nó dhá éadan don bhaile a rabhdar ann, nó b'fhéidir go minic gur b'amhlaidh bhíodh an dream suite ar an dtaobh seo den teith ag plé na honóra leis an ndream do bhíodh suite ar an dtaobh eile. Sin é an áit a mbíodh an sult agus an *diversion* agus an spórt gan ruchóid! (CBÉ 41: 236).

Bhí an lucht éisteachta ag súil le caighdeán ard amhránaíochta a chloisteáil agus thuill na hamhránaithe ba bhreátha sa chuideachta an moladh: "[y]erra, a Mháire, is álainn go deo a dúirt tú an t-amhrán sin. Is baolach gur leat an oidhche anocht. Tá an *squé* agat" (CBÉ 41: 237). Ach níorbh fhada go spreagadh bean eile dul i gcomórtas leis an gcéad bhean: "[a]nois, a Nóra, ná leig le Máire an *squé* ar fad" agus cuid mhór den sórt sin moladh agus gríosú do bhíodh ann' (CBÉ 41: 237).

D'imir mná a gcluichí féin fiú agus iad ag obair. Nuair a thagadh grúpa cailíní chun cabhrú le bean eile le hobair a bhain le gnó an tsníomhacháin a dhéanamh, thug sin deis do na cailíní céanna píosa spraoi a bheith acu. B'iad na fir a d'íoc as a gcuid magaidh,

áfach. Sheas cailín ar gach taobh den bhóthar gar don teach sníomhacháin agus bhí greim acu ar shnáth olla ina lámha. Deirtear 'ba chuma cé acu cairréirí nó coisí é', níor ligeadh don fhear a tháinig an tslí imeacht gan airgead a thabhairt do na cailíní nó gealladh go mbeadh airgead aige dóibh lá eile' (CBÉ 445: 189). Murar thug fear 'sprionlaithe' aon rud dóibh, bhí lán cead acu 'breith ar an gcreabhaire a bhriseadh an snáth ortha agus liúráil bhreagh go léir a thabhairt do' (CBÉ 445: 189).

Dar le Mac Mathúna, bhí níos mó deiseanna ag cailíní bualadh le chéile le linn a n-óige. Chruinnigh cailíní le chéile ag aonach Inis Díomáin:

chun lá mór aeridheacht, agus spórt do bheith acu. Ní dóigh liom go bhfeicfá an oiread don bhreághthacht in aon cruinniú mná óga anois ar fuaid an taobh seo do dhútha is do bhí le fáil i measc cruinniú cailíní ag aonach Inis Díomáin abair leathchhead nó trí fichid bliain ó shoin (CBÉ 1043: 67).

Nós eile a bhí imithe i léig sa cheantar ná an pruachais ar Dhomhnach Cásca. Dar le Mac Mathúna, ba fhéasta d'uibheacha agus de mhilseáin a thiomsaigh cailíní le chéile don lá mór é. D'fhreastail buachaillí air uaireanta (d'imir siad 'topanna' le chéile) ach dar leis an mbailitheoir, ba fhéasta é do chailíní agus do mhná amháin (CBÉ 1044: 231-232). Ainmníodh cailín amháin mar 'bhanríon an bháire' ag rincí áitiúla chomh maith (CBÉ 1144: 102-105).

Bhí deis ag mná a scíth a ligint i measc cairde agus iad ag siopadóireacht sa bhaile mór sa seanaimsir:

Nuair a théadh na mná ós na bailte seo go dtí an mbaile mór fadó, agus nuair do bhuaileadh dúil ins an mbraon tae ní hamhlaidh do théidísteach i dteith san tsráid agus scilling nó raol do thabhairt ar béile, ach cheannaídísteach luach piginne tae, agus luach piginne siúcra, agus d'fhaighidísteach cead é a chuir i gcóir san dteith a gceannaídísteach é, agus le builín nó péire bhíodh béile deas acu ar fíorbheagán piginní. Agus ní dhúnaidísteach a súile ar an bhfear, an driotháir, nó fiú duine de sna comharsain, do chasfaí ortha san mbaile mór. Ní hannamh, go deimhin, a tugadh mé féin isteach chun tae don sórt (CBÉ 811: 65-66).

Ba ócáid shóisialta thaitneamhach é lá líonadh na bhfeircíní do mhná an cheantair chomh maith. Tháinig cúigear nó seisear ban le chéile mar pháirtithe chun na feircíní ime a líonadh ar an lá seo. Díoladh an t-im i bhfeircíní (soithí) ag na margáí áitiúla in Inis Díomáin agus bailte móra eile. 'Ba lá féasta é, agus ba lá seanchas é ag na mná. ... bhíodh an *Lemonade* nó deoch éicint don sórt ann ... do bhíodh raidhse do ghach sórt

biadh ba blasta ná a chéile ... ní annamh do bhíodh an gé ramhar mar spóla ag féasta lá líonadh an fheircín' (CBÉ 1043: 91-92).

4.3.6 Seanaois

Bhí a gcuid téarmaí féin ag muintir an cheantair do sheanmhná agus do sheanfhir. Bhaistí 'cailleach' ar sheanbhean 'a mbíonn an aois aici, agus a rian sin uirthi' (CBÉ 1042: 224). 'Cearthanach' an téarma a thugtaí ar '[s]eanfhear caite críonna ... ag aois an phinsin [nó] ... go mbíonn siad i bhfad níos sine ná sin' (CBÉ 1011: 184).

In *The Irish Countryman*, ba cháineadh é an téarma 'cailleach' i measc an tseandreama ach ní thugann Mac Mathúna é seo le fios (Arensberg, 1968: 114). Léiríonn Mac Mathúna meon seanmhná amháin i leith na seanaoise: '[b]hí sórt aitheantas agam ar seanbhean nuair do bhí mé im' pháiste agus sé a deireadh sí nuair a théadh sí i gcuideachta seanmhná eile..., "Cén méala mise leasmuigh dom m'anam?"' (CBÉ 1044: 321). Ba nós é do sheanmhná agus sheanfhir an cheantair a bheith ag seanaimsireacht nuair a tháinig siad le chéile:

[n]uair do thagann seandaoine, nó daoine ná fúil fós thar an meadhón aois lena chéile ach go mórmhór na mná i gcuideachta a chéile is gnáthach gur ar na rudaí do bhí ann le linn a laethanta óga, is mó do bhíonn a gcomhrá. Laethanta áthais agus laethanta bróin (CBÉ 1044: 229).

Tá macalla de seo sa chuntas ó Arensberg faoin tseanaois: '[t]he past is a favourite topic; the 'old days' something of an obsession. ... When ... old age [is] the most honoured state, the past cannot fail to be the focus of interest' (1968: 108). Laghdaíodh ar ócáidí sóisialta na seandaoine nuair nach mbeidís ábalta freastal ar dheasghnátha d'fhonn easláinte. Níor fhreastail siad ar an Aifreann, tórramh ná sochraid, de ghnáth: '[n]í rómhinic a d'fheictear an fear nó an bhean le aois mhór ag siubhal cúpla míle nó trí go dtí Airthionn an Domhnaigh ar an saoghal atá ann fé láthair. Is minicí a d'fhanann an té ná fuil iomarca thar na trí fichid istigh ó Airthionn Domhnaigh agus Lae Saoire' (CBÉ 1011: 111). 'Ins an saoghal atá ann is annamh riamh a d'fheictear daoine aosta ag tórramh, má thagann siad in aon chor ní dheineann siad ach cuairt gairid ins an trénóntha nó i dtosach na hoidhche' (CBÉ 1044: 272). Ba mhór an trua é seo, dar le Mac Mathúna, toisc go raibh 'eolas ar cúrsaí an tsaoghail' ag na seandaoine (CBÉ 1044: 272).

Ghlac seanmhná agus seanfhir páirt ghníomhach i saol an teaghlaigh i gcónaí de réir scríbhinní Mhic Mhathúna. Luadh thuas gur fheidhmigh seanmhná mar mhná cabhracha sa cheantar agus gur thacaigh siad leis an obair ar fud an tí agus sa gharraí (tógáil clainne ina measc) nuair a phós a mic nó a n-iníonacha (féach 4.3.1 agus 4.3.3 thuas). Pléitear róil na mban i ndeasghnátha an bháis sa chéad chuid eile den chaibidil seo chomh maith (féach 4.3.7 thíos).

Bhain seandaoine sult as an tseanaois chomh maith agus tugadh aire an-mhaith dóibh sa bhaile go hiondúil. 'In their sphere of life, they are honoured; they have power' (Arensberg, 1968: 107). Shuigh seanmhná i gcathaoir compordach darbh ainm an suístín go dtí go bhfuair siad 'an chathaoir mór uilleannach' ina áit agus bhain seanfhir úsáid as suístíní chomh maith. Is léir ón gcur síos a dhéanann Mac Mathúna orthu go raibh na seandaoine an-sásta le cathaoireacha den sórt sin: '[t]á déanamh maisiúil ortha, dath aerach éadrom agus mar suidheachán tá siad oileamhnach don rí. ... Ba chóir go mba mhór an faid saoghail ar suidheachán comh sólásach sin' (CBÉ 519: 171). Tugadh an párlús don seanlánúin nuair a phós a mac nó a n-iníon: '[a]gus i gcéad áit nuair a thagadh an lá ar an seanlánamha go gcaithfidist a gcuid a thabhairt suas do mhac nó d'iníon do chuirtaí san scríbhneoireacht go mbeadh úsáide an seomra mór acu go lá a mbáis' (CBÉ 519: 160). Tá cuntas ag Arensberg maidir leis an seomra seo: '[t]he west room features in marriage. ... It is into this room that the old couple move. ... it is the old couple who throw their aura around the room; the respect owed them is very like that felt toward the room they occupy. ... Their room is semi-sacred in the fairy-lore; it is the best in the house' (1968: 41, 107).

Ba mhór an faoiseamh é do sheandaoine sa cheantar an pinsean a fháil toisc go raibh orthu a gcuid airgid féin a thuilleamh chun maireachtáil ina seanaois roimh theacht an Phinsin:

ní hannamh do choinníodh seanlánú áit ba bhainne fliuch agus tirim agus an laogh do bheadh aici go mbeadh sé a leithéide sin d'aois, ceathrú nó leathacra do gharraí, an seomra mór dá mbeadh a leithéide san teith, agus rith na cistine. Agus gan do mhaireachtáil acu ach áit ceathair nó cúig do bha bainne agus beagán beithígh óga (CBÉ 1044: 382-383).

Dar le Mac Mathúna, thug an pinsean saoirse agus neamhspleáchas do sheandaoine an cheantair: '[a]ch, moladh leis an Athair Síoraí gur tháinig an lá geal go bhfuil an aois comh neamhspleách leis an Óige, gur féidir leis an Aois deire an lae a chaitheamh ina seanchúinne féin gan a bheith a d'iarraidh iomarca fiú ar an ghein clainne' (CBÉ 38: 271). B'acmhainn don tseanbhean tae agus tobac a cheannach di féin chomh maith: 'is fíor annamh a bhíodh sé [.i. an tae] ag aoinne ach daoine saibhre nó mná aosta' (CBÉ 38: 14). 'Ní mórán eile do shólás ná do mhilseacht an tsaoghail a bhí ag seanmhná na haimsire sin ach an rúinín tobac amháin' (CBÉ 39: 190). Ní hamháin sin ach cheannaigh an tseanlánúin rudaí don teaghlach as airgead an Phinsin, mar a d'fhoghlaim Arensberg:

[t]o have old people in the house ... is a great blessing in these times, because if you have one it means ten bob a week and if you have two it means a pound a week coming into the house. ... [The old man] may buy a couple of bottles of porter but he'll spend the rest on things for the household and then come home with a few shillings to go into the common fund (1968: 88).

Is minic a léiríonn Mac Mathúna an meas a bhí aige ar sheanmhná an cheantair, go háirithe i leith a gcuid oibre agus a gcreideamh láidir i nDia (féach 4.3.4 thuas). Dar leis, rinne mná an tseansaoil an troscadh traghdach ó Dhéardaoin Beannaithe go Domhnach Cásca in onóir Pháis Chríost go dúthrachtach i gcomparáid leis na fir a rinne 'maith go leor' é, cuir i gcás (CBÉ 1044: 183). Ag an am céanna, ní bhídís ró-umhal don chléir mar a léiríonn freagra a thug seanbhean áirithe don sagart paróiste ar lá na stáisiún i dteach Mhic Mhathúna féin:

Ba greannmhar na freagraí do thugadíst ar fiú na ceisteanna ba simplí. "Cá bhfuair Mac Dé bás?" a d'iarradh *Father Power* do seanbhean don bhaile... Chuir an seanbhean cuma an-deabhóideach uirthi féin ach dúirt go h-urraimamhail, "Fuair sé bás i leaba bhreagh chlúmh" (CBÉ 1042: 187).

Is tróp coitianta é an difríocht idir an t-aos óg agus an seandream sa chorpas. I dtosach báire, ní raibh mná óga sna tríochaidí agus sna daichidí 'comh banúil leis na mná do bhí ann trí nó ceathair d'fhichidí bliain ó shoin' dar le Mac Mathúna (CBÉ 1042: 321). 'Níl cuma ná imtheacht an bhean ortha mar do bhí ar na máithreacha do tháinig rompu' (CBÉ 1042: 321). Seo an cur síos a dhéanann Mac Mathúna ar an mbanúlacht in aiste eile:

Bhí mná an tsaoghal sin go fíorbanúil i ngach caoi do thógfá iad. Bhí méin an bhean Críostúil dea-bhéasach iontu. Ní raibh aon sórt eolas ar leabhar ná ar léigheann acu, ach cuireadh múineadh agus stiúir ortha nuair a bhíofar dhá dtógaint, agus toisc sin bhí gach líne don seandream Gaedhalach i ndon comhairle a leasa do chuir ar an gclann do chuir Dia chuca (CBÉ 1043: 430-431).

Ba cheart do mhná óga, i dtuairim an bhailitheora, patrún a seanmháithreacha a leanúint: '[b]hí ciall agus tuiscint i mórán do mhná an tseansaoghal Gaedhalach do chuireadh iontais ar mná an lae seo dá mbeadh fhios aca dada ina thaobh' (CBÉ 1043: 430).

4.3.7 An Bás

Bhí mná páirteach i ngach gné de dheasghnátha an bháis. Ba iad na mná a thug aire don duine tinn agus don duine a bhí ag fáil bháis. 'Bíonn na mná san seomra, iad ag guídheamh chun Dé don anam bocht atá anois i gcruachás, agus ag faire ar gach uile chor do chuireann an fear (nó an bhean) tinn de (di)' (CBÉ 548: 455). D'fhan na fir sa chistin agus iad ag mionchómhrá lena chéile go dtí gur glaodh ar dhuine amháin acu chun an Paidrín Páirteach a rá nuair a bhí an duine ag fáil bháis (CBÉ 548: 457). Cuireadh coinneall lasta i lámh an duine tinn agus coinníodh ann é ag duine eile. Chroith bean uisce beannaithe ar fud an tseomra chun an diabal a choimeád ó anam an duine bhoicht (CBÉ 548: 459).

Nuair a fuair an duine bás, clúdaíodh aghaidh an duine mhairbh agus níor ligeadh d'aon duine lámh a leagan ar an gcorp ar feadh cúpla uair an chloig chun anam an duine a chosaint (CBÉ 426: 233). Tugadh tae do na daoine a bhí i láthair nuair a bhí na mná ag feitheamh ar an gcorp a leagan amach. Nídís an corp le huisce agus le gallúnach. Bearnadh féasóg an fhir nó gearradh gruaig na mná. Cuireadh léine, aibíd, stocáí agus lámhainní ar an gcorp agus caipín ar cheann na mná. Fágadh cros ar ucht an duine mhairbh agus leabhar urnaí nó paidrín páirteach ina lámha (CBÉ 548: 479, 483). Cuireadh an marbhán ar an mbord sa chistin don tórramh ag deireadh na naoú haoise déag ach ba ina leaba féin a cuireadh é nó í sna tríochaidí agus sna daichidí. Ba ansin a rinneadh an gol thar an duine marbh agus tugann Mac Mathúna cuntas ar na mná caointe a tháinig chun an gol a dhéanamh.

Agus mar is eol do a lán daoine bhíodh mná caointeachán ar fuaid na tíre chun caoineadh ceart duineamhail do dhéanamh os cheann an té a dhéarfaí leothu a chaoineadh. Ní gá a rádh gur ag an dream gustalach a bhíodh a leithéidí san, agus, go ndeindíst sórt ceird do bheith ag imtheacht mar sin, agus dar ndóigh, bhíodh bua an caoineachán binn acu. Agus go dtí an saoghal deireannach seo, agus b'fhéidir anois féin in áiteanna, ba bhé deas an moladh ar bhean tar éis a báis é bheith le rádh ag daoine ina taobh nuair a chloisidíst scéal a báis, "Ba bhreagh an dreas guil a bhí ag Máire," nó pé ainm ba léithe (CBÉ 133: 35).

Ar lá na sochraide, tháinig mná an cheantair máguaird timpeall a deich a chlog ar maidin, agus na fir tamall ina dhiaidh sin. Cuireadh gach duine amach as an teach nuair a bhí na mná ag leagadh an choirp amach sa chónra (CBÉ 553: 303). Ba í an bhean nó ba iad na mná a nigh an corp agus a leag amach é sa chónra freisin (CBÉ 1011: 158). Nuair a bhí an tasc sin déanta acu, chuir siad fios ar ghaolta an duine agus tugadh deis dóibh slán a fhágáil lena duine muinteartha den uair dheireanach. Cuireadh an chónra ar trucail agus shuigh triúr ban suas in aice leis, mar shiombail den triúr ban a bhí ag tuama Chríost (CBÉ 553: 319). D'fhan cuid mhaith de na mná sa teach tar éis na hoibre seo a dhéanamh. Níor chóir do mháthair an duine mhairbh dul go dtí an reilig ar fhaitíos go dtarraingeodh sí an bás ar pháiste eile dá cuid más é an chéad pháiste a chaill sí (CBÉ 553: 349).

Rud eile atá spéisiúil ná go ndearna mná na haibídí a chaith na mairbh. Cheannaigh muintir an cheantair aibídí ó bhean de na Siúrdánaigh as Inis Díomáin (CBÉ 548: 484). Nós eile a bhí i réim ná gur cheannaigh seanmhná an cheantair aibíd, in ainneoin gur mhair cuid daoibh go ceann tamall fada (CBÉ 1044: 37-39). Sa chás go bhfuair duine eile sa cheantar bás gan choinne, fuair muintir an duine mhairbh an aibíd ar iasacht ó sheanbhean áirithe agus cheannaigh siad aibíd nua don tseanbhean (uaireanta, ceann níos fearr nó níos deise) i ndiaidh na sochraide. Bhí an nós sin imithe i léig sa cheantar faoi na tríochaidí freisin mar go raibh na daoine in ann aibíd a cheannach go héasca i siopaí na mbailte móra (CBÉ 548: 484).

4.4 Conclúid

Díríodh aird sa chaibidil seo ar na 567 míreanna béaloidis éagsúla sa chorpas a léiriú. Léiríodh éagsúlacht agus líonmhaireacht an éigse bhéil sna catagóirí seo a leanas ar dtús: an scéalaíocht, filíocht na ndaoine, cleachtadh an chreidimh agus an seanchas

áitiúil. Tá sé suntasach go mbaineann an chuid is mó den ábhar a bailíodh ó mhná le cúrsaí creidimh agus filíochta ach is ó fhir a tiomsaíodh mórchuid an ábhair i gcás na scéalaíochta agus an tseanchais. Déantar comhthéacsú ar an ábhar seo trína bhfuil le sonrú sa chorpas maidir le saol na mban sa cheantar a phlé (287 sampla).

I gcás an tseanchais áitiúil seo, treisíonn fianaise an bhailitheora agus an seanchas a bhailigh sé i leith shaol na mban tuairimí an antraipeolaí Conrad Arensberg. Tugtar le fios go raibh róil thábhachtacha ag mná sa bhaile agus sa phobal ó bhreith go bás. Moladh agus cáineadh mná as tréithe áirithe a bheith acu, mar shampla, tréithe dearfacha maidir le mná díograiseacha agus flaithiúla nó a mhalairt i gcás mná santacha agus cainteacha. Leagadh béim go minic ar dheathréithe a bhain le hobair na mban. Rud spéisiúil a tháinig aníos i rith an taighde seo ná gur cáineadh mná óga toisc nach raibh siad chomh banúil is ba cheart dóibh a bheith.

Cé gur nochtadh meon na ndaoine i leith na mban i gcásanna áirithe sa chaibidil seo, tá tuilleadh anailíse le déanamh ar an éigse bhéil go príomha chun feidhmeanna an bhéaloidis do mhná agus d'fhir agus na bealaí inar léirigh siad a dtuairimí agus a meon i leith na mban san ábhar béaloidis a d'inis siad a thuiscint. Pléitear torthaí na hanailíse ar na réimsí béaloidis a leagadh amach sa chaibidil seo i gCaibidil 5 agus scrúdaítear coincheapa na banúlachta idéalaité agus claonaité ann.

Caibidil 5: Cuma na Mná orthu:⁷³ íomhánna den bhanúlacht sa chorpas

5.1 Brollach

I gCaibidil 4 thuas, léiríodh saol na mban ón gcliabhán go dtí an uaigh agus comhthéacs cultúrtha an ábhar béaloidis i gcorpas na mban. Sa chaibidil seo, déantar mionscrúdú ar fheidhmeanna an bhéaloidis a bhailigh Mac Mathúna ó mhná agus faoi mhná. Tá dhá chuspóir i gceist:

- feidhmeanna an bhéaloidis don phobal timpeall an Luaigh Thuaidh a aithint agus a mheas,
- meon na ndaoine i leith na mban a chíoradh.

Bhain scéalaithe an cheantair, idir fhir agus mhná, leas as a stór béaloidis féin chun seasamh le luachanna nó noirm shóisialta áirithe nó chun dúshlán a thabhairt dóibh sa tsochaí phatrarcach inar mhair siad. Pléitear trí fheidhm an bhéaloidis sa chaibidil seo: an fheidhm smachta, an fheidhm theagaisc agus an fheidhm ídithe, mar a leagadh amach i gCaibidil 2 iad (féach 2.5 thuas). Fiosraítear an chaoi ar samhlaíodh mná i measc na mban agus na bhfear sa Chnuasach - an bailitheoir féin san áireamh - le fianaise ón ábhar béaloidis. Leagtar béim ar thuairimí coitianta i dtaobh iompar, ról agus thréithe na mban. Cíortar an bhanúlacht idéalach agus an bhanúlacht chlaonaíoch mar a léiríodh iad sna míreanna béaloidis.

5.2 Feidhmeanna an Bhéaloidis sa Chorpas

5.2.1 Feidhm Smachta

Rinneadh iarracht a chur ina luí ar mhná nárbh fhéidir glacadh le hiompar dúshlánach gránna trí mheán na feidhme smachta. Pléitear droch-eiseamláirí de mhná go minic sna

⁷³ Bunaithe ar nath cainte i leith na mná óga: 'Níl cuma ná imtheacht an bhean ortha mar do bhí ar na máithreacha do tháinig rompu' (CBÉ 1042: 321).

hamhráin agus sna scéalta a chíortar sa chuid seo den chaibidil agus an pionós a chuirtear orthu as na rialacha intuigthe a bhriseadh. Bhí muintir an cheantair in ann a n-ábhair gearáin maidir le hiompar míchuí na mban a chur in iúl sna hamhráin agus sna scéalta a luaitear thíos. Bhí umhlaíocht gan cheistiú ag teastáil ó mhná sa cheantar de réir an bhéaloidis ach is léir ón bplé thíos nár ghéill gach bean do na noirm shóisialta sa cheantar.

Míníodh i gCaibidlí 2 agus 4 thuas, gur chaith mná mórchuid an ama sa bhaile agus gurb iad na mná a bhí freagrach as bainistiú an tí sa cheantar. In amhrán le Tadhg Ó Tiarnaigh, file áitiúil, cáineann sé mná as bheith míshlachtmhar mífhlaithiúil agus as a scileanna cócaireachta teoranta san amhrán faoin stampaí a bhí á dhéanamh acu (CBÉ 41: 205). Cáinteas 'an chailleach' toisc gur lig sí don chat an t-im a ghoid agus nach raibh an stampaí chomh blasta is a d'fhéadfadh sé a bheith dá bharr. Is mná drochbhéasacha míshlachtmhara iad mná an bhaile seo i dtuairim an fhile. D'fháisc siad an stampaí in íochtar a ngúnaí seachas ar bhord na cistine. Bheadh a gcuid gúnaí salaithe ag an stampaí. Roinn na mná seo an stampaí amach go neamhchúramach freisin. Bhí sé róchrúa, dar leis, agus d'fhan an drochbhlas ina bhéal ar feadh roinnt laethanta ina dhiaidh sin. Is cosúil nár fhill sé ar an teach seo in aicearracht.

Tugtar léargas ar thábhacht ról na mban sa bhaile sa chur síos a dhéantar ar an mbean a dhéanann faillí ina cuid cúraimí i leaganacha de na hamhráin 'An Gliobach nó an Drochbhean Tí' agus 'Píosa den Ghliobach' (CBÉ 811: 246; CBÉ 38: 140a-142). I gcás 'An Gliobach', bhí an bhean ag déanamh faillí ar a leanbh agus ar a cuid dualgas ar fud an tí. Ní raibh léine ghlan ullmhaithe aici dá fear céile don Domhnach fiú. B'fhearr léi fanacht i bhfad óna teach féin. Bhí an leanbh ag gol ina (h)aonar ach bhí a m(h)áthair imithe go teach comharsan: '[a]ch mo leanbh bán ag gol orm agus an gliobach i dteith na comharsain' (CBÉ 811: 246). Ní raibh aon ghlacadh le mná a chuaigh ag fánaíocht ach an oiread sa cheantar ag an am. Tugadh 'cuartaí na mbothán' nó 'cuartaí' ar bhean 'do chaitheann iomarca ar fad dá haimsir i dteitheanna na gcomharsain nó ar ba córa dhi bheith i bhfeighil a gnótha san mbaile' (CBÉ 1042: 229).

Creideadh nár cheart do mhná óga a bheith amuigh ina n-aonar i rith an lae nó déanach san oíche. Thug an carachtar Bríd comhairle mhaith dá cailín muinteartha óg sa scéal 'Feiscint do Fuair an Cailín ar an Athrú Beatha', sé sin, gan bheith ag crochadh thart in

aon áit iargúlta dainséarach (CBÉ 39: 102-103). Ní fhaca an cailín óg aon dainséar i measc na neacha neamhsholta a bhí ag seinm ceoil agus ag damhsa san áit. Thuig Bríd go raibh baol ann don chailín óg, agus ní ó 'na sióga' amháin mar go raibh aill ard agus poll mór ann chomh maith.

Léirítear i bhfinscéal eile, 'Long Síúil', go raibh dainséar ann do chailíní agus iad i gcomhlúadar cailíní eile i rith an lae (CBÉ 39: 61a-62). Tugtar le fios gur tharla an eachtra áirithe seo ag Aill na Searrach ar lá breá brothallach. Ní raibh na cailíní sa scéal seo ag súil le haon rud neamhghnách a fheiceáil. Fós féin, ba rabhadh é seo go raibh dainséar ag baint le cailíní a bheith amuigh i rith an lae freisin. Chonaic siad long síúil a bhí lán de 'na céadta garsúin' (CBÉ 39: 62). Bhí ceol draíochta á sheinm acu freisin - chun na cailíní a mhealladh, is cosúil. Rith na cailíní lena n-anam ón áit. Ar ndóigh is áit dhainséarach í Aill na Searrach agus níor mhaith le haon tuismitheoir a n-iníonacha a fheiceáil ar bharr na haille sin mar go raibh an baol ann go dtitfeadh siad isteach san uisce ansin (smaoinigh ar chumhacht na gaoithe san áit iargúlta sin freisin). Ní bheadh duine ar bith thart chun cabhrú leo nó chun iad a bhaint as dainséar. Trí eachtra den chineál seo a úsáid, tá rabhadh ceilte leis - rabhadh go gcaithfidh cailíní a bheith aireach. Is cuma cén t-am den lá é, is bagairt ar shábháilteacht na gcailíní iad 'na sióga' i gcónaí.

Bhí drochthoradh ar iompar den chineál seo do mhná áirithe chomh maith. Thit seanmháthair Mhic Mhathúna ina codladh 'agus í ina cailín beag ag fosaíocht le ba' (CBÉ 1042: 401). D'fhás cnap mór ar ordóg a coise mar gheall ar a heasumhlaíocht, is cosúil. Ní raibh sí in ann bróg a chaitheamh ar an gcos sin don chuid eile dá saol (CBÉ 1042: 402). Chun an scéal a dhéanamh níos measa, 'dúirt na comharsain agus í féin comh maith gur b'iad an dream síúil do chimil léithe nuair a rángaigh go raibh sí san mbealach rompu nuair a bhíodar ag aistriú ó áit go dtí áit éicint eile' (CBÉ 1042: 402). Tugann an eachtra seo rabhadh do mhná eile bheith an-chúramach. Cáineadh an t-iompar seo i nathanna cainte sa cheantar freisin. Tugadh téarmaí áirithe ar mhná nár chloígh leis na rialacha mar a mhíníonn Mac Mathúna: '[b]aineann na hainmeacha seo leis an mímhúineadh agus an mí-rialtas do ghabhann leis an gcailín beag aerach sul a luíonn trioblóidí an tsaoghail uirthi' (CBÉ 1042: 227). Is éard atá i gceist le 'rásaí' nó 'ráigí' cailín atá róthugtha don bhothántaíocht 'do bhíonn ag rith ansan agus anall gan aon ghnó ach ag súgradh dhi féin' agus 'siubhaltach amach mímhúinte' chomh maith:

'[r]ásaithe ná fanann uair an chloig ina dteith féin' agus '[n]ach sibh na ráigithe amuigh ar na bóithre an tráth seo d'oidhche' (CBÉ 1042: 228).

Baineann an chomhairle maidir le fanacht ina dtithe féin, go háirithe i ndorchadas na hoíche, le geanmnaíocht na mban a chosaint chomh maith. Tuigtear ó Chaibidil 4 thuas go raibh a gcaithimh aimsire féin ag fir agus mná agus nár mheasc siad lena chéile go minic (féach 4.3.5 thuas). Níor glacadh le páistí neamhdhlisteanacha sa tsochaí ag an am ach an oiread. Cuireadh an bhean óg i gcásanna mar sin i bhfolach go dtí go raibh sí in ann dul ar imirce go Meiriceá:

Agus ó is ag trácht ar náire saoghailta é dá mbeadh sé do mhí-ádh ar aon chailín duineamhail don tseansaoghail go gcaillfeadh sí a hainm agus a náire ba bheag an baol go bhfeicfeadh éinne dár mhair i measc na ndaoine í go bhféadfaí í do ghlanadh anonn go h*America* (CBÉ 842: 437).

Ar an nós céanna dá mbeadh sé do chros ar an gcailín óg go mbainfí a cliú dhí do b'fhada an lá aríst go dtógfadh éinne do bheadh in aon teith léithe a gceann i measc na gcomharsain aríst, agus ní fheicfí í féin leasmuigh do dhoras go bhféadfadh sí an bóthar go *America* nó áit éicint eile do thabhairt uirthi féin (CBÉ 1043: 187-188).

Dar le Byrne agus O'Sullivan, cheap Arensberg gurb é seo paradacs an teaghlaigh in Éirinn, '[t]he institution of the family condemns a large proportion of its members to celibacy and long-preserved virginity' (Byrne & O'Sullivan, 2019: 12). Tá an mháthair sa scéal 'Níor bhFearr an Mháthair ná an Iníon' inmíoch faoi dhea-cháil a clann iníne a chaomhnú (CBÉ 1043: 437). Bhí uirthi iníon amháin acu a chur chuig áit iargúlta le teachtaireacht lá éigin agus thug sí rabhadh di gan ach 'Dia is Muire dhuit' a rá le fear dá bhfeicfeadh sí fear ar bith ar a turas. Is suntasach an ní é go bhfuil cead ag an iníon freagra béasach a thabhairt don fhear a bheannaíonn di ar an mbóthar ach nár cheart di labhairt ar dtús agus 'Dia dhuit' a rá. Tá an iníon den tuairim nár cheart 'Dia is Muire dhuit' fiú a rá. Seo pointe an teannais sa scéal atá faoi cheilt sa jóc seo: is beag an meas atá ag an iníon ar fhir mar gheall ar an múineadh a fuair sí óna máthair. D'fhéadfadh sé a bheith contúirteach d'aon chailín óg bheith ag siúl in áiteanna iargúlta agus is iad na fir an bhagairt is mó dóibh dar le máthair an chailín. Ach is cailín 'múinte' í an cailín seo. Níl aon fhonn comhrá uirthi ar chor ar bith mar go dtuigeann sí rabhadh a máthair agus go bhfuil fíorbhaol ann go dtarraingeoidh sí drochcháil uirthi féin, ar a máthair bhocht agus ar a deirfiúracha má thugann sí mórán airde ar aon fhear.

Ní dhéanann an bhanscéalaí fodóireacht timpeall an scéil sa mhír 'Comhairle a Tugadh do Chailín Óg' (CBÉ 695: 123). Léirítear meon na mban faoi ghnéas roimh phósadh ann. Is comhairle é chun cailíní óga a chosaint ón náire agus ón stiogma a bhaineann le toircheas neamhbheartaithe agus iad singil fós. Caithfidh na cailíní a bheith béasach ach glic má thagann fear de chineál an 'ránaí' chucu (CBÉ 695: 123). Is iad na cailíní a fhágfar faoin náire, brónach agus croíbhriste i ndiaidh an ghnímh agus imeodh an fear. Níor cheart 'cleamhnas' (.i. caidreamh collaí) a dhéanamh 'fé lúb na dtor' (CBÉ 695: 123). Is í an bhean a iompraíonn an náire timpeall léi (ós rud é go mbeadh daoine ag cúlchaint fúithi) agus an páiste a thioctadh ón gcaidreamh seo. Bheadh brón thar meon ar an mbean óg freisin: 'do shúile ag gol' (CBÉ 695: 123). Is pictiúr lom soiléir é ar chás na mban i ndiaidh chaidreamh collaí a bheith acu le fear roimh phósadh. Moltar geanmnaíocht na mban óga a chosaint agus gur cheart dóibh staonadh ó ghnéas roimh phósadh go láidir sa líne dheireanach. Aontaíonn Mac Mathúna féin le dearcadh an bhanscéalaí chomh maith: 'ba mhaith an mhaise don saoghal mór dá nglactaí an comhairle sin' (CBÉ 695: 123). Is léir go raibh meas ag Mac Mathúna ar sholabharthacht fhocail an bhanscéalaí sa chás seo agus gur chreid sé gur fiú a leithéid de theachtaireacht a chur síos ina Chnuasach. Ní dhéanann sé aon idirdhealú idir mná agus fir - ba cheart do gach duine (.i. 'an saoghal mór') an chomhairle seo a ghlacadh ina thuairim (CBÉ 695: 123).

Ba dhrochrud amach is amach é bean nó cailín a bheith ródhána róchainteach freisin, de réir an ábhair bhéaloidis chomh maith. Tugtar 'sciúirseoir' nó 'sciúirseoirín' ar 'an gcailín beag drochbhéasach mí-mhúinte dána: "Bhris tú mo chroidhe ionam, a Nóra, mar ba sciúirseoir tú ón gcéad lá do thóg tú do chois'" (CBÉ 1042: 228). Ba 'toice' í an '[c]ailín beag gan fios a háite: "Labhradh an toice sin le sagart an pharáiste gan scáth ná náire." "Nach tú an toice ag tabhairt dro'fúna dod' mhaighistreás'" (CBÉ 1042: 227).

Níor chóir do mhná ná d'fhir a bheith mórtasach ach an oiread agus léirítear é sin go soiléir sa scéal 'Sé an Duine an t-Éadach' (CBÉ 38: 207). Bhí lánúin bhocht ann tráth agus ní raibh mórán de mhaoín an tsaoil acu. Chaith an bhean culaith shlachtmhar lá amháin agus bhí 'mórtas an tsaoghail ag an bhfear aisti': 'an bhfaca tú mo Mháire agus a culatha bhreagh?' (CBÉ 38: 207). Is é an freagra a fuair sé ná 'sé an duine an t-éadach' (CBÉ 38: 207). Tuigtear as seo nár cheart duine a mheas ar a dhealramh .i. na héadaí a chaitheann sé nó sí. Ligeann an bhean uirthi sa scéal 'Bean Mórtasach' nach n-aithníonn

sí a mac féin agus é ag imirt sa chomórtas peile chun gur féidir léi aird a bhean chomharsan a tharraingt ar a scil mar imreoir (CBÉ 38: 135-136). Dúirt sí: '[n]íl a leithéid eile ins an páirc. Ní fheadar an domhan cé hé' (CBÉ 38: 136). Léirítear comórtas idir mhná i scéalta faoin mbród a bailíodh ó mhná freisin, 'Scéilín ar an Aifreann Naofa', mar shampla (CBÉ 39: 349-351). Bhí an bhean shaibhir 'go gnóthach ag féachaint ar gach bean nó cailín do chaitheadh éadaí deas' agus ag iarraidh súile an phobail a tharraingt uirthi féin ar ndóigh lena héadaí breá sa séipéal (CBÉ 39: 349). Bhí sí buartha go mbeadh gach duine ag magadh fúithi dá gcaithfeadh sí éadaí simplí seachas na héadaí galánta faiseanta a chaith sí go hiondúil. Rinne sí dearmad ar bheith ag éisteacht leis an sagart toisc go bhfuair an iomaíocht seo ag an Aifreann greim uirthi. Ní bean pheacúil í dar leis an mbanscéalaí ach bhí uirthi a hiompar a athrú toisc go raibh sí róbhuartha faoina cuma fhisiciúil. Dar le Mac Mathúna, bhí bród na máithreacha le feiceáil ag cóineartú a gcuid páistí freisin: bhí 'cuid de sna máithreacha ag caoilthint lena chéile féachaint cé acu is deise a mbeadh a gclann fé éadach nuair a raghdíst os chomhair an Easpaig' (CBÉ 646: 142).

Meabhraíonn an faisnéiseoir Seán Ó Molomhna do mhná gan a bheith rómhórtasach agus gan diúltú le ceiliúr pósta ó fhear maith sa scéal 'Bíonn an Roth ag Gabháil Timpeall' (CBÉ 39: 245-246). Cheap an bhean sa scéal seo go raibh saol níos fearr i ndán di seachas bheith pósta le fear a thuill a chuid airgid ón talamh. Dúirt sí leis: '[m]ar sin is córa é a bhodach na ruinne/Tusa a bheith ag rómhar, agus mise a bheith ag rinnce' (CBÉ 39: 245). D'imigh na blianta ach chonaic an fear seo í lá amháin sa bhaile mór ag iarraidh déirce ó dhaoine. Níorbh fhéidir leis an deis a chailliúint agus dúirt sé léi: '[m]ar sin is cóire é a chailín an rinnce/Mise ag díol eorna agus tusa ag gabháil timpeall' (CBÉ 39: 246).

Creideadh go gcaithfidh mná bheith cúramach faoi bheith saonta chomh maith. Léiríodh nach raibh fios a gnó ag Máire, an bhean chéile sa scéal 'An Cleasaí agus an Bhean Óinsiúil', maidir le coinneáil éanlaithe clóis (CBÉ 41: 305a-308). Chuir sí a muinín ina fear comharsan, Seán, go gcuideodh sé léi cé nár ghlac fir páirt sa ghnó sin ar chor ar bith.⁷⁴ Ní haon ionadh é mar sin nár éirigh go rómhaith leis an bplean seo.

⁷⁴ Dar le Joanna Bourke, níor ghlac fear ar bith páirt i dtionscadal na gcearc: '[e]xcept for the export of eggs and fowl, practically the whole industry was in the hands of women. As reformers were to discover, poultry rearing was a women's industry which they found 'impossible to induce Irishmen' to adopt" (1987: 293).

Ghoid Seán gach ubh ón ál agus d'imigh leis. Chonaic fear céile Mháire Seán ag imeacht agus cheistigh sé í faoinar tharla. Bhí ionadh air gur chreid Máire focal Sheáin. Thug an fear céile dúshlán do Sheán os comhair an phobail i ndiaidh an Aifrinn an Domhnach dár gcionn chun é a thabhairt chun cuntais as a chuid iompair chomh maith.

Cuirtear soineantacht na mban in iúl sa scéal 'An Bhean Bhocht agus Fear na Méaracán' (CBÉ 38: 94-95). Tháinig an bhean an mbaile mór chun plúr a cheannach dá gclann sa bhaile. Ní raibh ach ceithre scilling aici. Tar éis di breathnú ar an gcluiche a bhí á imirt ag fear na méaracán, cheap sí go mbeadh sí in ann an cluiche a bhuachan agus a hairgead féin a dhúbailt. Chaill sí an t-airgead ar fad agus ní raibh aon trua ag fear na méaracán di: 'bhí sé comh tairbheach di a bheith ag iarraidh uisce a bhaint as chloch ghlas le aon bhogadh a dhéanamh ar a chroidhe cruaidh' (CBÉ 38: 95). Ní raibh an dara rogha aici ach filleadh abhaile gan bia agus gan airgead. Bhí sí freagrach as bia a sholáthar dá clann agus theip uirthi é sin a dhéanamh mar nár dhiúltaigh sí don chathú a bhí os a comhair.

Léiríodh cheana an tábhacht a bhain leis an bpósadh sa cheantar (féach 4.3.3 thuas). Tugann an t-ábhar béaloidis le fios cén sórt mná a bhí feiliúnach mar bhean chéile trí laigí na mban a cháineadh. Déantar cur síos ar na cineálacha éagsúla mná nach raibh feiliúnach mar bhean chéile don fhear óg san amhrán 'Cailín ón Sliabh' (CBÉ 38: 143-144). Baineann ceann de na véarsaí le cailín an tí mhóir. D'ól sí an t-uachtar í féin seachas im a dhéanamh leis. Ní hamháin go raibh goile mór aici ach ní bean tí mhaith í mar nár thuill sí airgead breise don teaghlach trí im a dhéanamh. Dar leis an bhfear óg san amhrán, ba bhean leisciúil í i mbealaí eile. Rinne sí a toil féin ('tá greim (.i. smacht) rómhór aici') (CBÉ 38: 143). Ní ise a chrúigh na ba ach an oiread toisc gur chodail sí déanach sa lá (CBÉ 38: 144). Seo rabhadh ón mbanscéalaí nach nglacfar le hiompar den chineál sin.

Tá véarsa breise sa dara leagan den amhrán céanna i gCnuasach Mhic Mhathúna dár teideal 'Cora Cheathrú ón Seansaol' a bhaineann le hiníon an tábhairneora, is cosúil (CBÉ 811: 244). D'ól sí an iomarca ('bíonn gloine i ngach lámh aici') agus bhí grá ag gach éinne di nó aici do gach aon duine eile ('páirt le gach éinne aici') (CBÉ 811: 244). Idir an dá leagan seo den amhrán, cuirtear droch-eiseamláirí de mhná in iúl do chailíní óga agus moltar dóibh bheith cosúil leis an gcailín ón sliabh atá díograiseach ('[d]o

dhéanfadh sí an cíós d'im agus do bhainne dhom/Agus níor lú léithe an d[iabha] ná codladh go headartha') agus níos tábhachtaí fós 'bíonn sí ciúin, ciallmhar, dian maith chun na maitheasa' (CBÉ 811: 244).

Léirítear meon na ndaoine i leith áilleacht agus cuma na mban sa dá amhrán thuas freisin. Ba cheart áilleacht áirithe a bheith ag mná ach níor chóir dóibh bheith gránna nó ródhathúil ach an oiread: '[d]á pósfainn bean bhreá bheadh grádh ag gach haoinne dhi/Is i gcúrsa an bhean ghránna ní pósfainn in aon chor í' (CBÉ 38: 143). Bheadh páistí gránna ag an mbean bhúí: '[a]gus dá bpósfainn bean bhuidhe bheadh síol gan scéimh aici' (CBÉ 38: 143). Níor mhaith leis an bhfear magadh nó éad na bhfear eile sa chomharsanacht a mhúscailt, is cosúil, mar go raibh gach duine ag brath ar a chéile sa cheantar seo ag an am sin chun obair na bliana a chur i gcrích. Ní mór do mhná bheith an-aireach mar sin. I measc na n-ábhar a scríobh Mac Mathúna síos ó chuimhne, thagair sé do nós na mban óg smideadh agus éadaí níos nua-aimseartha a chaitheamh agus ní raibh aon ghlacadh leis sa cheantar. Moltar do na mná 'do chuireann dath ar a n-aghaidh' nó 'do dhathaíonn a liopaí' gan smideadh a chur orthu (CBÉ 1044: 248-249, 459).

Chreid Mac Mathúna gur daoine somheallta iad mná óga nárbh fhéidir leo diúltú do na smaointe nó na treochtaí a bhí ag teacht chun cinn sna bailte móra ó thíortha eile thar lear (lch 29). Dar le Mac Mathúna 'is mó duine' a cheap gur chaith mná óga éadaí 'gránna' sa cheantar: '[c]aitheann siad a gcuid éadaigh comh gann is do dheinid le sciortaí sciotach agus a ngéaga lom nochta ar fad' (CBÉ 646: 138). Tugann sé léargas ar mheon na ndaoine i leith éadaí na mban óg trí chur síos a dhéanamh ar na difríochtaí atá eatarthu agus éadaí na mban a chaith seanmháithreacha nó máithreacha sa cheantar: '[n]í dóigh liom go mbíodh aon bhall dá gcaithidist cumhang ná fáiscthe ag mná an tsaoghal sin. Bhíodh an gúna dúinte i bhfad suas, agus bhíodh na mrichilltaí fada, agus comh maith is do thuigimse gan aon cóiriú' (CBÉ 757: 207). Bhí muintir an cheantair ag magadh faoi mhná a chaith éadaí na bhfear chomh maith: '[n]í mó do sheó ná do stárspléidh na cailíní seo do chaitheann éadach na bhfear ... Bíonn an dútha ag magadh fúibh' (CBÉ 1044: 166).

Is léir ó na cuntais seo gur ceapadh nár chóir do mhná bheith uallach nó bheith ag iarraidh aird an phobail a tharraingt orthu féin. Ar an lámh eile, cáineadh mná as bheith

gránna agus míshlachtmhar chomh maith, mar shampla, '[n]ach mídhathúil an cailín Aine... Í bheith míchumtha, gránna' (CBÉ 1060: 215). Glaodh 'eachlais' ar bhean 'do bhíonn túnnda, leisciúil, agus comh salach sin ina cuid éadaigh agus inti féin nár bhfuirist leathbiadh do thógaint uaithi' (CBÉ 1042: 221). Tugadh 'párhán' ar chailín nó ar bhean tar éis di a gruaig a bhearradh dá ceann 'mar do dheineann a lán do chailíní an tsaoghal deireannach seo' (CBÉ 1060: 29). An t-idéal a bhí le baint amach ag mná ná bheith ina mná lachanta. Míníonn Stiofán Ó hEalaoire an moladh seo: '[b]a dhóigh liom [i. Mac Mathúna] go mba bean deas taoilithe a mbeadh lasadh deas ina haghaidh a thabharfaí bean lachanta uirthi. Ach sé tuairim Stiofán gur bean lachanta bean ar bith slachtmhar dathúil bíodh sí bán ghnéithach nó lasadh inti, cé acu scafánta nó talmhaí í' (CBÉ 568: 61-62).

5.2.1.1 Achoimre ar an bhFeidhm Smachta

Is díol suntais é gurb é seo an fheidhm bhéaloidis is coitianta sa chorpas. Baineann sé le hiompar claonaíoch na mban a cháineadh agus neartaíonn sé an dearcadh patrarcach i leith na mban sa cheantar go príomha. Tá an chuma ar an ábhar béaloidis seo gur créatúir amaideacha shaonta shomheallta iad na mná agus nach mór iad a chosaint. Rinneadh iad a náiriú os comhair an tsaoil mar gur creideadh nach raibh mná maith a ndóthain mar go ndearna siad botúin ar nós a gcuid airgid ar fad a chailliúint i gcluiche na méarachán. Ní scéal iomlán duairc é, áfach, agus tá deis ag mná cúiteamh a dhéanamh roimh dheireadh an scéil nó an amhráin i gcásanna áirithe. Is iad mná nó fir níos sine a thugann comhairle stuama agus cabhair do mhná den chuid is mó. Má ghlacann mná leis, éiríonn leo éalú ón dainséar atá mórthimpeall orthu ach íocann siad go daor as diúltú, mar shampla, fágadh rian suntasach ar chos na mná a chodail amuigh faoin aer nó díbríodh mná a bhí ag súil le páistí neamhdhlisteanacha óna n-áit dhúchais go Meiriceá mar gheall ar an stiogma a bhain leis. Nochtar go raibh mná ann sa cheantar nár chloígh leis na noirm shóisialta i gcónaí agus nár chomhlíon a gcuid dualgas. Léiríonn an ghné éagsúil seo de shaol na mban a gcumhacht. Bhí rogha acu. Tá an choimhlint seo idir an bhanúlacht idéalach agus an saol mar a bhí i ndáiríre ag mná le brath go soiléir sa chaoi seo agus tá macalla de le feiceáil san ábhar béaloidis a phléitear thíos freisin.

5.2.2 Feidhm Theagaisc

Múineadh do mhná an cheantair conas iad féin a iompar sa bhaile agus mar bhaill den phobal san ábhar béaloidis a léiríonn an fheidhm theagaisc sa chorpas. Is é dílseacht agus obair na mban dá muintir, dá bpobal agus dá bhfostóirí an ghné d'íslíú na mban a thagann chun cinn ann. Cuirtear an bhanúlacht idéalach in iúl sna hamhráin, scéalta agus seanchas seo a leanas. Is mná umhla foighneacha stuama iad na bancharachtair den chuid is mó. Déanann siad an rud ceart i gcónaí nó ag deireadh an scéil. Tá idir ghnéithe creidimh agus sóisialta i gceist leis na bunluachanna a chuirtear in iúl san ábhar béaloidis thíos. Múintear agus moltar dea-thréithe na mban amhail umhlaíocht, cráifeacht, macántacht, cineáltas, foighne, stuaim agus misneach. Is comharthaí maitheasa iad.

Tá aithrí agus slánú na ndaoine le sonrú go láidir sna hamhráin dhiaganta agus sna scéalta cráifeacha sa chorpas. Ní mór do dhaoine iad féin agus a gcuid iompair a athrú chun feabhais agus gan bheith dírithe ar rath agus ar mhaoin an tsaoil a fháil. Léirítear é seo sa leagan den fhinscéal taistil ML 1415 'The Dead Priest's Midnight Mass' faoi bhean a chabhraíonn leis an sagart a anam a shábháil (CBÉ 708: 507-509). Cuirtear íomhá andralárnach den bhean in iúl ar dtús. Tugadh 'wandering woman' uirthi agus níos measa ná sin, tháinig sí chuig an séipéal chun tearmann a fháil toisc go raibh sí ar meisce. Nuair a dhúisigh sí, bhí an mheisce imithe ach bhí an sacraisteoir tar éis í a ghlasáil isteach sa séipéal toisc nár thug sé faoi deara í. Chonaic sí an sagart marbh ag teacht amach ar an altóir ach '[o]f course she didn't answer [him]' toisc go raibh sí scanraithe agus nach raibh cead ag mná bheith mar chléirigh Aifrinn (CBÉ 708: 508; féach Lysaght, 1991: 197). D'aimsigh sí a guth ar maidin nuair a d'inis sí a scéal don sacraisteoir. Chreid sé í (seo an cor cinniúnach) agus spreag sé í chun a scéal a insint don sagart paróiste láithreach bonn. Cé go raibh cead cainte aici, níor chreid an sagart í agus rinne sé gáire faoin méid a bhí ráite aici leis. Chuir an sacraisteoir ina luí ar an sagart go raibh an bhean ag insint an fhírinne agus d'iarr an sagart ar an mbean oíche eile a chaitheamh sa séipéal le bheith cinnte. Tharla an rud céanna arís. Thug an sagart deich scilling don bhean bhocht mar chúiteamh agus d'fhan seisean sa séipéal ar an tríú hoíche. D'fhreagair sé an sagart marbh. Tuigtear ó fhocail an tsagairt nach bean ó mhaith í an bhean ach go raibh anam glan aici. Mhínigh sé gur shábháil sí anam linbh áirithe trí bhaisteadh urláir a thabhairt dó/di agus anam an tsagairt mhairbh seo

freisin. Is léiriú é an t-athrú seo i gcarachtar na mná agus i staid anam an tsagairt ó thús an scéil ar an aithrí agus ar an slánú arbh fhéidir leis an mbeirt acu a bhaint amach. Feictear fforluach na mná seo sa deireadh.

Tugtar sampla eile den aithrí agus den slánú seo sa scéal 'Caithfear na Fiacha Do Dhíol' (CBÉ 1011: 127). Bhí náire ar an gcailín sa scéal airgead a lorg ar a muintir chun ceirtlín olla a cheannach. Iarradh uirthi canna ola a cheannach sa siopa ach cheannaigh sí an ceirtlín ina ionad agus thóg sí an ola ar cairde. Nuair a fuair an cailín bás, bhí an fiach seo fós le hóc sa siopa áitiúil. Níorbh fhéidir leis an gcailín seo dul ar neamh dá bharr. Thaispeáin sí í féin i bhfoirm taibhse dá hathair agus mhínigh sí an scéal dó sular imigh sí arís. An ceacht atá le foghlaim as seo gur chóir do dhaoine bheith ionraic faoina gcuid botún nó peacaí. Is fearr déanach ná riamh.

Moltar meon maiteach a bheith ag muintir an cheantair sa chorpas chomh maith. Cabhraíonn séiplíneach le cailín ceacht a fhoghlaim i scéal a bhaineann leis an amhrán 'Cailín Deas Crúite na mBó' (CBÉ 39: 143a-147). Chuala an sagart paróiste an cailín ag canadh amhrán gáirsiúil agus í ag crú na mba. D'iarr sé uirthi an t-amhrán sin a chanadh os comhair an phobail ar fad an Domhnach dár gcionn. Ghlac an séiplíneach trua di: '[c]hum sé amhrán diadha, agus mhúin é don chailín. Nuair a tháinig an cailín go dtí an Aithrionn Dé Domhnaigh... tháinig óna béal go bog binn an t-amhrán a dtugtar 'Cailín deas crúite na mbó' air' (CBÉ 39: 145).

Cuirtear creideamh láidir na mban in iúl sa chorpas. Léiríodh i gCaibidil 4 thuas go raibh ról ag mná i mhúineadh an chreidimh Chaitlicigh don chéad ghlúin eile (féach 4.2.3 thuas). Cé go raibh muintir an cheantair ag déileáil le bochtanas agus ag iarraidh maireachtáil as an talamh nó as an bhfarraige, chuir siad am i leataobh do phaidreoireacht agus chreid siad go láidir i gcumhacht na hurnaí.

Ba dlúthchuid dá gcráifeacht ná umhlaíocht do Dhia agus don eaglais. Choimeád siad an Domhnach go dtí go raibh siad ró-aosta le dul ar Aifreann a thuilleadh, mar shampla (féach 4.3.6 thuas). Sa scéal grinn 'Bean Bhodhar', cabhraíonn seanbhean darbh ainm Anna Bhodhar leis an sagart ceacht tábhachtach a mhúineadh do ghrúpa fear nach raibh ag dul ar Aifreann (CBÉ 1043: 71-72). Cheap siad go mbeadh siad in ann éalú ón sagart dá rachaidís i bhfolach faoi leaba na seanmhná bodhaire seo. Nuair a d'fhiafraigh

an sagart di an raibh an bhean féin ag an Aifreann, cheap sí go raibh an sagart ag lorg na bhfear, áfach: "'Tá siad ansin thiar fén leaba, Athair," a dúirt sí ... Ruaig an sagart amach iad, agus is dócha gur thug sé púcanáil⁷⁵ dóibh a raibh taibhreamh acu air go ceann i bhfad' (CBÉ 1043: 72).

Léirítear dea-eiseamláir eile do mhná an cheantair i gcarachtar na seanmhná sa scéal 'An Bhean Aosta agus an Píopa' (CBÉ 39: 189-190). D'éirigh sí as tobac a chaitheamh le linn an Charghais toisc go raibh creideamh domhain aici, ach b'é a píopa an t-aon sólás a bhí aici sa saol, dar le Mac Mathúna. Bhí áthas an domhain uirthi maidin Domhnach Cásca nuair a bhí luach a saothair tuillte aici: '[l]easmuigh do dhoras bhí áthas mór ar oibreacha Dé fiú bhí an Ghrian mar a bheadh sé ag rince le gealmaidhseacht ... Istigh ina cúinne bhí mo sheanbhean bhocht agus áthas dá tharraingt aici as píopa tobac Maidin Domhnach Cásca' (CBÉ 39: 190).

Bhí dóchas ag muintir an cheantair in am an dóláis mar gheall ar an gcreideamh láidir a bhí acu. Chreid siad go raibh Dia dá gcosaint an t-am ar fad agus ghlacadar le Toil Dé gan aon agó. Léirítear an saol mar a bhí i rith Chogadh na Talún sa scéal 'Ag Ardú na gCíosanna' (CBÉ 1044: 278-279). Tá cuimhne ag an mbean ar an uair dheireanach a d'íoc a hathair as an gcíos don tiarna talún. Thuig sé go raibh an bás ag teannadh leis agus d'iarr sé ar an tiarna talún bheith tuisceanach dá chlann. Ardaíodh an cíos i ndiaidh bhás an áthar seo do gach tionónta. Chuir siad iad féin faoi choimirce Dé agus sheas siad an fód, áfach: '[n]í nach iontach bhí na daoine bochta in ana-chruth, ach d'ainneoin sin sheasaíodar an talamh nó gur thug Dia fuascailt ortha i lá níos fearr' (CBÉ 1044: 279).

Cúitítear mná sna scéalta cráifeacha as fanacht dílis agus dóchasach faoin bhflúirse mhíorúilteach. Chreid na bancharachtair sna scéalta seo a leanas go bhfreagródh Dia a gcuid paidreacha. D'athlón Dia an stór arbhair don bhean charthanach a bhí ag tabhairt bia do dhaoine a bhí níos boichte ná í féin sa scéal 'Níl Fhios againn Cad atá i gComhartha Chríost dúinn' (CBÉ 38: 195a-198). Bhí eagla uirthi roimhe sin go bhfaigheadh a fear céile an stór folamh mar nach raibh seisean sásta le flaithiúlacht a mhná. Ní raibh sí in ann neamhshuim a dhéanamh de chás na ndaoine bochta, áfach:

⁷⁵ Níor aimsíodh an téarma seo sna foclóirí.

'thuig sí i bhfad níos fearr ná *Philosopher* nár cheart an déirc a bhronnadh ach le grádh Dé, gan cuimhne ar bith i gcroidhe an duine sin ar moladh ná milleáin' (CBÉ 38: 196, 198). I scéal cráifeach eile, 'Tá Dia go Maith', líon Dia pota mór d'uisce beirithe le feoil agus prátaí don teaghlach a bhí stiúgtha leis an ocras mar go raibh creideamh láidir ag an máthair sa scéal (CBÉ 38: 114-115). Sa scéal 'Bó na Leasa', chreid an feirmeoir agus a bhean chéile go gcúiteodh Dia a gcineáltas le bean an leasa leo: '[n]í aireoidh an bhó sin chugainn ná uainn agus b'fhéidir gur mó gádh do bhí léithe mar a d'imigh sé ná mar do bhí againne léithe. Tabharfaidh Dia rud ina háit dúinn' (CBÉ 708: 519). Dúradh nach raibh deireadh leis an sonas agus an rath a tháinig chucu ina dhiaidh sin.

Ceann de dhea-thréithe n amban ar a leagtar béim sa chorpas chomh maith is ea an fhlaithiúlacht. Léirítear é i gcomhroinnt bia agus oibre, i bhfáilte chroíúil a thabhairt d'aíonna agus an chaoi ar phléigh siad go cothrom le gach duine i gcónaí. Is sampla maith den fhlaithiúlacht seo an seanscéal 'An Bheirt Bhaitisilíirí' (CBÉ 1011: 130-133). Tá difríocht shoiléir ón tús idir an bheirt fhear atá ag iarraidh an bhean seo a phósadh. Tugadh gaige ar an bhfear uasal agus glaodh fear an bhréid ar an bhfear a bhí bocht. Chuir an bhean óg í féin i mbréagríocht seanbhan agus thug sí cuairt ar thithe na bhfear seo i ngan fhios dóibh féin le fáil amach cé hé an duine ab fherr a dhéanfadh céile di. Bhí cuma ghruama salach ar theach an ghaige agus cuireadh fáilte fhuar roimpi. Bhí drogall ar mháthair an ghaige 'an tseanbhean' a ligean isteach toisc go raibh eagla uirthi go gcuirfeadh sé fearg ar a mac dá scaoilfí isteach í. Fágadh 'an tseanbhean' sa chúinne ach chuir a láithreach fearg ar an ngaige nuair a tháinig sé abhaile. D'imigh an bhean óg agus thug sí cuairt ar an bhfear eile. Chuaigh cuma ghlan néata shona an tí agus an clós feirme i bhfeidhm ar an mbean óg. Bhí deirfiúr an fhir ag gáire agus ag caint le cailín aimsire sa chlós ag an am chomh maith. Chuir an mháthair fáilte mhór roimh 'an tseanbhean'. Tháinig an fear isteach agus thug sé suíochán don 'tseanbhean' ag an mbord leis an teaghlach ar fad don dinnéar agus d'ith siad lena chéile. Roghnaigh an bhean óg fear an bhréid mar fhear céile di féin.

Léirítear dea-chaidreamh idir máthair chéile na mná sa scéal 'Mar a Bhain sí Putóg as Bean a Mic' agus an bhean nuaphósta (CBÉ 39: 61-62). Bhí an fear óg sa scéal ag gearán faoi ghoile mór a mhná céile agus labhair sé lena mháthair faoin locht seo a bhí uirthi, dar leis. Thug a mháthair leath den bhéile don bhean óg sular tháinig an fear óg isteach. Nuair a tháinig sé isteach don bhéile, thug sí an leath eile den bhéile dá bhean chéile.

Cheap an fear nach raibh a bhean ag ithe an méid céanna bia agus bhí sé thar a bheith sásta leis féin, lena bhean agus lena mháthair chliste. Ba dhóigh leis go ndearnadh mar a d'iarr sé, gur ghéill na mná dó. Leagann an scéalaí fir béim ar chineáltas agus chlisteacht na máthar céile sa scéal seo. Bhí sí in ann teacht ar réiteach a neartaigh a caidrimh féin lena mac agus le bean a mic agus an caidreamh idir an lánúin óg ag an am céanna.

Creideadh gur cheart do mhná agus d'fhir an obair a roinnt chomh maith. Dírítear aird ar obair an teaghlaigh (sínte) a dhéanamh lena chéile seachas ar obair an duine aonair amháin sna scéalta 'Duine Soir, Duine Siar' agus 'Capall na *Vaughans*' (CBÉ 38: 274-275; CBÉ 1011: 317-318). D'inis aintín an bhailitheora an chéad scéal agus lonnaítear é i rith aimsir an Ghorta Mhóir sa cheantar (CBÉ 38: 274-275). Dhéanadh daoine le linn an ama sin rud ar bith faoin spéir chun maireachtáil agus chun ocraas a choimeád ón doras. Léiríonn an banscéalaí go bhfuil fiúntas i gceist le mná agus fir a bheith ar comhchéim agus a bheith ag obair le chéile, gan idirdhealú a dhéanamh eatarthu ó thaobh an cineál oibre de nó aon rud eile: '[d]hein an lánamha margadh lena chéile sul ar thógadar an bóthar. Sé sin theacht lena chéile aríst tar éis suim blianta nuair a bheadh a n-oiread airgid cnuasaithe le chéile acu, agus thabharfadh caoi éicint maireachtáil dóibh i ndeireadh saoghail' (CBÉ 38: 274-275). Ba cheart don lánúin an t-ualach iomlán agus an obair a roinnt go cothrom chun fadhbanna an tsaoil a shárú. Tá críoch shásúil ag an scéal toisc gur thacaigh an lánúin phósta lena chéile: '[b]hí fiche punt an duine acu, agus leis an méid sin airgid fuairadar tigh agus tigheas, agus níor ghádh dhóibh dul ar bóthar na déirce go deo aríst' (CBÉ 38: 275).

Maidir le muintir Uí Bheacháin sa scéal eile, níor réitigh na deartháireacha lena chéile (CBÉ 1011: 317-318). D'fhéadfadh easaontas mar seo rath an teaghlaigh sínte a scrios. Bhí orthu gach rud a roinnt lena chéile: an teach bainne agus an t-aon chapall amháin a bhí acu. Thuig a mná céile gur chóir na naisc theaghlaigh a neartú chun saol compordach a bheith ag an dá theaghlach. D'oibrigh siad lena chéile, níor cheil siad aon rud óna chéile agus chabhraigh siad lena chéile a gcuid dualgas agus cúraimí an tí a dhéanamh: '[b]a mhó d'iontas an laoghacht agus an carthannacht go léir do bhí idir an bheirt bhan do bhí pósta ag an mbeirt driotháir seo' (CBÉ 1011: 318).

Sa dá amhrán thíos, moltar mná as a bheith stuama agus ciallmhar, go háirithe ó thaobh oibre de. Míníonn Marion Gunn go moltar an bhean chumasach san amhrán 'Giota ó Fhile ón gClár: Máire Nic an Adhastair' 'as na tréithe ar fad a mbeifí ag súil leo ar mhargadh an phósta' (1984: 108; CBÉ 445: 193-194). Baineann moladh an fhile le hobair na mná den chuid is mó. Déanann sí scoth an éadaigh agus scoth an ime: '[n]á fuil a dhóchaint i Mary mar mhnaoi/Chun abhraistí olainn a dhéanamh/Agus ní táire dhi é chun snáth lín ... Is gur bé a cuid ime fuair an *squé* in Inis thíos' (CBÉ 445: 193).

Léiríonn Mac Mathúna ina réamhnóta faoin amhrán 'Smut de Sheanamhrán', go dtugann an fear le fios ann gur mhaith leis a gcuid airgid a chaitheamh sa teach tábhairne leis an airgead a thuill sé ag an margadh (CBÉ 1044: 439-442). Taitníonn saol bog réchúiseach lán de spraoi, comhluadar agus beoir leis ach tá aigne na mná dírithe ar a cúraimí féin ar fud an tí. Léirítear praiticiúlacht na mná óige sa dá véarsa dheireannacha ina bhfreagraíonn sí cuntas an fhir óig. Insíonn Mac Mathúna don léitheoir '[d]á ainneoin [drochiompar an fhir] nochtann an óigbhean an grád atá ina croidhe dhó, agus insíonn sí dó an mhaith do dhéanfaidh sí dhó' (CBÉ 1044: 439). Ós rud é go raibh an bhean óg praiticiúil agus seiftiúil, bheadh sise in ann cabhrú leis saol sona a sholáthar dóibh dá bpósfadh sé í. Bhí dea-thréithe na mban ag baint léi. Thuillfeadh sí airgead don teaghlach agus thabharfadh sí mac agus iníon dá fear. Thuig sí gurb uirthise a bhí an fhreagracht as tógáil na bpáistí: '[a]gus do thógfainn féin duit iad le súgh mo chroidhe' (CBÉ 1044: 441). Ba bhean néata í freisin: '[i]s geal agus is glégeal do nífinn do léintín' agus bhí scileanna fuála aici: '[d]o shníomhfainn bréid duit agus anairt caoil' (CBÉ 1044: 441). Níor bhean shaonta í, áfach. Gheall sí an saol suaimhneach seo don fhear ach chaithfeadh seisean cúl a thabhairt dá chuid drochnósanna: '[i]s mór go m'fhearra dhuit mé a bheith agat mar chéile/Ná ag imtheacht in do réic bhocht ar fuaid an tsaoghail' (CBÉ 1044: 441). Tá cás láidir déanta ag an mbean óg. Ní féidir a scileanna, a clisteacht ná a cumhacht féin a shéanadh. Múineadh d'fhir san amhrán seo gur cheart dóibh bheith freagrach agus leagtar béim ar ról na mban chun rath an teaghlaigh a chinntiú agus chun an tí a bhainistiú.

Ní hamháin sin ach tá macántacht na mban ina gcuid cainte tábhachtach freisin. Is é barúil na bhfear agus an bhailitheora féin gur cheart do mhná bheith ciúin go dtí go bhfuil gá nó cead acu labhairt. Tá na mná sna scéalta i mbéaloideas na mban breá ábalta iad féin a chur in iúl, áfach. Tuigeann siad cathain ar cheart dóibh labhairt agus cathain

arbh fhearr dóibh fanacht ina dtost. Leagann siad béim ar leith ar iontaofacht na mban ina gcuid cainte.

Tarlaíonn an scéal sí 'An Cailín a Baineadh de na Daoine Maithe' ar Oíche Bhealtaine (CBÉ 39: 97a-101). Dar ndóigh, is ceann de mhórfhéilte na bliana é Bealtaine agus tá dlúthnasc idir é agus torthúlacht na n-ainmhithe, na ndaoine agus na talún. Deirtear go raibh an feirmeoir óg seo ag iarraidh a chuid ba a chosaint ó 'lucht na pisreoga' ar eagla go ngoidfeadh siad an bainne agus an t-im uaidh 'nuair amach as *chiúnas* na hoidhche d'airigh sé an gáirí agus an liúireach os a cheann thuas ins pér domhan taghd nó eile do bhuaíl é' (CBÉ 39: 98; is liomsa an bhéim). Scaoil sé urchar suas san aer agus '[a]r caochadh na súl thuit anuas as na frimeáiltí cailín álainn óg' (CBÉ 39: 99). Is díol spéise é go luaitear ciúnas na hoíche sula dtugtar an cailín isteach sa scéal mar go bhfuil an cailín seo balbh chomh maith: '[b]hí bua na cainte *bainte dhi* ag an sluagh sí do scuab leothu í' (CBÉ 39: 99; is liomsa an bhéim). Léiríonn Bourke go dtagann athrú ar mhná i ndiaidh bheith i dteagmháil leis an slua sí: 'with the exception of midwives, women who return or are rescued are usually mute, injured or mutilated' (1995: 569). Is siombal é an titim san aer do dheasghnáth aistriú saoil dar le Bourke, ach sa chás seo, is cosúil gurb é an aistriú tí ó theach a muintire féin go dtí teach a fir chéile i ndiaidh pósta atá i gceist anseo (Bourke, 1995: 570-571). Maíonn Richard Breen go bhfuil léargas ar stádas neamhshocair na mban sa tsochaí le brath go minic sna scéalta a bhaineann leis an sísheanchas: go dtí gur pósadh iad, bhí mná mar a bheadh éan corr ann (1984: 282). Ach léirítear sa scéal seo gur bhraith mná míchompordach sa timpeallacht nua i dteach a gcéile go minic. Níor labhair an bhean óg seo ar feadh bliana sa teach leis an bhfeirmeoir óg agus lena mhuintir ach d'oibrigh sí go díograiseach: '[b]a bhí an seirbhíseach bhreagh ar fuaid an tí í, agus d'itheadh agus d'óladh sí i bhfochair muintir an tí. D'imthigh bliain mar sin' (CBÉ 39: 99). Mar a luadh i gCaibidil 4 thuas, ba mhinic an bhean chéile nua a bheith á tástáil ag muintir a fir chéile ar feadh bliana ar a laghad i ndiaidh an phósta (Arensberg, 1968: 90). Cé nach bhfuil pósadh luaite sa síscéal seo go dtí deireadh an scéil, is cosúil go bhfuil deireadh tagtha faoin am sin le tréimhse phromhaidh na mná óige agus sin é an fáth a bhfuil cead cainte aici arís. Tugann an bhean a d'inis an scéal seo le fios gur bua speisialta é caint na mban. Insítear dúinn gur thug an bhean comhairle don fhear óg, d'éist sé léi agus ghlac sé lena comhairle. Toisc gur lean sé a comhairle, tugadh an bhean féin agus a hathair ar ais le chéile an athuir, roinn a hathair a mhaoin leo agus bhí saol sona sásta aici leis an bhfear óg mar lánúin

phósta. Ní hamháin sin ach bhí clann mór acu agus mhair siad ar feadh i bhfad. Is féidir le mná bheith ag obair ina dtost sa scéal seo ach fós féin ba cheart cluas a thabhairt do chiall a gcuid comhairle.

Bhí críonnacht ag baint le mná chomh maith agus ba cheart do dhaoine éisteacht le comhairle na mban de réir an scéil, 'Scéal Bróin ón bhFairrge - Taibhse an Fhir Bháite' (CBÉ 38: 201a-206). Leagtar béim ar mhacántacht na mná céile ann ón tús. Thug sí comhairle dá fear céile gan mórán moille a dhéanamh ar an oileán agus teacht ar ais chuici go luath um thráthnóna. Gheall sé sin di: '[g]eall di go dílis go mbeadh sé aici in am mhaith tráthnóna' (CBÉ 38: 203). Ba é a shárú briathair a rinne a aimhleas. Bádh é agus é ag teacht abhaile go déanach. Glaodh óinseach ar a bhean nuair a thosaigh sí ag gol agus ag screadaíl i ndiaidh thaibhse a fir chéile a fheiceáil. Níor creideadh í. Mhínigh taibhse a fir di go raibh sé tógtha ag na síoga agus gurbh fhéidir léi é a shábháil ach trí luibh áirithe a aimsiú agus é a chaitheamh ina threo an oíche dár gcionn. Chuaigh sí chuig a bean mhuinteartha agus d'inis sí gach rud di. Chreid an bhean eile í agus chabhraigh sí léi an luibh a aimsiú. Is í an bhean seo an t-aon duine sa scéal a chreideann bean an iascaire. Ag deireadh an scéil, deirtear nár cheart don bhean an rún faoin luibh a scaoileadh le haon duine agus gur fágadh a fear sa 'dianghéibheann' ina raibh sé dá bharr sin (CBÉ 38: 206). Is sampla é an abairt seo den teicníc chódaithe, seachaint, chun teachtaireacht fheimineach an scéalaí a cheilt mar go bhfuil an chuma ar an scéal ón abairt seo go raibh an locht ar bhean an iascaire. Tugann an scéalaí le fios go dtí an pointe sin sa scéal gurb é an fear féin amháin is ciontaí le gach ar tharla toisc nár thug sé aird do chomhairle a mná agus ba ó mhná eile a fuair mná tacaíocht agus cabhair, áfach.

Sa scéal 'Scéilín ar Bhiddy Early', téann an mháthair chuig Bidy Early chun leigheas a fháil uaithi dá mac a bhí tinn sa bhaile le fiabhras. Bhí Bidy ionraic faoin gcaoi ar sheas cúrsaí agus d'inis sí don bhean go dtiocfadh biseach ar a mac tinn ach go gcaillfeadh sí a mac sláintiúil i gceann cúpla lá agus b'fhíor di. Is cosúil gur mhór an faoiseamh é macántacht Bhiddy don mháthair sa scéal seo toisc nach ndearna Bidy aon iarracht an fhírinne a cheilt uaithi. Chuirfeadh bás tobann a mic shláintiúil an mháthair an mháthair trí chéile seo ach bhí sí rud beag níos ullmhaithe don tragóid de bharr chomhairle Bhiddy. D'aithin Bidy gur máthair mhaith ghrámhar í an bhean seo agus rinne sí a dícheall chun sólas éigin a thabhairt di. Is dea-shampla é seo arís den chaoi a

gcuireann banscéalaithe thart faoin Luach Thuaidh in iúl gur labhair mná go macánta agus go raibh tacaíocht ar fáil do mhná ó mhná eile.

Dar leis an tsochaí, ba chóir do mhná bheith múinte agus a róil a chomhlíonadh go héifeachtach sa bhaile agus sa cheantar. I leagan den seanscéal 'Cinderella', 'An Chú Ghlas Ghéar', cúitítear an bancharachtar (an iníon is óige) as a dea-iompar a léiriú i ngach cás (CBÉ 1011: 93-98). Ba chailín cliste í mar gur thuig sí gur cheart di beannacht a máthar a fháil cé nach bhfaigheadh sí ach leath den bhia dá bharr. Bhí sí fial flaithiúil ag roinnt a cuid bia leis an gcú glas géar agus thaispeáin sé an teach di inar fostaíodh a beirt deirfiúracha roimhe sin. Rinneadh clocha díobh tar éis dóibh riail na máistreása a bhriseadh: gan féachaint suas an simléar. Fostaíodh an cailín ab óige mar chailín aimsire sa teach céanna agus d'oibrigh sí ar feadh bliana gan an riail a bhriseadh. Mar chúiteamh as bheith chomh humhal agus díograiseach sin, fuair sí a hachainí: tugadh a beirt deirfiúracha ar ais di slán sábháilte agus ligtear don triúr filleadh abhaile. Roinn sí a cuid bia leis an gcú arís agus mar thoradh ar a cineáltas, rinneadh prionsa den chú. D'iarr sé uirthi an carráiste a thiomáint abhaile ach thuig an cailín seo gur chóir don phrionsa an carráiste a thiomáint agus ghéill sé di. Mar bharr ar an sonas, pósadh iad ag deireadh an scéil nuair a d'oir an bhróg di go foirfe. Cé go raibh cumhacht ag an gcailín seo agus gurbh fhéidir léi a cinntí féin a dhéanamh, rinne sí an rud ceart i gcónaí agus níor bhris sí aon cheann de na rialacha a bhí le leanúint ag cailíní agus ag mná óga sa tsochaí.

Gné eile de dhea-bhéasa agus múineadh na mban a chothú ná smacht a choimeád ar na mná ceandána ar mhaith leo a dtoil féin a bheith acu. Léirítear é seo sa seanscéal 'Smachtú na Mná Boirbe Milltí' (CBÉ 39: 164a-175). Ní raibh aon fhear sásta bean chomh corrach le príomhcharachtar an scéil a phósadh. D'éirigh lena hathair cleamhnas a dhéanamh agus pósadh an lánúin. Scanraigh a fear céile an bhean chun í a choimeád umhal dó, mar shampla, mharaigh sé a chú mar nár ghéill sé don ordú a tugadh dó. D'imir sé cleas eile uirthi nuair a d'iarr sé ar a chuid seirbhíseach béile suarach a dhéanamh don lánúin nuaphósta agus béile breá blasta a dhéanamh dóibh féin. Nuair a chonaic an bhean chéile go raibh an bia is fearr ag na seirbhísigh, theastaigh uaithi bheith ag obair freisin. Chuir sí éadaí garbha uirthi féin agus d'oibrigh sí go díograiseach. Rinne na deartháireacha céile ar fad geall eatarthu tamall ina dhiaidh sin. Mhaígh gach duine acu go raibh an bhean is umhlaí aige féin ach ba í an

bhean nuaphósta amháin a chuaigh chuig a fear céile láithreach nuair a ghlaigh seirbhíseach uirthi. D'iarr sé uirthi a gúna síoda a bhaint di agus é a chaitheamh isteach sa tine. Rinne sí amhlaidh agus bhuaigh a fear an geall. Mhol sé a bhean féin go hard na spéire as bheith chomh humhal sin dá chuid orduithe agus dúirt sé gur léi an t-airgead ar fad a bhuaigh sé. Cúitíodh í as bheith umhal deamhúinte agus díograiseach.

Mar a míníodh i gCaibidil 4 thuas, bhí ról éagsúla ag mná agus múineadh dóibh conas a gcuid dualgas a chomhlíonadh ag baint úsáide as creidimh agus nósanna áitiúla. Thuig mná, mar shampla, nár cheart dóibh cur isteach ar obair na bhfear (féach 4.3.4 thuas). Is díol spéise é, áfach, gur chreid Mac Mathúna go raibh na mná óga ag tabhairt a gcúil leis na nósanna céanna. Ní raibh aon eolas acu maidir leis na leigheasanna ar bhain a (sean)m(h)áithreacha úsáid astu: '[n]íl ann anois ach rith go dtí an *Medical Hall* nuair do thagann aon sort tinneas nó trioblóid an bóthar' (CBÉ 1042: 153). Ní raibh cur amach ag na mná óga ar nósanna agus ar phiseoga an tseandreama ach an oiread, dar leis:

Níl fhios ag ar éigean aon bhean tí ná cailín óg in aon bhaile ná paráiste thimpeall orm cad do bhaineann leis na pisreoga do bhíodh ar siubhal ag cuid de sna máithreacha críonna do tháinig an bealach seo rompu, agus sé an scéal céanna i dtaobh na fir tí agus na buachaillí atá i seilbh na háite anois (CBÉ 1044: 497).

5.2.2.1 Achoimre ar an bhFeidhm Theagaisc

Feictear thuas gur chóir do mhná bheith umhal ina saol, go háirithe mar mhná tí agus mar mháithreacha. Bhí siad ann chun cabhrú le daoine eile agus ba cheart dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Thacaigh a gcuid oibre agus a gcuid béaloidis leis an *status quo* trí dhea-shampla a thabhairt don ghlúin a bhí le teacht. Leagtar béim ar íomhánna de mhná ceansa séimhe a chur in iúl. Is cosúil go neartaíonn sé sin cumas agus ceannas na bhfear, sin le rá, go dtarraingíonn sé aird ar láidreacht na bhfear mar chontrárthacht. Baineann sé seo leis an stádas níos ísle a bhí ag mná sa tsochaí agus leis an mbarúil nach raibh mná ar aon chéim le fir mar a léiríodh ag 5.2.1 agus 5.2.1.1 thuas. Is idéal dofhaighte é an bhanúlacht idéalach seo, áfach, mar a léirítear sa tomhas seo faoin Maighdean Muire:

Bhí an cheist seo ag máistir scoile do thug a lá leis thoir san nGlínnmheadhin ins an sinsir atá dul i dtalamh anois. "Cén nós a mbeadh bean ina maighdean agus ina máthair

in aoneacht?" Seo an freagra: "Sin Grásta do fuair Muire ó Dhia, grásta ná geobhaidh aon bhean eile aríst go brách" (CBÉ 1011: 305).

Bhí Muire mar idéal ag mná ach níorbh fhéidir le bean a bheith ina máthair gan smál a bheith uirthi ag an am céanna. Cé gur eiseamláirí iad na mná san ábhar béaloidis a pléadh thuas do mhná an cheantair, níl siad gan locht. Déanann siad botúin. Meabhraítear daonnacht na mban san ábhar béaloidis seo.

5.2.3 Feidhm ídithe

Tá tábhacht ag baint leis an bhfeidhm ídithe sa chorpas chomh maith. Bhí ar chumas mná mothúcháin láidre nó tuairimí áirithe a scaoileadh amach ar bhealach sábháilte trí mheán amhrán agus scéalta. Tá baint ag an bhfeidhm ídithe le miansásamh an phobail chomh maith. Tugtar deis do mhná dúshlán a thabhairt do rialacha an ghnáthshaoil agus a gcumhacht féin a chur in iúl. Léiríonn clisteacht agus cumas na mban i gcoinne údaráis éigin an chumhacht seo.

An fhearg an mothúchán is coitianta a scaoiltear san ábhar béaloidis. Is annamh a luaitear coimhlint idir mná sna míreanna béaloidis a bailíodh ó mhná. Sa chaoineadh, 'Caoineadh Dheirfiúr an Ghabha', tá bean leithleach á cáineadh ag deirfiúr an fhir mhairbh (CBÉ 38: 142-143). Níl ar a haird ach an stíl mhaireachtála a bhí aici lena fear céile sula bhfuair sé bás agus tá sí ag caoineadh chailliúint an chompoird sin seachas cailliúint a fir: '[n]íor bhé mo dhriotháir ba mheasa léithe chaoineadh/Ach a culatha nuadh i gcóir an tsaoire' (CBÉ 38: 143). Is bealach sábháilte é foirm an chaointe chun an fhearg seo a scaoileadh. Ní rud neamhghnách sa traidisiún é, dar le Bourke:

[o]ral verbal art is typically combative or adversarial in tone. The person lamented was most often a man, and his dead body ... could become a site of contest between factions or families in the concentrated and emotionally charged time between death and burial. The lament-poet's repertoire included scathing insults and withering curses, frequently directed at women, as well as at men (Bourke, 2002a: 1366).

Bhailigh Mac Mathúna véarsa amháin de chaoineadh áirithe ina léiríonn an t-amhránaí ann gur mhaith léi a deartháir a chaoineadh léi féin. Iarrann sí ar na mná caointe eile filleadh abhaile:

Gach bean bhodhar, agus a liacht bean bhalbh
Do thriall chugainn féin ó Sliabh Uí Earra
Éirídíst suas agus téidíst abhaile
Agus caoinfidh mé féin mo dhriotháirín go maidin (CBÉ 39: 422).

Dar le Gunn, is leagan é an t-amhrán 'Véarsaí ó Sheanamhrán' i gCnuasach Mhic Mhathúna den 'amhrán 'grá' a dtugtar 'Dónall Óg' mar ainm air' agus go gcuirtear é 'i mbéal an chailín a chaitheann an fear i leataoibh tar éis a húsáide' (1984: 98; CBÉ 708: 505-507). Tacaíonn Mac Mathúna leis seo freisin: '[an t-]amhrán sin a bhfuil comhacht ann mar sé an t-abhras atá ann an t-éadóchas fiadháin, agus an fearg go léir atá ag breith greim ar an ógmhnaoi do chaill a cliú, agus nár fhéach réimpi ins an am cheart' (CBÉ 639: 185-186). Deir an bhean san amhrán go raibh sí agus a leannán chomh dlúth lena chéile nach bhféadfaí snáthaid cáimrice (ceann de na snáthaid is tanaí) a chur eatarthu ach anois toisc gur thréig sé í, tá achar chomh fada eatarthu go bhféadfaí cóiste agus capall, Cúirt Bhaile Átha Cliath agus dhá thrian na farraige a chur eatarthu anois (CBÉ 708: 505). Gheall an fear di go n-éalódh sé léi agus shocraigh siad áit chruinnithe ag cró na gcaorach ach níor tháinig sé. Níor mhaith leis an mbean go n-éireodh lena leannán agus é pósta le bean eile. Cuireann sí mallacht air go bhfaighidh a bhean bás agus go bhfágfar é le teach gruama bocht lán le páistí: '[m]á bhíonn i ndán is go mbeidh tú pósta/Go raibh agat teith follamh lán do loráin./A n'athair san gcúinne ina dhall, agus iad gan máthair' (CBÉ 708: 507). Is mallacht thar a bheith cruálach é ach chaith an fear go hainnis leis an mbean seo agus dar léi tá drochshaol, míshástacht agus bochtanas i ndán dó as an gcaoi ar iompraigh sé é féin. Is léir go mbraitheann an bhean san amhrán seo go bhfuil drochmheas léirithe uirthi. Tá fianaise ag Uí Ógáin gur ghlac mná le heilimintí den chaoineadh chun mothúcháin láidre a chur in iúl:

in another song, 'Thug Mé Grá Duit is Mé Beag Bídeach', closely related to 'Dónall Óg', the woman is so bitter at having been left pregnant that she curses her lover, saying: ... Ó, bheirimse mo mhallacht duit, is ná raibh an t-ádh ort, Ó, leaca lom agat ar bheagán fáltais, Óra seisear dall agat is iad gan máthair!' ... This last verse seems to originate in the idiom of lament, which often includes lavish curses phrased in this way ... verses are relatively easily borrowed or adapted from one song to another (2002: 1315).

Níor fhág an fear céile marbh sa scéal 'Bhí an Chealg i gCónaí Ann' aon rud ina dhiaidh ach neantóga ar a uaigh agus fearg i gcroí a mhná (CBÉ 39: 375a-376). Léirítear ó thús an scéil gur fear feargach ab ea é. Níl aon eagla ar an mbean go mbeadh a fear in ann í a ghortú mar go bhfuil sé marbh anois. Is féidir léi bheith ionraic faoina meon agus faoin gcaoi ar chaith sé léi agus a frustrachas lena fear céile a scaoileadh go sábháilte: '[d]o

dhóadar an bhean. Tháinig racht feirge uirthi. "Scéal cráite ort", a dúirt sí leis an bhfear thíos, "bhí an cealg ort nuair a bhí tú beo agus tá sé ort marbh" (CBÉ 39: 376).

Cuirtear eagla na mban in iúl i leith na bhfear foréigneach i láthair chomh maith. Léirítear teach míshona sa scéal 'An Páiste a Sciobadh ón mBás' (CBÉ 38: 130-133). Déanann an banscéalaí cur síos ar an bhfear ag tús an scéil: '[b]hí an fear ina dhuine caolaigeantach mursanta, agus ar a shon sin bhí uaidh a thoil féin a bheith aige i ngach gnó ar fuaid an tí' (CBÉ 38: 130). Níor lig sé dá bhean dul go dtí an Aifreann 'ach nuair ba mhaith leis' ach bhí sairse aige féin dul ann 'gan teip' gach Domhnach (CBÉ 38: 130). Tháinig fear isteach agus dúirt sé go raibh sé breá sásta aire a thabhairt don leanbh fad is a bhí an bhean ag an Aifreann. Ghlac sí lena thairiscint. Nuair a tháinig sí abhaile, d'aimsigh sí a leanbh marbh ina aonar cois tine. Bhagair a fear céile uirthi nuair a d'fhill sé abhaile: 'ná codhlódh sí an oidhche sin ins an tigh go dtabharfadh sí a pháiste chuige' (CBÉ 38: 132). Chuaigh sí chuig teach a athar toisc gur inis sí dá fear céile gur fhág sí an leanbh ansin. Deirtear go raibh 'eagla os meán [ar a muintir] ... go maródh a fear borb í mar gheall ar cad a bhí déanta aici' (CBÉ 38: 132-133). Is léir gur cur síos é seo ar fhoréigean baile. Níorbh aon rud neamhghnách é foréigean na bhfear i leith na mban sa cheantar de réir an bhéaloidis.

Ag tús an scéil 'An Leannán Sí', tugtar le fios go raibh leannán sí ag an mbean sa scéal agus nach raibh aon éalú uaidh: '[n]íl aon áit dá dtéadh sí cé acu ag a cuid gnótha, nó i gcuideachta ná bíodh an leannán seo le feiscint aici, mar a scáthle féin, agus gan aon dul uaidh aici' (CBÉ 695: 133). Tá an chuma ar an scéal seo gur 'leannán' nó 'fear céile' é an fear seo atá ag iarraidh smacht a choimeád ar an mbean i gcónaí. D'fhan an cailín ina suí oíche amháin ag smúdáil. Nuair a d'éirigh muintir an tí ar maidin, tháinig siad ar chorp na mná 'agus rian an iarann smúdála ar a druim' (CBÉ 695: 133). Creideadh gur mharaigh an 'leannán sí' í.

Sa scéal 'An Bhean ón Saol Eile', léirítear an teannas idir an bhanúlacht chlaonaíoch i bhfigiúr na banspride agus an tsochaí phatrarcach i bhfigiúr an fhir (CBÉ 39: 410). Tháinig fear ar bhansprid ag áth na habhann agus d'iarr sí air gan aon aird a thabhairt uirthi: "'[b]ean mise a bhíonn amuigh ins an oidhche/Agus ins an mallmhuir nítear mo chuid síodaí/Agus imigh uaim a dhuine nó déanfaidh mé díth dhuit' (CBÉ 39: 410). Ba dhúshlán é i gcoinne na norm sóisialta ag an am gur labhair an bhansprid seo chomh

dána sin faoin nós a bhí aici bheith amuigh san oíche go rialta ós rud é nach raibh an tsaoirse chéanna ag mná daonna sa tréimhse sin mar a pléadh cheana (féach 5.2.1 thuas). Léiríonn sí muinín sa chaoi seo agus sa chaoi nach raibh eagla uirthi a rá leis imeacht. Is cineál cumhachta é seo nach raibh ag mná sa cheantar. Níor bhac an fear leis an rabhadh seo gan cur isteach uirthi. Ní haon ionadh é seo mar is siombail é do cheannas na bhfear agus na rialacha a ghabhann leis an bpatrarcacht. Ba leisean agus le fir eile an t-údarás, an tsaoirse taistil agus an tsaoirse chainte. Rinne an fear sa scéal iarracht an bhansprid a bhualadh mar phíonós mar gheall ar a iompar claonaíoch: 'do chuir sé a lámh amach mar a bheadh sé dul dá leagadh ar a ceann' (CBÉ 39: 410). Bhain sí díoltas amach as an iarracht seo, áfach, rud a léiríonn inní na bhfear faoi chumhacht na mban agus iad ag iarraidh smacht a choinneáil orthu: 'bhuail sí cúl a dearna ins an aghaidh air, agus d'fhan rian chúig mhéar na mnaoi ann go dtí lá a bháis' (CBÉ 39: 410). Tá Kathleen Vejvoda den tuairim gur nochtadh ciontacht na bhfear i gcás an fhoréigin baile i scéalta den sórt seo, áfach: 'real women were often victims of domestic violence, and the female ghosts, ... far more physically powerful than ordinary men, could reflect collective guilt' (2004: 57).

Léirítear eagla na mná céile sa scéal 'Ní hiad na Síofraí do Bhí Ann - Ní Sprid do Bhí Ann' i dtaobh fhoréigean a fir mhairbh (CBÉ 1042: 418-421). Bhuail rud éigin í agus í sa leaba. Rith sí láithreach go dtí teach a hathar: '[d]'innis cad a d'éirigh di dá hathair, agus is ar an bhfear a bhí imithe do chuir gach duine don bheirt an milleán' (CBÉ 1042: 419). Ós rud é gur chreid gach duine acu gurbh é taibhse an fhir a bhí freagrach as an ionsaí ar a bhean chéile, is cosúil gur fhulaing an bhean seo ina saol pósta leis freisin. Rug a hathair ar a mhaide agus chuaigh sé chuig teach a iníne chun deireadh a chur leis an iompar seo: '[c]uirfidh mise féin aire dhó ná tiocfaidh sé chun tusa do bhualadh ná mhaslú go deo aríst' (cbé 1042: 419). Ag deireadh an scéil, fuair a hathair amach gur tháinig bó isteach sa seomra leapa ón gcistin (coimeádadh ainmhithe feirme sa chistin istoíche go minic sa seansaol) agus gurb í an bhó a bhuail an bhean. Cé go bhfuil seafóid na mná chun cinn sa scéal seo ar deireadh, cuirtear taithí na mban a fuair drochíde óna fir céile in iúl go soiléir sa scéal ag an am céanna.

Léirítear taithí na máthar san amhrán cogaidh 'Amhráin na Seandaoine' (CBÉ 39: 344-345). Thréig a mac í agus ghlac sé airgead na Sasanach nuair a liostáil sé in arm Sheoirse. Ón gcéad líne, braitear inní agus anacair na máthar. Tá a cosa ar lasadh le

pian ó bheith ag siúl i bhfad is i gcéin ag lorg a mic agus tá a sláinte ag fulaingt: '[t]á mo chosa dóite ina gcloigí scólta ... Ar thuairisc na hóige do chlaoih agus do bhreoih mé' (CBÉ 39: 344). D'aimsigh sí cóta dearg roimpi .i. saighdiúr. Rinne a mac (.i. an saighdiúr) iarracht í a chur ar a suaimhneas ach ní féidir léi an imní a chur óna haighe ná óna croí: '[n]íl bean ná stuaire ar choill ná cruatan/A mbeadh aici buachaillín socair séimh/A bheadh ag imtheacht uaithi ar bheagan tuairisc/Ná beadh uirthi buaidhreamh rómhór ina dhiaidh' (CBÉ 39: 344). Tuigeann an mháthair contúirt a chinnidh go rímhaith: '[t]iocfaidh Francach suas leat, chun cath a bhualadh ort/Agus gan do thuairisc ní bheidh mé beo' (CBÉ 39: 345). Mar a deir an seanfhocal, '[n]íl aon ghrádh mar grádh an mháthair don chlainn' (CBÉ 39: 345).

Cuirtear miansásamh na mban in iúl chomh maith agus tugadh deis dóibh éalú ón ngnáthshaol a bhí mórthimpeall orthu tríd an ábhar béaloidis a d'inis siad. Is sampla de mhíshástacht na mban é an t-amhrán, 'Rann Beag' faoi thaithí na mban ag an mbuaile i lár an tsamhraidh (CBÉ 41: 208). Dealraíonn sé nach bhfuil san amhrán seo ach ceiliúradh ar lá aoibhinn álainn a chaith an bhean óg i measc na ngamhna sna sléibhte ach bhain mná úsáid as amhráin faoin mbuailteachas chun míshástacht na mná pósta a chur in iúl. Tá cuid den amhrán seo cosúil le leagan den amhrán 'Aililiú na Gamhna' a taifeadadh i dteach tábhairne Gus O'Connor, Dúlainn c.1975.⁷⁶ Mínítear brí an amhráin do mhná sa nóta a ghabhann leis ar shuíomh Leabharlann an Chláir: '[a] young woman, dissatisfied with her marriage, wishes to be back minding the calves where she was happiest.'⁷⁷ I gcás an amhráin seo agus an amhráin i gCnuasach Mhic Mhathúna, tá cosúlachtaí idir iad agus feidhm na suantraithe ar nós 'A Bhean Úd Thall' mar bhealach le héalú ó chúrsaí an ghnáthshaoil (féach 2.5 thuas). D'fhéadfaidís a n-óige agus an tsaoirse in idil na tuaithe a thabhairt chun cuimhne go héasca agus thabharfadh sé sin suaimhneas dóibh. Feictear sin san íomhá a chruthaítear d'aoibhneas an tsaoil ag an mbuaile. Tá an cailín óg in ann a stoca a dheisiú nó a dhéanamh agus tá radharc breá aici ar na gamhna ag damhsa amuigh san fhéir os a comhair. Tá boladh an aitinn san aer agus léirítear an séasúr go soiléir san óige agus san áilleacht mórthimpeall uirthi. Is rud suntasach é nach bhfuil fear nó buachaill ar bith luaite san amhrán seo ach an oiread. Is ionann neamhláithreachtaí na bhfear agus suaimhneas na mban sa chás seo.

⁷⁶ https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/songs/cmc/aililiu_na_gamhna_tflanagan.htm

⁷⁷ https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/songs/cmc/aililiu_na_gamhna_tflanagan.htm

Ós rud é go bhfuil trácht déanta ar an radharc breá a bhí ag an mbean óg san amhrán seo, is fiú a lua anseo go raibh tábhacht ag baint le cur síos ar áiteanna i mbéaloideas na mban agus sa bhéaloideas faoi mhná. Dar le Pádraig Ó Fiannachta, '[f]aighimid cuntas ar radharcra ag pointí tábhachtacha i saol Pheig [Sayers]' ina saothar foilsithe (1999: 126). Cuirtear an t-amhrán 'Dromanna' i mbéal mná a fuadaíodh ach is amhrán molta é faoina háit dhúchais i Luimneach seachas amhrán faoin bhfuadach (CBÉ 41: 80-83). I réamhnóta faoin amhrán, míníonn Mac Mathúna fáth an fhuadaigh: '[b]hí spré le fáil aici agus bhí rachmas agus talamh go fairsing ag a muintir' (CBÉ 41: 80). Ba Ciarraíoch 'le fuireann báid agus le fórsa, agus d'ainneoin a toil' a d'fhuadaigh í (CBÉ 41: 80). Deirtear go raibh an bhean óg croíbhriste ina dhiaidh sin agus ní raibh bealach ar bith eile aici chun a míshástacht a chur in iúl don Chiarraíoch 'ach gan aon fhocal do labhairt leis' (CBÉ 41: 80). Bhris ar fhoighne an fhir sa deireadh. Chuaigh sé chuig file áitiúil chun comhairle a fháil uaidh. Chum an file dán ag 'gearradh anuas agus ag déanamh beag de Dromanna ... Chorraigh sin comh mór í ná féadadh sí fanacht ciúin níos mó. Is ag freagairt ar na véarsaí sin ag déanamh beagán do Dhromanna do chum sí an t-amhrán seo Dromanna' (CBÉ 41: 80). D'fhéadfadh an bhean nach raibh ábalta í féin a chosaint ón bhfear a d'fhuadaigh í a dhúshlán a thabhairt mar gur fhill sí ar an bhfód dúchais arís go neamhshrianta tríd an dán molta seo a chumadh. D'éalaigh sí ina meon féin go Dromanna. Thum sí í féin sa suaimhneas ann chun a cumhacht a fháil ar ais ar feadh tamaill. Níorbh aon ionadh é go mbeadh fonn abhaile uirthi mar gur scaradh í óna muintir agus óna baile dúchais. Tarraingíonn a cur síos fileata ar fhairsinge Dhromanna agus ar shaoirse na n-ainmhithe fiáine ann aird ar an bhfíric go raibh sí gafa laistigh in áit chónaithe an fhuadaitheora: '[i]s mó móinín breagh aerach air do thaobhsa, a Dhromanna/Agus coinín mear éadrom ag léimnigh as ghainimh' (CBÉ 41: 81). Méadaíonn sé ar thrua an léitheora do chás na mná. Is cosúil go raibh bá ag an mbailitheoir don bhean toisc gur scríobh sé an seanfhocal '[t]á Dia mall ach níl Sé dearmadach' i ndiaidh an amhráin seo (CBÉ 41: 83).

Léirítear miansásamh na mban sna scéalta seo a leanas a bhaineann le glíceas na mban chomh maith. Éiríonn le príomhcharachtair na scéalta seo saoirse, saibhreas agus/nó stádas níos airde a bhaint amach trí chlisteacht nó trí chleas éigin a imirt ar dhaoine atá i gceannas. Tá na scileanna seo ríthábhachtach do na príomhcharachtair chun go mairfidh siad agus sin croí na ceiste: maireachtáil ar dhóigh ar bith.

Mínítear an nath cainte 'níl dlí ar an riachtanas' sa scéal 'Bheadh Aithint ag a Chuid Capaill uirthi' (CBÉ 41: 366-368). Bhí ar an máthair sa scéal margadh a dhéanamh leis an tiarna talún toisc go raibh an chumhacht aige a beirt mhac a scaoileadh saor nó iad a chur chun príosúin. Gheall sí go dtabharfadh duine de na buachaillí cúpla mála coirce don tiarna talún dá scaoilfeadh sé saor iad. Óna hinsint ar an scéal, "[n]í hiad mo chlann is ciontach" (CBÉ 41: 367). Chinn sí ar a mic a shábháil. Bhí sise ag brath orthu chun obair a dhéanamh is cosúil agus chun aire a thabhairt di freisin. Ní raibh tacaíocht ar fáil do mhná ag an am ón rialtas agus bheadh sí i bponc ceart gan iad dá gcuirfí chun príosúin iad. Tugann an scéalaí le fios go raibh gá le breab a thabhairt don bhreitheamh: 'níor bhaol go deo d'fhear a mbeadh coir agus briseadh dlighe curtha ina leith dá mbeach an tighearna talún ar fhabhar' (CBÉ 41: 366). Is díol suntais é go dtugtar 'an giúistís onórach' go híorónta ar an tiarna talún agus é ag glacadh na breibe uaithi (CBÉ 41: 368). B'fhéidir nach raibh an dara rogha ag an mbean ach iarracht a dhéanamh gealltanais an tiarna talún a fháil uaidh ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ionas go sábhálfaí na buachaillí.

Is léiriú é an carachtar Síle sa scéal grinn, 'Seán ar Scoil - Seán agus Síle' ar an seanfhocal 'an té nach bhfuil láidir ní foláir dó nó di bheith glic' (CBÉ 445: 165-167). Déantar an t-idirdhealú tábhachtach sin idir an lánúin phósta, Seán agus Síle, ag tús an scéil: '[b]hí cineál leadhbach i Seán ach *bhí Síle gasta glic*' (CBÉ 445: 165; is liomsa an bhéim). D'aimsigh Seán sparán lán d'airgead lá amháin agus thug sé é dá bhean chéile. Thug Síle rabhadh dó gan labhairt chomh hard sin toisc nár mhaith léi go gcloisfeadh a gcomharsana faoin ádh a tháinig chucu. Ní bheadh aon duine bocht sásta an méid sin airgid a thabhairt do dhuine eile nó a roinnt le duine ar bith eile nuair a bhí sé de dhíth acu féin. Ba mhaith le Seán an t-airgead a thabhairt ar ais don duine uasal a chaill é ach bhí Síle den bharúil nach gcaillfidh an fear uasal sparán amháin. Bhí an bua aici sa deireadh mar go raibh plean ceaptha aici gan aon amhras a mhúscailt. Chuir sí Seán chuig an scoil an lá dár gcionn agus nuair a tháinig an fear uasal ag lorg a sparáin uathu, dúirt Seán leis gur aimsigh sé an sparán an lá sula ndeachaigh sé ar scoil. Cheap an fear uasal nach raibh ciall ar bith leis an ráiteas seo ó Sheán agus d'imigh sé gan cur isteach ar an lánúin a thuilleadh. Choimeád siad an t-airgead. Bhí ar Shíle bheith chomh santach leis an bhfear uasal chun an t-airgead a choimeád.

Sa scéal 'Na Trí n-Ualaí', léirítear clisteacht agus cumhacht an chailín i gcoinne údarás an rí, a fear céile (CBÉ 811: 207-211). Chabhraigh sí lena seanathair chun a bheatha a shábháil nuair a d'inis sí dó conas ceisteanna an rí a fhreagairt. Thuig an rí ó fhreagraí an tseanfhir go raibh duine éigin ag cabhrú leis: "[t]á duine éicint eile ann" arsa an rígh "níor dhein tú amach riamh na ceisteanna sin gan congnadh" (CBÉ 811: 209). D'adhmaigh an fear gur chabhraigh a ghariníon leis agus theastaigh ón rí bualadh léi. Nuair a chuala an cailín an scéal, dúirt sí: "Rachfaidh mé chuige; níl eagla ar domhan agamsa roimhe" (CBÉ 811: 209). Pósadh iad láithreach nuair a chonaic an rí í i ndiaidh di margadh a dhéanamh leis: 'aon lá go brách ná réidhfidist lena chéile go mbeadh cead aici a rogha trí hualaí do thabhairt léithe amach as an dteith' (CBÉ 811: 209). Bhí saol sona acu go dtí gur ghlac an cailín trua d'fhear éigin a bhí i bponc. Chuaigh a láir agus searrach an fhir bhoicht isteach i bpáirc an rí ach choimeád an rí an searrach dó féin. Thug an cailín an chomhairle seo don fhear bocht:

"Inseoidh mise dhuit anois cad 'tá agat le déanamh chun do shearrach a fháil ar n-ais, agus tá fhios agam go dtabharfaidh mé féin díol ann. Téire agus tabhair leat do chuid dorugha agus dubháin agus téire go dtí barr na cuairte in áit a bhfeicfidh sé tú nuair a bheidh sé ag teacht tréonótha, agus bí ag caitheamh agus ag feilleadh suas mar a bheifeá ag iascaireacht. Nuair a dhéarfaidh sé leat gur b'aisteach an duine a bheith ag ceapadh iasc a fháil ina leithéide sin d'áit abair leis nach aistí an rud bheith ag ceapadh iasc d'fháil i dtalamh tirim ná bheith ag ceapadh go bhféadfadh searrach do bheith ag gearrán" (CBÉ 811: 210).

D'éirigh leis an bhfear a shearrach féin a fháil ar ais ón rí ach '[i]e stradhain agus buile chuaigh sé [i. an rí] isteach agus ag breith ar ghualainn ar a bhean', d'ordaigh sé di imeacht (CBÉ 811: 210). Bhí sí sásta leis sin ach ní imeodh sí gan trí rud a thógáil léi mar a gheall an rí di sular pósadh iad. Líon sí mála le hór, thóg sí a páiste léi agus d'iarr sí ar an rí teacht léi freisin. Thuig an rí nárbh fhéidir leis an bua a fháil uirthi agus lig sé di fanacht leis.

Go minic sa bhéaloideas téann mná i ngleic leis na húdaráis trí chumhachtaí osnádúrtha a úsáid freisin. Ba fhiigiúr í Bidy Early ar bhain fir agus mná úsáid aisti chun údarás a shárú nó chun a gcuid tuairimí féin i dtaobh an duine sin a nochtadh ar bhealach sábháilte nó chun údarás éigin ag daoine éagsúla a shárú (Lenihan, 2018: 8, 93). Is fiigiúr cumhachtach í Bidy agus bhí buanna ar leith aici i dtairngreacht agus i gcúrsaí

leighis. Úsáidtear caint Bhiddy i gcuntas amháin chun íde béil a thabhairt don fhear a bhí failitheach maidir leis an dualgas cúraim atá air mar athair dá iníon (CBÉ 38: 128). Insíonn Bidy go gonta don athair seo go ndearna sé faillí ina cuid dualgas. Thuig sí go raibh pé galar a bhí ar an iníon imithe chun donais agus nach mbeadh sí in ann í a leigheas nó a shábháil. Níor tháinig an t-athair in am áfach nuair ba cheart dó teacht a luaithe is a tháinig an tinneas ar a iníon, ach bhí sé ródhéanach, dar leis an mbanscéalaí. Is meabhrú é seo ón mbanscéalaí d'fhir go bhfuil dualgais cúraim orthu ó thaobh a gclainne de. Is léir ón scéal seo freisin gur fhigiúr í Bidy chun chumhacht na mban a chur in iúl agus chun leas na mban a chosaint.

Ar an gcéad amharc, is scéal é 'Altú an Seandúine' mar gheall ar bhean atá cruálach lena hathair céile (CBÉ 40: 103a-104). Níor roinn sí an t-im lena hathair céile. Is sonra tábhachtach é seo. Ba í an bhean a bhí freagrach as na ba a chrú agus as im a dhéanamh, gan amhras (féach 4.3.4 thuas). Thuill an bhean airgead ón méid ime a rinne sí chomh maith agus bhí neamhspleáchas ag baint leis. Is cosúil go raibh an bhean sa scéal seo ag iarraidh a háit féin a sheasamh sa teach agus a cumhacht féin a chur in iúl. Tá a hathair céile míshásta leis seo, áfach, toisc nach bhfuil sé féin, ná a mhac féin fiú, i gceannas sa teach. De réir an altaithe a dúirt sé, bhí grá aige dá mhac ach thuig an t-athair gurb í a bhean mic a bhí i gceannas agus nárbh fhéidir leis a thionchar a imirt uirthi ná ar a mhac: '[d]'fháiscfinn lem' chroidhe tú, mar *ba tusa mo stóir*/Agus ní bheinnse ag ithe an t-im, agus *tusa ag an mbord* (CBÉ 40: 104; is liomsa an bhéim). Baineadh úsáid as teicníc na seachanta ag tús an scéil nuair a mhínigh an scéalaí gur chaill an seandúine meas a mhuintire nuair a phós an bhean isteach: '[ó]n lá a tháinig an bhean óg isteach an doras ní raibh ceart ná cóir dá thabhairt don seanfhear' (CBÉ 40: 104). Is easnamh suntasach é nach bhfuil an bhean óg luaite san altú ar chor ar bith. Labhair an seanfhear lena mhac féin agus chuir sé an locht air toisc nár fhan a mhac i gceannas sa teach.

Tá an chuma ar an gcéad léamh den scéal 'An Leasmháthair' gur cuntas criticiúil é ar leasmháthair chruálach ach trí chomhthéacs cultúrtha an scéil a fhiosrú, feictear go bhfuil teachtaireacht chódaithe arís faoi cheilt ann, sé sin, nár cheart do mhná ligean dá bhfir chéile teacht i dtír orthu nuair a bhí na fir ag éalú óna gcuid freagrachtaí (CBÉ 133: 185-189). Is figiúr í an leasmháthair sa scéal seo a úsáideann an banscéalaí chun neamhinniúlacht a chur in iúl. Ligeann an leasmháthair uirthi nach ábhar máthar ceart í dá leasmhac. Ní cheileann sí bia ó mhac a fir chéile ach ní thugann sí aon bhia dó ach

an oiread. Roinneann sí na huibheacha lachain lena beirt dheirfiúracha, Cáit agus Máire. Léirítear nach bean chruálach í ag deireadh an scéil nuair a deir an fear sa scéal gur air féin atá an locht agus nach bhfuil aon chúis gearáin aige lena bhean chéile nua. Is pointe an-tábhachtach é seo. Ina leabhar, *The Irish Countryman*, scríobhann Arensberg go raibh cúram na mbuachaillí ag na máithreacha go dtí go raibh siad seacht mbliana d'aois. Ina dhiaidh sin, ba iad a n-aithreacha a thug múineadh agus stiúir orthu agus iad ag fás aníos ina bhfir iad féin:

Until he is seven and passes through First Communion, his place is in the house with the women, and he shares the same bed with his sisters. After that year, he leaves his mother's apron strings, and is slowly drawn into men's ways. ... In remote regions he takes off girl's clothing for the first time (1968: 64).

Úsáideann an leasmháthair sa scéal seo neamhinniúlacht chun ceacht a mhúineadh dá fear céile toisc gurbh eisean a bhí freagrach as an mbuachaill agus ní í féin. Sa chaoi seo, tá sí ag meabhrú dá fear céile gur cheart dó a ról a fhorlónadh ach is bealach sábháilte é chun é seo a dhéanamh mar nach bhfuil sí ag tabhairt dúshláin dá fear céile. Thuig sí go ndéanfadh an páiste gearán lena hathair faoina ndrochchás agus thuig sí go dtabharfadh a fear céile faoi deara nach raibh sé ag tabhairt aire dá mhac.

Is figiúr conspóideach míchlúiteach í Máire Rua, nó Máirín Rua mar a bhí aithne uirthi thart faoin Luach Thuaidh. Tagraíonn Mac Mathúna don chuntas criticiúil a tugadh ar Mháire Rua i mbéaloideas na háite: '[a]on scéal atá againn ina taobh is scéal é chuig í a ghearradh anuas ... ní raibh i maighistreás Chuairt Léim an Eich ach tíoránach críochnaithe, do dhein gníomhartha barbartha, agus bean do lean drochbheatha' (CBÉ 222: 167). Is mar '[r]ud ghránna allta i gclódh mná, bean gan ucht, gan anam, gan truagh, gan méin, mná gan coinsias, gan sibhialtacht, gan glaineacht beatha' a dhéantar cur síos ar Mháire Rua sna scéalta a insítear fúithi, dar leis (CBÉ 222: 169). Mar sin féin, bhí bá ag Mac Mathúna le Máire Rua as an drochcháil a bhí uirthi. Chreid Mac Mathúna gur mhair sí i dtréimhse chorráitheach fhoréigineach i stair na hÉireann nuair a bhí Cromail agus fórsaí Shasana i gceannas ar an tír agus is léir go mbeadh namhaid ag bean chumhachtach ag an am sin (CBÉ 222: 169). I measc lucht na staire, dar le Mac Mathúna, 'bhí inti bean láidir aigeantach misniúil, ábalta ar a ceart do phlé i gcoinne aon namhaid' (CBÉ 222: 167). Léiríonn na scéalta seo a leanas na tréithe is coitianta a luaitear le Máire Rua sa tseanchas. Is díol spéise é nár thiomsaigh Mac Mathúna aon

scéal faoi Mháire Rua ó fhir (ach féach ar na scéalta a bailíodh ó Sheán Carún agus ó Thomás Ó hÚir thíos).

Má léitear an dá scéal ('An Stail do Bhí ar Stábla Seacht mBliana - Mar a Thug sé Anuas an Stail' agus 'Do Charaid, do Chláirseach agus do Namhaid') seo mar phéire, feictear go gcuirtear na carachtair agus cúlra an scéil i láthair sa chéad scéal. Léirítear ann go raibh eagla ar Mháire Rua a cuid naimhde (naonúr fear) 'a chur as an slighe' (CBÉ 222: 171). D'aithin Máire Mac Néill ina staidéar ar Mháire Rua ó thaobh na staire de gurb é Torlach Ó Lochlainn, as Boirinn, duine de na fir seo agus ba shaoi é a athair, Maistín Caoch na Cruaiche (1990: 98-99). De réir an scéil, níorbh í Máire Rua an duine a d'ordaigh don fhear marcaíocht a dhéanamh ar an stail fhiáin ach an oiread: '[t]háinig an t-ordú' (CBÉ 222: 171). Thaispeáin banfhaisnéiseoir Mhic Néill litir di a scríobh Brian O'Looney roimh 1874 faoin stail seo: '[Máire Rua's] horse belonged to the Dalcassian steeds, and her insisting that every stranger should ride it *was not an act of cruelty* but a test of royal blood and unstained honour' (Mac Neill, 1990: 103; is liomsa an bhéim). Tá an tuiscint as seo nach raibh cruálacht ag baint le Máire Rua mar gur thástáil nirt agus onóra ab ea an mharcaíocht ar a stail. Is léir ón scéil gur shábháil neart an fhir óig é féin freisin: '[l]e iarracht as meán chuir sé gach uile unsa dhá neart ins an stracadh a thug sé don srian. Leis an stracadh sin chas sé an capall ar n-ais [ó imeall na haille]' (CBÉ 222: 175).

I scéal eile faoi Mháire Rua sa chorpas, léirítear fiántas agus pearsantacht teasaí Mháire Rua: "[b]hí an seanfhear [.i. Maistín Caoch na Cruaiche] i bhfolach mar go raibh eagla air go maródh Máire Ruadh é toisc go raibh an rún aige an sórt bheatha⁷⁸ do bhí sí ag leanúint' (CBÉ 222: 179). Is athrú suntasach é seo ón gcéad scéal. Is mó eagla a bhí ar Mhaistín na Cruaiche sa scéal seo seachas ar Mháirín. Duine cumhachtach le muinín mhór aisti féin atá inti. Feictear a fearg agus a fonn díoltais go soiléir ag deireadh an scéil nuair a '[l]as an bhean suas le fearg lomláithreach' agus ba ghearr gur aimsigh Máire áit folaigh an seanfhir (CBÉ 222: 179). Thug Máire Mac Néill an tréith seo faoi

⁷⁸ I scéal faoi Mháire Rua ón gceantar céanna, dúirt an scéalaí Tomás Ó hÚir: 'When the father was brought before Sir Donnacha [.i. fear céile Mháire Rua] he revealed that Máire Rua's attendant women were young boys. Sir Donnacha released the father and promised to spare old men. He had the twelve attendants killed' (CBÉ 10: 87-93 luaite in Mac Neill, 1990: 106). Thug 'old Connole' níos mó eolais faoi na daoine seo do Chonrad Arensberg: "[Máire Rua] was a very bad woman ... [she used] to keep 8 (or so) men round her in constant attendance and they dressed in women's clothes, and they used to have to attend her in the bad way you know, every hour of the day, she was a terrible person' (Arensberg, 1933 (4): 314).

deara sna scéalta faoi 'Máire Rua's roaring, shouting and cursing' freisin: 'it is the ferocity attributed to her which has kept her name alive' (1990: 100, 98).⁷⁹ Is léir ón gcaoi a n-insítear an scéal do Mhac Mathúna gur thuig Máire Rua ó fhreagraí an fhir óig go raibh a athair (.i. Maistín na Cruaiche) fós beo mar go raibh comhairle tugtha aige dá mhac conas ceisteanna Mháire Rua a fhreagairt (CBÉ 222: 179). D'aimsigh sí áit folaigh an fhir agus bhí deis aici 'íde' a thabhairt dó (CBÉ 222: 181).

Nochtar íomhá de bhean chumhachtach chliste nárbh fhéidir le Maistín na Cruaiche í a shárú go deo sna scéalta seo. Ní tioránach fíochmhar gan coinsias í Máire Rua. Níl aon ghníomh foréigneach curtha i leith Mháire Rua sna scéalta seo ach is léir gur bean chumhachtach chliste dheisbhéalach í mar go n-oibríonn sí amach ón tástáil onóra agus ó chaint an fhir óig go raibh a athair fós beo. Is díol suntais é go bhfuil caint Mháire léirithe ag an mbanscéalaí. Ina cuid cainte, tugann Máire Rua le fios gur dream gránna iad muintir Uí Lochlainn: "[ó], a bhithiúnaigh bhradach" do scread sí amach' (CBÉ 222: 181). Leagtar béim ar chiontacht agus ar neamhiontaofacht an dreama seo seachas ar Mháire Rua í féin. Dar le Mac Néill, '[f]olklore has kept Máire Rua's name alive by misunderstanding her' ach tuigeann an banscéalaí seo an tábhacht a bhaineann le Máire Rua do mhná⁸⁰ (Mac Neill, 1990: 101). In ainneoin go raibh scéalaithe áitiúla ar nós Sheáin Charúin agus Thomáis Uí hÚir⁸¹ ag buanú íomhá fíochmhar frithbhanda de Mháire Rua sa cheantar, tá malairt meon i leith Mháire Rua ag banfhaisnéiseoir amháin de chuid Mhic Mhathúna, Bríd Uí Dhanachair, sna finscéalta fúithi (CBÉ 4: 7-20; CBÉ 10: 87-93 luaite in Mac Néill, 1990: 105-106). Chuir sí in iúl go raibh clisteacht agus cumhacht ag baint leis an mbean seo agus nár cheart mná a mheas faoina luach. Cé gur cheap Maistín na Cruaiche go raibh sé sábháilte agus cé gur saoi é le cumhachtaí osnádúrtha, mheall Máire Rua isteach i ngaiste é. Fuair sí an ceann is fearr ar a cuid naimhde agus is léiriú é sin ar a meabhair chinn, ní ar a cruálacht. Thug Máire Rua dúshlán do cheannas na bhfear mar gur éirigh léi seilbh a choimeád ar a cuid talún in

⁷⁹ Mínítear i leagan Sheáin Charúin den scéal fáth a feirge leis an seandúine: 'Máire Rua wanted to kill the youth's father as he had (magic) knowledge - she had been told he was dead but knew he lived as he had saved his son' (CBÉ 4: 7-20 luaite in Mac Néill, 1990: 105).

⁸⁰ Cosúil le figiúr na mná sí i saothar Kimpton (féach 2.5 thuas).

⁸¹ Is leagan frithbhanda é leagan Thomáis Uí hÚir den scéal seo: "One man hid his father in a cave and Sir Donnacha, to force him to bring in his father, ordered him to appear before him with his friend and his enemy. His father told him his dog was his friend and his wife his enemy. ... [H]is explanation enraged the wife who betrayed the father's hiding place. When the father was brought before Sir Donnacha he revealed that Máire Rua's attendant women were young boys. Sir Donnacha released the father and promised to spare old men. He had the twelve attendants killed' (CBÉ 10: 87-93; Mac Neill, 1990: 106).

ainneoin na n-iarrachtaí is fearr dá cuid namhaid (Mac Neill, 1990: 98-99). Tacaíonn na tuiscintí nua seo le cumhacht na mban a aithint arís i mbéaloideas na mban.

5.2.3.1 Achoimre ar an bhFeidhm Ídithe

Cuireann an t-ábhar béaloidis a pléadh thuas slite sábháilte ar fáil do mhná chun a gcumhacht féin a léiriú. Is mná éirimiúla iad na mná seo a chuirtear os comhair an phobail sna scéalta. Tuigeann siad go gcaithfidh siad bheith ceandána diabhalta agus dúshlánach chun teacht slán in am an ghátair. I gcásanna áirithe, is iad na mná a shábhálann iad féin agus daoine eile chomh maith. Éiríonn le garíníon an tseanfhir an bua a fháil ar an rí sa scéal 'Na Trí n-Ualaí' - léiríonn sí a cumas agus a clisteacht trí údarás an rí a shárú. Ar an lámh eile, áfach, tarlaíonn na rudaí seo faoi ghnásanna seanbhunaithe na sochaí. Phós an cailín an rí agus d'fhan sí leis sa deireadh, cuir i gcás - críoch shásúil do scéalta den chineál seo ina bpóstar an bancharachtar. Bhítí ag súil go bpósfadh mná sa cheantar mar a léiríodh i gCaibidil 4 thuas. Mar a pléadh i gCaibidil 2 thuas, glacadh leis an bhfeidhm ídithe sa tsochaí mar mhodh inghlactha chun mothúcháin agus tuairimí a scaoileadh agus a gcumhacht a léiriú taobh istigh de theorainn na norm sóisialta.

5.3 Conclúid: béaloideas na comhthuisceana nó béaloideas na hiomarbhá?

Ón staidéar thuas ar fheidhmeanna éagsúla an bhéaloidis sa chorpas, is léir go dtéann an t-ábhar béaloidis i gcoinne na norm sóisialta ar thaobh amháin ach go dtacaíonn sé leo freisin. Bhain muintir an cheantair úsáid as feidhmeanna éagsúla chun iompar na mban agus na bhfear a cháineadh nó a mholadh, chun rabhadh a thabhairt dóibh agus chun múineadh agus stiúir a thabhairt do dhaoine faoina stádas sa phobal nó faoina gcuid dualgas agus ról ann.

Is é príomhaidhm na bhfeidhmeanna a bhaineann le smachtú agus teagasc na mban ná cloí le noirm shóisialta agus le traidisiúin an cheantair. Ba thábhachtach an ról a bhí ag mná i ngach gné de shaol an teaghligh agus sa phobal i gcoitinne i gceantar an Luaigh Thuaidh. Chomhlíon mná a gcuid dualgas, idir chúraimí clainne agus obair tí, nó páirt a

ghlacadh sna deasghnátha áitiúla nuair a cailleadh duine sa chomharsanacht. Nochtann an t-ábhar béaloidis seo na mná nach leanann na rialacha ag an am céanna. Insíonn siad go bhfuil foirfeacht dhofhaighte do mhná ach gur cheart dóibh bheith ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh. Leagtar béim ar éagsúlacht na mban ó thaobh a gcreideamh agus a gcuid iompar de. Dlisteanáíonn an t-ábhar béaloidis áit, cumas agus róil na mban sa chaoi seo, rud atá treascrach ann féin ós rud é gur bailíodh é i gceantar a bhí faoi cheannas na patrarcachta.

Baineann an chuid is coimeádaí den chorpas le cúrsaí gnéis agus geanmnaíocht na mban a chosaint ach go háirithe. Ní léiríonn an chorpas mianta collaí na mban ach ba ábhar toirmisceithe é ag an am ar ndóigh. Ní luaitear go ndearna mná adhaltranas ach an oiread. D'fhan siad dílis dá bhfir chéile i gcónaí. Ba é seo an rabhadh is coitianta a tugadh do mhná sa chorpas: ba chóir dóibh cur suas le hiarrachtaí na bhfear iad a mhealladh. Léamh eile ar an ábhar seo faoi fhear óg atá ag iarraidh bean óg a mhealladh ná go gcuirtear íomhá den bhanúlacht idéalach (.i. an cur síos ar bhean óg álainn le meafair faoi thorthúlacht na mná) le chéile le híomhá den fhearúlacht idéalach (.i. an fear óg cumasach atá ag geallúint di go mbeidh sé in ann soláthar di). Sháraigh mná an chomhairle a fuair siad, áfach, mar shampla, i gcás na mban a d'éirigh torrach lasmuigh den phósadh. D'íoc siad go daor as mar gur scaradh iad óna muintir féin nuair a cuireadh go Meiriceá iad.

Tugann an fheidhm ídithe ardán do mhná inar féidir leo a mothúcháin a scaoileadh agus a gclisteacht a léiriú. Déantar é seo ar bhealach sábháilte ionas nach mbeadh eagla ar na mná faoi phionós éigin a fháil as labhairt go hoscailte faoi rudaí áirithe cosúil le foréigean baile, mar shampla. Is iad seo na ceisteanna tábhachtacha a ardaíodh sa chorpas: labhairt amach, tuairimí faoi neart agus an teacht aniar agus ráitis láidre faoi chultúr an mhuintearais sa cheantar. Bhí muintir an cheantair in ann a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo san ábhar béaloidis agus bhí taithí (phearsanta) na mban caomhnaithe ann.

Is iomaí cineál éagóra a thugtar le fios san ábhar béaloidis agus is cineál dúshláin é gach focal a bhreac Mac Mathúna síos ó bhéalaithe na scéalaithe ina coinne. Déantar tairiscintí dóchais den taithí phianmhar agus de na ceachtanna crua san ábhar

béaloidis, áfach. D'fhéadfaí a mhaíomh as gur dúshlán siombaileach é ón scéalaí agus é/í ag súil go n-athrófaí rudaí chun feabhais sa todhchaí.

Tá na feidhmeanna go léir fite fuaite lena chéile, mar sin. Bhain muintir an cheantair leas astu chun múineadh don phobal agus don chéad ghlúin eile conas déileáil le cora an tsaoil agus cén sórt iompair nár glacadh leis. Thuig gach duine sa cheantar go raibh róil thábhachtacha ag mná agus bhí meas ag muintir an cheantair orthu den chuid is mó. Ní i gcónaí a bhí, áfach, agus léiríonn an t-ábhar béaloidis na difríochtaí seo go coscrach. Nochtar an bhanúlacht idéalach ann go minic ach ba idéal dofhaighte é. Leagann iompar claonaíoch na mban béim ar umhlaíocht na mban agus tugann an chumhacht a bhí ag mná áirithe léargas ar mhná a fágadh gan cumhacht agus gan focal. Pléitear conclúidí an tráchtais agus na moltaí taighde i réimse an bhéaloidis i gCaibidil 6 thíos.

Caibidil 6: 'Slán anois leat, a leabhar':⁸² coimriú agus conclúidí

6.1 Brollach

Cuireadh saibhreas an bhéaloidis i leith na mban a bhailigh Seán Mac Mathúna ar fáil do léitheoirí an tráchtas seo. Ba é seo an cur chuige i leith cheist na hinscne ar baineadh leas as sa tionscadal taighde seo: áiríodh meon an bhailitheora agus na ndaoine i leith na mban, tugadh aitheantas do na mná a bhí páirteach i gcaomhnú an bhéaloidis sa cheantar agus scrúdaíodh léiriú na mban laistigh den Chnuasach. Bhí próiseas athaimsithe mar bhonn leis mar go raibh glórtha na mban seo mar aon le glórtha na scéalaithe fir ina dtost ar feadh breis is 70 bliain agus bhí gá le dul siar chuig an mbunábhar féin chun a gcuid scéalta a léamh arís. Díríonn taighdeoirí isteach ar eolas a chaomhnú agus a athaimsiú go háirithe ó thaobh mhodhanna digiteacha de sa lá atá inniu ann. Bhí an meon sin le feiceáil sna modhanna taighde agus sna teoricí a threoraigh an tráchtas seo.

Tá aird tarraingthe sa tráchtas seo ar éigse bhéil na mban agus meon an phobail i leith na mban i gceantar an Luaigh Thuaidh agus tugtar tuiscint as an nua air. Tá rannpháirtíocht agus ionadaíocht na mban i mbailiú an bhéaloidis sa cheantar ar phríomhcheisteanna taighde an tráchtas.

Tugtar achoimre ar phríomhthorthaí an tionscadail thíos. Mínítear tábhacht agus buntáistí an taighde don phobal sa cheantar thart faoin Luach Thuaidh agus do thaighdeoirí sna blianta atá le teacht. Cíortar srianta an taighde agus pléitear moltaí an údair seo le haghaidh tuilleadh taighde. Athdhearbhaítear príomhphointí an taighde san fhocal scoir ag deireadh na caibidle.

6.2 Achoimre

Léirítear príomhthorthaí an taighde thíos bunaithe ar na ceisteanna taighde a luadh ag R.3.2 thuas.

⁸² CBÉ 40: 300.

6.2.1 Conas ab fhéidir Cnuasach Mhic Mhathúna a chaomhnú agus a chomhroinnt sa ré dhigiteach seo?

Baineadh leas as modhanna taighde digiteacha chun an Cnuasach ar fad a innéacsú agus a ullmhú don fhoilsiú ar líne ar Dúchas.ie (féach 3.3.1 thuas). Beidh fáil ag an bpobal i gcoitinne in Éirinn agus ar fud an domhain ar shaothar Mhic Mhathúna ar an suíomh.

Tras-scríobhadh an Cnuasach iomlán sa bhogearra Transkribus (féach 3.3.3 thuas). Má chuirtear na tras-scríbhinní seo ar fáil ar shuíomh Dúchas.ie amach anseo, beidh an pobal i gcoitinne in Éirinn agus thar lear in ann Cnuasach Mhic Mhathúna a chuardach de réir dáta, téacs agus faisnéiseora, mar shampla, bunaithe ar an obair innéacsaithe agus tras-scríofa a rinneadh le linn an tionscadail seo. Beidh sé seo ina chuidiú mór do dhaoine agus do thaighdeoirí chun teacht ar an eolas atá uathu. Cabhróidh an idirghníomhaíocht seo le caomhnú agus comhroinnt an eolais.

6.2.2 Cérbh é Seán Mac Mathúna agus conas a chomhlíon sé a chuid dualgais mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha? Cén sórt caidrimh a bhí aige le mná an cheantair?

Tugtar cuntas croineolaíoch ar bheatha an bhailitheora ó bhreith go bás i gCaibidil 1 agus an chaoi ar bhain sé leas as a theaghlach sínte agus as a gcomharsana chun béaloideas a bhailiú. Chónaigh Mac Mathúna ar an Luach Thuaidh sa teach inár fhás sé aníos inti ó 1884 ar aghaidh agus d'oibrigh sé ar fheirm a athar ar feadh a shaoil. Ba i dteach a chomharsan, Seán Carún, a bhuaile sé le Séamus Ó Duilearga den chéad uair i Lúnasa 1929 agus thosaigh Mac Mathúna ag bailiú béaloidis don Institiúid Bhéaloideas Éireann an bhliain dár gcionn. Bhí cónaí air lena dheartháir céile, Peadar Bairéid, sa teach céanna agus chabhraigh sé le Peadar na páistí is óige a thógáil i ndiaidh bhás a dheirféar, Eibhlín, sa bhliain 1932. Dhiúltaigh sé glacadh le post mar bhailitheoir lánaimseartha nuair a bunaíodh an Coimisiún in 1935 ós rud é go raibh dualgais air mar fhear oibre ar an bhfeirm sa bhaile agus mar uncail do pháistí a dheirféar.

Is léir óna chuid chomhfhreagrais go raibh caidreamh proifisiúnta an-láidir ag Mac Mathúna le lucht an Choimisiúin. D'fheidhmigh sé mar ionadaí dóibh nuair a chuir sé fáilte roimh scoláirí nó shaineolaithe éagsúla a tháinig ar cuairt chuig an Luach Thuaidh, mar shampla, an t-iriseoir Gearmánach, Metcalfe, in 1936. Bhí an-mhuinín ag foireann an Choimisiúin as agus bhí Mac Mathúna ag iarraidh iad a shásamh trí obair den chéad scoth a chur chucu go rialta. Lean sé comhairle an Choimisiúin i dtaobh an bhailithe den chuid is mó ach rinne sé a chinntí féin chomh maith maidir leis an gcineál béaloidis a chuir sé chucu. Níor mhaith leis ábhar graosta a chur chuig foireann an Choimisiúin, mar shampla. D'fhreagair sé ceistneoirí nó ceisteanna faoi phointí áirithe eolais de réir mar a chuir foireann an Choimisiúin a leithéid d'ábhar chuige.

Léiríodh an modh bailithe ar bhain Mac Mathúna úsáid as agus pléadh tionchar an mhodh bailithe seo (.i. a láidreachtaí agus laigí) ar a Chnuasach. Níor luaigh sé ainmneacha na bhfaisnéiseoirí i gcásanna áirithe, idir fhir agus mhná, cuir i gcás, nó chaill sé amach ar dheiseanna bailithe mar nach ndearna sé coinne lena chuid faisnéiseoirí nó nach raibh na daoine seo ag súil le cuairt uaidh. Tugadh líon na bhfaisnéiseoirí i gCnuasach Mhic Mhathúna le fios agus míníodh nár sholáthair mná ach 5% den Chnuasach iomlán. Ba é Mac Mathúna féin a scríobh an chuid is mó den ábhar béaloidis sa Chnuasach iomlán (.i. 75%) óna chuimhne féin.

Cíoradh caidreamh an bhailitheora le mná ina theaghlach féin go príomha de réir a chuid dialann, dhialann an antraipeolaí, Conrad Arensberg, agus na n-agallamh a cuireadh ar fhaisnéiseoirí sa cheantar mar chuid den tionscadal seo. Ba léir go raibh dlúthchaidrimh aige lena bheirt deirfiúracha agus lena neachtanna, Súsanna, Léana agus Treasa. Thug sé cuairt ar mhná muinteartha leis go rialta, mar shampla, Bríd Uí Dhanachair agus a deirfiúr i Sráid na nIascáirí nó a aintín ar thaobh a mháthar, Máire Uí Ghallchóir, sa Liagard Thuaidh gar do Shráid na Cathrach. Is léir go raibh Mac Mathúna ar a chompord bheith i gcomhlúadar na mban.

Tá an caidreamh a bhí aige lena chuid banfhaisnéiseoirí pléite i gCaibidil 2. Mar a luadh thuas, bhí dlúthchaidreamh ag Mac Mathúna le roinnt dá chuid banfhaisnéiseoirí, go háirithe na mná a raibh gaol gairid aige leo, mar shampla a mhná muinteartha i Sráid na nIascáirí. Bhí dearcadh dearfach ag Mac Mathúna i dtaobh bhéaloideas na mban a bhailiú i gcomparáid le bailitheoirí eile ar nós Phroinsiasa de Búrca. D'aithin Mac

Mathúna saineolas na mban i gcatagóirí áirithe an bhéaloidis freisin. Cé nach raibh na seanscéalta ar eolas ag a bhanfhaisnéiseoir, Máire Mhic Consaidín, thuig Mac Mathúna go raibh na seanamhráin ar eolas aici agus bhailigh sé uaithi iad, mar shampla. Léiríodh go raibh banfhaisnéiseoirí ar nós Bhríd Uí Dhanachair agus Mháire Mhic Consaidín i measc na bhfaisnéiseoirí a thug mórchuid an eolais don bhailitheoir cé nár bailíodh ach 5% d'iomlán na míreanna béaloidis ó mhná (féach Táblaí 2-5 thuas). Dár ndóigh chuidigh mná eile ón gceantar leis ar mhórán bealaí. Ghlan mná tí spéaclaí Mhic Mhathúna, thug siad páipéir, pinn agus bord na cistine dó agus d'ullmhaigh siad bia dó agus don fhaisnéiseoir, cuir i gcás. Thug siad an t-eolas a bhí uaidh dó nuair a theip ar na fir an t-eolas a sholáthar dó, mar shampla, Bean Sheáin Chláraigh maidir leis an sníomhachán.

6.2.3 Cad is béaloideas na mban ann? Cén sórt ró(i)l a bhí ag mná i mbailiú agus i gcaomhnú bhéaloideas na hÉireann sa cheantar taighde?

Pléadh cad is béaloideas na mban ann i gCaibidil 2 thuas: sé sin an t-ábhar béaloidis ar fad a d'fhoghlaim mná, a chum siad agus a d'inis siad nó a bailíodh uathu. Aithnítear go bhfuil géarghá le téarma uilechuimsitheach amháin a úsáid mar go bhfuil téarmaí éagsúla tugtha dó sa litríocht in Éirinn, mar shampla, 'béaloideas agus léann na mban' a bhí ag Almqvist agus Ó Cathasaigh agus bhí trí théarma éagsúla ag Nic Giolla Chomhail dó ina tráchtas dochtúireachta: 'béaloideas na mban', 'cultúir béil na mban' agus 'traidisiún béil na mban' (2018: 43-44). Moltar an téarma 'béaloideas na mban' sa tráchtas seo ar mhaithe le soiléireacht agus leanúnachas sa réimse taighde seo amach anseo.

Léiríodh gur rud éagsúil ó bhéaloideas na mban le scóip níos leithne é an béaloideas faoi mhná. Cuimsíonn sé an t-ábhar béaloidis a d'fhoghlaim, a chum agus a d'inis mná agus fir (nó a bailíodh uathu) faoi mhná nó faoi ghnéithe áirithe de shaol nó de thaithí na mban, mar shampla, nósanna breithe. Ó thaobh sheachadadh an bhéaloidis de, is fiú a lua gur fhoghlaim fir i gceantar an Luaigh Thuaidh paidreacha agus eolas faoi chúrsaí leighis, ar nós an leighis do thinnis cinn, ó mhná mar a pléadh i gCaibidil 4 thuas. Ba phróiseas thábhachtach é seo seachadadh an bhéaloidis ó ghlúin go glúin: fuair faisnéiseoir Mhic Mhathúna an t-eolas faoin leigheas do thinnis cinn óna mháthair agus d'inis sé dó gur fhoghlaim sise é óna mháthair féin.

Díríodh ar dhá phríomhshruth taighde chun léargas níos cuimsithí a thabhairt ar staid an taighde i dtaobh bhéaloideas na mban in Éirinn, sin le rá, ceist na mban i mbailiú an bhéaloidis in Éirinn agus comhthéacs sóisialta bhéaloideas na mban (féach 2.3 agus 2.4 thuas). Ceadaíodh foinsí inar pléadh an t-ábhar béaloidis a bailíodh in Éirinn sna blianta 1930-1947 ina raibh Mac Mathúna gníomhach mar bhailitheoir béaloidis. Cuireadh Cnuasach Mhic Mhathúna san áireamh freisin. Rinneadh comparáid idir é agus cnuasaigh bhéaloidis eile chun saothar Mhic Mhathúna a lonnú i gcroílár an staidéir ar mhodhanna bailithe na mbailitheoirí agus iad i mbun bailithe ó mhná.

Is suntasach nár fostaíodh mná mar bhailitheoirí béaloidis lánaimseartha i gCoimisiún Béaloideas Éireann agus léiríodh go raibh cúiseanna éagsúla leis sin, mar shampla, bheadh drogall ar an gCoimisiún mná a fhostú mar go raibh ar mhná éirí as a bpoist i ndiaidh dóibh pósadh. D'oibrigh mná ar nós Bríd Ní Ghamhnáin mar bhailitheoirí béaloidis páirtaimseartha, áfach.

Chuir mná le hobair na mbailitheoirí béaloidis lánaimseartha agus páirtaimseartha in Éirinn agus iad ina bhfaisnéiseoirí dóibh nó ina róil mar mhná tí nó mhná ósta. Léiríodh sa chaibidil seo go ndearna Mac Mathúna tagairt go minic ina dhialanna féin do na mná a chabhraigh leis ina chuid oibre agus é ag bailiú béaloidis ó fhir céile na mban sin. Meabhraíodh gur áis iontach iad dialanna na mbailitheoirí chun léargas a fháil ar róil na mban ar bhealaí éagsúla i mbailiú an bhéaloidis in Éirinn.

Scrúdaíodh na cúiseanna éagsúla a bhain le líon beag na mbanfhaisnéiseoirí i gCnuasach Bhéaloideas Éireann: na deacrachtaí a bhí ag bailitheoirí béaloideas a bhailiú ó mhná mar gheall ar chúraimí na mban sa bhaile; gan fonn a bheith ar mhná áirithe a gcuid béaloidis a roinnt le bailitheoirí; rogha phearsanta na mbailitheoirí iad féin i dtaobh a gcuid faisnéiseoirí nó an cineál béaloidis a thiomsaigh siad, cuir i gcás. Roinn banfhaisnéiseoirí ar nós Anna Nic an Luain a gcuid béaloidis go fial le bailitheoirí béaloidis ach bhí leisce ar roinnt eile an béaloideas a bhí acu a roinnt leo, mar shampla, an uair a bhailigh Mac Mathúna amhrán ó Bhríd Uí Dhanachair i Sráid na nIascáirí. Bhí drogall ar Bhríd an t-amhrán a rá dó go dtí gur gheall sé di go mbeadh a hainm ar eolas ag gach duine in Éirinn as an bpáirt a ghlac sí i gcaomhnú an bhéaloidis sa cheantar sin agus ghéill sí. Ar an lámh eile, moladh do bhailitheoirí béaloidis eile bailiú ó mhná i gceantair áirithe, mar shampla, Proinnsias de Búrca i nDúiche Seoigheach, ach níor

bhac sé lena dhéanamh mar go raibh níos mó spéise aige i seanscéalta a bhailiú ó fhir sa cheantar sin.

Leanadh treoracha William Bascom chun comhthéacs sóisialta bhéaloideas na mban a chíoradh (1954: 334). Rinneadh cur síos ar na gnéithe seo den chomhthéacs sóisialta:⁸³

- na hamanna agus na suíomhanna inar inis nó inar fhoghlaim nó inar scaip mná a gcuid béaloidis féin
- conas a chuir mná an t-ábhar béaloidis a bhí ar eolas acu i láthair
- an leas a bhain mná as an bhfeidhm ídithe

Ba ina dtithe féin den chuid is mó a d'inis agus a d'fhoghlaim mná béaloideas. D'airigh siad béaloideas óna muintir féin nó óna gcomharsana go príomha agus bhí siad sáite sa traidisiún béil ó aois an-óg sa chaoi seo. Scaip mná béaloideas de chineálacha éagsúla ag ócáidí sóisialta inar chuir siad a gcuid oibre i gcrích freisin mar a léirigh Uí Ógáin agus Smith (1998) agus Briody (2013 & 2015). Bíodh sin mar atá, ní raibh mórán eolais ag fir ar na cruinnithe seo mar gur rud neamhghnách é fir a bheith i láthair acu. Is cosúil go raibh tionchar ag an easpa eolais seo ó pheirspictíocht na bhfear ar bhéaloideas na mban i rith na n-ócáidí seo ar an méid cuntais atá ar marthain maidir le seánraí an bhéaloidis a d'inis mná nó a chum mná ag na hócáidí seo. Fíric a tháinig chun cinn go soiléir le linn taighde litríochta an tráchtais seo ná gur aithris agus gur chum mná samplaí de sheánraí a raibh dlúthbhaint ag mná leo agus iad i mbun oibre, mar shampla, amhráin ar nós boberó, caointe, cumhdachaí agus suantraihte. Cuid lárnach de ról na mban i scaipeadh an bhéaloidis ná gur inis siad scéalta nó mhúin siad blúirí seanchais ar nós paidreacha dá gcuid páistí nó do pháistí an cheantair. Bhí na banscéalaithe in ann páistí a shuaimhniú nó a mhealladh isteach i ndomhan na scéalta go héasca ón bhfianaise sa léirbhreithniú litríochta.

⁸³ Pléadh na mná a d'aithris a gcuid béaloidis agus catagóirí an bhéaloidis i mbéaloideas na mban i gCaibidil 2 agus ag 6.2.3 thuas cheana.

6.2.4 Cad a léirítear faoi shaol na mban san ábhar béaloidis a bailíodh uathu agus fúthu i gCnuasach Mhic Mhathúna?

Tá tionchar na gcaidreamh a bhí ag Mac Mathúna le mná an cheantair le feiceáil go soiléir i gCaibidlí 4 agus 5 i measc an ábhair bhéaloidis a bhailigh sé uathu agus eolas fúthu. Bhí an t-údar seo in ann cuntas a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de shaol na mban ag tús na fichiú haoise agus níos luaithe chomh maith le linn óige an bhailitheora. Fear singil ab ea Mac Mathúna, duine géarchúiseach agus éisteoir maith ab ea é ón méid eolais a bhailigh sé faoi mhná an cheantair. Is díol spéise é gur bhailigh fear an méid ábhar seo ar fad faoi mhná go háirithe nuair nach bhfuair sé aon chomhairle ar leith ó lucht an Choimisiúin maidir le bailiú ó mhná. Tugann sé léargas ar ghnéithe éagsúla de shaol pearsanta na mban maidir le caidreamh lena gcuid páistí nó lena bhfir chéile, mar shampla, cé nár phós Mac Mathúna riamh.

Nocht an corpas go raibh ról lárnacha ag mná sa teaghlach agus sa phobal agus bhain cuid mhaith den chur síos ar shaol na mban ann le hobair na mban sa bhaile mar mhná tí agus mar (shean)m(h)áithreacha. Ba iad na mná a bhí freagrach as aire a thabhairt don teach agus do mhuintir an tí ar fad trí bhia a sholáthar dóibh, aire a thabhairt do na páistí nó do dhaoine tinne, éadaí a dhéanamh agus airgead a thuilleamh trí earraí a dhíol (bainne, im, uibheacha, stocaí lámhdéanta). Níor chríochnaigh obair na mban ó éirí na gréine go dtí dorchadas na hoíche de réir chorpas na mban. Léiríodh gur éirigh le mná spraoi a bheith acu agus iad i mbun oibre, áfach. D'ullmhaigh siad féasta dóibh féin ar lá líonadh na bhfeircíní nó d'imir siad cluichí agus iad i mbun obair shníomhacháin. Aithníodh bearnaí san ábhar faoi mhná sa chorpas freisin. Níl eolas ann maidir leis na poist a bhí ag mná lasmuigh den teach cónaithe nó imirce na mban cé gur imigh deirfiúr an bhailitheora ar imirce go dtí an Astráil.

Bhí dearcadh na mban dírithe ar an teaghlach agus ar mhaireachtáil in ainneoin an bhochtanais agus an obair chrua a bhí le déanamh acu lá i ndiaidh lae. Tugtar é seo le fios go soiléir sna cúraimí a raibh mná freagrach astu, go háirithe seanmhná. D'fheidhmigh seanmhná an cheantair mar mhná cabhracha, chabhraigh mná feasa ar

nós Bidy Early le sláinte an teaghlaigh agus na n-eallaí a chosaint ó chumhacht nó ó dhíoltas na síogaí agus ba iad na seanmhná a chaoin os cionn na marbh, mar shampla. Bhí tábhacht ag baint leis na dualgais seo a chomhlíonadh mar go raibh beatha na ndaoine ina lámha.

Mar chontrárthacht ar róil riachtanacha na mban sa bhaile agus sa phobal mórthimpeall orthu, bhí cuid de na róil chosanta seo imithe i léig sa cheantar faoi aimsir na dtríochaidí agus na ndaichidí, níos an chaointe, cuir i gcás. Níor bhac mná óga an cheantair le saineolas a máithreacha a fhoghlaim i dtaobh cúrsaí leighis nó le dea-shampla a máithreacha a leanúint maidir leis an gcineál éadaí a chaith siad, dar le Mac Mathúna. Léiríonn Mac Mathúna nach raibh na deiseanna céanna ag mná sna tríochaidí agus sna daichidí freastal ar ócáidí sóisialta ar nós aonach Inis Díomáin agus ar lá líonadh na bhfeircíní, mar shampla.

Bhí ar mhná fanacht umhal agus síleadh gur cheart dóibh staonadh ó chaidreamh collaí a bheith acu le haon fhear go dtí gur pósadh iad. Bhí dlúthbhaint ag an náire a bhain le coirp na mban le creideamh Caitliceach na ndaoine sa cheantar ar ndóigh. Ní raibh aon slánú i ndán don bhean a d'éirigh torrach roimh phósadh sa cheantar. Coimeádadh i bhfolach í go dtí go raibh a muintir in ann í a chur ar long go Meiriceá agus ní fheicfeadh aon duine sa cheantar arís í. Creideadh gur cheart geanmnaíocht na mban a chosaint ar ais nó ar éigean. Cáineadh mná as gléasadh go mínáireach in éadaí na bhfear amhail péire brístí, as aird a tharraingt ar a n-áilleacht trí smideadh a chaitheamh, as am a chaitheamh le fear ar bith, go háirithe i rith na hoíche agus as bheith ag crochadh thart i rith an lae nó déanach san oíche.

6.2.5 Cad iad na feidhmeanna a bhí le béaloideas na mban agus an béaloideas faoi mhná in Éirinn agus sa cheantar seo in iarthar an Chláir?

Rinneadh staidéar ar fheidhmeanna an bhéaloidis bunaithe ar chur chuige feidhmiúlach Bascom (1965: 333-349) ina leith i gCaibidil 2. Ó thorthaí an léirbhreithniú litríochta, bhí príomhfheidhm amháin a scrúdaíodh sa litríocht go dáta i dtaobh bhéaloidis na mban sa tír seo agus in Albain: an fheidhm ídithe. Leagadh béim sa litríocht ar an gcaoi a ndearna mná gearán os comhair an phobail ina gcuid béaloidis go príomha, mar shampla, i saothar Bourke ar thraidisiún an chaointe in Éirinn. Léirigh mná iontu go raibh cúiseanna gearáin acu ina gcaidreamh le fir ach go háirithe (Bourke,

1993: 173). Cíoradh amhráin a tugadh seánraí sainsiúla na mban orthu ar nós caointe agus suantraihte sa litríocht mar aon le seanscéalta, scéalta cráifeacha agus scéalta grinn.

Ós rud é go raibh an litríocht teoranta ó thaobh na feidhmeanna éagsúla a aithint, a mheas agus a scrúdú, leathnaíodh scóip an tráchtais seo chun an béaloideas faoi mhná a chur san áireamh in éineacht le béaloideas na mban agus cíoradh feidhmeanna an bhéaloidis sa chorpas ina iomláine. Tugadh le fios go raibh trí phríomhfheidhm ag ábhar chorpas na mban do mhná: an fheidhm smachta, an fheidhm theagaisc agus an fheidhm ídithe. Bhí gné phráinneach ag baint leis an bhfeidhm smachta sa chorpas i gCnuasach Mhic Mhathúna: baineadh úsaid as chun geanmnaíocht na mban óg a chosaint go príomha.

Maidir leis an bhfeidhm theagaisc, míníodh do mhná an cheantair conas iad féin a iompar mar ba chóir trí dhea-eiseamláirí a chur in iúl sa bhéaloidis. Chomhthacaigh na scéalta agus na hamhráin a léirigh an fheidhm teagaisc leis na noirm shóisialta agus cruthaíodh pictiúr den bhanúlacht idéalach, sin le rá, bean chineálta dhíograiseach fhoighneach mhúinte umhal. Ba idéal dofhaighte é sin do mhná an cheantair i bhfianaise an ábhair bhéaloidis. Níorbh fhéidir le haon bhean bheith chomh foirfe leis sin i gcónaí agus is léir go ndearna cuid de na bancharachtair sna scéalta botúin nó pheacaigh siad. An moladh ba mhó san ábhar béaloidis seo ná cé nárbh fhéidir le mná bheith foirfe, ba cheart dóibh gach iarracht a dhéanamh fanacht chomh dea-mhúinte agus ab fhéidir leo.

Mar a luadh cheana, phléigh scoláirí ar nós Bourke an fheidhm ídithe i gcomhthéacs bhéaloidis na mban agus díríodh aird sna staidéir sin ar ghearáin a dhéanamh nó mothúcháin láidre amhail brón nó fearg a chur in iúl. Bhí a leithéid d'ábhar i gceist leis an ábhar béaloidis sa chorpas freisin, go háirithe sna hamhráin a bailíodh ó mhná nó ina léiríodh peirspictíocht na mban iontu.

Scrúdaíodh gné eile den fheidhm ídithe atá luaite ag Bascom chomh maith: miansásamh. Cé nár tugadh téarma ar leith dó sa litríocht, thagair Hillers agus Nic Lochlainn don chaoi ar bhain mná úsáid as a gcuid béaloidis chun éalú ó chruatan nó obair mhaslach an ghnáthshaoil sna suantraihte. Scaoileadh mothúcháin nó tuairimí

mar chuid den miansásamh ach ní bheadh aon toradh ag an mbrionglóideacht seo ar shaol na mban ach amháin faoiseamh a thabhairt dóibh ar feadh tamaill.

Dar le Bourke, feidhm threascrach is ea an fheidhm ídithe inar féidir le mná dúshlán a thabhairt don *status quo* agus do cheannas na bhfear ach léiríodh sa tráchtas seo nach bhfuil sé sin iomlán ceart. Áitíodh i gCaibidil 5 go raibh gné threascrach agus gné choimeádach ag baint le gach feidhm bhéaloidis ar bhain mná agus pobal an cheantair úsáid as nuair a scrúdaíodh na hamhráin agus na scéalta de réir shaothar Nenola faoi bhéaloideas na comhthuisceana agus bhéaloideas na hiomarbhá. Níor fhéach muintir an cheantair ar an saol dubh agus bán. Tuigeadh nár lean gach bean agus cailín an chomhairle stuama a tugadh di nó na rialacha (ó fhianaise an ábhair bhéaloidis) a bhain leis an bhfeidhm smachta. Cáineadh mná amhail an bhean a chaill a cuid airgid ar fad ag imirt cluiche na méaracán sa bhaile mór nuair ba chóir di bia a cheannach dá cuid páistí. Bhí deis ag mná slánú a fháil má rinne siad botúin nó má pheacaigh siad, mar shampla, sa scéal faoin gcailín nár íoc as a cuid fiacha sa siopa áitiúil roimh a bhás. Bhí mná ag scaoileadh tuairimí neamhghnácha nó an fhírinne faoin gcineál saoil a bhí ag mná áirithe ag an am ag baint úsáide as an bhfeidhm ídithe. Glacadh leis an bhfeidhm seo sa tsochaí agus ceadaíodh é. Ba chaoi é chun cabhrú le daoine a gcuid frustrachais nó feirge a scaoileadh ionas go mbeadh siad in ann leanúint ar aghaidh lena saol agus cloí leis na noirm shóisialta fós agus as sin amach. Comhthacaíonn an t-ábhar béaloidis sa chorpas leis an *status quo* ach tugtar dúshlán dó ann freisin, mar shampla, sa scéal faoin mbaintreach a chuaigh chuig teach a hathar chun cosaint a fháil ó thaibhse a fir chéile a thug fogha fúithi i ndorchadas na hoíche, dar léi, rud a thacaíonn le crógacht agus ceannas na bhfear a chur in iúl trí charachtar an athar chróga. Ní raibh ann ach bó a d'éalaigh ón gcistin. Ar an lámh eile, áfach, tugann an teachtaireacht chódaithe sa scéal le fios gur chreid athair na mná í agus is léir ón méid seo go raibh foréigean baile mar chuid de chaidreamh na mná lena fear céile nuair a bhí sé beo.

Níor tugadh cuntas aontaithe glansoiléir ar an mbanúlacht sa chorpas. Níor bhain sé le hiompar peacúil nó le hiompar suáilceach amháin. Bhí meascán den dá rud le feiceáil san ábhar béaloidis. Moladh clisteacht agus deisbhéalaíocht na mban arís agus arís eile, mar shampla, an bhean óg a mhol dá fear glacadh lena freagracht agus í a phósadh agus socrú síos. Glacadh trua do mhná áirithe a bhí i gcruachás. Cé gur chuala an sagart paróiste cailín óg ag canadh amhráin ghraosta, ghlac an séiplíneach trua di agus mhúin

sé liricí nua di ionas nach mbeadh uirthi náire a tharraingt uirthi féin. Cáineadh mná as na rialacha intuigthe sa cheantar a bhriseadh os comhair an phobail, i gcás na mná giobaí a rinneadh faillí ar a cúraimí sa bhaile, cuir i gcás. Léiríodh meon dearfach agus meon diúltach na ndaoine i leith na mban sa cheantar seo sa chorpas. Meabhraíonn sé daonnacht na mban agus na ndaoine ar fad ann. Bíonn solas agus scáth ag baint le gach duine daonna a mhaireann ar dhromchla an domhain.

6.3 Tábhacht an Taighde

6.3.1 An Taighde a chur chun Cinn

Baineadh úsáid as modhanna taighde traidisiúnta agus digiteacha chun dhá áis nua a chruthú:

- corpas na mban ón gceantar
- leagan innéacsaithe agus tras-scríofa den Chnuasach iomlán

Cuireann na modhanna taighde le húsáideacht agus éifeachtúlacht an chorpais chun an taighde a chraobhscaoileadh do phobal níos leithne de scoláirí, thaighdeoirí agus an pobal áitiúil i gceantar an Luaigh Thuaidh agus an pobal i gcoitinne in Éirinn nó thar lear. Rinneadh cur síos i gCaibidil 3 thuas maidir le corpas na mban a thiomsú, a rangú, a chur in eagar agus a anailísiú chun fianaise i leith shaol na mban agus meon na ndaoine i leith na mban a fháil. D'fhéadfaí an treoir thaighde seo a leanúint agus a úsáid do thionscadail taighde eile i réimse an bhéaloidis amach anseo trí scóip an taighde a leathnú. Cabhróidh an modh eagarthóireachta a leagadh amach i gCaibidil 3 thuas leis an údar seo ábhar as Cnuasach Mhic Mhathúna a chur in eagar le foilsiú i bhfoirm leabhair nó ar mhaithe le craobhscaoileadh an taighde seo ag comhdhálacha. Féadfar leabhar dátheangach den ábhar béaloidis sa Chnuasach a chur ar fáil ag baint úsáide as na tras-scríbhinní agus as an modh eagarthóireachta freisin.

6.3.2 Léas ar Fhíorluach Chnuasach Mhic Mhathúna

Tugtar pictiúr níos iomláine den traidisiún béil sa cheantar thart faoin Luach Thuaidh sa tráchtas seo. Tá mionchatalóg de Chnuasach Mhic Mhathúna ar fáil anois den chéad uair, mar aon le hainmneacha na bhfaisnéiseoirí (Aguisín A). Mar a luadh sa réamhrá, cé go raibh cáil ar scéalaithe ar nós Stiofáin Uí Ealaoire agus Sheáin Charúin sa cheantar, sa tráchtas seo:

- tugtar aitheantas do scéalaithe eile sa cheantar, idir fhir agus mhná, a roinn a stór béaloidis le Seán Mac Mathúna,
- léirítear an fiúntas a bhaineann le staidéar mná-lárnach a dhéanamh ar Chnuasach Mhic Mhathúna chun léargas níos iomláine a thabhairt ar rannpháirtíocht na mban i mbailiú an bhéaloidis i gceantar an Luaigh Thuaidh,
- léirítear éagsúlacht an ábhar béaloidis sa cheantar den chéad uair seachas an scéalaíocht amháin,
- tugtar chun solais iarrachtaí Mhic Mhathúna agus é ag saothrú i ngort an bhéaloidis chun oidhreacht chultúrtha an cheantair a bhailiú agus a chaomhnú, mar aon leis an teagmháil a bhí aige le Ó Duilearga, ó tharla ainm Mhic Mhathúna bheith ligthe i ndearmad sa cheantar anois,
- spreagfaidh an taighde seo taighdeoirí eile chun dul i ngleic leis an ábhar bhéaloidis i gCnuasach Mhic Mhathúna chun eolas níos cuimsithí a fháil ar an traidisiún béil sa cheantar seo.

6.3.3 Tuiscint as an nua ar Bhéaloideas na mBan agus ar Bhéaloideas faoi Mhná in Éirinn

Cuireadh tús leis an taighde seo chun na bearnaí i dtaobh bhéaloideas agus ionadaíocht na mban i gcaomhnú an bhéaloidis sa cheantar a líonadh. Léiríonn taighde an tráchtas seo an luach a bhaineann le staidéir mná-lárnacha chun:

- bearnaí i gcnusaigh bhéaloidis i leith bhéaloideas na mban nó béaloideas faoi mhná a aithint,
- dearcadh na mbailitheoirí béaloidis i leith na mbanfhaisnéiseoirí a mheas agus
- cur leis an tuiscint as an nua a léiríodh sa tráchtas seo faoi fheidhmeanna an bhéaloidis do mhná.

6.4 Sriannta leis an Taighde agus Moltaí le haghaidh Tuilleadh Taighde

Cé nár chuir an t-údar seo agallamh ach ar líon beag faisnéiseoirí, bailíodh eolas luachmhar ó na faisnéiseoirí i leith shaol an bhailitheora. Bhí na daoine seo in ann roinnt de na banfhaisnéiseoirí anaithnid i gCnuasach Mhic Mhathúna a aithint freisin. Ní raibh siad in ann cuntas beacht a thabhairt ar shaol na mban sna tríochaidí agus sna daichidí toisc go raibh siad ina bpáistí óga ag an am sin. Níor léir gur cheistigh siad a máithreacha i dtaobh an chineál saoil a bhí ag mná ach an oiread. Níor labhraíodh faoi na cúrsaí seo sa tréimhse sin. Léiríonn sé seo an tábhacht a bhaineann le cnuasaigh bhéaloidis ar nós Chnuasach Mhic Mhathúna chun léargas a fháil ar shaol na mban thart faoi lár na fichiú haoise, áfach, trí mhionscrúdú a dhéanamh ar léiriú na mban san ábhar béaloidis iontu. Léirítear peirspictíocht chéim i leith na mban sa cheantar sa Chnuasach seo, áfach, mar gur bhailigh bailitheoir amháin an t-ábhar béaloidis seo i gceantar amháin le linn tréimhse amháin. Níl cuntas ag Mac Mathúna ó pheirspictíocht na mban i dtaobh róil na mban i ndeasghnátha breithe agus báis, mar shampla. Ní dhearna sé mórán fiosrúcháin le mná i leith an chaoi ar scaip siad an traidisiún béil nó faoi oícheanta áirneáin na mban, má tharla a leithéid, sa cheantar. Ní mór tuilleadh taighde a dhéanamh ar léiriú na mban i gcnuasaigh béaloidis a bailíodh i gceantair agus i dtréimhsí eile chun cur leis an tuiscint nua a fhaightear air sa tráchtas seo.

6.5 Conclúid

Léirítear sa tráchtas seo róil agus léiriú na mban i gCnuasach Mhic Mhathúna. Deimhníodh rannpháirtíocht na mban i dtraidisiún béil an cheantair agus tugadh léargas ar an gcineál saoil a bhí ag mná sna tríochaidí agus sna daichidí, ar choincheap na banúlachta agus ar mheon na ndaoine i leith na mban.

Pléadh an difríocht idir bhéaloideas a bailíodh ó mhná agus béaloideas a bailíodh faoi mhná. Léiríodh go raibh banfhaisnéiseoirí Mhic Mhathúna an-eolach ar bhéaloideas an cheantair agus go raibh siad sásta a gcuid saineolais a roinnt leis. Tugadh aitheantas do na mná seo as an méid a chuir siad le Cnuasach Mhic Mhathúna den chéad uair agus cruthaíodh corpas na mban ón gCnuasach bunaithe ar bhéaloideas na mban agus an béaloideas faoi mhná a thiomsaigh Mac Mathúna. Scrúdaíodh saol na mban sa cheantar ó chliabhán go cróchar agus tugadh léargas ar an mbanúlacht idéalach agus

chlaonaíoch sa cheantar ionas go dtuigfí meon na ndaoine i leith na mban. Tuigtear conas a chomhthacaigh an t-ábhar béaloidis sa chorpas leis an *status quo* agus an chaoi ar sháraigh sé é trí chlisteacht agus chumhacht na mban a chur in iúl ar bhealach sábháilte. Tagtar ar mhalairt tuairime faoin mbarúil sheanbhunaithe go ndearnadh neamhshuim de bhéaloideas na mban in Éirinn. I gcás Chnuasach Mhic Mhathúna go háirithe, tá léargas cuimsitheach le fáil ar shaol, rannpháirtíocht agus stór béaloidis na mban sa mhionscrúdú a rinneadh ar an mbéaloideas a bailíodh ó fhaisnéiseoirí sna tríochaidí agus sna daichidí, idir fhir agus mhná.

Ag tús an tionscadail seo, bhí ceist ag an údar seo: cá raibh na mná? Ba é seo ré órga an Choimisiúin ar iliomad bealaí ach ní dhearnadh ach trí thagairt do thriúr ban sa litríocht faoin mbéaloideas i gceantar an Luaigh Thuaidh: Bríd Leathín, Cáit Ní Dhanachair agus máthair Sheáin Charúin. Léiríodh sa tráchtas seo go raibh ról ag mná eile i gcaomhnú an bhéaloidis sa cheantar agus tugadh léargas ar shaol agus ar thaithí na mban. Ba léir ón taighde gur fhulaing mná mar gur éirigh leo labhairt amach faoin éagóir ar mhná ag an am, mar shampla, i dtaobh an fhoréigin baile, ina gcuid béaloidis. Chonacthas taobh eile den scéal sna portráidí ban a léirigh nach raibh mná céasta ag an bpatarcacht ar gach aon slí freisin. Aithníodh i mbéaloideas an cheantair go raibh pearsantacht dhifriúil ag mná, go raibh clisteacht agus cumhacht ag baint leo agus go raibh dóchas acu go n-éireadh rudaí níos fearr dá seasaidís an fód.

Níl anseo ach céim eile ar an mbóthar chun a gceart a thabhairt do mhná. Tá ceisteanna nua le cur ag taighdeoirí: cérbh iad na mná agus cad a bhí le rá acu agus ag fir i leith shaol na mban? Ní mór leanúint ar aghaidh leis an obair seo chun an t-eolas faoi mhná a aithint agus a shaibhriú.

Ba cheart an focal deireanach a thabhairt do Sheán Mac Mathúna, an fear oibre a thóg peann in áit a rámhainn agus a chaomhnaigh ábhar béaloidis óna cheantar dúchais féin ina gcloistear glórtha agus scéalta na mban, seoda a bhí i bhfolach ón saol ar sheilfeanna Chnuasach Bhéaloideas Éireann go dtí anois.

Ní raibh aoinne eile ar an gceantar seo - ceantar do bhí Gaelach ar fad ins an líne a bhí anseo romhainn - chun cois ná lámh do chorraí chun an obair seo do dhéanamh ach mise féin. Ní dheir mé go bhfuil mór is fiú ag baint le mo sholáthar ins an leabhar seo. Ach deir mé gur dhein mé mo dhícheall, agus nár spáráil mé trioblóid ar congnadh do thabhairt des na fearaibh agus na mná dúthrachtach, tírghrách, na daoine is dílse inár

dtírín inniu chun an chuid is fearr agus is uaisle don sean Éirinn do thabhairt ar n-ais chun do bheith mar mhaise ar Éire nua i laethanta an dóchais agus an glóire atá amach roimpi (CBÉ 40: 136).

'tá mé ag ceapadh gur dhein mé lámh conganta a thabhairt do chúis teanga agus litríocht mo thírín dúchais... Ní beag sin mar luach saothair, agus tugaim baodhachas le Dia go bhfuair mé na leabhartha seo do chuir le chéile agus gur chuir mé ar sábháilt beagán don oidhreacht a tháinig chugainn ó saol atá curtha ins an lá do bhí. Anois slán agus beannacht libh, a léitheoirí gnaoi agus sé m'achainí anois curtha go dtí aoinne ar an ball gur fiú leis féachaint trí's na scéalta seo, ar an ball, nuair a bheadsa imithe agus gan tuairisc orm, ós í a bhfuil mé ag iarraidh, guígí le anam Seán Mac Mathúna' (CBÉ 40: 133).

Foinsí agus Tagairtí

Príomhfhoinsí Cartlainne

- Arensberg, C. (1933(1-4)) Dialanna. Páipéir Chonrad M. Arensberg. Bosca 30. Cartlann Náisiúnta Antraipeolaíoch, Institiúid Smithsonian.
- Cnuasach Bheáloideas Éireann. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Cnuasach Sheáin Mhic Mhathúna. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- de Búrca, P. (1936) Litir chuig ceannoifig an Choimisiúin, 23 Márta.
- Interim-Chlár na Lámhscríbhinní. Cnuasach Bhéaloideas Éireann. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Mac Mathúna, S. (1933) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 6 Samhain.
- Mac Mathúna, S. (1935a) Litir chuig Máire Mac Néill, 13 Deireadh Fómhair.
- Mac Mathúna, S. (1935b) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 18 Márta.
- Mac Mathúna, S. (1935c) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 3 Aibreán.
- Mac Mathúna, S. (1935d) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 4 Meán Fómhair.
- Mac Mathúna, S. (1936) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 22 Aibreán.
- Mac Mathúna, S. (1937) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 7 Iúil.
- Mac Mathúna, S. (1938a) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 19 Aibreán.
- Mac Mathúna, S. (1938b) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 5 Meán Fómhair.
- Mac Mathúna, S. (1938c) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 6 Eanáir.
- Mac Mathúna, S. (1939a) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 21 Lúnasa.
- Mac Mathúna, S. (1939b) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 9 Meitheamh.
- Mac Mathúna, S. (1941) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 9 Nollaig.
- Mac Mathúna, S. (1942) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 16 Feabhra.
- Mac Mathúna, S. (1943) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 3 Samhain.
- Mac Mathúna, S. (1946a) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 16 Iúil.
- Mac Mathúna, S. (1946b) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 24 Meitheamh.
- Mac Mathúna, S. (1946c) Litir chuig Seán Ó Súilleabháin, 3 Eanáir.
- Mac Mathúna, S. (1947) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 8 Lúnasa.
- Mac Mathúna, S. (1948a) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 1 Eanáir.
- Mac Mathúna, S. (1948b) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 14 Eanáir.
- Mac Mathúna, S. (1948c) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 14 Nollaig.
- Mac Mathúna, S. (1948d) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, Nollaig.
- Mac Néill, M. (1937) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 12 Iúil.
- Ó Duilearga, S. (1935a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 18 Márta.
- Ó Duilearga, S. (1935b) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 28 Bealtaine.
- Ó Duilearga, S. (1935c) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 6 Aibreán.
- Ó Duilearga, S. (1935d) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 1 Meitheamh.
- Ó Duilearga, S. (1936a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 11 Iúil.
- Ó Duilearga, S. (1936b) Litir chuig Proinnsias de Búrca, 25 Márta.
- Ó Duilearga, S. (1942a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 14 Eanáir.
- Ó Súilleabháin, S. (1935a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 15 Deireadh Fómhair.
- Ó Súilleabháin, S. (1935b) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 7 Meán Fómhair.
- Ó Súilleabháin, S. (1936a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 12 Meitheamh.
- Ó Súilleabháin, S. (1936b) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 27 Aibreán.
- Ó Súilleabháin, S. (1936c) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 3 Feabhra.
- Ó Súilleabháin, S. (1937a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 15 Meitheamh.

- Ó Súilleabháin, S. (1937b) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 27 Aibreán.
 Ó Súilleabháin, S. (1937c) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 3 Meitheamh.
 Ó Súilleabháin, S. (1938a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 11 Eanáir.
 Ó Súilleabháin, S. (1938b) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 25 Aibreán.
 Ó Súilleabháin, S. (1939) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 13 Bealtaine.
 Ó Súilleabháin, S. (1942a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 3 Márta.
 Ó Súilleabháin, S. (1943) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 27 Feabhra.
 Ó Súilleabháin, S. (1945a) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 1 Márta.
 Ó Súilleabháin, S. (1945b) Litir chuig Seán Mac Mathúna, 17 Nollaig.
 O'Leary, D. (1949) Litir chuig Séamus Ó Duilearga, 18 Nollaig.

Agallaimh agus Cumarsáid phearsanta

- Barrett, P. (2019) Ríomhphost chuig Michelle Dunne, 10 Meitheamh.
 Barrett, T. (2018) Comhrá le Michelle Dunne, 7 Meán Fómhair.
 Carey, M. (2019) Agallamh curtha ag Michelle Dunne, 23 Iúil.
 Crowe, K. (2019) Ríomhphost chuig Michelle Dunne, 29 Aibreán.
 Garrahy, C. (2019) Agallamh curtha ag Michelle Dunne, 23 Iúil.
 Guerin, M. (2019a) Agallamh curtha ag Michelle Dunne, 10 Aibreán.
 Guerin, P. (2019b) Agallamh curtha ag Michelle Dunne, 10 Aibreán.
 Madigan, F. (2019) Comhrá le Michelle Dunne, 8 Aibreán.
 McMahan, G. (2019) Agallamh curtha ag Michelle Dunne, 10 Aibreán.
 Ní Chonghaile, D. (2021) Ríomhphost chuig Michelle Dunne, 13 Eanáir.

Foinsí tánaisteacha

- '1842 Ordnance Survey 6-Inch Maps of County Clare'. Ar fáil ag: http://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/maps/index_OS.htm (Oscailte: 24 Meán Fómhair 2018).
- A View from Ballyherragh* (1982) RTÉ Radio 1, Ireland - Documentary on One, 7 Márta. Ar fáil ag: <https://www.rte.ie/radio/doconone/646748-radio-documentary-a-view-from-ballyherragh> (Oscailte: 20 Deireadh Fómhair 2020).
- Al-Khalaf, H. A. (2019) 'Feminist Voices in Saudi Folk Tales: analysis of three folk tales retold by Abdulkareem al-Juhayman', *Middle Eastern Studies*, 55(3), 374-385.
- Almqvist, B. & Ó Cathasaigh, R. (2002) *Ó Bhéal an Bhab: cnuas-scéalta Bhab Feiritéar*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Almqvist, B. & Ó Cathasaigh, R. (2010) *Coiglimis an Tine: cnuasach seanchais agus scéalta Bhab Feiritéar*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Almqvist, B. & Ó Héalaí, P. (2009) *Labharfad le Cách/ I will speak to you all: Peig Sayers*. BÁC: New Island.
- Almqvist, B. & Ó Héalaí, P. (2020) *Níl Deireadh Ráite/Not the final Word*. BÁC: New Island.
- Almqvist, B. (1977) 'The Irish Folklore Commission: achievement and legacy', *Béaloideas*, 45/47, 6-26.
- Almqvist, B. (2004) 'The Scholar and the Storyteller: Heinrich Wagner's collections from Peig Sayers', *Béaloideas*, 72, 31-59.

- Alvermann, D. (2019) 'Word Error Rate & Character Error Rate – how to evaluate a model', *Rechtsprechung im Ostseeraum: Digitization & Handwritten Text Recognition*, 28 Deireamh Fómhair. Ar fáil ag: <https://rechtsprechung-im-ostseeraum.archiv.uni-greifswald.de/2019/10/> (Oscailte: 9 Meán Fómhair 2020).
- Arensberg, C. M. & Kimball S. T. (1968) *Family and Community in Ireland*. 2ú eagrán. Cambridge, Massachusetts: Harvard University Press.
- Arensberg, C. M. (1933a) Conrad Arensberg: notebook 1 transcription. Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe. Ar fáil ag: https://digital.library.nuigalway.ie/islandora/object/nuigalway%3A34929?solr_nav%5Bid%5D=dc24cad1c383aceb0dc1&solr_nav%5Bpage%5D=0&solr_nav%5Boffset%5D=7#page/1/mode/2up (Oscailte: 07 Iúil 2021).
- Arensberg, C. M. (1933b) Conrad Arensberg: notebook 2 transcription. Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe. Ar fáil ag: https://digital.library.nuigalway.ie/islandora/object/nuigalway%3A35051?solr_nav%5Bid%5D=dc24cad1c383aceb0dc1&solr_nav%5Bpage%5D=0&solr_nav%5Boffset%5D=5#page/1/mode/2up (Oscailte: 07 Iúil 2021).
- Arensberg, C. M. (1933c) Conrad Arensberg: notebook 3 transcription. Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe. Ar fáil ag: https://digital.library.nuigalway.ie/islandora/object/nuigalway%3A35263?solr_nav%5Bid%5D=dc24cad1c383aceb0dc1&solr_nav%5Bpage%5D=0&solr_nav%5Boffset%5D=3#page/1/mode/2up (Oscailte: 07 Iúil 2021).
- Arensberg, C. M. (1933d) Conrad Arensberg: notebook 4 transcription. Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe. Ar fáil ag: https://digital.library.nuigalway.ie/islandora/object/nuigalway%3A35448?solr_nav%5Bid%5D=dc24cad1c383aceb0dc1&solr_nav%5Bpage%5D=0&solr_nav%5Boffset%5D=2#page/1/mode/2up (Oscailte: 07 Iúil 2021).
- Arensberg, C. M. (1968) *The Irish Countryman: an anthropological study*. 2ú eagrán. Nua Eabhrac: Natural History Press.
- Barrett, P. (2022) *Sean McMathuna[sic] and Related Families: background and family tree information*. Neamhfhoilsithe.
- Barrett, P. F. (2012) *The Barretts of Doolin and Related Families: family tree information for Ireland and the diaspora*. Neamhfhoilsithe.
- Bascom, W. R. (1954) 'Four Functions of Folklore', *The Journal of American Folklore*, 67(266), 333-349.
- Berger, A. A. (2016) *Media and Communication Research Methods: an introduction to qualitative and quantitative approaches*. Thousand Oaks, California: Sage Publications.
- Bloomaert, J. & Jie, D. (2010) *Ethnographic Fieldwork: a beginner's guide*. Bristol: Multilingual Matters.
- Bourke, A. & Lysaght, P. (2002d) 'Spirituality and Religion in oral Tradition', in Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M., Meaney, G, Ní Dhonnchadha, M., O'Dowd, M. & Wills, C. (eagí) *The Field Day Anthology of Irish Writing*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1399-1420.
- Bourke, A. & Lysaght, P. (2002e) 'Legends of the Supernatural' in Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M., Meaney, G, Ní Dhonnchadha, M., O'Dowd, M. & Wills, C. (eagí) *The Field Day Anthology of Irish Writing*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1284-1311.
- Bourke, A. & Lysaght, P. (2002f) 'Life Stories' in Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M., Meaney, G, Ní Dhonnchadha, M., O'Dowd, M. & Wills, C. (eagí) *The Field Day Anthology of Irish Writing*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1198-1213.

- Bourke, A. (1988a) 'The Irish Traditional Lament and the Grieving Process', *Women's Studies International Forum*, 11(4), 287-291.
- Bourke, A. (1988b) 'Working and Weeping: women's oral poetry in Irish and Scottish Gaelic', *UCD Women's Studies Forum*, 11, 2-17.
- Bourke, A. (1993) 'More in Anger than in Sorrow: Irish women's lament poetry' in Radner, J. N. (eag.) *Feminist Messages: Codings in Women's Folk Culture*. Urbana, University of Illinois Press, 160-182.
- Bourke, A. (1995) 'Reading a Woman's Death: colonial text and oral tradition in nineteenth-century Ireland', *Feminist Studies*, 21(3), 553-586.
- Bourke, A. (1998) 'Na Mná Trí Shúile Thomáis' in Ní Chéilleachair, M. (eag.) *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain: 1855-1937*. An Daingean: An Sagart, 101-122.
- Bourke, A. (1999) *The Burning of Bridget Cleary*. Londain: Pimlico.
- Bourke, A. (2002a) 'Oral Traditions' in Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M, Meaney, G, Ní Dhonnchadha, M., O'Dowd, M. & Wills, C. (eagí) *The Field Day Anthology of Irish Writing*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1191-1197.
- Bourke, A. (2002b) 'Lamenting the Dead' in Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M, Meaney, G, Ní Dhonnchadha, M., O'Dowd, M. & Wills, C. (eagí) *The Field Day Anthology of Irish Writing*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1365-1398.
- Bourke, A. (2002c) 'Work and Play' in Bourke, A., Kilfeather, S., Luddy, M., Mac Curtain, M, Meaney, G, Ní Dhonnchadha, M., O'Dowd, M. & Wills, C. (eagí) *The Field Day Anthology of Irish Writing*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1421-1432.
- Bourke, J. (1987) 'Women and Poultry in Ireland, 1891-1914', *Irish Historical Studies*, 25(99), 293-310.
- Breathnach, C. (2016) 'Handywomen and Birthing in Rural Ireland, 1851-1955', *Gender & History*, 28 (1), 34-56.
- Breen, R. (1984) 'Dowry Payments and the Irish Case', *Comparative Studies in Society and History*, 26(2), 280-296.
- 'Bridget Danaher' (1910) Tuairisceán daonáirimh do Worcester Ward 5, Worcester, Massachusetts, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ar fáil ag: <https://www.familysearch.org/ark:/61903/3:1:33SQ-GRVP-99QP?i=15&cc=1727033&personaUrl=%2Fark%3A%2F61903%2F1%3A1%3AM22T-522> (Oscailte: 11 Iúil 2022).
- Briody, M. (2008) *The Irish Folklore Commission 1935-1970: history, ideology, methodology*. Heilsincí: Finnish Literary Society.
- Briody, M. (2013) 'The Gaelic Story-Teller and Séamus Ó Duilearga's Views on the Role and Antiquity of Airneán', *Béascna*, 8, 1-33.
- Briody, M. (2015) 'The Socialisation of Storytellers and the Role of Women in the Irish Storytelling Tradition', *Béascna*, 9, 62-97.
- Byrne, A. & O'Mahony, D. (2013) 'Revisiting and reframing the anthropological Archive', *Irish Journal of Anthropology*, 16(1), 8-15.
- Byrne, A. & O'Sullivan, E. (2019) 'Arensberg, Kimball and de Valera: a story of sex and censorship', *Irish Journal of Sociology*, 0(0), 1-24.
- Byrne, A. (2017) 'Correspondences in anthropological Research: Arensberg, Kimball, and the Harvard-Irish survey, 1930-1936', in Ó Giolláin, D. (eag.) *Irish Ethnologies*, Notre Dame: University of Notre Dame, 36-59.
- Byrne, A; Edmondson, R. & Varley, T. (2001) 'Arensberg and Kimball and anthropological Research in Ireland: introduction to the third edition', in Arensberg, C. & Kimball, S., *Family and Community in Ireland*, Inis: Clasp Press, 1-101.

- Carroll, J. (Gan dáta) *Aililiú na Gamhna*. Ar fáil ag: https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/songs/cmc/aililiu_na_gamhna_tflanagan.htm (Oscailte: 21 Meán Fómhair 2021).
- Chadbourne, K. (2003) 'A Woman Fiannaí or a Crowing Hen: women's storytelling in Ireland.' Léacht neamhfhoilsithe tugtha ag Áras na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. 8 Bealtaine.
- Clarke, F. (2009) 'Early, Biddy', in *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag: <https://www.dib.ie/index.php/biography/early-biddy-a2870> (Oscailte: 28 Lúnasa 2022).
- Coates, J. (1993) *Women, Men, and Language: a sociolinguistic account of gender differences in language*. Harlow, Londain: Longman.
- Cushman Chamberlain, I. (1899) 'Contributions toward a Bibliography of Folk-Lore relating to Women', *The Journal of American Folklore*, 12 (44), 32-37.
- De Bhaldraithe, T. (1959) *English-Irish Dictionary*. BÁC: An Gúm. Ar fáil ag: <https://www.teanglann.ie/ga/eid/> (Oscailte: 12 Meán Fómhair 2018).
- De Mórdha, D. (2015) 'Seanchaithe Dhún Chaoin', *Ceiliúradh an Bhlascaoid*, 18, 109-173.
- Delargy, J. H. (1945) 'The Gaelic Storyteller: with some notes on Gaelic folk-tales [Sir John Rhys Memorial Lecture]'. *Proceedings of the British Academy*, 31, 177-221.
- 'Dennis McMahon' (1871) *Cóip dheimhnithe de theastas breithe do Dennis McMahon, 26 Bealtaine 1871*. Oifig An Ard-Chláraitheora. Ar fáil ag: https://civilrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/images/birth_returns/births_1871/03292/2217496.pdf (Oscailte: 9 Iúil 2021).
- Dinneen, P.S. (1979) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. BÁC: Irish Texts Society.
- Farrer, C. R. (1975) 'Introduction: women and folklore: images and genres', *The Journal of American Folklore*, 88 (347), v-xv.
- Flower, R. (1944) 'Gobnait' in Flower, R. *The Western Island*. Oxford, Oxford University Press, 60-71.
- Foireann gaois.ie (gan dáta) *An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge* <https://www.tearma.ie/> (Oscailte: 21 Meán Fómhair 2018).
- Foireann gaois.ie (gan dáta) *Bunachar Logainmneacha na hÉireann*. Ar fáil ag: <https://www.logainm.ie/ga/> (Oscailte: 22 Deireadh Fómhair 2018).
- Foireann gaois.ie (gan dáta) *Bunachar Sloinnte Gaeilge* <https://www.gaois.ie/ga/surnames/> (Oscailte: 12 Márta 2022).
- Folsom, C. (2015) *The Irish Folklore Commission Questionnaire System, 1936- 1945*. Tráchtas PhD. Gaillimh: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Freedman, J. R. (1991) 'With Child: illegitimate pregnancy in Scottish traditional ballads', *Folklore Forum*, 24:1, 3-18.
- French, B. M. (2018) *Narratives of Conflict, Belonging, and the State: discourse and social life in post-war Ireland*. Nua-Eabhrac: Routledge.
- Frost, J. (1906) *County of Clare: Irish local names explained*. Luimneach: George McKern & Sons Ltd. Ar fáil ag: http://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/history/frost/appendix7_clare_local_names.htm (Oscailte: 24 Meán Fómhair 2018).
- Gan údar. (1930a) 'An Bhean Rua', *Béaloideas*, 2(4), 380.
- Gan údar. (1930b) 'Mar a bhaist an File an Hata', *Béaloideas*, 2(4), 393.
- Gan údar. (1931) 'Artha i n-aghaidh Tinneas Fiacaill', *Béaloideas*, 3(2), 120.
- Gan údar. (1932) 'Eirí Cuinn fés na Gabhair', *Béaloideas*, 3(3), 362.
- Gan údar. (1939a) 'Obair agus Sgéaluíocht', *Béaloideas*, 9(2), 218.
- Gan údar. (1939b) 'Sean-Phaidir', *Béaloideas*, 9(2), 229.

- Gan údar. (2017) *Gramadach na Gaeilge: an Caighdeán Oifigiúil – an dara chló*. BÁC: Seirbhís Thithe an Oireachtais.
- Gan údar. (2020a) 'Folklore', *Oxford English Dictionary*. Ar fáil ag: <https://www-oed-com.dcu.idm.oclc.org/view/Entry/72546?redirectedFrom=folklore#eid> (Oscailte: 20 Iúil 2020).
- Gan údar. (2020b) 'Folklore', *Collins Dictionary*. Ar fáil ag: <https://www.collinsdictionary.com/dictionary/english/folklore> (Oscailte: 20 Iúil 2020).
- Gan údar. (2020c) 'Folklore', *Longman Dictionary of Contemporary English Online*. Ar fáil ag: <https://www.ldoconline.com/dictionary/folklore> (Oscailte: 20 Iúil 2020).
- Greenhill, P., Locke, L, Vaughan, T. A. (2008) *Encyclopedia of Women's Folklore and Folklife: volume 1 and 2*. Westport, Connecticut: Greenwood Press.
- Griffin, K.M, Griffin, K.A. & Griffin, B.J. (2020) *Doolin: history and memories*. BÁC: Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ag: https://arrow.tudublin.ie/cgi/viewcontent.cgi?article=1077&context=tfschhm_tbook (Oscailte: 28 Feabhra 2021).
- Gunn, M. (1984) '*A Chomharsain Éistigi' agus Amhráin eile as Co. an Chláir*. BÁC: An Clóchomhar Teoranta.
- Harvey, C. B. (1989) 'Some Irish Women Storytellers and Reflections on the Role of Women in the Storytelling Tradition', *Western Folklore*, 48 (2), 109-128.
- Hillers, B. (2006) 'Dialogue or Monologue: lullabies in Scottish Gaelic tradition,' in Byrne, M. et al. (eagí) *Litreachas & Eachdraidh/Literature & History: Rannachadh na Gàidhlig 2 (2002)*. Glaschú: Roinn na Ceiltis Oilthigh Ghlaschu, 33-55.
- Hillers, B. (2007) 'Storytelling and the International Folktale in Scotland' in Beech, J, Hand, O, MacDonald, F, Mulhern, M.A. & Weston, J (eagí) *Scottish Life and Society: a compendium of Scottish ethnology, oral literature and performance culture*. Dún Éideann: John Donald, 28-41.
- Hogan, E. (1910) *Onomasticon Goedelicum*. BÁC: Hodges, Figgis & Co. Ltd. Ar fáil ag: <http://publish.ucc.ie/doi/locus> (Oscailte: 20 Meán Fómhair 2018)
- Holmer, N. M. (1962) *The Dialects of Co. Clare*. 1. BÁC: Acadamh Ríoga na hÉireann.
- Holmer, N. M. (1965) *The Dialects of Co. Clare*. 2. BÁC: Acadamh Ríoga na hÉireann.
- 'Jane Shannon' (1934) *Cóip dheimhnithe de theastas báis do Jane Shannon, 27 Márta 1934*. Oifig An Ard-Chláraitheora. Ar fáil ag: https://civilrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/images/deaths_returns/deaths_1934/04841/4306097.pdf (Oscailte: 9 Iúil 2021).
- Jenkins, R. (1991) 'Witches and Fairies: supernatural aggression and deviance among the Irish peasantry', in Narváez, P. (eag.) *The Good People*. University Press of Kentucky: Garland, 302-335.
- 'Joannes McMahon' (1876) *Baisteadh de Joannes McMahon, 14 Iúil 1876*. Paróiste Chill Mhainichín. Ar fáil ag: <https://registers.nli.ie/registers/vtls000634162#page/69/mode/1up> (Oscailte: 9 Iúil 2021).
Agus maithibh na tíre ag dul faoi leaca.

Sin a bhfuairreas don amhrán sin.

Iml. 38

Lgh 143-144

Cailín ón Sliabh

1

Deamhan a bhfeadar fén saoghal, cén bhean a b'fhearra dhom
Deamhan a bhfheadar fén saoghal cén bhean a ghlacfaidh mé
Dá pósfaínn bean bhreá bheadh grádh ag gach haoinne dhi
Is i gcúrsa an bhean ghránna ní phósfainn in aon chor í
Cailín ón sliabh sin í an bhean a b'fearra dhom
Cailín ón sliabh sin í an bhean a ghlacfaidh mé.

2

Dá pósfaínn bean bhreagh bheadh grádh ag gach haoinne dhi
Agus dá bpósfainn bean bhuidhe bheadh síol gan scéimh aici.

3

Cailín an tí mhóir ní phósfad fad a mhairfid
Bíonn greim rómhór aici agus slogadh rófhada
Nuair a d'ólann sí an t-uachtar bíonn an ruaig ar an gcat aici
Agus deineann sí an diabhal le codladh go headartha.

4

Cailín ón sliabh sin í an bhean a b'fearra dhom
Cailín ón sliabh sin í an bhean a ghlacfaidh mé
Mar bíonn sí ciúin, ciallmhar, go dian maith chun maitheasa
Dhéanfadh sí an cíós d'im agus do bhainne dhom

Agus ní lú léithe an diabhal ná codladh go headartha
Is dóigh liomsa féin gur bí súd a b'fearra dhom
Is dóigh liomsa féin gur bí súd a ghlacfaidh mé.

N.B. Fuair mé na gíotaí sin do sheanamhráin ó bean mhuinteartha atá ina cónaí ins an Cathair.⁸⁹

Iml. 39

Lgh 143a-147

Cailín Deas Crúite na mBó

Tá scéal ag gabháil leis an amhrán breá diaganta seo. Bhí cailín óg lá des na laethanta ag crú bó bhainne le taobh an bhóthair mór. Mar ba gnách le mná agus cailíní óga an uair sin, pé scéal ag an saol atá anois ann, bhí sí ag gabháil amhrán chun an loiligheach a chuir ins an mbeith⁹⁰ ceart chuig an bainne do thabhairt go briosc.⁹¹ Ach is baol liom gur ró-annamh a chloistear anois amhrán ná fonn timpeall aon obair tuaithe. Tá iomarca ar fad don saol linn, tá gruaim agus buairt gleann na ndeoir dul ins an gcroí againn. Tá croí aerach an pháiste a bhí ag cuid mhór don sean dream ins an dútha seo ag imtheacht uainn⁹² a mhaireann le Ré na Saoirse. Tá croí inmíoch lucht gnótha stuamtha meastúil againn nó ag a lán againn. Ach pé scéal é rángaigh gur amhrán barbartha a bhí an cailín seo ag gabháil. Cabhair Dé chugainn is treise linn ar fad an t-olc ná an mhaith mar a deireadh na seandaoine. Cé a bheadh ag gabháil go antráthamhail ach Sagart an pharáiste. Tháinig focaile an amhrán go dtí na cluasa. Ba sa scannal leis éisteacht leis an gcaint gáirsiúil. Chuaigh sé go dtí an gcailín le feirg. D'ordaigh sé di theacht go dtí an Aifrionn⁹³ an Domhnach dár gceann agus an t-amhrán salach a d'aithris ansúd os chomhair an phobail. Bhí an t-aindeiseoir bocht do chailín i gcruachás. Ní raibh fhios aici cad do b'fhearra dhi a dhéanamh. Fad do bhí an scéal mar sin d'airigh an séiplíneach a bhí ins an bparáiste sin cuir ar cad a thuit amach. Ghlac trua é don pheacach bocht mar thuig sé i n-aighe nach le mioscais ar bith ach le aineolas a dúirt sí an drochamhrán. Bhí féith na filidheachta ins an séiplíneach. Chum sé amhrán diadha agus mhúin é don chailín. Nuair a tháinig an cailín go dtí an Airionn Dé Domhnach, agus do ghlaigh an sagart uirthi in ionad an t-amhrán scannalach

⁸⁹ Nóta an Bhailitheora: *Milltown Malbay* (CBÉ 38: 143a).

⁹⁰ Nóta an Bhailitheora: meith = nó mbeith = staid = *humour* (CBÉ 39: 143a).

⁹¹ Nóta an Bhailitheora: briosc = *brisk* (CBÉ 39: 143a).

⁹² Nóta an Bhailitheora: = uainne (CBÉ 39: 144).

⁹³ Nóta an Bhailitheora: Airionn (CBÉ 39: 144).

do rá, tháinig ór óna béal go bog binn an t-amhrán a dtugtar "Cailín Deas Crúite na mBó" ar an t-amhrán seo:

1

'A pheacaigh bhocht, achainigh agus múscail
Agus cuimhnigh ar Úrmac na hÓighe
Ná cuimhnigh ar pheaca na drúise
Ná ar mhealladh gach cúilfhionn deas óg
Ach glaoigh ar na haingil id chumhdach
Agus ar Bhainríoghan bhreá chumhra na hÓighe
Mar is mór go m'fearra dhuit mar charaid iad Lá an Chuntais
Ná cailín deas crúite na mbó.

2

Dá mbeadh cuimhneamh agus smaoinemh ag Gaeil bhocht
An sólás a bheadh acu le fáil
D'fhanfaidist le Aifrionn a éisteacht
Ní bheidist ag imtheacht ar strae mar atáid
An t-Aifrionn ná tugaigí ar aon rud
Mar níl nídh ar domhan ins an saol seo níos fearr
Tugaigí céad glóire agus baodhachas
Leis an t-Aon Mhac a d'fhulaing an Pháis.

3

Sé Naomh Dominic do b'fhearr a bhí in Éireann
Chun paidreacha a chuir in éifeacht agus i ngníomh
Mar do dhíbir sé Turcaigh as *Egypt*
Agus págánaigh an éithigh ón Roinn
An Choróin Mhuire ghlórmhar dá naomhthacht
Agus Bainríoghan an t-Aon Mhic ina suí
Guígí, agus guímid le chéile
Sinn a thabhairt ar fad saor ónár namhaid.

4

Agus tiocfaidh Mac Mhuire gan cuntas
Chun breitheamhnas do thabhairt ar ghach n-aon
Oslóidh an fhairrge bhrútach
Agus silfidh gach dlúth carraig braon
Níl aoinne dár gceapfaidh, ná dá gcumfar
Ná caithfidh ansúd theacht ina chlódh
Agus nuair a bhuaifidh an t-árdaingéal an trumpa
Rachaidh gach anam bocht ina dhlúthcholainn chóir.

5

Mo chreach agus mo mhairg agus mo thuirse
Cad a dhéanfaidh lucht drúise agus póit?
Lucht tarhuisne a thabhairt dá gclú cheart
A bhíonn ag spalpadh na mionn agus ag ól
Is baol liom gur aindeis a gcúrsa
Is go dtabharfaidh siad díol as súd fós
Is gur ó Pharrthas gheal ghradaim an Úir Mhic
Is ea a chasfar iad, a dlúthghol faoi bhrón.

6

Tiocfaidh Mac Mhuire dá rá linn
"A chlann, do lean sibh mo shlí
Tagaigí liom is céad fáilte
Go dtí an Parrthas a gheall m'Athair daoibh."
Mar a bhfuil an Mhaighdean bhreá bhanúil ciúin tais náireach
Mo ghrá Í Sí bhronn ar Súd cíoch
Is í ár gcabhair is ár gcaraid i lá ár bpráinneach
Agus molaimid Í go hard Ainm Chríost.

Fuairéas ó Mhártan Mac Eoghain (73 bl.). Thóg seisean óna athair é.

Iml. 39

Lgh 344-345

Amhráin na Seandaoine

1

Tá mo chosa dóite ina gcloige scólta
Ó bheith ag siubhal na mbóithre fada fraoigh
Ar thuairisc na hóige do chloígh agus do bhreoigh mé
Agus bhí scáthle an rósaí ar a leacan chaoin.

2

Fuair mé cóitín dearg romham air
Agus bhí arm Sheorse lena thaoibh
Agus sé dúirt mo stóirín, "ná bíodh ceo brón ort aríst
Agus beidh furló againn ar n-ais."

3

A bhuachaill álainn, a chúlín fánach
Ba deas é do gháire agus do leagan súl
Gheall tu dod' mháithrín go tréigfeá an *sergeant*
Agus go tiocfá in áth léithe, seal sa Mumhan.

4

Is mór go m'fhearr leat dul thar sáile
Agus an bhean do thál ort bheith go dubhach
Ach guímse an t-ádh óm chroidhe go brách ort
Agus cuirim Dia mar ghárdain leat sa tsiubhal.

5

Níl bean ná stuaire ar choill ná cruatan
A mbeadh aici buachaillín socair séimh
A bheadh ag imtheacht uaithi ar bheagán tuairisc

Ná beadh uirthi buaidhreamh rómhór ina dhiaidh.

6

Beidh muir id' luascadh, agus pilúr id' thuargaint
'Sé mo dhíomá mór tú bheith ins an ngleo
Tiocfaidh Francach suas leat, chun cath a bhualadh ort
Agus gan do thuairisc ní bheidh mé beo.

Thóg mé síos an seanamhrán seo ó Mháire Mhic Consaidín, Mothar, Lios Ceannúir, atá anois cheithre bliana agus trí fichid. D'airigh sí an ghabháil seo air ag na seandaoine atá imithe ins an tsíoraíocht fadó riamh Trí "bhóithre fada fraoigh" thug mé cuairt ar an seanmnaoi séimh an Domhnach seo ghaibh tharainn, nuair do thóg mé uaithi cúpla seanphaidir agus cúpla amhrán. Níl aon seanscéal aici ach tá na seanamhráin go binn agus go beacht agus dá thoisc sin is gairid go dtéigh mé chuici aríst le Toil Dé. Tá athrú gabháil ar an amhrán seo agam a fuair mé ó Sean Habha. Tá an t-amhrán mar gheall ar mháthair bocht grádhmhar ar imigh a mac ar seachrán uaithi, agus liostáil in "arm Sheorse." D'airigh mé an t-amhrán seo ag bean mhuinteartha dhom breis agus dachad bliain ó shoin. S. MacMathuna.

Iml. 41

Lgh 80-83

Dromanna

Ins an saoghal nuair do bhí an fuadach ar siubhal in Éirinn bhí ógbhean ina cónaí in áit a dtugtaí Dromanna air i gcontae Luimneach. Bhí spréidh le fáil aici agus bhí rachmas agus talamh go fairsing ag a muintir. Tháinig Ciarraí le fuireann báid agus le fórsa, agus aindeoin a toil d'fhuadaigh sé leis í. Deineadh sin, agus dar ndóigh bhí an cailín bocht bristecroíúil. Ní raibh aon olc aici le déanamh ar an bhfear a thug leis é óna háit agus óna muintir ach gan aon fhocal do labhairt leis. D'fhan mar sin ar feadh i bhfad. Ins an deireadh fuair an fear comhairle agus chuaigh sé go dtí file do bhí ins an áit, agus chum an file sin traifléis véarsaí ag gearradh anuas agus ag déanamh beag de Dromanna, an áit go mba b'eas an cailín seo. Chorraigh sin comh mór í ná féadfadh sí fanacht ciúin níos sia. Is ag freagairt ar na véarsaí sin ag déanamh beagán do Dhromanna do chum sí amhrán seo Dromanna. Is baolach ná fuil seans anseo go hiomlán.

1

Is mó móinín breagh aerach, ar do thaobhsa, a Dhromanna,
Agus coinín mear éadtrom ag léimnigh as ghainimh,
Ubhla cumhra i ngairdíní mara mba gnách ann, Easbuig
Agus iarlaí ina cúige ag siubhal drúcht ann gach maidin.

2

Ní bhíonn caoire maidin drúchta ann gan cúpla aici ag léimnigh,
Ná loilíghach maidin lae Samhradh ann gan gamhain maith agus laogh aici,
Ní bhíonn each óg ná seang ann gan ramha agus béasaí
Agus ní bhíonn úbhluairt gan ubhla ann, ná cártha gan caorthint.

3

Bíonn laoigh bhreachacha bhiadhata ann, i gceann bliana gamhna ann
Agus searraigh rónéata do fhíorchapaill gall ann
Bíonn tarraingt an Iarla ann agus an fiagaí ó Londain
Bíonn ceol, *punch* agus *beer* ann, do bheireann Dia dhóibh gan cúntas.

4

Cnoc an Aitinn na dtóna fearna go brách ná támhmhar liomsa
Ná do chamghoirtíní beaga, gránna mar a bhfásann an gharbhchúnach
Seachas Dromanna na mbán ghlas mar a mba gnáthach fir ag súgradh
Agus go b'áil liom dá n-áireamh, mar d'fhágadar go dubhach mé.

5

Is mó coll agus righindair chítear ó'd thaobhsa ann
Agus fuinseog fhada dhíreach ag fás aníos lena dtaobh úd
Guth na cuaiche i mbarr craoibh ann, ceol faoileann agus naoscaigh
Agus gur dá ndroim súd do chítear Cnoc Taoiláí le tréan mhuir.

6

Bíonn an ghealach agus an ghrian ann, bíonn Dia ann agus a Mháthair
Agus an dá Aspal déag ann, ag déanamh na Cásca,
Bíos na hAingil ina ndiaidh ann agus gur dianmhaith é a gcairde

Bíonn trócaire ó Dhia ann don té a thriallfadh i dtráth air.

Fuairéas ó Pádraig Ó Catháin (81 bliain), Tulaigh, An Chrois,⁹⁴ Contae an Chláir. Ní dóigh liom go bhfuil an seanamhrán seo anseo in iomlán.

Iml. 41

Lch 205

14 Bealtaine 1933

An Ceapaire Deireanach agus an Socrú do Chuir an File air - An Stampaí dá Dhéanamh

Seo mar do dhein an file Tadhg Óg Ó Tighearna do chónaigh anseo thíos i bparáiste Chathair an Doire⁹⁵ breis mhór agus céad bliain ó shoin amhráinín ar an stampaí úd do dheineadh béile nuadais don Cheapaire Dheireannach:

1

Fiche fear ag fuineadh, agus fiche fear ag fáisceadh
Beirt a d'iarraidh salann, agus fear a d'iarraidh mála
Bhí an chailleach ins an gcúinne dá leathnú ar an ngríosaigh
Agus deabhal maith sa stampaí ó sciob an cat an t-im de.

2

Siad mná an bhaile seo na mná gan múineadh
D'fháisceadh an stampaí in íochtar a ngúna
Scríosaidist garbh é, agus bheadh leac ina chroidhe istigh
Agus d'fhanfadh sé ina gcarabat dhá lá agus oidhche
Agus roinneadh an bhean bheag, roinneadh sí aríst é
Roinneadh an bhean bheag stampaí agus im air.

Fuair mé an rann seo ó Mháire Mhic Consaidín (77 bliain) Mothar, Lios Ceannúir. Tadhg Óg Ó Tighearna do chum.

⁹⁴ Leagan an Bhailitheora: Tullig, An Chruis (CBÉ 41: 83).

⁹⁵ Leagan an Bhailitheora: Cathairadoire (CBÉ 41: 205).

Iml. 41

Lch 208

Rann Beag

Is iníon aodhaire mé gan dabhta
Chaith seala dom shaoghal i nDroichead Uí Ghamhna⁹⁶
Botháinín íseal agus fuinneog ar a chúinne
Mo stoca in mo dhorn agus mé ag aodhaireacht na ngamhna
Ó, na gamhna gamhna, na gamhna beaga bána
Na gamhna ffs na ngleannta
Agus iad ag pramsa ar na bánta
Itheann siad an féar agus bláth an aitinn chumhra
Agus tiocfaidh siad abhaile chugainn
I gcóir an tsamhradh.

Ó Máire Mhic Consaidín.

Iml. 41

Lgh 420a-423

An Gliobach/An Giobach

1

Bliain is tacan seo ba mhaith é mo chulatha éadaigh
Is lúthmhar agus is meannamhar do dhéanfainn bean óg do bhréagadh
Mar shantaigh mise an giobachán, mar bhí cúpla bó mar spré aici
Agus d'fhág sin ag osnaíl mé, agus mo chraiceann geal gan léine.

2

Tá mo mhuintir i bhfad i bhféirigh liom

⁹⁶ Leagan an Bhailitheora: Droichead-Í-Gamhna (CBÉ 41: 208).

Agus ní labharaídíst sin gíog liom
Nuair nár shantaigh mé an cailín deas
Ná raibh dada aici chun síneadh chugam.

3

Nuair ná raibh na buaibh aici
Níor thaitin sí mar mnaoi liom
Agus d'fhág sin ag osnaíl mé
Fé shileadh na ré choinnle.

4

Tá scéal eile le inseacht agam
A bhfuil náire orm é a inseacht
Lá bhí cúigear fear agam
Agus iad ag folach an rud beag aoileach.⁹⁷

5

Do bhuail sí amach ar maidin
Mar ba cleachtadh léithe roimhe sin
Agus deamhan ar chas abhaile dhi
Go dtí tuitim dubh na hoidhche.

6

Nuair a théimse amach ar maidin
Agus ná casaim go dtí an oidhche
Bíonn an bábán ar an dteallach
Agus an salachar ina thimpeall.

7

Bíonn an luaith bhuidhe go hascaill air
Go gcaithim dul dá ní dhe
Agus an ghiobach i lorg cuideachtain

⁹⁷ Nóta an Bhailitheora: 'Folach an rud beag aoileach = Ag cuir fataí' (CBÉ 41: 420a).

Bheadh léithe go dtí an rince.

8

Ghearán mé leis an sagart í
Lem' charaid agus lem' chomharsain
Cheannaigh mé gúna *cotton* di
Agus culatha bhí dá réir sin
Slope shoes bhí i bhfaisiún
Agus rufaí geala glégeal.

9

Thugas go dtí an margadh í
Mar shúil is go scarfainn léithe
Agus *penny piece* níor tairgíodh
Ar an gcailín deas dom féin ó.

10

A bhuachaillí óga an bhaile seo
Má ghlacann sibh uaim comhairle
Ní shanntóidh sibhse an giobachán
Mar gheall ar cúpla bó a bheith aici.

11

Ní bheidh bhur stocaí deasaithe
Agus ní greannta a bheidh bhur mbróga
Agus ní bheidh léine ghlan oraibh
Ag an Aifreann Dé Dómhnaigh.

Fuair an méid seo don amhrán seo ó Diarmuid Mac Coineoil (aois 76 bliain), An Luach Thuaidh. Tá cuid eile ins an amhrán seo ná fuil le fáil. Deir Diarmuid liom gur maighistir scoile do chónaigh tráth in áit éicint ins an gContae seo do chum an amhrán cáinte seo ar a bhean phósta. Togha bean do bhí inti, ach bhí an fear tabhartha don bhraon, níor thaitin an ghnó sin leis an mbean, agus mar sin d'éirigh an t-easaontas eatorra. Más shuas a fuair sé í síos a d'fhág sé í. Sean Mac Mathúna.

Iml. 445

Lgh 193-194

Giota ó Fhile ón gClár: Máire Nic an Adhastair⁹⁸

1

Do shiubhail mé chúig cúige na hÉireann
Ar nós gach réic bocht dom shlighe
Agus níor casadh aon ábhar mná liom san méid úd
Mar atá i dtigh phobail seo Leacht an Mhóinín⁹⁹
Do chuir mise a tuairisc ar na faobharaibh¹⁰⁰
Nó go bhfuair mise léargas cérbh í
Is gur le iníon Conchúr Óg Mhic Con Adhastair
An chéad *proposal* nuair a bheidh sí *eighteen*.

2

Níl feirmeoir Caitliceach in Éirinn
Ná fuil a dhóchaint i *Mary* mar mhnaoi
Chun abhraistí olainn a dhéanamh
Agus ní táire dhi é chun snáth lín
Níl éinín fé spéir gheal na gréine
Ná bricín ag léimrigh san tuinn
Ná tharraingeodh sí ar éadach dá néata
Is gur bé a cuid ime a fuair an *squé*¹⁰¹ in Inis thíos.

3

Dá mbeadsa ar *journey* lá Márta
Agus do bhó bheith i ndíon leis an gcíos
Ba cúis é chun bheith tuirseach, tráite

⁹⁸ Nóta an Bhailitheora: *Nestor* (CBÉ 445: 193).

⁹⁹ Nóta an Bhailitheora: *Kilshanny* (CBÉ 445: 193). Leagan an Bhailitheora: Leacht a mhóinín (CBÉ 445: 193).

¹⁰⁰ Faobhar = gaobhar (Ó Dónaill, 1977, gan lch). Ar na gaobhair: *in the vicinity* (Ó Dónaill, 1977, gan lch).

¹⁰¹ Nóta an Bhailitheora: *sway* (CBÉ 445: 193).

Agus gan fagháltas agat ar cárt dighe
Dá bhfeicfeása snas clár a héadan
A brollach deas néata agus a gnaoi
Tart go dtéadh grian fé níor bhaoghal duit
Agus bheadh an bás ort nó d'éireodh do chroidhe.

4

Is *character* é do bhí ar a máthair
Agus is buadh é tá acu i gcónaí
Guímse feasta an t-ádh léithe
Sliocht go raibh uirthi, ach deaghchríoch
□¹⁰²
Agus beidh súil leis na Flaithis uair éicint
Ag an bhfear do gheobhaidh *Mary* mar mhraoi.

Thógas na véarsaí seo óm seanchara Pádraig Ó Flannagáin (72 bl.), Dún na gCorr, Dúlainn, agus fuair seisean iad ó fear go m'ainm do Tomna Clárach do chónaigh thíos i mBaile Uí Bhreisleáin, Lios Ceannúir agus atá curtha le suim gan áireamh. S.M.

Iml. 695

Lch 123

Comhairle a Tugadh do Chailín Óg

Má thagann go brách chughat ránaí fir
Bíodh do shúile ar do dheis agat, agus bí go fáiltiúil glic
Mar má dheintar do chleamhnas fé lúb na dtor
Beidh do náire ar do chúl agat, agus beidh do shúile ag gol.

Fuairesas ó bean mhuinteartha dhom i Sráid na nIascairí. Agus ba mhaith an mhaise don saol mór dá nglactaí an comhairle sin. S.M.

¹⁰² Dhá líne in easnamh anseo sa lámhscríbhinn.

Iml. 708

Lgh 505-507

Véarsaí ó Sheanamhrán

1

Do ghabh tu tharam go dorcha déanach
Do ghabh tu tharam le solas an lae ghil
Do ghabh tu tharam nuair a bhí na huain ag méithligh
Dá dtagtá isteach cad ba baoghal duit?

2

Do gheall tú dhomhsa is do dhein tú bréag liom
Go mbeifeá romham ag cró na gcaorach
Do leig mé fead agus chúig céad glaodh ort
Ach ní raibh ann ach na huain ag méithligh.

3

Do gheall tú dhomhsa rud nár bhféidir
Crannaíl óir is mórchuid airgid
Bailtí móra agus bailtí margadh
Agus cuairt bhreagh aerach cois taobh na fairrge.

4

Ní sin a bhí romham ach botháinín fuar fliuch
An ghaoth i dtuaidh agus an fheartainn mhór
Mo chosa ag cneafadaíl ar mhaidí an túrna
Mo cheann crom fúm agus mé ag sileadh na ndeor.

5

Céad slán le bliain is taca seo
An snáthaid chéimric ní raghadh sé eadrainn
Anois, foríor, raghadh cóiste agus capall

Cuairt Bhaile Átha Cliath, agus dhá dtrian na fairrge.

6

Bhain tú m'athair díom, agus fós mo mháithrín
Bhain tú mo ghaolta i bhfad is i nghearr díom
Bhain tú an ghealach bhreagh gheal is an ghrian díom
Agus is rómhór é m'eagla gur bhain tú Dia dhíom.

7

Má bhíonn i ndán is go mbeidh tú pósta
Go raibh agat teith follamh lán do loráin.

□¹⁰³

A n'athair san gcúinne ina dhall, agus iad gan máthair.

Níl an t-amhrán seo anseo i iomlán, agus níl mé cinnte in aon chor i dtaobh an cheathrú dheireannach. D'airigh mé cuid don amhrán seo ag seandaoine a bhíodh ag teacht chun ár dtigh nuair a bhí mé óg, ach is ag mo bhean mhuinteartha, Mrs. Danaher i Sráid na nIascairí agus ag Tadhg Ó Cilltreáin don áit chéanna. Tá súil agam breis don amhrán seo do sholáthar lá éicint.

Iml. 811

Lch 244

Cora Cheathrú ón Seansaol

Bhí ón mac an cailín ón sliabh do phósadh agus ní phósfadh sé ach í. Bean ar bith eile ach í bheadh an t-athair sásta. Is oth liom nár tháinig mé suas ach le beagán de sna véarsaí do bhí san tseanamhrán seo.

Seo mar a chuir an fear óg de:

1

Dá bpósfainn bean dheas dá bheadh grádh ag gach éinne dhi
Dá bpósfainn bean bhuidhe bheadh clann gan scéimh aici

¹⁰³ Líne in easnamh anseo sa lámhscríbhinn.

Agus i gcúrsaí bean ghránna ní phósfainn in aon chor í.

2

Cailín an tí mhóir ní phósfad fad do mhairfid
Mar bíonn greim rómhór aici agus slogadh rófhada
Nuair a d'ólann sí an t-uachtar bíonn an ruaig ar an gcat aici.
Agus deinann sí an diabhal le codladh go headartha.

3

Cailín tí an tábhairne ní phósfainn in aon chor
Mar bíonn gloine i ngach lámh aici agus páirt le gach éinne aici.

4

Ach cailín beag ón sliabh sí siúd an bhean do b'fhearra dhom
Mar bíonn sí ciúin, ciallmhar, dian maith chun na maitheasa
Do dhéanfadh sí an cíós d'im agus do bhainne dhom
Agus níor lú léithe an daibhal ná codladh go headartha.

Sin a bhfuair mé don amhrán seo ach deirtear gur thug an t-athair cead dó an cailín beag ón sliabh do phósadh. Fuair mé na véarsaí seo ó bean mhuinteartha dhom do chónaíonn thiar gairid do Sráid na Cathrach S.M.

Iml. 811

Lch 246

An Gliobach - An Drochbhean Tí

1

A bhuachaillí na comharsain glacaigí uaimse comhairle
Ná fagaigí an cailín maith mar gheall ar í bheith gan bólacht
Do phós mise an gliobach nuair a bhí cúpla bó mar spré aici
Agus sin é d'fágadh mise fad do mhairfidh mé mo chroiceann geal gan léine.

2

Tá scéal agam agus tá náire orm é inseacht
Lá do bhí cúigear fear agam ag folach an rud beag aoiligh
Nuair do tháinig mé isteach in am eadartha ní raibh aon bhiadh i gcóir dom
Ach mo leanbh bán ag gol orm agus an gliobach i dteith na comharsain
Do bhuail sí amach ar maidin uaim mar do dhein sí go minic roimhe sin
Agus, deamhan ar chas sí ormsa, go raibh sé thuitim dubh na hoidhche.
Ní bhíonn mo léine glan aici, agus ní daite¹⁰⁴ a bhíonn mo bhróga
Ach luaith sé lá na seachtaine le cur amach Dé Domhnaigh.

D'airígheas ag bean mhuinteartha dhom do chónaíonn thiar i Sráid na Cathrach.¹⁰⁵

Iml. 1044

Lgh 439-442

Smut de Sheanamhrán

Seo giota as cheann des na amhrán grádha do bhí ag an seandream anseo. Cuireann an buachaill a cheacht de ag inseacht cén sórt duine mí-airdiúil é féin. Dá ainneoin sin nochtann an óigbhean an grádh atá ina croidhe dhó, agus insíonn sí dó an mhaith do dhéanfaidh sí dhó. Is fuirist aithint ná fuil ann ach cuid bheag don amhrán iomlán.

1

A cúl donn deas na gruanna bána
Suidhigh anseo in áth liom agus tabhair dom póg
Gur leat do shiubhailfinnse cnoic agus gleannta
Agus go Baile an Teampaill mar a mbíonn an spórt.

2

Tá mo mhuintir ag troid is ag bruíon liom
Cad é sin dóibh sin dá n'ólfainn coróin?
Bead ar an mbaile seo, gach lá margadh
Mo chailín donn deas agus mise ag ól.

¹⁰⁴ Nóta an Bhailitheora: dathte (CBÉ 811: 246).

¹⁰⁵ Nóta an Bhailitheora: *Milltown* (CBÉ 811: 246).

3

Ta aon choróin amhain agam
Agus sé ól is fearra dhom
Agus siúd a ndearnais d'ór an tsaoghail
Déanfadh bainis dom ghrá bán amáireach
Agus is fada ón áit seo a bheidh mé aríst.

An cailín:

Is geal agus is glégeal do nífinn do léintín
Do shníomhfainn bréid duit agus anairt caoil
D'oilfinn mac duit agus iníon spéiriúil
Agus do thógfainn féin duit iad le súgh mo chroidhe.

4

Is mór go m'fhearra dhuit mé a bheith agat mar chéile
Ná ag imtheacht in do réic bhocht ar fuaid an tsaoghail
Go gcuirfinnse airgead ar do bhas ag léimrigh
Rud ná déanfadh aon bhean san tír.

Fuairéas óm bhean mhuinteartha Bríd Uí Dhanachair (85 bl.), Sráid na nIascairí, Dúlainn.

B.3 Scéalaíocht

Iml. 38

Lgh 94-95

An Bhean Bhocht agus Fear na Méaracán

Bhí beán bhocht lá ag dul isteach go Inis Díomáin.¹⁰⁶ Bhí an saol go an-dona an t-am céanna agus bhí an bhean go cráite bocht. Bhí muirear trom ins an mbaile aici. Bhí ceithre scillingí ina

¹⁰⁶ Leagan an Bhailitheora: Inistíomáin (CBÉ 39: 94).

sparán aici le haghaidh dhá chloch phlúr a cheannach des na loráin bocht ocrach a bhí ins an mbaile aici. Dul cúinne na shráide dhi, cé chífedh sí, in ainm an donas di, ach fear na méaracán lena bhord, a dhá mhéaracán agus a gráinne póire. Sprioc an t-ádh í chuig seasamh suas ag féachaint air. Bhí sé ag imirt le duine éicínt agus thabharfadh sí lán an leabhair go bhfaca sí é ag leagadh an mhéaracán anuas ar an ghráinne póire. Liúigh sé amach ag cuir in iúl do raibh láithreach go raibh an oiread eile leis an geall a bhí curtha ins an mbreis le fáil ag an té a gheobhadh an mhéaracán leis an ngráinne. Chuir an bhean simplí na ceithre scillingí a bhí aici ar an mbord, dóchas ard aici go tabharfadh sí ocht scillingí léithe. Thóg an fear ghlic a chuid máracán. Bhí an ceann folamh ag an mbean, i gcaochadh na súl bhí sí gan piginn. Sin é an áit a raibh an gol agus an lógóireacht agus an bualadh bos ag an ainniseoir mnaoi. D'iarr sí ar fear na méaracán, agus na deora ag sileadh go flúirseach, fiú luach builín chun an t-ocras a bhaint des na páistí dá cuid airgead a thabhairt ar n-ais di. Cumha láir mo chroí! Cruadhas croí an duine, bhí sé comh tairbheach di a bheith ag iarraidh uisce a bhaint as chloch ghlas le aon bhogadh a dhéanamh ar a chroí cruaidh. Chuaigh sí abhaile go dtí tigh an ocrais le croí briste agus mála folamh ag gol agus ag caoineadh.

Iml. 38

Lgh 114-115

Tá Dia go Maith

Ins an drochshaol, bhí baintreabhach a raibh muirín mhór aici ina chónaí in áit éicínt ins an dútha seo. Bhí sí bocht - cráite bocht. Tháinig an lá ná raibh an t-aon ghreim amháin biadh ná beatha fé chliabhreacha an tigh aici, agus go mb'éigin di ar na loráin¹⁰⁷ fheiscint ag gol leis an ocras. Chun iad do bhréagadh agus do shásamh do chuir sí corcán uisce ghlan ar an teine, agus dúirt leobhtha gur raibh a suipéar ar an teine agus gur gearr anois go mbeadh béile maith acu. Bhí na créatúirí bochta páistí comh dóchasach muinéach sin go mbeadh an béile chucu láithreach, agus chuir an smaoineamh sin an oiread sin sólas ar a n-aighe gur thiteadar ina gcodladh, cois na teine. D'fhan an bhaintreach bhocht ina dúiseacht, a d'iarraidh cabhair ar Athair na Díleachtaí. Bhí an corcán ag fiuchadh air an teine. D'éirigh an bhean ina suí agus thóg sí an corcán. Bhain sí an clúdach de, agus d'fhéach isteach ann. Míle moladh go hard agus mór baochas le Rí Geal na Flaitheas, cad a chonaic a súile ach corcán lán d'fheoil agus d'áitre.¹⁰⁸ Le croí agus aighe lán d'áthas, chaith sí í féin ar a glúnaibh ag tabhairt baochas mór do Dia.

¹⁰⁷ Nóta an Bhailitheora: loráin = *little children* (CBÉ 38: 114).

¹⁰⁸ Nóta an Bhailitheora: anbhrúith (CBÉ 38: 115).

Dhúisigh sí na páistí, leag an biadh ó Neamh os a gcomhair agus go baogh beannachtach, chaitheadar an béile aoibhinn. Ní fheacadar aon lá comh dona as sin amach.

Iml. 38

Lch 128

Chuaigh fear eile ó's na ceantair seo a raibh a infon an-dona le galar marbhthach chuici.

Nuair a tháinig sé isteach dubhairt sí leis:

“Tháinig tú go preabúil

Ach ghluais tú go mall.”

Dubhairt leis ná raibh aon leigheas le déanamh ach go raibh bean comharsan a bhí tabhartha suas a bheadh níos fearr i gceann lá nó dhó. B'fhíor dhi.

Ó B. Ní H.

Iml. 38

Lgh 130-133

Scéalta ón Áit Seo: An Páiste a Sciobadh ón mBás

Seo scéal a bhí ag na seandaoine ar na bailte seo; agus is dóigh liom go bhfuil an scéal céanna ina scéal fíor fíorseanda:

I bhfad bhfad siar ins an seanrecht bhí ina gcónaí ar na bailte seo lámhnadh óg, agus bhí leanbh óg mar chúram ortha. Bhí an fear ina dhuine caolaigeantach mursanta, agus ar a shon sin bhí uaidh a thoil féin a bheith aige ~~fé~~ i ngach gnó ar fuaid an tí. Ar shon go ndeineadh sé féin Airthionn¹⁰⁹ an Domhnaigh a thabhairt leis gan teip, ní leigfeadh se á chéile ann ach nuair ba maith mhaith leis. Tháinig Domhnach áirithe agus mar ba gnách chuaigh an fear chun Aifrionn Dé, agus nuair a bhí ag chuir chun bóthair dúirt lena mhnaoi fanacht ag baile ag tabhairt aire don tigh agus den leanbh. D'imthigh leis. Má d'imthigh choíche ní raibh sé ach seal gearr imithe nuair a tháinig fear breagh gnaíuil¹¹⁰ isteach. Bhí cuma naomhtha ar an bhféachaint a bhí air agus grásta Dé ina

¹⁰⁹ Nóta an Bhailitheora: Aifrionn (CBÉ 38: 130).

¹¹⁰ Nóta an Bhailitheora: dathamhail (CBÉ 38: 130).

bhriathra. D'iarr sé go séimh caoin ar bhean an tí cén fáth ná raibh sí ag an Airthionn. Dúirt sise ná féadfadh an bhunóc¹¹¹ a fhágaint leis féin. Go carthannach dúirt sé léithe do dtógfadh sé air féin cúram an leinbh fad a bheadh sí ag éisteach an tAifrionn binn. D'ullmhaigh í féin agus d'imthigh léithe. Roimh imtheacht di, d'fág sí corcán uisce cois na teine, i dtreo ná beadh aon mhoill uirthi dinnéir a fir a chuir i gcaoi nuair a chasadh sé abhaile. D'fág sí an leanbh ar sciath¹¹² (mar do bhí an sciath an cliabhán a bhíodh ag páistí daoine bochta annso ins an lá sin). Tar éis an Aifrionn níor dhein an bhean bhocht moill, ná moilleacht, ach fáscadh léithe abhaile go dian. Fóiríor dóite! is gearr uainn an buaidhreamh agus an brón. Ní túisce a bhí cois an mhnaoi thar an tairseach ná chonnaic radharc a líon a croidhe le eagla, agus le uafás. Bhí an fear faire imithe, agus an leanbh tuitithe isteach ins an gcorcán uisce friochta. Bhí se thar an bpian fadó agus an fheoil ar nós a iasc beirthe. Ba bean mórfhoighne a bhí inti ach mar sin féin bhuail scanradh an bháis féin isteach ina croidhe. Ní raibh fhios aici cad ba cheart a dhéanamh. Chuir sí an corpín lena chéile aríst shocraigh ar an sciath aríst é, agus chuir clúdach anuas air. Fad a bhí na deora guirte ag rith anuas óna súile go flúirseach agus a croidhe dá réabadh le dian buaidhreamh chuir sí an bhunóc beirthe i leataoibh féin leaba agus sheasaigh an talamh, gur chas a fear abhaile ón Airionn. Ní gá a inseacht gur chuir sí amach a hanam go iomlán chun Dé ag iarradh cabhair agus trócaire air ins an chruachás a raibh sí ann. Is gearr a bhí an fear ins an mbaile nuair a thug fé ndeara ná raibh an leanbh ins an tigh. D'iarr ar a mhnaoi cá raibh an leanbh nó cad a dhein sí leis? Dúirt sise, ag féachaint leis an donas a chuir chun deire gur fhág an leanbh ag tigh a hathair, agus go dtabharfadh air abhaile ar maidin é. Dúirt sin, go feargach agus go mursanta ná codhlódh sí an oidhche sin ins an tigh go dtabharfadh sí a pháiste chuige. D'imthigh le croidhe dubhach dorcha go dtí tigh a hathair agus d'inis a scéal dóibh. Bhí brón mór ortha sin ar cloisint a scéil buartha dóibh, mar bhí eagla os meán ortha go maródh a fear borb í mar gheall ar cad a bhí déanta aici. Dhein mé dearmad a chuir síos go raibh beirt driotháir aici ag tigh a hathair. Nuair a chaith sí tamall fada ag tigh a hathair ag chuir a buaidhreamh di agus ag beartú lena muintir cén chaoi a b'fhéarr a d'féadfadh sí fearg a fir a chuir di, fé dheire b'éigean di a haghaidh a thabhairt ar a tigh mí-ámharach. Nuair a tháinig sí isteach níor fhan sí lena scéal a chuir i gcluasa a fir, ach rith léithe go dtí an áit a raibh corpín an leinbh i bhfolach aici. Míle moladh, agus mórbhaochas go deo leat, Athair Glégeal na Trócaire, nuair a nocht an bhean an clúdach ón gcorp in ionad corp leanbh

¹¹¹ Nóta an Bhailitheora: leanbh (CBÉ 38: 130).

¹¹² Nóta an Bhailitheora: scuttle (CBÉ 38: 131).

beirthe as aitheantas a bheith ann, sé an radharc a bhí ansúd os chomhair a súil, leanbh a cléibhe ina chodladh shúain, slán sábháilte ag chuir cúiríní allais de. Bhí muinín ag an mbean go dtabharfadh Dia fóirthint uirthi, agus níor theip Sé. Tríd an scéal go léir níor chaill sí an fhoidhne. Tar éis a baochas a thabhairt do Dia, dúirt sí, "Buann an fhoidhne ar an gcinniúint."

Bhí an scéal seo ag Bríd Mhic Dhaibhéid ón Luach Thuaidh, aois 90 bliain nuair a d'éag. This story came from = Bríd Mhic Dhaibhéid, an Luach Thuaidh, Bridget Devitt, Luogh. Died 12 years ago aged about 90 years.

Iml. 38

Lgh 135-136

Bean Mórtasach

Bhí cluiche liathróid dá imirt lá ins an seanaimsir. Ba comórtas muinteartha é a bhí idir buachaillí baile nach fada as seo. Bhí bean meánaosta i measc an comhthlán a bhí ag faire ar lucht na imeartha. Labhair sí go hard le bean comharsain a bhí in aice léithe, agus dúirt, "Cé hé an buachaill breá scafánta sin thíos í lár páirc na imeartha? Buailéann sé an liathróid thall agus abhus agus crochann sé suas go hard ins an spéir í. Níl a leithéid eile ins an páirc. Ní fheadar an domhan cé hé." Is é a mac féin a bhí ann, agus is maith a bhí fhios sin aici.

Iml. 38

Lgh 195a-198

2 Deireadh Fómhair 1930

Níl Fhios againn Cad atá i gComhartha Chríost dúinn

Do mhair ins an dútha seo b'fhéidir ceathair nó cúig d'fhichidí bliain ó shin bean tuaithe a thuill an luach saothair atá geallta don dream a dheineann fóirthint ar boicht Dé. Níor dhún sí riamh a súile ar an té a d'feicfeadh sí an t-anshógh ná an t-ocras. Bhí an saol anseo go gann gortach lena linn agus ní miste a rá go raibh na bochtáin go fairsing. Is fada ó bheith gustalach a bhí a fear agus í féin. Níor gabháltas mór a bhí acu agus bhí muirear ortha. Tháinig bliain cruaidh.

Nuair a baineadh an fómhar¹¹³ agus bhí an t-arbhar ins an iothla, bhí fhios ag an bhfear seanchríonna go m'fhearr "suí i mbun na cruacha ná suí ina háit." Nuair a bhuail sé an t-arbhar líon sé an cómhra mór a bhíodh le linn an lae sin i ngach tigh feirmeora le arbhar a dhéanadh síol le cur san earrach. Is dócha¹¹⁴ go raibh a thuilleadh den arbhar le haghaidh úsáide an tigh ó lá go lá. Ach pé'r domhan scéal é bhí lucht na déirce ag teacht, agus bhí an bhean ag dul go dtí an chómhra mór. Is dócha go mba bean gan foghlaim scoile í seo ach mar sin féin, thuig sí i bhfad níos fearr ná *Philosopher* nár cheart an déirc a bhronnadh ach le grádh Dé, gan cuimhne ar bith i gcroí an duine sin ar moladh ná milleáin ná beir i bhfad mé,¹¹⁵ nár cheart don lámh clé fios ná faisnéis a bheith aige ar ghníomhartha maithe an lámh deis. D'imthigh an aimsir agus nuair a tháinig an t-Earrach agus an t-ionú¹¹⁶ chun an síol a chuir i dtalamh, bhí an cómhra follamh. Bhí an oiread sin eagla ag an mbean roimh a fear pósta toisc cad a bhí déanta aici gur chuaigh sí i leataoibh léithe féin. D'airigh an fear ina thaobh sin, agus chuaigh sé go dtí an gcómhra féachaint a m'fhíor cad a d'airigh sé. D'oscail. Moladh agus mór bhaochas go deo leat, a Shlánaitheoir glégeal, in ionad an soitheach mór sin a bheith follamh, is amhlaidh a bhí sé ag brúchtaíl amach le arbhar. Bhí an bhean charthannach sin fial le Boicht Dé agus dhein an Tighearna cúiteamh léithe.

Iml. 38

Lgh 201a-206

Scéal Bróin ón bhFairrge- Taibhse an Fhir Bháite

Ba mhór an lá ins an tseanaimsir, agus anuas go dtí cuimhne daoine ná fuil fíorsheanda fós Lá Patrún na hÁrann thagadh i lár an Mí mheadhán do Shamhradh. Théadh cuid mór don seandream ina gcuid curraigh go dtí Inis Oírr¹¹⁷¹¹⁸ an lá sin, agus gan dabhta ar domhan bhíodh lá aerach, spórtúil acu i measc muintir an Oileán. Bhíodh ansúd rásanna curraigh agus coisithe rince, ceol agus amhráin binne Gaeilge, agus gach uile shórt comórtais a chorraíonn croidhe na hÓige, agus a thugann ar feadh na huaire thar n-ais an Óige don seandream a bhfuil a n-Óige imithe go deo. Tháinig ceann des na Patrúin seo ins an seanrecht agus mar ba gnáthach d'imthigh cuideachta mhaith ó

¹¹³ Nóta an Bhailitheora: foghmar (CBÉ 38: 196).

¹¹⁴ Nóta an Bhailitheora: dóich =dóigheach an beart (CBÉ 38: 195a).

¹¹⁵ Nóta an Bhailitheora: Beir i bhfad mé - Bronntas chun ainm maith a thabhairt ar dhuine i bhfad agus in ghearr (CBÉ 38: 197).

¹¹⁶ Nóta an Bhailitheora: ionú = sadhsúr (CBÉ 38: 197).

¹¹⁷ Nóta an Bhailitheora: Innisiarr =An toileán thiarr do trí oilean na h-Arann (CBÉ 38: 201a).

¹¹⁸ Leagan an Bhailitheora: Inisiarr (CBÉ 38: 201a).

Sráid na nIascairí¹¹⁹¹²⁰ agus an ceantar thar timpeall air. I measc an chuideachta aerach sin a chuaigh isteach an lá sin bhí fear óg des na Brianaigh, iascaire on Sráid, agus deirtear go raibh ann fear breagh, láidir slachtmhar. Bhí sé pósta agus nuair a bhí sé ag fágaint an baile ar maidin, díreach mar a gheobhadh sí taispeánadh ó Dhia go raibh contabhairt nó tubaist éicint os a gceann chuir a bhean pósta mar achainí ar casadh abhaile chuici in am agus gan moill a dhéanamh ag an Patrún agus chuaigh sí comh fada agus gar bhain lámh agus focal dhe teacht chuici¹²¹ in am tráthnóna. Geall sé di go dílis go mbeadh aici in am mhaith tráthnóna. D'imthigh leis. Bhí lá mór ag an bpatrún agus i measc gach spórt níor deineadh dearmad don ólachán agus iomarca dhe, mar ins an saoghal úd, mo mhairg: bhí poitín comh fairsing le uisce agus a lán des na daoine mó agus tabhartha dhó. Bhain an fear ó Sráid na nIascairí a cheart as an méid don ól a bhí ag gabháil timpeall. Tar éis lá aoibhneas agus aeridheacht, rásanna, rince agus riogáille, carthanacht agus ceol tháinig an tráthnóna fé dheireadh. Chuir muintir na Sráide i gcóir don aistear thar an gCuan, agus do leagadar anuas a gcuid curraigh. Ach chun deireadh aerach scléipeach go chuir le lá geal do rinc an Brianach seo dreas rince ar an dtráigh comh breagh agus chonnaic aoinne riamh, agus ansin do chuaigh isteach ina churrach. Fóiríor dóighte! anois ná an la sin, ní i bhfad óna chéile an sógh agus an t-anró, an gáirí geal ard, agus an gol guirt brónach. Ní raibh na curraigh seacht bhfaid curraighí on dtír nuair a d'iompaigh an currach a raibh an Brianach ann. Ceócu ab é an t-ól a dhein é, nó pé'r domhan cúis a bhí leis nuair a chuaigh an Brianach fén sáile is cinnte nár éirigh. Bhí an t-uisce éadoimhin¹²² mar a chuaigh sé síos, comh éadrom sin gur shnámhaigh a comráduidhe ar n-ais chun tír gan trioblóid. Nuair a bhí an mhuir ina lán trágh, i gol ard agus i gcaoineadh cráidhte thógadar corp an iascaire bocht ó chraos an muir neamhtruaighmhéileach. Fágfaimid an chuideachta buadhartha sin, ag coinneáil tórramh ar an bhfear báidhte agus casfaimid go dtí an mbothán a raibh a bhean ag feitheamh leis. Nuair a tháinig an t-ardtráthnóna bhí súil aici lena fear. Caith sí a súile trasna an chuain ach toirt fiadh na fuinneoige¹²³ ní fhaca sí ag teacht. Chuaigh grian an tsamhraidh teannamhach i bhfairrge ina liathróid craorach ach coiscéim a céile níor airigh sí fós. Tháinig an oidhche uaigneach dorcha agus bhí an bhean ag faire i

¹¹⁹ Nóta an Bhailitheora: Sraidniasgairí= Baile iasgairí, gairid don cé a gcuireann na curraigh amach nuair a bhíonn siad ag dul go hÁrann (CBÉ 38: 201a).

¹²⁰ Leagan an Bhailitheora: Sráidniasgairí (CBÉ 38: 201a).

¹²¹ Nóta an Bhailitheora: deirtear gur bhain sí lámh agus focal de theacht chuici (CBÉ 38: 201a).

¹²² Nóta an Bhailitheora: uisge eadhdoimhin = uisge eadhtrom (CBÉ 38: 202a).

¹²³ Nóta an Bhailitheora: Fiadh agus fuinneóige = se sin fiadhach dubh nu fuinneóige dhá éan. Cor cainnte againn e seo. Se sin an toirt beag dorcha a dhineann duine nó rud atá an-fhada uainn (CBÉ 38: 203a).

gcaitheamh na feidhle.¹²⁴ Ach tháinig se thar n-ais. I ndorchadas na hoidhche chonnaic sí é ag siubhal suas an bóthar a bhí le taobh an tí, agus amach strapa bhí ar claidhe an bhóthair gur imthigh as radharc. Thug an bhean fé ndeara go raibh a bhróga plobaíl le uisce fad a bhí sé ag siubhal. Do ghlaigh sí air comh fad ard is dó bhí ina ceann teacht ar n-ais chuici ach thug sé cluas bhodhar di. Leis sin do scread agus do bhéic sí agus dúirt go raibh a fear Micheál¹²⁵¹²⁶ báidhte. D'airigh na comharsain an gleo agus an caoineadh. Thánadar chuici. D'inis sí dhóibh fáth a guil.¹²⁷ "Éist óinsigh," a dúradar "cé a d'inis an scéal sin duit." D'inis sí dóibh cad a chonnaic sí. Dheineadar teine mhór ar an dtráigh i dtreo go feicfeach na daoine a bhí ar seachrán istigh go raibh na daoine ag baile ag cuir ceist ortha. Nuair a d'freagair an dream istigh le teine mhór eile ar an dtráigh Árainn bhí fhios ag gach n-aon go raibh tubaiste éicint bainte don dream a chuaigh thar sáile. Le brón comh guirt le guirteacht na mara féin cuireadh Micheál Ó Briain, an t-iascaire, i n-úir na Cille mar a cuireadh a shinsir roimhe. Bhí súil ag a bhean trí gach uile bhuaidreamh go bhfeicfeadh sí a céile, go tiocfadh sé ar n-ais aríst. Tháinig. In uaigneas na hoidhche agus í ina haonar tháinig sé isteach ina tigh féin chuici. Rug sí greim barróg ar dá rádh fad a dhein, "Ní scairfidh mé choidhche leat an babhta seo." Dúirt sin ná féadfadh sé fanacht anois nuair nár dhein sí leigheas éicint áirithe dhó nuair a chonaic sí ar dtúis é. "Mar a dúirt sé, "níor bádhdh mise in aon chor ach tugadh mé ar athrú beatha. Agus is sé an áit a mbímid gach uile oidhche ar an mbóthar idir an áit seo agus Béal Átha Laighean."¹²⁸ Ansin dúirt léithe luibh a d'ainmnigh sé a sholáthar, agus é a chaitheamh air. Nuair a déanfadh sí é a chaitheamh air chaithfeadh an slua scarúint leis, agus bheadh sé ina chló féin aríst. "Aithneoidh tú mise," a dúirt sé, "mar beidh mé ar an gcapall deire den slua." Lán d'áthas chuaigh an bhean seo go dtí bean mhuinteartha, gaol gairid di féin agus d'inis an scéal tríd síos, tríd suas di. Níor bha ortha an mhoill gur chuadar i lorg an luibh a d'ainmnigh an sprid. Ba luibh é seo a bhí comh fairsing leis an móin i gcnoc agus i machaire thar timpeall na háite sin, agus bhí ionú ceart na blianan ann. Mar sin féin dá ndófaidist an baile chun aon phlanda amháin don luibh do fháil ní fhéadfaidist. Theip go glan ortha agus d'fhan an fear báidhte mar a raibh sé. Ach deir an scéal dá m'áil le bean an Bhrianaigh gan a rún a

¹²⁴ Nóta an Bhailitheora: i gcaitheamh na feidhle = gcaitheamh na haimsire (CBÉ 38: 203a).

¹²⁵ Nóta an Bhailitheora: Míceál (CBÉ 38: 204).

¹²⁶ Leagan an Bhailitheora: Methául (CBÉ 38: 204).

¹²⁷ Nóta an Bhailitheora: gen of gol (CBÉ 38: 203a).

¹²⁸ Leagan an Bhailitheora: Bealachaladhan (CBÉ 38: 205).

leigint le aoinne go n-éireodh léithe an luibh na beatha d'fáil gan duadh, agus a fear d'fhuascailt ón dianghébheann a bhí air.

Fuair mé an scéal seo ó bean mhuinteartha a chónaíonn i Sráid na nIascairí. Is sé mo leagan féin atá ar an gcaint, srl. S. Mac.

Iml. 38

Lch 207

Sé an Duine an t-Éadach

Bhí lánamha pósta ón áit seo ins an mbaile mór lá cuid mhór bliain ó shoin. Bhíodar bocht, cráite bocht fromhór a saoghail roimh an lá seo ach an lá seo rángaigh go raibh culatha slachtmhar éadaigh ar an mnaoi, agus gan amhras chuir sin breis maise ar an mbean bhocht. Bhí mórtas an tsaoghail ag an bhfear aisti. I gceann tamaill casadh fear aitheantais leis. Labhair sé leis an fear aitheantais go mórtasach, ag rá, "*Yerra*, a Mhártain, a bhfaca tú mo Mháire agus a culatha bhreagh?" "*Yerra*, a Mhártain, sé an duine an t-éadach."

Iml. 38

Lgh 274-275

Duine Soir, Duine Siar

Bhí ins an mbaile seo ins an drochshaol lánamhna phósta a raibh an saol ag dul ina gcoinne ó lá go lá. Pé'r domhan bheag nó mhór d'eallach a bhí acu má bhí sé in aon chor acu ní raibh a thuairisc le fáil fadó. Theip pé'r domhan rud beag fataí a bhí ins an dtalamh acu: ní raibh ór ná airgead acu. Ar donacht an scéil, bhíodar rite in aois. Ní raibh cuid ná caraid acu. Cad a dheineadar ina gcruachás? Dheineadar suas a n-aighe ná raibh a mhalairt le déanamh ná do gach duine cor a chuir i mála folamh agus a n-aghaidh a thabhairt ar an saol fada fairsing ag lorg na déirce. Dhein an lánamha margadh lena chéile sular thógadar an bóthar. Sé sin theacht lena chéile aríst tar éis suim blianta nuair a bheadh an oiread airgid cnuasaithe le chéile acu agus a thabharfadh caoi éicint maireachtáil dóibh i ndeireadh saoil. Shocraíodar le chéile

duine acu a aghaidh a thabhairt an bóthar soir agus an duine eile an bóthar siar agus nuair a bheadh an t-am suas a shocraíodar le chéile theacht fé dhéin a chéile ag an gcrosaire céanna a scaradar lena chéile. D'imíodar. Agus is rídhócha go raibh a triail i bhfad ón áit seo: i gceantar ná raibh fios ó Dhia cérbh iad. Thóg gach duine a ceantar féin ach má casadh ar a chéile iad ina gcuid siúlta, agus deirtear gur casadh, níor leig aoinne acu ortha féin go raibh aitheantas dá laighead ar an nduine eile. Suas agus anuas na bóithre fada tuirseach cruaidh, chuireadar isteach gach lá ag dul ó thigh go tigh ar thóir na déirce, agus i gcónaí tabhairt aire mhaith do gach piginn a rángaíodh iad. D'imthigh an aimsir agus tháinig an lá cinn. Díreach go dtí an lá, bhíodar ag an gcrosaire le chéile. Chomhraigh gach duine acu amach soláthar na mblianta. Iongantais na n-iongantaisí, nuair a bhí airgead na beirte comhraithe amach, comh oiread, gan piginn fé na thairis, a bhí ag an mbean leis an bhfear. Bhí fiche punt an duine acu agus leis an méid sin airgid, fuairadar tigh agus tigheas agus níor ghá dhóibh dul ar bóthar na déirce go deo aríst.

Ó Sinéad Uí Chilltreáin, An Luach Thuaidh.

Iml. 39

Lgh 61-62

Mar a Bhain sí Putóg as Bean a Mic

Bhí fear óg ins an dútha seo fadó a phós cailín maith gan bhréad. Tamall tar éis an phósadh cheistigh a mháthair é i dtaobh trátha an bhean óg. "A mháthair," a dúirt an fear óg, "tá sí ina togha cailín gan bhréag ar bith, ach tá aon locht amháin uirthi. Tá goile as measrach aici." "Yerra a ghrá, is fuirist an méid sin a leigheas. Fág fúmsa í, agus feicfidh tú go leigheasfaidh í," a dúirt an mháthair. Nuair a shuigh an fear óg anuas go dtína bhricfeasta lár na mháireach i bhfochair a mhnaoi thug sé fén aire nár ith sí an oiread biadh agus do dheineadh ná ina ghaobhar. Bhí áthas air ina thaobh sin mar bhí sé luighte istigh ina aigne go mbeadh sé creachta ag an ngoile a bhí ag an bhean a sheol Dia chuige. Lean don áthas sin mar ní raibh amhras ná go raibh laghdú mór ar an méid biadh a chaitheadh sí. Is dócha gur shaoil an fear bocht gur b'amhlaidh a thuit míorúilt éicint amach a bhain an goile míchuimseach dá stór.

Amadán bocht simplí! Seo mar a bhí an scéal. Ar maidin fad a bhí an fear óg ag friotháilt ar na beithígh, agus ag déanamh oibreacha nach é roimh bricfeasta, chuireadh a mháthair béile beag deas i gcóir do bhean a mhic, a d'itheadh an uair sin, timpeall leath a dóthain. Bhí a fhios aici go maith nár thaitin in aon chor lena céile an coimpléasc a bhí aici agus ní lú do bhí a fhios aici cad a bhí ar siubhal ag máthair a fir chun an goile sin a thabhairt anuas nuair a bheadh sí ag ithe os chomhair a fir.

Seán Mac Mathghamhna (54 bl.) An Luach Thuaidh.

Iml. 39

Lgh 61a-62

Long Síúil

Roinnt mhaith blianta ó shin bhí scata cailíní thiar ag Aillte an Mhothair. Lá aoibhinn álainn, agus an spéir go gorm os a gceann, agus an samhradh ina gcroí. Bhíodar ins an áit a dtugtar Aill na Searrach air. Ins an áit sin idir é agus aill eile tá gabhac fairrge. Amach as an ngabhac sin chonaic na cailíní long ag teacht fé na lánseol. Bhí ar a bord uachtair na céadta garsúin le caipíní dearga, iad ag seinm an ceoil is aoibhne dár chlois cluas. Tháinig uafás agus alltacht ar na cailíní agus do ritheadar lena n-anam.

Long síúil = D'inis bean muinteartha a bhí láithreach í féin an scéal seo dhom. Cónaíonn sí i Lios Ceannúir P.O. Co. an Chláir. S.M.

Iml. 39

97a-101

Scéal Sí - An Cailín a Baineadh de na Daoine Maithe

Fadó, nó tamall mór ó shoin pé'r domhan é do mhair feirmeoir óg in áit a dtugtar Gleann Fhairrge air. Tá an áit sin gairid do Baile Uí Bheacháin¹²⁹ ar an dtaobh ó thuaidh don

¹²⁹ Leagan an Bhailitheora: 'Bailebheacháin' (CBÉ 39: 98).

chontae seo. Chuaigh sé amach ag tabhairt aire dá chuid beithígh bhainne Oidhche Bhealtaine,¹³⁰ agus thug a ghunna leis. Ní chreidfeadh an líne óg anseo anois ní rudaí aisteacha do dheineadh an seandream oidhche Bhealtaine, agus maidin Lae Bealtaine chun im agus bainne an tséasúr¹³¹ do sholáthar agus do chosaint. An dream do chreidfeadh go m'fhéidir im agus bainne nár leothu do tharraingt chucu féin dheinidist gach uile shaghas pisreoga lá Bealtaine nó an oidhche roimhe le súil go mbeadh cuigeann trom ime acu ar feadh na blianan. Agus deirimse leatsa, a léightheoir cóir, an stracaire bocht go mba leis na ba bainne ná codhlódh an oidhche sin, sé sin dá gcreidfeadh go m'fhéidir an t-im agus an bainne a thabhairt uaidh. Ba nós le cuid don tsaoghal na beithígh do chuir in sa mbothán an oidhche. Bíodh sin mar do bhí. Bhí an feirmeoir seo is dócha ag cosaint a chuid buaibh ar lucht na pisreoga. Bhí sé ansúd amuigh ins an oidhche álainn Samhradh nuair amach as chiúineas¹³² na hoidhche d'airigh sé an gáirí agus an liúireach as a cheann thuas¹³³ ins pé'r domhan taghd nó eile do bhuail é, d'iompaigh ball an ghunna suas ar an aer agus do leig urchar. Ar caochadh na súl thuit anuas as na frimeáiltí¹³⁴ cailín álainn óg. Fóiríor! Bhí sí balbh. Bhí bua na cainte bainte dhi ag an slua sí do scuab leothu í. Mar sin féin thug an feirmeoir leis abhaile go dtí na mhuintir í. Ba bhí an seirbhíseach bhreá ar fuaid an tí í, agus d'itheadh agus d'óladh i bhfochair muintir an tí. D'imthigh bliain mar sin. Tháinig oidhche Bealtaine aríst. Chuaigh an feirmeoir go dtí an bpáirc seo aríst. Bhí lios ins an bpáirc seo. Deirtear go mbíonn dóirsí na liosanna oscailte oidhche Bhealtaine. Mar sin bhí an scéal nuair do tháinig an fear seo in aice na leasa. D'airigh sé an gáirí geal agus an chaint suairc, agus an magadh istigh ag muintir na leasa. Bhí siafra¹³⁵ óg ann, agus bhí an chuid eile don chuideachta ag déanamh spórt de agus ag rá: "Bliain is n-oidhche anocht is ea scuabadh do bhean uait." "Ná bac sin" a dúirt sé seo, "tá sí ina balbhán. Ní labharfaidh sí go deo go bhfaighidh sí deoch uisce as an mbarraille sin atá ansin ar cúl doras an leasa." Bhí an feirmeoir ag éisteacht leis an gcaint. D'fhéach sé isteach ins an lios. Chonnaic go raibh an suipéar ar n-aghaidh, agus go raibh gloinne air an mbord. Chonnaic sé a dheis, rith isteach ins an lios d'aon sgeogha amháin scoib suas an ngloine, líon le uisce as an mbarraille é, agus bhí imithe amach aríst mar an ngaoith. Níor fhás

¹³⁰ Nóta an Bhailitheora: Bhealteine = Bhalltaine, a deir sinne. Nóta an Choimisiúin: *Man rescues woman from Slua Sí and marries her* (CBÉ 39: 97a).

¹³¹ Nóta an Bhailitheora: tséasúr (CBÉ 39: 98).

¹³² Nóta an Bhailitheora: cuirneas (CBÉ 39: 98).

¹³³ Nóta an Bhailitheora: shuas (CBÉ 39: 98).

¹³⁴ Nóta an Bhailitheora: frímeaillí = an spéir; na scamail (CBÉ 39: 98a).

¹³⁵ Nóta an Bhailitheora: siafra = sidheóg (CBÉ 39: 98a).

an fhéar fé na chosa ar an mbealach abhaile, gur sroich a thigh féin. Chuaigh sé isteach agus gan mhoill thug deoch don uisce don bhruinneall.¹³⁶ Ní túisce d'ól ná gur tháinig a caint nádúrtha chuici. D'inis sí don fheirmeoir go mba inghean í don fheirmeoir ba socartha a bhí i gContae Luimnigh, gur b'amhlaidh scuab na daoine maithe chun siubhail í. Dúirt sí leis: "Téire anois agus beir leat do chapall go dtí tigh m'athair i Luimneach. Fear laghach fial is ea m'athair agus ní baoghal ná go dtabharfaidh lóistín na hoidhche dhuit. Nuair a bheidh tú ag fágaint tigh m'athair ar maidin fág do chapall féin ins an stábla agus tabhair leat an capall breagh atá ag m'athair ann." Ghlac sé comhairle an bhean óg, ghaibh sé a chapall, agus chuir chun bealaigh. Níor stop, ná níor chónaigh gur bhain amach tigh feirmeoir Luimnigh. D'iarr agus fuair ansin lóistín na hoidhche. Ar an gcéad spe¹³⁷ ar maidin bhí sé ar an mbóthar abhaile capall groidhe fear Luimnigh dá iompar. D'fhág a chapall féin ins an stábla, thug leis an ceann a dúirt an cailín leis. Nuair a chonnaic an feirmeoir go raibh a chapall álainn goidte ag an rógaire on gClár chaill sé a mheabhair. Chuir a bhuachaill gan moill ar a thóraíocht. Thug an duine sin an capall leis a d'fhag an Cláríneach ina dhiaidh, agus bhí sé ag cuir tuairisc an ghadaí ó bhaile go baile, agus ó tigh go tigh agus mar an gcú i ndiaidh an gírrfhiadh níor chaill riamh an bolaithe gur tháinig go dtí tigh an feirmeoir i nGleann Fhairrge. Tháinig an buachaill isteach go dtí tigh an feirmeora agus má dhein riamh bhí an cailín ansin roimhe mar bhí uaithi í féin a thabhairt le taispeáint. D'aithin an buachaill ó Luimnigh láithreach í. Níor dhúirt dada, ach chuaigh ar n-ais go dtí na mhaighistir agus d'inis dó cad do chonnaic sé. Ní nach iongnadh níor chreid an duine sin go raibh an páiste bhí cailte aige ina saoghal agus ina sláinte i dtigh feirmeora i measc craigreacha an taobh ó thuaidh do Chontae an Chláir. Mar sin féin tháinig sé. Nuair do tháinig sé isteach d'féach ar an gcailín, agus le lúthgháir rug greim barróg ar a pháiste féin do shaoil sé bhíscartha leis go deo. Nuair do chiúnaíodar anuas d'inis an inghean an scéal tríd síos, tríd suas dá hathair. Bhí sé comh baoch sin don fheirmeoir óg i dtaobh gur fhuascail sé a inghean ós na daoine maithe gur thug sé an inghean chéanna dhó le pósadh. Fuair sí spré mhór óna hathair, spré do bhí do réir a ghustal. Deineadh an pósadh. Bhí ádh agus sonas an tsaoghail ar an lánamha¹³⁸ seo gach uile lá an chuid eile dá saoghal, thógadar muirear mór, agus mhaireadar le haois.

¹³⁶ Nóta an Bhailitheora: bhruinneall = bean óg: maighdin (CBÉ 39: 99a).

¹³⁷ Nóta an Bhailitheora: spe = *first ray of daylight* (CBÉ 39: 99a).

¹³⁸ Nóta an Bhailitheora: lánú (CBÉ 39: 101).

Tháinig an scéal sídhe seo ón mbean chéanna (Bean Sheáin Mhic Dhaibhéid) a d'airigh fadó é ó seanfhear do mhuintir Dhonnachadh (ná maireann) a bheadh anois as cheann an céad. S.M.

Iml. 39

Lgh 102-103

27 Eanáir 1931

Feiscint do Fuair an Cailín ar an Athrú Beatha

Tá abhainn mhór a dtugtar Abhainn na hAille Móire ar ag gabháil trí pharáiste seo Thuath Clae. Tá aillte arda lena bhruach ar chuid mhaith den taobh thoir de. Ach tá aill uafásach ard agus uafásach aoidhbhear mar phort leis an abhainn seo thoir ag Ballysallagh.¹³⁹ Tá poll doimheacán a chuirfeadh scanradh ort gur b'ainm do Poll an Fhiadh¹⁴⁰ ins an áit seo. Tá, nó bhí, sailteacha mar droichead trasna na habhann ag an spota seo. Lá fadó i bhfad siar ins an aimsir b'fhéidir céad go leith bliain ó shin bhí cailín óg ag déanamh a bealach trasna na háite seo tamall éicint tar éis dul fé na gréine. Amach as chiúnas an tráthnóna tháinig fuaim gol duine nó daoine go dtí na cluasa. Tháinig sé mar a thiocthadh sé amach as thaobh na haille. Chuaigh sí suas taobh na haille go dtí an áit go mba dóigh léithe go raibh an gol ag teacht as. Bhí ansin uain isteach ins an aill, agus nuair do tháinig sí comh fada leis in ionad gol agus brón 's é an rud do bhí ar siúl gairí geal agus rince meidhreach. Chonaic an cailín ann daoine do ghach uile shaghas, cuid acu óg, cuid acu aosta, daoine gránna, daoine gnaíúla, cailíní agus buachaillí, iad go léir ansúd ag críochnú an lae le ceol, spórt agus aoibhneas. Nuair do bhí a raibh ins an áit eubhair sin le feiscint feiscithe ag an gcailín beag simplí, ghlaigh an bhean do chonaic sí ar dtús i leathtaobh uirthi, agus dúirt léithe go gcuirfeadh trasna an abhainn í. "Anois," a dúirt sí, "ná dein iongantas ar bith feasta má chloiseann tú gol nó gairí ins an áit seo. Tá cúram na háite seo ormsa le blianta, agus tá orainn fanacht anseo go mbeidh an lá suas atá leagtha amach dúinn, ceócu fad gairid é. Agus anois na bí gráite teacht anseo tar éis dul síos na gréine." Chuir sí an cailín trasna na haille do dhúin isteach an abhainn agus níor scar léithe, go raibh sí slán sábháilte. "Éist, a shroitheoir, agus ná hairígeach aoinne tú," a dúirt a hathair agus a máthair leis an gcailín seo nuair

¹³⁹ Bhí 'ag an mBailesalach' ag an mbailitheoir (CBÉ 39: 102).

¹⁴⁰ Nóta an Bhailitheora: *Deer hole* (CBÉ 39: 102).

a thosnaigh sí air a scéal iongantach a d'aithris dóibh nuair do tháinig sí isteach. Ach nuair do thug an cailín gach uile comharthaí sórt a bhí ar an mbean neamhsholta do casadh uirthi tháinig an cuimhne ceart isteach ina n-aigne. "A," a dúirt duine acu leis an an nduine eile, "tá sí agam anois. Ní raibh aoinne riamh ann ach Bríd," ag tagairt do bhean mhuinteartha do fuair bás i bhín clainne tuairim chúig bhliana déag roimhe sin.

Fuairéas ó bhean Micheál Ó Flannagáin, Luach, (52 bl.) a d'airigh é óna máthair críonna do chónaigh in aice le Poll an Fhiadh.

Iml. 39

Lgh 164a-175

11 - 20 Márta 1931

Smachtú na Mná Boirbe Milltí - An Bhean Mhursanta¹⁴¹

Bhí fear ann fadó agus fadó bhí. Duine uasal, agus fear saibhir do b'ea é. Bhí triúr inghean aige bhí eirithe suas chun aois pósta. Bhí an bheirt do b'óige acu ina gcailíní cneasta múinte, agus ins an uair cheart, tháinig an fear a bhí i ndán dóibh mar chéile an bealach, agus is gearr go rabhadar ina dtigheanna féin. Ach ní mar sin in aon chor do bhí an scéal ag an inghean ba sine acu. Bhí sí borb, millteach, ceandána, agus is sé a toil féin do leanadh sí i gcónaí. Níl aon fhear do thagadh dá hiarradh le pósadh ná neosfadh a hathair a cuid lochtaí dhó, agus toisc na lochtaí sin ní bhacfadh aon fhear léithe. Agus is dócha ná raibh sise sásta le aoinne acu. Mar sin d'fhan sí ar lámh a hathair agus ní gá a rádh nár chuir aon scéal do bheith mar sin aon feabhas ar a méin. Bhí an t-athair cráite ciaptha aici féin agus an aigne millteach bhí inti. Ba geal an lá leis scarúint léithe. Lá des na laethanta bhí sé féin agus a bhuachaill istigh ina chóiste ag gabháil bóthar i mbaile i bhfad ón áit féin. Le taobh an bhóthair sin thug an duine uasal radharc aisteach fén aire. Bhí ansúd garraí mór, agus fear ag treabhadh ann le péire¹⁴² capall. In ionad an dá chapall bhe tarraingt taobh ar thaobh le chéile mar is dual d'aon seisreach

¹⁴¹ Nóta an Choimisiún: 'Aa. 901' (CBÉ 39: 164a).

¹⁴² Nóta an Bhailitheora: padhre (CBÉ 39: 165).

do bhe ag tarraingt, is amhlaidh do bhí capall don phéire amach roimh an gceann eile. Ceangailte do ruball¹⁴³ an capall tosaigh do bhí punann coirce, agus an capall deire dá ithe ar a dhian dhíchilt. Nuair a bheadh an greim arbhair ithte aige i gcónaí dhéanadh an capall deire a lán dhíchilt chun theacht suas aríst leis an gcéad chapall, agus an punann. Mar sin ní raibh dada le déanamh ag an gcéad chapall, ach siubhal leis gan tarraingt, gan duadh. Bhí an capall eile stalcach, agus is ar do bhí an obair go léir. Ní oibreodh sé in aon chor murach gur dhein an treabhaighe é a mhealladh ins an gcaoi atá curtha síos anseo. Stad an duine uasal, agus do chuaigh isteach go dtí fear an gharraí. Thuig sé láithreach go raibh aige anois nó riamh an fear ceart chun dul i gcleamhnas leis dá mbeadh sé sásta. Cheistigh sé an feirmeoir, agus as an chaint tháinig amach go mba fear singil an treabhaighe, go mba fear saibhir do bhí ann a raibh caoi aige ar phósadh, agus fonn ar pósadh. Tharraing athair an bhean borb anuas mar gheall ar inghean, d'inis an fhírinne ghlan don fhear eile, ná raibh fear óg ar bith, do bhí ag teacht dá hiarradh le pósadh sásta ar í do ghlacadh mar mhnaoi nuair a d'fhágfaidist amach cén sórt do bhí inti. Nuair do bhí an tuairisc sin tabhartha ag an seanfhear ar an inghean borb, do labhair an fear óg, agus dúirt, "Dá mbeadh sí seacht n-uaire níos milltí bainfaidh mise ceart di. Pósfaidh mé í." Shocraíodar an cleamhnas ansin agus ansúd. Agus dheineadar suas in aigne, agus thánadar le chéile ar an caoi do b'fhearr theacht timpeall ar milltíocht an bhean óg, agus í a smachtú. Lá nó dhó ina dhiaidh sin tháinig an fear seo go dtí tigh an chailín óig. Níor thug leis ach seanchapall, cú, agus gunna. Ins an uair sin istigh i dtigh athair na mná dheintí an pósadh, agus mar sin a deineadh an pósadh seo. Bhí socair ag an bhfear óg seo le muintir a mhná, ná beadh aon bainfheis acu go ceann mí, nuair a thiocfaidist le chéile aríst agus dá mbeadh rudaí ina gceart, beadh bainfheis mhaith acu. Tar éis pósta dóibh, chaith an lánamha óg biadh, agus chuireadar i gcóir chun bealaigh. Níor inis mé fós gur ordaigh an fear seo dá sheirbhísigh sular fhág sé an baile, gan a leagadh ar bord dó féin, agus dá bhean nuair a chasfaidist¹⁴⁴ abhaile tar éis an phósadh ach fataí agus bainne géar, ach togha rósta, agus biadh dá fheabhas do bheith acu féin. Dúirt sé leothu an scéal do bheith mar sin, go n-ordódh sé athrú dóibh. Bíodh sin mar sin. Tar éis slán a fhágaint ag muintir a mhná tharraing an fear nuadh phósta amach a sheanchapall, chuaigh ar marcaíocht, agus d'ordaigh don bhean mursanta theacht aníos laistiar dhe. Ins an uair sin ba bhé an faisíún i measc daoine gustalacha don fear nuadh phósta, in áiteanna pé'r domhan é a

¹⁴³ Nóta an Bhailitheora: iarrball (CBÉ 39: 166).

¹⁴⁴ Nóta an Bhailitheora: chasadist (CBÉ 39: 167).

bhean phósta do thabhairt leis abhaile ar a chúla i gcapall diallait. Bhí pillín¹⁴⁵ ins an diallait don bhean, agus shuíodh sí air. Ní dhein mo dhuine dearmad dá chú, agus féach a raibh a ghunna ansúd ar thosach diallait aige. Bhogadar leothu, trasna páirceanna, agus áiteanna achrannach. Ar an slí dóibh d'éirigh giorrfhiadh ó thor. As go brách leis an ngiorrfhiadh, as go brách leis an gcú ina dhiaidh. Ghlaoigh an fear ar an gcú casadh chuige, leig sé fead agus fead eile ina diaidh ach ní raibh maith dhó ann. Níor chas an chú nó gur mharaigh sí an giorrfhiadh, nó gur chaill sí radharc air. Tháinig an cú fé dheire. Tháinig an fear anuas dá chapall, d'iompaigh béal an ghunna ar an gcú agus lámhaigh marbh í. "Cén chiall, in aon chor do dhein tu é sin?" a dúirt an bhean dosmachtaithe eagla a croidhe uirthi. "Dhein mé an chú do lámhach," a d'fhreagair an fear, "nuair nár dhein sí an rud a d'iarr mé uirthi a dhéanamh." Chun bealaigh aríst. Thánadar go dtí áit a raibh díog mór, mhór leathan agus múta ar ghach taobh dhe. Thug an marcach aghaidh an seanchapall ar an ndíog, leigint ar féin go bhféadfadh an t-ainmhí bocht an léim uathfásach sin do scuabadh. Ní raibh maith i *whip* ná *spur* chun an capall do chuir thar an léim. Ná fós i liúireach, ná i screadach. Níor dhein an seanchapall iarracht ar bith. "Tar anuas," a d'ordaigh an fear go bagarthach, dá chéile. Ghéill sí. Tháinig sé féin anuas, agus gan focal, cuireann sé a ghunna do dtí na ghuaillainn. Iompaíonn sé béal an ghunna ar an seanchapall, tháinig pléasc, agus nuair do scaip an deatach, sé an íde¹⁴⁶ an chú bhí ar an gcapall. Comh marbh le cloch. Tháinig crith cos agus lámha ar an mbean mursanta úd, an bhean dána millteach nár dhein riamh ach a toil féin. "Cén fáth ar dhein tú an saothar atá deanta agat?" a d'iarr sí ar a fear le guth umhal eaglach. "Cén fáth ná déanfainn nuair nár dhein sé an rud a d'iarr ar a dhéanamh?" a d'fhreagair an fear mar a d'fhreagair nuair a lámhaigh se an chú. Bíodh orm nár dhiúltaigh sí don trioblóid nuair a d'ordaigh sé dhi go míréasúnta, an diallait a bhí ar an gcapall iompar abhaile. Ghéill, agus cuir ar a droim an t-ualach, agus níor scar leis gur fhág ag baile é. Bíonn fáilte an tsaoghail agus an biadh agus deoch is áille is féidir le muintir an tí sin a sholáthar go gnách roimh an lánamha nuadhphósta nuair a thagad don chéad uair isteach ina dtigh féin. Ní mar sin do bhí an scéal ag an lánamha seo. Nuair do bhíodar laistigh don tairseach, sí an fáilte fuar do bhí roimh an cailín bocht seo. Le ordú an fhir chuardar araon suas an staighre go barr an tí, agus shuíodar síos go dtí béile na bainse.¹⁴⁷ Béile na fuaire! Fataí agus bainne géir sin a raibh ar an mbord

¹⁴⁵ Nóta an Bhailitheora: pillín = suídheachan ins an diallait don bhean: *pillion* (CBÉ 1044: 166a).

¹⁴⁶ Nóta an Bhailitheora: ídhde (CBÉ 39: 169).

¹⁴⁷ Nóta an Bhailitheora: bainfheise (CBÉ 39: 169).

rompa. Ní bhfuair an bhean locht ar an mbéile. Bhí sí smachtaithe anois féin. Ní mar sin do bhí an scéal ins an gcistin. Mar a raibh thuas ins an bpárlús ach fataí agus bainne bhí ól agus ithte, agus togha rósta ag na seirbhísigh ins an gcistin. Agus raidhshe do ghach uile shórt. D'fhan an scéal mar sin ar feadh cúpla lá nó trí. Ins an deireadh do labhair sí féin. "Is aisteach an scéal é seo," a dúirt sí go gearánach, "feoil róstithe, agus gach uile ollmhaitheas ag ár gcuid seirbhísigh, agus sinn féin ar dtaobh le fataí agus bainne géir." "Ó," a dúirt seisean go neamhshuimiúil, "má tá biadh maith acu sin tá siad ag obair ar a shon. Ní hé sin dúinne, níl sinn ag déanamh dada go bhfaigheadh sinn biadh níos fearr ná mar atá againn." "Agus a bhfaighinnse an coththáil atá acu sin dá ndeifinn obair mar iad?" "Ní miste dhuit a rádh gur bhfaighir, agus biadh níos fearr go bhfágfadh tú ar t'fhuighilleach in do dhiaidh é." "Má's mar sin atá an scéal rachaidh mise ag obair," a dúirt an bhean millteach mursanta ag éirí suas go meidhreach. Bhain sí dhi an t-éadach galánta a bhí dá chaitheamh aici, agus chuir suas culatha garbh oibre. Síos léithe i measc na seirbhísigh sháithigh í féin isteach in obair éicint, agus ní uirthi a bhí an fuacht ná an leisce. Ba í an seirbhíseach bhreá í. B'fhearr ná sin í tar éis beagán aimsire nuair do chuaigh sí i dtaithí obair an tí. Bhí sí ag dul i bhfeabhas ins an obair, agus bhí sí ag dul i míneacht gach lá. Bhí an mí suas agus an lá ar fáil chun an bhainfheis¹⁴⁸ do bheith ar an lánamha seo ag tigh athair na mná. Agus ní mar a tháinig an lánamha seo lá an phósta, do chuardar ar n-ais. Bean borb millteach mímhúinte a d'fhág tigh a hathair tar éis pósadh dhi, bean ceannsa tabhartha anuas, smachtaithe atá anois ag teacht ar n-ais go dtí a bainfheis féin. Ní gá a rádh gur ansúd do bhí an bhainfheis mhór. Bhí an bhainfheis caite, nuair do chuaigh an triúr cliamhanta isteach i seomra leothu féin agus le athair na triúr mná a bhí pósta acu. Tháinig trácht anuas ar na mná ag na fearaibh seo, a bhí ceangailte dhíobh. Bhí fonn ceart cainte ortha mar bhíodar suite síos ar a sáimhín sógha dóibh féin, *punch* agus biotáille go fial fairsing ar bord, deatach tobac go cumhra ins an aer. Fad do bhí an triúr cliamhanta mar sin bhí an triúr driféar i seomra thuas an staighre, leothu féin go te agus go dáiríri ag imirt cluiche cártaí lena chéile. Ach mar a dúras cheana bhí a gcuid fear ag trácht ar an dtriúr.

"Is agamsa 'tá an bhean is fearr don triúr," a dúirt an fear a bhí pósta ag an gcéad inghean do phós, deineann sí mo thoil i ngach uile rud, agus ní théann im' choinne go deo." Tá do bhean ina bean mhaith gan dabhta ar domhan," a dúirt fear an tarna

¹⁴⁸ Nóta an Bhailitheora: baineis (CBÉ 39: 171).

inghean do phós, "ach mar sin féin bualainn mo bheansa amach agus amach í le síodamhaileacht, agus le dílseacht domhsa. Dá n-iarrfainn uirthi dul amach ag taomadh na habhann ní iompódh sí siar orm ach rachadh dá dhéanamh." "Cad is corr dom bheansa?" a dúirt fear na mná mursanta, "deirimse gur bhí an bhean is fearr í chun comhairle a fir do dhéanamh, agus cuirfidh mé chuaigh céad punt aisti ar an láthair a bhfuil mé ann." Ó pé'r dómhan fear a bhfuil an bhean is fearr aige ní agatsa atá sí," a dúirt na cliamhanta go magúil nuair do chuimhnaíodar ar an gcailín millteach mursanta dána, ná raibh aonne sásta ar í a phósadh. As an gcaint agus an argóint dóibh chuir gach fear dóibh cúig céad punt gur b'aige féin do bhí an bhean is túisce agus is fearr do dhéanfadh a thoil nuair a d'iarradh sé uirthí dada a dhéanamh, ná chúig céad déag punt le tabhairt lom láithreach don bhean ba mhúinte don triúr. Do labhair an seanfhear ansin, "Agus tabharfaidh mise míle punt mar spré don iníon liom a bhuafaidh an geall." Ceanglaíodh an geall, agus leagadh amach airgead. Fad do bhí an chaint agus an ghealltóireacht ar n-aghaidh ag na fearaibh, ní raibh radharc ná éisteacht ag na driféaracha do dhada ach don lámh cártaí a bhí dá imirt.

Bhí fios mhaith ag na fearaibh cad do bhí ar siubhal ag a gcuid ban ins an semra thuas an staighre. Sé an teist do shocraigh an triúr fear eatorra féin chun fháil amach céir bhí an bhean is múinte, agus is urramúla bhí dá fear pósta seirbhíseach ná raibh a bheag ná a mhór ins an rún a bhí idir na fearaibh a cuir suas ag glaodhach ar gach bean acu, a rádh léithe go raibh gnó ag a fear di lom láithreach. Suas leis an seirbhíseach, agus dhein a gnó go beacht. Nuair a dúirt sí leis an gcéad inghean¹⁴⁹ do phós gur chuir a fear scéala chuici go raibh gnó aige dhi ar an bpointe boise bhí leithscéal aici gan teacht mar dúirt sí, "Beidh mé chuige i gceann nóimintín, ní fhéadfainn imtheacht anois mar atá mé i ngiorracht bun don airgead." Chas an seirbhíseach anuas lena scéala. Dúirt fear an tarna inghean leis an seirbhíseach dul agus rádh lena bhean féin theacht chuige comh dian agus comh tapa agus do b'fhéidir léithe mar go raibh uaidh go príocallach í do theacht chuige. Dhein an seirbhíseach teachtaireacht, ach do bhí a leithscéal ar bharr an gob¹⁵⁰ ag an mbean chroidhe sin mar dúirt le sgeilm an cearrbhach a bhfuil na mághte maithe ag teacht chuige, "Ó ar a bhfeaca mé riamh ní féidir liom an áit seo a fhágaint anois, mar tá mé i ngiorracht sé déag do airgead. Fanadh sé nóimintín." Chas an seirbhíseach agus d'inis don chuideachtain cad a dúirt an bhean a cuireadh fios uirthi. "Imthigh anois agus

¹⁴⁹ Nóta an Bhailitheora: inghín (CBÉ 39: 173).

¹⁵⁰ Nóta an Bhalitheora: gub (CBÉ 39: 173).

glaoigh chugham ar mo bheansa. Abair léithe gur dhúirt mé léithe theacht chugham." Sin mar do labhair fear na mná mursanta. Bhí an triúr driféar go te i n-íomrascáil na bearta deireanacha don chluiche dheireanach nuair a tháinig an teachtaire go dtí an mbord an tríomhadh turas. Ní túisce a bhí an teachtaireacht as bhéal an teachtaire gan stad, gan staonadh, ná iompaíonn an bhean mhursanta millteach aghaidh an lámh cártaí a bhí dá imirt aici anuas ar an mbord comh tapa is dá mbeadh teine ar a croiceann agus ní i siubhal in aon chor do bhí sí ag teacht anuas na staighrí ach ar chosa in airde go raibh sí le taobh a fir. Ní miste a rádh, agus a rádh aríst go raibh mórtas ag an nduine sin aisti. Chun taispeáint dá chliamhanta go raibh sí níos smachtaithe ná sinn féin agus go ndéanfadh a thoil go hiomlán d'ordaigh sé dhi an gúna álainn síoda a bhí dá chaitheamh aici do bhaint di féin agus é do chuir isteach ins an teine. Ní baoghal gur chas sí siar air, ná focal do labhairt ina choinne ach do rug ar an éadach uasal, chuir ins an teine é, d'fhág ann é gur dhein caor agus luathramhán¹⁵¹ de. Níor bheag sin. Bhí an fortún buaite, agus buaite go maith ag an mbean mhursanta. Cuireadh na céadta go léir lena chéile agus tugadh dá fear iad. "Seo dhuit an t-airgead atá tuillte agat agus tuillte go maith agat," a dúirt sé ag tabhairt an fortún go léir dá bhean, "agus má dhóith' tú culatha síoda tá airgead ansin chun éadach comh maith leis do cheannach. Téir anois go dtí do mháthair, agus tabharfaidh sí gúna dhuit a thabharfaidh abhaile tú, mar is tú an inghean is fearr dár thóg sí." An críoch.

An scéal.

Do chlois mé seanfhear do chónaigh inár n-aice ag inseacht an scéal seo thuas nuair do bhíos im' gharsúnín fadó, fadó. Ach bhí sé imithe go baileach as mo chuimhne, fearacht céad rud nach é. Ins an ngeimhreadh seo atá imithe tharainn d'inis mo charaid Seán Ó Laoi, Baile Chonnú¹⁵² an scéal dom, ach go tubaisteach ní bhfuair mé é do thógaint síos an lá céanna mar do bhí an bóthar a bhí idir mé agus an baile mó agus gairid (mar a deireadh ár seandaoine) agus an lá beag geimhridh mó agus gairid. Ar an adhbhar sin tá an scéal cuirthe síos ó chuimhne, agus is sé mo leagan féin atá ar an insint. Ach tá súil agam gur dhein mé mo dhícheall macánta ar an scéal do chuir síos go maith agus tá súil agam nach locht ar an scéal má leig mé roinnt don tsrian le m'íntinn i n-insint an scéal, mar i gcuid des na seanscéalta seo 'tá uaim dhá obair mhaith do dhéanamh i n-aoinfheacht, - na scéalta do chuir síos clúdaithe ins an sórt Gaeilge a tháinig anuas chugainn ins an áit cúl air áird seo. Seán MacMathúna.

¹⁵¹ Nóta an Bhailitheora: lúadh (CBÉ 39: 174).

¹⁵² Leagan i mBunachar Logainmneacha na hÉireann: Ballyconnoe North.

Iml. 39

Lgh 189-190

An Bhean Aosta agus an Píopa

Bhí bean aosta ar na bailte seo ins an seanaimsir fiannachta bhí ana-ghráite dá píopa. Ach ba Críostaí maith í. Nuair do thiocfadh Céadaoin na Luaithe timpeall, líonfadh sí an píopa sin go clúdach le tobac, agus chuirfeadh go armach i dtaisce é. Ar feadh sé seachtainí¹⁵³ fada díreacha na Carghaoise ní bhainfeadh sí le píopa ná le tobac. Bhí dúil thar na beartaibh ag an gcréatúr bocht ins an ngal tobac, agus thógfadh an balaithe cumhra a bhí as "an ceo agus an brón dá croí." Ní mórán eile do shólás ná do mhilseacht an tsaoil a bhí ag seanmhná na haimsire sin ach an rúinnín tobac amháin. Ní raibh trácht ar tae ná ar dhada mar é. Ní raibh saol an tae ar fáil fós. Ach mar a raibh an tae ag na seandaoine bhí sólás níos breácha acu atá in easnamh ar a lán daoine saibhre ins an lá seo; fóiríor agus trua atá in easnamh ar náisiúin Creideamh beo láidir. D'imeódh an Carghaos beannaithe, agus thiocfadh Domhnach Geal Cásc. An mhaidin áthasach sin bheadh an bhean aosta seo i gceist ina suí ar an gcéad dhuine ins an teith¹⁵⁴ a raibh sí ann. Nuair do bheadh sí réidh lena hurnaithe thairneodh chuici an píopa, chuirfeadh an tobac trí theine agus thosnódh ag tarraingt go dúthrachtach. Leasmuigh do dhoras, bhí áthas mór ar oibreacha Dé, fiú bhí an ghrian mar a bheadh sé ag rince le geal meidhreacht, mar go raibh an bua faighte¹⁵⁵ ag an dTighearna ar an mbás, agus go raibh an Cine Daonna slán. Istigh ina cúinne bhí mo sheanbhean bhocht agus áthas dá tharraingt aici as píopa tobac Maidin Domhnach Cásc.

Seo scéilín a d'fhan im' chuimhne féin. Tá comh fada sin ó d'airigh mé an scéal go m'fhéidir ná fuil sé díreach mar a fuair mé é. Sean Mac Mathúna.

¹⁵³ Nóta an Bhailitheora: seachtmhainí (CBÉ 39: 190).

¹⁵⁴ Nóta an Bhailitheora: tigh (CBÉ 39: 190).

¹⁵⁵ Nóta an Bhailitheora: fágailte (CBÉ 39: 190).

Iml. 39

Lgh 245-246

20 Meitheamh 1931

Bíonn an Roth ag Gabháil Timpeall

Bhí feirmeoir anseo fadó a raibh cailín aimsire aige. Rángaigh go mba fear singil é agus ó theastaigh uaidh pósadh, d'iarr sé ar an gcailín an bpósfadh sí é. Dhiúltaigh sí dhó. Nuair do chonaic sí é ag cuir rún¹⁵⁶ ar a ghualainn ar maidin ag dul go dtí a chuid oibre thosnaigh sí ag rince agus dúirt go magamhail:

"Mar sin is córa é a bhodach na ruinne
Tusa a bheith ag rómhar, agus mise a bheith ag rince."

D'imthigh an lá sin agus tháinig lá eile. Níor thóg an cailín bóthar a leasa, ach d'imthigh sí le fán agus fuacht an tsaol. Ins an deireadh b'éigean di dul ag lorg a cuideach. Lá des na laethanta bhí an feirmeoir ag an margadh ag díol ualach eorna. Cé a bheadh ag an margadh céanna an lá céanna ag ach an cailín seo agus é ag dul ó dhuine go duine ag lorg na déirce. Tháinig sí go dtí an feirmeoir seo a bhí anois ina fhear gustalach, socair ins an tsaol. D'aithin seisean í ach is dócha nár aithin sí sin é. Mar seo a dúirt an feirmeoir:

"Mar sin is cóire é a chailín an rince
Mise ag díol eorna agus tusa ag gabháil timpeall."

Tógtha síos ó chuimhne. D'airígheas ag Seán Ó Maoldomhnaigh, Dún na gCorr.¹⁵⁷

¹⁵⁶ Leagan áitiúil den fhocal 'rámhainn' é 'rún'.

¹⁵⁷ Leagan an Bhailitheora: 'Dúnagóire' (CBÉ 39: 246).

Iml. 39

Lgh 349-351

Scéilín ar an Aifreann Naofa¹⁵⁸

Bhí beirt mná comharsain ann fadó a théadh go dtí an Airthionn¹⁵⁹ lena chéile, ach ní mar a chéile a théidíst ann. D'éistfeadh bean acu an tAirthionn go maorídhe umhal, gan hata, gan síoda dá chaitheamh aici ach an fallaing simplí, agus gan féachaint anonn ná anall aici faid a bhí sí istigh i dTigh Dé. Bhí a mhalairt do nós ag an mbean eile. Éadach breá péacach ar iompar aici, agus a súile go gnóthach ag féachaint ar gach bean nó cailín do chaitheadh eadaí deas. Lá des na laethanta dhein an bheirt bhan margadh lena chéile gach duine acu cloichín do chuir isteach i mbosca gach Domhnach, nó lá saoire a bhídíst ag an Aifrionn go mbeadh an méid don bhliain a bhí le teacht caite. Bhí a bosca féin ag gach bean acu agus gach Domhnach a d'éistidíst an tAirthionn chaitheadh gach duine acu cloichín bheag isteach ina bosca. Lean gach duine acu dá slí féin, an bhean umhal ag tabhairt aire mhaith don Airthionn, an bhean eile d'féachaint timpeall uirthi. Nuair a bhí an bhliain amuigh ach amháin an t-aon Domhnach le caitheamh, labhair an bhean bhocht leis an bhean peacach mar seo, "Níl againn anois ach Domhnach eile. An ndéanfá mo chomhairle an Domhnach seo gan clóca ná hata do chuir ort féin ach dul go dtí an Airthionn le seál agus drochéadach mar mé féin?" Ní ghéillfeadh an bhean uaibhreach in aon chor dá leithéide sin do rud. Ná beadh na daoine ag magadh fúithi go deo na ndeoir dá ndeinach sí a leithéide? Mar sin féin thug sí isteach ins an deireadh. Chuaigh sí go dtí an Airthionn an Domhnach seo comh simplí céanna leis an mbean eile. Le neart a raibh don náire uirthi aoinne dá feiscint i ndrochéadach, níor thóg sí a ceann thall ná abhus, agus choinnigh sí a súile ar an altóir. Nuair do chuardar abhaile an Domhnach sin thugadar an dá bhosca le chéile. D'oscail an bhean saibhir a bosca ar dtús. Tar éis ar chuir sí isteach ná raibh istigh ach an t-aon cloichín amháin. Bhuail iongantas agus alltacht í. Ach nuair a d'oscail an bhean eile a bosca, bhí gach uile cloichín dár chuir sí isteach ann. Nuair do chonaic an bhean peacach an taispeána¹⁶⁰ sin, thuig sí ná raibh sí ag éisteacht an t-Airthionn ina cheart fad do bhí sí dá hiompar féin mar do bhí.

¹⁵⁸ Nóta ón gCoimisiún: *Exemplum* (CBÉ 39: 349a).

¹⁵⁹ Nóta an Bhailitheora: Aifrionn (CBÉ 39: 349).

¹⁶⁰ Nóta an Bhailitheora: tsbáina (CBÉ 39: 350).

D'aistrigh sí a beatha ón lá sin amach agus go dtí lá a báis aríst d'fhéach sí leis an t-Airthionn Naomhtha d'éisteacht mar ba cóir.

Fuair mé an scéilín seo ó chailín comharsain. D'airigh sí sin é ag bean thoir gairid do Cill Fhionnúrach¹⁶¹ atá anois ag déanamh amach ar na cheithre fichid. Ins an mBéarla a d'inis an cailín dom é. S. Mac Mathúna.

Iml. 39

Lgh 375a-376

Bhí an Chealg i gCónaí Ann

Bhí lánamha phósta ann fadó, agus bhí an fear ana-chrosta lena chéile. Ach pé scéal é tháinig an bás ar an bhfear mar a thiocfaidh ar gach n-aon. Fágadh i gcré ins an roilig bheannaithe an duine bocht agus ina n-am féin bhí na neantóga ag fás ina gcoill os cheann an fear a bhí imithe. Lá des na laethanta bhí an bhean ag sochraide go dtí an roilic céanna a raibh a fear curtha ann. Mar is gnách le daoine a dhéanamh inniubh is an lá sin chuaigh sí ar a glúine os cheann uaigh a duine féin. Bhí na neantóga go tiubh ann. Do dhódar an bhean. Tháinig racht feirge uirthi. "Scéal cráite ort," a dúirt sí leis an bhfear thíos, "bhí an cealg ort nuair a bhí tu beo agus tá sé ort marbh."

Fuair mé an scéilín seo ó bhean comharsain. S.M.

Iml. 39

Lch 410

An Bhean ón Saol Eile

Ins an áit seo fadó bhí fear ag gabháil trasna abhainn ag áth, roimh éirí na gréine ar maidin. Bhí ann roimhe bean agus í ag gabháil do shlis ar éadach do bhí dá ní aici. Nuair do chonnaic sí an duine ag cuir isteach uirthi do labhair sí, agus seo a dúirt:

¹⁶¹ Leagan an Bhailitheora: Cillurach (CBÉ 39: 351).

"Bean mise a bhíonn amuigh ins an oidhche
Agus ins an mallamhuir nítear mo chuid síodaí
Agus imigh uaim a dhuine nó déanfaidh mé díth dhuit."

Níor dhein an fear aon suim do chuir ina cuid caointe, agus do chuir a lámh amach mar a bheadh sé dul dá leagadh ar a ceann. Má dhein riamh bhuail sí cúl a dearna ins an aghaidh air, agus d'fhan rian chúig mhéar na mnaoi ann go dtí lá a bháis. Bean ón saoghal eile a bhí ann.

[Ó fhear nach raibh sásta a ainm a chur síos.] D'airigh sé an scéal seo ag na seandaoine fadó.
S.M.

Iml. 40

Lgh 103a-104

Altú an Seandúine

Bhí fadó ins an dútha seo fear ar tháinig cruatan agus mícharthanacht an tsaoghail chuige nuair a phós a mhac. Ón lá a tháinig an bhean óg isteach an doras ní raibh ceart ná cóir dá thabhairt don seanfhear. Níor fhan aon mheas air. Tháinig Oidhche Ceann Féile agus rángaigh go raibh strainséirí ag an suipéar. Leag an bhean óg prionda ime anuas idir a fear féin agus an strainséir, agus cé go raibh an seanfhear ag an mbord níor cuireadh an t-im roimhe. Nuair a bhí an béile caite dúirt an fear óg, "Altaigh tusa an béile anois, athair, mar a dheinteá i gcónaí." Dúirt an seanfhear ná déanfadh, nár bhé fear an tí anois é, ach leigint dó féin é a dhéanamh ós aige a bhí teith agus tigheas anois. Bhí an mac ar naghaidh leis comh mór sin gur ghéill an seandúine ins an deire, agus dúirt go ndéanfadh sé an t-altú. Agus siod é an t-altú a dhein an t-athair:

"Do dhíolfainn an droimfhionn agus an chiar do lón
Do chíorfainn do dhlaoithibh fiche uair ar an ló
D'fháiscfinn lem' chroidhe tú, mar ba tusa mo stóir
Agus ní bheinnse ag ithe an t-im, agus tusa ag an mbord."

Iml. 41

Lgh 305a-308

18 Iúil 1933

An Cleasaí agus an Bhean Óinsiúil

Bhí bean bhocht simplí ins an dútha seo fadó a bhí an-tabhartha do bheith ag coinneáilt cuid mór *poultry*. Ach ní raibh lá den ádh uirthi lena cuid álta. Is cuma cé méid ál do chuirfeadh sí síos ceócu fé lacha nó fé chirc, ní thiochfaidís amach. Rángaigh go raibh fear an-tréitheach¹⁶² mar fhear comhairsain aici, ná raibh riamh ar donn le raibh do *thriceanna* aige. Bhí fhios aige go maith i dtaobh Máire agus a cuid álta, mar bhíodh sé isteach 's amach ina tigh go minic. An lá a bhuaill sé isteach nuair do bhí Máire ag brath ar ál uibheacha lachan do chuir fé chirc. "Ag cuir ál síos atá tú, a Mháire?" a deir Seán, an cleasaí. "Táim, a ghrá, ach níl aon mhaith dhom ann, dá gcuirfinn an oiread eile síos ní thiochfadh ceann acu amach." "Má dheineann tú an rud do dhéarfadh mise leat ní bheidh sin le rá agat." "Cén sórt atá uait a chuir síos, a Mháire?" "Dhá cheann déag do uibheacha lachan." "Anois, a Mháire, caithfidh tú dhéanamh mar a dhéarfadh mise leat. Caithfidh tú dul ar do ghlúine leasmuigh don doras iadhta agus a bheith ag rá paidreacha fad a bheidh mise ag socrú an nead fén gcearc, agus ar do cluais deas ná clé ná corraigh as do ghlúine go nglaofaidh mise ort." Chuaigh sí amach agus dhein sí mar a dúradh léithe. Chrom Seán ar an nead do chóru go haireach agus i gceann tamaill glaonn sé ar Mháire. "A Mháire, cé méid bardal ba mhaith leat ar an ál?" "Aon bhbardal amháin agus bíodh muineál uaithne air." Bhí fear Mháire ag obair amuigh ar an ngarraí agus ní raibh fhios aige cad do bhí ar siúl ag Seán. Fad do bhí Máire ar a glúine ag an ndoras iadhta bhí sé ag polladh gach uile ubh riamh don dosaen le biorán agus ag iompú a raibh istigh iontu isteach go dtí canna beag stáin do thug sé leis. Nuair a bhíodar ar fad follamh aige do shocraigh sé na plaoisc go haireach fén gcirc agus ansin do ghlaigh sé ar Mháire. "Anois," a dúirt sé, "ní baol duit, ná go mbeidh aon cheann déag do lachain agus bardal le muineál uaithne ar t-ál." D'imthigh sé leis agus níor dhein sé dearmad

¹⁶² Nóta an Bhailitheora: Tréitheach = Suairc, lán do "thriceanna" (CBÉ 41: 305a).

don *tin can* mar a raibh na huibheacha aige. Nuair a tháinig fear Mháire isteach, dúirt sé "bhí Seán agat, chonaic mé ag gabháil aniar an pháirc é. Agus a Mháire, cad a choinnigh ar do ghlúine tú ar feadh uair a chloig as chómhair an dorais iadhta?" "Ó, a ghrá, chuir Seán an t-ál ar gor dom nuair ná fuil aon ádh orm féin leothu, agus dúirt sé liom fanacht ar mo ghlúine fad a bhí sé ag socrú na n-uibheacha." "Agus a Mháire, ar chreid tú é? Tá an scéal go maith mar a bhfuil cleas éicint déanta aige ar na huibheacha." Chuadar go dtí an nead agus nuair a rug Máire ar cheann chonaic sí ná raibh ann ach an plaosc. Chonaiceadar go raibh an cleas céanna déanta le gach uile cheann an domhain acu. Nuair a tháinig an Domhnach, chuir fear Mháire na plaoisc ina phóca agus nuair a fuair sé an deis, rúisc sé gach uile cheann acu leis an gcleasaí os chomhair an phobail, agus é ag scartaíl agus é dá dhéanamh.

D'airigh mé an scéal seo ag Micheál Ó Flannagáin (70 bl.), An Luach Thuaidh, Dúlainn¹⁶³ agus tháinig sé chuige sin óna mháthair ná maireann. Sean scéal ceart is ea é. S. Mac.

Iml. 41

Lgh 366-368

Bheadh Aithint ag a Chuid Capaill uirthi

Ins an seanaimsir ins an dútha seo, agus dar ndóigh i ngach uile dútha eile d'Oileán na bhFionn an uair sin níor bhaoghal go deo d'fhear a mbeadh coir agus briseadh dlighe curtha ina leith dá mbeadh an tighearna talún ar fhabhar. Bhí an chuairt agus an choiste ar a gcomhairle féin acu, agus níor bheag focal uathu chun cead na gcos do scaoileadh leis an té a bhris an dlighe, agus bhí focal ón dtighearna ábalta ar an nduine céanna do cheangal le slabhraí i bpríosún láidir, ar feadh suim gan áireamh. Ins an seanaimsir bhí dhá mhuirín ar an mbaile seo a raibh ceangal pósadh eatorra. Nuair do rángaigh gur tháinig an bás ar an mbean óg do dhein an ceangal idir an dá mhuirín d'éirigh easaontas eatorra, agus ar nós an lae sin ní raibh aon socrú ar an scéal gur troideadh cath millteach idir an dá mhuirín agus ar ghaibh leothu. Bhí an dlighe briste, réabtha agus ba baolach do thaobh éicint nó do ghach taobh príosúntacht fada. Ní raibh chun iad do shábháilt ach an tighearna a bhí os a gceann. Sé an tighearna a bhí ar dream do lucht an

¹⁶³ Leagan an Bhailitheora: Dúbhlinn (CBÉ 41: 307a).

bhuailte duine do mhuintir Síol Aodh, mar a thugadh an seandream Gaelach ortha, *Frank Óg Mac Namara*.¹⁶⁴ Chuaigh máthair na mbuachaillí seo chuige ag iarradh cabhair agus trócaire air le haghaidh lá na Cuairte mar nidh nach iongnadh, bhí gach uile thighearna talún an uair úd ar an mbinse, agus ní raibh athrú. Nuair do chuaigh sí i láthair an ghúistís bhí an scéal i dtaobh lá na bruíne aige réimpi. "Well, a Shiobhán, is crosta buailteach an dream sibh ansin thiar ar an Luach." "Ní hiad mo chlann is ciontach," a dúirt sí, agus ansin thug sí brígh agus fáth an scéil dó. Agus a deir sí, "Anois, a mhaighistir, tá cúpla mála coirce thiar ag an dteith¹⁶⁵ agam, agus má's maith duine des na fearaibh chuir féna dhéint déanfaidh sé na capaill duit." Níor bheag sin. Is rómhaith do thaitin an méid sin leis an ngúistís onórach mar dúirt sé, "Maith an bhean tú, a Shiobhán, beidh aithint ag mo chuid capaill ort lá na Cuairte."

Fuair eas an seanscéal seo ó bean mhuinteartha i Sráid na nIascairí.

Iml. 133

Lgh 185-189

An Leasmháthair

Bhí fear ann a dhein an tarna pósadh. Bhí garsúinín seacht nó h'ocht do bhlianta d'aois leis an gcéad bhean ins an teith agus ní raibh an leasmháthair go maith dhó. Ní thugadh sí dhó ach rud beag suarach cois an hiarta. Bhí beirt driféar aici agus nuair a thagaidist ar cuairt chuici bhíodh féasta deas ag an dtriúr acu mar bhíodh fear an tí as baile i bhfeidhil obair éicint agus ní fhaigheadh an páiste seo ach an t-ocras. An lá seo tháinig an bheirt bhan go dtí an dteith agus cuireadh i gcóir féasta agus deineadh dearmad don gharsúinín. Nuair a tháinig an t-athair abhaile leagadh a suipéar chuige agus bhí sé dá ithe. Bhí an leaidín cois an hiarta agus nuair a bhí an t-athair ag ithe bhí sé mar a bheadh sé ag crónán leis féin agus é ag rádh, "Bhí Cáit agus Máire anseo inniubh agus ní d'aoinne 'tá mé dá inseacht ach do pholl an bhalla, poll an bhalla! Uibheacha lachain, uibheacha lachain! Agus ní d'aoinne 'tá mé dá inseacht ach do pholl an bhalla, poll an bhalla." Bhí sé ag crónán mar sin leis, ach fé dheireadh thuig an t-athair go raibh gearán

¹⁶⁴ Nóta an Bhailitheora: Mac Conmara (CBÉ 41: 367).

¹⁶⁵ Nóta an Bhailitheora: dtigh (CBÉ 41: 367).

éricint le déanamh ag an bpáiste. "Agus cé a bhí anseo inniubh?" a d'iarradh sé don gharsún. "Ó, ní d'aoinne atá mé dá inseacht ach do pholl an bhalla, poll an bhalla," deireadh an garsún. Fé dheireadh dúirt sé le n'athair, "Bí tímpeall amáireach leathuairín roimh an dinnéar agus feicfidh tú rud éicint." Lá arna mhárach nuair a chuaigh an t-athair as baile, ach d'fhan sé ag obair tamall éicint ón dteith, ach bhí radharc maith aige air. Amach ins an lá chonaic sé an bheirt ag teacht, agus bhí fhios aige go maith cérbh iad an bheirt. Níor fhág sé an áit a raibh sé air feadh leathuair an chloig nó b'fhéidir breis. Tháinig sé isteach, agus má tháinig riamh bhí ansúd a bhean agus a driféaracha, Cáit agus Máire, agus féasta deas acu, agus na huibheacha lachain, agus an leadín beag bocht cois an hiarta agus gan dada le fáil aige. "Is fíor san," a dúirt sé ach mé féin is ciontach leis nár fhéach i ndiaidh mo pháiste roimhe seo. Ach ní bheidh san amhlaidh feasta." Ní raibh sé ag bruíon ná ag achrann lena bhean mar gheall air cad do dhein sí ach as sin amach bhí aireachas aige i ndiaidh an pháiste agus nuair a bhíodh sé ag á bhéile bhíodh an garsúinín i nfhochair. S.M.

Thóg mé an scéilín seo óm chuimhne ach d'airigh mé é ag Bean Mhichíl Uí Fhlannagáin do chónaíonn anseo, agus d'airigh sí sin é ag á máthair.

Iml. 222

Lgh 171-177

An Stail do Bhí ar Stábla Seacht mBliana - Mar a Thug sé Anuas an Stail

Bhí daoine timpeall ar Mháirín Rua a raibh uaithi a chuir as an slí, ach is dócha go raibh eagla uirthi é a dhéanamh. Bhí naonúr Lochlannaigh mar namhaid aici agus ní raibh uaithi ach leithscéal chun iad do chuir i sáinn a mbás. Bhí fear breá acu ann, agus is dóigh liom gur Maistín na Cruacha a thugtaí air ach pé réasún do bhí aici chuige, is cuma anois, ní raibh ó Mháirín Rua é a bheith beo. Bhí stail ansúd ar stábla ná facadh an taobh amuigh le seacht mbliana, ach é dhá fho-bhiadhta ansúd istigh. Tháinig an t-ordú go gcaithfeadh an Maistín é a thabhairt amach agus marcaíocht do bhaint don stail fiáin agus é a thabhairt ar n-ais. Ní nár locht sin air. Bhí an fear seo i gcruachás. Ní raibh fhios cad do b'fhearra dhó a dhéanamh. Chuaigh sé go dtí sórt fear feasa nó b'fhéidir fear capall do bhí ins an áit a d'iarradh comhairle a leasa air. "Tá an scéal dian ort," ar seisean, "ach caithfidh tú do dhícheall a dhéanamh. Ach seachain ar a bhfaca tú riamh

a dtabharfá leat an giorta ná an bhéalbhach do thabharfá siad súd duit. Téire go dtí an stábla agus féach air gach uile ghiorta atá ann ach ná tabhair leat aon cheann acu go bhfuigh tú giorta ann atá déanta don síoda ceart. Tabhair leat é sin. Agus ar an nós chéanna ná tabhair aon bhéalbhach leat ach an bhéalbhach atá déanta don airgead gheal." Nuair a bhí an fear seo i gcóir níor ghlac sé an giorta do thairgíodh dó mar ní raibh ann ach giorta lobhtha ach chuir sé a ghiorta síoda ar an stail, mar an gcéanna chuir sé an béalbhach do thoghadh sé féin suas agus níor bhac sé le aon cheann eile. Choinnigh congnadh fear an stail dó gur chuaigh sé air. Sea, seo rud eile a d'fhág mé amach. Nuair a bhí an fear feasa ag cuir comhairle a leasa ar an Maistín dúirt sé leis cead a chinn a ligint leis an stail agus ligint dó a rogha bóthar do thógaint. Nuair a ligeadh leis an stail sin ná facadh solas an lae ghlégeal le seacht mbliana ní fhacadh aoinne dár mhair aon rud mar é. D'imthigh sé as a mheabhair lom láithreach le brothall dearg, agus barr fiadhantas. Níor fhan léas radharc ina shúile agus le uathfás an imtheacht do dhein sé. Mar na gagáine scuab sé claíocha agus díogreacha bogacha agus sléibhte, cnoic agus gleannta. Is cosúil ná raibh fhios ag an stail cén treo a bhí sé ag thógaint ach le ciall éicínt do thug sé a aghaidh siar. Níor dhein an marcach aon iarracht ar an gcapall fiáin do cheansú. In ainm an donas cén áit a dtabharfadh an stail a aghaidh ach ar Aillte arda an Mhothair. Is dochreidte an scéal é ach féachann sé dá fhaid é an t-aistear do bhí déanta aige ná raibh an stail tuirsithe fós agus é ag déanamh ar na haille mar níor b'fhéidir leis an marcach aon stop do chuir leis. Tháinig sé níos giorra agus níos giorra des na haille. Dhein sé ar an bpointe is airde des na haille. Thainig sé le buile agus le dúchas mar a bheadh fonn air é féin agus a mharcach a chuir le haille. Tháinig sé go raibh sé i ngiorracht cúpla slat nó mar sin do fíorsplinc na haille - agus an bás. Nuair a chonaic an marcach cad do bhí roimhe tháinig neart an bháis ina ghéaga! Le iarracht os meon chuir sé gach uile unsa dhá neart ins an stracadh thug sé don srian. Leis an stracadh sin chas sé an capall air n-ais gan bhaodhachas dá sheacht míle dhíchealt. Tá rian cruite an chapail anuas ar an leac lom le feiscint ansúd go dtí lá an lae inniubh báite síos tríd an gcarraig lom ins an áit ar iompaigh Maistín na Cruacha ceann na stalach. Deirtear go m'fhuirist marcaíocht a bhaint don bheithíoch fiáin ar an mbóthar ar n-ais. Bhí an brothall imithe agus deirtear nuair a bhí sé ag déanamh ar gheataí Léim an Eich¹⁶⁶ gur b'amhladh bhí an marcach iompaithe ar an gcapall - a aghaidh go dtí na ruball. Nuair a tháinig sé gairid don stábla agus scaoil sé an giorta

¹⁶⁶ Leagan an Bhailitheora: 'Léimanfhiadh' (CBÉ 222: 177).

síoda, thuit putóga an chapail anuas mar d'oibrigh an giorta síoda trí na bholg agus thuit sé marbh.

Fuair mé substaint an scéilín seo ó bhean mhuinteartha do chónaíonn i Sráid na nIascairí. Tá sí cúig nó sé bhlianta i bhfochair aois an pheinsiúin agus d'airigh sí an scéilín seo ós na seandaoine nuair a bhí sí ag éirí suas.

Nóta: Tá athrú inseacht ar an scéilín seo ins an ndútha seo. Ní féidir liom an scéal mar a d'airíos ag na seandaoine do thabhairt anois chuig mo chuimhne ach seo pointe a bhí acu. Nuair a bhí an marcach ag déanamh an iarracht duiliminte ar an stail do chasadh isteach ón aill deirtí gur chuir sé oiread sin neart san stracadh gur stróic sé an béal as an mbeithíoch agus gur oscail sé na giallacha as a chéile. Ní dóigh liom gur airíos aon trácht acu ar an ngiorta síoda, ná ar an mbéalbhach airgid. Ach má ligeann Dia liom déanfaidh mé iarracht ar an scéal seo fháil níos úntanaí mé ná mar atá sé anseo. S. Mac.

Iml. 222

Lgh 179-181

Do Charaid, do Chláirseach agus do Namhaid

Bhí an-tóir ag Máirín Rua ar na Maistíní - an t-athair agus an mhac - pé fáth a bhí aici chucu. Bhí an seanfhear i bhfolach mar bhí eagla air go maródh Máirín Rua é toisc go raibh an rún aige an sórt bheatha do bhí sí ag leanúint. Pé scéal é chuir sí cuireadh chuig an mac theacht chuici a lethéide seo do lá agus a charaid, a chláirseach, agus a namhaid do thabhairt leis. Ní raibh fhios ag an Maistín óg seo cad ba cheart dó a dhéanamh. Chuaigh sé go dtí fear feasa do bhí san áit agus d'iarr sé comhairle air. "Tá tú i ndrochchás," a dúirt an fear feasa "agus 'sé lándian ort theacht ó Mháirín Rua an babhta seo." Ansin d'inis sé dhó go mba bhé a chapall a charaid, a leanbh a chláirseach mar go mba gile leis a gháire agus a ghuth ná ceol an chláirseach, agus go mba bhí a bhean a namhaid. Nuair a tháinig an lá cinn d'imthigh an fear seo agus thug leis a chapall, a bhean, agus a leanbh agus chuadar go dtí cuairt Máirín Rua. Nuair a tháinig an fear ina láthair, d'iarra' sí dhe, "Ar thug tú do charaid leat?" "Tá sé anseo agam," arsa an fear ag taispeáint a chapall di. "Agus cá bhfuil do chláirseach?" "Sidé é," arsa an fear ag leagadh lámh ar an leanbh. "Agus cá bhfuil do namhaid?" "Tá sí anseo lem' thaobh," a dúirt an

fear ag pointeáil go dtí na mhnaoi. Las an bhean suas le fearg lomláithreach. "Ó, a bhithiúnaigh bhradach," do scread sí, "amach is maith a gheobhainn a bheith ag tabhairt bia chuig d'athair leis an bhfaid úd a bhfuil sé i bhfolach ó Mháirín Rua." Sin a raibh ó Mháirín. Bhí fhios aici anois go raibh an seanfhear i bhfolach, agus ba gearr go bhfuair sí amach cá raibh sé. Cén íde a thug sí air níl fhios agam.

Fuair eas substaint an scéilín ón mbean chéanna do thug an scéilín laistigh dom. Sé mo thuairim ná fuil ach cuid don scéal aici ach mar sin féin mheas mé go m'fhiú é a chuir síos. Tá súil agam go bhfuigh' mé iomlán an scéilín seo lá éicint é is fiú an méid seo go taispeánann sé go raibh an scéal ins an gceantar seo. Seán Mac Mathúna.

Iml. 445

Lgh 165-167

Seán ar Scoil - Seán agus Síle

Ba lánamha pósta Seán agus Síle. Bhí cineál leadhbach¹⁶⁷ i Seán ach bhí Síle gasta glic. Ag briseadh cloch ar thaobh an bhóthar an cheardbheatha do bhí ag Seán agus sin é a bhíodh sé a dhéanamh gach uile lá. Bhí sé ar an mbóthar lá agus casadh sparán lán d'ór leis, agus rith sé go dtí Síle agus thug sé an sparán di. "Sin sparán óir agat, a Shíle," a dúirt Seán. Ach bhí fios a gnótha féin ag Síle, agus dúirt sí, "Éist amadán, agus ná hairíodh éinne tú. Dar ndóigh ní ór atá san sparán sin ach dros," a dúirt Síle. Bhí Seán macánta agus ní raibh uaidh an t-airgead a choinneáilt. Thaibhrigh Síle ar phlean. Chaith sí an sparán siar féin leaba. Bhí máistir scoile san áit a bhí ina dhuine muinteartha do Shíle agus dúirt Síle leis go raibh uaithi Seán do chuir chuige tamall go gcuirfeadh sé rud beag foghlaim air, mar, ní raibh aon fhoghlaim air Sheáin, agus dúirt sí leis an máistir gan leigint des na scoláirí bheith ag gabháil do Sheán fad do bheadh sé ar scoil. Ar maidin chuir Síle Seán i gcóir don scoil. Nigh sí agus ghlan sí é agus chuir sí éadach oileamhnach air. Chuaigh Seán ar scoil. Ach ó chuaigh sé isteach gur tháinig sé amach níor thug na scoláirí nóimeinte suaineas dó. Dheineadar beithé do Sheán bocht agus tháinig sé abhaile tréontha. Ach ón lá sin amach ní chuirfeadh a dtiocfaidh ná a dtáinig lá eile ar scoil é. Chuir Síle air ag briseadh na gcloch é nuair ná rachfadh sé ar scoil di.

¹⁶⁷ Nóta an Bhailitheora: ladhbach (CBÉ 445: 165).

Ach bhí an t-airgead ag déanamh troiblóid do Sheán bocht. Lá dá laethanta bhí sé suite ar a chrap cloch agus ag briseadh leis nuair a ghabh fear breagh duiniúil ar a chapall an bóthar. Labhair sé le Seán agus d'iarradh sé dhe a raibh sé san áit sin le fada, agus d'iarr sé dhe ar casadh dada ar an mbóthar leis. "Ó, a dhuine uasail," a dúirt Seán fuair mé sparán óir agus thug mé do Shíle é. Tá sé aici mar chaith sí siar fén leaba é. Tar liomsa go dtí an dteith agus tabharfaidh Síle dhuit é." "Agus cá bhfuil an teith, a dhuine chóir?" a deir an duine uasal. Bhí Sean dá thabhairt leis trí phortatha agus cnoic agus áiteanna fiáine i nós go raibh an duine uasal bocht gairid a bheith marbh nuair a thánadar comh fada leis an mbothán do bhí ag Seán. "A Shíle," a dúirt Seán nuair a tháinig sé isteach, "Siod é an duine uasal do chaill an sparán ór, agus tabhair dó é." Do dhubhaigh agus do ghormaigh ar Síle, agus tháinig buile feirge uirthi. "Ach t'anam do seo agus do súd, amadáin," a dúirt Síle, "cén rud sin dhá rádh agat. Ná tabhair tóir ar an amadán sin mar níl fhios aige cad atá sé ag rádh. Ní bhfuair sé ach sparán a raibh cúpla piginn an lá sular chuaigh sé ar scoil. Nach é an lá sular chuaigh tú ar scoil, a Sheáin, a fuair tú an sparán?" "Ó, a Shíle, sé go díreach an lá sular chuaigh mé ar scoil do fuair mé an sparán. Sé go díreach!" Nuair a chonaic an duine uasal an sórt fear do bhí ann shaoil sé gur chaith blianta bheith ann ó bhí Seán ar scoil. D'iompaigh sé ar a shála amach an doras, agus sé ná raibh baodhach de féin ná dá thuras. "B'fhuirist aithint dom ná raibh ann ach amadán," a dúirt sé agus é ag imtheacht ó Seán agus Síle, "agus a bheith ag inseacht dom ar sparán a fuair sé an lá sular chuaigh sé ar scoil!" Tá fhios ag an aonach go bhfuair Seán luach a shaothar ó Shíle nuair a fuair sí leis féin é.

D'airigh mé an scéilín seo tamall gearr ó shoin ag bean mhuinteartha dhom i Sráid na nIascairí. Nóta: Bhí an scéilín seo aici fadó ach bhí sé cailte aici le fada gur airigh sí ag Bráthair Críostúil é le déanaí.

Iml. 695

Lch 113

An Leannán Sí

Bhí cailín ann a tugadh leannán sí di do bhí mar í féin. Níl aon áit dá dtéadh sí cé acu ag a cuid gnótha, nó i gcuideachta ná bíodh an leannán seo le feiscint aici, mar a scáthle féin, agus gan aon dul uaidh aici. D'fhan mar sin go dtí oidhche áirithe nuair a d'fhan an

cailín seo ina suí ag smúdáil éadaigh. Slán mar a n-insítear é, nuair a d'éirigh na daoine ar maidin bhí an cailín marbh agus rian an iarann smúdála ar a droim. Mharaigh an leannán sí í.

[Ó Stiofán Ó hEalaoire.]

Iml. 708

Lgh 507-509

A Folktale in English

It happened this way. A Mission, or something of the kind, was being given in a certain church. It so happened that a wandering woman who had some drink on her went in amongst the people and went to some quiet corner where she quietly fell asleep. The sacristan came and locked all the doors for the night. When the poor woman awoke, the drunkenness had gone but she found every door locked and there was nothing for her to do but to remain as she was till morning. Out in the night she saw a priest wearing his vestments come along to the Altar and there light the six candles and when he had that much done he cried out: "Anybody here to serve Mass? Anybody here to serve Mass?" Of course she didn't answer and the Priest went. When the Clerk came to open the door in the morning, the woman was there near the door waiting to be let out and she told her story to him. "Go now," he said "and tell about everything you saw to the Parish Priest." He was pressing her till she went and told her story to the parish priest. He only laughed at her when he heard what she had to tell him and the woman was going away when the Clerk of the chapel came up and he spoke to the priest saying that it was true for the woman to say that she was locked in in the church for that it was himself let her out in the morning. The priest considered there might be something in her story for he said: "I will give you half a sovereign if you stay in the church tonight again and come to me in the morning." "I will," said the woman. So when all the people had gone away, the clerk locked the woman in for the night. When the dead hour of night was in it, the priest came on the Altar and lit his six candles and cried out, "Anybody here to serve Mass?" but got no answer. The following morning she told the priest what she heard and saw and he gave her the ten shillings. The following night he himself remained in the Church. When it was

on to midnight he saw the priest wearing his vestments come on to the Altar, light the six candles and when he had done that, he cried out: "Anybody here to serve Mass?" "Yes, I am here," said the Parish Priest and he went to the Altar to serve the Mass. When all was over the dead priest said, "All I wanted to be free to go to Heaven I have now. All that was on me was this. I took an offering for a Mass, and owing to it slipping my memory, I never during my time on earth said that mass and I was waiting till somebody would come along to serve that Mass for me." Then the Parish Priest told him how he himself came to be there that night and he told him about the woman who was in the church the two nights before that. "She must have given Lay Baptism to some dying infant, whom she sent to Heaven and to be allowed to be the means of bringing one here to serve my Mass. And now there is no further delay on me."

I heard this little story from my neighbour Catherine Flanagan, Luogh, Doolin, and I set it down from my memory. Miss Flanagan heard it from George Hynes (72 bl.) who lived up at Doonagore. The story I believe was in Irish originally, but I never heard the Irish version. Sean Mac Mathúna.

Iml. 708

Lgh 517-521

Bó na Leasa

Bhí lá Bealtaine ann, agus tréonótha breá samhradh. Bhí dó cinn do loiligheach bainne ar an bpáirc seo, agus tháinig an buachaill air fé dhéint na ba chun iad do thabhairt abhaile, chun crúite. Ba dhóigh leis gur airigh sé mar a bheadh leanbh ag gol agus d'airigh sé an bhean a bréagadh an pháiste agus a rá: "Éist, a stóirín, beidh na ba dhá chrú againn anois agus beidh bainne le fáil ag mo stóirín láithreach. Éist, a stóirín." D'fhéach an buachaill aimsire, féachaint cá raibh an chaint ag teacht as. Ba dhóigh leis go raibh an chaint ag teacht as lios beag do bhí ansúd i lár na páirce. Nuair a chuaigh sé chun a tigh, d'inis sé dhá mháistir agus dhá mháistreás cad a d'airigh sé ag an bpáirc. Ba lánamha lághach sochroíoch iad agus nuair a bhí na ba dhá gchrúdh, dúirt gach duine acu go mba cheart snig mhaith dá cuid bainne fhágaint ag ceann de sna ba le haghaidh an pháiste do bhí ina chall. Chuaigh an máistir ar n-ais i bhfochair an bhuachaill agus d'fhág an bhó seo in aice leis an lios do bhí ar an bpáirc. Bhíodar ag ceapadh go ndéanfadh an snig a bhí ag an mbó seo fóirthint ar an leanbh sí. Bhí go maith

agus ní raibh go holc. Nuair a tháinig an buachaill a d'iarraidh na mba maidin lár na mháireach, ní raibh le fáil aige ach hocht cinn acu in áit na naoi gcinn ba cheart do bheith ann. Bhí claidhe maith leis an bpáirc, agus níor bh'fuirist d'aon bhóimheacht as. 'S í an bhó do bhí ar iarraidh an ceann a fágadh gan a bheith lán chrúite. Nuair a tháinig sé go dtí an máistir agus ceann de sna ba imithe uaidh bhí scéal nuadh aige don duine sin. Ach thóg an máistir agus an máistreás comh maith an scéal go binn réidh. "Ní aireodh an bhó sin chugainn ná uainn agus b'fhéidir gur mó gá do bhí léithe mar a d'imthigh sé ná mar do bhí againne léithe. Tabharfaidh Dia rud ina háit duinn." Mar sin do chaoineadar an bhó. Ach ón lá sin amach, bhí rith ádh agus sonas leothu, agus an rath ar a gcuid. Bhí an aimsir ag imtheacht go raibh lán na blianan imithe agus oidhche Bhealtaine ar fáil. An tréontha seo 's é an máistir féin a tháinig fé dhéint na mba. Agus ar maidin lar na mháireach, cad do bheadh rompu ansúd ar an bpáirc ach an bhó a tugadh isteach ins an lios bliain comhaireamh an lae sin agus lena cois do bhí laogh comh deas agus d'fhéadfá fheiscint, agus tógaint mhaith uirthi. Bhí a chuid agus a bhaochas ag an bhfeirmeoir mar as sin amach an t-ádh ná raibh inniu air, bhí sé amáireach air, agus taispeáin na daoine maithe dhó go gcúitíonn siad an bheart mhaith do dheintear ortha.

Fuireas ó chailín comharsain (Cáit Ní Fhlannagáin, An Luach Thuaidh) agus d'airigh sise é óna máthair críonna (ná maireann le fada). Ins an mBéarla a d'inis sí an scéal seo dhom toisc gan an Ghaeilge do bheith aici, ach is ins an nGaeilge a d'airigh sí é óna máthair chríonna.

Iml. 811

Lgh 207-211

Na Trí n-Ualaí

Bhí tíoránach mór do rígh nó do *landlord* in Éirinn fadó do bhíodh ag cuir daoine chun báis nuair do bhuaileadh an taghd é. Bhí fear bocht oibre aige, agus bhí uaidh ceisteanna do chuir air agus mar a mbeidist aige ba cúis báis é. An tréontha seo tar éis a lá do bheidh oibrithe ag an sclábhaí dúirt an rí leis: "Mar a mbeidh tú ábalta ar inseacht dom ar maidin cé méid cárt drúcht ar an dtalamh bainfidh mé an ceann díot." Go dubhach brónach do chuaigh sé abhaile agus nuair do tháinig sé isteach chaith sé é féin anuas ar an gcathaoir. "Cad tá in aon chor anocht ort, nó an dada a d'éirigh duit?" a d'iarfaigh

iníon iníne dhe, cailín beag do bhí ag coinneáilt tigheas dá hathair críonna. "Tá mo dhóchaint, a ghrádh. Cuirfidh sé siúd chun báis mé mar a mbeidh mé ábalta ar inseacht dó ar maidin cé méid cárt drúcht ar an dtalamh, rud ná fuil fáil ar bith agam air." "Na deineadh sin brón ar domhan duit, a dhadaí críonna," a dúirt an cailín óg. "Nuair a rachaidh tú chuige sin ar maidin abair leis go réiteoidh tú a cheist agus go n-inseoidh tú dhó cé méid cárt drúcht ar an dtalamh má dhúnann sé gach rian cos bó agus cos caorach ar na páirceanna agus má leibhéalann sé gach poll talún." Nuair do chuaigh an fear bocht ina láthair ar maidin bhí an freagra sin aige don rí seo. "Tá leat inniubh ach beidh ceist eile agam duit tréontha." Nuair do bhaineadh an tréontha bhí an cheist ag an rí, agus is go dubhach brónach do chaith an fear bocht anuas ar an gcathaoir é féin. "Ach cén brón é seo atá anocht ort, a dhadaí críonna?" "Tá mo dhóchaint," a dúirt an fear bocht, "Mar a mbeidh mé ábalta inseacht dó ar maidin cé méid réaltóg ar an spéir cuirfidh sé chun báis mé, agus dar ndóigh, ní dhéanadh fearaibh an domhain amach cé méid réaltóg ar an spéir," "Is fuirist do cheist a réiteach, a dhadaí críonna," a dúirt an cailín beag. "Nuair a d'iarreó' sé dhíot cé méid réaltóg ar an spéir abair leis go n-inseoidh tú sin dó má dheineann sé gan d'aon cheann dó theacht, ná leigint, d'aon cheann imtheacht fad do bheidh tú dhá gcomhaireamh." Nuair a chuir an rí an cheist chuige dúirt an fear bocht leis go n-inseodh sé dó ach go gcaithfeadh sé gan aon réaltóg san mbreis do leigint theacht ar an spéir, agus gan leigint d'aon cheann imtheacht as fad do bheadh sé dhá gcomhaireamh. "Tá leat inniubh," arsa an rígh. Nuair do tháinig an tréontha dúirt an rígh leis an bhfear bocht, "Caithfaidh tú bheith ábalta ar inseacht dom ar maidin cé acu ceann don mhaide seo is truime." Bhí an maide comh cothrom, comh plánáilte sin ná féadfadh éinne aon deifir do chuir idir an dá cheann de, ná inseacht mar a d'fhás sé. Níor dhada riamh an brón do bhí air an dá oidhche eile le ais an brón do bhí air nuair do chaith sé é féin ar an gcathaoir an oidhche seo. Nuair do cheistigh an cailín é i dtaobh fáth a bhróin taispeáin sé an smut do mhaide cothrom plánáilte do thug an rí dhó dhi agus d'innis an cheist do chuir an rígh air. "Níl baoghal ná go mbeidh fuascailt na ceiste sin agam duit ar maidin," arsa an cailín. Ar maidin chuir sí an maide ag snámh i log do bhí amach os chomhair an dorais. Ba doimhine san uisce do chuaigh an t-éadan ba giorra a d'fhás don rúta, ná an t-éadan eile, agus mar sin bhí fhios aici cé acu ceann don mhaide ba truime agus bhí fhios aici mar a d'fhás sé. "Coinnigh d'ordóg ar an éadan sin anois go dtuga tú ina láthair é," a dúirt sí. Nuair a tháinig sé go dtí an rígh, bhí sé ábalta ar taispeáint dó cé acu ceann don mhaide ba truime, agus mar a d'fhás sé. Bhí leis ansin, ach cheistigh an rígh é. "Innis dom cé tá ag

inseacht na rudaí sin duit?" "Níl éinne ach mé féin," a d'fhreagair an fear bocht. "Tá duine éicint eile ann," arsa an rígh, "níor dhein tú amach riamh na ceisteanna sin gan congnadh." Ansin d'admhaigh an fear bocht go bhfuair sé congnadh ó iníon iníne dhó do bhí ag coinneáilt tigheas dó. "Tabhair anseo chugham í agus ní dhéanfaidh mé dochar díth ná dífoghbháil di." Nuair a d'innis a hathair críonna dhí go raibh ón rígh seo í a fheiscint, "Rachaidh mé chuige, níl eagla ar domhan agamsa roimhe." Nuair a choinic an rígh í, agus an sórt cailín do bhí inti do phós sé í. Nuair a thug sí toil ar é a phósadh dhein sí an margadh seo leis: aon lá go brách ná réidhfidist lena chéile go mbeadh cead aige a rogha trí hualaí do thabhairt léithe amach as an dteith. Bhí go maith agus ní raibh go holc ar feadh i bhfad, agus bhí an saoghal go maith ag an gcailín seo. Thuit amach lá de sna laethanta gur chuaigh láir agus searrach le fear bocht (do bhí i gcomharsantacht leis an rígh) isteach i bpáirc an rígh mar a raibh gearrán leis an rígh. Níor dhein an tíoránach seo ach an searrach do choinneáilt dó féin, mar dúirt sé, gur ghaibh an searrach leis an ngearrán. Ba bheag an mhaith don fhear bocht a bheith ag lorg ceart ná cóir ar an ropaire seo a raibh an chuairt agus an chroch ar a chomhairle féin aige. Bhí an rígh imithe as an mbaile an lá seo agus tháinig an fear seo ar coinníodh a shearrach uaidh go dtí an mbean féachaint a bhféadfadh sí aon cheart d'fháil dó. "Inseoidh mise dhuit anois cad 'tá agat le déanamh chun do shearrach a fháil ar n-ais, agus tá fhios agam go dtabharfaidh mé féin díol ann. Téire agus tabhair leat do chuid dorugha agus dubháin agus téire go dtí barr na cuairte in áit a bhfeicfidh sé tú nuair a bheidh sé ag teacht tréontha, agus bí ag caitheamh agus ag feilleadh suas mar a bheifeá ag iascaireacht. Nuair a dhéarfaidh sé leat gur b'aisteach an duine a bheith ag ceapadh iasc a fháil ina leithéide sin d'áit abair leis nach aistí an rud bheith ag ceapadh iasc d'fháil i dtalamh tirim ná bheith ag ceapadh go bhféadfadh searrach do bheith ag gearrán." "A," a dúirt an rígh, "is maith tá fhios agamsa cé uaidh do fuair tú an chomhairle." Le stradhain¹⁶⁸ agus buile chuaigh sé isteach agus ag breith ar ghualainn a bhean, dúirt léithe imtheacht. "Táim sásta ach caithfidh mé toradh mo mhargadh a fháil." D'imigh sí agus líon sí mála le hól agus d'árdaigh uirthi féin é agus d'fhág é ag teith a hathair críonna do bhí cóngarach don chuairt. Dhein sí an tarna hualach don pháiste do bhí aici, agus d'fhág ag teith a hathair críonna é. Nuair do tháinig sí ar n-ais fé dhéint an tríú hualach, dúirt sí leis an rígh féin dul thiar ar a droim go dtugadh sí léithe é. "Ó, fan mar

¹⁶⁸ Nóta an Bhailitheora: 'stroighin' (CBÉ 811: 210).

atá tú agus bíodh do thoil agat," a dúirt an rígh nuair a choinic sé go gcaithfeadh sé imeacht léithe. Níl aon mhaith dhom leat." Agus do bhíodar go maith as as sin amach.

D'airigh mé an scéal seo ag Augustín Ó Duilleáin (68 bl.), Cnoc Aoibhinn, Lios Ceannúir agus fuair seisean é óna uncail Tomás Ó Duilleáin (ná maireann). Ó chuimhne tá an scéal seo agam, agus cé nár fhéad mé na focaile céanna, a d'úsáid an scéalaí do thabhairt liom dhein mé mo dhícheall ar é a bheith comh fírinneach agus do b'fhéidir liom. Seán Mac M.

Iml. 1011

Lgh 93-98

An Chú Ghlas Ghéar

Bhí baintreabhach ann fadó a raibh triúr iníon aici do bhí éirithe suas ina gcaillíní óga. An lá seo, dúirt an té ba sinne acu go rachadh sí féin ag cuartach a fortún amach ar an saol. Dúirt an mháthair léithe go mba bhé sin an ceart go raibh sé in am acu scarúint óna chéile. Dúirt an mháthair léithe go maródh sí cearc agus do ndéanfadh sí bulóg di i gcóir an bhóthair. Ar maidin dhein an mháthair dhá chuid don bhulóg, "Cé acu is fearr leat an leath bheag is mo bheannacht nó an leath mhór is mo mhallacht?" a dúirt an mháthair. "Is fearr liom an leath mhór agus do mhallacht mar is é is mó a theastódh uaim ar an mbealach," a dúirt an iníon. D'imthigh sí agus chuaigh an mháthair ar ard agus bhí sí ag mallachtóireacht go raibh an iníon imithe as radharc. Bhí sí ag imtheacht léithe go raibh sé suas le am béile agus do bhuail an t-ocras í. Tháinig sí go dtí tobar do bhí cois an bhóthair agus shuigh sí lena thaobh chun a béile do bheidh aici. Ní raibh sí i bhfad mar sin nuair do tháinig an chú ghlas ghéar chuici. "Gach sprúilín, gach spráilín, gach cnáimhín dá dtitfidh uait is liomsa iad." "Ní leat iad, go díreach, tá siad gann go leor dom féin." Níor dhein an chú ghlas ghéar ach a truball¹⁶⁹ do thumadh ins an dtobar agus dhein láithreach uachtar fola agus iochtar meala dhe. Bhí an cailín ag imtheacht léithe go bhfaca sí teith comh breagh is d'féadfá iarraidh tamall uathu agus dhein sí air. Dhein aimsir le bean an tí sin. Bhí sé ins an margadh go mbeadh cead aici a rogha rud do dhéanamh, ach gan féachaint suas an simné. Dá ndeinfadh ba dhi ba mheasa. (Ní raibh sí i bhfad ann nuair a d'fhéach sí suas an simné agus dhein an maighistreas lena

¹⁶⁹ Nóta an Bhailitheora: ruball (CBÉ 1011: 94).

sláitín draoidheachta cloch ghlas di.) Bhí sí imithe bliain agus tásc ná tuairisc níor tháinig uathu. Ansin dúirt an iníon ba giorra in aois di lena máthair, "Imeóidh mise ar cuartach m'fhortún agus b'fhéidir go bhfaighfinn aon scéala ar mo dhrifiúr." Mharaigh a máthair cearc di agus dhein an bhulóg mar a dhein don iníon ba sine." Dhein dhá chuid don bhulóg agus dúirt lena hiníon, "Cé acu is fearr leat an leath bheag agus mo bheannacht, nó an leath mhór agus mo mhallacht?" Dúirt an iníon: "Is fearr liom an leath mhór agus do mhallacht." Nuair a d'imthigh sí chuaigh an mháthair ar ard agus bhí ag tabhairt a mallacht go raibh sí as radharc. Bhí ag imtheacht léithe go raibh sé in aimsir dínneir, agus gur tháinig sí go dtí an dtobar céanna. Suigh sí síos agus tharraing chuici an lón do bhí aici. Tháinig an chú ghlas ghéar chuici: "Gach sprúilín, gach spráilín, gach cnáimhín dá dtuitfidh uait is liomsa iad." "Ó, ní leat iad, go díreach, tá a bhfuil agam gann go leor dom féin," a dúirt an cailín. Ansin do thum an chú ghlas ghéar a thruball san dtobar agus dhein uachtar fola agus íochtar meala dhe. Bhí sí ag imtheacht léithe go bhfaca sí an teith breagh ar an ard agus do dhein sí air. Ba bhé an teith céanna é ar tháinig a drifiúr an bhliain roimhe sin. Dhein sí aimsir ansin. Dúirt an maighistreás léithe go mbeadh sé san margadh go mbeadh cead aici féachaint ina rogha áit thímpeall an tí, ach gan féachaint suas an simné. Ní fada do bhí sí ansin nuair a d'fhéach sí suas an simné (mar a raibh mála óir crochta) agus deineadh cloch ghlas di. D'imthigh an bhliain sin agus ní raibh aon scéala ag teacht ón iníon chríonna ná óna drifiúr. Nuair do bhí an tarna bliain caite ó d'imthigh an iníon ba sine, dúirt an iníon do b'óige lena máthair, "Imeodsa ag cuartach m'fhortún agus beidh fhios agam cad a d'éirigh dom bheirt driféar. Mhol a máthair léithe, "mharaigh an chearc agus dhein bulóg anois agus dhein dhá leath dhi." "Cé acu is fearr leat an leath bheag is mo bheannacht nó an leath mhór is mó mhallacht?" "A mháthair, is fearr liom an leath bheag is do bheannacht." D'imthigh sí léithe, chuaigh an mháthair ar ard, agus bhí sí ag tabhairt a beannacht dá hiníon go raibh sí imithe as radharc. Bhí sí ag déanamh a bealach réimpi go raibh sé in aimsir dínneir, agus gur tháinig an t-ocras uirthi. Tháinig sí go dtí an dtobar mar do tháinig an bheirt eile. Shuigh sí síos, agus chrom sí ar a bheith ag ithe. Tháinig an chú ghlas ghéar chuici agus dúirt, "Gach sprúilín, gach spráilín, gach cnáimhín dá dtuiteadh uait, is liomsa iad." Gach sprúilín, gach spráilín, gach crámhín dá dtuitig uaim, ní leat iad, ach tar anseo i gcuibhreann liom." Ansin thum an chú ghlas ghéar a thruball san dtobar agus dhein íochtar fola agus uachtar meala dhe agus d'úthaigh an cailín agus an chú ghéar ghlas a mbéile go sásta. Ansin taispeáin an chú ghéar ghlas di an teith mar do chuaigh a beirt driféar réimpi. Isteach leis an gcailín agus dhein sé aimsir blianan leis

an maighistreás. Chuir an maighistreás san margadh go raibh cead aici féachaint ar ghach uile rud istigh, ach agam féachaint suas an tsimné (mar a raibh mála óir crochta). Choinnigh an cailín an gheallúint sin agus do bhí a maighistreás go fíorbhach di, i gcaoi go dtabharfadh sí aon achainní a d'iarradh sí uirthi dhi. "Inis dom cá bhfuil mo bheirt driféar?" a dúirt an cailín. "Buail an dá chloch ghlasa úd thall leis an slaitín draoidheachta seo agus eireoidh siad suas comh sleamhain slán is do bhíodar riamh." Tóg féin iad ó is tú do chuir ann iad," a dúirt an cailín. Do dhein agus d'éirigh an bheirt driféar suas comh sleamhain slán is do bhíodar riamh. Ansin sular chuadar chun bóthair dhein an maighistreás bulóg an duine don triúr i gcóir an bhóthair. Bhogadar amach. Pé éad do bhí acu léithe bhí ós na driféaracha imtheacht agus a bheidh ag baile réimpí. Thánadar go dtí an dtobar, agus tháinig an chú ghéar ghlas chucu agus d'iarr ortha "gach sprúilín, gach spráilín, gach cnámh do dtuitfidh", ach sé a dúradar léithe ná geobhadh mar nár mhór dóibh féin gach a raibh acu. D'imíodar agus nuair do tháinig a ndrifiúr óg go dtí an dtobar shuigh sí síos chun a béile do dhéanamh. Níor b'fhada dhi gur tháinig an chú ghéar ghlas agus gur iarr gach sprúilín, gach spráilín srl. agus sé dúirt an cailín léithe theacht agus a bheith ag ithe léithe féin, an fhaid do rachadh an bhulóg eatorra. Ansin do tharraing an chú ghéar ghlas a ruball tríd an dtobar agus do dhein uachtar meala, agus íochtar fola dhe. Nuair do bhí a dhóchaint mór ithte aige dhein an chú ghéar ghlas ógánach breágh dhi féin. Ansin rug sé ar trí chipín agus dhein sé carráiste agus péire capall díobh. "Shuigh isteach anois agus beidh tú ag baile rompu," a dúirt an fear óg. "Tiomáin féin ó is duit is córta," a dúirt an cailín. Shuigh gach duine don bheirt isteach agus an ghaoth do bhéarfaidist ar an ngaoth do bheadh rompa agus ní raibh aon fháil ag an ngaoth do bheadh ina ndiaidh theacht suas leothu gur fhág sé an cailín óg gairid dá teith féin san mbaile. Nuair do bhíodar ag scarúint lena chéile do sciob an t-ógánach uasal seo an slipéir do bhí sí ag caitheamh ó chois an chailín. Pé fáth do bhí aige leis is amhlaidh d'imigh an fear óg seo go dtí gach teith a mbeadh cailín óg ann féachaint a mbeadh an slipéir do bhí aige oileamhnach do chois éinne acu. Nuair a tháinig sé go dtí an gcailín do dhein an bheart mhaith air níorbh ar an slipéir an mhoill léimigh suas ar a cois. Deineadh an pósadh agus bhí bainis naoi lá agus naoi n-oidhche ortha. Bhí raidhse do ghach uile shórt ól agus ithe ortha, i gcaoi go mba dhóigh leis na bacaigh do bhí leasmuigh do dhoras ná raibh dada ag an ndream do bhí istigh bhí a lethéide sin d'fhairsinge acu féin. Bhí sógh agus sonas ar an lánamha óg as sin amach, agus mar a raibh ortha sin go raibh orainne.

Fuairesas ó Peaitsín Ó Flannagáin (80 bl.) Dún na gCorr. Tógtha ó chuimhne.

Iml. 1011

Lch 127

Caithfear na Fiacha do Dhíol

Ní saol fada in aon chor ó do thuit an rud seo amach. Bhí cailín beag in Árann do bhíodh ins an gcníotáil faisíúnta seo do dheintar ins na hoileáin. Rángaigh gur theastaigh liathróidín snáth uathu, agus i nós éicínt bhí náire uirthi é a iarraidh ar a muintir ag baile. Cuireadh an tréontha seo fé dhéint pionta ola¹⁷⁰ go dtí an siopa í. Ní raibh ach trí leath phinní an pionta ar an ola an t-am sin, agus sin é an méid do theastaigh uathu chun an snáth d'fháil. Thóg sí an ola ar cairde agus níor thrácht sí ag baile ar cad do bhí déanta aici. Tamall gearr ina dhiaidh sin, chuir Dia an bás ar an gcailín beag seo, agus cuireadh í. Beagán oícheanta tar éis í bheith curtha, bhí a driotháir ag baidhteáil¹⁷¹ na spiléadaí cois na teine. Bhí a athair ina chodladh le n-ais. D'aon léim amháin do dhúisigh an t-athair agus chonaic sé taibhse a iníne ansúd roimhe: "A dhaidí," a dúirt sí, "díol na trí leathphinní atá ag a leithéide seo do shiopa (dhá ainmiú) orm mar ní féidir liom dul go dtí sna Flaithis go ndíolfar an méid sin. Nuair a dhíolfar sin a mbeidh do mhoill orm." Ansin d'imthigh an taibhse.

[Ó Stiofán Ó hEalaoire.]

Iml. 1011

Lgh 130-133

An Bheirt Bhaitsiléirí

Bhí beirt baitsiléirí ag cuir isteach ar an gcailín céanna. Thagaidist go dtí an dteith a raibh sí ann go minic, agus ba mhór an deifir do bhí idir an mbeirt. Ba buachaill breagh Gaelach buachaill an éirí in airde ar bith ná caitheadh ach an bhréid, déantús a mháthar

¹⁷⁰ Nóta an Bhailitheora: *Paraffin* (CBÉ 1011: 127).

¹⁷¹ Nóta an Bhailitheora: *baiting* (CBÉ 1011: 127).

ag baile. Ní mar sin don bhuachaill ba dhé an rud é gaige do chaitheadh éadach uasal. Cá bhfuil an rud ná raibh aige san mbaile dá m'fhíor é féin. Thagadh an bheirt go minic agus bhídís ansiúd in aontacht. An oidhche seo d'éirigh gála os meon, i gcaoi go raibh an fear do bhí san iothlainn agus an díon don teith dhá fhuadach ag an ngála. D'éirigh athair agus driotháracha an chailín amach chun ceangal do dhéanamh, agus chuaigh an fear ná caitheadh ach an bréid amach leothu chun lámh conganta do thabhairt dóibh. Ach d'fhan an gaige mar a raibh sé. "Ní hé lá na gaoithe lá na scolb," a dúirt sé go mórchúiseach. "Dá m'áil libhse bhur dteith agus bhur gcruach do bheith feistithe agaibh mar atá mo theith agus mo chreacha feistithe agam ag baile níor ghá dhíobh corraí." Bhí an cailín óg ag éisteacht. "Béarfaidh an diach leis tú nó beidh a fhios agamsa cé acu don bheirt agaibh atá ag inseacht na fírinne, nó cad 'tá agaibh san mbaile." I gceann laethanta ina dhiaidh sin dhein an cailín seo cruth bean siubhail do chuir uirthi féin. Fuair sí na seancheirteacha ba mheasa do bhí aici agus chuir sí uirthi iad. Chuir sí cló seanbhinín caite críonna uirthi féin. Nuair a chuir sí an mála ar a droim ní fhéadadh éinne aithint cé a bhí ann. Bhí sí ag imtheacht réimpi gur tháinig sí go dtí teith an ghaige mar ba bhé ba giorra dhi. Ní raibh ansin réimpi ach ghach uile rud ba suaraí ná a chéile. Bhí dhá bhó ceangailte thuas i dtóin an tí, agus bhí a cuid aoiligh síos go lic na teine. Bhí an luaith ar fuaid an tí. Bhí teallach *roasters* ins an ngríosaigh. D'iarr an bean siubhail eistear na hoidhche ach ní raibh a mórán fonn ar bean an tí í a fhágaint istigh. "Ó, níl aon áit oileamhnach agam dod' leithéide," a dúirt sí. "Is beag an áit do dhéanfaidh mo ghró; is cuma liom cúinne air bith do chaithfidh mé mé héin," a dúirt an bhean siubhail. Ins an deireadh fuair sí cead fanacht istigh. Amach san oidhche tháinig an gaige isteach. Níor mhaith leis in aon chor gur thug a mháthair eistear na hoidhche don bhean siubhail, agus sé do bhí ag cuir de. "Is beag do bhí agat le déanamh," a dúirt sé go mursanta. "Ní dhéanfaidh an créatúir bocht sin dochar, digh, ná díoghbháil dúinn. Níor iarr sí ach cead í féin do chaitheamh ansin san gcúinne." Ansin thug sé leis a chuid fataí agus do shéid sé an luaith dhíobh agus dhein a shuipéar díobh. Nuair do fuair an "bhean siubhail" breacadh an lae istigh bhailigh sí léithe agus d'fhág sí an ghaige agus a mháthair ansin. Tháinig sé go dtí teith an bhuachaill eile. Nára slán an comórtas an dá áit. Bhí maise agus cuma ar ghach uile rud thimpeall an tí. Bhí stuail ar a chuid cruacha, agus ar gach ruid thimpeall a thí. Nuair a d'iarr sí ar máthair an buachalla cead fanacht istigh ní doicheall do bhí réimpí ach fáilte. Bhí corcán breagh fataí ar beirthe ar thaobh don teine, agus ar an dtaobh eile bhí corcán breagh feoil agus gcabáiste. Leagadh an biadh ar an mbord agus sul ar bhain éinne leis, rug bean an tigh ar pláta de sna fataí

agus bhain na croicinn díobh don bhean bhocht. Chuir sí feoil i bpláta eile dhi. Bhí sí dhá shíneadh go dtí an mbean siubhail san gcúinne nuair cé a thiocfadh isteach ach an buachaill óg. Bhain sé an pláta dhá mháthair le sórt fearg. "Ná dein go deo, a mháthair. Ní gheobhaidh sí ins an gcúinne a cuid, ach suífeadh sí síos anseo inár bhfochair féin ag an mbord. Tamall don tsaoghal b'fhéidir, go raibh an créatúir seo comh maith as linn féin." Agus chuir sé go dtí an mbord í. Tháinig an cailín abhaile agus tháinig an bheirt bhuachaillí go dtí an dteith aríst i gceann cúpla oidhche. Agus mar ar léigh sí amach an gaige ní lá go fóill é. D'inis sí dhó cad do bhí aige tar éis a chuid bóiscéala agus a chuid éirí in airde. "Ach mo ghrádh go deo an fear a raibh urraim aige fém' chóir nuair do chuaigh mé chun a thí, an teith a raibh cuma agus slacht air féin agus ar áit, agus sin é an fear do bheidh agamsa.

Fuairesas ó Áugúistín Ó Dioláin (67 bl.), Cnoc Aoibhinn.¹⁷²

Iml. 1011

Lgh 317-318

Capall na Vaughans

D'airínn na seandaoine ag cuir síos ar an dá lucht tigh seo agus níl ach beagán seachtainí ó d'inis fear comharsain dóibh a raibh aithint bhreá aige ortha mar do mhair an dá mhuirín seo le chéile. Thiar san Mothar¹⁷³ do chónaíodar agus ní saol fada ó bhíodar as cheann talún, an dá dhream seo de sna Bheachánaigh.¹⁷⁴ Ba beirt driotháir iad, duine acu pósta ag bean ó pharáiste seo Thuath Clae, an tarna duine pósta ag bean ó pharáiste Cathair an Doire¹⁷⁵ agus comh fada is gur feasach domhsa, ní raibh gaol na n-éan fionn acu lena chéile. Ach ní hiontas ar bith an méid ach sé an t-iontas go léir mar do mhair an dá lánamha sin lena chéile. Bhí beagnach gach a raibh ina seilbh i bpáirt acu. Ní raibh idir an dá theith ach an t-aon chapall ach bhí úsáide an chapall sin ag teith amháin comh maith leis an dteith eile. I gcaoi gur tháinig an capall sin chun a bheith mar ábhar do seanfhocal do bhí leathanta ar fuaid an dútha seo le linn an dá lánamha bheith beo agus i bhfad ina dhiaidh sin. Dá dtéadh duine ag lorg capall duine eile ar iasacht nó

¹⁷² Is mionlogainm é 'Cnoc Aoibhinn' sa baile fearainn, an Luach Theas.

¹⁷³ Tugtar Mothar ar sé bhaile fearainn i paróiste Chill Mhic Creiche (Baile Shearrach, Ballymaclinaun, Cill Chonaill, Baile na Leacan, Shingaunagh & Cionn Eilte) dar le John Nagle sa chlár faisnéise raidió seo: <https://www.rte.ie/radio/doconone/646748-radio-documentary-a-view-from-ballyherragh>. Níl Mothar i mBunachar Logainmneacha na hÉireann.

¹⁷⁴ Nóta an Bhailitheora: Vaughans (CBÉ 1011: 317).

¹⁷⁵ Leagan an Bhailitheora: Cathairadoire (CBÉ 1011: 317).

chun lá oibre do dhéanamh, nó a chuid féin a dhéanamh dhe go rómhínic, níor dhóichí ar domhan an sórt eiteach do gheobhadh sé ná rádh leis, "An fonn atá ort capall na *Vaughans* do dhéanamh dom chapall." Ach níor leathiontas an bheirt driotháir do bheith go lán carthannach lena chéile, cé gur b'annamh riamh do chonaiceamar ná fós a d'airíomar trácht ar aon bheirt driotháir lena gcúram féin ar gach duine acu do bhí níos mó ná muinteartha lena chéile, agus ní hannamh a d'airíomar trácht ar driotháireacha do bhris amach go naimhdeach agus go dubh lena chéile agus a d'fhan mar sin fad ba beo é a lá. Ba mhó d'iontas an laoghhacht agus an carthannacht go léir do bhí idir an bheirt bhan do bhí pósta ag an mbeirt driotháir seo de sna Bheachánaigh. Bhí sé mar soiscéal ag na comharsain do mbíodh a gcuid leamhnacht¹⁷⁶ ar suídhchant ag an mbeirt ar an "stillin" céanna gan acu ach an teith bainne céanna. Mar an gcéanna bhíodh a gcuid fataí ansiúd caite taobh ar thaobh ins an gcúinne céanna don scioból céanna. An greim do bhí ag taobh acu bhí a leath ag an dtaobh eile. Do b'fhada ón mbeirt ban sin rud ar bith do cheilt ar a chéile. Mar sin do bhí an scéal idir an dá lánamha sin go deireadh, focal aighneas ná gruaim ní tháinig eatorra gur ghlaigh Dia ar ghach duine acu. S.M.

Iml. 1042

Lgh 161-163

Scéilín ar Bhiddy Early

D'airigh mé an scéilín seo nuair do bhíos óg agus an saoghal mór brónach amach rómham agus d'airigh mé aríst é (ó seanbhean mhuinteartha dhom do chónaíonn thiar in aice Sráid na Cathrach) ansúd san Nodlaig seo caite.

Do chónaigh muirín san tseanaimsir anseo thíos san Maigh Mór.¹⁷⁷ Níl fhios agam ar mhair an t-athair ach mhair an mháthair, agus bhí beirt mhac aici an t-am seo, do bhí eirithe suas ina bhfearaibh óga. Ba dhé Toil Dé é, gur bhuail an fiabhras duine don bheirt, agus bhí sé go bocht leis. Bhí an fear eile ag obair agus ag gnó ar fuaid an bhaile. Chreid go leor don tsaoghal go raibh leigheas do chéad galar ag an mbean feasa úd a raibh a hainm in airde le linn na hama sin. Chuir máthair an fear óg do bhí tinn réimpi féin dul comh fada le Bidy Early le súil go bhféadadh sí maith éicint a déanamh dá mac. Bhí an Tulach¹⁷⁸ mar do chónaigh Bríd¹⁷⁹ suas le deich míle fhichead uathu, ach níor dhada le cuid do mhná an tseantsaoghal aistear comh fada sin féin.

¹⁷⁶ Nóta an Bhailitheora: liúnacht (CBÉ 1011: 318).

¹⁷⁷ Leagan an Bhailitheora: Maghmúr (Moymore) (CBÉ 1042: 162).

¹⁷⁸ Leagan an Bhailitheora: Tula (CBÉ 1042: 162).

¹⁷⁹ i. Bidy Early.

Níor ghnách go gcuirfidist bróg ná stoca ortha féin go mbídíst ag déanamh ar ceann na scríbe nuair do chuirfidist a mbróga ortha. Níor dhein an bhean bhocht seo stad ná staonadh gur bhain sí amach an teith mar a raibh Bríd ina cónaí ann. D'inis a scéal di. D'fhéach an bhean feasa amach tríd an mbuidéal uaithne úd do bhí aici, agus ansin do thug sí a breithiúnas. "Éireoidh an mac leat atá tinn," a dúirt sí "ach fé cheann beagán laethanta beidh an mac leat atá anois amuigh ar an ruinn fé thórramh."

Do b'fhíor di. Bhuail an fiabhras nó tinneas éicint mar é an té do bhí amuigh ar an ruinn, agus ba róghearr gur scuab an bás leis é. Ach ba dhé Toil Dé gur tháinig an driotháir as an bhfiabhras, agus go bhfuair sé a shláinte ar n-ais mar a dúirt go bhfaigheadh.

Iml. 1042

Lgh 401-402

Cár Ghabh na Sprideanna? - Saol na Sprideanna - Daoine Maithe agus Sprideanna

Dá rángaíodh go dtuitfeadh duine ina chodladh i lár an lae ghlégeal is go dtiocfadh pian in aon bhall don chorp air nó uirthi ba baolach go mbeadh saibhín aireach ar an nduine sin ná fícadh lena ló é (nó í) mar 's iad na daoine maithe do chimil leis. Bhí máthair chríonna agam féin do thuit ina codladh amuigh fén spéir agus í ina cailín beag ag fosaíocht le ba. Nuair do dhúisigh sí bhí fás in ordóg a coise ag tosnaí léithe: fás do mhéadaigh chun a bheith ina crap mór i gcaoi nár fhéad sí aon bhróg iomlán do chuir ar an gcois sin gur chuaigh sí i dtalamh. Ní gá inseacht go ndúirt na comharsain agus í féin comh maith gurb iad an dream síúil do chimil léithe nuair a rángaigh go raibh sí san mbealach rompu nuair a bhíodar ag aistriú ó áit go dtí áit éicint eile.

Iml. 1042

Lgh 418-421

Ní hiad na Síofraí do Bhí Ann - Ní Sprid do Bhí Ann

I bhfad siar san tseantsaoghal do thuit seo amach. Ana-ghairid don áit seo do bhí lánú a raibh duine nó beirt clainne aca. Fear de sna *Hehirs* do bhí pósta ag bean de sna Tiarnaigh. Tháinig an bás ar an bhfear sula rabhadar a mórán blianta ag a chéile. Bhí cónaí ar an mbaintreach ar an dtaobh thoir don bhaile, agus do chónaigh a hathair ar

an gcnoc atá i lár an bhaile. An oidhche seo do bhí sí ina codladh suan i bhfochair a beirt páistí, nuair do tháinig an taibhse do bhuail comh cruais sin í gur sgread sí le uafás agus le eagla. Ba dhé an chéad smaoineamh do rith trína ceann gur b'é go mba dhé sprid a fir a tháinig do tháinig ón saoghal eile do bhí ann. Nár airigh sí mar a bheadh lámh fuar an duine marbh nuair do tugadh an buille dhe. Pé eagla do bhuail í, bíodh sí beo nó marbh, níor dhein sí blas ar bith ach a beirt páistí do bhualadh chuici, agus déanamh ar teith a hathair comh dian is do bhí ina cosa. Níor bhac sí le solas do lasadh mar sé ba gairid léithe a cosa go raibh sí amach as an dteith. Bhí leathmhíle nó breis go dtí teith a hathair ach níorbh uirthi an mhoill an méid sin do chuir thérstí bhí a lethéide sin d'eagla ar an mnaoi. D'inis sí cad a d'éirigh dí dá hathair, agus is ar an bhfear a bhí imithe do chuir gach duine don bheirt an milleán. Tháinig stradhain agus buile ar an seanfhear. "Cuirfidh mise fé ndeara dhó ná tiocfaidh sé chun tusa do bhualadh ná mhaslú go deo aríst." Rug sé air a mhaide, agus (nach mór an meisneach do bhí aige) agus d'imigh sé ar sodar le fonn díoltais do dhéanamh ar an sprid! Nuair do tháinig go dtí an dteith d'fháisc sé a ghreim ar an bata do bhí ar iompar aige chun liúráil bhreagh do thabhairt don sprid dá dtagadh sé ina ghaobhar. D'fhan sé ansiúd an dorchadas ar feadh tamall éicint ach deamhan sprid ná púca do tháinig na ghaobhar. Chuir sé cluas ar féin agus bhí ag faire thimpeall air. Ní fada go mba dhóigh leis gur airigh sé mar a bheadh toirt éicint ag corraí gairid go leor do. D'airigh sé mar a bheadh anál trom duine nó sprid gairid dó ins an dorchadas. Níor bhain sin féin cor as. Níor liúigh sé agus níor bhéic sé agus níor tharraing sé ar pé taibhse do bhí láithreach. Ach do dhein sé níos céillí ná sin. Ins an saoghal sin (agus ar feadh i bhfad ina dhiaidh) bhíodh na ba ceangailte istigh i dtóin na cistine seo gach uile dhuine do bhíodh ar dtaobh le beagán stoc agus do bhíodh an easair anuas leath an urláir. Sé dhein mo dhuine sop don easair tirim do thógaint as an úrlár agus teine do thabhairt dó le ceann de sna smeachadaí do bhí ansiúd fós a brúghdhógh. Le solas na lasraí sin ní sprid ná síofra do chonaic mo dhuine san gcistin ach chonaic sé go raibh ceann de sna ba scaoilte agus ag imtheacht ar fuaid an tí. Thuig sé lom láithreach gur bí an bhó sin do dhein an raic go léir, gur b'í thug an buille don bhean, agus ní haon sprid ná siafra.

D'airigh mé an scéilín seo ag Micheál Ó Tiarnaigh, (84 bliain), An Luach Thuaidh, Dúlainn.

Iml. 1043

Lgh 71-72

Bean Bhodhar

Ins an tseanaimsir nuair do bhí *Father Power* ina shéiplíneach san bparáiste seo bhíodh an-tóir aige ar dhaoine a d'fhanadh ó Airíonn an Domhnach. Bhíodh ceal an éadaigh ar chuid don dream sin, agus cuid eile acu a d'fhanadh ón Airíonn trí faillí. An Domhnach seo tháinig sé nuair ná raibh aon chuimhneamh ag éinne go dtiocfadh sé agus ní sítheólte do bhí sé le éinne don dream sin ar tháinig sé suas leis. Rith cuid acu siar fén leaba do bhí i dteith i Sráid na nIascairí mar do chónaigh seanbhean bodhar a dtugtaí "Anna bhodhar" uirthi. Bhí an sagart ag dul isteach i dteitheanna san sráid, agus rángaigh gur tháinig sé go dtí an dteith a raibh "Anna bhodhar" ann. "An raibh tú ag an Airíonn inniu, a bhean maith?" a d'iarraigh an sagart di nuair do tháinig sé isteach. Ní hiad sin na focail do thuig an bhean bodhar ach ba dhóigh léithe gur ar na *lads* do bhí ar a dteitheadh fén leaba do bhí sé ag caint. Tá siad ansin thiar fén leaba, Athair," a dúirt sí ag pointeáil siar. Ruaig an sagart amach iad agus is dócha gur thug sé púcanáil dóibh a raibh taibhreamh acu ar go ceann i bhfad.

D'airigh mé an scéilín seo ag Pádraig Ó Conchúir do chónaíonn i nDúlainn agus atá anois in aois a thrí nó ceathair déag agus cheithre fichid.

Iml. 1043

Lgh 421-422

Cá gCoinnídís an t-Airgead?

Ní bíodán a rá go raibh go leor don saint airigid ag gabháil do chorradh dhuine acu. D'airínn trácht ar bean áirithe don tseanaimsir do chuaigh lá don tsaol go sráid Inis Díomáin¹⁸⁰ ar intinn rud éicint éadaigh do cheannacht dá loráin¹⁸¹ do bhí go nochtatha san mbaile. Do rángaigh gur ruchar do nóta punt do thug sí léithe chun an ceannacht do dhéanamh. Nuair do chas sí ar an

¹⁸⁰ Leagan an Bhailitheora: Inistiomáin (CBÉ 1043: 421).

¹⁸¹ Nóta an Bhailitheora: páistí (CBÉ 1043: 421).

mBaile tréontha bhí sí mar an uair a d'imthigh sí. Níor thug sí éadach ná ábhar éadaigh léithe. Nuair do ceistíodh í i dtaobh an faillí do bhí déanta aici, ní raibh le rá aici ach an méid seo: "Ní gheobhainn óm chroí mo phunt breá do bhriseadh."

Iml. 1043

Lch 437

Níor B'fhearr an Mháthair ná an Iníon

Bhí bean breá Gaelach ann do chónaigh anseo thíos i mBaile Pháidín ins an tseanaimsir. Chuir Dia clann iníon mar chúram uirthi, agus 's í bhí go haireach ar a gcreidiúint. Nuair a bhíodar éirithe suas chun a bheith ina gcailíní óga thugadh sí comhairle a leasa dhóibh. Bhí sí ag cuir duine acu i dteachtaireacht tamall ó bhaile i mbóthar uaigneach an tráth seo agus ní gan imní do bhí an mháthair bocht. "Anois," a dúirt sí leis an iníon nuair do bhí sí ag dul ar an mbóthar, "má chastar an firinneach leat anois ná abair níos mó leis ná "Dia is Muire dhuit." "Agus, a mháthair," a deir an iníon go múinte, "cé gá dhom an méid sin féin a rá."

D'airigh mé an scéilín sin ó bean do chónaigh gairid don bheirt atá i gceist agam. S.M.

Iml. 1044

Lgh 278-279

Ag Ardú na gCíosanna

Seo scéilín a d'airigh mé ag bean comharsain dom le déanaí. Tá an bhean seo anois suas agus anuas leis na deich agus cheithre fichid do bhlianta. Bhí sí ag cuir ar an uair b'fhéidir cheithre scór bliain ó shin nó breis nuair a bhí *landlord* na háite seo ag ardú na cíosanna as cheann ranna nó go raibh an méid do dheinidist as na spotaí beaga sléibhe nó gairid go leor dó ag dul go dtí an *landlord*. Seo mar a d'inis sí dhom:

Chuaigh m'athair, beannacht na ngrást lena anam, soir go dtí Gortachlaib¹⁸² lena chuid cíosa. "Sé seo an cíos deireanach a dhíolfaidh mé go deo aríst leat mar airím an bás orm féin. Ach tá súil agam, a mháistir, ná déanfaidh tú aon éagóir ar mo bhean agus mo pháistí nuair a bheidh mé imithe." Pé duine ba ciontach leis nuair do bhí sé imithe ardaíodh áit na cheithre bhó nó mar sin do bhí aige go dtí cheithre punt déag san mbliain. Ba bhé an scéal céanna é ag gach duine dhá chomharsain. Ní nach iontach bhí na daoine bochta in ana-chruth, ach d'ainneoin sin sheasaíodar an talamh nó gur thug Dia fuascailt ortha i lá níos fearr.

B.4 Stairsheanchas & Nóta an Bhailitheora

Iml. 222

Lgh 167-171

Máirín Rua ins an mBéaloideas

Tá dhá ainm i mBéaloideas an dútha seo agus is dócha gur beag duine ins an dtaobh seo don Chlár nár airigh trácht uair éicint ar an dá ainm chéanna. Ins an saoghal a caitheadh nuair a bhí daoine anseo a raibh Béaloideas an Chláir acu, ba mhinic a tharraingítí anuas iad. Is méin ainm Máirín Ruadh Nic Mhathúna agus ainm Bothalam Mac Fhlannchaidh. Is uafásach an chlú agus an cháil a thugann Béaloideas na háite seo do ghach nduine don bheirt, ach sáraíonn cáil na mná cáil an fhir. Aon scéal atá againn ina thaobh is scéal é chuig í a ghearradh anuas. Do réir an tuairisc do tháinig chúgainn leis na céadta bliain ní raibh i maighistreás Cuairt Léim an Eich¹⁸³ ach tíoránach críochnaithe do dhein gníomhartha barbartha, agus bean do lean drochbheatha. Ní dóigh liom gur bé sin an sórt pictiúir a thugann an stair dúinn ar an mbean seo. Do réir sin bhí inti bean láidir aigeantach meisniúil ábalta ar a ceart do phlé i gcoinne aon namhaid. Agus más pictiúr réalta dhi mar do bhí sí an pictiúr atá os cheann a hainm thíos i gCúirt Dhrom Ólainn¹⁸⁴ ní léifeadh duine as go raibh sí leath comh dána agus a deirtear. Bhí mé ag féachaint air tamall ó shoin agus cé gur aineolaí mé i gcúrsaí pictiúirí, mar sin féin dhéarfainn go mba deacair a rádh go mba áirseoir ar an dtalamh an bhean a raibh an t-aghaidh bhreagh sin aici. Ar an aghaidh sin tá cuma suairc daonnaí banúil. Ach pé scéal é faighimid athrú sin ar fad do

¹⁸² Leagan ar Bhunachar Náisiúnta na hÉireann: Gortaclob (<https://www.logainm.ie/ga/6792>).

¹⁸³ Leagan an Bhailitheora: Léim infhí' (Leiminei) (CBÉ 222: 167).

¹⁸⁴ Leagan an Bhailitheora: 'Dhruimólan (Drumoland Castle)' (CBÉ 222: 167).

phictiúr ar an mbean seo ins an dtuairisc atá againn uirthi ó bhéal na ndaoine. Ó, is gránna an pictiúr é! Taispeántar dúinn rud ghránna allta i gclódh mná, bean gan ucht gan anam gan truagh gan méin, mná gan coinsias gan sibhialtacht gan glaineacht beatha. Nár leigeadh Dia gur fíor leath ná trian gach a bhfuil curtha ina leith. Tá fhios againn go maith gur mó coir nár dheineadar riamh do chuirtear i leith na ndaoine seo a chaitheann comhacht agus ceannas an tsaoghal seo. Deineann a leithéidí sin namhaid dóibh féin ar ghach bhealach, agus inniubh comh maith le lá na mná úd nuair a theipeann ar dhaoine an treise a fagháil ar an namhaid is breagh leothu mar dhioghaltas an drochcháil do chuir air. Cá bhfuil fios nach mar sin do ghreamaigh an oiread sin go léir don drochcháil d'ainm Máirín Ruadh. Saoghal stoirmiúil corraithe suaite do bhí in Éirinn lena ré, saoghal cruaidh uafásach míthrócaireach. Bhí Cromail agus a chuid deisceabal ag déanamh marú agus millteanas, agus abhainnte fola dá dhortadh acu. Má bhí baint ag an sórt sin saoghal leis an teist atá ins an mBéaloideas ar an mbean seo ní féidir a rádh. Cé acu ar thuill sí ar fad é, nó nár thuill, is cinnte gur mór an fuath agus an tarcaisne do bhí ag an seandream Gaedhalach d'ainm uafásach maighistreás Chuairt Léim an Eich, Máirín Ruadh Nic Mhathúna. S. Mac Mathúna.

Aguisín C: Faisnéiseoirí Mhic Mhathúna: leaganacha na n-ainmneacha

C.1 Brollach

Léirítear leaganacha cóirithe na n-ainmneacha agus bunleaganacha an bhailitheora in ord aibítire sa tábla seo a leanas (féach 3.4.1 thuas).

Leagan an Eagarthóra	Leagan(acha) Bhailitheora an	Tagairt(i) CBÉ
Ainдре́is Mac Giolla Phádraig	Ainдре́is Mac Giolla Pádraic Ainдре́is MacGiollphádraic	CBÉ 40: 48 CBÉ 40: 50
Auguistín Ó Coigligh	Águistín Cuigini (Cuigley)	CBÉ 1011: 308
Auguistín Ó Briain	Águstín ÓBriain	CBÉ 1042: 395
Auguistín Ó Duilleáin	Aúguistín ODioláin Águistín Ó'Diolán	CBÉ 133: 377 CBÉ 842: 447
B. Ní Fl.	ó B. ní Fl-	CBÉ 38: 134
B. Ní H.	ó B ní H	CBÉ 38: 128
BD. S [Bríd Uí Dhanachair, is cosúil.]	BD. S	CBÉ 38: 207
Bean Mhichíl Uí Fhlannagáin	bhean Mícheál OFlannagán bhean Mhícheal ÓFlannagán	CBÉ 39: 103 CBÉ 39: 302
Bean Sheáin Mhic Dhaibhéid	Bean Sheán Mac Déid (Devitt) ón mnaoi cheána o bhean cómhairsan ón mbean cheudhna (bean Seán uí Déid)	CBÉ 38: 62a CBÉ 38: 63a CBÉ 38: 64 CBÉ 39: 101
Bean Thomáis Mhic Conmara	Bhean Tomás MacConmara Bean Tomás Mac Namara Bean Tomás MacNamara	CBÉ 41: 437 CBÉ 1043: 285 CBÉ 1043: 292

Bríd Bean Chláraigh	bean Seán Clárach	CBÉ 1043: 458
Bríd Uí Dhanachair	bean mhuínnteara a chómhnuígheann i Sráidniasgairí bean mhuinnteara i Sraidniascairí Bríghid ní Danaghair an bhean mhuínnteara ... atá i Sráidniasgairí bheanmhuinntearthe i Sráidniasgairí bhean mhuínntearra i Sráidniasgairí Misses Dannaher Bríghid ní Dheannachair Ms Dannaher (bean Mhichil uí Dheannachair) Bríghid ní Dheannachair	CBÉ 38: 205a CBÉ 38: 246 CBÉ 38: 247 CBÉ 39: 49a CBÉ 39: 143 CBÉ 39: 319 CBÉ 708: 507 CBÉ 811: 243 CBÉ 1011: 111 CBÉ 1044: 442
Bríd Leathín	Bríghid Leathín	CBÉ 842: 304
Bríd Mhic Dhaibhéid	Bríghid ní Déid ... Bridget Devitt - Bríghid ní Daoid	CBÉ 38: 132a CBÉ 38: 133
Cáit Ní Dhanachair	Cáit Dheannachair	CBÉ 1043: 245
Cáit Ní Fhlannagáin	my neighbour Catherine Flanagan Miss Flanagan chailín cómharsain (Cait ní Fhlannagáin) ón gailín ceudhna	CBÉ 708: 509 CBÉ 708: 509 CBÉ 708: 521 CBÉ 708: 523
Cáit Uí Dhónaill	Bean muinntearra a bhílaithreach i féin	CBÉ 39: 61a
Cáit Uí Ghallchóir	bean mhuinnteara atá na cómhnuí ins an Cathair (Miltown Malbay[]) te m'antín	CBÉ 38: 143a CBÉ 875: 299

Dáithí Ó Conchúir	Dáth oConcubhar Dáithi OCrochúr Dáithí ÓCrochúr Dáithí OCrochúr Dá' OCrochúr Dháith' ÓCrochúr "Davey" Ó'Crochúr Dá' Ó'Crochúir Davy Dhá óg Davey beag Cháite	CBÉ 38: 281 CBÉ 39: 31a CBÉ 39: 47 CBÉ 39: 73a CBÉ 39: 81 CBÉ 39: 312 CBÉ 695: 109 CBÉ 708: 585 (faoi thrí)
Diarmuid 'Darby' Ó Gríofa	Diarmuid Ó Griobhtha (Darby) Diarmuid Ó Griobhtha Diarmuid Ó Griobha	CBÉ 222: 101 CBÉ 708: 499 CBÉ 1044: 273
Diarmuid Mac Coineoil	Diarmuid MacConnól	CBÉ 41: 423
Donncha Mac Mathúna	Donnchadh MacMathghann Donnachadh MacMathghaine Donnachadh MacMathgheóna D. Mac Mathghamhna Donncha MacMathghamhna Donnchadh 'aic Mathúna Donnchadh Mac Mathghamhna	CBÉ 38: 67 CBÉ 38: 122 (faoi dhó) CBÉ 38: 128 CBÉ 501: 33 CBÉ 568: 159 CBÉ 842: 457
Donncha Ó Danachair	'I mbeul a doruis aig Mícheál do mhair a dhrithár Donnchadh'	CBÉ 842: 304
Donncha Ó Maoldomhnaigh	Donnchadh OMulomhna	CBÉ 38: 274
Fear comharsan	ó fear comharsain le deanaí ó'n bhfear ceudhna	CBÉ 39: 36a CBÉ 39: 37a
Fear de mhuintir Uí Chilltreáin	fear des na Cilltranaig	CBÉ 39: 239
Iníon Ní Chilltreáin anaithnid	innion duine don bheirt do bhí san gcurrach an lá úd [.i.	CBÉ 1043: 296

	beirt driotháireacha de mhuintir Uí Chilltreáin]	
Liam Mac Fhlannchaidh	Liam MacClanacháí	CBÉ 40: 46
Liam Ó Cilltreáin	Liam Cilltráin Liam oCilltráin Líam OCilltráin	CBÉ 39: 241 CBÉ 39: 242a CBÉ 39: 244
Liam Ó Duilleáin	Liam Ó'Diolán	CBÉ 842: 447
Máire Mhic Consaidín	Mháire ní Cúnsidín Mhaire ní Cunsaidín Mháire ní Cunsidín	CBÉ 39: 345 CBÉ 39: 347 CBÉ 39: 349
Máiréad Nic Fhlannchaidh	aig an mbean seo de sna Clanachaighig Mairéad ní Clanacháí Máiréad Ní Clanacháí	CBÉ 1011: 314 CBÉ 1011: 316 CBÉ 1011: 330
Mairéad 'Peig' Nic Giolla Luachra	Peig ní Cilluirtha Peig ní Culúirthi	CBÉ 609: 407 CBÉ 842: 308
Máirtín Ó Súilleabháin	Ó Mháirtín OSuilabháin M. OSúileabhain	CBÉ 39: 306 CBÉ 39: 311
Mártan Mac Eoghain	Mártan Macín (Maceóghain) Mhártan Mhacín Mhártan Mhacin	CBÉ 39: 107 CBÉ 39: 119a CBÉ 39: 178
Micheál Cíosóg	Mícheál Ciosóg	CBÉ 842: 335
Micheál Mac Coineoil	Mícheál Mac Connól Mícheál MacConnól	CBÉ 38: 251 CBÉ 39: 286
Micheál Mac Donncha	Mícheál MacDonacha Micheál MacDonnacha	CBÉ 39: 60 CBÉ 39: 61
Micheál Mac Gearachaigh	Mícheál Bhé Gearrachí	CBÉ 39: 247

Micheál Mac Giolla Luachra	Mícheál óCillúrtha Mícheál ÓCillúirtha	CBÉ 41: 240 CBÉ 445: 186
Micheál Ó Beacháin	Micheál O'Bheacháin	CBÉ 1043: 82
Micheál Ó Cilltreáin	Mícheal ó Cilltran Mícheál ó Cilltráin Mícheál ó Cilltraín Mícheal ÓCilltráin	CBÉ 38: 210 CBÉ 38: 213 CBÉ 38: 219 CBÉ 40: 127
Micheál Ó Danachair	Mícheál Dheannachair	CBÉ 842: 301
Micheál Ó Danachair	Mícheál Dheannachair (Danaher)	CBÉ 1043: 481
Micheál Ó Donnchú	Mícheál Ó'Donnachúgha Mícheál ODonnachúgha	CBÉ 1011: 313 CBÉ 1011: 327
Micheál Ó Flannagáin	Mhícheál Ó Flannagáin Míchál uí ÓFlannagán M. Flannagán Mícheál óFlannagán M. OFlannagán Ml oFlannagán Mícheál ÓFlannagán Mícheál O uí Fhlannagáin	CBÉ 38: 107a CBÉ 38: 188a CBÉ 38: 190 CBÉ 38: 194 CBÉ 38: 239 CBÉ 38: 244 CBÉ 39: 50 CBÉ 639: 48
Micheál Ó Géaráin	Mícheál O'Gíorán (Guerin) Mhícheál Giorán Mícheál Gíorán	CBÉ 39: 191 CBÉ 39: 192 CBÉ 39: 219
Micheál Ó Mongabháin	Micheál Ó'Mugabhán	CBÉ 41: 18a
Micheál Ó Tiarnaigh	Mícheál óTigherna Mícheál Ó"Tígherna	CBÉ 40: 92 CBÉ 842: 463
Mrs. Conlon	Mrs Conlon	CBÉ 1043: 240
Muiris Ó Maoláin	Muiris O'Maoláin Mullins	CBÉ 875: 251

Nóra Uí Thiarnaigh	Nóra, bean Mhichíl uí Thígherna	CBÉ 1044: 432
Pádraig 'Cárta' Mac Mathúna	Padhraic 'aic Mahúna (Carla) Pádraic MacMathghamhna	CBÉ 1043: 202 CBÉ 1060: 120
Pádraig Carthy	Pádraic Carty	CBÉ 842: 306
Pádraig de Nóglá	Pádraic a Nóglá	CBÉ 1011: 301
Pádraig Mac Concharraige	Pádraic Mac an Charraige (Paddy Carrigg)	CBÉ 842: 452
Pádraig Ó Béice	Phádraic O'Béica (Beakey) Pádraic óBéica	CBÉ 222: 239 CBÉ 222: 249
Pádraig Ó Callanáin	Pádraic ÓCalnán Pádraic Ó'Calanán Patsy Calanan	CBÉ 40: 103 CBÉ 842: 453 CBÉ 842: 454
Pádraig Ó Catháin	Pádraic Ó'Catháin sean Phádraic	CBÉ 41: 36 CBÉ 41: 38
Pádraig Ó Catháin	Padraic ÓCathán Pádraic ÓCatháin	CBÉ 40: 145 CBÉ 118: 437
Pádraig Ó Cilltreáin	Pádraig ÓCilltráin	CBÉ 39: 49
Pádraig Ó Cilltreáin	Pádraig OCilltráin Pádraig ÓCilltráin	CBÉ 39: 242a CBÉ 39: 245
Pádraig Ó Cilltreáin	Pádraic Cilltráin Pádraic Cilltráin	CBÉ 39: 299 CBÉ 41: 337
Pádraig Ó Cilltreáin	Pádraig ÓCilltráin	CBÉ 39: 49
Pádraig Ó Conchúir	Pádraic O'Crochúir Pádraic ÓCrochúir an fear is seannda inniubh i bparáiste seo Thuathclaodh	CBÉ 1043: 72 CBÉ 1043: 479 CBÉ 1043: 479 CBÉ 1044: 106

	leis an bhfear is seannda atá anois nár bparáiste	
Pádraig Ó Dábhoireann	Pádraic ÓDábhorrinn Pádhraic ODábhorrain Padhraic O'Dábhorrainn (Padhraic Cosnuíghe) Seán 7 Pádhraic Pádhraic Ó'Dabharainn Pádhraic O'Dábhorrain Pádhraic Dábhorrainn Pádhraic ODábhorrinn Pádhraic ÓDábhorrainn	CBÉ 320: 25 CBÉ 646: 105 CBÉ 811: 156 CBÉ 842: 447 CBÉ 1011: 287 CBÉ 1044: 90 CBÉ 1044: 116 CBÉ 1044: 142 CBÉ 1060: 129
Pádraig Ó Doinnléibhe	Pádraic ODunléibe (Dunleavy) Pádraic Dunléibe	CBÉ 39: 324 CBÉ 39: 325
Pádraig Ó Duilleáin	Pháraic Ó'Diolláin Páric Ó'Duilleáin	CBÉ 445: 119 CBÉ 445: 138
Pádraig Ó hÓgáin	Pádraig óHógáin Padraig oh-Ógáin Pádraig oh-Ógain Paurick ohÓgain	CBÉ 38: 220 CBÉ 38: 221 CBÉ 38: 222 CBÉ 38: 223
Pádraig Ó Madagáin	Pádraic Madigán Pádraic Mhadagán	CBÉ 222: 371 CBÉ 222: 375
Pádraig 'Patsy' Ó Cinnéir	Pádraic (Patsy) Ó'Cinnéir - Patsy Cinnéar	CBÉ 133: 229 CBÉ 842: 441
Pádraig 'Patty' Ó Flannagáin	Pádhraic Ó'Flannagán Pádhraic ó Flannagán (ní Peatsín) an Pádhraic ÓFlannagán ceudhna Pádhraic ó Flannagán Padhraic O'Flannagán Patty	CBÉ 811: 13 CBÉ 1011: 84 CBÉ 1011: 88 CBÉ 1043: 21 CBÉ 1043: 41 CBÉ 1043: 70

	Pádhraic Ó'Flannagán	
Pádraig 'Peaitsín' Ó Flannagáin	"Peatsin" ó'm seanachara Pádraic Ó'Flannagan Peatsín Peatsín uí Fhlannagán Peatsín Ó'Flannagán Peatsín ÓFlannagán Peatsín Ó'Flannagán Peatsín O'Flannagán "Peatsín" O'Flannagán	CBÉ 118: 307 CBÉ 445: 194 CBÉ 842: 462 CBÉ 842: 463 CBÉ 1011: 98 CBÉ 1011: 269 CBÉ 1042: 61 CBÉ 1044: 256 CBÉ 1044: 582
Patt Flanagan	Patt Flanagan	CBÉ 1043: 278
Peadar Bairéid	Fear a'tígh seo Peadar Baréad	CBÉ 811: 265 CBÉ 1043: 451
Peadar Ó Linnáin	Peadar Lonnáin Peadar ÓLonnáin Pheadar Linnán	CBÉ 40: 12 CBÉ 40: 54 CBÉ 842: 455
Proinnsias Mac Donncha	Proinnsias MacDhonnchadh	CBÉ 445: 195
Séamus Mac Gearailt	Seumas 'aic Gearailt	CBÉ 811: 282, 285
Séamus Mac Mathúna	Seumas MacMathghamhna Seimeus MacMathghamhna	CBÉ 39: 405 CBÉ 39: 407a
Séamus Ó Donncha	Seumas Ó'Donnachadha Seumas ODonnachadha	CBÉ 41: 316 CBÉ 41: 320
Seán Carún	Seán Carún Seán Carún (Johnny Carey)	CBÉ 842: 306, 307 CBÉ 842: 460
Seán Clárach	Seán Clárach Sean Clárach; Seán Clárach (Jack) Seán Clárach (Jack an éithig)	CBÉ 40: 132 CBÉ 40: 157 CBÉ 41: 277 CBÉ 842: 448

	Jack Clair (Seán Clárach[]] Jack Cláir Sean Seán Clárach	CBÉ 1011: 89 CBÉ 1011: 90 CBÉ 1043: 9
Seán Habha	Sean Howe Seán Habha (Howe)	CBÉ 39: 326 CBÉ 811: 170
Seán Mac Mathúna	Seán Mac Mathghamhna Seán M. MacMathghamhna John M. McMahon Seán Mac Mathúna Seán 'aic Mathúna Seán Mhártain Dháthín (nu John M.D)	CBÉ 38: 1 CBÉ 38: 145 (faoi dhó) CBÉ 567: 1 CBÉ 672: 541 CBÉ 708: 585
Seán Ó Cilltreáin	Sheán Ó Cilltraín	CBÉ 38: 106a
Seán Ó Dróna	Seán Ó Dróna (Droney) Seán oDróna	CBÉ 39: 191 CBÉ 39: 223
Seán Ó Duilleáin	Seán Ó'Dioláin	CBÉ 519: 85
Seán Ó Finn	Seán o Fínn Seán uí Fhínn (John Finn) Seán ó Fhínn Seán ó Fínn	CBÉ 38: 222a CBÉ 39: 53 CBÉ 39: 72 CBÉ 842: 450
Seán Ó hEidhin	Seán Ó Heidhn (Hynes)	CBÉ 842: 452
Seán Ó Laoi	Seán ó Laoí (Lyons) Seán ó Laoi (Lyons) John Lyons	CBÉ 38: 230 CBÉ 38: 259 CBÉ 133: 139
Seán Ó Laoi agus Bean Sheáin Uí Laoi	Sean OLaoí agus a bhean	CBÉ 39: 232a
Seán Ó Laoire	Seán OLaoghaire	CBÉ 1042: 351
Seán Ó Linnáin	Seán ÓLonnáin	CBÉ 40: 66

	Seán Linnán	CBÉ 842: 455
Seán Ó Maoilchaoine	Seán OMulchaoine Seán O Mullchúing	CBÉ 609: 407 CBÉ 842: 308
Seán Ó Maoldomhnaigh	Seán Maoldhomhna Sean OMolabhna	CBÉ 39: 39 CBÉ 39: 246
Seán Ó Scannláin	Seán Sgannlán	CBÉ 842: 454
Seán Ó Tuathail	Seán Ó'Tuaththal Seán Ó'Tuathal	CBÉ 1011: 302 CBÉ 1011: 309
Sinéad Uí Chilltreáin	Seanéd ní Cilltráin	CBÉ 38: 275
Siobhán Uí Loingsigh	Siobhán Ó'Loinnsigh Siobhán ÓLoinnsigh	CBÉ 39: 317 CBÉ 39: 320
Stiofán Ó hEalaoire	Stiophán óHelíre Stiofán Ó'Heilaoire Stiophán Ó Heilíre Stiofán O'Heilire Stiophán Ó'Heilíre Stiophán Ó Heilire	CBÉ 38: 123 CBÉ 39: 297 CBÉ 39: 423 CBÉ 40: 145 CBÉ 40: 216; CBÉ 40: 279
Tadhg Ó Cilltreáin	Tadhg Ó'Cilltráin	CBÉ 708: 507
Tadhg Ó Ruaidhín	Tadhg Ruadhín	CBÉ 39: 399
Tomás Mac Conmara	Tomás MacConmara	CBÉ 41: 440
Tomás Mac Gearailt	Tomás Mac Gearailt Tomás 'aic Gearailt Tomás 'aic Gearailt	CBÉ 567: 45 CBÉ 695: 123 CBÉ 842: 456
Tomás Mac Namara - Tom Mack	"Tom Mack" Tomás MacNamara "Tom Mack" sean "Tom Mack"	CBÉ 729: 72 CBÉ 811: 240, 242 CBÉ 811: 246 CBÉ 811: 247

	Tomás MacNamara	CBÉ 875: 252
Tomás Mac Searraigh	Tomás 'aic Searra	CBÉ 1011: 308
Tomás Ó Caollaí	Tomás Ó'Caoluíghe	CBÉ 1043: 317
Tomás Ó Géaráin	Tomás Gérín	CBÉ 609: 401
Tomás Ó hUaithnín	Tomás Ó'HUaithnín Tomás Ohuaithnín	CBÉ 672: 307 CBÉ 1044: 257